



# IMLEABHAR A CÚIG IARTHAR CHORCAÍ

# 5

## PLEAN FORBARTHA CHONTAE CHORCAÍ 2022



Comhairle Contae Chorcaí  
Cork County Council







**Ghlac Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae  
Chorcaí le Plean Forbartha Chontae  
Chorcaí 2022 an 25 Aibreán 2022.**

**Cuireadh tús le feidhm an Phlean an  
6 Meitheamh 2022.**



Comhairle Contae Chorcaí  

---

Cork County Council

# CLICEÁIL AR AN TEIDEAL CHUN DUL DÍREACH GO DTÍ AN CHUID SIN

CEANTAIR BHARDASACHA DHROICHEAD NA BANDAN-CHIONN TSÁILE AGUS IARTHAR CHORCAÍ		
Cineál Lonnaíochta	Droichead na Bandan-Cionn tSáile	Iarthar Chorcaí
Na Bailte Príomhacha	<u>Droichead na Bandan</u>	<u>Beanntraí</u>
	<u>Cionn tSáile</u>	<u>Baile Chaisleáin Bhéarra</u>
		<u>Cloich na Coillte</u>
		<u>Dún Mánmhaí</u>
		<u>An Scoil</u>
		<u>An Sciobairín</u>
Na Sráidbhailte Príomhacha	<u>Átha an Spidéil</u>	<u>Bhéal Átha Fhínín/Inis Céin</u>
	<u>Bhéal Guala</u>	<u>Béal an Dá Chab</u>
	<u>Chúirt Mhic Shéafraidh</u>	<u>Dún na Séad</u>
	<u>Inis Eonáin</u>	<u>Dhrom Dhá Liag</u>
	<u>Áth an Mhaide Béal</u>	<u>Dúras</u>
	<u>Tigh Molaige</u>	<u>An Gleann Garbh</u>
		<u>An Léim</u>
		<u>Ros Cairbre</u>
		<u>Bréantrá</u>
Sráidbhailte	<u>Baile na Daibhche</u>	<u>Áth an Chíste</u>
	<u>Béal Átha an Cheasaigh</u>	<u>Na hAilichí</u>
	<u>Baile an Bhuitléaraigh</u>	<u>Ard Ó bhFicheallaigh</u>
	<u>Crois an Bharraigh</u>	<u>Dhá Dhrom</u>
	<u>Dún Darú</u>	<u>Béal na Scairte</u>
	<u>Cill Bhriotáin</u>	<u>Béal Átha Leice</u>



# CLICEÁIL AR AN TEIDEAL CHUN DUL DÍREACH GO DTÍ AN CHUID SIN


## CEANTAIR BHARDASACHA DHROICHEAD NA BANDAN-CHIONN TSÁILE AGUS IARTHAR CHORCAÍ

Cineál Lonnaíochta	Droichead na Bandan-Cionn tSáile	Iarthar Chorcaí
	<a href="#"><u>Baile Níos</u></a>	<a href="#"><u>Baile an Chaisleáin</u></a>
	<a href="#"><u>An Seanséipéal</u></a>	<a href="#"><u>An Cruachán</u></a>
		<a href="#"><u>Draighneach</u></a>
		<a href="#"><u>Na hAoraí</u></a>
		<a href="#"><u>Cuan Dor</u></a>
		<a href="#"><u>An Góilín</u></a>
		<a href="#"><u>An Chaolchoill</u></a>
		<a href="#"><u>Cill Chrócháin</u></a>
		<a href="#"><u>Shannonvale</u></a>
Na hOileáin		<a href="#"><u>An tOileán Mór</u></a>
		<a href="#"><u>Oileán Baoi</u></a>
		<a href="#"><u>Inis Uí Drisceoil</u></a>
		<a href="#"><u>An tOileán Fada</u></a>
		<a href="#"><u>Cléire</u></a>
		<a href="#"><u>Inis Arcáin</u></a>
		<a href="#"><u>Faoide</u></a>
Láithreáin Eile	<a href="#"><u>Baile Ghearailt/Garraí Lúcáis</u></a>	<a href="#"><u>Bá na hEornan</u></a>
	<a href="#"><u>Cuan Oisrí</u></a>	<a href="#"><u>Oileán Inse Duine</u></a>
		<a href="#"><u>Abha na hInse</u></a>
		<a href="#"><u>Trá Omna</u></a>





CAIBIDIL 1  
**CEANTAR  
BARDASACH  
DHROICHEAD  
NA BANDAN  
CIONN TSÁILE**





# Clár Ábhar

1.1	Léargas Ginearálta Ar Cheantar Bardasach Dhroichead Na Bandan-Chionn tSáile	10
1.2	Próifíl an Cheantair Bhardasaigh	10
<b>1.3</b>	<b>Na Bailte Príomhacha</b>	<b>15</b>
1.4	Droichead na Bandan	15
1.5	Cionn tSáile	33
<b>1.6</b>	<b>Na Sráidbhailte Príomhacha</b>	<b>49</b>
1.7	Béal Átha an Spidéil	50
1.8	Béal Guala	54
1.9	Cúirt Mhic Shéafraidh	58
1.10	Inis Eonáin	66
1.11	Áth an Mhaide	69
1.12	Tigh Molaige	73
<b>1.13</b>	<b>Sráidbhailte</b>	<b>78</b>
1.14	Bhaile na Daibhche	79
1.15	Béal Átha an Cheasaigh	81
1.16	Baile an Bhuitléaraigh	83
1.17	Crois an Bharraigh	85
1.18	Dún Darú	87
1.19	Cill Bhriotáin	89
1.20	Baile Níos	91
1.21	An Seanséipéal	93
<b>1.22</b>	<b>Láithreáin Eile</b>	<b>95</b>
1.23	Baile Ghearailt/Garraí Lúcáis	95
1.24	Cuan Oisrí	98

## 1.1 Léargas Ginearálta Ar Cheantar Bardasach Dhroichead Na Bandan-Chionn tSáile

- 1.1.1 Tá Ceantar Bardasach Dhroichead na Bandan suite siar ó dheas ó Chathair Chorcaí agus is ionann an líon daoine a bhí sa daonra sa cheantar sin in 2016 agus 37,269. Tá an daonra sin scaipthe thar líonra de lonnaíochtaí lena n-áirítear 2 Bhaile Príomhacha, 15 lonnaíocht beaga agus an tuath oscailte, mar atá sonrúithe i dTábla 5.1.1. Lasmuigh de na bailte príomhacha is ceantar tuaithe/talmhaíochta den chuid is mó atá sa cheantar, agus breis agus 37% de na daoine sa Cheantar Bardasach ina gcónaí faoin tuath oscailte i.e. nach bhfuil suite laistigh de theorainn lonnaíochta arna sainiúint ag an CSO.
- 1.1.2 Is é Droichead na Bandan an baile is mó sa Cheantar Bardasach, agus daonra de 6,957 ann in 2016. Is é Cloich na Coillte an baile is mó sa Cheantar Bardasach, agus daonra ann de 5,281 duine in 2016. Clúdaíonn Ceantar Bardasach Chionn tSáile-Dhroichead na Bandan trí Limistéar Pleanála Straitéisí ar leith. Tá an dá phríomhlonnaíocht suite laistigh de Mhórlimistéar Pleanála Chuaire Chorcaí mar aon leis an gcuid is mó de na lonnaíochtaí beaga. Tá na Sráidbhailte Príomhacha Cúirt Mhic Shéafraidh agus Tigh Molaige suite i gCeantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí agus tá Béal Átha an Cheasaigh (lonnaithe ag teorainneacha oirthearacha an Cheantair Bhardasaigh) suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Chathair Chorcaí.
- 1.1.3 Is sainairíonna de thíreolaíocht an Cheantair Bhardasaigh ná na stráicí tírdhreacha áile cois cósta a théann amach ó Chúirt Mhic Shéafraidh go dtí Cuan Oisrí ar ionann iad agus teorainn theas an cheantair. In áiteanna eile, cuimsíonn ceantair intíre timpeallachtaí tarraingteacha cois Abhann a bhaineann le hAbhann na Bandan agus a craobh-aibhneacha, talamh feirme agus stráicí coillearnach agus diméinte móra stairiúla a bhaineann le tithe stairiúla idir cinn dúchasacha agus tuaithe aron.
- 1.1.4 Cuimsítear leis an gCeantar Bardasach Láithreán Fostaíochta Straitéiseach amháin ag Bruíonaigh.

**Tábla 5.1.1: Dáileadh Dhaonra Cheantar Bardasach Dhroichead na Bandan Cionn tSáile**

	Lonnaíochtaí.	An Daonra 2016	%
Bailte (2)	Droichead na Bandan (6,957), Cionn tSáile (5,281).	12,238	33
Na Sráidbhailte Príomhacha (6)	Béal Átha an Spidéil (224), Béal Guala (826), Cúirt Mhic Shéafraidh (590), Inis Eonáin (907), Áth an Mhaide (590), Tigh Molaige (381).	3,518	9
Sráidbhailte (8)	Baile na Daibhche (63), Béal Átha an Cheasaigh* (181), Baile an Bhuiltearaigh (78), Crois an Bharraigh (368), Dún Darú (151) Cill Bhriotáin (216), Baile Níos (60) agus An Seanséipéal (282).	1399*	58
Láithreáin Eile (2)	Baile Ghearaill/Garraí Lúcaís (164), Cuan Oisrí.		
Ceantair Tuaithe**			
Líon Iomlán Daoine Sa Daonra		37,269	100


\*Tá Béal Átha an Cheasaigh suite in CB Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile agus in CB Carraig Uí Leighin aron.

\*\* Is figiúirí measta iad na an líon maidir le Daonra Sráidbhailte agus Ceantair Tuaithe


## 1.2 Próifíl an Cheantair Bhardasaigh

- 1.2.1 San athrú daonra idir 2011 agus 2016, tá méadú suntasach le brath sna haoisghrúpaí 50-80+ bliain laistigh den Cheantar Bardasach (méadú 15% san aoischohórt 50-59; méadú 18% san aoischohórt 60-69; méadú 21% in san aoischohórt 70-79 agus méadú 17% sa chohórt 80+). Ag an am céanna, tá laghdú tagtha ar na cohóirt aoise de dhaoine atá níos óige, sa réimse 20-39 bliain d'aois. Tá méadú coibhéseach tagtha ar shaoránaigh Éireannacha mar gheall ar an méadú 6% ar dhaonra an Cheantair Bhardasaigh, mar aon le méadú de thart ar 23% ar líon na saoránach Polannach agus na saoránach de chuid tíortha Eorpacha eile. Maidir leis an líon saoránach ón RA agus ó áiteanna eile ar domhan, bhí laghdú léirithe ann don tréimhse idir Dhaonáirimh 2011-2016.
- 1.2.2 Tá an fhaisnéis seo a leanas bunaithe ar anailís atá déanta ar shonraí na ndaonáireamh 2011 agus 2016.





Figiúr 5.1.1



**An Daonra**

Daonra 2016 37,269

Athrú 2011-2016 suas 6%

méadú faoi 2,151 duine


Suas Cohóirt aoise Dhaoine Scothaosta Níos Síne, agus mar sin méadú ar an spleáchas aoise.

Meán-aois ard 37 bliain

## An Fhostaíocht

Athrú ar an ráta dífhostaíochta 2011-2016	síos 35%
An Fhostaíocht	suas 12%
Laghdú san earnáil Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaireachta	síos 1.5%
Fás sa Thionscail Déantúsaíochta	suas 1.1%
Laghdú sa Thráchtáil agus Trádáil	síos 1.7%

Slí bheatha de réir Tionscal (2016)



## An Stoc Tithíochta


Tithe: 93.3%      Árasáin: 5.6%  
 Ráta Aonad Folaimh: 13%      síos 6% ó bhí 2011 ann.  
 Maoin faoi úinéireacht príobháideach 72%      Maoin ar Cíos 17%      Tithíocht Shóisialta 6%

	2011	2016
An Tithíocht Shóisialta	5.2%	6.1%
Ar Cíos (go Príobháideach)	17.5%	16.8%
Úinéir-Áitithe (Uile)	73.7%	72%

## **lompár**

Meán-am comaitéireachta in 2016 25 nóiméad. Gan athrú ó 2011.

Tá aon fheithicil amháin nó dhá cheann ag 75% de Theaghlaigh.



## **Bonneagar Uisce agus Fuíolluisce ar fud an Líonra**

- 1.2.3 Tá forléargas ar stádas an bhonneagair uisce agus an fhuíolluisce sna lonnaíochtaí ar fud an ghréasáin lonnaíochtaí le fáil i dTábla 5.1.2. Tá 18 Lonnaíocht laistigh de Cheantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile. Thairfeadh 37,269 duine laistigh den Cheantar Bardasach mar daonra i nDaonáireamh 2016 agus tá soláthar déanta do 1,545 aonad cónaithe breise laistigh den ghréasán lonnaíochta thar thréimhse an Phlean. Níl ach lonnaíocht amháin ann, Áth an Mhaide, a bhfuil acmhainneacht dóthanach uisce agus cóireála fuíolluisce aici chun freastal láithreach bonn ar fhorbairt phleanáilte de 145 aonad.
- 1.2.4 Teastaíonn uasghrádú ó bhaile Dhroichead na Bandan ar a sholáthar uisce agus ar áiseanna cóireála fuíolluisce. I bPlean Infheistíochta Uisce Éireann, tá foráil déanta d'uasghrádú a dhéanamh ar an ionad agus ar an ngréasán Cóireála Fuíolluisce atá ar siúl agus atá le críochnú sa chéad leath de 2021. Níl tagairt sa Phlean Infheistíochta d'fheabhsuithe ar an soláthar uisce ach tá sé tugtha le fios ann go bhfuil pleananna i bhfeidhm chun príomhphíobáin uisce a athshlánú chun an brú uisce, mar aon leis an toilleadh agus an sceitheadh uisce, a laghdú i gceantair áirithe den bhaile ach níl aon pleananna i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna atá ann i dtuaisceart an bhaile mar is féidir go bhfuil gá le taiscumar nua don limistéar sin.
- 1.2.5 Tá toilleadh ag Cionn tSáile ina Ionad Cóireála Fuíolluisce cé go mbeidh gá le roinnt sintí gréasáin. Is ó Inis Eonáin a thagann an soláthar uisce óil agus tá neart toilleadh ann.
- 1.2.6 Maidir leis na lonnaíochtaí níos lú, is iad seo a leanas na príomhstaitisticí:
- Níl aon saoráidí Cóireála Fuíolluisce ag ocht gcinn de na seacht lonnaíocht déag sa Cheantar Bardasach.
  - Níl toilleadh uisce óil agus Ionad Cóireála Fuíolluisce ar fáil ach i gceann amháin de na sé Sháidbhaile Phríomhacha – Áth an Mhaide.
  - Teastaíonn infheistíocht shuntasach in dhá cheann de na Sráidbhailte i dtaca le saoráidí Cóireála Fuíolluisce agus uisce óil araon.
  - Níl aon saoráidí Cóireála Fuíolluisce ag ocht Sráidbhaile. Tá dhá Shráidbhaile ann a dteastaíonn soláthar uisce óil nua nó uasghrádú uatha mar gheall ar fhadhbanna toirte/brú.
  - Níl aon áiseanna cóireála Fuíolluisce i mBéal Átha an Cheasaigh, i gCrois an Bharraigh ná i nDún Darú faoi láthair agus níl foráil déanta i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann don infheistíocht sna sráidbhailte seo.
  - Níl aon áiseanna Cóireála Fuíolluisce ag an dá "Láithreán Eile" atá ainmnithe.

Tábla 5.1.2 Ceantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile – Scála na Forbartha atá Beartaithe

Ainm	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2020 (An Logeolaire)	Scála na Forbartha	Stádas an Uisce Óil (Measúnú Feabhra 2021)	Stádas an Fhuíolluisce (Measúnú Feabhra 2021)
<b>Na Bailte Príomhacha (2)</b>				
Droichead na Bandan	3,170	694		
Cionn tSáile	2,819	404		
<i>Iomlán na mBailte Príomhacha</i>	5,989	1,098		
<b>Na Sráidbhailte Príomhacha (6)</b>				
<i>Béal Átha an Spidéil</i>	121	24		
<i>Béal Guala</i>	274	31		
<i>Cúirt Mhic Shéafraidh</i>	423	50		
<i>Inis Eonáin</i>	347	97		
<i>Áth an Mhaide</i>	266	63		
<i>Tigh Molaige</i>	172	33		
<i>Iomlán na Sráidbhailte Príomhacha</i>	1,603	298		
<b>Sráidbhailte (8)</b>				
<i>Baile na Daibhche</i>	22	10		
<i>Béal Átha an Cheasaigh*</i>	67	30(45)*		
<i>Baile an Bhuitléaraigh</i>	31	5		
<i>Crois an Bharraigh</i>	116	33		
<i>Dún Darú</i>	62	20		
<i>Cill Bhriotáin</i>	84	20		
<i>Baile Níos</i>	24	15		
<i>An Seanséipéal</i>	118	16		
<i>Iomlán na Sráidbhailte Príomhacha</i>	524	149 (164)		
<b>Láithreáin Eile (2)</b>				
<i>Baile Ghearaill/ Garraí Lúcaís</i>	70	-		
<i>Cuan Oisrí</i>	-	-		
<b>Eochair um Sheirbhísí Uisce</b>		<b>Acmhainneacht</b>		
		Toilleadh amach anseo faoi réir Phlean Infheistíochta Uisce Éireann		
		Roinnt acmhainneachta		
		Gan teorainn		

\*Tá Béal Átha an Cheasaigh suite in CB Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile agus in CB Carraig Uí Leighin araon agus tá an sprioc maidir leis an bhfás de 45 aonad deighilte ar aon dul leis sin.  
 ~Ní chloíonn WWTP le luachanna teorantacha astaíochta an Cheadúnais Doirte Fuíolluisce faoi láthair ach tá sé in ann caihdeáin UWW ar a laghad a bhaint amach.



### 1.3 Na Bailte Príomhacha

#### Brollach

- 1.3.1 Tá dhá Bhaile Príomhacha lonnaithe i gCeantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile, is iad sin: Droichead na Bandan agus Cionn tSáile Is éard is cuspóir na coda seo den Phlean seo ná treoir a thabhairt don bheartas pleanála maidir leis an bhforbairt amach anseo sna Príomhbhailte.

### 1.4 Droichead na Bandan

#### Fís agus Comhthéacs Straitéiseach

- 1.4.1 Tá sé mar aidhm ag an bPlean fócas nua a sholáthar ar an ndlúthfhás sa bhaile trí lár an bhaile a chomhdhlúthú agus leathnú amach go leanúnach maidir le bonn cónaithe agus fostaíochta Dhroichead na Bandan ar bhealach a chuireann modhanna taistil inbhuanaithe chun cinn agus a chuireann le braistint uathúil an bhaile. áit agus carachtar ailtireachta speisialta.
- 1.4.2 Tá sé tábhachtach freisin go leantar le lár an bhaile forbairt mar príomhshuíomh miondíola agus seirbhísí. Tacaíonn an Plean le seachadadh príomhphíosáí bonneagair a theastaíonn chun a fhás mar Thairseach go larthar Chorcaí a éascú.

#### An Comhthéacs Áitiúil

- 1.4.3 Tá Droichead na Bandan suite 30 km siar ó Chathair Chorcaí. Is baile é Droichead na Bandan a bhfuil tábhacht ailtireachta ar leith ag baint leis, agus é suite i suíomh taitneamhach cois abhann le talamh ardaithe ó thuaidh agus ó dheas taobh leis. Tá feidhm sheirbhíse thábhachtach á chomhlíonadh ag an mbaile don chúlchríoch níos leithne chomh maith le bheith ina príomh-thairseach chuig larthar Chorcaí.

#### Breithnithe agus Moltaí Pleanála

- 1.4.4 Tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta d'áiteanna ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine le cónaí iontu, le hoibriú iontu agus le cuairt a thabhairt orthu agus leanfar ar aghaidh leis an bPlean seo a bheith ag díriú ar bheartas um an gcomhfhorbairt áite a sholáthar a dhíreoidh ar sholáthar dlúthfhás trí aonaid bhreise ard-dlúis a sholáthar laistigh den dobharcheartar insiúil an bhaile, trí shuíomhanna deise tosaíochta a aithint agus trí dhul i ngleic le haonaid fholmha agus tearcúsáid an stoic foirgneamh atá ann cheana féin. Tá na bearta seo dirithe ar bhaile briomhar a chruthú le rogha leathan de roghanna tithíochta do riachtanais éagsúla phróifíil daonra an bhaile. Déanfar iad seo a fhrámú mar chuid d'fhócas níos leithne ar áiseanna sóisialta agus pobail, ar talamh fostaíochta, rochtain fheabhsaithe agus bearta feabhsaithe um lár an bhaile i gcomhthéacs a thimpeallacht uathúil stairiúil mar bhaile atá lonnaithe cois abhann.

#### An Daonra agus an Tithíocht

- 1.4.5 I nDaonáireamh 2016, taifeadadh 6,957 duine mar an daonra in Dhroichead na Bandan, agus is ionann sin agus méadú 308 duine ar an líon daoine i nDaonáireamh 2011. Le Fógraí Tosaithe a ndearnadh sa tréimhse Eanáir 2016 – Lúnasa 2020 tá fás dearfach ar an stoc tithíochta le feiceáil agus 116 aonad tógtha, agus méadú tagtha dá réir ar an stoc tithíochta, suas ó 2,982 aonad go 3,098 aonad. Tá thart ar 300 aonad a bhfuil cead pleanála fós le réiteach ag gabháil leo ar thailte críosaithe ar an taobh thuaidh den bhaile cheana féin, cuid acu á dtógáil agus thart ar 86 aonad folamh sa bhaile.
- 1.4.6 Sa phlean, táthar ag dul i dtreo an bhaile a shíneadh amach chun tabhairt faoin soláthar tithíochta níos mó ná a bheith bunaithe go bunúsach ar an tógáil úrnua, mar a bhíothas roimhe seo. Tá sé seo mar fhreagra ar athruithe beartais sa Chreat Pleanála Náisiúnta sa tslí ina ndéanaimid pleanáil agus seachadadh ar thithíocht ar fud an Stáit. Mar gheall ar an athrú treo seo atá tagtha, tá béim nua anois curtha ar chomhdhlúthú an bhaile trí chuid den chroí-spríoc straitéise a leithdháileadh ar an gclúdach tógtha atá ann cheana chun raon cineálacha agus méideanna tithe a sholáthar agus mar thoradh air seo tá laghdú tagtha ar an ngá atá leis an tithíocht ar láithreáin úrnua ar imeall an bhaile.
- 1.4.7 Tá spríoc daonra de 8,773 leithdháilte ar Dhroichead na Bandan sa Phlean, rud a léiríonn fás de díreach os cionn 2,800 duine ar an líon daoine i nDaonáireamh 2016. Chun freastal ar an leibhéal seo d'fhás sa daonra, beidh 694 aonad tithíochta breise ag teastáil don tréimhse 2022-2028 agus 492 aonad tithíochta á seachadadh ar thalamh críosaithe cónaithe úrnua agus déanfar an chuid eile a sheachadadh sa lorg tógtha. Bunaithe ar riachtanas an Chreata Náisiúnta Pleanála fás dlúth a sheachadadh agus tiomantas an Phlean chun dlúis níos airde a sheachadadh, tá riachtanas talún níos ísle ag teastáil anois ná mar a bhí i bpleananna roimhe seo.
- 1.4.8 Mar chuid de thiomantas na Comhairle do dhlúthfhás a sheachadadh laistigh den bhaile tá béim nua curtha anois ar úsáid níos fearr a bhaint as an stoc foirgneamh atá ann cheana féin, ar thosaíocht a thabhairt do thalamh athfhorbraíochta agus tearcúsáidte agus sainaithe deiseanna athghiniúna agus inlíonta a d'fhéadfadh cur go dearfach leis an stoc tithíochta i nDroichead na Bandan agus leis an spríoc de 202 aonad.
- 1.4.9 Sainithníodh roinnt láithreán úrnua de Shraith 1 a d'fhéadfadh cur le dlúthfhás an bhaile mar gheall ar a gcóngarachd do lár an bhaile. Tá láithreáin at a críosaithe BD-X-01, Ceathrú Allman (BD-X-02) agus BD-X-04 aitheanta anois mar Láithreáin Deise tosaíochta a bhfuil gné chónaithe ag gabháil leo. Is féidir freastal ar an acmhainn atá fágtha ach aghaidh a thabhairt d'aonaid fholmha sa stoc foirgneamh atá ann cheana féin (lena n-áirítear trí Chónaí Thuas os cionn an tSiopa) agus trí dheiseanna laistigh de limistéar tógtha reatha an bhaile.

- 1.4.10 Is féidir an riachtanas úrnua a bhaint amach ar thailte Shraith 1 agus 2 siar ó thuaidh den bhaile chomh maith le limistéar fáis straitéiseach soir ó thuaidh den bhaile (BD-R-03) chomh maith le soláthar do champas scoile nua (BD-X-03) agus atá nasctha go dlúth le forbairt Chonair Nascachta agus Rochtana Dhroichead na Bandan Thuaidh (BD-U-02). Teastaíonn cur chuige comónta maidir le saincheisteanna uisce, fuíolluisce agus rochtana áitiúla chun a chinntiú go ngníomhóidh siad laistigh de thréimhse an Phlean freisin chun na tailte seo a fhorbairt.
- 1.4.11 Beidh an soláthar talún úrnua amach anseo dírithe ar 2 bhraisle, is iad sin iarthuaisceart an bhaile agus oirthuaisceart an bhaile. Chun a chinntiú go bhforbrófar na réimsí seo ar bhealach comhordaithe agus go bhfreagraíonn siad go dearfach do na Prionsabail um an gComhfhorbairt Áite sa Phlean, cuirfear tuilleadh treorach ar fáil. Tá tailte a bhí críosaithe roimhe seo mar úsáid chónaitheach ach atá rangaithe anois mar Shraith 3 mar gheall ar easnamh infrastruchtúir nach bhfuil feidhm againn leo. Tá tailte Shraith 3 in aice le Conair Nascachta agus Rochtana Dhroichead na Bandan Thuaidh críosaithe mar Crios Talmhaíochta mar gheall ar a gcóngarach don bhealach atá beartaithe don Bhóthar Faoisimh Thuaidh.

**Tábla 5.1.3 An Daonra, an Tithíocht agus an Limistéir Chónaithe i nDroichead na Bandan**

	Riachtanais Tithíochta			Soláthar Tithíochta		
	Daonra Dhaonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra (go dtí 2028)	Aonaid Nua atá ag Teastáil (go dtí 2028)	An Soláthar Tithíochta ón gCriosú Úsáide Cónaithe agus Measctha araon lena n-áirítear Láithreáin Dlúth-Fháis	An Soláthar Tithíochta ó Láithreáin Soláthair Breise Cónaithe	An Soláthar Tithíochta ón gCúlstoc Cónaithe
Droichead na Bandan	6,957	8,773	694	694	183	50

**Tábla 5.1.4 Daonra Dhroichead na Bandan 2006-2028**

Ainm	Daonáireamh 2006	Daonáireamh 2011	Daonáireamh 2016	Méadú atá Beartaithe suas go dtí 2028
Droichead na Bandan	5,822	6,640	6,957	8,773

### An Chomhfhorbairt Áite

- 1.4.12 D'fhorbair Droichead na Bandan mar dhá lonnaíocht fhéinchiomhartha (An Chúil Fhada agus Cill Bhrógáin) mar chuid de Phlandáil na Mumhan sa 17ú haois. Is é an t-aon bhaile mórtha iar-Mheánaoise é i bPoblachtach na hÉireann agus is sampla uathúil é a struchtúr uirbeach de bhaile foirmiúil pleanáilte laistigh de na ballaí agus forbairt níos orgánach, neamhfoirmiúil lasmuigh de bhallaí an bhaile. Bhí na cosaintí arda cloiche suas le 3.5 m ar tiús agus 8 m ar airde agus bhí ar a laghad ceithre gheata, sé sciath cosanta agus trí thúr faire suite orthu. Tá iarsmaí de chosaintí an bhaile ina seasamh fós atá le feiceáil laistigh den bhailéireach ag Séipéal Naomh Peadar agus in Ionad Siopadóireachta Radharc na hAbhann.
- 1.4.13 Mar thoradh ar leagan amach foirmiúil an bhaile tá struchtúr uirbeach dea-shainithe agus líon suntasach foirgneamh sainchomhartha. Tá na foirgnimh 3-4 stór ar airde an chuid is mó den am agus iad suite ar ceapaí de leithid éagsúla agus is le fráma adhmaid a tógadh iad ar dtús. Tá roinnt fianaise nachta le déanaí ar an tógáil fráma adhmaid luath seo laistigh de chreatlach na bhfoirgneamh sa bhaile. Tá líon ard d'áiteanna adhartha laistigh den lonnaíocht mar gheall ar na plandála agus is cuid thábhachtach de charachtar an bhaile iad na spairí ard eaglaise agus díonta céimnithe. Laistigh den bhaile, tógadh na foirgnimh thart timpeall ar bhlocanna imlíne foirmiúla agus úsáideadh foirgnimh thábhachtacha ar nós séipéil agus tithe móra mar shainchomharthaí tíre sa sráid-dreach. Laistigh den bhaile mórtha bhí roinnt áiteanna margaidh tiomnaithe d'éanlaith chlóis (Plás Bhaile Mhic Aodha), don fheoil (The Shambles) agus d'Éisc (Cearnóg Mhargadh an Éisc) agus tá na baill sin fós ann agus beo beoga. Sa lá atá inniu ann, is foirgnimh sa stíl Sheirseach ailtireachta atá sa bhailéireach, agus an chuid is mó díobh 2-3 stór ar airde le simléir feiceálach agus díonta sclátaí.

### Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 1.4.14 Tá áiseanna pobail lonnaithe ar fud an bhaile lena n-áirítear leabharlann agus stáisiún gardaí. Léirítear stair Phlandáil an bhaile sa chomhchruinniú ard agus raon éagsúil áiteanna adhartha, cuid acu a athraíodh chuig úsáidí eile le himeacht ama. Tá Ospidéal Pobail Dhroichead na Bandan suite lastoir den bhaile laistigh de shuíomh aibí. Cuirtear seirbhísí cúraim lae agus téarnaimh ar fáil ann agus tógadh coimpléasc tarraingteach den sciath-thithíocht ar an láithreán le déanaí. Tá an coimpléasc suite ar thalamh ard agus tá gá le bealaí rochtana do choisithe níos fearr a chur ar fáil.


- 1.4.15 Tá líon mór scoileanna ar an mbaile lena n-áirítear ceithre mheánscoil agus ceithre bhunscoil. Tá dhá bhunscoil eile sa cheantar áitiúil ina mháguaird, ag Láithreach agus ag Crois Uí Mhathúna, agus tá tionchar acu ar an ngluaiseacht laistigh den bhaile. Dáiltear áiseanna oideachais ar an taobh thuaidh agus ar an taobh theas de lár an bhaile gar do cheantair chónaithe sheanbhunaithe agus tá sraith bhearta i bPlean Feabhsaithe Iompar agus Ríocht Phoiblí Dhroichead na Bandan (TPREP) san áireamh ina mholtaí chun an trácht scoile a bhainistiú ar bhealach níos sábháilte agus an nascacht do choisithe ag na scoileanna a fheabhsú d'fhonn daoine a spreagadh chun glacadh le modhanna glasa.
- 1.4.16 Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna béim roimhe seo ar an ngá atá le Bunscoil nua amháin agus Meánscoil nua amháin ar an mbaile agus tá sé molta aici freisin gur chóir iad a chur ar fáil ar aon shuíomh amháin ionas go mbeifear in ann na háiseanna a roinnt. B'fhearr le Comhairle Contae Chorcaí na n-áiseanna oideachais nua a ailíniú le ceantair fáis chónaithe chun deiseanna siúlóide agus rotháiochta a uasmhéadú do thurais ghearra agus chun stíleanna maireachtála níos sláintiúla a spreagadh. Ar an mbonn seo tá foráil déanta do 1 bhunscoil agus 1 iar-bhunscoil ar thailte criosaithe BD-X-03 chun comhtháthú na gceantar fáis cónaithe agus oideachas soir ó thuaidh den bhaile a chur chun cinn.

### **An Oidhreacht Nádúrtha**

- 1.4.17 Siar ón mbaile, tá gleann na habhann mar chuid de Cheantar Oidhreachta Nádúrtha molta agus is luach tábhachtach éiceolaíochta don cheantar é. Cuireann na sleasa géara ghleanna abhann go mór le suíomh amhairc an bhaile. Mar gheall ar shuíomh Dhroichead na Bandan, atá suite laistigh de ghleann abhann tarraingteach, fágтар go bhfuil raon de limistéir thábhachtacha ann a bhfuil luach bithéagsúlachta don cheantar áitiúil acu. Is é Gleann na Bandan, ar an taobh iartharach den bhaile, an ceann is suntasaí agus tá sé cosanta as a bheith ainmnithe mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (Cód Láithreáin 1034).

### **An Bonneagar Glas**

- 1.4.18 Tá soláthar maithe de spásanna oscailte gníomhacha agus éighníomhacha sa bhaile, lena n-áirítear coimpléasc GAA, faichí rugraí, faichí sacair, cúsaí gailf agus cúirteanna leadóige léana. Tá roinnt limistéar ann freisin a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil ag gabháil leo agus a bhaineann le hAbhainn na Bandan, Coillearnach Chaisleán Uí Mhathúna, le hAbhainn na Smachtlainne agus roinnt bogach, coillearnach agus sruthanna áitiúla. Tá siad seo aitheanta sa léaráid um an mbonneagar glas i bhFigiúr 5.1.2.
- 1.4.19 Níl aon linn snámha poiblí/ionad fóillíochta sa bhaile faoi láthair. Aithnítear an cuidiú suntasach a chuirfeadh soláthar dá leithéid d'áis leis an mbaile sa Phlean. Tá linn snámha poiblí réigiúnach nua tógtha ag Comhairle Contae Chorcaí i nDún Mánmhaí le déanaí agus bheadh Droichead na Bandan mar chuid den dobharcheantar a bheidh ag an saoráid nua sin. Chun an inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú d'fhéadfadh an bealach is fearr le linn snámha a sheachadadh agus a chothabháil i nDroichead na Bandan a bheith mar thogra le haghaidh óstáin. Tacaíonn an Chomhairle le soláthar óstáin/ionad fóillíochta sa bhaile le cur chuige polasaí pleanála chun soláthar dá leithéid a threorú atá leagtha amach in Alt 1.4.30 go 1.4.39. Mar sin féin, déanfar breithniú ar mholtaí eile chun linn snámha a sholáthar sa bhaile de réir a bhfiúntais freisin.
- 1.4.20 Forbraíodh roinnt siúlóidí cois abhann ar bhruach na Bandan ach tá cuid acu nach bhfuil críochnaithe. Coinneofar beartais chun sintí a chur le siúlóidí cois abhann atá ann cheana féin. Agus aon siúlóid dá leithéid á ndearadh beidh gá ann féachaint do threoirilínte an dea-chleachtas, agus aird a thabhairt don gá atá ann gnáthóga agus speicis fionnuisce a chosaint. Laistigh den limistéar tógtha tá roinnt spásanna tarraingteacha, beaga glasa a chomhlíonann feidhm éighníomhacha thábhachtach áineasa agus bithéagsúlachta ar nós Faiche na Croiche, na Shambles, reiligí agus tuilemhá abhainn na Bandan. Níl páirc oifigiúil sa bhaile le feidhmiú mar spoicléthair don phobail agus mar croilár áineasa do mhuintir an bhaile, rud atá dá n-uireasa, agus meastar go bhféadfadh cuid den diméin laistigh d'Eastát Chaisleán Uí Mhathúna feidhm pháirce nua a sholáthar don bhaile, dá dtiocfadh an deis chun cinn.
- 1.4.21 Cuireann an suíomh tarraingteach ina bhfuil an baile suite, agus é mar ghleann abhann, mar aon le hEastát Chaisleán Uí Mhathúna, atá saibhir in oidhreacht stairiúil agus chultúrtha, go leor deiseanna ar fáil chun taitneamhachtaí nua áineasa agus cultúrtha a fhorbairt don bhaile ar féidir leo nascadh le gréasáin siúil reatha/pleanáilte. Ní mór deiseanna den sórt sin a fhiosrú i gcomhpháirtíocht le húinéirí Eastát Chaisleán Uí Mhathúna ar bhealach a ndéanfaí caighdeán saoil na gcónaitheoirí ann a fheabhsú agus meas a léiriú ar shainghné speisialta a ainmniúcháin mar Limistéar Caomhantais Ailtreachta.
- 1.4.22 Tá limistéar mór spáis oscailte (BD-GC-07) soir ó thuaidh ón mbaile atá taobh le Conair Nascachta agus Rochtana Dhroichead na Bandan Thuaidh, agus leis an abhainn freisin. Saináithnítear cuid den láithreán mar "Radharc Páirce", limistéar a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil ag gabháil leis agus ina bhfuil coillearnach de bhuaicínigh leathanduilleacha measctha, crainn scaipthe, den fhearann páirce agus den choillearnach leathanduilleach. Is é cuspóir na dtailte seo ná an gleann abhann tarraingteach a chosaint, chomh maith le luach bithéagsúlachta áitiúil an cheantair seo agus an suíomh amhairc atá ar an mbaile mar gheall air. I bhFigiúr 5.1.2, léirítear na sócmhainní bonneagair ghlais an bhaile mar atá ann faoi láthair.



Figiúr 5.1.2 Droichead na Bandan - An Bonneagar Glas

### **An Geilleagar agus an Fhostaíocht**

- 1.4.23 Is é Droichead na Bandan an príomhionad fostaíochta laistigh den Cheantar Bardasach. Tá méadú gear (12%) léirithe i dtorthaí Dhaonáireamh 2016 maidir le líon na ndaoine a bhí fostaíthe idir 2011 agus 2016, suas ó 2,572 go 2,881 post. Is é an tráchtáil agus trádáil an tionscal is mó ar an mbaile fós (24.6%), agus an déantúsaíocht díreach taobh thiar de (22.4%), a d'fhás 3% thar an tréimhse idir-Daonáirimh. Tacaíonn an Plean le ról leanúnach an bhaile mar mhol gnó do cheantar mór tuaithe agus spreagann sé forbairt áiseanna sealáíocht deisce, moil ríomhaireachta, seirbhísí airgeadais agus forbairt oifige laistigh de lár an bhaile agus ar thalamh criosaithe oiriúnach mar BD-X-02 agus BD-X-04. Tá Aonach seachtainiúil rialta fós á reachtáil sa bhaile agus tá roinnt áiseanna táirgthe bia sa bhaile, agus léiríonn sé sin an geilleagar tuaithe tábhachtach atá ann. Tá an fhostaíocht comhchruinnithe i lár an bhaile agus i roinnt braislí beaga den fhostaíocht atá ann le fada ó dheas, soir agus ó thuaidh ón mbaile. Tá siad seo criosaithe anois mar Úsáidí Measctha/Ginearálta/Tionsclaíche Reatha.
- 1.4.24 Tá líon ard aonad trádstórais miondíola lonnaithe sa bhaile feadh an Bhóthair Faoisimh agus ar na bóithre isteach chuig an mbaile, agus is beag an líon aonad folamh ann, de réir dealraimh. Tá Páirc Thionsail den ÚFT ann cheana féin, 4.3 km siar ón mbaile ar an R586 Bóthar Dhún Mánmhaí agus tá sé beagnach lán-áitithe.
- 1.4.25 In 2016 bhí 3,352 duine ina gcónaí i nDroichead na Bandan a bhí sa lucht saothair agus astu sin, bhí 86% díobh (2,881 duine) ag obair. Tá sonraí POWSCAR atá ar fáil do Dhroichead na Bandan bunaithe ar limistéar geografach beagán níos mó ná an ceann sa Daonáireamh. San anailís seo léirítear go bhfuil 40% de na fostaíthe ar fad atá ríofa ann ina gcónaí sa limistéar staidéir agus go dtaistealaíonn céatadán comhchosúil (43%) chuig a n-ionad oibre laistigh de TRCanna Mhórchearntar Chorcaí. 90% de na turais go léir a ndearnadh chun dul ag obair, rinneadh i gcarr iad (87% mar thiománaí 87.8% & 3% mar phaisinéir). Bhí leibhéal siúlóide an-íseal laistigh den limistéar staidéir (0.6%) agus níor taifeadh an rotháíocht mar mhodh taistil. D'fhéadfadh sé gurb éard is cúis leis sin ná an topagrafaíocht dheacair ina bhfuil an baile go háirithe maidir leis na fánaí géara ar an taobh thuaidh de Ghleann na Bandan.
- 1.4.26 San athbhreithniú ar an soláthar talún fostaíochta atá ann faoi láthair leagadh béim ar an tslí nach bhfuil aon ghlacadh maidir le talamh fostaíochta ón am a bhí an plean deireanach ann. Den chuid is mó, tá an soláthar reatha dírithe ar láithreáin úrnua ar imeall thoir thuaidh agus oirdheisceart an bhaile agus i sráidbhaile an tSeanséipéil. Tá na tailte fostaíochta go léir atá i bPlean 2017 tugtha ar aghaidh.



- 1.4.27 Tá poitéinseal ollmhór ag baint leis an mbealach isteach ar an mbaile ón taobh oirthearach mar "Shuíomh Deise" úsáide measctha". Tá an tearcúsáid maidir leis an gceantar in aice le Suíomh an Aonaigh, siar ón mBóthar Faoisimh agus in aice le Drioglan Allman faoi láthair agus bhainfeadh leas as struchtúr feabhsaithe uirbeach chun mar an chéad rud a fheiceann daoine ag teacht isteach air agus chun é a chur ina lú gur mar "gheata" ar thairseach Chathair Chorcaí é an baile. Tá roinnt gnótha bia agus beostoic ann cheana féin a bhaineann leis an Aonach mar aon le húsáidí cónaithe treallach. D'fhéadfaí ceathrú nua úsáide measctha cónaithe agus fostaíochta (Allman) a thógáil ag an láthair seo mar chuid d'ainmniúchán nua mar Limistéar Beartais Speisialta (BD-X-02). Tá sé inmhinaithe an Margadh a choinneáil mar chuid d'aon athbheochan a dhéantar ar an limistéar seo toisc gur cuid lárnach de gheilleagar talmhaíochta an bhaile é agus toisc go gcuireann sé le beogacht an bhaile. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann, áfach, chun feabhas a chur ar shocrúithe rochtana agus páirceála don Mhargadh mar chuid d'athfhorbairt an limiséir seo. Leis an treoir maidir leis an dearadh uirbeach, is féidir a chinntiú go bhfuil comhaontas ann maidir le fairsingiú uirbeach ardchaighdeán a sheachadadh chuig an mbaile ar bhealach a gcruthófaí tairseach tharraingteach agus struchtúr uirbeach dea-shainithe araon, mar a tá sonraithe sa chuid den doiciméad maidir le Láithreáin Deise. Tá cuid den limistéar i mbaol tuilte agus bheadh gá le haon tograí aghaidh a thabhairt ar an gceist sin.
- 1.4.28 Tá Láithreán Deise d'úsáid mheasctha eile sainithe faoi BD-X-04 ar thailte atá comhdhéanta faoi láthair de mheascán de thalamh fostaíochta agus láithreán bearna gar do lár an bhaile. Tacaíonn an Plean le húsáid na dtailte seo sa todhchaí mar limistéar a bheadh oiriúnach don bhforbairt oifige measctha agus deiseanna lena n-áireofar gné cónaithe ar an taobh dheas, in aice le Sráid Uí Chonghaile.

### Áiseanna do Thurasóirí/Cuairteoirí

- 1.4.29 Tá stair uathúil ag gabháil le Droichead na Bandan, bailédhreach mórthaibhseach agus tá sé de bhua aige a bheith lonnaithe ag suíomh tarraingteach cois abhann. Tá deiseanna ann sciar teoranta reatha an bhaile den mhargadh turasóireachta a fhorbairt agus an trádáil turasóireachta atá ag dul thart go larthar Chorcaí a ghabháil. Tá ionad turasóireachta/faisnéise do chuairteoirí sa bhaile agus bíonn Féile na mBailte Múrtha ar siúl ann gach uile bhliain, féile ina ndéantar ceiliúradh ar a dhaingniúcháin uathúla a théann siar go dtí an 17ú haois. Is féidir le gníomhaíochtaí uisce-bhunaithe mar shampla an chadhcaíl, an iascaireacht srl. cur le tarraingt an bhaile mar cheann scríbe turasóireachta. I dtaca leis sin, tacaíonn an Plean le soláthar rochtana cois abhann le haghaidh na slatiascaireachta agus gníomhaíochtaí uiscebhunaithe eile. Is féidir leis an infheistíocht ón bhfearann poiblí faoi stiúir oidhreachta agus na hoibreacha faoisimh tuilte sa bhaile fedihmiú mar chatalaíoch chun Droichead na Bandan a sheoladh le bheith mar cheann scríbe turasóireachta atá ag teacht chun cinn agus atá mar chuid dílis d'eispéireas larthar Chorcaí.
- 1.4.30 Aithníonn an Chomhairle gur príomhphíosa bonneagair é soláthar lóistín óstáin a bhfuil sé ríthábhachtach é a bheith ann chun turasóirí a mhealladh chun fanacht thar oíche i gceantar a bhfuil buntáistí eacnamaíocha dearfacha ag baint leis don bhaile iomlán dá bharr. Ní mór suíomh na bhforbairtí sin a mheas go cúramach ionas go mbainfear an leas is mó as.
- 1.4.31 Faoi láthair, tá aon óstán beag teaghlaigh amháin i nDroichead na Bandan agus líon teoranta áiseanna Leaba agus Bricfeasta. Sa Phlean, spreagtar an leathnú ar an tairiscint lóistín turasóireachta atá ar fáil i nDroichead na Bandan, seirbhís a d'fhéadfadh feidhm thábhachtach shóisialta, ghnó agus áineasa a chomhlíonadh don phobal agus a mhéadóidh tarraingteacht an bhaile mar áit cónaithe. Leagtar amach treoir sa Phlean ar an gcur chuige is fearr chun suíomh oiriúnach a shainithint do thograí óstáin amach anseo. Tá siad seo bunaithe ar phríomhbheartais náisiúnta, réigiúnacha agus contae a chomhlíonadh ar nós an turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn, tacú le ról an bhaile mar phríomhionad miondíola, gnó agus cultúrtha agus ag an am céanna an inrochtaineacht a uasmhéadú. I measc nithe a bhaineann go sonrach le láithreán nach mór iad a chur sa bhreith, tá; a chinntiú nach mbíonn aon tionchar díobhálach ar thaitneamhachtaí cónaithe agus socruithe a sholáthar le haghaidh an rochtain agus an pháirceáil. Tacaíonn an Plean le soláthar linn snámha/ionad fóillíochta mar chuid de thogra óstáin amach anseo a d'fhéadfadh cur leis an raon áiseanna fóillíochta atá ar fáil sa bhaile.
- 1.4.32 Tá an láithreán roghnaithe laistigh den chriosú "lár an bhaile" arb é an láithreán is fearr ó thaobh rochtana agus a chruthódh na sineirgí agus tairbhí is fearr don bhaile. Faoi láthair, tá tailte criosaithe BD-T-02, BD-T-03 nó BD-T-04 á n-úsáid, é sin nó tá láithreáin fholmha acu ina mbeadh úsáid óstán nua comhoiriúnach faoi réir freagairt dearaidh chuí. Tá suimh fhéideartha eile i lár an bhaile laistigh de BD-T-01 ina bhféadfaí óstán boutique a chruthú ag suíomh áisiúil d'iompar poiblí agus don chroí miondíola mar gheall ar chumasc nó athfhorbairt réadmhaoine lár an bhaile. Bheadh gá le cur i bhfeidhm modhanna caomhnaithe dea-chleachtais agus freagairt d'ainmniúcháin oidhreachta ar an láithreán a bheith i gceist lena leithéid de chur chuige.
- 1.4.33 Ceadaítear leis an gcriosú reatha mar ghnó BD-B-06 soláthar d'óstán ar shuíomh úrnua in aice leis an mbóthar faoisimh theas atá ann cheana féin agus cuireann sé seo suíomh eile ar imeall an láir. D'fhéachfadh an Chomhairle freisin ar thogra le haghaidh óstán laistigh de Limistéar Beartais Speisialta Cheathrú Allman (BD-X-02) mar fhoirgníocht nua nó mar chuid d'athfhorbairt na bhfoirgneamh oidhreachta atá ann cheana féin.

### Diméin Chaisleán Uí Mhathúna

- 1.4.34 BD-X-05 is a new Limistéar Beartais Speisialta allowing for an caomhant, cosaint and the iogair redevelopment of the Chaisleán Uí Mhathúna Eastát, to the west of the baile. Leis sin, ceadófar caomhnú na hoidhreachta tógtha agus nádúrtha sa cheantar seo chomh maith le soláthar a dhéanamh d'fhearann poiblí feabhsaithe trí chosáin agus tairiscintí fóillíochta cuí eile.
- 1.4.35 Chaisleán Uí Mhathúna Eastát is aimsithe to the West of Droichead na Bandan baile and consists of an dá, araon oidhreacht thógtha agus nádúrtha scoithe of significant importance. Tógadh an Caisleán déanach san 18ú hAois agus is éard atá ann ná teach tuaithe scoite naoi mbá dhá stór os cionn íoslaigh, ceangailte le túrtheach meánaoiseach, athmhaisithe sa stíl Gotach agus leathnaithe timpeall 1870, agus é ar fad suite laistigh de dhiméin stairiúil. Tá an Teach ina fhothrach sa lá atá inniu ann ach coinníonn sé a chruth stairiúil agus cuid mhór dá ábhar tógála.

- 1.4.36 Téann an diméin í féin mar aon leis na struchtúir choimhdeacha siar go dtí an 18ú haois agus folaíonn sé limistéar de choillearnach aibí i dtuaisceart an láithreáin atá mar chuid de Limistéar Oidhreachtá Náidúrtha molta Ghleann na Bandan Thiar ó Dhroichead na Bandan agus an dara limistéar coillearnaí sa chuid theas den láithreán, ar an taobh ó dheas de Chaisleán Uí Mhathúna. Léiríonn an léarscáiliú stairiúil go raibh coillearnach aibí sa dá láthair seo le tréimhse fhada ama, agus tugann sé sin le fios go bhfuil luach éiceolaíochta níos airde ag gabháil leis an gcoillearnach. Cuimsíonn tírdhreach na diméine an t-eastát coillteach chomh maith le bealaí foirmiúla, ballaí cloiche agus lóistí geata, chomh maith leis an gCaisleán agus an Teach. Tá an Caisleán agus an Teach atá ar an láthair, chomh maith leis an gcúirtealáiste, áirithe sa Taifead ar Dhéanamhais Chosanta agus na Séadchomharthaí Náisiúnta agus mar sin tá siad cosanta ag ordúithe caomhnaithe agus tá an diméin ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta.
- 1.4.37 I bhfianaise luach ard ailtireachta agus tírdhreacha an tsuímh d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach d'fhorbairt do thalamh páirce, bealaí siúil, úsáidí turasoireachta agus úsáidí teoranta cónaithe. Bheifí ag gríosú bealach siúil poiblí sábháilte a sholáthar tríd an suíomh agus ag nascadh Caisleán Uí Mhathúna le Baile Dhroichead na Bandan mar chuid d'aon phleananna fadtéarmacha amach anseo chun nascacht le baile Dhroichead na Bandan a fheabhsú agus deiseanna a sholáthar don diméin a bheith ina talamh páirce neamhfhoirmiúil do phobal Dhroichead na Bandan. Beidh gá le socrúithe comhpháirtíochta idir úinéirí Eastát Chaisleán Uí Mhathúna agus údarais phoiblí sula mbeidh rochtain ag an bpobal ar aon chuid den diméin.
- 1.4.38 Beidh aon fhorbairt a dhéantar laistigh den diméin (lena n-áirítear na struchtúir) faoi réir measúnaithe riachtanacha agus ní mór é a dhéanamh ar bhealach dírithe agus íogair a chosnóidh sláine agus carachtar an láithreáin seo. Maidir le haon fhorbairt a ndéanfaí ar an láithreán, ceanglófar leis go ndéanfar na coillearnaí agus na teorainneacha stairiúla a chaomhnú agus a chosaint, na fála sceiche laistigh den chrios seo san áireamh, agus beidh meas léirithe freisin leis ar íogaireachtaí tírdhreacha, oidhreachtá agus éiceolaíochta an láithreáin. Ina theannta sin, ní mór do ghairmithe caomhantais creidiúnaithe forbairt ar an láithreán seo, faoi réir measúnaithe cuimsitheacha agus mionsonraithe ar an eastát ina iomláine chun forbairt a bhaint amach a chaomhnaíonn agus a fheabhsaíonn carachtar agus tábhacht Chaisleán Uí Mhathúna chomh maith le measúnú iomlán caomhnaithe, tírdhreacha agus éiceolaíochta ar an bhfoirgneamh agus an diméin a ghabhann leis, agus ba chóir go mbeadh moltaí áirithe leis chun cobhsaíocht na bhfoirgneamh a chinntiú amach anseo. Oibreoidh an Chomhairle leis na húinéirí talún chun forbairt chuí a spreagadh ar an láithreán stairiúil seo de réir creat-mháistirphlean a thaispeánfaidh an chaoi a dtugtar aghaidh go cuí ar na hábhair go léir a ardaíodh thuas ar bhealach cothrom.
- 1.4.39 Tá Cúrsa Gailf Dhroichead na Bandan lonnaithe in aice le hEastát Chaisleán Uí Mhathúna, ar an taobh thuaidh de, agus tabharfar aird ar leagan amach an chúrsa reatha agus ar an sábháilteacht maidir leis an ngalf a imirt amach anseo gan athruithe a dhéanamh ar leagan amach an chúrsa agus an Máistirphlean á ullmhú.

### Lár an Bhaile agus an Miondíol


- 1.4.40 Tá baile Dhroichead na Bandan sainaitheanta mar Chuarbhaile san ordlathas miondíola, agus tá 2,315 m<sup>2</sup> den spás urláir earraí áise ann. Ar bhealach éigin, is méid níos lú de spás urláir miondíola áise é sin ná roinnt bailte eile den chineál céanna atá sa chontae. Tá feabhas tagtha ar thairiscint miondíola áise an bhaile le deich mbliana anuas agus Super Valu agus Lidl a bheith forbartha ar an taobh thiar den Phríomhshráid stairiúil agus tá siopa nua tógtha ag Aldi ar thailte criosaithe BD-T-03. Feidhmíonn Droichead na Bandan mar bhaile comaitéireachta agus fágann sé sin go bhfreastalaítear ar chuid dá riachtanais miondíola áise ag an tairiscint mhiondíola i mbuachbhailte iardheisceart na Cathrach mar chuid d'aistear na bhfostaithe chuig an obair agus ar ais abhaile ina diaidh. Tá sé mar aidhm ag an bPlean, áfach, feidhm fostaíochta an bhaile a leathnú agus d'fhéadfadh éileamh méadaithe ar mhiondíol áise áitiúil a bheith mar thoradh air sin amach anseo.
- 1.4.41 Tacaíonn an baile le 6,715 m<sup>2</sup> den spás urláir earraí comparáide le roinnt siopaí boutique laistigh den bhaile a bhfuil tóir mhór orthu freisin. Ba cheart go mbeadh aon mhórfhorbairt mhiondíola comparáide eile lonnaithe laistigh den chroílár miondíola nó in aice leis chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht do na seirbhísí miondíola reatha agus mais chriticiúil a sholáthar do lár an bhaile. Dá dtiocfadh moladh dá leithéid chun cinn, is é lár an bhaile an láthair is fearr a roghnófaí.
- 1.4.42 Laistigh de lár an bhaile, tá meascán maith úsáidí fós agus feabhasú ar an earnáil mhiondíola neamhspleách. Tá an croílímistéar siopadóireachta dírithe ar an bPríomhshráid Theas, ar Phríomhshráid Siopadóireachta an bhaile, agus tá an príomh-ancaire miondíola Supervalu, Ionad Siopadóireachta Radharc na hAbhann agus roinnt sráideanna miondíola tánaisteacha eile ann, lena n-áirítear Plás an Bhainc, Cé an Mhargaidh agus Cé Phádraig. Tá siopaí lascaine (Lidl agus Aldi) suite ar shuíomhanna ar imeall an láir laistigh den limistéar atá criosaithe mar "Lár an Bhaile".
- 1.4.43 Tá gach suíomh i lár an bhaile laistigh den limistéar atá ar "bhaol tuilte" agus beidh orthu cloí leis na Treoirínte cuí ón Aire. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 An Bhainistíocht Uisce in Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Fírinneacha a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt." Chun limistéar miondíola lárnach a neartú agus leibhéal an líon coise a mhéadú, tá sé rithábhachtach go gcomhdhlúthófar an croílár leis an bhforbairt miondíola a dhéantar amach anseo. Chuige sin, beidh polasaithe chun beogacht lár an bhaile a fheabhsú a leantar leo tacú le ról Dhroichead na Bandan mar cheann scríbe miondíola nideoige i gcroílár na straitéise do lár an bhaile. Sa chás go bhfuil éileamh ar leaca urláir atá níos mó, tacóidh an Chomhairle le cur chuige cruthaitheach maidir le hathshlánú/leathnú/cumasc foirgneamh stairiúil laistigh de lár an bhaile le haghaidh miondíola agus úsáidí measctha faoi réir ag cur i bhfeidhm ar mhodhanna caomhnaithe is fearr agus ag tabhairt urraim do shainghné speisialta an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta ábhartha. Laistigh den limistéar atá criosaithe mar lár an bhaile tá roinnt suíomhanna tearcúsáidte/folmha, agus tá acmhainneacht ann do roinnt formáidí miondíola níos mó mar chuid de scéim úsáide measctha níos leithne. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo soláthar asraonta miondíola comparáide agus áise/trádstóráil miondíola ar láithreacha imeall an ionaid i BD-T-02, BD-T-03 agus BD-T-04. Tá roinnt aonaid folmha sa stoc foirgneamh trádstórais mhiondíola atá ann cheana féin ag láithreacha "as an mbaile" feadh an tSeachbhóthair, agus beidh gá dá réir le breithniú cúramach a dhéanamh ar thuilleadh miondíola lasmuigh den lár agus ba chóir go soláthródh sé fianaise shoiléir nach gcreimfeadh sé príomhaíocht lár an bhaile mar ionad.

- 1.4.44 Tá Comhairle Contae Chorcaí tar éis glacadh le Plean Feabhsaithe Iompair agus Ríochta Poiblí (TPREP) mionsonraithe chun lár an bhaile níos cairdiúla do choisithe a sheachadadh a chuirfidh le tarraingteacht an bhaile mar cheann scríbe miondíola ar ardchaighdeán. Áirítear leis sin spásanna margaidh nua a chruthú ag an dá thaobh den Phríomhshráid Mhiondíola. Tá bearta um an ríocht phoiblí dírithe go mór ar bhallaí stairiúla an bhaile agus áirítear orthu roinnt spásanna poiblí nua a chruthú, chomh maith le timpeallacht fheabhsaithe do choisithe, idirghabhálacha athbhreithnithe bainistíochta tráchta agus bearta feabhsúcháin ar an gcéibh. Tá roinnt idirghabhálacha tosaigh ón bhfearann poiblí déanta agus tá pacáiste uasghráidithe eile beartaithe don chéad chéim eile den fhorfheidhmiú. Tá pleananna Cuid 8 ar tí tarlú atá dírithe dhírionn go príomha ar oibreacha ríochta poiblí at an taobh dheas den abhainn agus tá sé beartaithe tús a chur leis na hoibreacha in 2022.
- 1.4.45 Cuirtear roinnt treoir deartha uirbhig bhreise ar fáil do shuímh lár an bhaile lena chinntiú go mbíonn meas ag forbairt nua ar shaintréithe an bhaile atá ann cheana féin agus go gcuideann sé go dearfach leis na hidirghabhálacha atá beartaithe don fhearann poiblí.

### Limistéar Athghiniúna

- 1.4.46 Tá an Plean dírithe go mór ar fhorbairt agus ar athnuachan lár an bhaile. Aithníodh roinnt láithreán athghiniúna ar Ché Mhic Shuibhne. Tá deiseanna agus srianta éagsúla ag baint le gach uile shuíomh agus cuirtear an treoir ar fáil chun cinnteacht a sholáthar maidir leis na príomhghnéithe ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt orthu i dtograí amach anseo.

Tábla 5.1.5: Ceantair Athghiniúna in Droichead na Bandan

Limistéar Athghiniúna	Uimhir agus Cur Síos
	<p>BD-RA-01: Cé Mhic Shuibhne (Limistéar Athghiniúna)</p> <p>Spreagtar an athfhorbairt chomhordaithe ar 2 rannóg ar leith den mheathlú uirbeach feadh Ché Mhic Mhuineacháin laistigh den limistéar criosaithe lár an bhaile (BD T-01). Tá roinnt suíomhanna talamh cúil atá folamh agus tearc-úsáidte agus cinn ina measc a bhfuil trádstórais stairiúla agus tithe cóistí/foirgnimh chloiche iontu ar ionann iad agus aghaidheanna siopa "marbh" ar an gcéibh. Ní mór do thograí imeall dearfach a chruthú ar an tsráid le héadanas gníomhach agus meascán úsáidí a sholáthar a oireann dá shuíomh i lár an bhaile. Ní mór do thograí creatlach stairiúil na láithreán atá mar chuid lárnaigh de ghrán uirbeach an bhaile a choinneáil. Nuair is féidir spreagfar lánai/nasc nua leis an bPríomhshráid Theas a chruthú chun naisc leis an bPríomhshráid siopadóireachta a fheabhsú. Ní mór do na hidirghabhálacha arna moladh freagairt go dearfach do phríomhghnéithe Limistéar Caomhantais Ailtireachta na Príomhshráide Theas, lena n-áirítear meas a léiriú ar mhéideanna na gceapach, airde na bhfoirgneamh, na hábhair bhailchríche agus próifíil na ndíonta. Tá an láithreán suite laistigh de chrios ina bhfuil acmhainneacht seandálaíochta.</p>

### Limistéar Beartais Speisialta

- 1.4.47 Sa Phlean seo, tugadh na tailte criosaithe tugtha anonn mar Limistéar Beartais Speisialta BD-X-01. Tá cead a bhí ann roimhe seo le haghaidh 85 áit chónaithe, 1 naiolann agus oibreacha láithreáin gaolmhara imithe i léig faoin am seo. Tá roinnt dúshlán ag baint leis an láithreán mar gheall ar a thopagrafaíocht ina bhfuil grádáin ghéar, rochtain dheacair, brú tráchta agus mar gheall ar an suíomh ina bhfuil sé suite Limistéar Caomhantais Ailtireachtaí gceantar íogair stairiúil in aice le Limistéar Chaomhantais Ailtireachta Theampall Chríost agus Chnoc Barrett chomh maith le líne na gcosaintí baile ón 17ú haois. Caithfidh na ceisteanna sin a chur san áireamh agus rogha á dhéanamh maidir le scála, suíomh agus dearadh na forbartha ar an láithreán seo.
- 1.4.48 Tá ardluach bithéagsúlachta ag gabháil leis an láithreán seo a thacaíonn le crainn aibí, coillearnach agus Sruthán Chill Brógáin. Ba cheart é sin a chur san áireamh in aon mholadh forbartha nua a dhearadh. Ba chóir na crainn aibí agus an choillearnach a choinneáil, a chosaint agus a ionchorprú in aon tograí forbraíochta nua.
- 1.4.49 Spreagfaidh an Plean seo soláthar páirce líní (BD-X-01) feadh na teorann thiar de lena n-áirítear cosán do choisithe agus rotharbhealach (BD-U-01) chun conair ghlas a chruthú lena nascófar an tírdhreach tuaithe oscailte le lár an bhaile agus lena soláthrófar naisc le ceantair chónaithe cóngaracha, idir cinn atá ann cheana féin agus cinn atá beartaithe. Caithfidh dearadh agus bealach cosáin/rotharbhealaí balla stairiúil an bhaile a ionchorprú isteach sa ghréasán taitneamhachta ar féidir é a fhorbairt le himeacht ama le bheith mar chonair stairiúil baile. Ba chóir go mbeadh an pháirc líneach lonnaithe faoi scáth na forbraíochta atá beartaithe don láithreán agus go ndearfaí ar bhealach a ndéanfadh meas ar luach bithéagsúlachta áitiúil an láithreáin, agus a gcuirfeadh feabhas leis an luach sin.
- 1.4.50 Beidh an láithreán oiriúnach do roinnt forbartha cónaithe freisin, chomh maith le forbairt úsáide measctha lena n-áirítear an miondíol teoranta ag ceann theas an láithreáin. Ba cheart go gceadóidh leagan amach na forbartha ar an láithreán sráid-dreach leanúnach, céimnithe a chruthú ar thaobh an bhóthair, ar an teorainn thoir (Bóthar Chorcaí). Star Ós rud é go bhfuil sé suite gar do lár an bhaile spreagfaidh an Chomhairle soláthar roinnt aonad 2-leaba mar thithe tosaigh/aonaid aoisbháúla.
- 1.4.51 Tá an láithreán seo suite laistigh de limistéar a bhfuil acmhainneacht seandálaíochta ag gabháil leis a bhaineann le "Baile Stairiúil Dhroichead na Bandan" agus Balla an Bhaile ón 17ú haois. Caithfidh aon oibreacha a bheith faoi réir maoriseachta seandálaíochta.



- 1.4.52 Tá Ceathrú Allman sainithe anois mar Cheantar Beartais Speisialta breise faoin bPlean seo (X-02) mar go bhfuil sé aitheanta mar shuíomh tosaíochta tearcúsáidte laistigh den bhaile, atá in ann struchtúr uirbeach níos sainithe agus dlús níos déine ó thaobh úsáide a shásamh. Áirítear sa cheantar coimpléasc stairiúil tábhachtach foirgneamh ina lár agus tacaítear le cur chuige ilchineálach, lena n-áirítear gné chónaithe.
- 1.4.53 Tá aitheantas déanta dó sa Phlean go bhfuil úinéirí talún iolracha ann agus go mbeidh gá le haon fhorbairt amach anseo déanta ar bhealach céimnithe.
- 1.4.54 Tá Limistéar Beartais Speisialta breise (BD-X-03) sainithe soir ó thuaidh ón mbaile. Tá cur chuige comhordaithe ag teastáil ón limistéar talún 19.89 ha seo le BD-R-03 maidir leis an seachadadh bonneagair, an ngluaiseacht, an gcomhfhorbairt áite agus seachadadh campas bunscoile agus meanscoile nua mar chuid den fhás sa bhaile amach anseo.
- 1.4.55 Is Ceantar Beartais Speisialta nua é BD-X-04 atá dírithe ar thailte lastoir de lár an bhaile atá sainitheata mar limistéir a bhfuil acmhainneacht acu cur go dearfach le dlúthfhás an bhaile. Tacaíonn an Plean le húsáid na dtailte seo sa todhchaí mar limistéar a bheadh oiriúnach don bhforbairt oifige measctha, an míondiól (an míondiól áise den chuid is mó) agus deiseanna lena n-áireofar gné chónaithe ar an taobh dheas, in aice le Sráid Uí Chonghaile.
- 1.4.56 Is Limistéar Beartais Speisialta nua é BD-X-05 atá dírithe ar thairscint turasóireachta agus áineasa a chruthú d'Eastát Chaisleán Uí Mhathúna. Tá sonraí an Limistéir Bheartais Speisialta seo leagtha amach in Alt 1.4.34 go 1.4.39.

### **An Ghluaiseacht agus an Réimse Poiblí**

- 1.4.57 Tá an N71 sainitheanta san RSES mar cheann de roinnt tosaíochtaí straitéiseacha réigiúnacha chun 'Inrochtaineacht Réigiúnach Feabhsaithe' NSO a bhaint amach chun Cathair Chorcaí a nascadh le Cloich na Coillte. Tá líonra tábhachtach bóithre náisiúnta den dara grád agus de bhóithre réigiúnacha ag freastal ar Dhroichead na Bandan a sholáthraíonn nascacht idir Cathair Chorcaí agus Iarthar Chorcaí ar an N71 agus an R586. Tá an N71 faoi bhun caighdeán in go leor áiteanna agus tá sé mar thosaíocht a chinntiú go gcuirtear oibreacha uasghrádaithe i bhfeidhm sa ghearrthearma lena chinntiú go gcoimeádtar iomaíochas Dhroichead na Bandan agus ceantar Iarthar Chorcaí laistigh den Chontae agus sa réigiún níos leithne.
- 1.4.58 Déantar freastal ar an mbaile ag pointe droichid amháin thar an abhainn agus fágtar dá bharr go bhfuil leibhéal arda de ghluaiseachtaí feithiclí HGV agus brú tráchta laistigh den bhaile, go háirithe ag Acomhal Dhroichead na Bandan/Phlás an Bhainc. Tá na tionchair dhiúltacha atá ag toirteanna agus luasanna arda tráchta le feiceáil ar Chnoc Chill Brógáin, áit a bhfuil aonaid folmha agus an tréigean mar chomharthaí sóirt den timpeallacht droch-chaighdeán. Tá sraith straitéisí cuimsitheacha um an ngluaiseacht forbartha faoin bPlean Feabhsaithe Iompar agus Fearainn Phoiblí Dhroichead na Bandan chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú tráchta agus chun cur chuige níos cothroime a sholáthar do riachtanais coisithe agus rothaithe laistigh den bhaile. Tá moltaí an Phlean san áireamh i sainchuspóirí beartais agus tá plé mionsonraithe déanta orthu thíos.
- 1.4.59 Tá an gréasán gluaiseachta ar cheann de na príomhthionchair ar fhorbairt Dhroichead na Bandan amach anseo. Tá Bóthar Faoisimh Theas críochnaithe go páirteach chun trácht a atreorú timpeall an teorann; ach, mar sin féin, is féidir fadhbanna sábháilteachta a bheith ann mar gheall ar an ngrádán géar ag an taobh thiar den bhealach, go háirithe d'fheithiclí HGV. Mar thoradh air seo, tá roinnt tráchta atreoraithe trí lár an bhaile, rud a fhágann go bhfuil brú tráchta i lár an bhaile. Beidh sé de chuidiú chun na fadhbanna seo a réiteach an Bhóthar Faoisimh Theas seo (BD-GO-02) a bheith críochnaithe. Tá maoiniú de €100,000 curtha ar fáil ag BIÉ chun Bóthar Faoisimh Theas/seachbhóthar an N71 a chríochnú agus tá an obair seo fós ar siúl. In 2020 críochnaíodh Staidéar Féidearthachta don tionscadal inar leagadh béim ar an ngá atá le roinnt roghanna bealaigh a thabhairt ar aghaidh le measúnú a dhéanamh ar aon dul le Treoirlínte Bainistíochta Tionscadal BIÉ. Tá críochnú an tionscadail ina thosaíocht ag an Stiúrtóireacht Bóithre agus ag BIÉ. Bealach amháin atá á bhreith agus á mheas is ea an bealach a léirítear i bPlean Ceantair Áitiúil 2017. Tá críochnú an tionscadail ina thosaíocht ag an Stiúrtóireacht Bóithre agus ag BIÉ agus in 2021 tabharfar faoi obair shuirbhéireachta agus an samhaltú tráchta chun an céim phleanála agus deartha a chur ar aghaidh. (Suirbhéanna tráchta, imscrúdú talaimh, suirbhéanna comhshaoil srl.)
- 1.4.60 Faoi láthair, tá cuid mhór den fhás cónaithe amach anseo suite lastuaidh de lár an bhaile, áit a bhfuil an inrochtaineacht deacair, trí acomhal cúng casta ag Plás an Bhainc/Droichead na Bandan, áit a bhfuil brú tráchta ann cheana féin. Le Conair Nascachta agus Rochtana Dhroichead na Bandan Thuaidh soláthrófar nasc iompair straitéiseach chun forbairt na dtailte seo a éascú agus ag an am céanna laghdófar sreafaí tráchta laistigh den bhaile agus ag príomh-acomhail. Éascóidh an Chonair feabhsú gluaiseachtaí coisithe agus rothaithe agus inrochtaineacht laistigh de lár an bhaile agus baint feithiclí earraí troma, seachas amháin an seachadadh agus an t-iompar poiblí.
- 1.4.61 Tá bealach tascach do Nascacht agus Conair Rochtana Dhroichead na Bandan Thuaidh léirithe sa Phlean atá ceaptha chun a chinntiú go bhfuil an píosa straitéiseach bonneagair seo cosanta, agus táthar i mbun roinnt roghanna bealaigh a scrúdú.
- 1.4.62 In Daonáireamh 2011, bhí béim leagtha ar an fhíoras gur thaistil 65.7% de chónaitheoirí chuig a n-ionad oibre i gcarr agus gurbh ionann 23 nóiméad agus an meán-am turais a bhí acu. Feidhmíonn Bus Éireann seirbhísí rialta a théann tríd an mbaile agus a nascann Cathair Chorcaí le Cloich na Coillte agus leis an Sciobairín ach níl ach stad bus amháin ar Bhóthar Ghlaslainn. Tá roinnt moltaí chun rochtain ar stadanna bus a fheabhsú áirithe i bPlean Feabhsaithe Iompar agus Fearainn Phoiblí Dhroichead na Bandan (TPREP), chomh maith le moltaí chun bearta feabhsaithe sábháilteachta a sholáthar ag stadanna atá ann cheana féin agus stadanna bus breise a chruthú ar an taobh thiar den bhaile ag an Seanséipéal agus ar an bPríomhshráid Thuaidh.
- 1.4.63 Tá straitéis chuimsitheach siúlóide agus rotháíochta mar chuid de Phlean Feabhsaithe Iompar agus Ríochta Poiblí Dhroichead na Bandan (TPREP) agus áirítear leis seo béim ar mhodhanna glasa a chur chun cinn le haghaidh turais scoile trí shraith bearta ceansaithe tráchta agus feabhsaithe coisithe a sheachadadh ag scoileanna, áiseanna seachadta bus feabhsaithe agus bearta tiomnaithe fágála agus páirceála. Tá siúlbealaí taitneamhachta a bhí ann i bPleananna roimhe seo tugtha anonn sa Phlean agus cuimsíonn sé cuspóir chun tacú le soláthar rian balla stairiúil an bhaile mar áis bhreise taitneamhachta agus turasóireachta laistigh d'fhorbairt an bhaile amach anseo.

- 1.4.64 Tá na feabhsaithe ag aomhal lár an bhaile dírithe ar rochtain níos sábháilte a sholáthar do choisithe agus do rothaithe don chroílár ar fad. Tá dromchlaí comhroinnte tugtha isteach chun cabhrú leis an gceansú tráchta ar bhealaí daingean mar Ché an Mhargaidh. In áiteanna eile, laghdaítear leithead na gcarrbhealaí go híosleithead, déantar cuíchóiriú ar pháirceáil agus leathnaítear an cosán ar an imeall thuaidh chun ligean don ghrian dul isteach sa tsráid uasta.

### **An Réimse Poiblí**

- 1.4.65 Tá fis shoiléir d'infheistíocht i bpríomhspásanna lár an bhaile agus feabhsúcháin ar an ngréasán gluaiseachta sa bhaile leagtha amach i bPlean Feabhsaithe Iompar agus Ríochta Poiblí Dhroichead na Bandan (TPREP. Tá béim oidhreacht-threoraithe láidir sa chuid den Plean maidir leis an ríocht poiblí. Laistigh de bhallaí an bhaile ón 17ú haois tá sé beartaithe roinnt spásanna poiblí nua a athshlánú chun dlúphointe pobail nua a sholáthar don bhaile agus éagsúlacht spásanna solúbtha ar féidir leo freastal ar úsáidí iolracha i rith na bliana. Samhlaítear freisin go mbeidh an limistéar seo ina chrios tosaíochta do choisithe le rochtain níos fearr do choisithe agus rothaithe ag aomhal a nascann láithreáin príomhacha lár an bhaile agus limistéir siopadóireachta. Laistigh den chroí-limistéar siopadóireachta, tá dearadh na sráide dírithe ar roinnt páirceála a athionadú chun ceannasacht an ghluaisistéir sa bhaile a laghdú, chun timpeallacht níos taitneamhaí i lár an bhaile a sholáthar trí na cosáin ar thaobh grianmhar na sráide a leathnú, agus caighdeán na ríochta poiblí a ardú.
- 1.4.66 Áirítear ar phríomhghnéithe an ríochta poiblí:
- Dhá spás poiblí nua ag an dá thaobh de go dtí an Phríomhshráid Theas (Plás Bhaile Uí Bhuadáin agus Cearnóg Mhargadh an Éisc);
  - Bearta feabhsaithe sráide feadh an taobh thuaidh (an taobh grianmhar) den tsráid;
  - Bearta feabhsaithe cois na cé feadh Ché Mhic Shuibhne agus Cé Phádraig lena n-áirítear na sintí amach chun an Abhainn agus an balla stairiúil;
  - Spás poiblí nua ag The Shambles;
  - Rian an bhalla agus na ngeataí ón 17ú haois a imlíniú laistigh de dhearadh na sráide;
  - Bearta maolaithe tráchta chun timpeallacht coisithe/rothaíochta níos sábháilte a sholáthar laistigh den bhaile stairiúil agus ag nóid fágála/bailithe scoile;
  - Boulevard a chruthú ar fad Bhóthar Ghlaislinn.
- 1.4.67 Tá roinnt idirghabhálacha tosaigh ón bhfearann poiblí déanta agus tá pacáiste uasghrádaithe eile beartaithe don chéad chéim eile den fhorfheidhmiú. Chuir Comhairle Contae Chorcaí iarratas isteach ar mhaoiniú faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe i mí na Samhna 2020 le haghaidh roinnt Feidhmchlár Chatagóir 1 lena n-áirítear oibreacha fearainn poiblí a aithníodh mar chuid de TPREP Dhroichead na Bandan. Tá pleananna Cuid 8 chun cuspóirí na ríochta poiblí ón TPREP ar tí tarlú atá dírithe dhírionn go príomha ar oibreacha ar an taobh dheas den abhainn. Tá tús le bheith curtha leis na hoibreachta in 2022
- 1.4.68 Mar chuid de Project Act, tá Lána an Droichid (ón aomhal leis an bPríomhshráid Theas go dtí a hacomhal le Cé an Mhargaidh) faoi réir bearta Tosaíochta Coisithe chun cabhrú le timpeallacht shábháilte um Covid-19 a chur chun cinn atá comhthairbheach do mhuintir an bhaile, do chuairteoirí agus do ghnólachtaí an bhaile araon.



Figiúr 5.1.3: Tograí um Réimse Phoiblí laistigh den Bhaile Stairiúil

1.4.69 Tá Droichead na Bandan mar chuid de Bhailte Chomhairle Contae Chorcaí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta freisin, grúpa a fhéachann le tionscnaimh aoischaídiúla a chur chun cinn laistigh den bhaile lena n-áirítear suíocháin phoiblí inrochtana, gnóthaí aoischaídiúla, páirceáil aoischaídiúil agus feabhsuithe réimse poiblí eile a chur chun cinn.

### An Bhainistíocht Uisce

1.4.70 I bPlean Infheistíochta Uisce Éireann, tá foráil déanta d’uasghrádú a dhéanamh ar an ionad agus ar an ngréasán Cóireála Fuíolluisce atá ar siúl faoi láthair. Tá acmhainneacht ar fáil laistigh den ghléasra cóireála fuíolluisce chun freastal ar an méadú sa daonra atá beartaithe. Tá luchtú 8,877 P.E. agus tá toilleadh aige do 5,579 P.E sa breis air sin. Níl tagairt sa Plean Infheistíochta d’fheabhsuithe ar an soláthar uisce ach tá sé tugtha le fios ann go bhfuil pleananna i bhfeidhm chun príomhphíobáin uisce a athshlánú chun an brú uisce, mar aon leis an toilleadh agus an sceitheadh uisce a fheabhsú. Le bearta laghdaithe sceite a ndearnadh in 2020, cruthaíodh acmhainneacht bhreise do 500 aonad breise. Níl aon pleananna i bhfeidhm faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna i dtuaisceart an bhaile mar a bhféadfadh gá a bheith le taiscumar nua chun freastal ar thailte áirithe os cionn an leibhéal comhrian 74 O.D. Tá séarach comhcheangailte nua beartaithe laistigh den bhaile chun déileáil le diúscairt sreafaí fuíolluisce agus uisce dromchla laistigh de chodanna den bhaile agus tá oibreacha ar siúl faoi láthair chun aghaidh a thabhairt air seo.

1.4.71 Tá baol tuilte ann in áiteanna i nDroichead na Bandan, go háirithe i lár an bhaile. Tá na limistéir atá i mbaol suite cois Abhainn na Bandan agus cois na craobh-aibhneacha. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 An Bhainistíocht Uisce in Imleabhar a hAon** den Plean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d’aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt. Tá an OPW díreach tar éis scéim cosanta tuilte €10 milliún a chríochnú sa bhaile. Is meascán é an scéim de dhreidireacht 1.8 m le sruth ó Chora Dhroichead na Bandan ar an gcainéal atá ann faoi láthair agus soláthar ballaí cosanta tuilte ar an mbruach theas suas le sruth ó Dhroichead na Bandan agus ballaí cosanta agus claífoirt, agus síos le sruth uathu chomh maith, ar an mbruach thuaidh ó Dhroichead na Bandan go dtí an t-ionad cóireála fuíolluisce. Tá feabhsuithe ar na claífoirt tuilte atá ag an ionad siopadóireachta mar chuid den scéim freisin.

### An Oidhreacht Thógtha

1.4.72 Mar atá luaite cheana féin, d’fhorbair an baile mar dhá lonnaíocht fhéinchiomsitheach (An Chúil Fhada agus Cill Bhrógáin) mar chuid de Phlandáil na Mumhan sa 17ú haois. Cuireadh lena cosaintí múrtha níos déanaí ina dhiaidh mar fhreagra ar ionsaithe leanúnacha agus is gné uathúil iad do bhailte a tógadh sa tréimhse sin i stair na hÉireann. Bhí na cosaintí arda cloiche suas le 3.5 m ar tiús agus 8 m ar airde agus bhí ar a laghad ceithre gheata, sé sciath cosanta agus trí thúr faire suite orthu. Tá iarsmaí de chosaintí an bhaile ina seasamh fós atá le feiceáil laistigh den bhailidhreach ag Séipéal Naomh Peadar agus in Ionad Siopadóireachta Radharc na hAbhann.

- 1.4.73 Mar thoradh ar leagan amach foirmiúil an bhaile tá struchtúr uirbeach dea-shainithe agus líon suntasach foirgneamh sainchomhartha. Tá na foirgnimh 3-4 stór ar airde an chuid is mó den am agus iad suite ar ceapaí de leithid éagsúla agus is le fráma adhmaid a tógadh iad ar dtús. Tá roinnt fianaise nochta le déanaí ar an tógáil fráma adhmaid luath seo laistigh de chreatlach na bhfoirgneamh sa bhaile.
- 1.4.74 Tá líon ard d'áiteanna adhartha laistigh den lonnáiocht mar gheall ar staid na plandála. Le linn an 19ú haois d'fhás an baile mar lárionad mór tionsclaíochta agus tionscail ghrúdaireachta, súdaireachta agus muilleoireachta curtha i mbun laistigh den bhaile san am sin. Bhí tionchar mór ag teacht an iarnróid ar charachtar agus ar leagadh amach an bhaile agus b'fhéidir gurb é sin an fáth ar fágadh réidh le go leor de chosaintí an bhaile.
- 1.4.75 Ar fud an bhaile, tá 55 foirgneamh nó struchtúr eile atá curtha isteach i dTaifead na Struchtúr Cosanta. Tá cuid mhór de lár an bhaile sainithe mar shraith de Limistéir Chaomantais Ailtireachta mar gheall ar na limistéir uirbeacha éagsúla atá sa bhaile. Tá Eastát Chaisleán Uí Mhathúna lonnaithe ar an taobh thiar den bhaile, ar bhruach theas na Bandan. Tá an diméin mhór sainithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta mar gheall ar na foirgnimh stairiúla suntasacha atá ann (atá ina bhfothracha anois), chomh maith leis na tailte coillte tharraingteach agus bealaí foirmiúla, ballaí cloiche agus na tithe geata atá ann. Féach an chuid ar Dhiméin Chaisleán Uí Mhathúna agus Cuspóir BD-X-05.
- 1.4.76 Tá Baile Dhroichead na Bandan mar aon le cosaintí an bhaile ainmnithe sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Láithreáin mar láithreáin seandálaíochta agus mar sin beidh gá le measúnú cúramach a dhéanamh ar aon oibreacha laistigh den chrios le hacmhainn seandálaíochta, beidh sé faoi réir monatóireachta agus ní mór cloí leis an mbeartas náisiúnta um Chosaint Baile. Tá Tábhacht Náisiúnta ag baint leis an teach fráma adhmaid nua-aitheanta ar an bPríomhshráid Thuaidh agus leagann sé béim ar an bpoitéinseal atá ann go gcoimeádfadh an stoc foirgneamh ón 18ú agus 19ú haois struchtúir níos sine laistigh de.
- 1.4.77 Tá roinnt troscán sráide suimiúil agus neamhghnách sa bhaile freisin lena n-áirítear seanchaidéil uisce, colbhaí cloiche, lampaí, gnéithe éagsúla agus pábháil. Ní mór iad seo a mheasúnú go cúramach in aon tionscadail ríochta poiblí nó tionscadail athfhorbartha foirgneamh atá le déanamh.
- 1.4.78 Glacann Plean Feabhsaithe Iompar agus Ríochta Poiblí Dhroichead na Bandan (TPREP) cur chuige láidir oidhreacht-threoraithe i leith uasghrádaithe pleanáilte ar an ríocht phoiblí laistigh den bhaile agus cuirfear feabhas ar an mórtas áite i nDroichead na Bandan mar gheall orthu.



## Cuspóirí Ginearálta

1.4.78 Bainfidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas le gach aon fhorbairt a dhéanfaidh laistigh de theorainn forbartha Dhroichead na Bandan.

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí Ginearálta i ndáil le Droichead na Bandan	
Uimh. na Cuspóra	
BD-GO-01	Pleanáil don fhorbairt lena n-éascófar an spriocdhaonra de 8,773 duine a bhaint amach i nDroichead na Bandan.
BD-GO-02	Tacú le tabhairt chun críche an Bhóthair Faoisimh Deisceartaigh agus le forbairt Chonair Nascachta agus Rochtana Dhroichead na Bandan Thuaidh chun gluaiseacht feabhsaithe laistigh agus timpeall an bhaile a éascú. Ba cheart tacú le deiseanna chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú.
BD-GO-03	Tacú le seachadadh céimnithe leanúnach na moltaí i bPlean Feabhsaithe Iompar Dhroichead na Bandan (TPREP) lena n-áirítear spásanna poiblí nua, bearta sábháilteachta ar bhóithre agus socrúithe athbhreithnithe bainistíochta tráchta. Ba cheart tacú le deiseanna chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú.
BD-GO-04	Bonneagar Uisce agus Fuíolluisce imleor a sholáthar chun freastal ar thailte seirbhísithe agus a chinntiú go mbaineann an baile amach a spriocanna fáis thar shaolré an Phlean seo.
BD-GO-05	A chinntiú go ndaingnítear tábhacht phríomhach lár an bhaile leis an bhforbairt nua agus go gcuireann an fhorbairt sin le beogacht Dhroichead na Bandan.
BD-GO-06	Tacú le rian ballaí stairiúla an bhaile a sholáthar.
BD-GO-07	Ar an mbonneagar glas, an bhithéagsúlacht agus na sócmhainní tírdhreacha atá i nDroichead na Bandan, áirítear na conairí cois abhann ann chomh maith leis na crainn aibí, na bogaigh agus coillte atá ann. Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint na gnéithe seo agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> . Ba cheart tacú le deiseanna féideartha chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú.
BD-GO-08	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

## Sainchuspóirí

1.4.80 Beidh feidhm ag na sainchuspóirí seo a leanas laistigh de theorainn forbartha Dhroichead na Bandan.

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Droichead na Bandan		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Soláthar Cónaitheach/Cónaitheach Breise</b>		
BD-R-01	Forbairt Chónaithe Mheándlús A.* Tacaíonn an láithreán le gnáthóga a bhfuil luach bithéagsúlachta ag gabháil leo; ba cheart foráil a dhéanamh chun iad sin a choinneáil agus a chosaint in aon fhorbairt nua atá le déanamh, nuair is féidir. Tá gá le moltaí chun léiriú conas a chomhtháthaítear an sruth isteach sa leagan amach ó chur chuige bithéagsúlachta agus comhforbartha áite araon.	4.45
BD-RAP-02	Soláthar Cónaithe Bhreise. Forbairt Chónaithe Mheándlús B. Moltaí chun plean tírdhreachaithe a sholáthar lena n-áirítear cóireálacha teorann ar ardchaighdeán go háirithe ar fad na teorann thiar.	6.1
BD-R-03	Forbairt Chónaithe Mheándlús A. Ba chóir go mbeadh Measúnú Tráchta ag gabháil le forbairt an láithreáin seo ina léireofar conas a nascfaidh an láithreán le Conair Nascachta agus Rochtana Dhroichead na Bandan Thuaidh (BD-U-02) agus na gréasáin bhóithre atá sa timpeallacht cheana féin.  Ní mór foráil a dhéanamh leis an leagan amach do naisc bhealaigh choisithe agus rothair le ceantair chónaithe in aice láimhe agus naisc le campas na scoile amach anseo.  Áireoidh moltaí don fhorbairt seo foráil do phlean tírdhreachaithe iomlán chun an scéim a chomhshamlú isteach sa chnoc agus ba cheart go n-áireodh sé coinneáil crann aibí agus teorainneacha.	10.3
BD-R-04	Forbairt Chónaithe Mheándlús A. Tograí lena n-áireofar plean cuimsitheach tírdhreachaithe a mbeidh sé mar chuid de go gcoinneofar na crann atá ar an láithreán cheana féin agus go ndéanfar soláthar imleor a dá gcosaint le linn na tógála.	1
BD-R-05	Forbairt Chónaithe Mheándlús A.	1.2
<b>Cúlchiste Aonad Cónaithe</b>		
BD-RR-01	An Fhorbairt Chónaithe – Forbairt Chónaithe Mheándlús B. Ba cheart go n-áireofar mar chuid d'aon mholadh forbartha don láithreán seo go ndéanfar clúdach crann ar theorainneacha an láithreáin seo a choimeád agus a chosaint, agus beidh sé faoi réir uasghráduithe riachtanacha bóithre agus Measúnú Straitéiseach Riosca Tuile.*	2.1
<b>An Gnó agus an Fhostaíocht Ghinearálta</b>		
BD-B-01	An Fhorbairt Ghnó. Síneadh ar an bhforbairt gnó chomhoibrioch atá ann cheana féin.^	3
BD-B-02	Forbairt Ghnó oiriúnach d'aonaid thionsclaíocha bheaga agus mheánmhéide. Aon bhealach rochtana amháin le bheith ar an láithreán. Cuirfear an scáthphlandáil domhain ar fáil feadh theorainneacha thoir agus theas an láithreáin.^	11.97
BD-B-03	An Fhorbairt Ghnó. An fhorbairt ghnó ghinearálta reatha a choinneáil.^	3
BD-B-04	An Fhorbairt Ghnó. Chun an láithreáin seo a fhorbairt beidh gá le hathailíniú an bhóthair soir ón láithreáin agus ba cheart go n-áireofaí leis cosán do choisithe agus lána rothar isteach ar an mbaile freisin.^	6

**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Droichead na Bandan**

* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in <u>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</u>		^ TIA agus RSA aron ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
BD-B-05	An Fhorbairt Ghnó. Rochtain le bheith ón mbóthar seirbhíse áitiúil ar an taobh thiar den láithreán seachas ón mBóthar Faoisimh.^	3.2
BD-B-06	An Fhorbairt Ghnó. Áireofar leis na moltaí foirgneamh suntasach a sholáthar ar an láithreán seo, agus b'fhéidir óstán. Breithniú cúramach le déanamh ar fhorbairt ar na tailte arda. Is láithreán feiceálach é seo agus meastar go bhfuil tábhacht le tírdhreachú cuí dea-dheartha go háirithe ar fad na teorainneacha ar an taobh theas agus ar an taobh thoir den láithreán. Ba cheart don rochtain ón mbóthar áitiúil ar an taobh thiar den láithreán seachas ón mbóthar faoisimh.^	10.3
BD-B-07	An Fhorbairt Ghnó. An scáthphlandáil domhain ar fad teorainneacha na láithreáin thiar, theas agus thoir le bheith áirithe sna moltaí.^ D'fhéadfadh measúnú tionchair seandálaíochta ag teastáil ó aon tograí forbartha sa limistéar seo lena n-áirítear suirbhé geofisiceach.	8.1
Earnáil na Tionsclaíochta		
BD-I-01	Tionscal a bhaineann le bia. Ní mór maolán oiriúnach agus scáileán tírdhreachaithe ar an taobh thiar agus ó dheas a bheith cuimsithe leis an bhforbairt chun na háiseanna cónaithe atá ann faoi láthair a chosaint.^	2.9
BD-I-02	Earnáil na Tionsclaíochta. Forbairt eastáit tionsclaíochta oiriúnach d'aonaid thionsclaíochta bheaga agus mheánmhéide. Aon bhealach rochtana amháin le bheith ar an láithreán. Cuirfear an scáthphlandáil domhain ar fáil feadh teorainneacha thoir agus theas an láithreáin.^	15.5
Lár an Bhaile		
BD-T-01	Lár an Bhaile.*	17.1
BD-T-02	Lár an Bhaile. Tailte sainaitheanta chun leathnú lár an bhaile a éascú. Ní mór machnamh cúramach a dhéanamh ar dhearadh iomlán an láithreáin shuntasach seo ar an mbealach isteach chuig lár an bhaile. Tá sé tábhachtach go n-oireann an scéim iomlán leis an tírdhreach cois abhann sa cheantar mórtimpeall agus go n-áirítear leis cosáin tríd an láithreán a nascann leis an Siúlbealach Graham Norton atá ann cheana féin.*^	1.3
BD-T-03	Lár an Bhaile. Tailte sainaitheanta chun leathnú lár an bhaile a éascú.*^	1.7
BD-T-04	Lár an Bhaile. Tailte sainaitheanta chun leathnú lár an bhaile a éascú.*^	0.5
An Pobal		
BD-C-01	Úsáid an Phobail. Tailte chun síneadh na reilige a éascú.	1.9
Fóntais agus an Bonneagar		
BD-U-01	Siúlbealach do choisithe agus rotharbhealach a fhorbairt ó lár an bhaile, trí BD-X-01, páirc an bhaile (BD-GR-01) agus ar aghaidh go dtí BD-R-01. Trasnaíonn an bealach atá beartaithe gnáthóga lena mbaineann tábhacht éiceolaíoch lena n-áirítear coillearnach leathanduilleach, scrobarnach agus féarach fluich atá mar chuid de Limistéar Bithéagsúlachta Áitiúil Shruthán Chill Bhrógáin agus Theach na Gléibe. Dearbhaigh cosaint na ngnáthóg seo agus go gcuirtear leo, nuair is féidir.*	
BD-U-02	Conair Nascachta agus Rochtana Dhroichead na Bandan Thuaidh a sholáthar.*	

**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Droichead na Bandan**

* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in <u>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</u>		^ TIA agus RSA ar aon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
BD-U-03	An tsiúlóid do choisithe agus an rotharbhealach feadh bruach na habhann go dtí Eastát Chaisleán Uí Mhathúna a chothabháil agus a leathnú. Siúlóidí cois abhann le forbairt ar aon dul leis an dea-chleachtas arna mholadh lena n-áirítear soláthar a dhéanamh don spás oiriúnach a bheith fágtha isteach ó bhruach na habhann chun cinnte a dhéanamh nach mbíonn droch-thionchair aige ar ghnáthóga ná speicis fionnuisce, ná ar Ghleann Dhroichead na Bandan Thiar (pNHA) ina bhfuil Sean-Choillearnach Ársa agus a dtéann an tsiúlóid seo tríd.	
BD-U-04	An siúlóid coisithe feadh bhruach na habhann go Coill Bhóthar an Teachín a chothabháil agus a leathnú nuair is féidir. Siúlóidí cois abhann le forbairt ar aon dul leis an dea-chleachtas arna mholadh lena n-áirítear soláthar a dhéanamh don spás oiriúnach a bheith fágtha isteach ó bhruach na habhann chun cinnte a dhéanamh nach mbíonn droch-thionchair aige ar ghnáthóga ná speicis fionnuisce.*	
An Bonneagar Glas		
BD-GR-01	Spás oscailte. Taitneamhachtaí i bpáirc an bhaile a chothabháil agus a chosaint.* Trasnaíonn an láithreán gnáthóga a bhfuil tábhacht éiceolaíoch ag gabháil leo, lena n-áirítear coillearnach leathanduilleach, scrobarnach agus féarach fliuch atá mar chuid de Limistéar Bithéagsúlachta Áitiúil Shruthán Chill Bhrógáin agus Theach na Gléibe. Dearbhaigh cosaint na ngnáthóg seo agus go gcuirtear leo, nuair is féidir.	5.8
BD-GA-02	Spás oscailte. Spás oscailte gníomhach le haghaidh caitheamh aimsire poiblí neamhfhoirmiúil lena n-áirítear siúlóid taitneamhachta a sholáthar.* Spreagtar deiseanna chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú trí naisc a chruthú le pNHA Ghleann na Bandan Siar ó Dhroichead na Bandan ina bhfuil gnáthóga Coillearnacha Ársa díreach siar ón gcriosú.	11.1
BD-GA-03	Spás oscailte. Spás oscailte gníomhach le haghaidh caitheamh aimsire poiblí neamhfhoirmiúil lena n-áirítear siúlóid taitneamhachta a sholáthar. Tá codanna den spás oscailte seo mar chuid de thuilemheá Abhainn na Bandan. Spreagtar deiseanna chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú trí naisc a chruthú le pNHA Ghleann na Bandan Siar ó Dhroichead na Bandan ina bhfuil gnáthóga Coillearnacha Ársa díreach siar ón gcriosú.	10.3
BD-GR-04	Spás oscailte. Spás oscailte poiblí Gallows Green a chothabháil agus a fheabhsú. Ba cheart tacú le deiseanna chun an bhithéagsúlacht a bhianeann leis an Abhainn Thobar Bhríde atá in aice a fheabhsú.	0.8
BD-GA-05	Spás oscailte. Páirceanna imeartha a chothabháil (GAA).*	5.7
BD-GA-06	Spás oscailte. Páirceanna imeartha a chothabháil.*	2.5
BD-GC-07	Spás oscailte. Tailte le bheith fágtha oscailte den chuid is mó chun suíomh an bhaile a chosaint. Áirítear sa chriosú spáis oscailte gnáthóga a bhfuil tábhacht éiceolaíochta ag gabháil leo lena n-áirítear coillearnach bhuaircineach leathanduilleach measctha agus crainn scaipthe agus fearann páirce atá mar chuid de Limistéar Bithéagsúlachta Radharc na Páirce. Dearbhaigh cosaint na ngnáthóg seo agus go gcuirtear leo, nuair is féidir.*	26
BD-GC-08	Spás oscailte. Tailte chun crainn agus an limistéar bithéagsúlachta áitiúil a chosaint.*	0.5
BD-GC-09	An Bonneagar Glas Tailte le bheith fágtha oscailte den chuid is mó chun suíomh an Bhaile agus Eastát Chaisleán Uí Mhathúna a chosaint. Tá codanna de na tailte seo mar chuid de thuilemhá d'Abhainn na Bandan* Áirítear leis an gcriosú gnáthóga a bhfuil tábhacht éiceolaíochta ag gabháil leo mar shampla NHA Gleann na Bandan Thiar ó Dhroichead na Bandan, ina bhfuil gnáthóga Coillearnacha Ársa.	5.0



**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Droichead na Bandan**


* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in <u>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</u>		^ TIA agus RSA aron ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Talmhaíocht</b>		
BD-AG-01	An Talmhaíocht	10.3
BD-AG-02	An Talmhaíocht	5.7
<b>Limistéar Beartaís Speisialta</b>		
BD-X-01	<p>Láithreán Deise Bhóthar Chorcaí Déanfar breithniú ar mholtaí d'fhorbairt an láithreáin seo ina ndéanfar soláthar don méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Páirc líneach feadh na teorann iartharach lena gcumseofar siúlhbhealach coisithe agus rotharbhealach;</li> <li>• Forbairt Chónaithe Mheándlús B;</li> <li>• Forbairt úsáide measctha lena n-áirítear an miondíol teoranta ag ceann theas an láithreáin.</li> <li>• Aoisbháúil An Tithíocht aonaid.</li> </ul> <p>Tá sé tábhachtach go gcuirfí i bhfeidhm na nascbhealaí siúlóide agus rotharbhealaigh le tailte in aice le teorainn thiar an láithreáin agus meastar go bhfuil tréscailteacht mhaith agus tírdhrechtú cuimsitheach a choinníonn na crainn aibí atá ann feadh theorainneacha an láithreáin seo riachtanach. Tá gá le páirceáil imleor ar an láithair chun tionchair ar thaitneamhachtaí cónaithe an cheantair a chosc.*^ Ba cheart foráil a dhéanamh chun crainn aibí a choinneáil agus a chosaint ar an láithreán agus chun cúrsa Shruthán Chill Bhrógáin a chosaint freisin. Ba cheart tacú le deiseanna chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú.</p>	5.9
BD-X-02	<p>Láithreán Deise Úsáide Measctha Cheathrú Allman Athfhorbairt chomhordaithe ar an láithreán mór seo a spregadh, ag an mbealach isteach ar an mbaile ón taobh thiar de. Tá an ceantar oiriúnach mar limistéar nua úsáide measctha gnó, óstáin agus cónaithe in aice le lár an bhaile. Leantar le suíomh reatha an Mhargaidh a chur go mór leis an mbaile ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta de. Ní mór go soláthrófaí imeall láidir uirbeach feadh imeall thuaidh an láithreáin chun bealach isteach an bhaile a shainiú mar chuid d'aon thograí athfhorbartha a bheidh ann. Moltar úsáid a bhaint as bloic imlíne chun creatlach uirbeach níos láidre a chruthú agus ba chóir iad seo a dhearadh ar mhaithe leis an bhfreastal is fearr do choisithe/rothaithe. Ní mór go mbeadh baint dhearfach ag leagan amach agus dearadh an limistéir leis an gcoimpléasc stairiúil Drioglann Allman atá ann cheana féin, agus é sin á úsáid mar phríomhchomhartha agus pointe fócasach laistigh den scéim.*^ Maidir le haon tograí laistigh de chríos acmhainneachta seandálaíochta na Séadchomharthaí atá ann cheana féin, beidh measúnú seandálaíochta ag teastáil le bheith déanta orthu mar chuid den phróiseas iarratais phleanála.</p>	13.35
BD-X-03	<p>Ceantar Leathnaithe Chnoc Brógáin 6.1 ha Campas Oideachais a sholáthar lena n-áirítear 1 bhunscoil amháin agus 1 mheánscoil amháin. Ba chóir go mbeadh Measúnú Tráchtá ag gabháil le forbairt an láithreáin seo ina léireofar conas a nascfaidh an láithreán le Conair Nascachta agus Rochtana Dhroichead na Bandan Thuaidh (BD-U-02), BD-R-03 agus na gréasáin bhóithre atá sa timpeallacht cheana féin. Ní mór foráil a dhéanamh leis an leagan amach do naisc bhealaigh choisithe agus rothair le ceantair chónaithe tadhach freisin lena n-áirítear BD-R-03. Áireoidh moltaí don fhorbairt seo foráil do phlean tírdhreachaithe iomlán chun an scéim a chomhshamlú isteach sa chnoc agus ba cheart go n-áireodh sé coinneáil crann aibí agus teorainneacha.</p>	19.89

**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Droichead na Bandan**

* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in <u>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</u>		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
BD-X-04	Oifig Úsáide Measctha, Miondíol (miondíol áise go príomha) agus Ceantar Cónaithe. Tá féidearthacht ann foirgneamh suntasach a thógáil ag an acomhal leis an mBóthar Faoisimh Theas.^	2.0
BD-X-05	<p>Diméin Chaisleán Uí Mhathúna: Spreagadh a thabhairt don láithreán seo a fhorbairt ar bhealach íogair i bhfiannaise ardluach ailtireachta agus tírdhreacha an tsuímh, agus ag féachaint dó go bhfuil sé i dTaifead na Struchtúr Cosanta agus ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar fhorbairt le haghaidh úsáidí turasoíreachta agus taitneamhachta lena n-áirítear óstán chomh maith le soláthar teoranta d'fhorbairt chónaithe agus soláthar siúlóide poiblí sábháilte tríd an láithreán, ag nascadh Caisleán Uí Mhathúna le Baile na Bandan. Maidir le haon fhorbairt laistigh den diméin (lena n-áirítear na struchtúir) beidh siad faoi réir measúnaithe riachtanacha agus ní mór é a dhéanamh ar bhealach íogair a chosnóidh sláine agus carachtar an láithreáin seo (go háirithe na crainn aibí agus na coillearnacha).</p> <p>Ní mór do ghairmithe caomhantais creidiúnaithe forbairt ar an láithreán seo, faoi réir measúnaithe cuimsitheacha agus mionsonraithe ar an eastát ina iomláine chun forbairt a bhaint amach a chaomhnaíonn agus a fheabhsaíonn carachtar agus tábhacht Chaisleán Uí Mhathúna chomh maith le measúnú iomlán caomhnaithe, tírdhreacha agus éiceolaíochta ar an bhfoirgneamh agus an diméin a ghabhann leis, agus ba chóir go mbeadh moltaí áirithe leis chun cobhsaíocht na bhfoirgneamh a chinntiú amach anseo. Beidh forbairt an láithreáin faoi réir ullmhú máistirphlean creatlaí.</p>	21.33



# Droichead na Bandan



ciliméadar

Colpcheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cosaint. San áireamh tá sonraí Suirbhéireacht Ordánais Éireann a aithreaghadh faoi umthír cheadúnais OSI Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sártaonn aithreaghadh neamhúdartha Suirbhé ordánais Éireann agus colpcheart Rialtas na hÉireann © Suirbhé Ordánais Éireann 2022



## 1.5 Cionn tSáile

### Fís agus Comhthéacs

- 1.5.1 Aithnítear Cionn tSáile mar Phríomhlonnaíocht laistigh de Cheantar Bardasach Dhroichead na Bandan Cionn tSáile. Tá an lonnaíocht suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Mórcheantar Chorcaí agus sainítear é mar "Cuarbhaile" sa Phlean. Tá Cionn tSáile (lena n-áirítear Daingean Rinn Chorráin) tugtha faoi deara san RSES mar cheann de na príomh-ionaid is díol spéise do thurasóirí sa chontae. Ó thréimhse feidhme an Phlean deiridh, tá Comhairle Baile Chionn tSáile díscailte agus mar sin leagann an Plean seo amach don chéad uair straitéis pleanála aonair don bhaile agus dá phurláin.
- 1.5.2 Is iad na haidhmeanna straitéiseacha do Chionn tSáile ná soláthar a dhéanamh d'fhorbairt bhreise chónaithe agus fostaíochta a dhaingníonn foirm dhlúth an bhaile, a fhreagraíonn dá shuíomh iógair radhairc, cósta agus a leanann ar aghaidh ag tacú lena fheidhmeanna speisialta oidhreachta, mara agus turasóireachta. Tá sé tábhachtach freisin go gcuirfí na tionscail bhonneagair atá beartaithe don bhaile i gcrích go tráthúil.
- 1.5.3 Tá sé mar chuspóir ag an bPlean sócmhainní oidhreachta nádúrtha agus tógtha na lonnaíochta cósta meánaoisí a chosaint agus a fheabhsú agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt Chionn tSáile mar cheann de phríomh-ionaid turasóireachta an Chontae. Tá an fhorbairt sa toadhcháí dírithe ar chomhdhlúthú an bhaile agus ar a fhairsingiú teoranta chun meas a léiriú ar oidhreacht ailtireachta an bhaile agus ar thírdhreach catha uathúil a chuireann le suíomh sárscéimhe agus cósta an bhaile.

### An Comhthéacs Áitiúil

- 1.5.4 Is baile gleoite é Baile Chionn tSáile atá suite ar thaobh inbhear tarraingteach na Bandan. Tá bailidhreach meánaoiseach an bhaile agus an stoc foirgneamh ildaite atá ann curtha i gcroílár an tairiscint idirnáisiúnta sómasach, miondíola nideoige lena n-áirítear tairiscint bríomhar ealaíne agus ceardaíochta agus foirgnimh chultúrtha. Tá an cuan i gcroílár gníomhaíochtaí éagsúla mara lena n-áirítear an luamhaireacht agus an tsliatiascaireacht farraige. Is daingin mhuirí suntasacha iad Daingean Rinn Chorráin agus an Seandaingean atá ar an dá thaobh de bhéal an chuain agus is cinn scríbe oidhreachta iad an dá cheann díbh a bhfuil tóir orthu. Is lonnaíochtaí imeallacha beaga tarraingteacha iad Sailí agus Carraigín na Plubóige atá cuimsithe i dteorainn forbartha an bhaile.

### Breithnithe agus Moltaí Pleanála

- 1.5.5 Tá roinnt srianta fisiceacha ann a imreoidh tionchar soiléir ar threo fáis an bhaile sa toadhcháí. Is iad na srianta fisiceacha céanna seo na gnéithe nádúrtha a chuir lena rathúlacht chomh maith, agus tá siad le fáil laistigh den chuan sárscéimhe agus stairiúil agus timpeall air agus is iad na gnéithe is mó atá feiceálach ar theorainneacha theas agus oirthearacha an bhaile.
- 1.5.6 Ar an taobh thoir, tá sé tábhachtach go gcoimeádtar bealach isteach ar an mbaile atá tarraingteach. D'aithin pleananna roimhe seo na 'méara glasa' talún lasmuigh den teorainn forbartha a scarann lonnaíochtaí stairiúla Sailí agus Carraigín na Plubóige ón bpríomhbhaile agus a dtábhacht do shuíomh an bhaile i gcoitinne. Tá sé i gceist go dtabharfaí an polasaí seo ar aghaidh sa phlean seo. Tá sé ar intinn leis an bPlean seo tuilleadh treorach maidir leis an gcomhfhorbairt áite a sholáthar maidir le bainistiú na timpeallachta tógtha laistigh den dá nód satailíte seo, Sailí agus Carraigín na Plubóige.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 1.5.7 I nDaonáireamh 2016, taifeadh 5,281 duine mar an daonra in gCionn tSáile, agus is ionann sin agus méadú 388 duine ar an líon daoine i nDaonáireamh 2011. Léirítear i bhfigiúirí geo-eolaire don tréimhse 2015-2020 fás dearfach ar an stoc tithíochta, suas ó 2,522 in 2015 go 2,819 in 2020, is ionann sin agus fás de 297 aonad. Atreisítear an treocht seo leis na mionsonraí faoi líon na bhforbairtí atá beagnach críochnaithe agus na haonaid atá geallta trí fhógraí tosaithe idir 1/1/16 agus 31/8/20 freisin, lena n-áirítear 319 aonad breise. Tá roinnt fianaise ann, áfach, go bhfuil aonaid folmha laistigh d'éastát neamhchríochnaithe ag Dún na Mainistreach ar imeall thuaisceartach an bhaile.
- 1.5.8 Tá sprioc daonra de 6,338 leithdháilte ar Chionn tSáile sa Phlean, rud a léiríonn fás de bhreis agus 2,000 duine ar an líon daoine i nDaonáireamh 2016. Chun freastal ar an leibhéal seo d'fhás sa daonra, beidh 404 aonad tithíochta breise ag teastáil. Bunaithe ar riachtanas an Chreata Náisiúnta Pleanála fás dlúth spriocdhírthe a sheachadadh laistigh de limistéar tógtha an bhaile agus tiomantas an Phlean chun dlúis níos airde a sheachadadh, tá riachtanas talún níos ísle ag teastáil anois ná mar a bhí i bpleananna roimhe seo.
- 1.5.9 Is éard is cuspóir na straitéise forbartha do Chionn tSáile ná tithíocht nua a fhorbairt agus an daonra a fhás in aice le lorg uirbeach an bhaile mar atá sé faoi láthair chun na deiseanna siúlóide agus rothaíochta laistigh den bhaile a uasmhéadú agus chun a chruth dhlúth-uirbeach a threisiú. Tá béim láidir curtha anois ar úsáid níos fearr a bhaint as an stoc foirgneamh atá ann cheana féin, ar thosaíocht a thabhairt do thalamh athfhorbraíochta agus tearcúsáidte agus sainaithe deiseanna athghiniúna agus inlíonta. Is féidir le torthaí an Staidéir Acmhainne Uirbigh cur le sprioc na croi-straitéise laistigh den stoc foirgneamh atá ann cheana féin agus lorg tógtha an bhaile.
- 1.5.10 Is féidir an riachtanas tithíochta úrnua de 247 aonad a bhaint amach leis na tailte Sraith 1 atá fós ann. Mar gheall ar choimpléasc fairsing na Páirce Catha, áireofar soláthar chun béim a leagan ar an ngá atá leis an scagadh seandálaíochta laistigh de thailte áirithe timpeall an bhaile agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar an toradh féideartha ó láithreáin áirithe.



**Tábla 5.1.6 An Daonra, an Tithíocht agus an Limistéir Chónaithe i gCionn tSáile**

	Riachtanais Tithíochta			Soláthar Tithíochta		
	Daonra Dhaonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra (go dtí 2028)	Aonaid Nua atá ag Teastáil (go dtí 2028)	An Soláthar Tithíochta ón gCriosú Úsáide Cónaithe agus Measctha araon lena n-áirítear Láithreáin Dlúth-Fháis	An Soláthar Tithíochta ó Láithreáin Soláthair Breise Cónaithe	An Soláthar Tithíochta ón gCúlstoc Cónaithe
Cionn tSáile	5,281	6,338	404	404	77	243

**Tábla 5.1.7 Daonra Chionn tSáile, 2006-2028**

Ainm	Daonáireamh 2006	Daonáireamh 2011	Daonáireamh 2016	Méadú atá Beartaithe suas go dtí 2028
Cionn tSáile	4,099	4,893	5,281	6,338

1.5.11 Tá soláthar maith tithíochta gar do lár an bhaile agus tá úsáid chónaithe fós mar chuid lárnach de charachtar ilúsáide an bhaile. Is cúinse tábhachtach é cóngaracht na n-úsáidí cónaithe don chroílár chun an beogacht agus an inmharthanacht a bhaint amach laistigh de lár bailte agus tá Cionn tSáile ar cheann den líon bheag bailte a bhfuil an meascán stairiúil úsáide talún seo coimeáda acu. Moltar beartais a chosnaíonn úsáid chónaithe laistigh de lár an bhaile agus stoc tithíochta tábhachtach in aice leis an gcroílár. Áirítear orthu siúd na sráideanna ag seo a leanas:

- Cearnóg an Mhargaidh
- Lána an Mhargaidh

1.5.12 Sna ceantair seo ní thabharfar spreagadh d'athrú úsáide tithe d'úsáid neamhchónaithe a mbeadh tionchar aige sin ar thaitneamhachtaí cónaithe an cheantair mar gheall ar thorann agus trácht nó a d'fhágfadh go gcaillfí aonaid don chóiríocht teaghlaigh.

### Treoir um an gComhfhorbairt Áite agus an Dearadh Uirbeach

1.5.13 D'fhorbair Cionn tSáile mar bhaile múrtha cósta Meánaoise a chruthaigh struchtúr uirbeach mínghráinneach laistigh den lárionad stairiúil thart ar Shráid an Mhargaidh. Tá na ceapaí agus na sráideanna cúng agus tá na foirgnimh idir 2 agus 3 stór den chuid is mó. Tá roinnt gnéithe suimiúla agus uathúla sa bhailidhreach mar shampla mionsonraí cúinne bogha ar fhoirgnimh agus aghaidheanna sclátaí.

1.5.14 Tá leagan amach níos foirmeálta i gceist le sintí ar an mbaile a ndearnadh níos déanaí iad, sa Ré Seoirseach, feadh Ché an Mhargaidh agus Sráid an Phiarsaigh le sráideanna níos leithne agus airde foirgneamh níos airde suas go dtí 4 stór socraithe i méideanna plota agus bloic níos garbh.

1.5.15 D'fhorbair Sailí agus Carraigín na Plubóige mar nóid ar leith agus tá carachtar tuaithe agus fhoirgnimh ar scála níos lú le brath iontu, chomh maith le sráideanna cúnga agus claíocha cloiche tarraingteacha. Cuirtear treoir ar fáil chun príomhghnéithe an charachtair a chosaint agus chun cabhrú le forbairt nua cur go dearfach le foirm thógtha an cheantair.

### Treoir um an Dearadh Uirbeach

1.5.16 Tá an timpeallacht mhiondíola laistigh den bhaile sainiúil agus tréithrithe ag bailidhreach meánaoiseach ildaite de shráideanna cúnga lúbacha agus d'aghaidheanna siopaí traidisiúnta atá mar dhlúth-chuid dá charachtar agus dá ainmniúchán mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta a ghabhann leis sin. Soláthraítear saintreoir dearaidh uirbigh ar bhonn sráid ar shráid i dTábla 5.1.8 lena chinntiú go mbaintear amach ardchaighdeán dearaidh leis an bhforbairt nua agus go gcuireann sí go dearfach leis an timpeallacht stairiúil. Tá fianaise ann go bhfuil meath tagtha ar cháilíocht agus ar dhearadh aghaidheanna siopaí laistigh de lár an bhaile stairiúil laistigh de lár an bhaile atá ina Limistéar Caomhantais Ailtireachta ainmnithe. Caithfidh dearadh na n-aghaidheanna siopaí cloí le Doiciméad Treorach na Comhairle dar teideal "Éadan Siopaí Chontae Chorcaí – Treoir Dearaidh don Suíomh Stairiúil".

1.5.17 Is cuid dhílis d'eispéireas Chionn tSáile na nóid satailíte cois uisce ag Carraigín na Plubóige agus ag Sailí agus soláthraítear treoir phleanála bhreise sa Phlean seo chun a gcarachtar uathúil a chosaint dá réir. Tá oidhreacht ailtireachta níos mionscagtha sna nóid satailíte seo atá nasctha le Cionn tSáile chomh maith le roinnt gnéithe tarraingteacha bailidhreacha nach mór iad a shainiú chun cabhrú leis an bhforbairt, chun tograí a imlíonadh nó mionathruithe ar fhoirgnimh atá ann cheana a threorú amach anseo.

Tábla 5.1.8: Treoir um an gComhfhorbairt Áite agus an Dearadh Uirbeach

Criosú	Ainm na Sráide	Treoir maidir le Sráideanna/Suíomh
KS-T-01	Sráid Uí Chonaill Íochtarach	Chun an athnuachan a chur chun cinn agus a spreagadh ar bhealach cúramach íogair agus chun grán uirbeach na Meánaoise a chosaint ach foirgnimh atá ann cheana féin a athchóiriú, an ailtireacht nuálaíoch a chur chun cinn agus an fhorbairt aonúsáide ar scála mór a sheachaint. Ba chóir go mbeadh próifíl na ndín i gcomhréir leis an 35° go 55°, clúdaithe le sclátaí gorma/liath agus ag crochadh siar thar na sceimhleacha. Ba chóir go gcloifair le comhréireanna na bhfuinneoga stairiúla, ba chóir go mbeadh na leaca mór go leor agus ba cheart pánaí móra de ghloine neamhroinnte nach n-oireann do charachtar Chionn tSáile a sheachaint. Ní mór go léireofar meas sna tograí inlonta ar leithead cúng na gceapaí 6-10 m (uasmhéid) agus go gcoimeádfar an bhéim láidir ingearach sa sráid-dreach atá cruthaithe leis na fuinneoga agus na simléir. Ábhair foirgneamh nua chun an rogha stairiúil cloiche nádúrtha agus scláta a léiriú.
KS-T-01	Sráid an Phiarsaigh/An Ché Fhada	Tá meascán de níos mó chineálacha foirgneamh lena n-áirítear roinnt foirgneamh breá ón 19ú haois le feiceáil ar an tsráid Sheoirseach seo. Tá éagsúlacht ann ó thaobh airde na bhfoirgneamh, idir 1-4 stór, atá ar an tsráid seo atá níos leithne ná na cinn eile atá le feiceáil ina timpeall sa chroílár meánaoiseach. Ba chóir go gcloifair le comhréireanna na bhfuinneoga stairiúla, ba chóir go mbeadh na leaca mór go leor agus ba cheart pánaí móra de ghloine neamhroinnte nach n-oireann do charachtar Chionn tSáile a sheachaint. Tá meath áirithe tagtha ar réimse poiblí na sráide stairiúla seo. Beidh tograí nua ag teastáil den tsráid maidir leis na hábhair agus mionsonraí cuí nach mór áireamh i dtoscán sráide mar shampla céimeanna, ráillí srl. chun urraim a léiriú dá charachtar stairiúil. Go ginearálta, ba chóir go leanfadh dlúis na daonra leis na patrúin dlúis bhunaithe stairiúla maidir leis an bhforbairt laistigh den bhaile ina ndéantar soláthar do 1 nó 2 aonad cónaithe thuas, agus úsáid tráchtála urlár na talún, den chuid is mó.
Úsáidí Cónaithe/ Cónaithe Measctha agus Úsáidí Eile	Sailí agus Carraigin na Plubóige:	Tá na ceantair inainithe ag an tithíocht sraithe tarraingteach ann agus na radharcanna fairsinge cósta atá le brath uaidh. Laistigh de chroílár na sráidbhailte seo, a bhfuil na foirgnimh iontu lán mionsonraí, spreagar daoine gan foirgnimh stairiúla atá mar chuid lárnach de charachtar an bhailedhreacha a leagadh. Lasmuigh den chroílár stairiúil, ní mór aon áitribh athsholáthair a bheith ar scála, foirm agus bailchríoch ábhartha a oireann dá gcomhthéacs áitiúil. Teorainneacha cois bóthair nádúrtha le coinneáil nó le hathchóiriú mar gur cuid dhílis de charachtar na háite iad.

## Limistéir Athghiniúna

- 1.5.18 Dírionn an straitéis umlár an bhaile ar chreatlach stairiúil an bhaile a chosaint agus aon talamh athghiniúna a aithint a d'fhéadfadh cur le stoc tógála agus cumas an bhaile chun forbairt úsáide measctha breise a éascú. Tá dhá láithreán athnuachana cois uisce sainaitheanta agus tá siad mionsonraithe i dTábla 5.1.9 mar aon le Ceantar Athghiniúna eile atá sainaitheanta ar phríomhshuíomh tairsí ar Shráid an Phiarsaigh ina bhfuil foirgneamh stairiúil leathfolamh agus roinnt réadmhaoine tadhlaigh.

Tábla 5.1.9 Limistéir Athghiniúna i gCionn tSáile

Limistéir Athghiniúna	Uimhir agus Cur Síos
	<p>KS-RA 01: Bóthar na Céibhe/An Phríomhshráid Tá an láithreán suite laistigh den limistéir criosaithe lár an bhaile (T-01) agus is láithreán athghiniúna inlonta ardphróifíle é a théann ar fad Bóthar na Céibhe ar féidir leis líne tógála an bhloc imlíne atá ann cheana féin a leathnú agus éadanas ardchaighdeáin a chruthú ag féachaint síos ar an gcé. Maidir leis an dearadh, an bhunchruth agus an scála ann, ní mór go ndéanfaí tagairt do shuíomh an láithreáin i gCeantar Caomhnaithe Ailtireachta ina bhfuil sé mar bheartas a charachtar speisialta agus a ghaol leis na haonaid réadmhaoine atá ar an bPríomhshráid a chosaint. Spreagtar cur chuige ilchineálach sa Phlean maidir le haon scéim amach anseo lena n-áirítear soláthar úsáidí tráchtála ar urlár na talún. Ba cheart go mbeadh rochtain dorais ar leith, dóibh féin go heisiach, maidir leis na húsáidí cónaithe ar na hurláir uachtaracha.</p>

Tábla 5.1.9 Limistéir Athghiniúna i gCionn tSáile



**KS-RA-02: Sráid an Phiarsaigh**

Tá foirgneamh ardphróifile ar an láithreán comhdhéanta d'fhoirgneamh oidhreachta ón 18ú haois (Centra) atá folamh go páirteach agus roinnt aonad réadmhaoine díreach taobh leis níos lú laistigh de limistéar criosaithe Lár an Bhaile (KS-T-01). I gcás aon oibreacha a ndéanfaí, ní mór na lánai stairiúla atá ag freastal ar chúil an láithreáin a choinneáil, agus ní mór dóibh freagairt go fabhrach dá shuíomh laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta freisin.



**KS-RA-03: Bóthar na Cé/Sráid an Mhargaidh**

Tá radharc ón suíomh feiceálach seo amach ar an gCladach ar Bhóthar na Céibhe agus tá struchtúr cosanta ann freisin (ar a dtugtar Radharc na Mara) a bhfuil a aghaidh ag féachaint amach ar shráid-dreach na Príomhshráide agus atá mar cheann scríbe ceannasach don tsráid.

Tá an struchtúr folamh agus leath-thrígthe laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta Chionn tSáile.

Tá féidearthacht ann struchtúr inlíonta íogair a sholáthar ar Bhóthar na Céibhe chun sainmhíniú agus maoirseacht níos fearr a chruthú ar spásanna poiblí taobh leis.

Ní mór go n-áireodh aon fhorbairt ar an láithreán moltaí chun an Struchtúr Cosanta atá ann faoi láthair a athchóiriú, faoi threoir gairmí caomhnaithe. Ní mór freagairt go fabhrach dá shuíomh laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta nuair a shonraítear aon ghnéithe athchóirithe agus tógála nua.

## Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 1.5.19 Tá áiseanna pobail lonnaithe ar fud an bhaile lena n-áirítear leabharlann agus stáisiún gardaí. Tá áis nua ilfheidhmeach pobail tógtha sa bhaile. Tacaíonn an Chomhairle le soláthar áiseanna breise pobail sa bhaile a d'fhéadfadh freastal ar éagsúlacht úsáideoirí ar nós Seid na bhFear, Caifé an Óige agus grúpaí ealaíon áitiúla. I gCarráigin na Plubóige, tacaíonn an Chomhairle le hEaglais Naomh Caitríona a athúsáid go hurramach le haghaidh gníomhaíochtaí pobail/cultúrtha.
- 1.5.20 Tá an baile ag freastal ar áiseanna linn snámha laistigh de roinnt de na coimpléisc óstán atá sa bhaile. Bunaíodh Cumann Pobail Cheantar Tuaithe Chionn tSáile Teo (KRD) sa bhliain 2000 chun saoráid spóirt chomhtháite a chruthú sa bhaile ag an gCeapach, os comhair Phobalscoil Chionn tSáile. Tá céim tosaigh an tionscadail críochnaithe agus áirítear leis seomraí pobail, halla spóirt, seomraí feistis, 2 chúirt leadóige, gairdín taitneamhachta agus páirceanna imeartha allamuigh uile-aimsire. Tá pleananna chun linn snámha 25 m a fhorbairt nach bhfuil tús curtha leo go deo.
- 1.5.21 Is teach altranais 40 leaba é Ospidéal Pobail Chionn tSáile atá suite ar imeall thuaidh an bhaile, ar láithreán aibí. Tá tuilleadh áiseanna tithe altranais agus cóiríochta scoir lonnaithe in Haven Bay Care Centre.
- 1.5.22 Tá meánscoil (Pobalscoil Chionn tSáile) agus trí bhunscoil ag freastal ar mhuintir an bhaile. Cuireadh scoil nua ar fáil le déanaí a chuir leis an soláthar áiteanna bunscoile sa bhaile. Tá áiseanna oideachais scaipthe ar an taobh thuaidh agus ar an taobh theas den bhaile gar do cheantair chónaithe seanbhunaithe. Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna an gá atá le dhá bhunscoil agus meánscoil amháin sa bhaile a shainiú. Tá sé beartaithe do cheann de na bunscoileanna an spriocfhás daonra sa bhaile a éascú; is éard is cuspóir leis an gceann eile chun ná an chóiríocht bhuan a éascú do Scoil Náisiúnta Charraigin na Plubóige, atá críosaithe KS-C-04. Tá Gaelscoil Chionn tSáile ag feidhmiú i bhfoirgneamh réamhdhéanta faoi láthair agus tá aonad saintógtha de dhíth uirthi. Tá an láithreán ag an gCeapach críosaithe le haghaidh úsáid oideachais agus ceadáíonn sé leathnú ag an áis seo faoi KS-C-02.
- 1.5.23 Le foirm dhlúth agus tréscailteach an bhaile, cuirtear an siúl agus an rotháil chun cinn. Tá deiseanna ann, áfach, naisc a fheabhsú tuilleadh idir ceantair chónaithe agus scoileanna agus trí bhearta maolaithe tráchta a chur i bhfeidhm ag suimh phríomhúla. Tá sé tugtha le fios i bhfigiúirí POWSCAR go bhfuil leibhéal arda siúlóide sa bhaile cheana féin mar "mhodh taistil chun oibre" agus tá an plean ag iarraidh tógáil ar an gcultúr siúil dearfach seo agus cabhrú le sciar níos mó de mhodhanna glasa a spreagadh le haghaidh turais siopadóireachta scoile/áitiúla. Is féidir leis seo cabhrú chun an brú tráchta a mhaolú ag buaic-amanna agus stíl mhaireachtála níos sláintiúla a chur chun cinn don daonra ann.
- 1.5.24 Tá dhá áit súgartha ag freastal ar Chionn tSáile faoi láthair – ceann amháin ar Bhóthar na Céibhe, áis a mbaintear úsáid go mór aisti sa bhaile agus an dara ceann ag Siúlóid Chaitliceach Íochtarach a fhreastalaíonn ar leanaí óga.


## An Oidhreacht Nádúrtha

- 1.5.25 Tacaíonn Cionn tSáile le roinnt limistéar a bhfuil luach bithéagsúlachta ag gabháil leo. Ina measc tá an Seandaingean, atá ag gobadh amach ar Chuan Chionn tSáile agus a bhfuil sé beartaithe é a ainmniú mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (Cód Láithreán pNHA 1060), agus bogaigh Riasc na Camóige. Chomh maith leis sin tá roinnt limistéar coillearnaí beaga a bhfuil luach éiceolaíoch ag gabháil leo laistigh de theorainn an bhaile.

## An Bonneagar Glas

- 1.5.26 Is féidir le spásanna poiblí feidhmeanna éagsúla a sholáthar freisin lena n-áirítear caitheamh aimsire gníomhach agus éighníomhach, taitneamhacht amhairc (i.e. radhairc thábhachtacha ar an tírdhreach), spás a chur ar leataobh don dúlra, faoiseamh ó thuilte agus uisce stoirme, cáilíocht uisce a chosaint agus freastal ar riachtanais shocheacnamaíocha tábhachtacha (amhail freastal áiteanna). Tá éagsúlacht feidhmeanna ag gabháil leis an spás oscailte atá i gCionn tSáile faoi láthair.
- 1.5.27 Tá soláthar maithe de spásanna oscailte gníomhacha agus éighníomhacha sa bhaile, lena n-áirítear coimpléasc GAA, faichí rugaí, faichí sacair, cúrsaí gaill agus cúirteanna leadóige léana. Forbraíodh roinnt siúlóidí cósta timpeall an chuain. Tá roinnt mionpháirceanna sa bhaile agus tá rochtain le fáil ann ar thránna in aice láimhe (An Duga) ach níl deiseanna ann chun suí síos agus taitneamh a bhaint as taitneamhachtaí sárscéimhe an cheantair ná chun idirghníomhú leis an uisce. Soláthar páirceála carranna is mó atá ar na céibheanna faoi láthair agus ní mór machnamh a dhéanamh ar bhúlghard/clárchosán tiomnaithe do choisithe a sholáthar feadh an chladaigh tharraingteach agus deiseanna a áireamh ann chun suí síos agus taitneamh a bhaint as na radharcanna sárscéimhe agus as gníomhaíochtaí muirí.
- 1.5.28 Áirítear sa Phlean roinnt láithreán atá críosaithe mar an bonneagar glas a sholáthraíonn spás oscailte laistigh den bhaile. Áiríonn leis seo moltaí do Pháirc Bhaile nua, nach mór dearadh mionsonraithe a bheith déanta ina leith. D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná aon suíomh amháin ann inar féidir é seo a sholáthar. Tá tailte atá críosaithe mar KS-GC-09 chun suíomh Shéipéal Carmelite a chosaint ina láthair féideartha le haghaidh páirce amach anseo gar do lár an bhaile. Is éard is ról an Phlean ná comhstraitéis a sholáthar ag baint an úsáid is fearr as an líonra áineasa agus spás glas atá laistigh den bhaile, ag cosaint sócmhainní oidhreachta nádúrtha an bhaile, ag feabhsú an rochtain idir spásanna agus ag cosaint príomhshócmhainní áineasa.
- 1.5.29 Tá tailte arna gcriosadh mar "talmhaíocht" roimhe seo i bPlean an Bhaile ag Gort an Chapaill Duibhe san áireamh anois sa réim críosála bonneagair ghlais mar gheall ar an méid tábhachtach amhairc a chuireann sé leis an mbaile agus a shuíomh i gcrios tábhachtach na Páirce Catha. Tá limistéir eile ardfheiceálacha á gcosaint i gcónaí mar aon le stráice nua de Spás Oscailte (KS-GC-13) ag Coill Shailí ar limistéar tábhachtach é freisin a bhfuil luach áitiúil bithéagsúlachta ag baint leis. I bhFigiúr 5.1.4, léirítear na sócmhainní bonneagair ghlais an bhaile mar atá ann faoi láthair. Tá limistéar nua talún sainaitheanta mar spás oscailte gníomhach in iarthuaisceart an bhaile (KS-GA-12) gar do na háiseanna scoile atá ann cheana féin.





Figiúr 5.1.4 Cionn tSáile - An Bonneagar Glas

1.5.30 Tá an baile ag freastal ar áiseanna linn snámha laistigh de roinnt de na coimpléisc óstán atá sa bhaile. Bunaíodh Cumann Pobail Cheantar Tuaithe Chionn tSáile Teo (KRD) sa bhliain 2000 chun saoráid spóirt chomhtháite a chruthú sa bhaile ag an gCeapach, os comhair Phobalscoil Chionn tSáile. Tá an tionscadal críochnaithe anois agus cuimsítear leis halla pobail, halla spóirt, seomraí cruinnithe, stiúideo rince, páirceanna uile-aimsire lasmuigh, raon reatha agus linn snámha 25 méadar. Tá céim tosaigh an tionscail tugtha chun críche agus áirítear ann halla pobail, halla spóirt agus páirceanna uile-aimsire allamuigh. Tá pleananna chun seomraí cruinnithe, stiúideo rince, raon reatha agus linn snámha 25 m a thógáil fós le dul chun cinn.

### **An Geilleagar agus an Fhostaíocht**

1.5.31 Tacaíonn an Plean le haidhm Chionn tSáile barr a achmainneacht eacnamaíoch a chomhlíonadh mar ionad uirbeach ardchaighdeán ina soláthraítear an fhostaíocht, áiseanna siopadóireachta, seirbhísí agus iompar poiblí dá chúlchríoch tuaithe. Tá geilleagar áitiúil Chionn tSáile bunaithe ar an turasóireacht den chuid is mó. Tá cáil idirnáisiúnta turasóireachta ar an mbaile bunaithe ar a bhailidhreach iocónach, a oidhreacht, a chuan nádúrtha agus caitheamh aimsire uiscebhunaithe, a thairiscint chócaireachta agus a shaintréithe sárscéimhe.

1.5.32 Is é lár an bhaile an príomhshuíomh le haghaidh miondíola agus seirbhísí agus pléitear leis na saincheistean seo ar leithligh sa Phlean. Bhí thart ar 24.8 ha talún sna críocha oirthearacha den bhaile críosaithe roimhe seo don ghnó agus tionscail i bPlean Ceantair Áitiúil Chionn tSáile Dhroichead na Bandan (2017). Tá roinnt fhorbairt déanta sna tailte seo lena n-áirítear KS-B-02 agus rachaidh tailte laistigh den iar-chomhairle baile EE-1 agus tá EE-2 chun tiontú ar ais anois chuig Úsáid Mheasctha/Ginearálta Gnó/Tionsclaíoch Reatha. Tá 1 láithreán mór amháin tionscail éadrom ar imeall thoir an bhaile fós áirithe sa soláthar talún fostaíochta agus 2 chríos láithreáin le haghaidh fostaíochta ginearálta laistigh de limistéar fostaíochta seanbhunaithe.

1.5.33 In 2016 bhí 2,586 duine ina gcónaí i gCionn tSáile a bhí sa lucht saothair agus astu sin, bhí 90.1% díobh (2,331 duine) ag obair. Thit an ráta difhostaíochta sa bhaile ó 10% in 2011 go 6% in 2016. Tháinig méadú ar líon na bpinsinéirí (29.97%) agus na ndaoine nach bhfuil in ann obair a dhéanamh de bharr tinnis nó míchumais (25.71%) ar fhiigiúirí Dhaonáireamh 2011 a chonacthas i gCionn tSáile méadú. Tá sonraí POWSCAR atá ar fáil do Chionn tSáile bunaithe ar limistéar geografach beagán níos éagsúla ná na cinn sna próifíil baile CSO. San anailís seo léirítear go bhfuil 53.2% de na fostaithe ar fad atá ríofa ann ina gcónaí sa limistéar staidéir agus go dtaistealaíonn céatadán comhchosúil (66.6%) chuig a n-ionad oibre laistigh de TRCanna Mhórcheantar Chorcaí. 67.1% de na turais go léir a ndearnadh chun dul ag obair, rinneadh i gcarr iad. B'údar misnigh é na modhanna glasa os rud é gur taifeadadh ráta siúil laistigh den limistéar staidéir de 14.5% agus leibhéal rothaíochta de 1.1% maidir leis an scoilt mhódúil, agus tá cruth dlúth an bhaile le brath sna rátaí sin.

## An Turasóireacht

- 1.5.34 Tá tairiscint bailedhreacha agus muirí stairiúil agus tarraingteach Chionn tSáile mar bhunús le margadh turasóireachta an bhaile. Tá sé d'aidhm ag an bPlean leanúint ar aghaidh ag cosaint agus ag feabhsú sócmhainní oidhreachta nádúrtha agus tógtha an bhaile chun é a fhorbairt mar Phríomh-Áite Turasóireachta a éascú. In 2019, cuireadh Daingean Rinn Chorráin san áireamh sna 50 áit is fearr in Éirinn a ghearrann taillí.
- 1.5.35 D'ullmhaigh Cumann Turasóireachta & Tráchtála Chionn tSáile 'Straitéis Téarnaimh Reconnect in Kinsale 2021' a mheastar a bheith ina shampla nuálaíoch de chomhairliúchán le geallsealbhóirí agus úinéireacht an phobail áitiúil.
- 1.5.36 Faoi láthair tá tábhacht stairiúil agus ailtireachta bailedhreach Chionn tSáile mar aon lena stoc foirgneamh mórtábhseach faoi chosaint ag Limistéar Caomhantais Ailtireachta mór a chlúdaíonn dlínse iomlán na hiar-Chomhairle Baile agus trí líon ard de struchtúir chosanta a ainmniú, cuid acu de Tábhacht Náisiúnta.
- 1.5.37 Tá sé mar aidhm ag suíomh an bhaile ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin a tharraingteacht don mhargadh saoire thar lear agus baile a mhéadú tuilleadh. Chun a chinntiú go leanann Cionn tSáile ar aghaidh ag barrfeabhsú an margadh nideoga turasóireachta atá san áit, tá gá le hinfheistíocht a dhéanamh i míreanna tábhachtacha bonneagair. D'aithin an Straitéis um Bonneagar Fóillíochta Mara (2010 – 2020) áiseanna nach mór iad a sholáthar/feabhsú chun cáilíocht thimpeallacht mhuirí an bhaile a mhéadú agus tá siad seo mar chuid de chreat forbartha an Phlean don todhchaí. I measc na bpríomh-mhíreanna a bhfuil béim leagtha orthu sa doiciméad tá saincheisteanna a bhaineann le rochtain ar fháiníní mar gheall ar choimhlíntí idir leantóirí tráchta agus páirceála; saincheisteanna toillte muiríne soiléir agus spás neamhleor feadh na gcéibheanna.
- 1.5.38 Laistigh de lár an bhaile meánaoisigh tá ceisteanna soiléire maidir le hacmhainn agus sábháilteacht ar bhóithre feadh na sráideanna mar gheall ar na cosáin chúnga agus an líon ard tráchta coisithe a chuireann brú ar choisithe ar an gcarrbhealach. Mar gheall ar Bhóthar Faoisimh Laistigh, chomh maith le srianta tráchta ar shráideanna éigin agus straitéis réimse poiblí faoi stiúir na hoidhreachta, a bheith tugtha isteach, cruthódh eispéireas feabhsaithe do chuairteoirí sa bhaile.
- 1.5.39 Sa Phlean Tráchta agus lompair sainaitníodh an gá atá le háiseanna feabhsaithe bus agus páirceála laistigh den bhaile. Tá limistéar páirceála bus nua sainaitheanta i Sailí. Is ceist leanúnach é brú do pháirceáil sa bhaile go háirithe le linn buaicmhíonna na tsamhraidh. Tá sé soiléir go mbeidh aon soláthar breise spásanna sa bhaile stairiúil srianta ag an timpeallacht stairiúil. Mar chuid den straitéis pháirceála don bhaile amach anseo, fiosróidh Comhairle Contae Chorcaí roghanna a sheachnóidh tionchar ar an timpeallacht stairiúil.
- 1.5.40 Táthar ag díriú ar bheartais chun na láithreacha catha laistigh agus timpeall an bhaile a chosaint agus a chur chun cinn mar tháirge nideoige oidhreachta agus turasóireachta a d'fhéadfadh cur le tarraingteacht an bhaile mar cheann scribe turasóireachta cultúrtha freisin.
- 1.5.41 Le blianta beaga anuas, chuir sraith imeachtaí agus féilte bliantúla lena n-áirítear Rugbaí Seachtar an Taobh Chionn tSáile, Pointe go Pointe Chionn tSáile, Seachtain Ealaíon Chionn tSáile, Féile Ghrinn Chionn tSáile, Féile Imeachach Snagcheoil Chionn tSáile agus Féile Bhia Gourmet Chionn tSáile ioncam suntasach leis an ngeilleagar turasóireachta áitiúil.
- 1.5.42 Is éard atá i gceist leis an straitéis pheanála ná cosaint a thabhairt do phríomhphiosáí bonneagair turasóireachta agus aithnítear ann na háiseanna breise a theastaíonn chun cabhrú leis an t-eispéireas turasóireachta laistigh de Chionn tSáile a uasmhéadú. Tá roinnt spriocanna gearrthéarmacha den Staidéar Tráchta agus lompair curtha i gcrích, lena n-áirítear an pháirceáil bus feabhsaithe agus saoráidí tuirlingthe. Is tosaíochtaí tábhachtacha gearrthéarmacha freisin iad soláthar an Bhóthair Faoisimh Laistigh agus roghanna chun soláthar saoráide páirceála agus taistil a iniúchadh le linn buaicshéasúir na turasóireachta.
- 1.5.43 Lasmuigh den teorainn forbartha aithnítear Páirc an Chaisleáin mar shócmhainn thábhachtach turasóireachta. Tá Trá an Duga ann, áiseanna Muiríne, rochtain ar an Seandaingean, cóiríocht tithe saoire agus seirbhísí áitiúla teoranta.

## Lár an Bhaile agus an Miondíol

- 1.5.44 Is ionad tábhachtach seirbhíse agus turasóireachta é Cionn tSáile i gCeantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile le bonn láidir miondíola áise agus raon maith de sheirbhísí comparáide, go háirithe san earnáil neamhspleách nideoige. Laistigh de lár an bhaile tá meascán maith ingearach úsáidí fós. Léirigh an Staidéar Acmhainne Uirbigh go bhfuil rátaí aonaid fholmha i lár bhaile Chionn tSáile fós ar na cinn is ísle sa Chontae. Thaifeadadh 311 foirgneamh laistigh den limistéar sainithe mar Lár an Bhaile sa suirbhé. Laistigh den chroilimistéar miondíola ba é an úsáid ba mhó a taifeadadh ná seirbhísí fóillíochta (60 aonad), rud a léiríonn príomh-áit na feidhme turasóireachta sa bhaile. Bhí ionadaíocht láidir freisin d'aonaid mhiondíola chomparáide (53 aonad) atá comhdhéanta den chuid is mó de thrádálaithe neamhspleácha. Tá Margadh Feirmeoirí ar Ché an Mhargaidh uair sa tseachtain a chuireann le beogacht an eispéiris siopadóireachta i lár an bhaile. Ar an iomlán, bhí leibhéal na n-aonad folmha íseal (7%) cé go raibh fianaise ann go raibh aonaid áirithe ag feidhmiú ar bhonn séasúrach, rud a léiríonn go raibh siad ag brath ar an earnáil turasóireachta.
- 1.5.45 Faoi láthair cuireann Supervalu, EuroSpar, Centra agus Lidl na príomhstórais ancaire áise ar fáil atá suite ar imeall lár an bhaile, lasmuigh den chroilimistéar miondíola. Tá fairsinge an cheantair lár an bhaile faoi láthair comhcheangailte ina chrios aonair "lár an bhaile" (KS-T-01). Áirítear leis seo stór mór Supervalu, carrchlós ilstóir, cógaslann agus áis cúraim phríomhúil ar na leibhéil uachtaracha, rud a cuireadh leis an tairiscint i lár an bhaile le déanaí.

- 1.5.46 Tá sé mar chuspóir ag an bPlean leanúint le creatlach stairiúil lár an bhaile a chosaint. Aithnítear go bhfuil deiseanna teoranta ann formáidí miondíola nua-aimseartha níos mó a sholáthar laistigh den chroílár meánaiseach mar gheall ar shrianta rochtana agus oidhreacht. Mar fhreagra air seo, tá roinnt talún breise curtha ar fáil gar do choimpléasc nua Supervalu faoi KS-T-02. Bhí an láithreán seo criosaithe roimhe seo le haghaidh saoráid cúraim phríomhúil a forbraíodh in áit eile agus atá mar "gheata" nádúrtha chuig an mbaile. Beidh ar thograí ar an láithreán seo amach anseo éadanas gníomhach a chruthú ar an tsráid, ríocht phoiblí ardchaighdeán a sholáthar agus naisc a sholáthar go lár an bhaile agus na ceantair chónaithe in aice láimhe. Rinneadh roinnt géarú ar chriósú lár an bhaile ag an gCé Fhada d'fhonn leathnú na n-áitreabh isteach ar thaobh géar na haille a sheachaint, rud a d'fhágfadh lorg.
- 1.5.47 De réir fianaise ón Staidéar Acmhainne Uirbigh léirítear go bhfuil leibhéal ísle aonad folmha sa bhaile agus mar sin ní féidir leathnú ar an stoc foirgneamh a bhaint amach ach trí shuíomhanna athfhorbraíochta/deiseanna inlíonta a shainaitheint ar féidir leo cur le carachtar úsáide measctha an bhaile. Cuirtear treoir áitiúil maidir leis an dearadh uirbeach ar fáil lena chinntiú go réitíonn an fhorbairt nua go maith leis an ngrán uirbeach. Chun an croílímistéar miondíola a chosaint agus a fheabhsú, tá sé riachtanach go gcomhdhlúthaítear croílár an bhaile amach anseo leis an bhforbairt miondíola agus go neartaíonn sé na naisc idir an croílár agus limistéar leathnaithe lár an bhaile.

### **An Ghluaiseacht agus an Réimse Poiblí**

- 1.5.48 Mar gheall ar fheidhm turasóireachta Chionn tSáile, mealltar líon mór cuairteoirí ar bhonn séasúrach agus d'fhéadfaí na líonta foriomlána a mhéadú 25% le linn buaic-mhíonna an tsamhraidh dá réir. Tá rochtain ar thránna in aice láimhe tríd an mbaile freisin agus mar gheall air sin, chomh maith le sráid-dreach cúng meánaiseach an bhaile, bíonn an rochtain ar an mbaile, agus an ghluaiseacht chuige agus tríd, deacair. Tá sé ar cheann de na rudaí is mó tábhacht atá le déanamh aghaidh a thabhairt ar an bplódú tráchta chun buntáiste iomaíoch an bhaile mar cheann scríbe turasóireachta a choinneáil agus mar shuíomh tarraingteach do thithíocht agus do ghnó.
- 1.5.49 Tá go leor de na cosáin laistigh den chroílár miondíola nach bhfuil leathan go leor chun freastal ar líon ard tráchta coisithe agus ní féidir leo freastal ar leithead cathaoir rothaí nó bugaí. Bíonn ar choisithe dul amach ar an mbóthar dá réir, agus is féidir coinbhleachtaí tarlú idir úsáideoirí bóithre mar gheall air sin. Tá deiseanna aitheanta ag Staidéar Tráchta agus lompair Chionn tSáile agus Straitéis Baile Gníomhach chun feabhas a chur ar thimpeallacht coisithe lár an bhaile lena n-áirítear coisithe ar roinnt sráideanna, tabhairt isteach spásanna comhroinnte, timpeallacht na rothaithe a fheabhsú agus bearta maolaithe tráchta a chur i bhfeidhm. Tá deiseanna ann freisin chun timpeallacht níos fearr do choisithe a chur ar fáil ar fad Bhóthar na Céibhe trí pháirceáil a athdháileadh ó imeall an uisce in ionad siúlbealach agus rotharbhealach tiomnaithe. Tacaíonn an Plean le hullmhú straitéise réimse poiblí faoi stiúir oidhreacht don bhaile a dhíríonn ar fhearran poiblí feabhsaithe a sheachadadh laistigh den chroílímistéar miondíola.
- 1.5.50 Tá sraith moltaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha déanta ag Staidéar lompair Chionn tSáile (2009) chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna gluaiseachta laistigh den bhaile lena n-áirítear sraith de bhearta feabhsaithe ríocht phoiblí lár an bhaile, soláthar bóithre faoisimh thuaidh agus thiar, bearta maolaithe tráchta, feabhsú coisithe. agus inrochtaineacht rothaithe, áiseanna iompair phoiblí agus páirceáil a fheabhsú. Áiríodh i bpleananna roimhe seo an ghné thuaidh den bhóthar faoisimh a bheartaítear, ach tá líne na coda thiar den bhealach fós le tabhairt chun críche. Meastar Bóthar Faoisimh an Iarthair mar chuspóir tábhachtach fadtéarmach agus is gné straitéiseach tábhachtach é i straitéis gluaiseachta an bhaile sa todhchaí.
- 1.5.51 Tá roinnt bearta sainaitheanta i Staidéar lompair Chionn tSáile, idir cinn ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha, lena n-áirítear an Bóthar Faoisimh Laistigh a thógáil, bearta feabhsúcháin acomhail, athruithe ar bhainistiú tráchta i lár an bhaile, tionscnaimh pháirceála agus bhainistíochta athbhreithnithe agus bearta feabhsaithe áitiúla lasmuigh de lár an bhaile. Tá cuid acu siúd curtha i bhfeidhm agus feabhas curtha ar na coiníollacha chun busanna a oibriú sa bhaile agus timpeallacht coisithe/rothaithe níos sábháilte a chruthú. Ní mór saincheisteanna breise maidir leis an ríocht phoiblí agus maidir leis an nascacht a sheachadadh chun an soghluaisteacht ghlas a fheabhsú, chomh maith leis an eispearas i lár an bhaile a fheabhsú.
- 1.5.52 Tá feabhsuithe ar an ailíniú leis an R605-607 (cuid de) sainaitheanta sa Staidéar lompair). Is iad seo a leanas na príomh-mholtaí d'fhorbairt an ghréasáin bóithre níos leithne a sholáthraíonn rochtain ar Chionn tSáile:
- Forbairt Bhóthar Faoisimh Thuaidh Chionn tSáile: Bheadh uasghrádú ar an mBealach Faoisimh Thuaidh atá ann cheana féin ag teastáil ón scéim seo, le roinnt tógála nua chun nascadh le Bóthar Dhroichead na Bandan R605. Laghdóidh an bóthar seo go mór tréthracht i Lár Baile Chionn tSáile;
  - Tacú le feabhsúcháin acomhail: Tá gá le roinnt acomhail agus uasghráduithe acomhail nuair a nascann an bonneagar molta le bóithre agus pointí rochtana atá ann cheana; agus
  - An Bóthar Faoisimh Iartharach: Chuirfeadh an bealach seo nascacht bhreise ar fáil d'iarthar Bhaile Chionn tSáile ón R600 agus laghdódh sé tuilleadh ceisteanna tréthrachta i gCionn tSáile. Bóthar nua is ea an Bóthar Faoisimh Thiar, a bheidh ag dul ón R605 Bóthar Dhroichead na Bandan siar ó dheas agus ag teacht le chéile le Bóthar na Ceapaí agus an R606. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil rogha bealaigh deiridh sainaitheanta go fóill le haghaidh bhóthar faoisimh an iarthair mar gheall ar shrianta topagrafacha agus comhshaoil. Tá gá le tuilleadh staidéar a dhéanamh chun teacht ar roghnú conaire bealaigh comhaontaithe. Tá sé seo mar chuid de na moltaí níos fadtéarmaí chun gluaiseacht laistigh agus timpeall an bhaile a fheabhsú.
- 1.5.53 Tá sé beartaithe freisin bóthar áitiúil Lána na Feirme a uasghrádú. Chun é sin a dhéanamh, beidh gá ann an bóthar atá ann cheana a uasghrádú agus cuid nua den bhóthar a atógáil chun rochtain níos fearr a chur ar fáil ar na tailte atá aitheanta mar pháirc an bhaile mhóir (KS-GA-07).

- 1.5.54 Tá Crosaire Pewter Hole aitheanta freisin mar acomhal áitiúil tábhachtach a dteastaíonn uasghrádú uaidh sa ghearrthéarma. Is é an bóthar seo an príomh-artaire a nascann Cathair Chorcaí/Aerfort Chorcaí le Cionn tSáile agus is tairseach tábhachtach é isteach ar an mbaile. Níl na bóithre a théann chuig an acomhal ailínithe go dona in áiteanna agus tá an trácht ag taisteal ar luasanna agus ar mhórmhéideanna. Tá achar radhairc teoranta ag an acomhal freisin. Tá cuspóir san áireamh anois chun tacú le hidirghabhálacha chun an t-acomhal a uasghrádú.
- 1.5.55 Soláthraíonn Bus Éireann iompar poiblí go dtí an baile agus uaidh, agus cuireann an uimhir 249 ó Bhaile an Gharraí go Cathair Chorcaí seirbhís ar fáil níos mó ná deich n-uaire sa lá ó Luan go Satharn, agus cúig bhus eile ar an Domhnach. Mar gheall ar an gráin uirbeach a bheith chomh dlúth sin i gCionn tSáile, bhí deacrachtaí ann maidir le busanna a pháirceáil sa bhaile agus a ghluaiseacht timpeall ann. Forbraíodh limistéar tuirlingthe bus le déanaí chun an fhadhb seo a réiteach laistigh den charrchlós poiblí cois farraige. Tá teorainn leis na roghanna breise atá ann chun an pharceáil tiomnaithe do bhusanna a sholáthar sa bhaile ach tá spás ag Sailí chun go leor áiteanna casta a sholáthar agus bána páirceála bus gar do lár an bhaile. Tacaíonn an Plean leis na bearta seo.
- 1.5.56 Chomh maith leis sin, tá Cionn tSáile ar cheann de 6 bhaile sa chontae atá áirithe i Straitéis na mBailte Gníomhacha atá dírithe ar shiúlóid agus rothaocht a chur chun cinn laistigh den bhaile. Mar chuid den straitéis seo tá pleananna chun an rochtain ar scoileanna a fheabhsú do choisithe agus rothaithe agus feabhas a chur ar líonra na gconairí turasoireachta agus na comharthaí a ghabhann leis an turasoireacht. Ó thaobh siúlóide agus rothaochta de, tá an sráid-dreach stairiúil i gCionn tSáile thar a bheith tréscailteach do ghluaiseacht coisithe, agus cruthaítear timpeallacht shábháilte dá bharr. Tugann an Plean roinnt cuspóirí forbartha ar aghaidh a fhéachann le feabhas a chur ar thimpeallacht choisithe agus rothaochta Chionn tSáile do na háiritheoirí agus na turasóirí ann araon. Ba cheart gach beart maidir leis an rothaocht amach anseo a chur i bhfeidhm de réir an Chreata Beartais Náisiúnta Rothaochta 2009 agus an Lámhleabhar Rothaochta Náisiúnta 2009.
- 1.5.57 Maidir leis an bpáirceáil i lár an bhaile, tacaíonn an Plean le cuspóirí chun gréasán de charrchlóis a bhunú ag pointí iontrála straitéiseacha agus lárnaigh i lár an bhaile agus roghanna chun feabhas a chur ar bhainistiú tráchta agus inrochtaineacht sa bhaile lena n-áirítear an fhéidearthacht áiseanna páirceála agus taistil a chruthú chun freastal ar an mbaile.

### Bonneagar Mara

- 1.5.58 Is cuid lárnach de gheilleagar turasoireachta agus mara an bhaile é Cuan Chionn tSáile. Feidhmíonn an cuan mar chalafort tráchtála chomh maith le limistéar fóillíochta mara le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla uiscebhunaithe. Tá sé tábhachtach go gcoimeádtar an meascán seo de ghníomhaíocht mhuirí laistigh den chuan toisc go gcuireann sé le beogacht an bhaile. Tá roinnt deiseanna chun an Bonneagar Muirí a fheabhsú laistigh den Chuan sainaitheanta sa Straitéis um Bonneagar Fóillíochta Mara (2010-2020) do Chorcaigh Theas. Áirítear leis seo roghanna chun an soláthar muirine atá sa chuan faoi láthair a leathnú nó a chomhdhlúthú agus chun páirc mhara a sholáthar ag Droichead Dhúgáin. Cuireadh béim sa Straitéis ar an spás teoranta cois cé agus ar an droch-rochtain ar fháiníní mar gheall ar choimhlíntí le trácht agus páirceáil freisin. Tacaíonn an Plean le feabhsú na n-áiseanna bonneagair mhuirí laistigh den chuan don earráil iascaireachta tráchtála agus fóillíochta mara.

### An Bhainistíocht Uisce

- 1.5.59 Tugtar an fuíolluisce as Cionn tSáile trí chóras séarachais comhcheangailte den chuid is mó chuig Ionad Cóireála Fuíolluisce Chionn tSáile (toilleadh 3800 p.e.). Tá sínte ar roinnt séarachais ag teastáil chun freastal ar an bhfás atá beartaithe i gCionn tSáile. Níl dóthain toilleadh breise ag WWTP Chionn tSáile chun freastal ar an fhorbairt atá beartaithe i gCionn tSáile.
- 1.5.60 Faigheann Cionn tSáile a chuid uisce óil ó WS Inis Eonáin a thagann ó Abhainn na Bandan ag Inis Eonáin. Tá taiscumar nua ar tí a bheith tógtha ar Inis Eonáin agus cuirfidh sé seo leis an acmhainneacht chun freastal ar an spriocfhás daonra.
- 1.5.61 D'fhéadfadh sé go mbeidh gá le taiscumar nua i gCionn tSáile chun dóthain stórála a chur ar fáil chomh maith le brúnna imleor do limistéir arda. Faoi láthair níl aon Scéim de chuid Uisce Éireann chun WS Inis Eonáin a uasghrádú. Soláthraítear an t-uisce óil ó dhá fhoinsé éagsúla. Tá gá le breis stórála taiscumar agus uasghrádú ginearálta ar an scéim. Tá gá le feabhsuithe a chur leis an soláthar uisce chun freastal ar thalamh atá criosaithe le haghaidh na forbraíochta faoi láthair. Déantar freastal ar chodanna de Chionn tSáile ag comhshéarach a uasghrádaíodh le déanaí.
- 1.5.62 Feidhmíonn na gréasáin draenála uisce dromchla laistigh de Bhaile Chionn tSáile go sásúil den chuid is mó, ach bhí tuilte ann i gceantair áirithe sna codanna iochtair den bhaile, ag an gCé Fhada mar shampla, agus ag ceantar an Ghleanna, mar gheall ar thitim bháistí iomarcach i dteannta le taoide ard. Chuir Comhairle Contae Chorcaí tús le déanaí le hoibreacha ar scéim Phríomhdhraenála Chionn tSáile chun fadhbanna tuilte in áiteanna leochaileacha a mhaolú. Cuimsíonn an gréasán draenála seo roinnt córas ar leith agus scaoilfear amach é ag roinnt láithreacha lena n-áirítear Damba Sailí, Bóthar na Céibhe agus Cé Denis.
- 1.5.63 Tá limistéir éagsúla den bhaile atá i mbaol tuilte cósta leagtha amach sna léarscáileanna criosaithe. Tá riosca den tuilte go fairsing i gCionn tSáile, agus áirítear leis riosca tuilte ó fhoinsí taoide. Go dtí go dtabharfar faoi mheasúnú mionsonraithe ar an mbaol aeráide, meastar go bhfuil athfhorbairt fairsing nó forbairt shuntasach nua i gCriosanna Tuile A agus B ró-luath, go háirithe toisc go bhféadfadh rioscaí maidir leis an athrú aeráide a bheith suntasach. Ba cheart forbairt i gceantair thógtha a theorannú don mhionfhorbairt amháin, mar atá sainmhínithe in Alt 5.28 de na Treoirínte d'Údarás Phleanála 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca tuilte'.

### An Oidhreacht Thógtha

- 1.5.64 Tá an meascán atá i mbaile Chionn tSáile d'fhoirgnimh mheánaoiseacha agus roinnt forbairtí ón 19ú agus 20ú haois, lena n-áirítear roinnt mionfhorbairtí inlonta ar thaobh an chnoic, mar shainairíonna ar an áit. Ceann de phríomhthréithe thimpeallacht thógtha an bhaile is ea an sráid-dreach cúng d'fhorbairt dlúth agus dlúth. Mar gheall ar an oidhreacht uathúil a ghabhann leis an mbaile agus an rath atá air mar cheann scríbe do thurasóirí, tá an áit aitheanta go hoifigiúil ag Fáilte Éireann mar Bhaile Téama Oidhreachta. Tá suíomh tírdhreacha an bhaile sainithe mar "Tírdhreach Ardluacha" agus tá roinnt bealaí cósta sainithe don luach taitneamhachta sárscéimhe (S62 agus S61).



- 1.5.65 Tá 53 iontráil i gClár Foirgneamh faoi Chosaint Chionn tSáile lena n-áirítear roinnt foirgneamh a bhfuil tábhacht náisiúnta ag gabháil leo. Tá ceantar fairsing ag an mbaile freisin atá sainithe mar Limistéar Caomhantais Ailtreachta (ACA) a léiríonn fairsinge dhlínse iar-chomhairle an bhaile.
- 1.5.66 Mar gheall ar stair Chionn tSáile, tá oidhreacht seandálaíochta saibhir le fáil sa bhaile agus sa chuan. D'fhás Cionn tSáile mar bhaile mórtha le linn aimsir na Normannach agus tagann sé faoi réir reachtaíochta nua a bhaineann le Cosaintí Baile anois. Luaitear i ndearbhú an Bheartais seo "Tá cúrsaí aitheanta agus ionchasacha na gcosaintí (idir cinn atá ag seasamh agus faoi thalamh, cibé acu atá déanta as cloch nó le claifort) agus gnéithe gaolmhara de chosaintí an bhaile le bheith measta mar shéadchomhartha náisiúnta aonair chun críocha beartais agus bainistíochta. Ba cheart go ndéanfaí toimhde i bhfabhar iarsmaí seandálaíochta in-situ agus a gcarachtar, a suíomh agus a dtaitneamhacht a chaomhnú". Beidh sé seo mar bhonn eolais do chreataí polasaí na forbartha amach anseo i gCionn tSáile.
- 1.5.67 Tá crios d'acmhainneacht seandálaíochta ag baint leis an mBaile Múrtha Meánaoise agus líon suntasach Séadchomharthaí Sceidealta (lena n-áirítear Séadchomharthaí Náisiúnta) laistigh den bhaile atá cosanta faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta. Tá tábhacht ag baint le seandálaíocht faoi uisce freisin mar gheall ar an stair shuaite atá ag Cionn tSáile mar bhaile calafoirt. Tá líon ard longbhriseadh liostaithe i Fardal Longbhriste na hÉireann do Chorcaigh do limistéar an chuain agus tá gach raic atá os cionn 100 bliain d'aois cosanta faoi reachtaíocht Leasú Séadchomharthaí Náisiúnta 1987.

### Láithreáin Catha

- 1.5.68 Cor cinniúnach i stair na hÉireann ab ea Cath Chionn tSáile. Is ann ar tháinig an sean-ord Gaelach chun deiridh agus le plandáil Uladh a tháinig ina dhiaidh, athríodh tírdhreach sóisialta agus polaitiúil na hÉireann, agus tá an t-athrú sin ann fós sa lá atá inniu ann. Tá sé mar aidhm ag an bPlean an tsócmhainn thábhachtach stairiúil seo ar féidir leis cur le tarraingteacht an bhaile mar cheann scríbe turasoíreachta a chosaint agus a chur chun cinn.
- 1.5.69 Choimisiúnaigh Comhairle Contae Chorcaí tuarascáil ar láithreán an chatha dar teideal "The Siege and Battle of Kinsale (1601) Archaeology, Conservation and Tourism Potential" ar críochnaíodh í in 2013. Is acmhainn uathúil é Láithreán an Catha ina bhfuil comhphárteanna casta seandálaíochta, idir déantáin agus tírdhreacha, atá leochaileach agus i mbaol thionchair anathraithe. Moltar sa Tuarascáil go n-ullmhófaí measúnú tréithrithe tírdhreacha stairiúla chun príomhghnéithe tírdhreacha an láithreáin a shainiú agus chun tionchar fisiceach féideartha ach freisin tionchair charnacha ar láithreán an Chatha a sheachaint. Tá crios mór d'acmhainneacht seandálaíochta a bhaineann leis an gCathlán sainaitheanta sa Tuarascáil freisin, agus léirítear leis sin gur imeachtaí solúbtha agus casta a bhí i gceist sa léigear agus sna cathanna ann. Cuirfear iarratais phleanála laistigh den chrios seo faoi bhráid an tSeandálaí Contae lena measúnú. Sa Phlean, áitítear cuspóir chun Staidéar Tréithrithe Tírdhreacha Stairiúla a ullmhú chun tuilleadh meathlaithe ar an tírdhreach léigear a sheachaint agus chun an tsócmhainn seo a fhorbairt mar tháirge turasoíreachta cultúrtha laistigh den bhaile.

### Cuspóirí Ginearálta

- 1.5.70 Bainfidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas le gach aon fhorbairt a dhéanfaidh laistigh de theorainn forbartha Chionn tSáile.

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí Ginearálta i ndáil le Cionn tSáile	
Uimh. na Cuspóra	
KS-GO-01	Pleanáil don fhorbairt lena n-éascófar an spriocdhaonra de 6,338 duine a bhaint amach i gCionn tSáile.
KS-GO-02	Coinnigh na 'méara glasa' talún a scarann an tsráidbhaile Sailí agus an tsráidbhaile Carraigín na Plubóige amach, saor ón bhforbairt, toisc go bhfuil siad seo lárnach do shuíomh tírdhreacha an bhaile.
KS-GO-03	Na moltaí atá i Staidéar Iompair Chionn tSáile a chur i bhfeidhm lena n-áirítear an Bóthar Faoisimh Thuaidh mar bheart gearrthéarmach agus roghanna dearaidh a chur chun cinn chun Bóthar Faoisimh an Iarthair a sheachadadh chun gluaiseacht laistigh agus timpeall an bhaile a fheabhsú.
KS-GO-04	Áirítear le bonneagar glas, bithéagsúlacht agus sócmhainní tírdhreacha Chionn tSáile a ghnáthóga cósta, a bhogaigh agus a choillearnacha. Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint na gnéithe seo agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
KS-GO-05	Sócmhainní oidhreachta an bhaile a chosaint lena n-áirítear Láithreacha Catha, oidhreacht mhúirí agus a ghnéithe tarraingteacha bailedhreacha lena n-áirítear na díonta ann, a mhoirfeolaíocht uirbeach, sonraí na bhfuinneoga, aghaidheanna sclátaí agus an troscán sráide ann.
KS-GO-06	Tacú le Staidéar Tréithrithe Tírdhreacha Stairiúla a ullmhú maidir leis an léigear agus láithreán an chatha d'acmhainneacht seandálaíochta a bhaineann le Cath Chionn tSáile 1601 chun meath breise ar thírdhreach an chatha a sheachaint agus chun an ceantar a fhorbairt mar ní is díol spéise do thurasóireacht chultúrtha.
KS-GO-07	Tacú le háiseanna siúlóide agus rothaíochta a fheabhsú sa bhaile.

**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Cuspóirí Ginearálta i ndáil le Cionn tSáile**

Uimh. na Cuspóra	
KS-GO-08	Tacú le hullmhú straitéis réimse poiblí faoi stiúir oidhreachta do Chionn tSáile a dhíríonn ar thimpeallacht fheabhsaithe do choisithe a chruthú laistigh den chroílár stairiúil; Crios Taitneamhachta nua Cois Uisce agus naisc fheabhsaithe idir lár an bhaile agus imeall an uisce.
KS GO-09	Tacú le leathnú na n-áiseanna bunoidreachais agus iar-bhunscoile sa bhaile.
KS-GO-10	Tacú le leathnú agus feabhsú an bhonneagair mhuirí laistigh den bhaile atá ag teacht leis na feidhmeanna tráchtála agus fóillíochta laistigh den chuan, le cosaint na An Comhshaoil nádúrtha, agus rochtain phoiblí ar an uisce a chothabháil nó a fheabhsú.
KS-GO-11	Tacaíonn an Plean le soláthar áiseanna clós súgartha breise laistigh den bhaile.
KS-GO-12	Tacaíonn an Plean le hoibreacha feabhsúcháin acomhail ag Crosaire Pewter Hole.
KS-GO-13	Aithnítear sa Phlean nach mór tabhairt faoi chleachtadh chun páirceáil bhreise a fháil sa bhaile le linn shaolré an Phlean.
KS-GO-14	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

**Sainchuspóirí**

1.5.71 Beidh feidhm ag na sainchuspóirí seo a leanas laistigh de theorainn forbartha Chionn tSáile.

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cionn tSáile		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA aron ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
Soláthar Cónaitheach/Cónaitheach Breise		
KS-RAP-01	Soláthar Cónaithe Bhreise Forbairt Chónaithe Mheándlús B. Ba cheart go gcuimseofar leis an bhforbairt nascbhealaí coisithe agus rothair aron ó thuaidh go dtí an láithreán KS-RR-01. Ag féachaint do shuíomh an láithreáin ó thaobh de a bheith lonnaithe laistigh de limistéir a bhfuil féidearthacht ann go mbaineann sé le Léigear Chionn tSáile agus le Láthair Chath Chionn tSáile, beidh measúnú seandálaíochta ag teastáil sula gcuirfear tús le hoibreacha forbraíochta chun dearadh agus leagan amach aon scéime cónaithe a bheidh ann amach anseo a threorú. Ba cheart go n-áireofar sa mheasúnú measúnú geofhísiceach chun an tseandálaíocht faoin talamh a chinneadh agus ba chóir go gcinnefí cibé acu an bhfuil codanna den láithreán mar chuid de shuíomh straitéiseacha na láithreacha campála nó d'fhoinsí de thírdhreach míleata 1601.	5.5
KS-RAP-02	Soláthar Cónaithe Bhreise Forbairt Chónaithe Mheándlús A.	1.7
KS-R-03	Forbairt Chónaithe Mheándlús A.	0.9
KS-R-04	Forbairt Chónaithe Mheándlús A.	0.86
KS-R-05	Forbairt Chónaithe Mheándlús A. Moltaí chun scéim chuimsitheach tírdhreachta a bheith áirithe. Ag féachaint do shuíomh an láithreáin ó thaobh de a bheith cóngarach do shéadchomhartha seandálaíochta, beidh measúnú seandálaíochta ag teastáil sula gcuirfear tús le hoibreacha forbraíochta chun dearadh agus leagan amach aon scéime cónaithe a bheidh ann amach anseo a threorú. Ba cheart go n-áireofaí sa mheasúnú measúnú geofhísiceach chun seandálaíocht agus tástáil faoi dhromchla a chinneadh. An moladh go bhféadfaí an tseandálaíocht atá ina seasamh (imfhálú) a choinneáil agus go gceadófaí maolán 20 m uaidh sin.	1.05

**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cionn tSáile**

* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Cúlchiste Aonad Cónaithe</b>		
KS-RR-01	<p>Cúlchiste Aonad Cónaithe Forbairt Chónaithe Mheán dlús A. Tá forbairt an láithreáin seo le déanamh ar bhonn céimnithe agus áireofar leis cuid den Bhóthar Faoisimh Thuaidh a thógáil de réir mar atá molta i Staidéar Iompair Chionn tSáile. Beidh sé de cheanglais stóráil uisce áitiúil a bheith ar fáil laistigh den limistéar is faide ó thuaidh den láithreán chun na tailte seo a fhorbairt.</p> <p>Ba cheart go gcuimseofar leis an bhforbairt nascbhealaí coisithe agus rothair araon ó dheas go dtí an láithreán KS-RAP-01.</p> <p>Ag féachaint do shuíomh an láithreáin ó thaobh de a bheith lonnaithe laistigh de limistéar a bhfuil féidearthacht ann go mbaineann sé le Léigear Chionn tSáile agus le Láthair Chath Chionn tSáile, beidh measúnú seandálaíochta ag teastáil sula gcuirfear tús le hoibreacha forbraíochta chun dearadh agus leagan amach aon scéime cónaithe a bheith ann amach anseo a threorú. Ba cheart go n-áireofar sa mheasúnú measúnú geofhisiceach chun an tseandálaíocht faoin talamh a chinneadh agus ba chóir go gcinntí cibé acu an bhfuil codanna den láithreán mar chuid de shuímh straitéiseacha na láithreacha campála nó d'fhoinsí de thírdhreach míleata 1601.</p>	8.1
<b>Earnáil na Tionsclaíochta</b>		
KS-I-01	Earnáil na Tionsclaíochta. Forbairt eastáit tionscail atá oiriúnach do thionscal ginearálta lena n-áirítear trádstóráil agus dáileadh. Ba cheart go gcuimseodh forbairt an láithreáin seo oibreacha feabhsúcháin bóthair mar atá leagtha amach i bPlean Iompair Chionn tSáile.	3.4
<b>An Gnó agus an Fhostaíocht Ghinearálta</b>		
KS-B-01	An Fhorbairt Ghnó. Meastar aonaid oifige agus/nó trádstóráil miondíola a bheith cuí. Ba cheart go gcuimseodh forbairt an láithreáin seo oibreacha feabhsúcháin bóthair feadh teorainn thiar an láithreáin.	6.7
KS-B-02	<p>An Fhorbairt Ghnó. Meastar aonaid oifige agus/nó trádstóráil miondíola a bheith cuí. Ba cheart go mbeadh aon fhorbairt bhreise ar an láithreán seo ag teacht leis na húsáidí atá ann faoi láthair agus ba chóir go mbeadh rochtain ar fáil ón mbealach isteach atá ann cheana féin nó ó bhealach isteach nua go Lána Feirme uasghrádaithe.</p> <p>Tá gnáthóga a bhfuil tábhacht éiceolaíochta ag baint leo sa láithreán, agus tá an láithreán in aice le gnáthóga eile dá leithéid, lena n-áirítear coillearnach Darach, Fuinseoige agus Coll atá mar chuid de Cheantar Bithéagsúlachta Coillearnacha Ráth Bhailicín. Dearbhaigh cosaint na ngnáthóg seo agus go gcuirtear leo, nuair is féidir.</p>	4.0
KS-B-03	An Fhorbairt Ghnó. Féadfaidh tograí freastal ar leathnú na húsáide tadhlaigh atá ann cheana féin ar thailte tionsclaíocha in aice lámhe. Ba cheart go mbeadh rochtain ar an bhforbairt seo ó Lána na Feirme uasghrádaithe seachas ón mBóthar Faoisimh Thuaidh.	1.3
KS-B-04	<p>An Fhorbairt Ghnó. Níor cheart gur ón R600 a mbeadh an rochtain. Moltaí chun mionphlean tírdhreachaithe a chur san áireamh.</p> <p>Ag féachaint do shuíomh an láithreáin ó thaobh de a bheith cóngarach do shéadchomhartha seandálaíochta, beidh measúnú seandálaíochta ag teastáil sula gcuirfear tús le hoibreacha forbraíochta chun dearadh agus leagan amach aon scéime cónaithe a bheith ann amach anseo a threorú. Beidh maolán 5 m ag teastáil ón séadchomhartha. Ba cheart go n-áireofaí sa mheasúnú measúnú geofhisiceach chun seandálaíocht agus tástáil faoi dhromchla a chinneadh. Ba cheart go gceadódh an togra an tseandálaíocht atá ina seasamh (imfhálú) a choinneáil agus go gceadódh sé maolán 20 m uaidh.</p>	6.5
<b>Lár an Bhaile</b>		
KS-T-01	Lár an Bhaile.*	

**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cionn tSáile**

* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
KS-T-02	<p>Lár an Bhaile. Tailte chun leathnú lár an bhaile a éascú. Caithfidh baint dhearfach a bheith ag moltaí leis an tsráid, ag cruthú éadain ghníomhacha agus ag seachaint aghaidheanna bána. Ní mór don fhorbairt ríocht phoiblí ardchaighdeán a chruthú, chomh maith le tírdhreachú cuí chun an ghné den suíomh seo mar thairseach a chur in iúl agus chun teorainn an bhaile a mharcáil.</p> <p>Coillearnacha an Ghleanna Bhig ina bhfuil coillearnacha leathanduilleacha a bhfuil luach éiceolaíoch acu, forluíonn siad agus atá in aice leis an suíomh. Tá sé inmhianaithe crainn aibí agus teorainneacha nádúrtha a choinneáil laistigh den láithreán.</p> <p>Ba cheart go n-áireodh moltaí plean tírdhrechtaithe ag aithint na gcrann atá le coinneáil agus le baint amach agus moltaí chun gnéithe tírdhrechtaithe a chosaint le linn na tógála.</p> <p>Ba cheart dromchla an lána reatha a choinneáil, a uasghrádú agus moltaí soilisithe a áireamh.</p>	
<b>An Pobal</b>		
KS-C-01	Úsáid an Phobail. Soláthar do leathnú áiseanna d'Ospidéal Pobail Chionn tSáile.	1.2
KS-C-02	Úsáid an Phobail. Soláthar do shíneadh leis an mbunscoil atá ann cheana agus saoráid cúram leanaí a sholáthar.	2.4
KS-C-03	Bunscoil aon stóir (1.14 heicteár) lena n-áirítear soláthar scéim chuimsitheach tírdhrechtaithe chun an coimpléasc oideachais a chomhtháthú leis an tírdhreach sárscéimhe cois cósta.	1.14
KS-C-04	<p>Úsáid an Phobail. Soláthar limistéar don Mheánscoil (2.2 heicteár) agus d'áiseanna tithe altranais lena n-áirítear an mhaireachtáil chúnaimh, an cúram leanúnach agus an mhaireachtáil neamhspleách mar chuid den choimpléasc cúram cónaitheach iomlán.</p> <p>Ba cheart go mbeadh gá ann i ngach aon mholadh foráil a dhéanamh don Bhóthar Faoisimh atá beartaithe agus moltaí a chur san áireamh chun naisc siúil agus rothaíochta a sholáthar do limistéir chónaithe agus áiseanna taitneamhachta sa todhchaí in aice láimhe. Ag féachaint do shuíomh an láithreáin ó thaobh de a bheith lonnaithe laistigh de limistéar a bhfuil féidearthacht ann go mbaineann sé le Léigear Chionn tSáile agus le Láthair Chath Chionn tSáile, beidh measúnú seandálaíochta ag teastáil sula gcuirfear tús le hoibreacha forbraíochta chun dearadh agus leagan amach aon fhorbraíochta a bheidh ann amach anseo a threorú. Ba cheart go n-áireofar sa mheasúnú measúnú geofhisiceach chun an tseandálaíocht faoin talamh a chinneadh agus ba chóir go gcinntí cibé acu an bhfuil codanna den láithreán mar chuid de shuímh straitéiseacha na láithreacha campála nó d'fhoinsí de thírdhreach míleata 1601.</p>	7.34
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
KS-U-01	<p>An Bóthar Faoisimh Thuaidh le feabhsuithe ar líne, feabhsuithe ar acomhail agus tógáil codanna nua den bhóthar ó Chrois Pholl Pewter go dtí an Chamóg a chur san áireamh.</p> <p>An dearadh chun soláthar a dhéanamh do naisc choisithe agus rothair.</p>	
KS-U-02	<p>Feabhsúcháin bhóithre ar Lána na Feirme. Chun é sin a dhéanamh, beidh gá ann an bóthar atá ann cheana a uasghrádú agus cuid nua den bhóthar a atógáil.</p> <p>An dearadh chun soláthar a dhéanamh do naisc choisithe agus rothair.</p>	
KS-U-03	Siúlbhealach do choisithe agus naisc rothair a théann trí phobail chónaithe agus atá nasctha leis an mbaile ar an taobh ó thuaidh agus leis an imeall trá ó dheas.	
KS-U-04	Ionaid Chóireála Fuiolluisce.*	2.4
<b>An Bonneagar Glas</b>		
KS-GA-01	Spás oscailte. Spás oscailte gníomhach agus limistéar taitneamhachta.	5.0



**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cionn tSáile**

* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
KS-GC-02	Spás oscailte. Tá na tailte seo mar chuid de thaitneamhachtaí sárscéimhe an cheantair agus tacaíonn siad le gnáthóga bogaigh a bhfuil luach ard bithéagsúlachta acu agus na speicis ghaolmhara. Tá toimhde ann gan an fhorbairt a dhéanamh. Ba cheart deiseanna chun bithéagsúlacht a fheabhsú a ghríosú.*	13.1
KS-GC-03	Spás oscailte. Tá toimhde ginearálta in aghaidh na forbartha nua sa cheantar mar go gcuireann na tailte ardaithe seo go mór le suíomh an bhaile agus toisc go bhfuil siad mar chuid de limistéar níos mó a bhfuil ardacmhainneacht seandálaíochta ann a bhaineann le Cath Chionn tSáile.	18.46
KS-GC-04	Spás oscailte. Tá an suíomh feiceálach seo ina chuid thábhachtach de chuid an tsuímh sárscéimhe agus stairiúil Daingean Rinn Chorráin. Tá móinéir thirim ar an suíomh a bhfuil luach éiceolaíoch acu agus atá mar chuid de Cheantar Bithéagsúlachta Áitiúil Mhóinéir Dhaingean Rinn Chorráin.	1.6
KS-GC-05	Spás Oscailte agus Ceantar Taitneamhachta lena n-áirítear cosaint ar an láithreán stairiúil Daingean Rinn Chorráin agus ar a shuíomh. Tá móinéir thirim ar an suíomh a bhfuil luach éiceolaíoch acu agus atá mar chuid de Cheantar Bithéagsúlachta Áitiúil Mhóinéir Dhaingean Rinn Chorráin. Tá toimhde ginearálta in aghaidh forbairtí nua sa cheantar mar go gcuireann sé go suntasach agus go feiceálach le suíomh iomlán an bhaile agus lena thaitneamhachtaí.*	13.6
KS-GC-06	Spás oscailte. Spás Oscailte Éighníomhach. Cuireann an suíomh feiceálach seo go mór le suíomh an bhaile. Tá coillearnach leathanduilleach ar an suíomh a bhfuil luach éiceolaíoch ag baint léi agus atá mar chuid de Cheantar Bithéagsúlachta Áitiúil Choillearnacha Chnoc na mBuachaillí.*	1.7
KS-GA-07	Spás oscailte. Spás oscailte gníomhach lena n-áirítear soláthar Pháirc Bhaile nua tírdhreachaithe, páirceáil. Tá an láithreán ina chuid de Choillearnacha an Ghleanna Bhig ina bhfuil coillearnacha leathanduilleacha a bhfuil luach éiceolaíoch acu. Ba cheart go n-uasmhéadóidh an dearadh naisc le ceantair chónaithe in aice láimhe agus lár an bhaile. Ba cheart deiseanna chun bithéagsúlacht a fheabhsú a ghríosú.	5.7
KS-GC-08	Spás oscailte. Spás Oscailte Éighníomhach. Is gné thábhachtach líneach ghlais seo a chuireann go mór le suíomh an bhaile. Tá an láithreán ina chuid de Choillearnacha an Ghleanna Bhig ina bhfuil coillearnacha leathanduilleacha a bhfuil luach éiceolaíoch acu.	0.96
KS-GC-09	Spás oscailte. Tailte chun suíomh Shéipéal Cairmilíteach a chaomhnú agus rogha ann páirc taitneamhachta poiblí a sholáthar ar an láithreán.	0.54
KS-GC-10	Spás oscailte. Cuireann an suíomh feiceálach seo go mór le suíomh an bhaile.	3.06
KS-GC-11	Spás oscailte. Spás Oscailte Éighníomhach. Cuireann an suíomh feiceálach seo go mór le suíomh an bhaile.	1.0
KS-GA-12	Spás Oscailte oiriúnach do chaitheamh aimsire gníomhach. Ní mór foráil a dhéanamh don Bhóthar Faoisimh atá beartaithe in aon thairiscint a bheidh ann. Ag féachaint do shuíomh an láithreáin ó thaobh de a bheith lonnaithe laistigh de limistéar a bhfuil féidearthacht ann go mbaineann sé le Léigear Chionn tSáile agus le Láthair Chath Chionn tSáile, beidh measúnú seandálaíochta ag teastáil sula gcuirfear tús le hoibreacha forbraíochta chun dearadh agus leagan amach aon páirceanna nó áiseanna amuigh faoin spéir a bheidh ann amach anseo a threorú. Ba cheart go n-áireofar sa mheasúnú measúnú geofhisiceach chun an tseandálaíocht faoin talamh a chinneadh agus ba chóir go gcinntí cibé acu an bhfuil codanna den láithreán mar chuid de shuímh straitéiseacha na láithreacha campála nó d'fhoinisí de thírdhreach míleata 1601.	8.9


**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cionn tSáile**

<b>* Baol Tuilte a Bheith Ann</b> <b>Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11</b> <b>Bainistíocht Uisce</b>		<b>^ TIA agus RSA araon ag teastáil.</b>
<b>Uimh. na Cuspóra</b>		<b>Achar an Láithreáin (Ha)</b>
KS-GC-13	Spás oscailte. Spás Oscailte Éighníomhach. Is ceantar tábhachtach coillearnáí é seo a chuireann go dearfach le suíomh an bhaile agus a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil ag gabháil leis. *	2.35
<b>An Talmhaíocht</b>		
KS-AG-01	An Talmhaíocht	8.23



# Cionn tsáile

Criosuithe Úsáide Talún	
	Talmhaíocht
	Gnó agus Ginearálta
	Fostaíocht
	An Pobal
	Úsáidí Measctha reatha/ Ginearálta Gní/Tionsclaíoch
	Úsáidí Cónaithe/Measctha
	Cónaithe agus Úsáidí Eile Reatha
	Bonneagar glás
	Tionscal
	Cónaithe
	In Áirithe Chun Úsáide Cónaithe
	Lár an Bhaile / Ionaid
	Comharsanachta
	Fóntas agus Bonneagar
	BÓTHAR
	COISÍOCHT/ROTHAÍOCHT
	Crios Tuille A
	Crios Tuille B
	Teorainn Forbartha



## 1.6 Na Sráidbhailte Príomhacha

### Brollach

- 1.6.1 Tá sé Sráidbhaile Príomhacha lonnaithe i gCeantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile, is iad sin: Béal Átha an Spidéil, Béal Guala, Cúirt Mhic Shéafraidh, Inis Eonáin, Áth an Mhaide agus Tigh Molaige. Is éard is cuspóir na coda seo den Phlean seo ná treoir a thabhairt don bheartas pleanála maidir leis an bhforbairt amach anseo sna Sráidbhailte Príomhacha.
- 1.6.2 Bhainfeadh na lonnaíochtaí leas as cruth níos dlúithe a bheith aici agus as roinnt de na haonaid réadmhaoine atá laistigh de chroílár an tsráidbhaile a athghiniúint agus a athúsáid. Agus go háirithe, bheadh sé inmhianaithe feabhas breise a chur le lár na sráidbhailte, agus sráid-dreach feabhsaithe, aghaidheanna siopaí feabhsaithe a chur leo, chomh maith le soláthar a dhéanamh don soilsiú sráide, cosáin phoiblí agus troscán sráide feabhsaithe. Tá deiseanna breise ann chun sráid-dreacha sna lonnaíochtaí a fheabhsú, go háirithe laistigh de chroílár an tsráidbhaile.
- 1.6.3 I bhfianaise na ndúshlán atá le tabhairt i roinnt príomh-sráidbhailte maidir le hinfrastruchtúr, go háirithe seirbhísí uisce agus cibé an féidir aon easnamh a sháru le linn shaolré an phlean, breithneoidh an Chomhairle ar athdháileadh leibhéal foriomlán na n-aonad i bPríomh-Shráidbhaile ar leith ó na Phríomhshráidbhailte sin a bhfuil srianta bonneagair orthu agus a bhfuil sé ag tógáil níos mó ama ná mar a bhíodas ag súil leis le réiteach a aimsiú in ionad Príomh-Shráidbhaile nó Phríomhshráidbhailte eile laistigh den Cheantar Bardasach céanna nach bhfuil aon srianta den sórt sin ag gabháil leo, faoi réir acmhainneacht imleor a bheith ar fáil agus de réir riachtanais **Caibidil 11 An Bhainistíocht Uisce** agus aon chúinsí éiceolaíochta. Ní féidir le haistriú aonad tithíochta ó lonnaíocht ar leith dul thar 50% den leithdháileadh lonnaíochta sin mar atá leagtha amach sa tábla thíos.
- 1.6.4 Tá treoir bhreise ar fhorbairt sráidbhailte ar fáil in Imleabhar a hAon den Phlean seo, go háirithe **Caibidil 2 Lár-Straitéis**, **Caibidil 3 Lonnaíocht agus Comhforbairt Áite**, agus **Caibidil 4 An tithíocht**.

5.1.10: Na Sráidbhailte Príomhacha - Scála Foriomlán na Forbraíochta Nua

Ainm na Lonnaíochta	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2010 (An Logeolaire)	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2015 (An Logeolaire)	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2020 (An Logeolaire)	Scála Foriomlán na Forbraíochta Nua go 2028 (An líon tithe)
Béal Átha an Spidéil	115	121	121	24
Béal Guala	267	273	274	31
Cúirt Mhic Shéafraidh	386	417	423	50
Inis Eonáin	300	315	347	97
Áth an Mhaide	216	249	266	63
Tigh Molaige	156	167	172	33
Iomlán na Sráidbhailte Príomhacha	1440	1542	1603	298



## 1.7 Béal Átha an Spidéil

### Fís agus Comhthéacs

- 1.7.1 Is iad na haidhmeanna straitéiseacha do Bhéal Átha an Spidéil ná comhdhlúthú lár an tsráidbhaile a spreagadh, bonneagar feabhsaithe fuíolluisce a sholáthar agus forbairt báuil a chur chun cinn ina mbeidh meascán de chineálacha tithe in éineacht le soláthar seirbhísí.
- 1.7.2 Tá Béal Átha an Spidéil suite laistigh de Mhórlimistéar Pleanála Straitéiseach Chuain Chorcaí. Tá Béal Átha an Spidéil ainmnithe mar Phríomhshráidbhaile laistigh de Cheantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Cionn tSáile. Díreoidh an ollstraitéis do Bhéal Átha an Spidéil ar scála cuí fais a sholáthar a léireoidh a chumas comhshaoil agus infrastruchtúir agus leagfar béim ar na príomhcheisteanna a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu chun fás sa toadhchá i seirbhísí lár an tsráidbhaile, tithíocht agus fostaíocht a chur chun cinn.

### An Comhthéacs Áitiúil

- 1.7.3 Is sráidbhaile tarraingteach é Béal Átha an Spidéil ina bhfuil sráid-dreach traidisiúnta 2-3 stór suite timpeall 7 km siar ó dheas ó Chionn tSáile agus 13.5 km soir ó dheas ó Dhroichead na Bandan. Tá croilár an tsráidbhaile leagtha amach timpeall ar spás triantánach lárnach agus tá roinnt foirgneamh tarraingteach ón 19ú haois ann. Thug Comhairle Contae Chorcaí faoi roinnt feabhsuithe le déanaí ar an sráid-dreach a thugann sainmhíniú níos soiléire ar chriosanna tráchta, páirceála agus coisithe agus a chuir feabhas ar shábháilteacht agus ar tharraingteacht an chroiláir.
- 1.7.4 Tá méadú tagtha ar raon na seirbhísí atá le fáil laistigh den lonnaíocht le blianta beaga anuas agus roinnt asraonta nua neamhspleácha bia agus earraí tí ag oscailt i lár an tsráidbhaile ag cur le tarraingteacht an cheantair mar áit le bualadh le chéile agus le siopadóireacht a dhéanamh. Le linn an tsamhraidh bainean an baile leas as an trádáil mhéadaithe a bhíonn ann mar gheall ar na daoine a théann ar saoire agus a bhíonn ag fanacht nó ag tabhairt cuairte ar thránna brata gorma in aice láimhe i mBaile Ghearrailt/Garraí Lúcaís.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 1.7.5 Taifeadh líon 224 duine i mBéal Átha an Spidéil san iomlán i nDaonáireamh 2016, ar ionann é agus méadú 30 duine ar an líon in 2011. Léiríonn meastacháin ó Shonraí Geodirectory a thomhais seoltaí poist agus tithe áitithe nach raibh aon fhorbairt nua i mBéal Átha an Spidéil idir 2015 agus 2020.

Tábla 5.1.11: Fás sa Líon Tithíochta i mBéal Átha an Spidéil 2015-2020

	2015	2020	Athrú
Tithe	121	121	0

- 1.7.6 Níl aon aonad á thógáil sa sráidbhaile faoi láthair agus níl aon chead pleanála fós le déanamh le haghaidh aonaid bhreise sa sráidbhaile.
- 1.7.7 I gcodarsnacht leis na Príomhshráidbhailte eile sa Cheantar Bardasach, is beag fás atá tagtha ar Bhéal Átha an Spidéil le scór bliain anuas. Tá suíomh tuaithe an-tarraingteach ag gabháil leis an sráidbhaile féin chomh maith le raon maith d'áiseanna pobail agus, mar gheall ar a chóngaracht do thránna Bhaile Ghearrailt agus Garraí Lúcaís, tá sé ina shuíomh inmhianaithe le haghaidh forbartha.

### Scála Foriomlán na Forbartha

- 1.7.8 Tá limistéir talún criosaithe agus neamhchriosaithe sa teorainn forbartha do Bhéal Átha an Spidéil. Níl aon láithreán le cead pleanála gan réiteach sa sráidbhaile agus tá acmhainn laistigh den teorainn forbartha d'fhorbairt bhreise. Meastar go bhfuil sé réasúnach go bhfuil dóthain talún ann chun an sráidbhaile a leathnú thar shaolré an Phlean. Tá sé beartaithe an teorainn forbartha a choinneáil, cé go bhfuil sé soiléir nach mbeidh an talamh ar fad laistigh den teorainn ag teastáil le haghaidh forbartha thar shaolré an Phlean seo.
- 1.7.9 Féachann an Plean seo leis an scála fais a shamhlaítear i bPlean 2017 a laghdú mar gheall ar easnaimh shuntasacha fuíolluisce agus aird ar scála na n-aonad laistigh den sráidbhaile faoi láthair. Mar sin, is féidir 24 aonad breise a fhorbairt sa sráidbhaile thar shaolré an Phlean seo, ag tógáil an stoc tithíochta go timpeall 145 aonad faoi 2028. Is ionann é sin agus fás 20% ar an stoc tithíochta reatha. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil an leibhéal forbartha seo bunaithe ar an mbonn tuisceana go ndéanfar na feabhsuithe riachtanacha infrastruchtúir fuíolluisce agus soláthar uisce arna sainaitheint i measúnú na Comhairle ar riachtanais a chur i gcrích. Tá uasghráduithe ar an mBonneagar Dramhuisce ceadaithe do Bhéal Átha an Spidéil laistigh de Chlár Fáis Bailte Beaga agus Sráidbhailte Uisce Éireann. Déanfaidh an tionscadal an bonneagar cóireála fuíolluisce atá ann cheana féin i gceantar Bhéal Átha an Spidéil a chónascadh agus a chomhdhlúthú le cumas freastal ar an bhforbairt reatha agus ar an bhfás réamh-mheasta.
- 1.7.10 Le linn shaolré an Phlean seo, spreagann an Chomhairle úsáid a bhaint as an stoc foirgneamh atá tearcúsáidte/folamh laistigh den sráidbhaile agus chun a chinntiú go ndéanann forbairt nua síneadh nádúrtha ar an bhfoirm thógtha atá ann trí shráideanna nua agus spásanna poiblí a chruthú agus dlúis níos airde ná mar a bhí riachtanach faoi phleananna roimhe seo a bhaint amach. Féach **Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce**, Cuid 4.7 An Dlús Daonra sna Sráidbhailte Príomhacha.

## An Chomhfhorbairt Áite

- 1.7.11 Is sráidbhaile beag tuaithe é Béal Átha an Spidéil ina bhfuil foirgnimh ón 19ú haois agus ó thús an 20ú haois den chuid is mó lonnaithe timpeall ar spás poiblí comhlárnacha. Foirgnimh 2 stór den chuid is mó atá ann. Tá roinnt gnéithe suimiúla sa sráid-dreach lena n-áirítear sonraí dormánta neamhghnách ó thús na 19ú haoise, sonraí bá oiriail ar an 1ú hurlár agus áirse/pinn carráiste a sholáthraíonn rochtain ar chúl na sráide.
- 1.7.12 Mar gheall ar fhairsinge an limistéir riosca tuilte go bhfuil deiseanna teoranta ann chun croí stairiúil lár an tsráidbhaile a leathnú. Spreagann an Plean athbheochan na réadmhaoine atá ann cheana féin agus athshlánú na n-urlár uachtarach atá folamh le haghaidh úsáid chónaithe agus neamhchónaithe.
- 1.7.13 Tá teorainn forbartha Bhéal Átha an Spidéil sannaithe go bunúsach le srianta infrastruchtúir agus topagrafacha. Leis an teorainn seo, sainmhíntear teorannacha an cheantair thógtha, agus ceadaítear leis leibhéal cuí forbartha breise ag an am céanna. Le linn shaolré an Phlean seo, beidh príomhfhócas na forbartha ar thailte ísle atá gar do chroílár an tsráidbhaile, lasmuigh den limistéar riosca tuilte.
- 1.7.14 Bachóir go gcuirfeadh an fhorbairt nua go dearfach le cáilíochtaí uirbeacha an tsráidbhaile ó thaobhairde na bhfoirgneamh, a gcruth, an grán uirbeach agus an bailchríoch curtha orthu, agus ba cheart chomh maith di a bheith déanta ar bhealach nua-aimseartha. Ní mór go n-áireofar leis na moltaí meascán de chineálacha agus de mhéideanna foirgneamh a áireamh chun freastal ar riachtanais éagsúla an mhargaidh tithíochta áitiúil.
- 1.7.15 Tá oibreacha déanta ag Comhairle Contae Chorcaí le dhá bhliain anuas chun páirceáil, cosáin agus sainmhíniú spáis a fheabhsú chun sábháilteacht sa chroílár a fheabhsú. Tá pleananna le tabhairt faoi oibreacha breise a fheabhsóidh nascacht agus sábháilteacht idir eastát tithíochta Choill na Cille Móire agus lár an tsráidbhaile.

## An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 1.7.16 Tá geilleagar seirbhíse-bhunaithe cúng i mBéal Átha an Spidéil, cé go bhfuil méadú tagtha ar an raon seirbhísí atá ar fáil sa sráidbhaile le deich mbliana anuas. Tá siopa comharchumann talmhaíochta mór laistigh den sráidbhaile freisin a fhreastalaíonn ar chúlchríoch mhór tuaithe.
- 1.7.17 Tá féidearthacht ann chun bonn fostaíochta an tsráidbhaile a leathnú trí roinnt fostaíochta dúchasacha áitiúla a spreagadh agus freisin trí fhiontair eile a leathnú a d'fhéadfadh tacú leis na n-oid turasóireachta in aice láimhe i mBaile Ghearrailt/Garraí Lúcaís.
- 1.7.18 Tá an sráidbhaile suite ar an bpríomhbhóthar rochtana go Baile Ghearrailt agus Garrylucas atá ina mhórshuíomh turasóireachta sa chontae. B'fhéidir go dtabharfaidh sé seo roinnt deiseanna d'fhorbairt a bhaineann le turasóireacht laistigh den teorainn forbartha.

## Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 1.7.19 Is sráidbhaile seanbhunaithe é Béal Átha an Spidéil ina bhfuil sráid-dreach tarraingteach agus roinnt áiseanna tábhachtacha pobail lena n-áirítear bunscoil, séipéal, Stáisiún Gardaí, tithe tábhairne, ollmhargáí, bÁCús ceardaithe, caifé, oifig an phoist, ionaid sláinte, stáisiún peitрил, Comharchumann Talmhaíochta, seirbhísí miondíola eile, scoil súgartha, leaba agus bricfeasta, garáiste, clós súgartha, páirceanna GAA agus cúirt leadóige.

## An Bhainistíocht Uisce

- 1.7.20 Tá toilleadh uisce breise teoranta i mBéal Átha an Spidéil toisc go bhfuil sé teoranta do rátaí táirgthe tobair leamh atá ar a mhéad. Tá gá le séaraigh bhréan a uasghrádú agus le soláthar Ionad Cóireála Fuíolluisce nua chun freastal ar thuilleadh fáis sa sráidbhaile. Tá imní ann maidir le brúphointí Uisce Snámha (Bratach Gorm) go forleathan i dtaca le Baile Ghearrailt agus Garraí Lúcaís.
- 1.7.21 Chun ligean don sráidbhaile forbairt ar bhealach ordúil, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí feabhsúcháin ar an ngréasán séarachais poiblí atá ann faoi láthair agus go dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna acmhainne soláthair uisce.
- 1.7.22 Tá áiteanna i mBéal Átha an Spidéil sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois bhruacha Abhainn Bhéal Átha an Spidéil sa sráidbhaile, agus tá siad léirithe ar léarscáil na lonnaíochta. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 An Bhainistíocht Uisce in Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Fírinne a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

## An Oidhreacht Thógtha

- 1.7.23 Tá Eaglais Chaitliceach Bhéal Átha an Spidéil liostaithe ar Thairfead na Struchtúr Cosanta.

## An Bonneagar Glas

- 1.7.24 Téann Abhainn Bhéal Átha an Spidéil tríd an sráidbhaile ó dheas go Trá Bhaile an Gharraí. Níl aon láithreán Natura 2000 sa sráidbhaile é féin; is fiú é a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil roinnt láithreán suntasacha éiceolaíochta (pNHA 1053 agus pNHA 0087) in aice láimhe ag Baile Ghearrait agus ag Garraí Lúcaís.
- 1.7.25 Tá dhá limistéar coillearnaí laistigh de theorainn na lonnáiochta atá mar chuid de shócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ba chóir iad a choinneáil agus a chosaint. Tá na ceantair seo criosaithe anois mar Bhonneagar Glas (GC-02 agus GC-03) chun a luach bithéagsúlachta agus taitneamhachta a chosaint. Is coill mhór leathanduilleach é Coill na Cille Móire siar ó dheas ón sráidbhaile agus tá cuid den choill tadhlaigh le teorainn forbartha an tsráidbhaile. Ina theannta sin, is dún stairiúil tábhachtach é Dún Bhaile Chaitín atá siar amach ón sráidbhaile, áit a ndearnadh roinnt tochairtí seandálaíochta le céad bliain anuas. Is gné shuntasach é an Dún é féin atá lonnaithe sna cnoic géara ar an taobh thiar den sráidbhaile.
- 1.7.26 Tá sé tábhachtach go gcoimeádfadh aon fhorbairt sa todhchaí sláine an tírdhreacha mórthimpeall agus nach mbaintear an bonn de charachtar tuaithe an cheantair, go háirithe na tailte siar ón sráidbhaile ag Dún Bhaile Chaitín agus Coill na Cille Móire.


## Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Béal Átha an Spidéil	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 24 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Na háiseanna pobail atá ann faoi láthair a choinneáil agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile.
DB-03	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-04	Tacaíonn sé le pleananna do chosáin, naisc rothar agus athailíniú bóithre ó Shráidbhaile Bhéal Átha an Spidéil go Coill na Cille Móire.
DB-05	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirilínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

## Cuspóirí Forbartha Sonracha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Saincuspóirí Forbartha i ndáil le Béal Átha an Spidéil		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b>		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
An Bonneagar Glas		
GA-01	Coinnigh na páirceanna imeartha, an chúirt leadóige agus an spás oscailte atá ann cheana.*	
GC-02	Spás oscailte. Coillearnach atá ann faoi láthair a chosaint.	
GC-03	Spás oscailte. Coillearnach atá ann faoi láthair a chosaint.	

# Baile an Spidéil



Cóipcheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cosaint. San áireamh tá sonraí Suirbhéireacht Ordánais Éireann a atáirgeadh faoi umhir cheadúnais OSi Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sáraíonn atáirgeadh neamhúdaráithe Suirbhé ordánas Éireann agus cóipcheart Rialtas na hÉireann © Suirbhé Ordánas Éireann 2022



## 1.8 Béal Guala

### Fís agus Comhthéacs

- 1.8.1 Is é an aidhm straitéiseach do Bhéal Guala ná spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú an tsráidbhaile laistigh dá shuíomh tarraingteach cois abhann, agus do shuíomh tírdhreacha na lonnaíochta a chaomhnú agus forbairt a chur chun cinn in éineacht le soláthar seirbhísí.
- 1.8.2 Tá Béal Guala suite laistigh de Mhórlimistéar Pleanála Straitéiseach Chuain Mhór Chorcaí sainithe mar phríomhshráidbhaile laistigh de Cheantar Bardasach Dhroichead na Bandan - Chionn tSáile. Beidh an straitéis foriomlán do Bhéal Guala dírithe ar scála cuí fais sa todhchaí a cheadú sa sráidbhaile bunaithe ar a acmhainneacht ó thaobh an chomhshaoil agus an bhonneagair de agus ar údar spreagtha a thabhairt do sholáthar áiseanna feabhsaithe sráidbhaile lena n-áirítear páirceáil, fearann poiblí uasghrádaithe le chéile, áiseanna spóirt agus taitneamhachta.

### An Comhthéacs Áitiúil

- 1.8.3 Tá Béal Guala suite timpeall 4.5 km soir ó thuaidh ó Chionn tSáile agus 4 km ó dheas ó Áth an Mhaide. D'fhorbair an sráidbhaile thart ar mhuilleann mór plúir go luath sa 19ú haois agus is sainchomhartha tábhachtach é an coimpléasc foirgneamh 6 stór i lár an tsráidbhaile. Tá dhaoine fós ina gcónaí i dtithe na muilneoirí fós sa lá atá inniu ann agus is cuid den láithreán stairiúil iad. Tá poitéinseal iontach ag coimpléasc an mhuilinn mar ionad nideoige fostaíochta nó mar cheann scríbe miondíola mar fhorbairt úsáide measctha a d'fhéadfadh cur le beogacht an tsráidbhaile.
- 1.8.4 I bpleananna a bhí ann roimhe seo, aithníodh Béal Guala mar aon le lonnaíochtaí an Mhaide agus Dhroichead an Mhionáin mar shráidbhailte a sholáthródh margadh tithíochta eile dóibh siúd nach raibh ina gcónaí i gceantar Chionn tSáile ach ar mhian leo cónaí i lonnaíocht tuaithe a bheadh oiriúnach don bhaile stairiúil.

### Breithníthe agus Moltaí Pleanála

#### An Daonra agus an Tithíocht

- 1.8.5 Thairfead Daonáireamh 2016 daonra de 826 duine i mBéal Guala, is ionann sin agus méadú 8% (61 duine) ar fhigiúirí Dhaonáireamh 2011 (765). Léiríonn meastacháin ó shonraí Geoeolaire An Post a thomhais seoltaí poist agus tithe áitithe gur mhéadaigh Béal Guala ó 273 teach in 2015 go 274 teach in 2020, is ionann sin agus méadú de 1 teach amháin sa líon tí. Faoi láthair tá ceadanna pleanála le haghaidh 49 aonad sa lonnaíocht gan réiteach.

Tábla 5.1.12: Fás sa Líon Tithíochta i mBéal Guala 2015-2020

	2015	2020	Athrú
Tithe	273	274	1

### Scála Foriomlán na Forbartha

- 1.8.6 Mar gheall ar shuíomh tarraingteach tuaithe Bhéal Guala, an raon áiseanna pobail atá ann agus an rochtain éasca ann, tá an-tóir ar an áit chun forbairtí nua a dhéanamh ann le blianta beaga anuas. Tá sé tábhachtach go neartaítear croí an tsráidbhaile agus go gcoimeádfadh tuilleadh forbartha sláine charachtar agus suíomh tarraingteach tuaithe an tsráidbhaile.
- 1.8.7 Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo scála an fháis sa todhchaí laistigh den sráidbhaile a laghdú go 31 aonad nua, ag tógáil an stoc tithíochta suas go timpeall 300 aonad faoi 2028. Níor athraíodh an teorainn forbartha do Bhéal Guala ón gceann atá sainmhínithe i bPlean Ceantair Áitiúil 2017 mar go bhfuil dóthain talún ar fáil chun an spriocfhás a bhaint amach. Tá teorainn forbartha Bhéal Guala socraithe den chuid is mó ag srianta bonneagair agus topagrafacha. Tá srian curtha ar an bhforbairt ar an taobh deas-oirthir agus ar an taobh oirthir den sráidbhaile mar gheall ar go bhfuil na tailte sin ard agus neamhchosanta. Tá uasghráduithe ar an mBonneagar Dramhuisce ceadaithe do Bhéal Guala laistigh de Chlár Fáis Bailte Beaga agus Sráidbhailte Uisce Éireann. Déanfaidh an tionscadal an bonneagar cóireála fuíolluisce atá ann cheana féin i gceantar Bhéal Guala a chónascadh agus a chomhdhlúthú in aon WWTP amháin a mbeidh an cumas aige freastal ar an bhforbairt reatha agus ar an bhfás réamh-mheasta.
- 1.8.8 Le linn shaolré an Phlean seo, beidh an fhorbairt dírithe ar lár an tsráidbhaile féin a neartú agus a fheabhsú trí shaoráidí páirceála breise a thabhairt isteach ann agus tríd an lárionad sráidbhaile a leasú le bheith níos oiriúnaí do choisithe. Meastar gurb é comhdhlúthú an tsráidbhaile mar sholáthraí seirbhísí tábhachtacha áitiúla mar aon le roinnt fairsingithe cónaithe teoranta an straitéis is oiriúnaí don sráidbhaile. Tá sé tábhachtach go ndéanfar an fhorbairt cónaithe a fhorbairt in éineacht le feabhsúcháin agus cothabháil ar áiseanna pobail sa sráidbhaile.

### An Chomhforbairt Áite

- 1.8.9 Tá Béal Guala forbartha timpeall ar mhuilleann mór plúir go luath sa 19ú haois agus is sainchomhartha tábhachtach é an coimpléasc foirgneamh 6 stór i lár an tsráidbhaile. Tá dhaoine fós ina gcónaí i dtithe na muilneoirí fós sa lá atá inniu ann agus is cuid den láithreán stairiúil iad. Tá poitéinseal iontach ag coimpléasc an mhuilinn mar ionad nideoige fostaíochta nó mar cheann scríbe miondíola mar fhorbairt úsáide measctha a d'fhéadfadh cur le beogacht an tsráidbhaile.

- 1.8.10 Tá easpa cuma críochnúla ar struchtúr an tsráidbhaile in áiteanna agus chuideodh roinnt moltaí inlíonta, plandáil crann agus sainmhíniú teorann lár an tsráidbhaile a cheangal le chéile ar bhealach níos iomlánaíoch. Taobh amuigh den chroílár, caithfidh dearadh agus leagan amach scéimeanna nua tithíochta sráideanna agus spásanna nua a chruthú a chuireann go dearfach le carachtar an tsráidbhaile agus a sholáthróidh meascán d’aonaid, ó thaobh cineáil agus mhéide de araon. Beidh dlúis sraitheach, ag féachaint dá ghairacht don chroílár.
- 1.8.11 Is é an príomhbhóthar tríd an tsráidbhaile ná an R600, a nascann an tsráidbhaile le Cathair Chorcaí ó thuaidh agus Cionn tSáile ó dheas. Síneann an R611, a nascann Béal Guala le Carraig Uí Leighin, soir ón tsráidbhaile. Tá deiseanna ann chun an timpeallacht coisithe a fheabhsú trí bhearta maolaíthe tráchta a sholáthar agus pointí trasnaithe coisithe sa tsráidbhaile. Spreagfadh áiteanna páirceála sainithe breise laistigh den tsráidbhaile daoine chun stop a chur le seirbhísí tsráidbhaile agus úsáid a bhaint astu.
- 1.8.12 Is droichead cúng é Droichead Aghafantaun ag aomhal an R600 agus an L7227 i mBéal Guala ina n-eascaíonn coinbheacht tráchta agus coisithe. Tá an droichead suite ar an mbealach isteach do choisithe go dtí scoil Bhéal Guala ina bhfuil 340 dalta faoi láthair agus atá ag fás i gcónaí. Tá os cionn €100,000 caite ag Comhairle Contae Chorcaí cheana féin chun cosán a thógáil ón droichead go dtí an scoil agus mar sin chuideodh droichead coisithe nua píosa beag síos an abhainn ó Dhroichead Achadh an Aitinn le tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an scéim chosáin seo. Tá dearadh coincheapúil don droichead críochnaithe cheana féin. Tacaíonn an Plean le soláthar an pháisa tábhachtach seo de bhonneagar áitiúil a sholáthróidh nascacht níos fearr.

### An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 1.8.13 Is cúng, seirbhís-bhunaithe í próifíl fostaíochta Bhéal Guala. Lasmuigh den tsráidbhaile is í an fhostaíocht atá bunaithe ar an talmhaíocht an príomhfhoinsé den ghníomhaíocht eacnamaíoch atá ann. Is ionad comaitéireachta tarraingteach é an ceantar mar gheall ar chónagaracht an tsráidbhaile do Chathair Chorcaí agus naisc atá aige le Carraig Uí Leighin/Rinne an Scidigh.

### Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 1.8.14 Lonnaíocht seanbhunaithe is ea Béal Guala agus i measc na seirbhísí reatha atá sa tsráidbhaile tá séipéal, stáisiún peitрил a chuimsíonn siopa agus oifig an phoist, agus teach tábhairne. Tacófar le pleananna chun ionad pobail nua a sholáthar laistigh den teorainn forbartha, faoi réir ag gnáthbheithnithe pleanála. Tá seirbhís bus poiblí ag freastal ar an tsráidbhaile.
- 1.8.15 Tá an bhunscoil is gaire suite taobh amuigh den tsráidbhaile, san iarthuaisceart. Áis chomhoideachais is ea Scoil Mhuire na nGrást (Scoil Náisiúnta Bhéal Guala). Tugadh cead le déanaí in 2020 chun síneadh a chur leis an scoil chun 3 sheomra ranga breise agus seomra acmhainní a chur ar fáil.
- 1.8.16 Forbraíodh siúlóid taitneamhachta sárscéimhe feadh Abhainn Bhéal Guala ó dheisceart an tsráidbhaile i dtreo Chionn tSáile. Is taitneamhacht tábhachtach é seo don cheantar áitiúil. Tabharfaidh an Chomhairle Contae tacaíocht chun clós súgartha a chur ar fáil sa tsráidbhaile.

### An Bhainistíocht Uisce

- 1.8.17 Tá oibreacha cuíchóirithe ar siúl faoi láthair ar Sholáthar Uisce Bhéal Guala a chuirfear leis an acmhainneacht.
- 1.8.18 Tá fadhbanna ann maidir leis an líonra séarachais freisin. Is fadhb é go bhfuil roinnt séarach ag dul amach díreach isteach san uisce san Inbhear. Tá gá le séaraigh bhréan a uasghrádú agus le soláthar Ionad Cóireála Fuíolluisce nua chun freastal ar thuilleadh fáis i mBéal Guala. Tá Scéim Séarachais Bhéal Guala mar atá molta ar feitheamh faoi láthair.
- 1.8.19 Tá áiteanna i mBéal Guala sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois bhruacha Abhainn Bhéal Guala sa tsráidbhaile, agus tá siad léirithe ar léarscáil na lonnaíochta. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 An Bhainistíocht Uisce in Imleabhar a hAon** den Plean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d’aon Tástálacha Fírinne a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

### An Oidhreacht Thógtha

- 1.8.20 Tá Muileann Plúir Bhéal Guala, fothrach 6 bháfhuinneog, 6 stór ar taifead i dTaifead na Struchtúr Cosanta (RPS ID 00725).

### An Bonneagar Glas

- 1.8.21 Téann Abhainn Áth an Mhaide thart ar imeall iartharach an tsráidbhaile agus nascann sí le hAbhainn taoide Bhéal Guala ar an taobh theas den tsráidbhaile. I measc na ngnéithe a bhfuil luach bithéagsúlachta ag gabháil leo tá conairí an dá fhoabhainn d’abhainn an Áth an Mhaide a thagann le chéile sa tsráidbhaile agus na gnáthóga a bhaineann leo lena n-áirítear bandaí coillearnaí. Síneann crios taoide na habhann chomh fada le teorainn Bhéal Guala agus tá cuid bheag den limistéir idirthaoideach áirithe laistigh de theorainn na lonnaíochta. Bhí roinnt réileán láibe idirthaoideacha líonta isteach sa limistéar seo roimhe seo. Níor cheart go mbeadh a thuilleadh inlíonta de ghnáthóg idirthaoideach laistigh den tsráidbhaile nó in aice leis agus ba chóir dorchlaí abhann a chosaint le clúdach crann a choinneáil.


## Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Bhéal Guala	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 31 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Spreagadh a thabhairt d'athshlánú agus d'athúsáid Choimpléasc an Mhuilinn atá ann cheana féin laistigh de chroílár an tsráidbhaile. Áirítear le húsáidí oiriúnacha cur chuige miondiola, fostaíochta, cónaithe nó úsáide measctha a chuireann teicnící caomhnaithe dea-chleachtais i bhfeidhm ar an struchtúr sainchomhartha cosanta seo.
DB-03	Tacaíonn sé le naisc fheabhsaithe do choisithe a sholáthar, lena n-áirítear droichid coisithe breise, a cheanglaíonn ceantair chónaithe le croí an tsráidbhaile agus leis an scoil.
DB-04	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-05	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloífeadh, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – 'An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte'. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

## Cuspóirí Forbartha Sonracha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Béal Guala		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
U-01	Bearta maolaithe tráchta atá oiriúnach a shainaithint don phríomhshráid (R600) i mBéal Guala, agus an nascacht a fheabhsú idir ceantair chónaithe, scoileanna agus seirbhísí áitiúla.	
U-02	Riachtanas do réiteach páirceála carrchlóis eas-sráide atá inrochtana don sráidbhaile a shainaithint.	
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GA-01	Spás Oscailte Gníomhach, coinnigh an pháirc imeartha agus an spás oscailte atá ann cheana féin.*	5.3
GC-02	Spás Oscailte Éighníomhach. Is cuid den tuilemhá iad na tailte.*	1.83
GC-03	Spás Oscailte Éighníomhach. Is cuid den tuilemhá iad na tailte.*	1.92

# Béal Guala



**Críoslíthe Úsáide Talún**

- Bonnegar glas
- Crios Tuile A
- Crios Tuile B
- Teorainn Forbartha

Cóipcheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cosaint. San áireamh tá sonraí Suirbhéireacht Ordánais Éireann a atáirgeadh faoi uimhir cheadúnais OSi Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sáraitonn atáirgeadh neamhúdairilhe Suirbhé ordánais Éireann agus cóipcheart Rialtas na hÉireann © Suirbhé Ordánais Éireann 2022



## 1.9 Cúirt Mhic Shéafraidh

### Fís agus Comhthéacs

- 1.9.1 Is iad na haidhmeanna straitéiseacha do Chúirt Mhic Shéafraidh ná spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú an tsráidbhaile laistigh dá shuíomh cósta, saintréithe ailtireachta agus tírdhreacha uathúil na lonnaíochta a chaomhnú agus an fhorbairt bháil a chur chun cinn ann in aontú le seirbhísí a sholáthar ann. Ar cheann de na príomhbhreithnithe maidir le forbairt an tsráidbhaile amach anseo tá soláthar a dhéanamh d'áitíocht bhuan tithíochta.

### An Comhthéacs Áitiúil

- 1.9.2 Tá sráidbhaile Chúirt Mhic Shéafraidh suite ag deireadh leithinis choillte, in áit tarraingteach in aice le béal Chuan Chúirt Mhic Shéafraidh, timpeall 14 km soir ó Chloich na Coillte agus timpeall 4 km soir ó Thigh Molaige. Tá an lonnaíocht suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí.
- 1.9.3 Tá an sráidbhaile suite cois stráice cúng talún in aice le Cuan Chúirt Mhic Shéafraidh atá roinnt ciliméadar ar fad. Is ionad turasóireachta séasúrach é an sráidbhaile, a mbíonn sní isteach mór turasóirí aige i míonna an tsamhraidh. Feidhmíonn Tigh Molaige agus Cúirt Mhic Shéafraidh mar aon chun feidhmeanna éagsúla a sholáthar don chúlchríoch mhór tuaithe a shíneann amach go Droichead na Bandan sa tuaisceart agus go Cloich na Coillte san iarthar.

### Breithnithe agus Moltaí Pleanála

#### An Daonra agus an Tithíocht

- 1.9.4 Taifeadh 590 duine mar an daonra i gCúirt Mhic Shéafraidh i nDaonáireamh 2016, is é sin le rá méadú 70 duine nó 13% i gcomparáid leis an líon daoine i ndaonáireamh 2011. Is ionad turasóireachta é an sráidbhaile go príomha agus tá méadú suntasach ar dhaonra an tsamhraidh. Léirítear i Tábla 5.1.13 go raibh 6 aonad cónaithe tógtha laistigh de theorainn an tsráidbhaile idir 2015 agus 2020.

Tábla 5.1.13: Fás sa Líon Tithíochta i gCúirt Mhic Shéafraidh 2015-2020

	2015	2020	Athrú
Tithe	417	423	6

#### Scála Foriomlán na Forbartha

- 1.9.5 Tá sé tugtha le fios i dTábla 5.1.13 go bhfuil fás beag tagtha ar líon na n-aonad cónaithe a tógadh laistigh den lonnaíocht ó 2015 i leith. Tá gá le 95 aonad breise go dtí 2028 aitheanta sa Phlean. Tá 10 n-aonad geallta cheana féin faoi Fhógraí Tosaithe, rud a laghdaíonn an scála fáis go 50 aonad breise.

#### An Chomhforbairt Áite

- 1.9.6 Is lonnaíocht tharraingteach líneach cois cósta í Cúirt Mhic Shéafraidh a bhfuil feidhm thábhachtach seirbhíse, mhuirí agus turasóireachta aici. Aonaid 2-stór atá eagraithe i sraitheanna agus mar leathscoite atá le feiceáil sa sráid-dreach comhdhéanta den chuid is mó. Tá foirgnimh shuntasacha ann atá spéisiúil, mar shampla mar Stáisiún an Gharda Cósta, an sean-chríochfort iarnróid agus na séipéil. Is de bhunús an 19ú haois den chuid is mó atá an sráid-dreach atá ann cheana féin agus cuimsíonn sé gnéithe uathúla tábhachtacha maidir leis an gcomhforbairt áite mar bhallaí ísle céibh cloiche, céanna stairiúla agus gnéithe tábhachtacha de thoscán sráide ar nós caidéal uisce agus sonraí teorann tarraingteacha.
- 1.9.7 Tá an Príomhshráidbhaile suite i gceantar den chontae atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha (HVL). Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórscála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach. Tá trí bhealach sárscéimhe sainithe ann freisin, an S69 ó Thigh Molaige go Cúirt Mhic Shéafraidh, an S73 a théann ó Thigh Molaige go Cloich na Coillte agus an S67 a théann go Seancheann Chionn tSáile ar an taobh thoir. Tá sé tábhachtach an tuath oscailte a chothabháil idir an dá shráidbhaile, Tigh Molaige agus Cúirt Mhic Shéafraidh agus feadh an bhóthair go dtí an Trá Leathan.
- 1.9.8 Mar gheall ar an suíomh tarraingteach cois cósta ina bhfuil Cúirt Mhic Shéafraidh suite, tá feidhm na turasóireachta agus fachtóirí áineasa/cáilíochta beatha ina láthair tharraingteach le haghaidh forbartha. Mar gheall ar a ainmniúchán mar shuíomh feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin tá a phróifíl ardaithe mar cheann scribe turasóireachta idirnáisiúnta. Tá roinnt lóistín turasóireachta sa sráidbhaile chun freastal ar chuariteoirí séasúracha, ach ba cheart go bhfreastalódh aon fhorbairt bhreise sa sráidbhaile cósta an-íogair seo ar riachtanais tithíochta buana lánaimseartha mhuintir na háite, den chuid is mó. Áirítear leis seo soláthar aonaid aoischaídiúla agus cosanta chun freastal ar chohóirt níos sine den daonra.
- 1.9.9 Mar gheall ar shuíomh cósta an tsráidbhaile os cionn Chuan Chúirt Mhic Shéafraidh, tá sé tábhachtach go gcoimeádfadh aonfhorbairt sa todchái sláine an tírdhreacha máguaird. Tá scóip le haghaidh forbartha laistigh de Chúirt Mhic Shéafraidh; ach, mar sin féin, tá sé tábhachtach go gcoimeádtar, go bhfeabhsaítear agus nach gcuirfí isteach ar charachtar tuaithe an tsráidbhaile, ar a oidhreacht ailtireachta agus ar a oidhreacht eile agus ar thaitneamhachtaí nádúrtha agus cósta.

- 1.9.10 Tá infrastruchtúr mara tábhachtach sa sráidbhaile lena n-áirítear cé, áiseanna duga, pontún agus fánáin a fheastalaíonn ar shoithí iascaireachta tráchtála chomh maith le soithí áineasa. Faoin 'Straitéis um Bonneagar Fóillíochta Muiri do Roinn an Iarthair de Chontae Chorcaí 2008', tá Cúirt Mhic Shéafraidh ainmnithe mar 'Mhol Tánaisteach' agus é mar chuspóir ag an straitéis seo tacú le agus cuidiú le forbairt infrastruchtúir turasoireachta a bhaineann leis an bhfarraige agus an acmhainneacht atá ag an mbonneagar cósta atá ann cheana féin agus ag an gcósta. Tacaíonn an Plean le soláthar inbhuanaithe d'áiseanna inmharthana a bhaineann leis an bhfarraige i gCúirt Mhic Shéafraidh, áit a bhfuil gá aitheanta, faoi réir láithreán oiriúnach agus an ghnáthphleanáil chuí agus an fhorbairt inbhuanaithe chuí a shainthint. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo saoráidí bonneagair mhuirí breise a sholáthar chun freastal ar shoithí bád tarrthála nua thar shaolré an Phlean. Tacaíonn an Plean freisin le hathshlánú an bhonneagair mhuirí stairiúil faoi réir measúnaithe chaomhnaithe chuí. Tá sé beartaithe an sráidbhaile a leathnú mar cheann scríbe turasoireachta mara, a bheidh dírithe ar an slatiascaireacht farraige, an iascaireacht domhainfharraige agus ar fhaire míolta móra.
- 1.9.11 Tá sé tábhachtach go ndéanfaí bainistiú ar bhainistíocht tráchta, ar luasanna agus ar pháirceáil laistigh den sráidbhaile ar bhealach a thacaíonn le beogacht agus le carachtar an tsráidbhaile ar bhealach praiticiúil. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach comharthaíocht níos fearr a chur ar fáil chun cuairteoirí a chur ar an eolas faoi dheiseanna páirceála forimeallacha chun brú tráchta agus páirceáil fánach a sheachaint le linn buaic-mhíonna an tsamhraidh. Tacaíonn an Plean le feabhsú na n-áiseanna coisithe laistigh den sráidbhaile agus limistéir lasmuigh chun go bhféadfaidh daoine suí agus taitneamh a bhaint as na radharcanna fairsinge sárscéimhe trasna an Inbhir.

### **An Geilleagar agus an Fhostaíocht**

- 1.9.12 Soláthraítear na príomhchineálacha fostaíochta sa sráidbhaile sna tionscail seirbhísi, turasoireachta agus iascaireachta. Soláthraíonn na hóstáin agus na tithe saoire atá suite ar an taobh thoir den sráidbhaile pointe fócasach don fheidhm mhéadaithe turasoireachta sa sráidbhaile. Tagann méadú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch le linn míonna an tsamhraidh nuair a thagann líon na gcuairteoirí séasúracha chuig an gceantar.
- 1.9.13 Foirgneamh stairiúil is é Teach Woodpoint atá lonnaithe ar shuíomh mór ar thalamh ard. D'fhéadfaí breathnú ar uasghráduithe cuí agus/nó cóiríocht turasoireachta breise a chur ar fáil, faoi réir aon tionchar míchuí ar thaitneamhachtaí sárscéimhe an cheantair a sheachaint agus ní mór é a dhearadh chun tionchair ar shainiúcháin éiceolaíochta agus ar ghnáthóga a bhfuil luach ard éiceolaíochta acu a sheachaint.
- 1.9.14 Tá an láithreán le criosú mar X-02 chun soláthar d'uasghráduithe cuí agus/nó cóiríocht turasoireachta breise agus gach rochtain agus seirbhísiú a bhaineann leis a cheadú, faoi réir aon tionchar míchuí ar thaitneamhachtaí sárscéimhe an cheantair a sheachaint agus ní mór é a dhearadh chun a sheachaint. tionchair ar shonrúcháin éiceolaíochta agus ar ghnáthóga a bhfuil ardluach éiceolaíochta acu.
- 1.9.15 Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfaidh aon tograí forbartha gach gné den oidhreacht thógtha a fheabhsú agus a chaomhnú, go háirithe Séadchomhartha Náisiúnta CO136-042 (Tírdhreach Deartha - Belvedere).
- 1.9.16 Chomh maith leis sin, tá páirc mhór tithe soghluaiste agus na háiseanna áineasa gaolmhara suite ar an taobh thoir den óstán. Níl aon chroí sráidbhaile sainithe ná nód tráchtála agus níl aon ghníomhaíocht thionsclaíoch sa sráidbhaile féin. Sa chúlchríoch tuaithe tá an chuid is mó den fhostaíocht áitiúil dírithe ar thalmhaíocht. Tá Staunton's Foods Ltd, ar fostóir mór sa cheantar áitiúil iad, lonnaithe thart ar 4 km siar ó Chúirt Mhic Shéafraidh.
- 1.9.17 Níl aon talamh criosaithe faoi láthair le haghaidh úsáide Gnó/Fostaíochta i gCúirt Mhic Shéafraidh ach ba cheart tionscail dhúchasacha bia agus ceardaíochta a spreagadh laistigh de stoc foirgneamh an tsráid-dreacha atá ann faoi láthair.

### **Áiseanna Sóisialta agus Pobail**

- 1.9.18 I measc na n-áiseanna pobail sa sráidbhaile tá dhá shéipéal, halla pobail, clós súgartha, cúirt leadóige, promanád, roinnt tithe tábhairne, tithe aíochta agus siopa pobail. Níl aon bhunscoil sa sráidbhaile faoi láthair. Tá na bunscoileanna is gaire lonnaithe i dTigh Molaige agus i mBarraigh Rua. Ar cheann de na pointí fócasacha i lár an cheantair faoi fhoirgnimh tá an ché cuain ina bhfuil an cabhlach iascaireachta áitiúil agus árthai pléisiúir agus slatiascaireachta séasúracha. Tá seirbhís Bád Tarrthála Chúirt Mhic Shéafraidh suite lastoir den ché.
- 1.9.19 Freastalaíonn roinnt clubanna uiscebhunaithe ar an sráidbhaile lena n-áirítear Club Rámhaíochta Chúirt Mhic Shéafraidh. Tá roinnt clubanna caitheamh aimsire sa sráidbhaile nach bhfuil aon áiseanna imeartha acu. Tá páirc spóirt ag teastáil a d'fhéadfadh clubanna agus cumainn éagsúla í a roinnt, chomh maith le clós súgartha breise do leanaí. Tá páirc sacair ag Club Sacair Chúirt Mhic Shéafraidh atá suite ó dheas den sráidbhaile. Tá go leor éanlaithe sa cheantar agus tá deis ann an sráidbhaile a ainmiú mar Ionad Taifeadta Éiceolaíochta Éanlaithe.
- 1.9.20 Tá siúlóid áineasa (na Seacht gCeanna) bunaithe a théann ó Thigh Molaige san iarthar go Cúirt Mhic Shéafraidh (An Sean-líne Iarnróid) agus ansin ar fad an leithinis tríd an gcoillearnach measartha fairsing, agus radharcanna iontacha uaithe amach ar an bhfarraige. Téann an tsiúlóid trasna na Trá Leithne, áit a bhfuil carrchlós, agus ansin leanann sé ar aghaidh go dtí na Seacht gCeanna mar a bhfuil bóthar rochtana go Cúirt Mhic Shéafraidh, ag fágáil gur siúlóid iomlán atá i gceist. Tá pleananna ann chun siúlóidí lúbacha breise a fhorbairt laistigh den cheantar. Ba chóir aon shiúlóidí den sórt sin a dhearadh go cúramach agus na sonrúcháin oidhreachta nádúrtha a bhaineann leis an gceantar seo curtha san áireamh leis.
- 1.9.21 Féachfaidh an Plean seo leis na háiseanna pobail atá ann faoi láthair a choinneáil agus a fheabhsú agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile. Ba chóir go mbeadh soláthar bonneagair chuí phobail agus shóisialta ag teacht le forbairt nua cónaithe. Is sócmhainn luachmhar é an coimpléasc áitiúil GAA i mBarraigh Rua, a áiríonn cúirt leadóige freisin, don phobal i gCúirt Mhic Shéafraidh.

## An Bhainistíocht Uisce

- 1.9.22 Maidir leis an gcóireáil fuíolluisce, tá Ionad Cóireála Fuíolluisce nua i bhfeidhm a fhreastalaíonn ar Thigh Molaige agus Cúirt Mhic Shéafraidh araon. Tá spás san ionsf chun freastal ar fhorbairt bhreise (592 pe). Soláthraítear an t-uisce le Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Chloich na Coillte ar scéim í atá ag brath ar bhreiseiú ó Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Dhún Mánmhai (Céim 2).
- 1.9.23 Tá áiteanna i gCúirt Mhic Shéafraidh sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois cósta go dtí an taobh tuaisceart den sráidbhaile, agus tá siad léirithe ar léarscáil na lonnaíochta. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 An Bhainistíocht Uisce in Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Fírinne a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

## An Oidhreacht Thógtha

- 1.9.24 Tá an tírdhreach mhealltach i gCúirt Mhic Shéafraidh agus tá roinnt foirgnimh bhreátha ann. Tá roinnt aghaidheanna siopaí atá seanda go leor sa sráidbhaile agus tá na hardáin tarraingteacha ar an bpríomhshráid a bhreathnaíonn thar Chuan Chúirt Mhic Shéafraidh mar shainairíonna don áit. Áiríonn an sráidbhaile freisin roinnt foirgneamh nó struchtúr eile atá ar Thaifead na Struchtúr Cosanta lena n-áirítear Carillon Lodge (RPS ID 1307) soir ó lár an tsráidbhaile agus Mainistir Cistéirseach Mhachan (RPS ID 00769) atá suite lasmuigh de theorainn an tsráidbhaile an iarthar.
- 1.9.25 Teastaíonn cosaint ón phromanád cósta in aghaidh tuilleadh forbartha. Tá roinnt forbartha déanta cheana féin ar thaobh na farraige den phríomhbhóthar rochtana (stáisiún garda tarrthála, céanna, halla pobail agus roinnt tithe báid). Tá sé tábhachtach nach dtarlódh a thuilleadh forbartha ach amháin d'fheabhsuithe ar thaitneamhacht an cheantair agus éascú a dhéanamh ar shreabhadh tráchta éasca (feithiclí agus coisithe).
- 1.9.26 Is éard atá sa réadmhaoin diméine mór ag Cinn Creige ná teach mór eastáit tréigthe agus tithe coimhdeacha ar ghabháltas mór atá suite go straitéiseach díreach ó dheas ó Óstán an Esplanade (atá athchóirithe agus athchóirithe ina theach baile/árasán). Ós rud é go bhfuil sé laistigh den teorainn forbartha agus gar do gach taitneamhachtaí sa sráidbhaile, tá poitéinseal ann d'fhorbairt an tseanteach agus a chuid foirgneamh coimhdeach ar an ngabháltas talún i gCinn na Creige mar shuíomh deise, chun freastal ar choimpléasc óstáin eisiach lena n-áirítear ionad fóillíochta chun freastal ar an sráidbhaile. sráidbhaile agus a chúlchríoch. Tá an láithreán criosaithe mar Limistéar Beartais Speisialta (X-01) anois. Bheadh gá ann aon fhorbairt a bheith faoi réir scéim mhionsonraithe deartha tírdhreachaithe. Níl an láithreán feiliúnach d'fhorbairt tithe saoire cónaithe nó neamhspleácha.

## An Bonneagar Glas

- 1.9.27 Tá Eastát Cúirt Mhic Shéafraidh atá soir ón sráidbhaile sainithe ag iarraidh le bheith ina Limistéar Caomhantais Speisialta (cód láithreáin SAC – 1230) agus mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha ainmnithe (cód láithreáin pNHA – 1230). Tá Cuan Chúirt Mhic Shéafraidh ainmnithe mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (cód láithreáin SPA 4219) freisin. Tacaíonn an t-inbhear le gnáthóga muirí agus cósta ardluacha ó thaobh na héiceolaíochta agus tá sé tábhachtach freisin do líon ard de raon speiceas éan beathaithe geimhrídh. Tá ceantair cheann tíre cósta laistean de Chúirt Mhic Shéafraidh suite laistigh de Limistéar faoi Chosaint Speisialta Cheann Caoire. Aithníonn an Chomhairle luach bithéagsúlachta na n-acmhainní oidhreachta nádúrtha seo agus tá sí ag iarraidh iad a chosaint.
- 1.9.28 Ní mór an iomaire coillearnaí ar chúl na forbartha atá ar an taobh ó dheas den phríomhshráid agus an choillearnach ar an mbealach isteach ó dheas go dtí an sráidbhaile a choinneáil mar spás oscailte atá caomhnaithe chun luachanna oidhreachta nádúrtha a chosaint chomh maith le taitneamhachtaí amhairc an tsráidbhaile. an sráidbhaile.

## Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Chúirt Mhic Shéafraidh	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 50 aonad cónaithe breise le haghaidh áitiúcht lán-aimseartha a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	An suíomh tarraingteach cois cósta agus carachtar an tírdhreacha a chothabháil agus a fheabhsú.
DB-03	Tá Chúirt Mhic Shéafraidh suite cóngarach do Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Inbhear Chúirt Mhic Shéafraidh (Cód Láithreáin 1230), do Limistéar faoi Chosaint Speisialta Chuan Chúirt Mhic Shéafraidh (Cód Láithreáin 4219), agus tá sé gar do Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Seacht gCeanna (Cód Láithreáin 4191) freisin. Ní cheadófar forbairt sa lonnaíocht seo ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ag teacht le riachtanais na Teorach um Ghnáthóga agus le cosaint na láithreán seo.

**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae**  
**Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Chúirt Mhic Shéafraidh**

Uimh. na Cuspóra	
DB-04	Is féidir soláthar teoranta a dhéanamh do chóiríocht thithe saoire bainistithe laistigh den sráidbhaile áit a bhfuil gá léirithe, faoi réir ag gnáthbhreithnithe pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe.
DB-05	Tosaíocht a thabhairt d'uasghrádú agus leathnú bóithre, cosáin agus naisc rothaíochta laistigh den sráidbhaile ar bhonn riachtanas le linn shaolré an Phlean.
DB-06	Tacú le soláthar Reilige.
DB-07	Áirítear leis hinfreastruchtúr glas, bithéagsúlacht agus sócmhainní tírdhreacha Chúirt Mhic Shéafraidh na gnáthóga cósta agus na gnáthóga muirí atá ann, chomh maith leis na bogaigh agus coilearnacha. Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go hígair chun soláthar a dhéanamh do chosaint na gnéithe seo agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-08	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – 'An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte'. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .
DB-09	Tacaíocht a thabhairt do pháirceáil eas-sráide laistigh den sráidbhaile.

**Cuspóirí Forbartha Sonracha**

**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae**  
**Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cúirt Mhic Shéafraidh**

* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GC-01	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus leis an caomhantas crann.	5.4
GC-02	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus leis an caomhantas crann.	2.3
GC-03	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus leis an caomhantas crann.	10.74
GC-04	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus leis an caomhantas crann.	1.7
GC-05	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus leis an caomhantas crann.	2.1
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
U-01	Feabhsuithe ar Shiúlóid na Seacht gCeanna.  Tá an bealach atá beartaithe don tsiúlóid seo cóngarach do agus laistigh de SAC Inbhear Chúirt Mhic Shéafraidh agus de SPA Chuan Chúirt Mhic Shéafraidh. Ba cheart feabhsuithe ar an tsiúlóid seo nó tuilleadh forbartha ar bhealaí nua sa cheantar seo a dhearadh go hígair chun a n-ainmniúcháin caomhnaithe dúlra a chur san áireamh agus beidh siad faoi réir measúnú tionchair éiceolaíochta agus, nuair is gá, Measúnú Cuí, ag féachaint lena chinntiú go seachnófar tionchair dhiúltacha ar shuímh ainmnithe an AE, ar speicis chosanta agus ar ghnáthóga a bhfuil luach ard bithéagsúlachta acu.*	




**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cúirt Mhic Shéafraidh**

**\* Baol Tuilte a Bheith Ann  
Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce**

Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Limistéar Beartais Speisialta</b>		
X-01	Is eastát stairiúil é Cionn na Creige atá suite go straitéiseach, ina bhfuil teach tuaithe, foirgnimh choimhdeacha agus diméin deartha. Tá poitéinseal suntasach ag an láithreán mar shuíomh deise d'fhorbairt óstán caomhnaithe lena n-áirítear ionad fóillíochta chun freastal ar an sráidbhaile agus ar a chúlchríoch. Ní mór gur gairmithe caomhnaithe creidiúnaithe a dhéanfaidh an fhorbairt ar an láithreán seo, faoi réir measúnaithe cuimsitheacha agus mionsonraithe ar an eastát ina iomláine chun forbairt a bhaint amach a chaomhnaíonn agus a fheabhsaíonn carachtar agus suntas Chinn na Creige.	
X-02	Limistéar Beartais Speisialta: Foirgneamh stairiúil is é Teach Woodpoint atá lonnaithe ar shuíomh mór ar thalamh ard. D'fhéadfaí breathnú ar uasghráduithe cuí agus/nó cóiríocht turasóireachta breise a chur ar fáil (lena n-áirítear ostán), faoi réir aon tionchar míchuí ar thaitneamhachtaí sárscéimhe an cheantair a sheachaint agus ní mór é a dhearadh chun tionchair ar shainiúcháin éiceolaíochta agus ar ghnáthóga a bhfuil luach ard éiceolaíochta acu a sheachaint. Maidir le haon fhorbairt a ndéanfaí ar an láithreán, ceanglófar leis go ndéanfar na coillearnaí a chaomhnú agus a chosaint, na fáilta sceiche laistigh de chúirealáiste an Tí san áireamh, agus beidh meas léirithe freisin leis ar iogaireachtaí tírdhreacha, oidhreachta agus éiceolaíochta an láithreáin. Ina theannta sin, ba cheart go gcaomhnódh agus go gcosnódh tograí forbartha an láithreáin an oidhrecht thógtha, lena n-áirítear Séadchomharthaí Náisiúnta (CO-136-042), ar na tailte seo.	6.98

# Cúirt Mhic Shéafraidh



## 1.10 Inis Eonáin

### Fís agus Comhthéacs

- 1.10.1 Is é an fhís atá ann d'Inis Eonáin ná comhdhlúthú an tsráidbhaile laistigh dá shuíomh tuaithe a spreagadh, agus forbairt báuil a chur chun cinn in éineacht le soláthar seirbhísí. Tá soláthar áiseanna cóireála fuíolluisce ar cheann de na príomhbhreithnithe maidir le forbairt an tsráidbhaile sa todhchaí.
- 1.10.2 Tá Inis Eonáin suite laistigh de Mhórlimistéar Pleanála Chuaire Chorcaí. Tá Inis Eonáin ainmnithe mar Phríomhshráidbhaile laistigh de Cheantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Cionn tSáile. Beidh an straitéis foriomlán d'Inis Eonáin dírithe ar scála cuí fais sa todhchaí a cheadú sa sráidbhaile, ar sholáthar áiseanna feabhsaithe sráidbhaile lena n-áirítear áiseanna spóirt agus taitneamhacht agus feabhas a chur ar pháirceáil charranna agus ar chosáin laistigh den chroílár.

### An Comhthéacs Áitiúil

- 1.10.3 Is sráidbhaile tarraingteach é Inis Eonáin atá suite timpeall 6 km soir ó Dhroichead na Bandan. Téann an Bóthar Tánaisteach Náisiúnta an N71 tríd an bpríomhshráid sa sráidbhaile. Téann uisce Abhainn na Bandan díreach ó dheas ó Inis Eonáin agus déantar teorainn nádúrtha leis don sráidbhaile agus ardaíonn na leibhéil go géar lastuaidh den sráidbhaile.
- 1.10.4 Mar gheall ar shrianta topagrafacha tharla go leor d'fhorbairt nua cónaithe an tsráidbhaile ar an taobh thuaidh den sráidbhaile. Rinneadh roinnt athchóirithe agus athfhorbartha ar réadmhaoine feadh na Príomhshráide freisin, atá ag teacht go mór le carachtar an bhunsráid-dreach.

### Breithnithe agus Moltaí Pleanála

#### An Daonra agus an Tithíocht

- 1.10.5 Is suíomh tarraingteach forbartha é Inis Eonáin mar gheall ar shuíomh tarraingteach cois abhann, raon áiseanna agus seirbhísí pobail agus a chónagaracht do Chathair Chorcaí.
- 1.10.6 Taifeadh fás láidir de 140 duine i nDaonáireamh 2016 i gcomparáid le figiúirí 2011, agus fágadh dá bharr gur ionann an líon duine iomlán sa daonra iomlán agus 907 duine. Léiríonn meastacháin ó Shonraí Geoeolaire An Post a thomhais seoltaí poist agus tithe áitithe go bhfuil fás de 32 aonad cláraithe in Inis Eonáin i gcoinne fhigiúirí 2015, agus fágann sé sin gur ionann líon iomlán na n-aonad agus 347.

Tábla 5.1.14 An Fás sa Líon Tithíochta ar Inis Eonáin, 2015-2020

	2015	2020	Athrú
Tithe	315	347	32

- 1.10.7 Faoi láthair, tá roinnt gníomhaíocht tógála ar siúl agus críochnaíodh roinnt forbartha cónaithe lastuaidh den sráidbhaile. Tá cead pleanála gan réiteach do thart ar 59 aonad breise.

#### Scála Foriomlán na Forbartha

- 1.10.8 Thar shaolré an Phlean seo, tá sé mar aidhm scála na forbartha cónaithe nua a choinneáil faoi 150 aonad breise, lúide na ceadanna gan réiteach a choigeartóidh na figiúirí go 97 aonad. Sa bhealach sin, is éard a bheadh sa stoc tithíochta ná thart ar 450 aonad faoi 2028. Caithfidh forbairtí nua freagairt go dearfach do phatrún agus gráin na forbartha reatha. Ní mór leanúint ar aghaidh le leathnú an tsráidbhaile amach anseo ar bhonn roinnt suíomhanna dea-chomhtháite laistigh den sráidbhaile.
- 1.10.9 Le teorainn forbartha Inis Eonáin, sainmhínítear fairsinge an cheantair thógtha faoi mar atá faoi láthair, agus ceadáíonn sé ag an am céanna roinnt fairsingithe d'fhorbairt cónaithe agus fostaíochta. Le linn shaolré an Phlean seo, díreoidh an fhorbairt go príomha ar na tailte is ísle atá suite gar don sráidbhaile. Tá na tailte laistigh den teorainn forbartha soir ón sráidbhaile feadh an bhóthair isteach sa sráidbhaile íogair agus níos airde ó thaobh nádúr agus ba chóir go mbeadh forbairt ar na tailte seo ar scála atá ag teacht le láthair chomh feiceálach agus íogair.

#### An Chomhforbairt Áite

- 1.10.10 Lonnaíocht stairiúil líneach is ea Inis Eonáin ina bhfuil meascán d'fhoirgnimh ón 18ú haois agus ón 19ú haois. I dtaobh theas na sráide tá roinnt foirgneamh suntasach lena n-áirítear Teach Margaidh agus roinnt aonad maoinne móra Seoirseacha 5 bhá. Ar an taobh thuaidh den tsráid, tá grán uirbeach níos déine ag foirgnimh, tá comhréireanna níos lú acu agus tá saisfhuinneoga íocónacha iontu. Tá 2 eaglais mhóra sa sráidbhaile a chuireann le spéisiúlach an díondhreacha.

- 1.10.11 Tá rochtain ar chúl na sráide curtha ar fáil trí chlaí nó lánaí agus d'fhéadfadh go gcruthódh siad seo roinnt deiseanna inlíonta nó cúl-talaimh, faoi réir ag comhlíonadh cuspóirí pleanála agus forbartha cuí.
- 1.10.12 Tacaíonn an Plean le hathnuachan leanúnach réadmhaoin na Príomhshráide rud ar cheart go mbeadh meas léirithe ann ar charachtar stairiúil agus ar chreatlach stíl ailtireachta uathúil an tsráidbhaile. Spreagfar deiseanna d'fhorbairt inlíonta agus Maireachtáil Thar an Siopa chun carachtar úsáide measctha na Príomhshráide a threisiú. Ba chóir go mbeadh aghaidheanna siopa nua nó ionaid athsholáthair ag teacht le tréithe simplí stairiúla aghaidheanna siopa na Príomhshráide agus ba chóir féachaint Doiciméad Treorach na Comhairle dar teideal "Éadan Siopaí Chontae Chorcaí – Treoir Dearaidh don Suíomh Stairiúil".

### An Ghluaiseacht agus an Réimse Poiblí

- 1.10.13 Téann Príomhbhealach Náisiúnta an N71 trí lár an tsráidbhaile ag tabhairt líon mór tráchta tríd an bPríomhshráid rud a chuireann brú tráchta i rith an tsamhraidh. Cruthaíonn sé seo droch-thimpeallacht coisithe laistigh den sráidbhaile, a gcuirtear bac níos mó uirthi ag easpa bearta ceansaithe tráchta agus gan ach pointe trasnaithe coisithe amháin feadh na Príomhshráide. Cé go dtabharfar aghaidh ar an tsaincheist seo san fhadtéarma le "bóthar faoisimh", tá feabhas curtha sa ghearrthéarma ar thimpeallacht lár an tsráidbhaile trí bhearta ceansaithe tráchta breise agus áiseanna breise trasnaithe coisithe a sholáthar.
- 1.10.14 Spreagfar deiseanna chun páirceáil bhreise inrochtana eas-sráide a sholáthar laistigh d'achar siúil ón sráidbhaile. D'fhéadfadh deiseanna páirceála breise a bheith ar fáil ó dheas den tsráid trí bhearta tráchta a chur i bhfeidhm. Páirceáiltear carranna go mídhleathach ar an taobh ó dheas den tsráid faoi láthair, rud a chuireann bac ar an gcosán i bpáirt.

### An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 1.10.15 Is é an príomhchineál fostaíochta a chuirtear ar fáil in Inis Eonáin ná fostaíocht seirbhís-bhunaithe. Mar atá trácht déanta air, tá raon leathan seirbhísí ar fáil sa sráidbhaile lena n-áirítear seirbhísí leighis agus airgeadais agus raon áiseanna eile do thomhaltóirí agus miondíola. Leanann an Plean le soláthar a dhéanamh do thalamh fostaíochta chun tacú le deiseanna fostaíochta áitiúla a bheith ar fáil de réir mar a leanann an sráidbhaile ag leathnú.

### Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 1.10.16 Tá raon maith seirbhísí ar fáil in Inis Eonáin, agus trí shiopa ann, chomh maith le hollmhargadh beag, margadh ceardaithe/caifé, ceithre theach tábhairne, trí bhialann/bhialann beir leat, stáisiún peitрил mór nua agus seirbhísí áitiúla lena n-áirítear ATM don sráidbhaile. Is scoil mheasctha chomhoideachais í an bhunscoil áitiúil, Scoil Eoin agus tá líon na daltaí ann ag dul i méid. Faoi láthair, níl aon ghá le tuilleadh cóiríochta chun freastal ar dhaltaí a bheidh ag teacht isteach.
- 1.10.17 Le blianta beaga anuas tá deisiú agus athchóiriú déanta ar chuid d'éadanais na siopaí, lena n-áirítear roinnt foirgneamh nua a d'fhéach le meas a léiriú ar charachtar an tsráid-dreacha. Cuireann na ballaí cloiche sa sráidbhaile lena charachtar freisin agus nuair is féidir ba chóir iad seo a choinneáil.
- 1.10.18 Tá cosáin phoiblí agus soilsiú poiblí laistigh den sráidbhaile. Tá seirbhís bus poiblí ag freastal ar an sráidbhaile, a théann go Cathair Chorcaí agus go Droichead na Bandan.
- 1.10.19 Tá roinnt limistéar caitheamh aimsire sa sráidbhaile lena n-áirítear an ceantar ar a dtugtar 'the bleach' sa cheantar áitiúil mar gheall ar gur úsáideadh é roimhe seo mar limistéar déanta línedaigh ina bhfuil an club GAA áitiúil agus an halla pobail suite.
- 1.10.20 Tá sé mar aidhm ag an bPlean an raon áiseanna pobail agus áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile a chothabháil nó a leathnú. Áirítear i gCuspóir GA-01 riachtanas chun taitneamhachtaí reatha a chosaint mar chuid de choimpléasc club GAA. Tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, a oidhreacht ailtireachta agus a oidhreacht agus a thaitneamhachtaí nádúrtha eile a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirfí isteach orthu.
- 1.10.21 D'fhágfadh siúlóid coisithe feadh bhruach thuaidh na Bandan rochtain níos fearr ar an abhainn, ag síneadh ón gClós Eaglais go dtí an droichead. Siúlóidí cois abhainn le forbairt ar aon dul leis an dea-chleachtas arna mholadh lena n-áirítear soláthar a dhéanamh don spás oiriúnach a bheith fágtha isteach ó bhruach na habhainn chun cinnte a dhéanamh nach mbíonn droch-thionchair aige ar ghnáthóga ná speicis fionnuisce.

### An Bhainistíocht Uisce

- 1.10.22 Tá taiscumar nua sa sráidbhaile ar tí a bheith críochnaithe agus tabharfar aghaidh ar easnaimh bhonneagair atá ann le fada dá réir. Níl aon toilleadh spártha sa chóras bailithe fuíolluisce agus níl aon acmhainneacht bhreise in Umair Sheipteacha Inis Eonáin chun freastal ar bhreis fhorbairt, ach tá sé beartaithe an séarach bréan a uasghrádú mar chuid de Phlean Infheistíochta Uisce Éireann 2020-2024.
- 1.10.23 Tá áiteanna ar Inis Eonáin sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois bhruacha Abhainn na Bandan sa sráidbhaile, trí na háiteanna ísle ar an taobh dheas den tsráidbhaile agus tá siad léirithe ar léarscáil na lonnaithe. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 An Bhainistíocht Uisce in Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaithe, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.



## An Oidhreacht Thógtha agus Taitneamhachtaí

- 1.10.24 Téann Abhainn na Bandan trí Inis Eonáin, tríd an ngleann, agus ina dhiaidh sin téann sí amach i gCuan Chionn tSáile í. Tá trí bhealach sárscéimhe sainithe ann freisin, an S64, an S63 agus an S65, a théann tríd an sráidbhaile nó gar dó.
- 1.10.25 Ar bhruach na Bandan, ar an taobh thiar agus ar an taobh thoir den sráidbhaile, tá Ceantar Oidhreachta Nádúrtha molta (cód 1740) ar a dtugtar 'Gleann na Bandan os cionn Inis Eonáin'. Tuairiscítear go bhfuil dobharchúnna i nGleann Abhainn na Bandan in go leor áiteanna, speiceas atá liostaithe in Iarscríbhinn II de Threoir an AE maidir le Gnáthóga toisc go bhfuil sé faoi bhagairt san AE. Tá an ceantar seo tábhachtach freisin mar go bhfuil sampla de choillearnach darach ann ar thaobhanna géara gleannta. Tá Gleann na Bandan an-luachmhar mar gheall ar a choillearnacha agus a ghrinneall abhann atá fágtha gan athrú. Is gnáthóga neamhchoitianta iad seo i gcomhthéacs Eorpach.
- 1.10.26 Tá an tírdhreach mhealltach ar Inis Eonáin agus tá roinnt foirgnimh bhreátha ann. Sa sráidbhaile, tá 14 foirgneamh nó struchtúr eile ar Thaifead na Struchtúr Cosanta lena n-áirítear Sean-Eaglais na hÉireann agus an Túr, Eaglais Chríost, Eaglais na hÉireann, Séipéal Caitliceach Naomh Muire, Caisleán an Chorr, Droichead Inis Eonáin, Caisleán Dhún Dhónaill, Teach Inis Eonáin agus Belmont. Ar an bPríomhshráid, tá roinnt tithe baile, tithe sraithe Seoirseacha agus teach margaidh san áireamh freisin i dThaifead na Struchtúr Cosanta.
- 1.10.27 Fágтар, mar gheall ar an suíomh ina bhfuil an sráidbhaile, i ngleann abhann, go bhfuil an topagrafaíocht mórthimpeall ar ag dul le fána roinnt mhaith. Tá sé tábhachtach go gcoimeádfadh aon fhorbairt sa toadhcháí sláine an tírdhreacha mórthimpeall agus go bhfreagraíonn sé don topagrafaíocht fána.
- 1.10.28 Tá scóip le haghaidh forbartha laistigh d'Inis Eonáin; mar sin féin, tá sé tábhachtach go gcoimeádtar agus go bhfeabhsaítear carachtar tuaithe an tsráidbhaile, a oidhreacht ailtireachta agus a oidhreacht agus a thaitneamhachtaí nádúrtha eile. Is é an príomhshuíomh forbartha ná an ceantar lastuaidh de chroílár an tsráidbhaile, áit ar tharla an fhorbairt chónaithe is déanaí.

## An Bonneagar Glas

- 1.10.29 Is ceantar ardluach éiceolaíochta laistigh den sráidbhaile é dorchla na Bandan agus na gnáthóga a bhaineann leis. Tá sé beartaithe codanna den abhainn atá in aice leis an sráidbhaile a ainmniú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (pNHA Ghleann na Bandan Os cionn pNHA Inis Eonáin agus Gleann na Bandan Faoi bhun pNHA Inis Eonáin). Aithníonn an Chomhairle luach bithéagsúlachta na n-acmhainní oidhreachta nádúrtha seo agus tá sí ag iarraidh iad a chosaint.
- 1.10.30 Tá limistéir níos lú de choillearnach tharraingteach sa sráidbhaile freisin a chuireann le suíomh tírdhreacha an tsráidbhaile, a chruthaíonn ceantair de luach gnáthóg áitiúil agus a chuireann le taitneamhachtaí an cheantair. Tá cuspóir criosaithe nua san áireamh faoi GC-02 chun an bhithéagsúlacht áitiúil agus an limistéar taitneamhachta seo a chosaint. Tabharfar tacaíocht do thograí chun siúlóidí taitneamhachta agus gormbhealaí breise a sholáthar laistigh den sráidbhaile agus a nascann limistéir thaitneamhachta áitiúla faoi réir ag comhoiriúnacht leis na hainmniúcháin caomhnaithe dúlra agus ceantair de luach bithéagsúlachta sa chomharsanacht.


## Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha d'Inis Eonáin	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 97 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-03	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – 'An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte'. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

## Cuspóirí Forbartha Sonracha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Inis Eonáin		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
U-01	Riachtanas a aithint do thionscadal roghnaithe bealaigh tosaigh do sheachbhóthar ar Inis Eonáin. Ní mór naisc do choisithe agus do rothair a áireamh in aon rogha bealaigh.	
U-02	Siúlóid taitneamhachta a fhorbairt agus a chothabháil. Agus na siúlóidí cois abhann á ndearadh beidh gá ann féachaint do threoirlínte an dea-chleachtais, agus aird tugtha don gá atá ann gnáthóga agus speicis fionnuisce a chosaint.*	
U-03	Bearta maolaithe tráchta a chur i bhfeidhm lena n-áirítear naisc fheabhsaithe do choisithe agus do rothaithe agus áiseanna breise trasnaithe coisithe laistigh den sráidbhaile.	
<b>Glas</b>		
GA-01	Coinnigh na páirceanna imeartha, na saoráidí agus an spás oscailte atá ann cheana.*	4.4
GC-02	Spás oscailte. Is coillearnach áitiúil thábhachtach é an ceantar a chuireann go dearfach le taitneamhachtaí, luach bithéagsúlachta agus suíomh tírdhreacha an tsráidbhaile.	
<b>An Gnó agus an Fhostaíocht Ghinearálta</b>		
B-01	Forbairt Ghnó atá oiriúnach d'aonaid tionscail éadroma/gorlainne ar scála beag. Ba chóir plean tírdhrechtaithe mionsonraithe a ionchorprú i leagan amach iomlán an láithreáin seo chun taitneamhacht cónaithe agus sainghné tírdhreacha ginearálta an cheantair a chosaint.	3.8
<b>Limistéar Beartais Speisialta</b>		
X-01	Limistéar Beartais Speisialta. Talamh le bheith fágtha oscailte agus tuaithe den chuid is mó agus an fhéidearthacht ann don tithíocht aonair ar scála beag a dhéanamh ann.	2.1
X-02	Limistéar Beartais Speisialta. Talamh le bheith fágtha oscailte agus tuaithe den chuid is mó agus an fhéidearthacht ann don tithíocht aonair ar scála beag a dhéanamh ann.	1.1

# Inis Eonáin



## 1.11 Áth an Mhaide

### Fís agus Comhthéacs

- 1.11.1 Is é an aidhm straitéiseach do Áth an Mhaide ná spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú an tsráidbhaile laistigh dá shuíomh tarraingteach cois abhann, agus forbairt a chur chun cinn in éineacht le soláthar seirbhísí, agus seirbhísí spóirt agus limistéir áineasa ina measc.
- 1.11.2 Tá Áth an Mhaide suite laistigh de Mhórlimistéar Pleanála Straitéiseach Chuain Mhór Chorcaí sainithe mar phríomhshráidbhaile laistigh de Cheantar Bardasach Dhroichead na Bandan - Chionn tSáile. Beidh an straitéis foriomlán d'Áth an Mhaide dírithe ar scála cuí fáis sa todhchaí a cheadú sa sráidbhaile, ar sholáthar áiseanna feabhsaithe sráidbhaile lena n-áirítear áiseanna spóirt agus taitneamhacht agus feabhas a chur ar pháirceáil charranna agus ar chosáin.

### An Comhthéacs Áitiúil

- 1.11.3 Tá sráidbhaile Áth an Mhaide suite thart ar 8 km lastuaidh de Chionn tSáile agus 11 km soir ó Inis Eonáin. Ritheann an Bealach Réigiúnach, an R600, ar bealach gnóthach é agus a fhreastalaíonn ar Chionn tSáile, tríd an sráidbhaile freisin. Tá na tailte soir agus siar ó chroílár an tsráidbhaile ardaithe agus féachann siad amach ar lár an tsráidbhaile, ar an R600 agus ar Abhainn an Mhaide.
- 1.11.4 I bpleananna a bhí ann roimhe seo, aithníodh Áth an Mhaide mar aon leis na lonnaíochtaí Bhéal Guala agus Droichead an Mhionnáin mar shráidbhaile a sholáthródh láithreán tithíochta eile dóibh siúd nach raibh ina gcónaí i gceantar Chionn tSáile ach ar mhian leo cónaí i lonnaíocht tuaithe a bheadh oiriúnach do Chionn tSáile. Le blianta beaga anuas tá roinnt forbairtí cónaithe tógtha ar thaobh gear ó thuaidh an chnoic agus ag teorainneacha oirdheisceart an tsráidbhaile.

### Breithnithe agus Moltaí Pleanála

#### An Daonra agus an Tithíocht

- 1.11.5 Mar gheall ar an suíomh tarraingteach tuaithe ina bhfuil Áth an Mhaide lonnaithe, agus ar an éascaíocht rochtana agus a chónagaracht do Chathair Chorcaí agus Chionn tSáile, tá an-tóir ar an áit le haghaidh forbairt nua cónaithe le blianta beaga anuas. Tá sé tábhachtach go gcosnódh tuilleadh forbartha carachtar, gráin na forbartha tógtha agus suíomh an tsráidbhaile agus sláine an tírdhreacha tuaithe mórchimpeall a choinneáil.
- 1.11.6 Thaifead 590 duine mar dhaonra Áth an Mhaide i nDaonáireamh 2016, agus is ionann sin agus laghdú 2 duine ar fhiigiúirí Dhaonáireamh 2011. Tá méadú de 17 n-aonad ar an stoc tithíochta cláraithe i sonraí Geo-eolaire don tréimhse 2015-2020.

Tábla 5.1.15 An Fás sa Líon Tithíochta in Áth an Mhaide, 2015-2020

	2015	2020	Athrú
Tithe	249	266	17

- 1.11.7 Faoi láthair, tá cead pleanála gan réiteach do 7 aonad laistigh de theorainn na forbraíochta.

#### Scála Foriomlán na Forbartha

- 1.11.8 Ag féachaint do phríomhstádas shráidbhaile Áth an Mhaide, dá shuíomh laistigh de Mhórlimistéar Pleanála Chuaird Chorcaí agus infhaighteacht bonneagair seirbhísí uisce, meastar go bhfuil sé réasúnach a chinntiú go leanann deiseanna forbartha éagsúla a bheith ar fáil sa sráidbhaile. Leathnaíodh an teorainn forbartha i bPlean 2011 agus tá go leor talún ar fáil chun lígean don sráidbhaile a spríoc fás a bhaint amach in éineacht le forbairt pobail agus fostaíochta breise.
- 1.11.9 Tá na tailte laistigh den teorainn forbartha ar an taobh thiar den sráidbhaile feadh an phríomhbhóthair isteach níos airde ó thaobh nádúr agus ba chóir go n-áireofaí cóireáil iogair teorann i bhforbairt ar na tailte seo.
- 1.11.10 Tá sé mar aidhm ag an bplean seo scála forbartha de 63 áitreabh breise a sholáthar sa sráidbhaile thar thréimhse an Phean, ag tógáil an stoc tithíochta go timpeall 330 aonad faoi 2028.

#### An Chomhforbairt Áite

- 1.11.11 D'fhás Áth an Mhaide ó nód beag tuaithe ag pointe trasnaithe Abhainn an Mhaide. Tá an sráidbhaile tar éis forbairt go háirithe le cúpla bliain anuas agus mar sin is beag fabraic stairiúil atá ann chun eolas a chur ar phríomhghnéithe an charachtair.
- 1.11.12 Sa sráid-dreach, áirítear roinnt ballaí teorann cloiche tarraingteacha a thugann sainmhíniú ar an tsráid. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag an bhforbairt sa todhchaí teanga ailtireachta níos soiléire a chruthú laistigh den sráidbhaile chun braithistint áite níos sainiúla a chruthú. Laistigh den teorainn forbartha tá roinnt gnéithe tábhachtacha den sráid-dreach áitiúil sainaitheanta ag an NIAH lena n-áirítear roinnt píopa scaoilte iarainn theilgthe saorsheasaimh, a tógadh timpeall 1880, a bhfuil peasaidí maisiúla ag gabháil leo lena gcuimsítear phlionsa múnlaíthe le sciath maisiúil déanta as an iarann teilgthe.



- 1.11.13 Tá rochtain ar Áth an Mhaide trí ghréasán maith bóithre agus tá rochtain éasca aige ar Chathair Chorcaí agus ar an aerfort. Leis an mBóthar Réigiúnach gnóthach, an R600 a théann tríd an sráidbhaile, tá rochtain éasca le fáil ar Chionn tSáile ón taobh dheas. Tá seirbhís laethúil bus poiblí ag freastal ar an sráidbhaile. Tá feabhsúcháin tar éis a bheith déanta ar chosáin chomh maith le bearta ceansaithe tráchta laistigh den sráidbhaile a chuir feabhas ar an timpeallacht do choisithe. Téann Abhainn an Mhaide tríd an sráidbhaile agus tugann sé deiseanna chun an abhainn a úsáid mar ghné agus mar úsáid taitneamhachta sa todhcháil.
- 1.11.14 Is bealach gnóthach camchuarite é an R600 go Cionn tSáile agus d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar Phríomhshráid an tsráidbhaile mar shampla líon ard tráchta. Tacaíonn an Plean le bearta ceansaithe tráchta breise chun lár an tsráidbhaile a chruthú atá níos cairdiúla do choisithe agus chun ceannasacht an tráchta a laghdú.

### **An Geilleagar agus an Fhostaíocht**

- 1.11.15 Tá an príomhchineál fostaíochta a chuirtear ar fáil in Áth an Mhaide seirbhís-bhunaithe. Tá raon leathan seirbhísí ar fáil sa sráidbhaile lena n-áirítear seirbhísí leighis agus airgeadais agus raon áiseanna eile do thomhaltóirí agus miondíola. Is ionad tástála feithiclí HGV agus LGV ceadaithe é Riverstick Motors Ltd.
- 1.11.16 Ba cheart úsáidí eile atá tábhachtach d'inmharthanacht agus beogacht sráidbhaile, lena n-áirítear úsáidí miondíola agus oifige, a lonnú laistigh de chroílár an tsráidbhaile. Má thagann aon deiseanna fostaíochta breise chun cinn le linn shaolré an Phlean, ba chóir go bhfreastalófaí orthu laistigh den teorainn forbartha faoi réir ag gnáthbhreithnithe cuí pleanála.

### **Áiseanna Sóisialta agus Pobail**

- 1.11.17 Mar gheall ar fhorbairtí nua atá déanta le déanaí ar an bpríomhshráid in Abhainn an Mhaide táthar tar éis cur go mór le bonn seirbhíse an tsráidbhaile. I measc na n-áiseanna atá lonnaithe ar an sráidbhaile faoi láthair tá séipéal, ionad pobail, cúig shiopa (lena n-áirítear roinnt comparáide), stáisiún peitрил, dhá theach tábhairne, bialann beir-leat agus garáiste. I measc na seirbhísí eile tá sciamhlann gruaige/áilleachta, siopa báicéara, siopa búistéara agus ionad mionathraithe cairr.
- 1.11.18 Níl bunscoil ar bith sa sráidbhaile ach freastalaíonn páistí bunscoile ar an scoil áitiúil i mBéal Guala.
- 1.11.19 Tacaíonn an Plean le feabhas a chur ar thaitneamhachtaí an cheantair lena n-áirítear moltaí chun an rochtain ar Abhainn an Mhaide a fheabhsú. Tá pleananna i bhfeidhm freisin chun cosáin nua nó cosáin leathnaithe agus raonta rothar leithscartha a sholáthar idir an Sráidbhaile agus Coill an Churraigh. Leis na bearta seo, cuirfead feabhas ar an inrochtaineacht agus an tsábháilteacht do shiúilóirí agus rothaithe sa cheantar.

### **An Bhainistíocht Uisce**

- 1.11.20 Soláthraítear uisce don sráidbhaile ó Sholáthar Uisce Inis Eonáin. Tá fadhbanna acmhainneachta a bhí ann roimhe seo réitithe.
- 1.11.21 Tá Ionad Cóireála Fuíolluisce nua in Áth an Mhaide a bhfuil acmhainn spártha aige chun freastal ar an spriocfhás daonra a ghabhann leis an sráidbhaile.
- 1.11.22 Tá áiteanna in Áth an Mhaide sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois na habhann, agus tá siad léirithe ar léarscáil na lonnaíochta. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 An Bhainistíocht Uisce in Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Fírinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

### **An Oidhreacht Thógtha**

- 1.11.23 Tá Droichead Phort Láirge lonnaithe sa bhaile fearainn Corr Úrach, lastuaidh den sráidbhaile, ar Thaifead na Struchtúr Cosanta (ID: 00637).

### **An Bonneagar Glas**


- 1.11.24 Téann Abhainn an Mhaide trí lár an tsráidbhaile agus is conair thábhachtach áitiúil éiceolaíochta í.

## Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha d'Áth an Mhaide	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 63 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean
DB-02	Na tailte airde a chuireann le suíomh an tsráidbhaile a chosaint, go háirithe na tailte sin ar an taobh thiar den sráidbhaile agus ar an bpríomhbhealach isteach ann. Sa chás go meastar go bhfuil forbairt oiriúnach, tá sé tábhachtach go ndéanfaí scagadh maith ar na bealaí cur chuige.
DB-03	Tacú le rochtain fheabhsaithe ar Abhainn an Mhaide chomh maith leis na roghanna chun siúlóid taitneamhachta coillearnaí leathnaithe a sheachadadh. Agus na siúlóidí cois abhann á ndearadh beidh gá ann féachaint do threoirlínte an dea-chleachtais, agus aird tugtha don gá atá ann gnáthóga agus speicis fionnuisce a chosaint.
DB-04	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-05	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloífear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – 'An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte'. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

## Cuspóirí Forbartha Sonracha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Saincuspóirí Forbartha i ndáil le hÁth an Mhaide		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Fóntas</b>		
U-01	Déan an t-ionad cóireála séarachais atá ann cheana a chothabháil.*	0.5
U-02	Tacú le soláthar nasctha feabhsaithe, lena n-áirítear cosáin, idir lár an tsráidbhaile agus ceantair chónaithe.	
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GA-01	Spás oscailte. Coinnigh na páirceanna imeartha atá ann cheana mar spás gníomhach oscailte.	4.0



## 1.12 Tigh Molaige

### Fís agus Comhthéacs

- 1.12.1 Is iad na haidhmeanna straitéiseacha do Thigh Molaige ná spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú an tsráidbhaile laistigh dá shuíomh cósta, sainréithe ailtireachta agus tírdhreacha uathúil na lonnaíochta a chaomhnú agus an fhorbairt bháil a chur chun cinn ann in aontú le seirbhísí a sholáthar ann.

### An Comhthéacs Áitiúil

- 1.12.2 Tá sráidbhaile Tigh Molaige suite ag béal Abhainn Airgidín san áit a dtéann sé amach i gCuan Chúirt Mhic Shéafraidh. Tá an sráidbhaile suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí.

### Breithnithe agus Moltaí Pleanála

#### An Daonra agus an Tithíocht

- 1.12.3 Taifeadadh 381 duine i dTigh Molaige sa daonra i nDaonáireamh 2016, ar méadú 8 duine é ar na figiúirí i nDaonáireamh 2011. Léirítear i Tábla 5.1.16 go raibh 5 aonad cónaithe tógtha laistigh de theorainn an tsráidbhaile idir 2015 agus 2020.
- 1.12.4 Tá sé sainaitheanta sa phlean seo go bhfuil 33 áitreabh breise ag teastáil sa sráidbhaile thar thréimhse an Phlean, agus bheadh timpeall 200 aonad sa stoc tithíochta faoi 2028 dá réir. Níl aon cheadanna pleanála ag feiteamh sa sráidbhaile.

Tábla 5.1.16 An Fás sa Líon Tithíochta i dTigh Molaige, 2015-2020

	2015	2020	Athrú
Tithe	167	172	5

Foinse: An Logeolaire

#### An Chomhforbairt Áite

- 1.12.5 Is sráidbhaile stairiúil é Tigh Molaige a d'fhorbair timpeall ar fhothracha móra Mhainistir Thigh Molaige agus Chaisleán Tigh Molaige a théann siar go dtí an 14ú haois, agus a bhfuil an dá cheann díobh cláraithe i dTaifead na Struchtúr Cosanta agus ar shéadchomharthaí seandálaíochta araon. Is ó thús an 19ú haois den chuid is mó atá na foirgnimh atá sa sráidbhaile faoi láthair agus tá meascán d'fhoirgnimh 2 agus 3 stór ann. Tá struchtúr uirbeach sainithe ag an sráidbhaile le roinnt foirgneamh tráchtála deartha le dara bealach isteach chun freastal ar chóiríocht chónaithe an urláir uachtarach. Tá roinnt foirgneamh suntasach laistigh den tsráid lena n-áirítear Teach an Mhargaidh a bhí ann roimhe seo agus tá na séipéil suite ag pointí iontrála straitéiseacha chuig an sráidbhaile.
- 1.12.6 Tá roinnt teorainneacha cloiche tarraingteacha fós ag an sráidbhaile agus tá crainn aibí ann a chuireann le tarraingteacht an tsráidbhaile agus a spásanna poiblí. Bealach Sárscéimhe sainithe (S73) is ea an R600 a nascann an sráidbhaile le Cloich na Coillte.
- 1.12.7 Is é an sráidbhaile an príomhionad seirbhíse do shráidbhaile turasóireachta Chúirt Mhic Shéafraidh (4 km) agus tá an dá lonnaíocht nasctha ag an mbá. Tá an chuid is mó den fhorbairt sa sráidbhaile bunaithe ar chroílár dlúth an tsráidbhaile, ina bhfuil meascán de ghníomhaíochtaí cónaithe agus tráchtála (miondiol, tithe tábhairne, lialanna dochtúra, cógaslann, oifig an phoist, brú, Stáisiún na nGardaí agus stáisiún peitрил).
- 1.12.8 Is sráidbhaile tarraingteach é Tigh Molaige atá lonnaithe i suíomh sárscéimhe ag ceann an chuain. Tá an talamh mórthimpeall ar an gcuan ardaithe agus tá an-chuid coillte ann. Tá bealach isteach ar an dá thaobh den chuan (an taobh thuaidh – Droichead na Bandan agus an taobh dheas – Cúirt Mhic Shéafraidh). Tá na bóithre seo mar bhunús le siúlóid sárscéimhe, agus is é an bóthar ó dheas an pointe tosaigh ar Shiúlóid na Seacht gCeanna, a théann trí shráidbhaile Chúirt Mhic Shéafraidh agus ar aghaidh go dtí an leithinis sárscéimhe. Tá briseadh soiléir san fhorbairt idir an dá shráidbhaile, cé go bhfuil roinnt braislí tithíochta agus áitribh feirme ann, chomh maith le háiseanna gaolmhara leo.
- 1.12.9 Tá Tigh Molaige suite i gceantar den chontae atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha (HVL). Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórscála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach. Tá trí bhealach sárscéimhe sainithe ann freisin, an S69 ó Thigh Molaige go Cúirt Mhic Shéafraidh, an S73 a théann ó Thigh Molaige go Cloich na Coillte agus an S67 a théann go Seancheann Chionn tSáile ar an taobh thoir.
- 1.12.10 Mar gheall ar an suíomh tarraingteach cois cósta ina bhfuil Tigh Molaige suite, agus an raon seirbhísí ann, is láthair tharraingteach le haghaidh forbartha é. Ionas gur féidir an sráidbhaile a fhorbairt ar bhealach ordúil, tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, agus a oidhreacht agus a thaitneamhachtaí nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú. Rinneadh roinnt forbartha cónaithe inlionsa le déanaí, chomh maith le huasghrádú réadmhaoine laistigh de chroílár an tsráidbhaile. Spreagann an Plean tuilleadh deiseanna inlionsa beaga laistigh den chroílár a bhaineann leas as carachtar, scála agus foirm an tsráidbhaile stairiúil atá ann cheana féin.



- 1.12.11 Le blianta beaga anuas, rinneadh cuid d'éadanaís na siopaí, lena n-áirítear roinnt foirgneamh nua atá ag teacht le carachtar príomh-éadanaís an tsráidbhaile agus a bhain úsáid as gnéithe traidisiúnta dearaidh, a dheisiú agus a athchóiriú ar aon.
- 1.12.12 Ní mór don bhforbairt nua in aice leis an limistéar tógtha a dhearadh ar bhealach lena méadófar an nascacht leis an ionad, lena ndéanfar soláthar do raon de chineálacha agus de mhéideanna tí agus go mbeadh sé ar aon dul le stíl hailtíreachta an cheantair. Tá sé tábhachtach freisin an bealach a chaitear le teorainneacha a bhreith. Coinneofar teorainneacha cloiche, nuair is féidir, nó cuirfear ar fáil iad nuair is gá sainiú spáis.
- 1.112.13 Tá na bóithre go dtí an sráidbhaile cúng agus is féidir trácht uafásach a bheith orthu le linn an tsamhraidh, tráth a mbíonn fadhb ann maidir leis an bpáirceáil. Déanfar tuilleadh áiteanna páirceála ar an imeall a fhiosrú chun cur le tarraingteacht an cheantair mar áit a thabharfaí cuairt a uirthi agus chun cónaí ann freisin. Ní mór an bóthar réigiúnach idir Tigh Molaige agus Droichead na Bandan (R602) a uasghrádú.
- 1.12.14 Tá an sráidbhaile mar chuid de bhealach camchuartha Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus tá limistéir phicnice poiblí, cosáin, soilsiú agus leithris poiblí ar an bpríomhbhóthar gar do Mhainistir Theach Maológ, rud is díol spéise do thurasóirí. Tá gá freisin le hathnertú ar an gcósán timpeall an bhaile agus ar an gceangal le Siúlán na Seacht gCeanna trí Chúirt Mhic Shéafraidh. Ba chóir aon shiúlóidí den sórt sin a dhearadh go cúramach agus na sonrúcháin oidhreachtá nádúrtha a bhaineann leis an gceantar seo curtha san áireamh leis. Tá rochtain sa sráidbhaile ar an iompar poiblí (bus).

### **An Geilleagar agus an Fhostaíocht**

- 1.12.15 Tá an príomhchineál fostaíochta a chuirtear ar fáil in laistigh den sráidbhaile seirbhís-bhunaithe, go bunúsach. Tá raon seirbhísí ar fáil sa sráidbhaile lena n-áirítear áiseanna leighis agus miondíola, chomh maith le háiseanna eile do thomhaltóirí. Tá Staunton's Foods Ltd, ar fostóir mór sa cheantar áitiúil iad, lonnaithe thart ar 1 km ó dheas ó Thigh Molaige. Tá an stór dáilte arbhair Comharchumainn Barraí Rua suite laistigh de theorainn thiar theas an tsráidbhaile. Tá láithreán amháin criosaithe le haghaidh úsáide Gnó i dTigh Molaige soir ó dheas ón sráidbhaile. Tá an chuid theas de tugtha ar ais go dtí an teorainn forbartha chun níos mó solúbthachta a cheadú maidir le nádúr na n-úsáidí atá oiriúnach ar an suíomh. Sa chúlchríoch tuaithe tá an chuid is mó den fhostaíocht áitiúil dírithe ar thalmhaíocht agus ar thionscal an iascaigh atá lonnaithe i gCúirt Mhic Shéafraidh.
- 1.12.16 Tá gá aitheanta soláthar a dhéanamh do dheiseanna tráchtála níos fearr chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil laistigh de chroílár an tsráidbhaile. Tacófar le tograí forbartha a lonnú laistigh de chroílár an tsráidbhaile agus éascófar iad nuair is cuí.

### **Áiseanna Sóisialta agus Pobail**

- 1.12.17 Tá páirc spóirt GAA ag an sráidbhaile taobh amuigh de theorainn an tsráidbhaile ar Bhóthar Chloich na Coillte. Chomh maith leis sin tá cúirt leadóige, cúirt scuaise agus clós súgartha do leanaí suite laistigh de Thigh Molaige. Ina theannta sin, tá go leor siúlbealaí a úsáidtear chun críocha áineasa lena n-áirítear an cosán nasctha go Cúirt Mhic Shéafraidh feadh an tseanlíne iarnróid agus tá an coigeartú ar an líne U-02 déanta chun tacú le naisc chosáin go dtí an Pháirc Phobail.
- 1.12.18 Maidir le cúrsaí oideachais, bhí 183 leanbh ar an rolla agus 15 ball foirne sa bhunscoil mheasctha áitiúil i dTigh Molaige sa bhliain acadúil 2020 – 2021. Tá áiseanna cúram leanaí agus ionad pobail lonnaithe sa sráidbhaile freisin.
- 1.12.19 Féachfaidh an Plean seo le cosaint a thabhairt do na háiseanna pobail atá ann faoi láthair agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt agus áineasa atá ar fáil faoi fhad siúil ón sráidbhaile.
- 1.12.20 Tá limistéar taitneamhachta ar an mbealach isteach i nDroichead na Bandan chuig an lonnaithe, atá suite cóngarach don ní is díol spéise do thurasóirí Mainistir Theach Maológ. Ní mór an limistéar seo a chaomhnú mar spás oscailte chun taitneamhacht amhairc an cheantair a choinneáil.
- 1.11.21 Tá talamh in aice leis an scoil agus leis an bhfoirgneamh pobail a bhfuil sé beartaithe é a chaomhnú mar spás oscailte do limistéar taitneamhachta féideartha don sráidbhaile.

### **An Bhainistíocht Uisce**

- 1.11.22 Tá gléasra nua cóireála fuíolluisce agus líonra séarachais idir lámha faoi láthair. Soláthraítear an t-uisce le Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Chloich na Coillte ar scéim i atá ag brath ar bhreiseiú ó Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Dhún Mánmhaí (Céim 2).
- 1.12.23 Tá baill éagsúla i nDrom Dhá Liag atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois an Inbhir agus cois na cúrsaí uisce sa sráidbhaile, agus tá siad léirithe ar an léarscáil criosaithe um úsáid talún. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 An Bhainistíocht Uisce in Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrath le lonnaithe, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrath le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

## An Oidhreacht Thógtha

1.12.24 Tá sráid-dreach tarraingteach sa sráidbhaile, agus roinnt foirgneamh breá leithleach ann, atá áirithe mar chuid de Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) Tigh Molaige, atá sainithe sa Phlean. Tá ceithre fhoirgneamh nó struchtúr eile laistigh den sráidbhaile ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta, lena n-áirítear Mainistir na bProinsiasach, Tigh Molaige (RPS ID 00749), Caisleán Thigh Molaige (RPS ID 00750), Séipéal Naomh Muire (RPS ID 00751) agus Séipéal Mhuire na Deascabhála (RPS ID 01375). Tá Teach Leitir Colm (RPS ID 01021) atá suite thart ar 1 km siar ón sráidbhaile áirithe ar Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta freisin.

## An Bonneagar Glas


1.12.25 Tá Eastát Cúirt Mhic Shéafraidh atá soir ón sráidbhaile sainithe ag iarraidh le bheith ina Limistéar Caomhantais Speisialta (cód láithreáin SAC – 1230) agus mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (cód láithreáin pNHA – 1230). Tá Cuan Chúirt Mhic Shéafraidh ainmnithe mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (cód láithreáin SPA 4219) freisin. Tacaíonn an t-inbhear le gnáthóga muirí agus cósta ardluacha ó thaobh na héiceolaíochta agus tá sé tábhachtach freisin do líon ard de raon speiceas éan beathaithe geimhridh. Aithníonn an Chomhairle luach bithéagsúlachta na n-acmhainní oidhreachta nádúrtha seo agus tá sí ag iarraidh iad a chosaint.

## Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Thigh Molaige	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 33 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	An suíomh tarraingteach cois cósta agus carachtar an tírdhreacha a chothabháil agus a fheabhsú.
DB-03	Tá Tigh Molaige suite cóngarach do Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Inbhear Chúirt Mhic Shéafraidh (Cód Láithreáin 1230), do Limistéar faoi Chosaint Speisialta Chuan Chúirt Mhic Shéafraidh (Cód Láithreáin 4219), agus tá sé gar do Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Seacht gCeanna (Cód Láithreáin 4191) freisin. Ní cheadófar forbairt sa lonnaithe seo ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ag teacht le riachtanais na Treorach um Ghnáthóga agus le cosaint na láithreán seo.
DB-04	Ar an mbonneagar glas, an bithéagsúlacht agus na sócmhainní tírdhreacha atá i dTigh Molaige, áirítear na gnáthóga cósta agus na gnáthóga muirí atá ann chomh maith leis na crainn aibi agus spásanna oscailte eile sa sráidbhaile. Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go hiógair chun soláthar a dhéanamh do chosaint na gnéithe seo agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b><u>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</u></b> agus <b><u>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</u></b> .
DB-05	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloífeadh, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b><u>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</u></b> .

## Cuspóirí Forbartha Sonracha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Tigh Molaige		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
An Gnó agus an Fhostaíocht Ghinearálta		
B-01	Gnólacht/forbraíocht ar scála beag/meánsála. Tá an crios seo cóngarach do Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta Chúirt Mhic Shéafraigh. Ba cheart don bhforbairt sa chrios seo a dhearadh ar mhaithe leis an gcomhoiriúnacht a chinntiú le cosaint SAC Inbhear Chúirt Mhic Shéafraigh agus SPA Chuan Chúirt Mhic Shéafraigh araon (Féach freisin DB-03).*	3.2
An Bonneagar Glas		
GC-01	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc.	0.1
GR-02	Spás Oscailte le haghaidh caithimh aimsire poiblí.	0.23
Fóntais agus an Bonneagar		
U-01	Siúlbealach trí Thigh Molaige atá nasctha le siúlóid na Seacht gCeanna. Feabhsuithe ar Shiúlóid na Seacht gCeanna. Feabhsuithe ar an tsiúlóid seo nó tuilleadh forbartha ar bhealach nua sa cheantar seo le bheith deartha go híogair chun a n-ainmniúcháin caomhnaithe dúlra a chur san áireamh agus chun a chinntiú go seachnófar tionchar ar ghnáthóga lena mbaineann luach ard éiceolaíochta agus speicis chosanta.*	
U-02	Feabhsú bóithre mar phríomhbhóthar isteach chuig Tigh Molaige ó Chloich na Coillte mar aon le feabhsúcháin cosán agus rotharbhealaigh go dtí páirc an Phobail.	





### 1.13 Sráidbhailte

#### Brollach

- 1.13.1 Is lonnaíochtaí iad sráidbhailte a sholáthraíonn raon seirbhísí don cheantar áitiúil, ach níl an raon seirbhísí chomh leathan leis na cinn a sholáthraítear sna Príomhshráidbhailte. Tá ocht Sráidbhaile lonnaithe i gCeantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile, is iad sin: Baile na Daibhche, Béal Átha an Cheasaigh, Baile an Bhuitléaraigh, Crois an Bharraigh, Dún Darú, Cill Bhriotáin, Baile Níos agus an Seanséipéal. Is éard is cuspóir na coda seo den Phlean seo ná treoir a thabhairt don bheartas pleanála maidir leis an bhforbairt amach anseo sna sráidbhailte.
- 1.13.2 Chun ligean don sráidbhaile forbairt ar bhealach ordúil, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí feabhsúcháin ar bhonneagar an tsráidbhaile. Tá sé i gceist don bhfás amach anseo go mbeidh sé orgánach den chuid is mó, agus bunaithe ar fhorbairtí ar scála beag. Tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, a oidhreacht ailtireachta agus a oidhreacht agus a thaitneamhachtaí nádúrtha eile a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirfí isteach orthu, lena n-áirítear an tírdhreach mórthimpeall, go háirithe aon tírdhreacha ardluacha ainmnithe.
- 1.13.3 I bhfianaise na ndúshlán atá le tabhairt i roinnt sráidbhailte maidir le hinfrastruchtúr, go háirithe seirbhísí uisce agus cibé an féidir aon easnaimh a shárú le linn shaolré an phlean, breithneoidh an Chomhairle ar athdháileadh leibhéal foriomlán na n-aonad sráidbhaile ar leith ó na sráidbhailte sin a bhfuil srianta bonneagair orthu agus a bhfuil sé ag tógáil níos mó ama ná mar a bhíodas ag súil leis le réiteach a aimsiú in ionad Sráidbhaile nó Sráidbhailte eile laistigh den Cheantar Bardasach céanna nach bhfuil aon srianta den sórt sin ag gabháil leo, faoi réir acmhainneacht imleor a bheith ar fáil agus de réir riachtanais **Caibidil 11 An Bhainistíocht Uisce** agus aon chúinsí éiceolaíochta. Ní féidir le haistriú aonad titheochta ó lonnaíocht ar leith dul thar 50% den leithdháileadh lonnaíochta sin mar atá leagtha amach sa tábla thíos.
- 1.13.4 Tá treoir bhreise ar fhorbairt sráidbhailte ar fáil in **Imleabhar a hAon** den Phlean seo, go háirithe **Caibidil 2 Lár-Straitéis Lárnach, Caibidil 3 Lonnaíocht agus Comhforbairt Áite**, agus **Caibidil 4 An tithíocht**.

5.1.17: Na Sráidbhailte Príomhacha - Scála Foriomlán na Forbraíochta Nua

Ainm na Lonnaíochta	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2010 (An Logeolaire)	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2015 (An Logeolaire)	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2020 (An Logeolaire)	Scála Foriomlán na Forbraíochta Nua go 2028 (An líon tithe)
Baile na Daibhche	16	22	6	10
Béal Átha an Cheasaigh	26	67	41	30(45)
Baile an Bhuitléaraigh	26	31	5	5
Crois an Bharraigh	100	116	16	33
Dún Darú	52	62	10	20
Cill Bhriotáin	80	84	4	20
Baile Níos	22	24	2	15
An Seanséipéal	113	118	5	16
Iomlán na Sráidbhailte	435	524	89	149 (164)

## 1.14 Baile na Daibhche

- 1.14.1 Is í an fhís do Bhaile na Daibhche ná forbairt a spreagadh laistigh den sráidbhaile, forbairt báuil a chur chun cinn in éineacht le soláthar seirbhísí mar aon lena charachtar uathúil tuaithe a chaomhnú.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Bhaile na Daibhche	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 10 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an Phlean.
DB-02	Timpeallacht an tsráidbhaile a chosaint, go háirithe an Tírdhreach Ardluacha sainithe lastoir den sráidbhaile agus na radharcanna tábhachtacha ar Chuas Bhéal Átha na Daibhche.
DB-03	Ba cheart forbairt nua a dheardh agus a phleanáil go hiógair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-04	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

### Sainchuspóirí

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Baile na Daibhche		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b>		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
An Bonneagar Glas		
GR-01	Spás oscailte a chothabháil le haghaidh caitheamh aimsire poiblí neamhfhoirmiúil.*	0.1
GR-02	Cothabháil an limistéar spáis oscailte. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar chlós súgartha nó úsáid eile pobail/áineasa a bheith curtha ar fáil ar an láithreán. Cuireann crainn aibí agus plandú seanbhunaithe go dearfach leis an suíomh. Chaithfeadh aon fhorbairt an luach bithéagsúlachta atá ann faoi láthair a mheas agus é a chosaint agus a fheabhsú nuair is féidir.*	0.2

# Baile na Daibhche



## 1.15 Béal Átha an Cheasaigh

- 1.15.1 Is í an fhís do Bhéal Átha an Cheasaigh comhdhlúthú an tsráidbhaile a spreagadh agus forbairt báuil a chur chun cinn in éineacht le soláthar bonneagair agus seirbhísí. Tá an sráidbhaile roinnte idir dhá Cheantar Bardasach - Droichead na Bandan Cionn tSáile agus Carraig Uí Leighin agus tá an sprioc fais foriomlán de 45 aonad roinnte, agus 30 ceann den sprioc leithdháilte ar Cheantar Bardasach Dhroichead na Bandan agus 15 ar Cheantar Bardasach Charraig Uí Leighin dá réir.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha


Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Bhéal Átha an Cheasaigh	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 30* aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an Phlean (*45 aonad laistigh den sráidbhaile ar fad).
DB-02	Níor cheart go ndéanfaí forbairt ar na fánaí géara lastuaidh den sráidbhaile atá mar chuid thábhachtach de shuíomh an tsráidbhaile.
DB-03	Bearta maolaithe tráchta a chur i bhfeidhm sa sráidbhaile, lena n-áirítear bearta chun páirceáil mhíchúí cois bóthair a chosc nuair a cuireadh spásanna páirceála eile ar fáil mar chuid den fhorbairt.
DB-04	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go hiógair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon. PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-05	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – 'An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte'. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

### Sainchuspóirí

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Béal Átha an Cheasaigh		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Lár an Bhaile</b>		
T-01	Leathnú lár an tsráidbhaile a cheadú chun freastal ar fhorbairt úsáide measctha lena n-áirítear úsáidí miondíola, gnó agus cónaithe.*	
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GR-01	Spás oscailte d'áineas poiblí neamhfhoirmiúil, le soláthar scéime comharsanachta.	2.25
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
U-01	Siúlóid taitneamhachta a fhorbairt agus a chothabháil. Agus na siúlóidí cois abhann á ndearadh beidh gá ann féachaint do threoirlínte an dea-chleachtais, agus aird tugtha don gá atá ann gnáthóga agus speicis fionnuisce a chosaint.	
U-02	Siúlóid taitneamhachta a fhorbairt agus a chothabháil. Agus na siúlóidí cois abhann á ndearadh beidh gá ann féachaint do threoirlínte an dea-chleachtais, agus aird tugtha don gá atá ann gnáthóga agus speicis fionnuisce a chosaint.	



# Béal Átha an Cheasaigh



Cóipcheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cosaint. San áireamh tá sonraí Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a atáirgeadh faoi uimhir cheadúnais OSi Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sáraíonn atáirgeadh neamhúdaráithe Suirbhé ordanás Éireann agus cóipcheart Rialtas na hÉireann © Suirbhé Ordanáis Éireann 2022

## 1.16 Baile an Bhuitléaraigh

- 1.16.1 Is í an fhís do Bhaile an Bhuitléaraigh ná forbairt a spreagadh laistigh den sráidbhaile, forbairt báúil a chur chun cinn agus carachtar uathúil na lonnaithe a chaomhnú.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Bhaile an Bhuitléaraigh	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 10 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ní spreagfar aon fhorbairt bhreise ar na tailte folmha díreach ó dheas den phríomhbhóthar chun radhairc an tsráidbhaile a chosaint.
DB-03	Forbairt éadanais ar an bpríomhshráid laistigh de chroílár an tsráidbhaile le bheith deartha go hardchaighdeán agus ag treisiú carachtar an tsráid-dreacha atá ann cheana féin. Nuair is cuí, ba chóir go mbeadh an fhorbairt i bhfoirm scéimeanna forbartha sraithe/clóis.
DB-04	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-05	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

# Baile an Bhuitléaraigh





## 1.17 Crois an Bharraigh

- 1.17.1 Is í an fhís do Chrois an Bharraigh ná comhdhlúthú an tsráidbhaile a spreagadh trí chroilár an tsráidbhaile a fheabhsú agus raon cuí seirbhísí a sholáthar agus forbairt báuil a chur chun cinn in éineacht le soláthar na seirbhísí seo.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Chrois an Bharraigh	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 33 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ba cheart go gceadódh aon tograí forbartha laistigh de theorainn forbartha Chrois an Bharraigh raon de chineálacha agus de mhéideanna tí agus go gcruthódh sé dlús srathach agus struchtúr uirbeach.
DB-03	Tacú le soláthar áiseanna caitheamh aimsire laistigh den sráidbhaile.
DB-04	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go hógair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-05	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

### Sainchuspóirí

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Crois an Bharraigh		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b>		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Lár an Bhaile</b>		
GA-01	Spás oscailte, coinnigh an pháirc imeartha atá ann cheana.	2.5
GR-02	Soláthar limistéar taitneamhachta tadhach leis an séadchomhartha.	0.78
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
U-01	Siúlóid taitneamhachta a fhorbairt agus a chothabháil. Níl i gceist leis an tsiúlóid taitneamhachta ach líne táscach amháin.	
U-02	Tacú le cur i bhfeidhm bearta taistil ghníomhaigh i nDroichead Chrois an Bharraigh agus timpeall air.	



# Crois an Bharraigh




## 1.18 Dún Darú

- 1.18.1 Is í an fhís do Dhún Darú ná forbairt a spreagadh laistigh den sráidbhaile agus tacú le soláthar seirbhísí áitiúla laistigh den chroílár.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Dhún Darú	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 20 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Tá sé tábhachtach nach mbeadh aon fhorbairt bheartaithe ró-láidir i radharcanna an tsráidbhaile agus é ag druidim ón oirthear, rud a bhainfeadh ó charachtar tarraingteach, ó chuma agus ó shuíomh sráidbhaile Dhún Darú.





## 1.19 Cill Bhriotáin

- 1.19.1 Is í an fhís do Chill Briotáin ná forbairt a spreagadh laistigh den sráidbhaile, chun dlúthlár an tsráidbhaile a choinneáil mar a bhfuil seirbhísí agus taitneamhachtaí áitiúla ar fáil.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha


Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Chill Bhriotáin	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 20 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ní féidir le forbairt nua dul ar aghaidh ach amháin nuair a léirítear go gcomhlíonann sé oibriú agus ceadúnú an Ionaid Chóireála Fuíolluisce.
DB-03	Ní mór do gach forbairt nua ó dheas den Phríomhshráid bearta imleor a sholáthar chun uisce dromchla a dhiúscairt ar an láithreán chun tionchar tuilte ar thailte agus réadmhaoine sa chomharsanacht a mhaolú.
DB-04	Tacú le huasghrádú agus cothabháil cosáin ó dheas den sráidbhaile.
DB-05	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-06	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

### Cuspóirí Forbartha Sonracha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cill Bhriotáin		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Lár an Bhaile</b>		
GR-01	An pháirc taitneamhachta sráidbhaile agus an limistéar picnice atá ann cheana féin a chothabháil.	0.4
GA-02	Páirc an GAA, an pháirc sacair, an chúirt leadóige agus an t-ionad pobail a choinneáil.	4.9
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
U-01	Siúlóid taitneamhachta a fhorbairt agus a chothabháil. Agus na siúlóidí cois abhann á ndearadh beidh gá ann féachaint do threoirlínte an dea-chleachtais, agus aird tugtha don gá atá ann gnáthoga agus speicis fionnuisce a chosaint.*	
U-02	Ionad Cóireála Séarachais.*	0.3
<b>An Pobal</b>		
C-01	Úsáid Phobail lena n-áirítear síneadh leis an scoil agus soláthar áiseanna pobail ag ionchorprú naisc soir-siar. Ní mór go mbeidh an scagadh teorann Cuimsitheach áirithe in aon mholadh a bheidh ann.	0.6



# Cill Bhriotáin



## 1.20 Baile Níos

1.20.1 Is í an fhís do Bhaile Níos ná comhdhlúthú chroílár an tsráidbhaile a spreagadh agus forbairt cónaithe ar scála beag a spreagadh laistigh den sráidbhaile le tacaíocht ó fheabhsúcháin ar áiseanna pobail agus soláthar seirbhísí.


### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Bhaile Níos	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 15 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go hiogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-03	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

### Cuspóirí Forbartha Sonracha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Baile Níos		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b>		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GA-01	Coinnigh na páirceanna imeartha atá ann cheana	2.4
GA-02	Cothabháil an cúrsa galf dhá mhaide atá ann cheana	2.7
<b>An Pobal</b>		
C-01	Síneadh ar an reilig	0.3

# Baile Níos





## 1.21 An Seanséipéal

- 1.21.1 Is í an fhís don Seanséipéal ná forbairt a spreagadh, taitneamhacht chónaithe a fheabhsú agus féiniúlacht ar leith a choinneáil don lonnaíocht, neamhspleách ar cheann Dhroichead na Bandan.


### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae uspóirí um Theorannacha Forbartha don tSeanséipéal	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 16 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DB-03	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .

### Cuspóirí Forbartha Sonracha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil leis an Seanséipéal		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
An Gnó agus an Fhostaíocht Ghinearálta		
B-01	Forbairt gnó neamh-mhiondíola bunaithe ar rochtain tríd an bhforbairt tráchtála reatha ar an taobh oirthear.	1.6
An Bonneagar Glas		
GA-01	Spás oscailte gníomhach, coinnigh an pháirc imeartha agus an clubtheach atá ann cheana féin.*	6.5
GR-02	Limistéar taitneamhachta a fhorbairt agus a chothabháil.*	0.2





## 1.22 Láithreáin Eile

### Brollach

- 1.22.1 Tá dhá Láithreáin Eile lonnaithe i gCeantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile, is iad sin: Baile Ghearrailt/Garraí Lúcaís agus Cuan Oisrí. Is éard is cuspóir na coda seo den Phlean seo ná treoir a thabhairt don bheartas planála maidir leis an bhforbairt amach anseo i Suíomhanna Eile.

## 1.23 Baile Ghearrailt/Garraí Lúcaís

- 1.23.1 Is í an fhís do Bhaile Ghearrailt/Garraí Lúcaís ná tacú lena bhforbairt mar limistéar ilúsáide spóirt uisce, áiseanna taitneamhachta poiblí agus áineasa a fheabhsú, oidhreacht nádúrtha uathúil, éiceolaíocht agus Tírdhreach Ardluacha na lonnaithe cósta a chosaint agus forbairt ar scála beag a cheadú. rud nach ndéanfaí díobháil don tírdhreach íogair seo agus don timpeallacht éiceolaíoch.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Bhaile Ghearrailt/Garraí Lúcaís	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Tacú le soláthar saoráidí a bhaineann leis an surfáil, mar shampla foscadán athraithe éadaí, cithfholcadáin amuigh faoin spéir agus comharthaí chun cur le tarraingteacht an cheantair mar cheann scribe ilúsáide spóirt uisce. Tá an teorainn seo tadhlach le Riasc Garraí Lúcaís agus tá sé suite gar do Riasc Baile Ghearrailt. Ní mór íogaireacht na timpeallachta a chur san áireamh nuair atá moltaí forbartha laistigh den gceantar á ndearadh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghnáthóga riasc/bogaigh a chosaint agus damáiste do phróisis nádúrtha hidreolaíocha a bhaineann leis na láithreáin bhogaigh seo a sheachaint.
DB-02	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcoifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .
DB-03	Tacú le hullmhú Plean Bainistíochta Caomhnaithe don trá, do na dumhcha agus don chuan i gcomhairle le húinéirí talún.
DB-04	Tacaíonn an Plean le soláthar Ionad Cóireála Fuíolluisce, ar aon dul leis an bPlean Bainistíochta Caomhantais.

### Cuspóirí Forbartha Sonracha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Baile Ghearrailt/Garraí Lúcaís		
* Baol Tuilte a Bheith Ann Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GA-01	An spás oscailte atá ann cheana féin a chothabháil, an club gailf dhá mhaide agus an chúirt leadóige a chothabháil.	2.9
<b>Limistéar Beartais Speisialta</b>		
X-01	Limistéar Beartais Speisialta. Na tailte a fhágáil mar spásanna oscailte den chuid is mó, gan aon fhorbairt líneach a dhéanamh ar an éadanas bóthair ann. Tá an suíomh gar do Riasc Gharraí Lúcaís agus Riasc Bhaile Ghearrailt araon. Ní mór íogaireacht na timpeallachta a chur san áireamh nuair atá moltaí forbartha laistigh den láithreán á ndearadh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghnáthóga riasc/bogaigh a chosaint agus damáiste do phróisis nádúrtha hidreolaíocha a bhaineann leis na láithreáin bhogaigh seo a sheachaint.	1.8


**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Baile Ghearralt/Garraí Lúcáis**

**\* Baol Tuilte a Bheith Ann  
Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce**

<b>Uimh. na Cuspóra</b>		<b>Achar an Láithreáin (Ha)</b>
X-02	Limistéar Beartais Speisialta. Na tailte a bheith fágtha oscailte den chuid is mó agus an poitéinseal le haghaidh roinnt forbartha cónaithe suite siar ón mbóthar ag ceann thoir an láithreáin. Tá an suíomh gar do Riasc Gharraí Lúcáis agus Riasc Bhaile Ghearróid araon. Ní mór íogaireacht na timpeallachta a chur san áireamh nuair atá moltaí forbartha laistigh den láithreán á ndearadh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghnáthóga riasc/bogaigh a chosaint agus damáiste do phróisis nádúrtha hidreolaíocha a bhaineann leis na láithreáin bhogaigh seo a sheachaint.	4.5
X-03	Limistéar Beartais Speisialta. Tá an suíomh oiriúnach do mheascán de charbháin shealadacha agus bhuana araon mar chóiríocht turasóireachta. Beidh scéim chuimsitheach tírdhrechtaithe ag gabháil le haon tograí arna ullmhú ag gairmí atá cáilithe go cuí, chun an togra a thabhairt isteach sa tírdhreach íogair seo atá lonnaithe cois cósta. Tá an suíomh gar do Riasc Gharraí Lúcáis agus Riasc Bhaile Ghearróid araon. Ní mór íogaireacht na timpeallachta a chur san áireamh nuair atá moltaí forbartha laistigh den láithreán á ndearadh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghnáthóga riasc/bogaigh a chosaint agus damáiste do phróisis nádúrtha hidreolaíocha a bhaineann leis na láithreáin bhogaigh seo a sheachaint.	1.6
X-04	Tacaíocht a thabhairt chun lóistín óstáin/turasóireachta a sholáthar atá saindeartha go híogair laistigh den láithreán sárscéimhe seo cois trá a.  Tá an suíomh gar do Riasc Gharraí Lúcáis agus Riasc Bhaile Ghearróid araon. Ní mór íogaireacht na timpeallachta a chur san áireamh nuair atá moltaí forbartha laistigh den láithreán á ndearadh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghnáthóga riasc/bogaigh agus gnáthóga dumhaigh a chosaint agus damáiste do phróisis nádúrtha hidreolaíocha a bhaineann leis na láithreáin bhogaigh seo a sheachaint.	



# Baile Ghearóid/Garraí Lúcaís





## 1.24 Cuan Oisrí

- 1.24.1 Is í an fhís atá againn do Chuan Oisrí ná tacú leis maidir lena fheidhm mar shuíomh ilúsáide spóirt uisce ina soláthraítear seirbhísí áitiúla.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Chuan Oisrí	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Tá an-tóir ar Chuan Oisrí mar áit chónaithe agus mar áit do chuartheoirí araon mar gheall ar an suíomh taitneamhach tuaithe agus cois cósta ina bhfuil sé suite, chomh maith leis an raon áiseanna turasóireachta agus áineasa atá ann. Ag féachaint dá shuíomh cois cósta, atá íogair agus a bhfuil radharcanna áille uaidh, tá sé tábhachtach an comhshaol agus suíomh tírdhreacha Cuan na Oisrí a chosaint.
DB-02	Tacú le soláthar saoráidí áineasa breise mar shampla foscadán athraithe éadaí, cithfholcadáin amuigh faoin spéir agus comharthaí chun cur le tarraingteacht an cheantair mar cheann scríbe ilúsáide spóirt uisce agus aird tarraingthe ar íogaireachtaí comhshaoil agus tírdhreacha nádúrtha an tsuímh chuige sin.
DB-03	Baol Tuilte a Bheith Ann Ní mór go gcloifear, i gcás gach togra forbraíochta laistigh de na limistéir atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte, mar is cuí, le forálacha Threoirlínte an Aire – ‘An Córas Pleanála agus an Bhainistíocht Riosca Tuilte’. Féach <b>Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> .









CAIBIDIL 2  
**CHEANTAR  
BARDASACH  
IARTHAR  
CHORCAÍ**



# Clár Ábhar

2.1	Léargas Ginearálta ar an gCeantar Bardasach	104
2.2	Próifil an Cheantair Bhardasaigh	105
2.3	Seirbhísí Uisce	109
2.4	An Ghaeltacht agus na hOileáin	109
<b>2.5</b>	<b>Na Bailte Príomhacha</b>	<b>110</b>
2.6	Chloich na Coillte	110
2.7	Beantraí	126
2.8	An Sciobairín	141
2.9	Dún Mánmhaí	160
2.10	Baile Chaisleáin Bhéarra	171
2.11	An Scoil	181
<b>2.12</b>	<b>Na Sráidbhailte Príomhacha</b>	<b>190</b>
2.13	Béal Átha Fhínín/Inis Céin	191
2.14	Béal an Dá Chab	196
2.15	Dún na Séad	201
2.16	Drom Dhá Liag	207
2.17	Dúras	211
2.18	An Gleann Garbh	216
2.19	An Léim	222
2.20	Ros Cairbre	225
2.21	Bréantrá	230


<b>2.22</b>	<b>Pobail Oileán Iarthar Chorcaí</b>	<b>234</b>
2.23	an Oileán Mór	237
2.24	Cléire	242
2.25	Oileán Baoi	247
2.26	Inis Uí Drisceoil	251
2.27	An tOileán Fada	255
2.28	Inis Arcáin	259
2.29	Faoide	264
<b>2.30</b>	<b>Sráidbhailte</b>	<b>268</b>
2.31	Áth an Chíste	269
2.32	Na hAilichí	271
2.33	Ard Ó bhFicheallaigh	274
2.34	Dhá Dhrom	276
2.35	Béal na Scairte	278
2.36	Béal Átha Leice	280
2.37	Baile an Chaisleáin	282
2.38	An Cruachán	284
2.39	Draighneach	286
2.40	Na hAoraí	288
2.41	Cuan Dor	290
2.42	An Góilín	292
2.43	An Chaolchoill	295
2.44	Cill Chrócháin	297
2.45	Shannon Vale	299
<b>2.46</b>	<b>Láithreáin Eile</b>	<b>301</b>
2.47	Bá na hEorna	301
2.48	Oileán Inse Duine	304
2.49	Abha na hInse	306
2.50	Trá Omna	309

## 2.1 Léargas Ginearálta ar Cheantar Bardasach Iarthar Chorcaí

- 2.1.1 Tá Ceantar Bardasach Iarthar Chorcaí suite siar ó dheas ó Chathair Chorcaí agus is ionann an líon daoine a bhí sa daonra sa cheantar sin in 2016 agus 52,705. Tá an daonra sin scaipthe thar líonra de lonnaíochtaí lena n-áirítear 6 Bhaile Príomhacha, 28 lonnaíocht beaga, 7 Pobal Oileán agus an tuath oscailte, mar atá sonraithe i dTábla 5.2.1. Lasmuigh de na bailte príomhacha is ceantar tuaithe/talmhaíochta den chuid is mó atá sa cheantar, agus breis agus 79% de na daoine sa Cheantar Bardasach ina gcónaí i lonnaíochtaí ina bhfuil níos lú ná 1,500 duine, nó faoin tuath oscailte.
- 2.1.2 Is é Cloich na Coillte an baile is mó sa Cheantar Bardasach, agus daonra de 4,592 ann in 2016. Is iad na Príomhbailte eile ná Beantraí (3,622), An Sciobairín (2,778), Dún Mánmhaí (1,655), Baile Chaisleáin Bhéarra (860) agus An Scoil (700). Tá ról tábhachtach ag na bailte seo mar ionaid seirbhíse don cheantar. Tá clú agus cáil ar Iarthar Chorcaí as a thírdhreacha sárscéimhe ar an gcósta agus ar thailte ard, go háirithe ar na leithinse san iardheisceart atá lárnach i ngeilleagar turasoíreachta an réigiúin. Cuireann sé le gréasán láidir bailte, sráidbhailte tarraingteacha, agus ceantar tuaithe fairsing. Tá sé suite i gceantar tábhachtach oidhreachta nádúrtha agus tógtha, sainithe ag cósta Iarthar Chorcaí agus pobail na nOileán.

Tábla 5.2.1: Dáileadh Dhaonra Cheantar Bardasach Iarthar Chorcaí


	Lonnaíochtaí	Daonra 2016	%
Bailte (6)	Cloich na Coillte (4,592), Beantraí (3,622), An Sciobairín (2,778), Dún Mánmhaí (1,655), Baile Chaisleáin Bhéarra (860) agus An Scoil (700).	14,083	27%
Na Sráidbhailte Príomhacha (9)	Béal Átha Fhínín, Inis Céin, Dún na Séad, Béal an Dá Chab, Drom Dhá Liag, Dúras, an Gleann Garbh, Léim, Ros Cairbre, Bréantrá	3,200	6%
Pobail Oileán Iarthar Chorcaí (7)	An tOileán Mór, Oileán Baoi, Inis Uí Drisceoil, Inis Fada, Cléire, Inis Arcáin agus Faoide.	n/b	67%
Sráidbhailte (15)	Draighneach, Na hAoraí, Cuan Dor, An Góilín, An Chaolchoill, Cill Chrócháin, Shannon Vale.	n/b	
Láithreáin Eile (4)	Bá na hEorna, Inse Uí Dhonnaí, Abha na hInse, agus Trá Omna.	n/b	
Ceantar Tuaithe		n/b	
Líon Iomlán Daoine Sa Daonra		52,705	100%



5.2.1 – Lonnaíochtaí Cheantar Bardasach Iarthar Chorcaí

## 2.2 Próifil Cheantar Bardasach Iarthar Chorcaí

2.2.1 Tá an fhaisnéis seo a leanas bunaithe ar anailís atá déanta ar shonraí na ndaonáireamh 2011 agus 2016.



### An Daonra

Athrú 2011-2016 méadú ar 303

Suas 1%

Cohóirt aoise Dhaoine Scothaosta Níos Sine, agus mar sin méadú ar an spleáchas aoise

Scoilte Uirbeach-Tuaithe suas 27%:73%

Laghdaíonn an dlús daonra go mór lasmuigh de na lonnaíochtaí.


### An Fhostaíocht

Athrú ar an ráta dífhostaíochta idir 2011-2016;

Meath san earnáil Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaireachta - 1.5%



## Slí bheatha de réir Tionscal (2016)



- Talmhaíocht foraoiseacht agus iascaireacht
- Tógáil agus foirgníocht
- Tionscail déantúsaíochta
- Tráchtáil agus trádáil
- Iompar agus cumarsaide
- Riarachán poiblí
- Seirbhísí gairmiúla
- Eile

## An Stoc Tithíochta

Tithe: 95%      Árasáin: 4%

Ráta Aonad Folaimh: 13%


Tógadh 32% den stoc tithíochta le 20 bliain anuas

Teaghlaigh de réir Cineál Áitíochta – Foinse: CSO	2011	2016
An Tithíocht Shóisialta	6%	6%
Ar Cíos (go Príobháideach)	15%	16%
Úinéir-Áitithe (Uile)	74%	75%

## Iompar

Meán-am comaitéireachta - 24 nóiméad

Tá aon fheithicil amháin nó dhá cheann ag 77% de Theaghlaigh



Tábla 5.2.2: Ceantar Bardasach Iarthar Chorcaí – Scála na Forbartha atá Beartaithe

Ainm na Lonnaíochta	Scála na nAonad Forbartha	Stádas an Uisce Óil – Measúnú Eanáir 2021	Stádas Fuíolluisce – Measúnú Eanáir 2021
<b>Na Bailte Príomhacha (6)</b>			
Beantraí	334		
Baile Chaisleáin Bhéarra +	70		
Cloich na Coillte	600		
Dún Mánmhaí*~	126		
An Scoil	80		
An Sciobairín~	300		
<i>Iomlán na mBailte Príomhacha</i>	1520		
<b>Na Sráidbhailte Príomhacha (9)</b>			
Béal Átha Fhinín-Inis Céin	74		
Béal an Dá Chab~	20		
Dún na Séad	37		
Drom Dhá Liag~	25		
Dúras	20		
An Gleann Garbh	12		
An Léim	20		
Ros Cairbre~	50		
Bréantrá	31		
<i>Iomlán na Sráidbhailte Príomhacha</i>	289		
<b>Sráidbhailte (15)</b>			
Áth an Chiste	5		
Na hAilichí	10		
Ard Ó bhFicheallaigh	15		
Dhá Dhrom	5		
Béal na Scairte	10		
Béal Átha Leice	10		
Baile an Chaisleáin	15		
An Cruachán	10		
Draighneach	10		
Na hAoraí +	20		
Cuan Dor	10		
An Góilín	20		

Tábla 5.2.2: Ceantar Bardasach Iarthar Chorcaí – Scála na Forbartha atá Beartaithe

Ainm na Lonnaíochta	Scála na nAonad Forbartha	Stádas an Uisce Óil – Measúnú Eanáir 2021	Stádas Fuíolluisce – Measúnú Eanáir 2021
An Chaolchoill	15		
Cill Chrócháin	15		
Shannon Vale	15		
<i>Iomlán na Sráidbhailte</i>	185		
<b>Láithreáin Eile</b>			
Bá na hEorna	-		
Oileán Inse Duine	-		
Abha na hInse~	-		
Trá Omna	-		
<b>Na hOileáin</b>			
An tOileán Mór	-		
Oileán Baoi	-		
Inis Uí Drisceoil	-		
An tOileán Fada	-		
Cléire	-		
Inis Arcáin	-		
Faoide	-		
Eochair	<b>Acmhainneacht</b>		
	Toilleadh amach anseo faoi réir Phlean Infheistíochta Uisce Éireann		
	Roinnt acmhainneachta		
	Gan teorainn		
+	Ní cheadófar forbairt nua i mBaile Chaisleáin an Bhéara nuair a éilíonn sé ceangal leis an soláthar uisce poiblí má fhágann sé go mbeidh méadú ar an méid uisce a theastaíonn le hasbhaint ó Loch an Ghleanna Bhig mar thoradh air. (Baineann sé seo freisin le haon lonnaíochtaí eile i gceantar Bhéarra atá ag brath ar Sholáthar Uisce Loch an Ghleanna Bhig).		
*	Ní mór aon fhorbairt nua i nDún Mánmhaí a scaoileann ábhar amach in SAC Dhroichead na Bandan a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar saincheisteanna a bhaineann le suíomh éalaithe don WWTP seo a réiteach arís. Beidh gá le feabhsuithe a dhéanamh ar bhonneagar fuíolluisce ag Dún Mánmhaí chun ceisteanna a réiteach a bhaineann le hacmhainn an ghréasáin séarachais, sceiteadh thar maol ón stáisiún caidéal ag an Droichead Fada agus suíomh doirteadh eisilteach cóireáilte isteach i SAC Dhroichead na Bandan. fás breise daonra spriocdhírthe do bhaile Dhún Mánmhaí, mar atá leagtha amach sa tábla seo, le tarlú. Déantar é seo chun comhoiriúnacht le riachtanais na Creat-Treorach Uisce agus na Treorach maidir le Gnáthóga a chinntiú. Féach <b>Caibidil 11 Bainistíocht Uisce</b> den Phlean seo agus an chuid ann faoi Dhún Mánmhaí chun teacht ar thuilleadh sonraí faoi.		
~	Luachanna Teorainneacha Astaíochta (ELVanna): Faoi láthair, ní chloíonn WWTP don lonnaíocht le luachanna teorantacha astaíochta an Cheadúnais Doirte Fuíolluisce faoi láthair ach tá sé in ann caighdeáin UWW ar a laghad a bhaint amach.		

## 2.3 Seirbhísí Uisce

- 2.3.1 As na riachtanais bhonneagair go léir a theastaíonn chun forbairt nua a éascú, tá na Seirbhísí Uisce níos tábhachtaí ná aon cheann eile, agus is beag forbartha atá indéanta, gan iad. Dá bhrí sin tá leithdháileadh na spriocanna fáis bunaithe ar acmhainn an bhonneagair seirbhísí uisce atá ann cheana féin le linn shaolré an phlean seo ina príomh-bhreithniú i leithdháileadh spriocanna fáis sa Cheantar Bardasach amach anseo. I measc cuid de na mórthionscadail atá á gcur chun cinn sa réigiún tá uasghrádú WWTP Bhaile Chaisleáin Bhéarra, lena n-áirítear soláthar séaraigh nua, stáisiún pumpála agus príomhphiopaí ardaíthe. Cuirfear WWTP nua ar fáil do Bhaile an Chaisleáin agus tá sé ag an gcéim deartha agus réamhphleanála. Tá Uisce Éireann ag ullmhú don todhchaí trí Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce (NWRP) a fhorbairt, a bheidh mar bhonn eolais do sheachadadh uasghráduithe breise a theastaíonn sa réigiún.
- 2.3.2 Is ceist mhór é soláthar an tsoláthair uisce do Chloich na Coillte a dteastaíonn réiteach uirthi le gur féidir spriocanna fáis sa todhchaí a bhaint amach go hiomlán.
- 2.3.3 Ina theannta sin, is saincheist é comhlíonadh Luachanna Teorainneacha Astuithe a théann i bhfeidhm ar sheacht lonnaíocht sa cheantar seo agus ar chinn eile ar fud an chontae. I go leor cásanna, tá na caighdeáin Luach Teorainneacha Astaíochta arna leagan síos ag an EPA nuair a bhíonn ionaid chóireála á gceadúnú, i bhfad níos airde ná ceanglais na Treorach um Fhuíolluisce Uirbeach (UWWD). Beidh gá le huasghráduithe a dhéanamh ar ionaid chóireála fuíolluisce a fhreastalaíonn ar lonnaíochtaí an Sciobairín, Dhún Mánmhaí, Ros Cairbre, Drom Dhá Liag agus Béal an Dá Chab chun caighdeáin ELV a chomhlíonadh.

## 2.4 An Ghaeltacht agus na hOileáin

- 2.4.1 Clúdaíonn **Caibidil 16 Oidhreacht Thógtha agus Chultúrtha** in Imleabhar a hAon den phlean seo an beartas agus cuspóirí do Cheantair Ghaeltachta. Clúdaíonn **Caibidil 7 Mara, Cósta agus Oileáin** in Imleabhar a hAon beartais mhionsonraithe maidir le Corcaigh Muiri lena n-áirítear ceantair chósta agus Pobail na nOileáin.



## 2.5 Na Bailte Priomhacha

2.6.1 Tá 6 Phríomhbhaile i gCeantar Bardasach Iarthar Chorcaí mar seo a leanas: Cloich na Coillte, Beantraí, An Sciobairín, Dún Mánmhaí, Baile Chaisleáin Bhéarra agus An Scoil. Is éard is cuspóir na coda seo den phlean seo ná treoir a thabhairt don bheartas pleanála maidir leis an bhforbairt amach anseo sna Príomhbhailte.

## 2.6 Cloich na Coillte

### Fís agus Comhthéacs Straitéiseach

- 2.6.1 Is é Cloich na Coillte an lonnaíocht is mó laistigh de Cheantar Bardasach Iarthar Chorcaí agus príomhfhócas seirbhísi fostaíochta agus miondíola in Iarthar Chorcaí. Tá an baile suite laistigh de shuíomh cósta tarraingteach agus tá sé tar éis fás chun bheith ina bhaile contae feiceálach le cúlchríoch fairsing tuaithe, agus é ag feidhmiú mar ionad turasóireachta agus ceann scríbe atá aitheanta go maith ar an mbonn náisiúnta.
- 2.6.2 Ag teacht le RPO 23 den RSES, sainíonn an plean seo Cloich na Coillte mar Phríomhbhaile sa tíopeolaíocht lonnaíochta. Mar aitheantas ar an ról atá ag Cloich na Coillte san ordlathas lonnaíochta, tá spriocanna fáis leithdháilte chun an baile a shuíomh mar phríomhspreagthóir eacnamaíoch sa réigiún, agus ag an am céanna ag cosaint agus ag feabhsú timpeallacht nádúrtha Chuan Chloich na Coillte agus ag aithint na srianta suntasacha ar sheirbhísi uisce a bhfuil tionchar acu ar an mbaile faoi láthair.
- 2.6.3 Príomhghné den straitéis seo is ea ról Chloich na Coillte a aithint mar phríomhbhaile sa chontae agus mar phríomhionad ann don bhfostaíocht agus don bhfás daonra. Bunaithe ar a shuíomh straitéiseach, agus ar a thionchar, ar an teist atá aige maidir leis an bhfeidhmíocht agus an seachadadh, agus ar an bhfás ann bunaithe ar an bhfostaíocht, beidh príomhról aige maidir le struchtúr uirbeach an réigiúin a neartú. Tá feidhm eacnamaíoch ag príomhbhailte a sholáthraíonn fostaíocht dá gceantar níos leithne agus dá ndobharcheantar fo-réigiúnach. Tá an straitéis fáis don cheantar agus ról na bPríomhbhailte i gCorcaigh de réir an RSES leagtha amach níos mine i **gCaibidil 2 An Straitéis Lárnach** in Imleabhar a hAon den Phlean seo.
- 2.6.4 Is í an fhís ná cur chun cinn leanúnach na lonnaíochta mar phríomhshuíomh fostaíochta atá bunaithe ar theicneolaíocht, comhdhlúthú a dhéanamh ar a feidhm thábhachtach thionscal bia agus turasóireachta agus cothabháil áiseanna agus áiseanna cónaithe ardchaighdeán.

### An Comhthéacs Áitiúil

2.6.5 Tá Cloich na Coillte suite ar an N71 thart ar 50 km siar ó dheas ó Chathair Chorcaí. Ba é an Tiarna Richard Boyle, Iarla Mór Chorcaí, a bhunaigh Cloich na Coillte sa bhliain 1588, cé gur leagadh amach an baile reatha den chuid is mó sa tréimhse 1788-1840. Bunaíodh é mar bhaile margaidh agus línéadaigh agus an chadáis a bhí dhéanamh ann den chuid is mó ar dtús. Forbraíodh grúdlanna agus longchlós san 18ú haois, agus d'éirigh leosan suas go dtí lár an 19ú haois. Rugadh Micheál Ó Choileáin gar do Dhoire Luain, Cloich na Coillte, sa bhliain 1890. Feidhmíonn an baile mar ionad turasóireachta tábhachtach mar gheall ar a chónagaracht d'imeallbhord Iarthar Chorcaí agus an soláthar fairsing tránna atá ann. Tá lár baile tarraingteach ann freisin ina bhfuil éagsúlacht mhaith siopaí agus bialanna, chomh maith le roinnt óstán agus cineálacha eile cóiríochta do thurasóirí.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.6.6 Le linn thréimhse an phlean seo, suas go dtí 2028, tá sprioc daonra de 6,162 ag Cloich na Coillte, ar ionann é agus fás de 1,570 duine ar an líon daoine i ndaonáirimh 2016. Chun freastal ar an leibhéal seo don bhfás sa daonra, beidh 600 aonad tithíochta breise nua ag teastáil.
- 2.6.7 Tá margadh tithíochta gníomhach ag Cloich na Coillte. Tá sé tugtha le fios, i scrúdú ar shonraí maidir le fógraí tosaithe don tréimhse idir Eanáir 2016 agus Lúnasa 2020 go bhfuil tús curtha le foirgníocht 217 teach nua. Tá roinnt forbairtí cónaithe á dtógáil ar an taobh dheas den bhaile, chomh maith le scéimeanna beaga inlíonta eile. Tá dhá scéim de Chuid VIII atá beagnach i gcrích.

Tábla 5.2.3: An Daonra agus an Soláthar Tithíochta i gCloich na Coillte

	An Daonra agus an Riachtanas Tithíochta			Aonaid Sholáthair Tithíochta	
	Daonra Dhaonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra (go dtí 2028)	Aonaid Nua atá ag Teastáil (go dtí 2028)	An Soláthar Tithíochta ón gCriosú Úsáide Cónaithe agus Measctha araon lena n-áirítear Láithreáin Dlúth-Fháis	An Soláthar Tithíochta ó Láithreáin Soláthair Breise Cónaithe
Cloich na Coillte	4,592	6,162	600	600	100

Tábla 5.2.4: Daonra Chloich na Coillte, 2006-2028

	Daonáireamh 2006	Daonáireamh 2011	Daonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra go dtí 2028
Cloich na Coillte	4,154	4,721	4,592	6,162

- 2.6.8 As an líon 600 aonad tithíochta nua atá le soláthar thar thréimhse feidhme an phlean, bheadh sé indéanta 520 aonad díobh a sheachadadh ar thalamh críosaithe mar chrios cónaithe agus an chuid eile, nó 80 aonad, a sheachadadh laistigh de limistéar tógtha an bhaile. Tá foráil déanta sa Phlean seo don ghlanholáthar talún cónaithe de thart ar 20 ha. Maidir le haonaid a sheachadadh laistigh de lorg reatha an bhaile, tá roinnt roghanna ar fáil mar a sainithníodh sa Staidéar ar Acmhainn Uirbeach 2018, athúsáid réadmhaoine folmha lena n-áirítear aonaid ‘cónaí os cionn an tsiopa’.
- 2.6.9 Tá athbhreithniú déanta ar na riachtanais maidir leis an soláthar talún cónaithe do Chloich na Coillte chun fás atá dlúth agus inbhuanaithe araon a bhaint amach sa lonnaíocht de réir an treoir bheartais náisiúnta agus réigiúnach mar atá leagtha amach sa phlean seo. Mar atá leagtha amach i **gCaibidil 3, Lonnaíochtaí agus an Chomhfhorbairt Áite**, tá béim nua curtha sa phlean seo ar uasmhéadú a dhéanamh ar an gcumas forbartha a bhaineann le láithreacha tearcúsáidte atá suite i mbaill lárnacha. Is féidir le roinnt láithreáin chriosaithe laistigh den bhaile cur go mór leis an dlúthfhás ann, lena n-áirítear CK-R-03, CK-R-04 agus CK-R-05.
- 2.6.10 Comhdhlúthaíodh teorainn forbartha an bhaile chun forbairt sheicheamhach a spreagadh ó lár an bhaile. Tá roinnt láithreán críosaithe tugtha ar aghaidh ón bplean reatha. Maidir le dlús, freastalaíonn gach criosú cónaithe d’fhorbairt cónaithe ar Meán B agus Meán-C agus is féidir leo forbairt sheicheamhach agus comhdhlúthú clúdach tógtha an bhaile a chinntiú. Tá rochtain ag na láithreáin seo ar bhonneagar agus ar sheirbhísí freisin. De réir na coincheapa maidir leis na bailte deich nóiméad agus an cur chuige Seachain-Athraigh-Feabhsaigh i leith an bheartais iompair, atá leagtha amach i **gCaibidil 12 An tIompar agus an tSoghluasteacht in Imleabhar a hAon** den Phlean seo, tá go leor de na láithreáin suite laistigh de 800 méadar d’fhad siúil ón lár an bhaile. Leis an gcur chuige iomlán, socrófar soláthar tithé nua i rogha áiteanna sa bhaile, ag cruthú pobail ináirithe agus ag laghdú lorg carbóin. Tá sé ríthábhachtach go léireoidh gach forbairt nua cónaithe nascacht siúil agus rothaíochta cheart le lár an bhaile agus le hiompar poiblí, limistéir fostaíochta, áineasa, áiseanna pobail agus scoileanna.
- 2.6.11 Tá saincheisteanna suntasacha ann faoi láthair maidir leis an soláthar uisce óil i gCloich na Coillte. Tá Comhairle Contae Chorcaí i dteagmháil le hUisce Éireann faoi láthair d’fhonn réitigh a fhorbairt chun na fadhbanna maidir leis an soláthar uisce atá ann faoi láthair a réiteach. Tá na cainteanna seo ar siúl go leanúnach, agus táthar ag súil go ndéanfar réiteach ar na srianta atá ann faoi láthair a sheachadadh sa ghearrthéarma/sa mheántéarma agus le linn shaolré an phlean.

## An Chomhfhorbairt Áite


### An Dearadh Uirbeach agus an Ríocht Phoiblí

- 2.6.12 Ní fhéachann an Plean seo le foirm agus cuma gach dáileacht tailte forbartha aitheanta i gCloich na Coillte a fhorordú, ach ina ionad sin leagann sé amach treoirphrionsabail is mian leis an gComhairle a fheiceáil corpraithe i bhforbairt nua. Bunriachtanas is ea an gá le gach cineál forbartha a chomhtháthú isteach i suíomh an tírdhreacha, agus laghdóidh a thionchar ar an gcomhshaol áitiúil agus cuirfeadh le huatúlacht an cheantair áitiúil dá bharr. Is féidir é seo a bhaint amach trí ghnéithe láithreacha reatha a choinneáil (mar shampla crainn, fálta sceach, locháin, lomáin, srl.) agus trí úsáid a bhaint as an bplandú struchtúrtha láidir a réitíonn leis an bpatrún fásra atá ann cheana féin, agus a ndéanann é a atreisiú. Ní mór scála, mais agus airde na forbartha atá beartaithe a mheas i ndáil leis na foirgnimh in aice láimhe, an topagrafaíocht áitiúil, patrún ginearálta airde an cheantair, an radharc, agus sainchomharthaí tíre. I bhformhór na gcásanna, baintear an fhorbraíocht rathúil amach trí spás a shainmhíniú agus a imfhálú trí fhoirgnimh, struchtúr agus tírdhreach. Is iondúil go n-éiríonn níos fearr le foirgnimh a cloíonn le líne tógála leanúnach timpeall ar bhloc sráide agus a bhfuil spás príobháideach iontu laistigh de ghairdín cúl nó clois ná foirgnimh aonair a sheasann i lár ceapaigh.
- 2.6.13 Tá an straitéis fáis do Chloich na Coillte ag iarraidh tailte atá suite go lárnach laistigh de limistéar tógtha an bhaile a chomhdhlúthú. Mar aitheantas ar a charachtar ailtireachta agus a spéis oidhreachta, tá an chuid is mó de lár an bhaile ionchorpraithe laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Ba cheart, mar sin, an t-athchóiriú agus an athfhorbairt íogair, nuair is cuí, a bheith mar thosaíocht forbartha sa cheantar seo. Beidh struchtúir chosanta faoi réir ag cosaint reachtúil, agus beidh an bhéim ar an tsláine fhisiciúil agus suíomh na bhfoirgneamh seo a chaomhnú. Ba cheart go soláthrófar, trí aghaidheanna siopaí/comharthaí, fóntais, agus úsáid ábhar laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta lár an bhaile a sholáthar, sráid-dreach agus timpeallacht mhiondíola lár an bhaile ar chaighdeán níos airde.
- 2.6.14 Mar thoradh ar Mháistirphlean Dearaidh Uirbigh Cloich na Coillte 400, a choimisiúnaíodh mar chuid de chomóradh 400 bliain an bhaile, chuir Comhairle Contae Chorcaí mór-athchóiriú ar Chearnóg Astna i bhfeidhm mar spás atá oiriúnach do choisithe agus athchóiriú Chearnóg Emmet, lena n-áirítear suiteáil locháin mhaisithe shuntasigh nua.

2.6.15 Is éard is aidhm leis an straitéis deartha uirbigh do Chloich na Coillte:

- Féiniúlacht láidir dhearfach a leagadh síos don bhaile;
- A chinntiú go mbíonn ndéantar an suíomh agus an comhthéacs áitiúil a urramú le haon fhoirgnimh nó forbraíocht nua a dhéantar san áit;
- Timpeallacht tharraingteach uirbeach a chruthú a fheabhsóidh inmhaireachtáil an cheantair agus a tharraingeoidh an infheistíocht isteach ann;
- Feabhas a chur ar thréscailteacht iomlán (naisc a bhunú idir áiteanna éagsúla) agus ar a inléiteacht (ceantar a thuiscint - cuirtear leis seo le sainchomharthaí tíre, foirgnimh fócasacha, agus príomhghnéithe an tírdhreacha) na timpeallachta tógtha;
- Áiteanna atá sábháilte agus cosanta a chur chun cinn; agus
- An fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

Tábla 5.2.5: Láithreáin Athghiniúna i gCloich na Coillte

Léarscáil den Limistéar Athghiniúna	Uimhir agus Cur Síos
	<p>CK-RA-01: Clochar na Trócaire</p> <p>Is éard a gcuimsítear leis an láithreán seo ná Foirgnimh Chlochar na Trócaire agus tailte a bhaineann leo ar an taobh thoir d'Fhoirgnimh an Chlochair. Tá sé seo mar chuid de choimpléasc foirgneamh níos mó, le scoileanna atá ann cheana féin ar an taobh thiar. Tá fiúntas stairiúil agus ailtireachta ag baint leis na foirgnimh chlochair agus tá siad liostaithe faoi láthair ar Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint. Tá deis ann chun sean-Fhoirgnimh an Chlochair atá in aimhréidh faoi láthair a athchóiriú agus a thiontú chun tairbhe an phobail lena n-áirítear críocha oideachais chun úsáid a bhaint as poitéinseal na bhfoirgneamh reatha agus a suíomh tarraingteach.</p>


### Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.6.16 Mar gheall ar scála an fháis i gCloich na Coillte atá tuartha sa phlean seo, beidh éilimh shuntasacha curtha ar an mbonneagar sóisialta agus pobail (scoileanna, saoráidí áineasa, an cúram sláinte srl.). Tá sé tábhachtach go soláthraítear an bonneagar pobail nua go tráthúil de réir mar a fhásann an baile ionas go leanann sé ar aghaidh ag feidhmiú mar bhaile áisiúil ina bhfuil caighdeán ard beatha ar fáil. Sa chomhthéacs seo, beidh infheistíocht shuntasach ag teastáil don mbonneagar pobail is bonneagar a freastalóidh ar riachtanais an daonra atá ag dul i méid. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo go gcuirfear le leibhéal na n-áiseanna áineasa agus taitneamhachta atá sa bhaile.
- 2.6.17 Tá freastal maith déanta sa bhaile ar raon leathan áiseanna pobail agus áineasa lena n-áirítear áiseanna cúraim sláinte (Ospidéal Pobail san áireamh), leabharlann an bhaile, stáisiún na nGardaí, áiteanna adhartha iomadúla, club GAA, sacair, rugbaí, páirceanna/limistéir taitneamhachta, féarbhealach agus linn snámha/áiseanna fóillíochta agus aclaíochta (atá mar chuid den ostán Quality Hotel). Is áis thábhachtach don bhaile é an clós súgartha atá ann faoi láthair agus spreagfar aon uasghrádú nó feabhsúcháin a gcuirfí leo.
- 2.6.18 Soláthraíonn Coimpléasc Spóirt Pobail Chloich na Coillte, ar áis dé-úsáide é atá suite i gcroílár an bhaile, raon áiseanna spóirt agus aclaíochta lena n-áirítear páirc sacair uile-aimsire tuilsoilse, roinnt cúirteanna leadóige agus áiseanna laistigh. Tá soláthar teoranta de spásanna oscailte gníomhacha agus éighníomhacha sa bhaile. Tá an coimpléasc GAA nua (ina bhfuil seastán clúdaithe, 4 pháirc imeartha féir, páirc imeartha uile-aimsire agus ionad aclaíochta chomh maith le clinic gortaithe) suite siar ó Chloich na Coillte i suíomh lasmuigh den bhaile a bhfuil an rochtain do choisithe agus do rothaithe air teoranta. Tá limistéar glas tarraingteach timpeall ar Chearnóg Emmet ina bhfuil clós súgartha do leanaí ar Bhóthar na Páirce.
- 2.6.19 Tá soláthar láidir d'áiseanna bunscóile, meánscoile agus breisoideachais sa bhaile faoi láthair. Tá ceithre bhunscoil i gCloich na Coillte: Scoil Náisiúnta na Cille Gairbhe, Gaelscoil Mhichil Uí Choileáin, Bunscoil Naomh Seosamh do Chailíní agus Scoil na mBuachaillí. Tá oideachas dara leibhéal ar fáil do bhreis is 1,100 dalta i gColáiste Pobail Chloich na Coillte agus Meánscoil an Chroí Ró-Naofa atá suite ar an taobh thoir den bhaile. Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna an dá mheánscoil seo san áireamh sa chlár tionscadal infheistíochta caipitil 6 bliana ó 2016-2021. Leanfaidh an Chomhairle ag obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun na háiteanna sa bhaile a aithint ina mbeidh riachtanais oideachais ag teastáil amach anseo chun freastal ar an méadú daonra atá réamh-mheasta. Tacaíonn an tÚdarás Pleanála le coincheap na socrúithe scoile ilchamps agus ba chóir go mbeadh scoileanna nua suite cóngarach d'fhorbairtí cónaithe agus d'áiseanna pobail atá ann cheana féin nó atá beartaithe ionas gur féidir iad seo a roinnt idir an scoil agus an pobal i gcoitinne. Tá criosú institiúideach agus oideachais reatha ón bplean roimhe seo tugtha ar aghaidh go dtí an plean seo chun riachtanais oideachais na gcamps scoile atá ar an taobh thuaidh den bhaile a sholáthar.

- 2.6.20 Soláthraíonn Coláiste Talmhaíochta Chloich na Coillte, atá suite timpeall 3 km soir ó Bhaile Chloich na Coillte, raon leathan de chlár oiliúna talmhaíochta Teagasc. Soláthraíonn feirm an Choláiste, ar feirm í de 114 heicteár de thalamh íseal droimneach, oiliúint do 240 dalta i roinnt cúrsaí éagsúla faoi láthair. Tá deiseanna oideachas d'aoisigh agus breis oiliúna ar fáil sa bhaile freisin.
- 2.6.21 Tá go leor soláthraithe cúraim leanaí sa bhaile a sholáthraíonn cúram éagsúil lena n-áirítear an cúram seisiúnach, páirtaimseartha, lánaimseartha, réamhscolaíochta agus iarscoile do leanaí.

### An Bonneagar Glas

- 2.6.22 Tá sé ar cheann de na coincheapa lárnaigh sa phlean seo na buntáistí a bhaineann le pleanáil bonneagair ghlais do phobail inár mbailte Contae a aithint. Aithníonn an RSES samplaí coitianta den bhonneagar glas lena n-áirítear an soláthar gnáthóige, spás taitneamhachta, bonneagar siúil agus rothaíochta, limistéir áineasa, nithe is díol spéise do thurasóirí, féarbhealaí agus gormbhealaí. Tacaíonn an plean seo leis na sócmhainní bonneagair ghlais i gCloich na Coillte, idir na cinn atá ann cheana féin agus na cinn nua a chruthú, a chothabháil agus a fheabhsú. Tá sé tábhachtach an idirghaolmhaireacht idir na sócmhainní seo a mheas agus aitheantas a thabhairt do na buntáistí a bhaineann le naisc a chothabháil agus a fheabhsú idir gréasáin ghlasa trí chonairí feabhsaithe fiadhúlra, limistéir atá oiriúnach do phailneoirí, ag cosaint fála sreach agus teorainneacha crann.
- 2.6.23 Sa léaráid maidir leis an mBonneagar Glas (Figiúr 5.2.2) tá léiriú amhairc le brath de roinnt de na príomhshócmhainní glasa atá sa bhaile. Tá deiseanna breise ann, agus tailte atá nua á bhforbairt i gCloich na Coillte, chun prionsabail na Comhfhobartha Áite mar atá leagtha amach i **gCaibidil 3 Lonnaíochtaí agus an Chomhfhorbairt Áite** d'Imleabhar a hAon den Phlean seo a ionchorprú i bhforbairtí nua trí spásanna glasa cuí agus tirdhrechtú crua agus bog, gnáthóga nádúrtha agus timpeallacht maireachtála uirbeach ardchaighdeán a chruthú agus a fheabhsú.



Figiúr 5.2.2 Cloich na Coillte - An Bonneagar Glas

- 2.6.24 Tá roinnt áiseanna súgartha agus áineasa a fhreastalaíonn ar Chloich na Coillte suite lasmuigh de theorainneacha an bhaile. Tá roinnt pócaí níos lú de spásanna oscailte laistigh den bhaile é féin a fhreastalaíonn air, le feabhsuithe ar an riocht phoiblí mar shampla limistéir suí amuigh faoin spéir agus troscán sráide eile, agus is féidir luach na spásanna seo a fheabhsú. Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le soláthar dóthanach de spás oscailte tarraingteach agus áisiúil ar fud limistéir an phlean.
- 2.6.25 Tá trí limistéir suntasach spáis oscailte sainaitheanta sa phlean seo, siar ó thuaidh, soir ó thuaidh agus soir ó dheas ón mbaile, agus iad suite i gceantair atá thar a bheith íogair ó thaobh amhairc de. Tá coillearnach an N71 áirithe sa phlean seo freisin mar phríomhshócmhainn bonneagair ghlais atá suite ar bhealach tábhachtach isteach ar an mbaile. Is féidir le spásanna oscailte feidhmeanna éagsúla a sholáthar, lena n-áirítear caitheamh aimsire gníomhach, áineas éighníomhach, taitneamhacht amhairc (amhairc thábhachtacha ar an tirdhreach), cosaint acmhainní bithéagsúlachta, bainistíocht draenála (go háirithe rialú uisce stoirme) agus riachtanais shocheanamaíocha (amhail áiteanna cruinnithe, agus cuibhrinn). Tá an spás oscailte atá ann i gCloich na Coillte faoi láthair comhdhéanta de na gnéithe seo, atá tábhachtach agus an straitéis spáis oscailte iomlán don cheantar á bhreithniú. Tá deiseanna ann naisc agus gaolta a bhunú idir spásanna oscailte sa bhaile chun gréasán taitneamhachta cuimsitheach a sholáthar le deiseanna freisin roinnt bealaí siúlóide a shíneadh a thuilleadh agus feabhas a chur ar chomharthaíocht chuig limistéir áineasa.



## An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.6.26 Is ionad fostaíochta suntasach in Iarthar Chorcaí é Cloich na Coillte agus feidhmíonn sé mar ionad tábhachtach fostaíochta, turasóireachta, tráchtála, miondíola, sláinte, oideachais agus riaracháin don chúlchríoch tuaithe máguaird agus do réigiún Iarthar Chorcaí i gcoitinne. Sa phlean seo, aithnítear an tábhacht a bhaineann leis an ról a bheidh ag Cloich na Coillte mar Phríomhbhaile san ordlathas fostaíochta. Déantar é a ghrúpáil le lonnaithe eile chun Líonra Muirí Iarthar Chorcaí a chruthú a aibhsíonn deiseanna chun sócmhainní a roinnt agus fás geilleagrach tuaithe a thiomáint. Tá an gréasán seo bunaithe ar Chonair Chorcaigh Thiar an N71 go Ciarraí Theas ag gearáil sócmhainní suntasacha mara, geilleagracha, turasóireachta, bia agus dí, digiteacha agus eile le naisc iompair straitéiseacha go ceantar Cathrach Chorcaí.
- 2.6.27 Sa phlean seo, tá forbairt Chloich na Coillte curtha chun cinn mar mhóronad fostaíochta agus daonra, le rochtain mhaith ar áiseanna oideachais agus cultúrtha agus féachann sé le soláthar an bhonneagair riachtanach a chinntiú chun a chinntiú gur féidir é seo a bhaint amach agus cáilíocht chomhshaoil níos leithne an cheantair á chosaint ag an am céanna.
- 2.6.28 Tá tionscal bríomhar bia i gCloich na Coillte agus fostóirí ina measc Shannonvale Foods, Irish Yogurts, Clóna Dairy Products agus Clonakilty Blackpudding lonnaithe sa bhaile. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara lonnaithe san Ionad Náisiúnta Bia Mara sa Chloichín, Cloich na Coillte. Sa phlean seo, aithnítear an tábhacht atá ag an tionscal bia don bhaile, a chuireann go mór leis an bhfostaíocht i gCloich na Coillte agus i gceantar Iarthar Chorcaí i gcoitinne.
- 2.6.29 Tá sé léirithe i dtorthaí Dhaonáireamh 2016 go bhfuil an fhostaíocht i gCloich na Coillte gan athrú ó 2011 i leith. Tá laghdú 25% ar an líon dífhostaíochta léirithe sna torthaí freisin. Thairfeadh an Phríomh-Oifig Staidrimh 2,376 post i gCloich na Coillte le daonra de 1,840 oibrí cónaitheacha ann. Is é 1,291 an cóimheas post agus oibríthe cónaitheacha, arb é ceann de na cinn is airde sa Chontae. Is é an t-athrú is suntasaí i dtionscail ná fás na seirbhísí Gairmiúla, agus is é an tráchtáil agus an trádáil an tionscal is mó.
- 2.6.30 Chomh maith leis na húsáidí fostaíochta seanbhunaithe laistigh den bhaile, tá Páirc Gnó agus Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí atá suite in Shannon Vale, thart ar 3 km siar ó thuaidh ón mbaile, ina mórfhoinsé fostaíochta agus gníomhaíochta geilleagraí do mhórchéantar Chloich na Coillte. Baineann an fhorbairt pháirce gnó nua-aimseartha seo ina bhfuil thart ar 1,000 duine fostaíthe leas as bonnagar teileachumarsáide den scoth atá saincheaptha chun freastal ar riachtanais shonracha raon éagsúil gnólachtaí lena n-áirítear an fhorbairt bogearraí, an ríomhthráchtáil, soláthraithe seirbhísí airgeadais, idirlín agus feidhmchláir, seirbhísí comhroinnte, agus an taighde agus forbairt chomh maith leis an teagasc agus tacaíocht do chustaiméirí.
- 2.6.31 Is ionad tarraingteach é Cloich na Coillte le haghaidh infheistíochta mar ionad riaracháin agus seirbhísí poiblí cheana féin toisc go bhfuil sé suite ar an ngréasán bóithre náisiúnta, agus toisc go bhfuil aerfort idirnáisiúnta laistigh de 40 nóiméad tiomána uaidh chomh maith le háiseanna leathanbhanda den scoth a bheith ar fáil ann. Tá rochtain le fáil ó Chloich na Coillte ar áiseanna maithe sláinte, áineasa, fóillíochta agus cultúrtha, agus tá sé sin tábhachtach d'fhostóirí nua sa bhaile. Ag féachaint do ghné séasúracht Thionscal na Turasóireachta, tá sé mar aidhm ag an bplean seo timpeallacht a chruthú d'úsáidí talún fostaíochta dea-phleanáilte, rud a chruthaíonn timpeallacht fhabhrach d'infheistíocht i ngníomhaíochtaí gnó agus tionscail. Beidh dóigh maith ar an mbaile, agus na fheabhsuithe bonnagair atá ann le déanaí, chomh maith leis na cinn atá beartaithe, chun freastal ar an bhfás fostaíochta amach anseo, le linn shaolré an phlean seo.
- 2.6.32 San MDLAP 2017, rinneadh dhá láithreán i bPurláin Chloich na Coillte, beagnach 19 heicteár san iomlán, a chriósu le haghaidh úsáid ghnó agus thionsclaíoch. I bPlean Forbartha Bhaile Chloich na Coillte 2009 bhí codanna suntasacha de thalamh a bhaineann le Fiontar/Tionscal agus Tráchtáil/Turasóireacht sainaitheanta le haghaidh na fostaíochta freisin. Tá athbhreithniú déanta sa phlean seo ar infhaighteacht agus oiriúnacht an tsoláthair talún fostaíochta atá ann i gCloich na Coillte faoi láthair agus rinneadh roinnt coigeartuithe agus féachaint do limistéir atá forbartha nó atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Leis na tailte atá sainaitheanta, éascófar raon agus rogha níos mó láithreán le haghaidh úsáidí fostaíochta agus d'fhéadfaí an t-athlonnú úsáidí tionsclaíochta atá i lár an bhaile faoi láthair a éascú freisin mar gheall orthu, rud a sholáthródh láithreán deise laistigh de lár an bhaile don bhforbairt úsáide measctha. Tá soláthar bhóthar faoisimh an iarthair i gcomhar le forbairt na dtailte fostaíochta san iardheisceart amach anseo thar a bheith tábhachtach. Tá talamh ar fáil (11.5 ha) laistigh de Pháirc Ghnó agus Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí ag Shannon Vale le haghaidh úsáid Forbartha freisin ar Champas Ardteicneolaíochta chun freastal ar leathnú na páirce amach anseo (Féach **Caibidil 18 Zonáil agus Úsáid an Talamh** in Imleabhar a hAon den phlean seo, le haghaidh tuilleadh sonraí).
- 2.6.33 Tá saoráid táirgthe reatha ag Shannonvale Foods ar an taobh thuaidh de bhaile Chloich na Coillte, sa bhaile fearainn an Gallán. Tá an chuideachta lonnaithe sa bhaile le fada an lá agus is fostóir mór iad maidir le poist dhíreacha agus indíreacha araon. Aithnítear sa Phlean go bhféadfadh deiseanna teoranta a bheith ann chun a suíomh reatha a fhairsingiú agus aithnítear ann go bhféadfadh go mbeadh gá le breithniú a dhéanamh maidir leis an bhforbairt a bhféadfadh déanamh ar láithreáin in aice láimhe amach anseo.

## An Turasóireacht

- 2.6.34 Is tionscal suntasach í an turasóireacht i gCloich na Coillte. Ceann scríbe turasóireachta a bhfuil an-tóir air is é an baile agus tá fás tagtha ar líon na gcuaríteoirí ann go buan-seasta. Tá stádas baile oidhreachta ag Cloich na Coillte, agus tá sé sin le brath sna foirgnimh bhreátha atá ann, chomh maith le haghaidheanna na sráideanna, aghaidheanna na siopaí agus sna radharcanna atá le fáil ann freisin. Baineann an baile tairbhe as an suíomh cois cósta ina bhfuil sé suite freisin, chomh maith lena chónagaracht do thránna éagsúla in Iarthar Chorcaí lena n-áirítear an trá brat gorm ar Inse Uí Dhonnaí, ina bhfuil cuairteoirí in ann tabhairt faoi ghníomhaíochtaí éagsúla caitheamh aimsire agus spóirt. Tá saibhreas oidhreachta agus staire ag baint leis an gceantar agus tá nithe is díol spéise do thurasóirí sa bhaile lena n-áirítear an Sráidbhaile Iarnróid Mionsamhail, an dún Lios na gCon, Ionad Mhíchíl Uí Choileáin chomh maith le Conair Siúilóide Stairiúil an bhaile. Tá 'Conair Chogadh na Saoirse in Iarthar Chorcaí' curtha ar aghaidh ag an gComhairle freisin. Tá cuid de na hócáidí agus suíomhanna tábhachtacha in oidhreacht réabhlóideach Iarthar Chorcaí áirithe sa chonair seo, i nDroichead na Bandan, Cloich na Coillte, An Sciobairín, An Scoil, Baile Chaisleáin Bhéarra agus Dún Mánmhaí.

- 2.6.35 Tá an-chuid beár, bialanna, clubanna oíche, pictiúrlanna agus áiseanna siamsaíochta eile sa bhaile a bhfuil traidisiún láidir ceoil tíre agus cócaireachta aige. Tá roinnt féilte a bhíonn ar siúl sa bhaile freisin, lena n-áirítear féilte bia, ceoil agus talmhaíochta. Tá raon leathan asraonta miondíola i lár an bhaile freisin, lena n-áirítear gailearaithe áitiúla agus siopaí ceardaíochta, an chuid is mó acu neamhspleách agus dúchasach don bhaile. Bhain Cloich na Coillte leas as straitéis rothaíochta Fáilte Éireann agus d'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thurasóireacht rothair sa bhaile toisc go bhfuil fáil ar scéimeanna cíosa rothair agus cóiríocht d'aionna sa bhaile. Tacaíonn an Chomhairle freisin le nasc Glasbhealaigh a fhorbairt do choisithe agus rothaithe ó Shannon Vale go Cloich na Coillte. Aithnítear sa Phlean go bhfuil acmhainneacht ann chun táirge turasóireachta an bhaile a fheabhsú tuilleadh.
- 2.6.36 Tacóidh an Chomhairle le forbairt conairí glasbhealaí/rothaíocht agus rochtain coisithe ó:
- Ospidéal Pobail Chloich na Coillte go Páirc Teicneolaíochta Chloich na Coillte,
  - Sráidbhaile Iarnróid Mionsamhla Iarthar Chorcaí go Trá Inse Uí Dhónaill,
  - Timpeallán Supervalu" go sráidbhaile na Rinne.

### Lár an Bhaile agus an Miondíol


- 2.6.37 Tá feidhm láidir miondíola réigiúnach ag Cloich na Coillte i gCeantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí le bonn láidir miondíola áise agus raon maith de sheirbhísí comparáide, go háirithe san earnáil neamhspleách. Tá soláthar maith spás urláir áise agus comparáide ag an mbaile agus tá spéis leanúnach i leathnú a sholáthar miondíola. Chomh maith le soláthar a dhéanamh do riachtanais an daonra áitiúil agus na cúlchríche tá feidhm shuntasach turasóireachta ag Cloich na Coillte freisin. Tá sé mar chuspóir ag an bplean a chinntiú go gcoimeádtar beogacht lár an bhaile, agus go gcuirtear leis, fiú.
- 2.6.38 Tá na príomhstórais áise ancaire (Dunnes, Supervalu agus Lidl) suite ar imeall an chroilimistéir. Chun ilroinnt an chroilimistéir a sheachaint agus leibhéal an líon coise a lagú, tá sé rithábachtach go gcomhdhlúthófar an croilár leis an bhforbairt miondíola a dhéantar amach anseo, go neartaíonn sé na naisc idir na siopaí ancaire agus go bhfeabhsaíonn sé an nascacht do choisithe. Chun cur le beogacht lár an bhaile ní mór níos mó miondíoltóirí ardchaighdeán/scríbe a thairgeann níos mó daoine chuig an áit a mhealladh isteach i gcroilár lár an bhaile. Go ginearálta bíonn úsáidí den sórt sin ag iarraidh áitribh níos nua-aimseartha le lorg urláir níos mó agus fearann poiblí ardchaighdeán. Tá deiseanna ar fáil laistigh de chroilár an bhaile agus laistigh de chriosú lár an bhaile eile inar féidir áiseanna nua-aimseartha a sholáthar, trí úsáid a bhaint as aonaid fholmha atá ann cheana féin nó trí athchóiriú nó athfhorbairt báuil a dhéanamh ar áitribh atá ann cheana féin.
- 2.6.39 Tá réasúnú déanta sa Phlean seo ar chriosú lár an bhaile, chun an príomhlár miondíola a neartú agus chun cabhrú leis an bhfás miondíola amach anseo a dhírú ar láithreacha cuí. Is é an croilimistéir siopadóireachta miondíola an chuid sin de lár an bhaile ina bhfuil an sruth coisithe is mó, ina bhfuil an iomaíocht chun ionad a fháil ard agus na cíosa i bhfad níos airde ná in áiteanna eile. Is é an croilimistéir siopadóireachta an príomhshuíomh le haghaidh na forbartha miondíola agus oifige nua ina gcuirtear seirbhísí ar fáil do dhaoine atá ann ar cuairt. I gcás Chloich na Coillte, síneann an croilimistéir seo feadh Shráid an Phiarsaigh ar feadh Shráid an Ásaigh chomh fada le Bóthar an Choláiste. Tá Sráid Astna agus codanna de Shráid Rossa clúdaithe leis freisin. Tacaíonn an plean seo le forbairt sheicheamhach lár an bhaile trína chinntiú gur chóir gur ar lár baile Chloich na Coillte a gcuirfead an príomhfhócas le haghaidh tuilleadh forbartha miondíola. Tá soláthar dóthanach do trádstóráil miondíola ag teastáil ó dhobharceantar fairsing Chloich na Coillte. Aithníonn na Treoirínte um Pleanáil Miondíola suíomhanna lár an bhaile nó ar imeall an lár mar an suíomh is fearr le haghaidh na trádstórála miondíola.
- 2.6.40 Tá oibreacha feabhsúcháin suntasacha déanta ag Comhairle Contae Chorcaí i gCloich na Coillte. Cruthaíodh spás poiblí bríomhar mar thoradh ar an chearnóg phoiblí nua ag aomhal Shráid an Áhgasaigh agus Shráid Astna a chuireann tús áite do choisithe. D'fhéadfaí tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh, go háirithe laistigh den chroilár miondíola chun an spás poiblí do choisithe a fheabhsú. Beidh gá le feabhsuithe ar an bhfearann poiblí a dhírú ar Shráid Astna, Sráid Seymour, Sráid Uí Chléirigh, Bóthar an Choláiste agus An Ché Fhada má leathnaítear amach lár an bhaile soir ó dheas ón mbaile.
- 2.6.41 Aithníodh Cloich na Coillte le déanaí mar phríomhshampla den fhorbairt lár bhaile faoin gClár um Thús Áite don Lárionad Baile. Ar cheann de shé bhaile/sráidbhaile cás-staidéir sa Tír, tá samplaí de thionscnaimh rathúla curtha ar fáil chun eolas a thabhairt don chlár seo bunaithe ar roinnt uasghrádúithe rathúla ar an bhfearann poiblí agus tionscadail eile sa bhaile.
- 2.6.42 Léiríonn torthaí ón Staidéar ar Acmhainn Uirbeach (2018) an caidreamh rathúil idir lár na mbailte dlúth agus tionscnaimh a bhfuil dea-mheas acu ar an réimse poiblí maidir le bailte bríomhara a sholáthar ina bhfuil daoine ag croilár na cinnteoireachta. Tá na rátaí d'fhoirgnimh fholmha sách íseal agus faoi láthair tá siad cothrom le 10%, laistigh den bhaile (36 aonad as 371 aonad). As na 113 aonad cónaithe atá ann, tá aonad amháin folamh, ar ionann sin agus 1% de stoc foirgneamh cónaithe lár an bhaile. Ar an iomlán, tá na coinníollacha tógála go maith ag 95%. Ní mheastar ach 17 n-aonad a bheith bocht, agus déantar taifead ar 3 aonad mar aonad tréigte.

6.43 Tá sé mar aidhm ag an straitéis um Lár an Bhaile sa phlean seo ná:

- An croilimistéar a chomhdhlúthú agus a neartú agus forbairt miondíola agus fostaíochta a chur in ord tosaíochta in áiteanna oiriúnacha.
- A chinntiú gur suíomh tarraingteach é lár an bhaile le maireachtáil, le hathchruthú agus le gnó a dhéanamh. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo feabhsuithe suntasacha comhshaoil ar nós coisithe, feabhsúcháin sráid-dreacha agus meicníochtaí chun tús áite a thabhairt do ghluaiseacht coisithe/rothaithe thar thrácht, faoi réir soláthar páirceála eas-sráide ag láithreacha cuí i lár an bhaile agus timpeall ar imeall an bhaile le naisc do choisithe. go lár an bhaile;
- Iarracht a dhéanamh beogacht lár an bhaile a choinneáil trí bhainistiú a dhéanamh ar an meascán d'úsáidí neamh-mhiondíola sa cheantar.
- Tithíocht atá in aice leis an lárionad miondíola a chosaint agus sciar níos mó d'úsáid chónaithe a spreagadh laistigh de lár an bhaile chun beogacht lár an bhaile a neartú, tar éis uaireanta gnó.
- Sócmhainní oidhreachta agus turasóireachta an bhaile a chur chun cinn. Tá carachtar ar leith i gceist leis an taobh thiar den bhaile nach mór é a chosaint. Tá Séipéal Mhuire gan Smál aitheanta mar fhoirgneamh a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis agus atá ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta. Tá an ceantar thart ar Chearnóg Emmet ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Tá tábhacht stairiúil ag baint leis an gceantar freisin mar gheall ar an mbaint atá aige le Mícheál Ó Choileáin.
- A chinntiú go gcuidíonn an fhorbairt nua le soláthar sráid-dreach níos airde agus timpeallacht miondíola lár an bhaile.

## **Gluaiseacht**

- 2.6.44 Soláthraíonn an N71 nasc straitéiseach idir an baile, an Sciobairín, Droichead na Bandan, Cathair Chorcaí agus Aerfort Chorcaí le naisc bhreise le cúlchríoch tuaithe Iarthar Chorcaí. I **gCaibidil 12 Iompar agus an tSoghluaisteacht in Imleabhar a hAon** den Phlean seo, aithnítear feabhsuithe ar an N71 mar phríomhthionscadal tosaíochta réigiúnach agus aithníonn sé an tábhacht a bhaineann leis an gConair Straitéiseach Feabhsúcháin Iompair d'fhorbairt an bhaile. Tá an Bóthar Faoisimh Thuaidh agus an Bóthar Faoisimh Thiar araon aitheanta mar phríomhbhealaí don bhaile san RSES.
- 2.6.45 Críochnaíodh Staidéar Tráchta agus Iompair Chloich na Coillte in 2011 agus é mar aidhm leis athbhreithniú a dhéanamh ar an ngréasán iompair i gCloich na Coillte agus timpeall air, agus ar na riachtanais taistil a bhaineann leis, le haird faoi leith leagtha ar lár an bhaile, agus é de chuspóir aige na feabhsuithe bainistíochta iompair a theastaíonn a chinneadh, dul i ngleic le leathnú leanúnach an bhaile amach anseo, rud a mbeidh méadú ar líon na bhfeithiclí, na gcoisithe agus na rothaithe ann de thoradh air.
- 2.6.46 Leis an bPlean seo, tacófar le cur i bhfeidhm na bpríomh-mholtaí atá i Staidéar Tráchta agus Iompair Chloich na Coillte, nuair is cuí, lena n-áirítear:
- Conairí bealaigh táscacha a chosaint don Bhóthar Faoisimh Laistigh Thuaidh molta, agus scéim Bhóthar Faoisimh Thiar an N71.
  - Sraith de bhearta feabhsaithe tráchta do choisithe agus d'fheithiclí a chur i bhfeidhm sa bhaile ar mhaithe le muintir na háite agus na cuairteoirí a théann ann chomh maith, lena n-áirítear feabhsúcháin ar bhóithre, sráid-dreacha, comharthaíocht, cosáin, soláthar trasrianta coisithe, comharthaíocht aomhail, laghdú ar luasteorainneacha tráchta nuair is cuí agus naisc a chur ar fáil do choisithe chuig lár an bhaile freisin.
  - Áiseanna páirceála le naisc do choisithe go lár an bhaile a sholáthar.
  - Soláthrófar rotharbhealach fad-achair agus nasc do choisithe ó Lár an Bhaile go dtí an Pháirc Theicneolaíochta in Shannon Vale, ar Oileán Inse Duine agus ag Crois na Mná trí Timpeallán Crowley.
  - Leanúint le bealach siúlóide d'ardchaighdeán idir sheansuíomh GAA lastoir de lár an bhaile agus Dunnes Stores san iarthar.
  - Líonra de "shráideanna atá oiriúnach do choisithe" a ainmniú i lár an bhaile.
  - Straitéis a chur i bhfeidhm chun an chúrsaíocht tráchta ar an mbaile a fheabhsú.
  - A chinntiú go soláthraítear rochtain do choisithe ar lár an bhaile leis an bhforbairt chónaithe nua a ndéanfar sa bhaile.
  - Áiseanna do rothaithe a chur ar fáil i lár an bhaile.



Figiúr 5.2.3 – Cloich na Coillte - Léaráid maidir leis an Iompar i gCloich na Coillte

- 2.6.47 Baineann an baile leas as seirbhís laethúil bus a nascann Cloich na Coillte leis an Sciobairín i dtreo amháin agus chuig Droichead na Bandan agus Cathair Chorcaí sa treo eile. Tacaíonn an plean seo le háiseanna feabhsaithe a sholáthar do gach úsáideoir iompair phoiblí sa bhaile agus cuirfidh sé pleanáil bainistíochta soghluaisteachta chun cinn ag gnólachtaí agus institiúidí a bhfuil líon ard fostaithe acu. Ar cheann de phríomhaidhmeanna an phlean seo beidh gréasán ardcháilíochta de chosáin, cosáin agus trasrianta coisithe curtha ar fáil i lár an bhaile, a nascann na príomh-ghineadóirí/tarraingeoirí turais siúlóide gearr-achair; scoileanna, príomhshráideanna siopadóireachta, séipéil, carrchlóis, chuig a chéile agus go ceantair chónaithe in aice láimhe.
- 2.6.48 Tacaíonn an plean seo freisin leis an bhféidearthacht go ndéanfaí tuilleadh scéimeanna coisithe laistigh de lár an bhaile. Tá obair shuntasach déanta cheana féin, go háirithe ag aomhal an Ághasaigh agus Sráid Astna. Ag cur leis seo, d’fhéadfai iniúchadh a dhéanamh ar an fhéidearthacht atá ann cuid de Shráid an Phiarsaigh, Sráid Rossa, Sráid an Droichid, agus Sráid Astna a theorannú do choisithe, rud a chuirfeadh na sráideanna ar fáil do choisithe chun nasc a dhéanamh leis na gcarrchlóis ghearrthéarmacha is lárnai.
- 2.6.49 Tá maoiniú faighte ag Comhairle Contae Chorcaí le haghaidh roinnt Scéimeanna Taistil Gníomhaí don bhaile ar fad, agus beidh sna bearta seo beidh sé i gceist lánaí rothar, cosáin agus trasbhealaí coisithe feabhsaithe a dhearadh agus a thógáil. I measc na mbearta tá uasghrádú ar Bhóthar an Iarthair atá mar chuid de bhealach siúil Shliabh na Slinte, ag soláthar trasbhealaí boird ardaithe chun éascú le húsáideoirí coisithe agus daoine faoi mhíchumas. I measc na mbearta eile, áirítear cosáin nua a shuiteáil ar chuid de bhóthar Oileán Inse Duine a théann go dtí an Sráidbhaile Iarnróid Mionsamhla, ar siúlóid farraige i a bhfuil an-tóir air freisin. I measc na dtionscadal eile atá beartaithe, áirítear uasghrádú ar na stadanna bus atá ann cheana féin agus scáthláin bus a sholáthar don bhaile.
- 2.6.50 Ba cheart an rothaíocht, mar mhodh taistil inbhuanaithe chun dul isteach agus amach ó lár an bhaile a spreagadh trí lánaí rothar a sholáthar ar shráideanna oiriúnacha chomh maith le seastáin rothair ag láithreacha áisiúla. Is iad na suíomhanna a mholtar:
- Timpeall ar Chearnóg Astna,
  - I gcarrchlós na hEaglaise, in aice le bealach isteach Shráid an Droichid,
  - I gcarrchlós Sr. Ceannt.
- 2.6.51 I dtéarmaí bealaí fada, sainaithníodh roinnt i Staidéar Tráchta agus Iompair Chloich na Coillte 2011 lena n-áirítear;
- Lár an bhaile go dtí an Pháirc Teicneolaíochta,
  - Lár an bhaile go hOileán Inse Duine agus
  - Lár an bhaile chuig forbairt nua cónaithe ar an taobh thiar theas den bhaile.



- 2.6.52 In 2019, osclaíodh Céim a hAon den Ghlasbhealach/cosán ar an mbaile ag Loch an Ghallán. Cosán dhá chiliméadar atá ann a nascann Cloich na Coillte leis an bPáirc Teicneolaíochta. Tá Céim 2 den bhealach rothaíochta agus coisithe á cur ar aghaidh faoi láthair. Ina theannta sin, aithníonn Comhairle Contae Chorcaí an ról agus an rannchuidiú a imríonn grúpaí rothaíochta áitiúla i mbailte ar nós Cloich na Coillte chun rothaíocht a chur chun cinn agus a spreagadh mar mhodh taistil inbhuanaithe sa bhaile.
- 2.6.53 Maidir le feabhsúcháin bhóithre, i **gCaibidil 12 Iompar agus an tSoghluaisteacht in Imleabhar a hAon** den Phlean seo, aithnítear feabhsuithe ar an N71 mar phríomhthionscadal tosaíochta.
- 2.6.54 Tá sé ar cheann de na feabhsúcháin tábhachtacha atá curtha le Cloich na Coillte ná an tréthracht, go háirithe HGVanna, a bhaint den bhaile. Sa Staidéar ar Thrácht agus Iompar, rinneadh measúnú ar roinnt roghanna a bhainfeadh an tréthracht amach as cuid de ghréasán bóithre an bhaile nó as gréasán bóithre an bhaile ar fad. Sainithníodh an rogha tosaíochta maidir le bóthar faoisimh thuaidh, agus tá an chonair fhéideartha le feiceáil i bhFigiúr 5.2.3. Níl cinneadh déanta fós ar an mbealach beacht don bhóthar seo. Dá gcuirfí an bealach seo ar fáil, agus ag an am céanna ag feabhsú amanna turais agus ag laghdú méid tráchta sa bhaile, cheadódh sé go bhféadfaí tuilleadh coisithe a dhéanamh i lár an bhaile.

## An Bhainistíocht Uisce

### Bonneagar Seirbhísí Uisce

- 2.6.55 Is í an Airgidín foinse an uisce óil don bhaile. Tá Soláthar Uisce Chloich na Coillte ar a lán-teorainn agus tá an príomhlíonra uisce lag. Tá gá le foinse nua a sholáthar, agus tá roinnt roghanna á mbreithniú ag Uisce Éireann ina leith seo faoi láthair. Tá gá freisin le príomhphíobáin uisce a uasghrádú sula ndéanfar aon fhorbairt shuntasach eile i gCloich na Coillte.
- 2.6.56 Críochnaíodh Ionad Cóireála Fuíolluisce Chloich na Coillte le cumas dearaidh de 20,500 p.e. Táthar i mbun séaraigh nua agus séaraigh stoirme a sholáthar.

### Cosaintí ar Thuilte

- 2.6.57 Tá áiteanna i gCloich na Coillte sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Leanann na limistéir atá i mbaol cúrsa Abhainn na bhFiagle, tríd an mbaile agus amach i gCuan Chloich na Coillte.
- 2.6.58 Tá Scéim Faoisimh Tuilte Chloich na Coillte saincheaptha chun baile Chloich na Coillte a chosaint ar thuilte abhann ó Abhainn Bhaile Uí Shealbhaigh, Abhainn na Feile, Sruthán na Ceapaí agus Sruthán na nGaráiste chomh maith le tuilte taoide ó Chuan Chloich na Coillte. Tá dhá phríomhghné i gceist leis na hoibreacha, lena n-áirítear limistéar stórála tuilte in aghaidh an tsrutha ón mbaile chun cosaint a dhéanamh ar thuilte abhann agus ballaí cosanta tuilte nua ó Chearnóg Emmet go Bóthar Croppy chun cosaint a thabhairt roimh thuilte taoide. Tá an scéim á tabhairt chun críche anois agus i mbun feidhme.

## An Oidhreacht Thógtha

- 2.6.59 Tá saibhreas foirgneamh stairiúil agus iarsmaí seandálaíochta i gCloich na Coillte. Is acmhainn fhinideach, neamh-inathnuaite iad gnéithe den sórt sin atá i mbaol an scriosta iomláin nó páirtigh agus i gcásanna áirithe tá faisnéis ann faoin am atá thart nach féidir í a thabhairt ar ais. Tá an chuid is mó de lár bhaile Chloich na Coillte aitheanta mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta arb ionann é agus príomhionad tráchtála an bhaile. Ar fud an bhaile ar fad, tá breis is 200 foirgneamh nó struchtúr eile atá curtha isteach i dTaifead na Struchtúr Cosanta. Tá saibhreas carachtar ailtireachta ag gabháil leis an mbaile le go leor foirgneamh stairiúil agus cosanta timpeall an bhaile a bhfuil suntas ag baint leo, lena n-áirítear iad siúd atá suite ar Shráid an Ághasaigh, Cearnóg Astna, na foirgnimh Sheoirseacha atá mar chuid de chearnóg Emmet, na foirgnimh éagsúla agus aghaidheanna siopaí atá suite ar Shráid an Phiarsaigh, foirgnimh ar Shráid Oilibhéar Pluincéid lena n-áirítear Séipéal Mhuire gan Smál.
- 2.6.60 Tá bua stairiúil an bhaile ag brath go mór ar na gnéithe bailedhreacha agus oidhreacht ailtireachta bunaidh atá ann agus ar an stoc foirgneamh traidisiúnta. Tá go leor aghaidheanna breátha siopaí ó thréimhsí agus stíleanna éagsúla i lár an bhaile a chruthaíonn beogacht agus spéis. Cé go bhfuil aghaidheanna siopaí coinnithe, nó athchóirithe go báuil ag go leor, ní mór d'fhorbairt sa todhchaí an luach a bhaineann le míreanna den sórt sin ar charachtar foriomlán an cheantair a aithint. Ní hé amháin na hurláir íochtair de na foirgnimh seo a shainíonn an carachtar seo, ach cuireann na leibhéal uachtaracha leis an mbraistint áite freisin. Is é leagan amach stairiúil na sráide agus foirm agus scála na bhfoirgneamh a chinn an braistint imfhálaithe agus spáis is tarraingtí agus is suimiúla. Is é an dúshlán a bheidh le tabhairt amach anseo i gCloich na Coillte ná tarraingteacht amhairc a bhailidhreacha a choinneáil agus a fheabhsú, agus a ligean do na húsáidí nua-aimseartha atá riachtanach chun a bheocht a chinntiú ag an am céanna. Tá gá le cur chuige cuimsitheach maidir le bainistíocht a dhéanamh ar Bhailedhreach Chloich na Coillte lena chinntiú go gcoimeádtar sainghné stairiúil speisialta chroílár an bhaile. Ba cheart gurb iad seo a leanas na príomhaidhmeanna:
- Úsáidí reatha a choinneáil agus cinn nua a mhealladh go lár an bhaile.
  - Meas a thaispeáint don chomhthéacs stairiúil agus traidisiúnta a chuireann le carachtar Chloich na Coillte.
  - An chothromaíocht cheart a chothú idir an caomhnú agus an athfhorbairt.
  - Feabhas a chur ar an mbailedhreach trí limistéir tosaíochta do choisithe a sholáthar agus feabhsuithe comhshaoil eile (cosúil le cáblaí leictreachais a chur faoin talamh, feabhsuithe ar shoilsiú sráide, pábháil agus ealain phoiblí).

- Príomhfhoirgnimh oidhreacht ailtireachta an bhaile a chosaint (le Thaifead na Struchtúr Cosant agus Taifead ar Dhéanmhais Chosanta).
- Príomhshráid-dreacha agus gnéithe den bhailedhreach a chosaint agus a fheabhsú (trí Limistéir Chaomhantais Ailtireachta go príomha).

### An Oidhreacht Seandálaíochta

2.6.61 Tá lár Chloich na Coillte suite laistigh de Chrios den Acmhainneacht Seandálaíochta (ZAP). Tá Cloich na Coillte ainmnithe mar bhaile stairiúil i dTaifead Séadchomharthaí agus Láithreáin Chontae Chorcaí chomh maith. Aithníonn an Chomhairle luach agus tábhacht a hoidhreacht tógtha agus seandálaíochta agus mar sin féachann sí lena chinntiú go ndéantar cosaint, caomhnú agus feabhsú éifeachtach ar shuíomhanna stairiúla agus seandálaíochta, ar shéadchomharthaí agus ar a suíomhanna.

### An Bithéagsúlacht

#### An Oidhreacht Nádúrtha agus an Tírdhreach

2.6.62 In 2018, choimisiúnaigh an Chomhairle ullmhúchán ar Mhapáil Ghnáthóga do bhaile an chontae nach ndearnadh a leithéid d'obair iontu go dtí seo d'fhonn na gnáthóga atá sna ceantair a shainaithint chomh maith leis na cinn sin a bhfuil tábhacht ag baint leo chun bithéagsúlacht an cheantair a chosaint. Sa saothar suirbhéireachta, sainithníodh roinnt gnáthóg laistigh de chuid mhaith limistéar sa bhaile a bhfuil luach bithéagsúlachta ag gabháil leo agus a d'fhéadfadh a áireamh mar chuid de chonair éiceolaíoch.

2.6.63 I gCloich na Coillte, áirítear ar na gnáthóga a bhfuil luach caomhantais acu; -aibhneacha, féaraigh leath-nádúrtha, coillearnaí, agus gnáthóga a bhaineann leis an gcrios inbhir idirthaoide. Anuas air sin, tá roinnt gnáthóga coillearnaí líneacha agus sruthchúrsaí laistigh den bhaile a fhoirmíonn dorchaí éiceolaíochta lena cheantar máguaird. Aithníodh ceithre limistéar a bhfuil luach áitiúil bithéagsúlachta ag baint leo agus meastar go bhfuil sé tábhachtach na ceantair seo a choinneáil chun caomhnú na bithéagsúlachta laistigh de chreatlach uirbeach an bhaile a chinntiú. Ag seo a leanas na limistéir sin:

**Tábla 5.2.6 Limistéir a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil ag baint leo i gCloich na Coillte**

1.	Conair Abhann Choillte Theampall Brianaid (Lasmuigh den teorainn forbartha ach is conair líneach tábhachtach coillearnaí é le ceantar máguaird an bhaile)
2.	Coillearnach an N71 (suite laistigh de chriosú CK-GC-02 ar an dá thaobh den N71)
3.	Inbhear Chloich na Coillte
4.	Sruthán Chloich na Coillte (tríd an mbaile ag soláthar nascacht éiceolaíoch le Cuan Chloich na Coillte atá mar chuid de SAC, SPA agus pNHA Chuan Chloich na Coillte)

2.6.64 Ba cheart na gnáthóga seo a choinneáil/chomhtháthú i bhforbairtí nuair is féidir.

2.6.65 Tá Cloich na Coillte suite i gceantar atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha sa phlean seo. Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórscála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach. Tá trí bhealach sárscéimhe sainithe ann freisin, an bóthar cósta S74 go dtí an Achadh Ard, trí Oileán Inse Uí Fhloinn, an S73 a théann go Tigh Molaige ó Chloich na Coillte agus an bóthar cósta S72 a théann amach ón mbaile go Dún Urlainn. Ina theannta sin, tá Cuan Chloich na Coillte sainithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) – cód láithreáin 0091, mar Limistéar Oidhreacht Nádúrtha molta (pNHA) – cód suímh 0091 agus mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) – cód láithreáin 004081. Tá Loch an Ghalláin, ar an taobh thiar-thuaidh ón mbaile sainithe mar Limistéar Oidhreacht Nádúrtha (pNHA) molta – cód suímh 001052. Aithníonn an Chomhairle luach acmhainní oidhreacht nádúrtha an bhaile. Tá sé mar thosaíocht a áirithiú go gcosnófar na hacmhainní seo agus go bhfeabhsófar iad nuair is féidir.

## Cuspóirí Ginearálta

2.6.66 Bainfidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas le gach aon fhorbairt a dhéanfaidh laistigh de theorainn forbartha Chloich na Coillte.

Cuspóirí Ginearálta i ndáil le Cloich na Coillte	
Uimh. na Cuspóra	
CK-GO-01	Pleanáil don fhorbairt lena n-éascófar an spriocdhaonra de 6,162 a bhaint amach i gCloich na Coillte.
CK-GO-02	Chun an fás daonra inbhuanaithe a áirithiú agus chun tacú leis an bhforbairt atá beartaithe in CK-GO-01, ní mór bonneagar cuí agus inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce a chuideoidh le cuspóirí an Phlean Bainistíochta Abhantraí ábhartha a bhaint amach agus a chinntíonn cosaint Limistéar Speisialta Caomhnaithe Chloich na Coillte, in éineacht leis an bhforbairt. Caithfidh don bhonneagar fuíolluisce a bheith in ann déileáil leis an doirteadh chun cinntiú nach dtiteann cáilíocht an uisce sa chuan faoi na leibhéil atá inghlactha de réir mar a cheanglaítear leis an dlí.
CK-GO-03	Tacú le cur i bhfeidhm na n-oibreacha faoisimh tuilte laistigh den bhaile de réir Scéim Faoisimh um Tuilte Chloich na Coillte. Bhí an scéim seo faoi réir próisis EIA agus AA.
CK-GO-04	Áirítear le bonneagar glas, bithéagsúlacht agus sócmhainní tírdhreacha Chloich na Coillte an chuan agus gnáthóga inbhir agus cósta gaolmhara atá ainmnithe mar SAC agus SPA, na conairí abhann agus sruthán, na crainn aibí, na bogaigh, na coillearnacha, agus spásanna oscailte eile ann. Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint na gnéithe seo agus ní cheadófar i ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
CK-GO-05	Carachtar an bhaile a chaomhnú agus a fheabhsú trí fhoirgnimh stairiúla/aitireachta, grúpaí foirgneamh, an patrún sráide reatha, méid na gceapach agus a scála a chosaint agus ag an am céanna an fhorbairt chuí sa bhaile a spreagadh agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainn turasóireachta na hoidhreacht a tógtha agus seandálaíochta lena n-áirítear conairí oidhreacht a chur chun cinn.
CK-GO-06	Lár bhaile Chloich na Coillte a chur chun cinn agus a thacú mar an suíomh príomhach agus an suíomh is feiliúnaí chun cur leis an bhforbairt miondíola.
CK-GO-07	Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt suíomhanna oiriúnacha le haghaidh soláthar spóirt, áineasa agus spáis oscailte breise, lena chinntiú go ndéantar an soláthar a chomhordú i gceart le foirmeacha eile forbartha agus le Polasaithe eile um úsáid talún, agus chun spás oscailte agus talamh eile a bhfuil luach ó thaobh caitheamh aimsire nó taitneamhachta ag gabháil leis a chosaint.
CK-GO-08	Rochtain fheabhsaithe do choisithe agus naisc, gluaiseacht agus sábháilteacht a chur chun cinn ar fud an bhaile. Iníúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht cosán a chur ar fáil chun freastal ar cheantar cónaithe Theampall Brianaid ar an L4031.
CK-GO-09	Staidéar Tráchtá agus lompair Chloich na Coillte a chur i bhfeidhm, agus aon mholtaí nuashonraithe maidir leis an treoir chéanna nó nuashonraithe maidir le bearta bóthair atá leagtha amach sa phlean seo chomh maith.

## Sainchuspóirí

2.6.67 Beidh feidhm ag na sainchuspóirí seo a leanas laistigh de theorainn forbartha Chloich na Coillte.

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cloich na Coillte		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
Soláthar Cónaithe/Cónaithe Bhreise		
CK R-01	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B Ba cheart go mbeadh an láithreán faoi réir plean tírdhreacha mionsonraithe. Ba cheart foráil a dhéanamh chun na fáilte teorainn sceiche agus na gcrann aibí atá ann faoi láthair a choinneáil agus a chosaint agus chun an sruthán beag ar an teorainn theas agus a thacaíonn le líonraí bithéagsúlachta.*	4.8

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cloich na Coillte

* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
CK-RAP-02	<p>Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B faoi réir na coinníollacha seo a leanas: Measúnú Tionchair Tráchtá agus Iniúchadh ar Shábháilteacht ar Bhóithre, agus moltaí gaolmhara d'uasghrádú/feabhsuithe bóithre chun freastal ar méid an mhéadaithe tráchtá ar an ngréasán bóithre, sa cheantar áitiúil agus sa cheantar níos leithne araon.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Ba cheart forbairt an láithreáin seo a chomhordú leis an mBóthar Faoisimh Tuaisceartach amach anseo.</li> <li>Áireofar leis na tograí an soláthar don nascacht do choisithe agus do rothaithe le forbairtí idirnasctha.</li> <li>An rochtain ar sheirbhísí uisce.</li> <li>Leis an dearadh, an leagan amach agus na bailchríocha sa scéim seo, féachfar chuig an tionchar amhairc a íoslághdú mar gheall ar suíomh ard a bheith ag an láithreáin.</li> <li>Beidh gá le moltaí cuimsitheacha tírdhreachaithe, agus ba chóir go bhféachfadh siad seo le nascadh le sócmhainní bonneagair ghlais eile sa cheantar agus le moltaí SuDs don láithreán.<sup>^</sup></li> </ul>	3
CK R-03	<p>Meán-dlús Forbairt Chónaithe, ag ionchorprú cur chuige dearaidh d'ardchaighdeán ag féachaint d'íogaireacht an láithreáin seo atá feiceálach. Beidh moltaí cuimsitheacha tírdhreachaithe ag teastáil freisin. Ba cheart forbairt an láithreáin seo a chomhordú leis an mBóthar Faoisimh Tuaisceartach amach anseo.</p>	3.5
CK R-04	<p>Forbairt Chónaithe Mheándlús A. Ba cheart an cur chuige iomlán maidir le forbairt an tsuímh seo (lena n-áirítear tograí rochtana bóithre agus soláthar naisc bhealaigh choisithe agus rothair) a chomhordú i dteannta le forbairt na dtailte in aice leis soir. Ba chóir go ndéanfadh forbairt breithniú cuí ar an struchtúr cosanta - Stáisiún Traenach agus a shuíomh lastuaidh den suíomh.</p>	1.58
CK R-05	<p>Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B Beidh gá le moltaí cuimsitheacha tírdhreachaithe chun forbairt a chomhtháthú leis an suíomh íogair ó thaobh amhairc de.</p>	2.62
CK-RAP-06	<p>Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B Ba cheart an cur chuige iomlán maidir le forbairt an tsuímh seo (lena n-áirítear tograí rochtana bóithre agus soláthar naisc bhealaigh choisithe agus rothair) a chomhordú i dteannta le forbairt na dtailte in aice leis ar an taobh thuaidh de.</p>	2



### Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cloich na Coillte

* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
CK R-07	<p>Forbairt Chónaithe Mheánlús A. Beidh an cur chuige foriomlán maidir le forbairt an tsuimh seo á threorú de réir Máistirphlean creata foriomlán bunaithe ar riachtanais na dTreoirínte ar an bhForbairt Chónaitheach Inbhaine i gCeantair Uirbeacha arna fhoilsiú ag an DoELG agus an Lámhleabhar ar an Dearadh Uirbeach a ghabhann leis chomh maith leis an Treoir um an Dearadh i cContae Chorcaí chun Eastáit Cónaithe a Fhorbairt. Maidir le haon fhorbraíocht a ndéanfaí ann, ba cheart soláthar a dhéanamh leis dóibh seo a leanas:</p> <p>a. Straitéis rochtana iomchuí i gcomhréir le Lámhleabhar Dearaidh DMURS do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha 2019 lena n-áirítear soláthar cuí d'fhorbairt féideartha amach anseo ar thailte ó dheas agus ar an taobh thiar den áit. Beidh na moltaí ag teacht le haon Phlean Iompair Áitiúil nuashonraithe don bhaile a bheidh ann.</p> <p>b. Íosmhéid de 15% de spás oscailte poiblí a sholáthar, lena n-áirítear conairí glasa, agus limistéir de luach bithéagsúlachta mar aon le spás oscailte gníomhach i gcomhréir le Caibidlí 14 agus 15 den phlean.</p> <p>c. Bealaí Taistil Gníomhaigh a sholáthar, lena gcruthófar an fhorbairt tréscaoilteach ardchaighdeán a bheidh nasctha leis an bhforbairt in aice láimhe.</p> <p>d. Maolán tírdhrechtaithe a sholáthar leis an bhforbairt Thionsclaíoch atá ann ó thuaidh.</p> <p>e. Straitéis chuí draenála don uisce stoirme sa láithreán, agus comhtháthú na moltaí maidir le SuDS i leagan amach agus dearadh iomlán na scéime. ^</p> <p>▲</p>	7.5
<b>Limistéir Thionsclaíoch</b>		
CK I-01	<p>An Fhorbairt Thionsclaíoch faoi réir moltaí cuimsitheacha tírdhrechtaithe a bheith ar fáil, lena n-áirítear carnadh ar theorainneacha an láithreáin. Ba cheart go mbeadh aon mholadh maidir le forbraíocht ar an láithreán seo faoi réir straitéis rochtana i gcomhréir le forálacha na dTreoirínte um Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanáilacomaontaithe a chuimseodh soláthar don Bhóthar Faoisimh Iartharach. ▲*</p>	8.0
CK-I-02	<p>Forbairt thionsclaíoch chun freastal ar riachtanais na hearnála tionscail bia faoi réir straitéis rochtana comhaontaithe. Ba cheart don fhorbairt a ionadú, dhearadh agus a thírdhreachú chun an tionchar amhairc a íoslaghdú, chun maoláin chuí a sholáthar i gcoinne úsáidí agus an bóthar sa cheantar áitiúil agus chun SDCanna a ionchorprú. Ba chóir go mbeadh Measúnú Tionchair Tráchta agus Iniúchadh ar Shábháilteacht ar Bhóithre ag gabháil le tograí forbartha agus ba cheart go mbeidís de réir forálacha na dTreoirínte um Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála.</p>	3.2
<b>An Gnó agus an Fhostaíocht Ghinearálta</b>		
CK B-01	<p>An Fhorbairt Ghnó, agus an dearadh foirgneamh ardchaighdeán ionchorpraithe leis, faoi réir moltaí cuimsitheacha tírdhrechtaithe lena n-áirítear teorainneacha ar an láithreán a bheith socraithe, agus diúscairt shásúil agus rochtain oiriúnach ar uisce dromchla agus eisilteach agus socruithe céimithe oiriúnacha ina leith. Ní mór don fhorbairt a bheith céimnithe go cúramach de réir scéime mionsonraithe iomlán ar chóir é a bheith faoi réir straitéis rochtana i gcomhréir le forálacha na dTreoirínte um Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanáilacomaontaithe a chuimseodh soláthar don Bhóthar Faoisimh Iartharach agus soláthar do rochtain shábháilte do choisithe easbhóthair go lár an bhaile. ^</p>	10.4


### Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cloich na Coillte

* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Lár an Bhaile</b>		
CK T-01	Lár an bhaile a chur chun cinn mar phríomhlimistéar don bhforbairt miondíola agus ilúsáide, spreagadh a thabhairt don athchóiriú/ athfhorbairt iógair ar láithreáin atá ann cheana féin agus feabhsuithe ar an bhfearann poiblí a chur chun cinn.*	16.83
CK T-02	Foráil a dhéanamh d'fhorleathnú Lár an Bhaile, chun meascán d'úsáidí lár an bhaile a chuimsiú mar úsáidí miondíola, cathartha, seirbhíse agus inrochtaine poiblí ag leibhéal na talún. Soláthar ar theorainn thuaidh an láithreáin do shiúlóid taitneamhachta agus do naisc do choisithe go lár an bhaile. Déan soláthar d'fhoirgnimh d'ardchaighdeán ailtireachta a thugann aird ar thimpeallacht an bhaile agus ar shuíomh an láithreáin óna bhfuil radharc díreach amach ar Chuan Chloich na Coillte.*	3.88
CK T-03	Foráil a dhéanamh d'fhorleathnú Lár an Bhaile, chun meascán d'úsáidí lár an bhaile a chuimsiú mar úsáidí miondíola, cathartha, seirbhíse agus inrochtaine poiblí ag leibhéal na talún. Déan soláthar d'fhoirgnimh d'ardchaighdeán ailtireachta a thugann aird ar thimpeallacht an bhaile agus ar shuíomh an láithreáin óna bhfuil radharc díreach amach ar Chuan Chloich na Coillte.	2.1
CK-T-04	Ionad Comharsanachta.*	1.22
<b>An Bonneagar Glas</b>		
CK- GC-01	Spás Oscailte, fána feiceálach, iomaire ardaithe, agus gnéithe tírdhreacha a chuireann go mór le taitneamhacht amhairc, sócmhainní bonneagair ghlais, bithéagsúlacht agus carachtar Chloich na Coillte.*	15.65
CK- GC-02	Caomhnú tírdhreacha Choillearnach an N71. Gnéithe tírdhreacha a chuireann go mór le taitneamhacht amhairc, infrastruchtúr glas, agus carachtar an bhaile. Tacaíonn an limistéar spáis oscailte seo le gnáthóg coillearnaí, agus conairí bruachánacha a chuireann go mór le taitneamhacht amhairc agus carachtar an bhaile agus ba chóir iad a choinneáil.	2.79
CK- GC-03	Spás Oscailte, fána feiceálach, iomaire ardaithe, agus gnéithe tírdhreacha a chuireann go mór le taitneamhacht amhairc agus carachtar an bhaile.	22.21
CK-GA- 04	Áiseanna Spóirt atá ann cheana féin.	3.04
CK-GA-05	Spás Oscailte Atá Ann Cheana Féin - Páirc an Bhaile.	6.89
CK-GC-06	Spás Oscailte le cosaint ón bhforbairt a athraíonn taitneamhachtaí amhairc an cheantair.*	0.95
CK-GA-07	Tacú le soláthar Páirc Líneach lena n-áirítear soláthar Bealach Taistil Gníomhach CK-U-03.	3.6

### Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Cloich na Coillte

* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Pobal</b>		
CK C-01	Úsáid Chúraim Sláinte Pobail	3.72
CK C-02	Úsáid an Phobail. Tailte atá curtha in áirithe le haghaidh forbairt a dhéanamh ar raon úsáidí pobail agus oideachais, le poitéinseal le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh an Chlochair atá ann amach anseo. Cinnteoidh togra forbartha go dtabharfaidh aon fhorbairt ar an láithreán seo aird ar thábhacht na bhfoirgneamh atá ann cheana féin, na struchtúir chosanta agus a suíomh. Ba chóir go gcuirfeadh foirm agus leagan amach aon fhorbairt le bailedhreach agus le taitneamhachtaí amhairc an bhaile ar bhealach dearfach, agus ba cheart i a bheith ar ardcheaghdéan ó thaobh deartha, ábhar agus bailchríche de. Moltaí mionsonraithe a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar dhraenáil uisce dromchla an láithreáin agus do na tailte in aice leis. Déanfar machnamh ar thírdhreachú cuí, ar fheabhsú na gconairí glasa, agus ar ghnéithe suntasacha tírdhreacha a choinneáil. Ba chóir aird a thabhairt freisin ar an limistéar a bhfuil luach áitiúil bithéagsúlachta ag baint leis Conair Choillearnach an N71. ^	10
<b>An Talmhaíocht</b>		
CK-AG-01	Úsáid Talmhaíochta	22.29
CK-AG-02	Úsáid Talmhaíochta	2.48
CK-AG-03	Úsáid Talmhaíochta	6.75
CK-AG-04	Úsáid Talmhaíochta	1.64
CK-AG-05	Úsáid Talmhaíochta	13.39
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
CK-U-01	Soláthar forbartha a chur chun cinn chun freastal ar riachtanais oibríochtúla oibreoirí fóntais agus bonneagair, lena n-áirítear soláthar fóntais phoiblí ar nós stáisiúin dóiteáin.	0.55
CK-U-02	Fóntais Atá Ann Cheana Féin.*	3.14
CK-U-03	Tacú le soláthar Bealach 'Taisteal Gníomhach' a nascann le Glasbhealach Chloich na Coillte – Shannon Vale. Teastaíonn cosaint ar thalamh adhmaid, fáilte scean agus gnáthóga eile lena mbaineann ardluach nádúrtha feadh an bhealaigh.	-
CK-U-04	Siúlbealach do Choisithe.	-
CK-U-05	Siúlbealach do Choisithe. Ní mór aon mholadh chun an tsiúlóid seo a leathnú nó a uasgrádú a dhearadh le haird ar threoirlínte an dea-chleachtais, ag soláthar do chúlchistí cuí ó bhruach na habhann agus ón inbhear chun tionchair ar ghnáthóga agus speicis fionnuisce agus inbhir a sheachaint.*	-
<b>Limistéar Beartais Speisialta</b>		
CK-X-01	Forbairt Úsáide Measctha lena n-áirítear miondíola (miondíol áise go príomha), úsáidí fiontraíochta agus teicneolaíochta. Ba cheart go mbeadh aon mholadh maidir le forbraíocht ar an láithreán seo faoi réir straitéis rochtana i gcomhréir le forálacha na dTreoirlínte um Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta d'Údarás Phleanála. ^	2.55







## 2.7 Beantraí

### Fís agus Comhthéacs Straitéiseach

- 2.7.1 Tá áiseanna tráchtála, miondíola agus turasóireachta/fóillíochta curtha ar fáil i mBeantraí, arb é an dara baile is mó i gCeantar Bardasach Iarthar Chorcaí, don cheantar fairsing cósta agus intíre atá ina mháguaird. Tá sé mar aidhm ag an ollstraitéis Beantraí a fhorbairt mar príomhionad uirbeach agus mar thairseach ar an chuid iartharach de Chorcaigh. Tá foráil déanta sa phlean do mhéadú suntasach ar an daonra bunaithe ar an ról tábhachtach atá ag an áit maidir le cúrsaí mara, lena n-áirítear an dobharshaothrú, agus príomhfhéidhmeanna fostaíochta sna tionscail seirbhíse agus turasóireachta. Tá foráil déanta sa phlean freisin d'fhorbairt lár an bhaile chun seirbhísí miondíola chomh maith le seirbhísí eile a éascú, agus ag an am céanna suíomh uathúil an bhaile ar a mbraitheann a tharraingteacht do thurasóirí a chosaint.
- 2.7.2 Tá ról feabhsaithe do Bheantraí aitheanta sa phlean seo de réir na straitéise fáis atá leagtha amach in Imleabhar a hAon agus mar a bhfuil béim leagtha air in RPO RSES 23, ina léirítear an ról atá aige mar Ionad Seirbhíse in Iarthar Chorcaí. Tá tairiscint ó thaobh lonnaíochta ag Beantraí nach bhfuil a leithéid ar fáil i gContae Chorcaí, agus tá acmhainneacht suntasach ann le baint amach, as na féidhmeanna muirí agus uirbeacha atá ann, chomh maith leis na buntáistí suímh agus cúlchrioch fairsing tuaithe. Ag tógáil ar na láidreachtaí seo, déantar iarracht sa phlean seo tacú le fás inbhuanaithe an bhaile, leis na deiseanna muirí atá curtha ar fáil ann a aithint, agus le cumas forbartha uirbeach an bhaile a bharrfeabhsú.

### An Comhthéacs Áitiúil

- 2.7.3 Tá Beantraí suite ar chúrsa 'Shlí an Atlantaigh Fhiáin', thart ar 80 km siar ó Chathair Chorcaí, 64 km siar ó Chloich na Coillte agus 32 km ón Sciobairín. Is ionad tábhachtach saoire agus turasóireachta é don cheantar sárscéimhe agus cósta atá thart timpeall air, agus é suite go háisiúil chun rochtain éasca a thabhairt ar Chuan Bheantraí, ar leithinis Bhéarra agus ar Rinn Mhuintir Bharra. Téann Bealach Náisiúnta an N71 tríd an lonnaíocht ag tógaint tráchtála ó Chathair Chorcaí go Cill Áirne. Na céadta bliain ó shin, bhí Beantraí mar príomhionad d'iascaigh pilséar, agus thagadh cabhlaigh iascaireachta ón Spáinn, ón bhFrainc agus ón Ísiltír ann dá réir. Tá Cearnóg Wolfe Tone ainmnithe chun an iarracht a rinne Theobald Wolfe Tone in 1796 chun Airm na Fraince a thabhairt i dtír i mBá Bheantraí, nach raibh sé i ndán dó go n-éireodh leis.
- 2.7.4 Tá baile Bheantraí suite ag ceann góilín cúng ar chladach thoir Chuan Bheantraí. Tá fánaí géara timpeall ar an ngóilín seo a sholáthraíonn foscadh nádúrtha agus suíomh tírdhreacha drámatúil agus tarraingteach do lár an bhaile. Tá go leor den talamh oscailte a bhfuil fána ann timpeall ar an mbaile a bhreathnaíonn amach ar Bhá Bheantraí sainithe mar gheall ar an luach ard ó thaobh tírdhreacha a ghabhann leis. Mar gheall ar an topagrafaíocht agus an suíomh tírdhreacha uathúil seo, tá go leor den talamh ar fána agus ardaithe timpeall lár an bhaile mí-oiriúnach le haghaidh na forbartha mar gheall ar dheacrachtaí seirbhíse nó mar gheall ar an méid a chuireann an talamh, agus é fágtha oscailte, le suíomh an bhaile. Tá tábhacht ar leith ag baint le Teach Bheantraí agus a chuid gairdíní agus cuireann siad go mór le suíomh an bhaile.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.7.5 Thaifeadh 2,722 duine mar dhaonra Bheantraí i nDaonáireamh 2016. Tá sprioc daonra de 3,622 sannta do Bheantraí do thréimhse an phlean seo, arb ionann é agus fás de 900 duine. Chun freastal ar an bhfhás seo sa daonra, beidh 344 teaghas breise nua ag teastáil. As an líon 344 aonad tithíochta nua atá le soláthar thar thréimhse feidhme an phlean, bheadh sé indéanta 257 aonad díobh a sheachadadh ar thalamh criosaithe mar chrios cónaithe agus an chuid eile, nó 87 aonad, a sheachadadh laistigh de limistéar tógtha an bhaile. Tá foráil déanta sa Phlean seo don ghlanholáthar talún cónaithe de thart ar 18 ha. Maidir le haonaid a sheachadadh laistigh de lorg reatha an bhaile, tá roinnt roghanna ar fáil lena n-áirítear láithreáin athghiniúna agus inlonta mar a sainithníodh sa Staidéar ar Acmhainn Uirbeach 2018, athúsáid réadmhaoine folmha agus deiseanna chun 'cónaí os cionn an tsiopa' chomh maith le láithreáin inlonta beaga.

Tábla 5.2.7: An Daonra agus an Soláthar Tithíochta i mBeantraí

	Riachtanais Tithíochta			Soláthar Tithíochta		
	Daonra Dhaonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra (go dtí 2028)	Aonaid Nua atá ag Teastáil (go dtí 2028)	An Soláthar Tithíochta ón gCrios Úsáide Cónaithe agus Measctha araon lena n-áirítear Láithreáin DLúth-Fháis	An Soláthar Tithíochta ó Láithreáin Soláthair Breise Cónaithe	An Soláthar Tithíochta ó Láithreáin Chónaithe Chúltaisce
Beantraí	2,722	3,622	344	344	90	81

Tábla 5.2.8: Daonra Bheanntaí, 2006-2028

	Daonáireamh 2006	Daonáireamh 2011	Daonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra go dtí 2028
An Daonra	3,309	3,348	2,722	3,622

Bhí daonra 2016 níos lú ná mar a taifeadadh i nDaonáireamh 2011, ach is éard is cúis leis sin ná gur athraíodh teorainn an bhaile chun críche an daonáirimh.

- 2.7.6 I bpleananna roimhe seo do Bheanntaí, rinneadh limistéir shuntasacha de thalamh úrnua a chriosú ar imill sheachtracha an bhaile. Tá athbhreithniú déanta ar na riachtanais maidir leis an soláthar talún cónaithe do Bheanntaí chun fás atá dlúth agus inbhuanaithe araon a bhaint amach de réir an treoir bheartais náisiúnta agus réigiúnach mar atá leagtha amach sa phlean seo. I bhfianaise na spriocanna daonra agus tithíochta atá leagtha amach thuas, tá níos lú talamh úrnua ag teastáil thar thréimhse an phlean seo. Laghdáíodh teorainn fhoriomlán forbartha an bhaile chun an clúdach tógtha reatha a chomhdhlúthú, chun forbairt sheicheamhach a spreagadh ó lár an bhaile agus chun comharsanachtaí cónaithe inar féidir siúl a bhaint amach.
- 2.7.7 Chun freastal ar an leibhéal fáis a theastaíonn chun na spriocanna fáis do Bheanntaí a bhaint amach, tá thart ar 18 ha den talamh cónaithe criosaithe sa phlean seo. Tá roinnt de na láithreáin seo suite laistigh de chlúdach tógtha an bhaile, agus faoi réir dearadh agus leagan amach ardchaighdeáin is féidir leo cabhrú le fás dlúth agus athnuachan a dhéanamh ar thailte nach n-úsáidtear go leor sa bhaile.
- 2.7.8 Cé go bhfuil go leor de na suíomhanna laistigh de 800 méadar ó lár an bhaile, tá cuid de na ceantair forbartha cónaithe le díriú in oirthear an bhaile amach ó na ceantair chósta agus thailte arda níos íogaire mar a bhféadfadh forbairt cur isteach ar an radharc agus a d'fhéadfadh teacht salach ar a chéile. carachtar nádúrtha an cheantair.
- 2.7.9 Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil an leibhéal forbartha atá beartaithe do Bheanntaí bunaithe ar an mbonn tuisceana go ndéanfar na feabhsuithe riachtanacha infrastructúr fúilluisce agus soláthar uisce arna sainaitheint ag an gComhairle curtha i gcrích. Go háirithe, tá gá le huasghrádú ar Sholáthar Uisce Bheanntaí lena n-áirítear foinse nua, príomhphíopaí uisce agus taiscumar ardleibhéal nua chun freastal ar roinnt forbartha nua.
- 2.7.10 I go leor cásanna tá forbairt na talún atá aitheanta d'fhorbairt chónaithe nua ag brath ar sholáthar bóithre nua agus infrastructúr seirbhíse uisce agus tá an t-amlíne maidir le seachadadh an bhonneagair seo éiginnte agus d'fhéadfadh sé a bheith taobh amuigh de smacht díreach na Comhairle Contae. Teastaíonn uasghrádú na mbóithre atá ann cheana féin mar a shainaitheintear ar an léarscáil chriosaithe chun láithreáin a fhorbairt ó thuaidh den bhaile. Ba cheart go gcuirfeadh forbairtí nua soghluaiseacht agus nascacht do choisithe agus rothaithe chun cinn trí gach forbairt nua agus reatha chun nascadh le forbairtí nua tithíochta, tograí lár an bhaile agus áiseanna pobail. Cumasóidh forbairt Sheachbhóthar Bheanntaí dul chun cinn breise a dhéanamh ar fhorbairt nua cónaithe ó dheas den bhaile. Rachaidh áiseanna feabhsaithe do rothaithe agus do choisithe chun tairbhe na forbartha ar thailte lastoir den bhaile.

### An Chomhforbairt Áite/An Dearadh Uirbeach/An Ríocht Phoiblí


- 2.7.11 Tá Bheanntaí suite i suíomh álainn nádúrtha, tá struchtúr uirbeach breá ann, agus bailéireach breá freisin, agus is áit í a bhfuil gnéithe ailtireachta agus dearaidh uirbeacha ann atá tábhacht go leor. Is í Cearnóg Wolfe Tone an spás poiblí is feiceálaí ann, agus an ghné bailéireacha is tábhachtaí ann freisin. Tugann an chodarsnacht idir an fairsinge spáis oscailte seo, a shuíomh agus na sráideanna dlúth siopadóireachta Seoirseach agus Vícteoiriacha ar an taobh thoir carachtar agus sult ar leith don bhaile.
- 2.7.12 Lasmuigh de lár baile Bheanntaí tá claonadh ag forbairtí le déanaí díriú ar na príomhbhealaí rochtana amach as an mbaile. Is é is príomhchúis leis seo ná topagrafaíocht dhúshlánach an cheantair agus a éascaíocht rochtana ó na bóithre seo go lár bhaile Bheanntaí. Lean an treocht seo le forbairt lineach i gcásanna áirithe ag síneadh amach chomh fada le 2.5 km ó lár an bhaile, rud a chuireann isteach ar an bhféidearthacht cruth dlúth a choinneáil agus baol ann go ndéanfaí dochar do shuíomh uathúil an bhaile trí shraoilleáil gan ghá. Ag an am céanna leis seo tá na cnoic níos mine ó dheas agus siar ó dheas níos feiceálaí ag brú leanúnach d'fhorbairt ardtalún ag baint leasa as radharcanna thar Chuan Bheanntaí.
- 2.7.13 Dá bhri sin tá roinnt dúshlán ag baint le forbairt an bhaile, ach tá go leor deiseanna ann freisin. Tá béim athnuaithe curtha ar an bpoitéinseal a bhaineann le suíomhanna níos lárnaí agus deiseanna a chuirtear ar fáil trí athghiniúint a dhéanamh ar shuíomh tearcúsáidte. Níl go leor den talamh imeallach atá criosaithe i bpleananna roimhe seo ag teastáil chun na spriocanna fáis croistraitéise atá leagtha amach sa phlean seo a bhaint amach. Tá sé tugtha faoi deara sa Staidéar ar Acmhainn Uirbeach 2018 go bhfuil os cionn 36% de stoc na bhfoirgneamh sa bhaile in úsáid chónaitheach, agus iad lonnaithe den chuid is mó i mbráislí ar imeall an bhaile. Ba cheart limistéir chónaithe atá ann cheana féin a chosaint agus a fheabhsú chun an fheidhm stairiúil seo a léiriú. Tá tailte cónaithe criosaithe suite i gceantair ina bhféadfaí comhtháthú le fabraic thógtha an bhaile cheana féin.

- 2.7.14 In 2018, chuaigh Cuideachta Chalafort Bhá Bheanntaí in éineacht leis an RIAI, i dteagmháil le páirtithe leasmhara éagsúla i bpríseas Athbheithnithe Dearaidh chun scrúdú a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfaí an timpeallacht mhuirí agus uirbeach a fheabhsú agus a chomhtháthú níos fearr i mBeanntaí. Ag tógáil ar na scéimeanna a seachadadh cheana féin, tá deiseanna ann chun an timpeallacht uirbeach a fheabhsú tuilleadh, agus tuilleadh deiseanna áineasa mara agus fóillíochta a fhorbairt. Ba é toradh an tionscnaimh seo ná gur foilsíodh tuarascáil dar teideal A Vision for Beanntaí Bay and Harbour 2019. Déanfar an tionscadal seo agus an tuarascáil a ghabhann leis a mheas agus tuilleadh tionscadal fearainn poiblí á bpleanáil amach anseo.
- 2.7.15 Tá deiseanna ann chun an timpeallacht uirbeach a fheabhsú agus comhtháthú níos fearr a dhéanamh leis an timpeallacht mhuirí atá ann faoi láthair. Trí chosantaí tuilte a sholáthar agus lintéir a uasghrádú, féadfar deiseanna a chur ar fáil le haghaidh tuilleadh tionscadal fearainn poiblí sa bhaile. Beidh tionchar ag na tionscadail seo ar an réimse poiblí atá ann faoi láthair; mar sin, tabharfaidh oibreacha athchóirithe deis chun príomhspásanna poiblí a athchóiriú agus a nuashonrú de réir plean an fhearainn phoiblí.
- 2.7.16 Tá Beanntaí ainmnithe ag Fáilte Éireann faoina Thionscnamh Bailte Ceann Scríbe chun cabhrú le feabhas a chur ar tharraingteacht turasóireachta an bhaile. Tá roinnt feabhsuithe ar an bhfearann poiblí á gcur chun cinn ag an gComhairle faoi láthair trí Thionscadal na mBailte Ceann Scríbe. Cuirfear feabhas ar shuíocháin phoiblí, troscán sráide, pábháil, comharthaíocht agus bearta eile dá réir.

### Limistéar Athghiniúna

- 2.7.17 Aithníonn an Plean seo suíomh athghiniúna ar Bhóthar na Seanbheairice mar atá sonraithe thíos.

Tábla 5.2.9: Limistéar Athghiniúna i mBeanntaí


Léarscáil den Limistéar Athghiniúna	Uimhir agus Cur Síos
	<p>BY-RA-01: Bóthar na Seanbheairice</p> <p>Tá an láithreán seo suite i lár an bhaile agus tá roinnt foirgneamh tréigthe nó tearcúsáidte ann a mbíonn drochthionchar acu ar thaitneamhachtaí amhairc an phríomhbhóthair isteach chuig an mbaile agus mar sin sainiúidh é mar cheantar a dteastaíonn athnuachan uaidh. Ba cheart go mbeadh moltaí d'athfhorbairt an láithreáin treoraithe ag forálacha Chaibidil 16 Oidhreacht Thógtha agus Chultúrtha in Imleabhar a hAon den Plean.</p>

### Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.7.18 Tá raon áiseanna pobail i mBeanntaí lena n-áirítear Ospidéal Ginearálta, Teach Altranais, Gardaí agus stáisiún Dóiteáin. Tá leabharlann phoiblí, pictiúrlann nua-aimseartha, gailearaí ealaíne, ionad pobail agus séipéil sa bhaile freisin. Tá ceithre bhunscoil sa bhaile, chomh maith le Coláiste Pobail comhoideachais agus ilchreidmheach atá tógtha ann le déanaí. Tá sé tugtha faoi deara sa chaibidil ar chúrsaí Shóisialta agus Pobail den phlean seo go mbeidh méadú breise ar shuíomhanna bunscóile bunaithe ar fhás an daonra.
- 2.7.19 Thar shaolré an phlean, tá sé beartaithe go leathnófar an raon áiseanna oideachais, spóirt agus pobail. Tá scoileanna nua le cur ar fáil fad is a thacófar le forbairt caitheamh aimsire gníomhach breise. I bprionsabal, níl aon agóid in aghaidh soláthar áiseanna pobail laistigh de limistéir chónaithe.
- 2.7.20 Tá roinnt áiseanna agus clubanna spóirt i mBeanntaí, agus club GAA, club rugbaí, club sacair, club seoltóireachta agus club gailf ina measc. Tá an-tóir ar an mbaile le haghaidh gníomhaíochtaí fóillíochta mara agus déantar freastal maith air freisin ó thaobh caitheamh aimsire éighníomhach le bealaí siúlóide cósta. Tá limistéir shubstantiúla spáis oscailte sainithe ag an bPlean seo le haghaidh caitheamh aimsire poiblí gníomhach agus neamhfhoirmiúil. Sa Phlean seo, beifear ag iarraidh níos mó béime a chur ar fhorbairt taitneamhachtaí áineasa, go háirithe forbairt siúlóidí nua do choisithe, bealaí rothaíochta agus naisc le limistéir spáis oscailte agus lár an bhaile chun tairbhí taitneamhachtaí nádúrtha an bhaile a bharrfheabhsú do mhuintir Bheanntaí. Ní mór machnamh a dhéanamh ar sholáthar áiteanna áineasa gníomhacha breise agus tá gá le huasghrádú agus soláthar áiseanna spóirt nua-aimseartha amach anseo chun ligean do spóirt pháirce, lúthchleasaíocht agus cispheil.
- 2.7.21 Tá Beanntaí ainmnithe mar mhol rothaíochta i gCatagóir a hAon faoi Straitéis Turasóireachta Rothaíochta na hÉireann de chuid Fáilte Éireann, rud a d'fhág gur cuireadh tús le hobair ar fhorbairt bealaí lúbtha rothaíochta. Tá sé tábhachtach freisin go gcuirfí áiseanna comhlántacha ar fáil sa bhaile.

## An Bonneagar Glas

- 2.7.22 Tá sé ar cheann de na coincheapa lárnacha sa Phlean seo na buntáistí a bhaineann le pleanáil bonneagair ghlais do phobail sna bhaile, agus i mBeanntraí san áireamh. Na samplaí coitianta den bhonneagar glas lena n-áirítear an soláthar gnáthóige, spás taitneamhachta, bonneagar siúil agus rothaiochta, limistéir áineasa, nithe is díol spéise do thurasóirí, féarbhealaí agus gormbhealaí. Tacaíonn an plean seo leis na sócmhainní bonneagair ghlais i mBeanntraí, idir na cinn atá ann cheana féin agus na cinn nua a chruthú, a chothabháil agus a fheabhsú. Soláthraíonn suíomh tarraingteach cósta an bhaile a bhfuil fánaí géara cnoic timpeall air agus atá suite i dtírdhreach ardluacha chomh maith suíomh an diméin stairiúil a ghabhann le Teach Bheanntraí laistigh d'achar siúlóide ó lár an bhaile éagsúlacht shaibhir de na sócmhainní seo. Tá deiseanna breise ann chun na sócmhainní seo a fheabhsú trí naisc fheabhsaithe ar nós siúlbealaí agus feabhsuithe eile ar an bhfearann poiblí. Ba cheart go n-ionchorpróidh agus go bhfeidhmeodh sa bhforbairt nua prionsabail maidir leis an gcomhfhorbairt áite chun feabhas a chur ar spásanna glasa, idir cinn nua agus cinn atá ann cheana féin, agus chun na conairí glasa atá ann cheana a chothabháil.
- 2.7.23 Go ginearálta, déantar freastal maith ar Bheanntraí i dtéarmaí áineasa éighníomhacha le bealaí siúlóide cósta agus spásanna beaga uirbeacha; áfach, ní mór breithníú a dhéanamh ar sholáthar áiteanna áineasa gníomhacha breise. D'fhéadfadh leas a bhaint as coimpléasc spóirt nua-aimseartha lena n-áirítear áiseanna fóillíochta agus raon reatha a bheith ag an mbaile agus a chúlchríoch tuaithe. Mar gheall ar an suíomh drámatúil ina bhfuil Beanntraí suite agus an topagrafaíocht a bhaineann leis an áit, bíonn raon eispéiris tírdhreacha éagsúla do chuirteoirí agus turasóirí araon. Féachann an plean seo le limistéir áineasa éighníomhacha agus gníomhacha, idir cinn atá ann faoi láthair agus cinn a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí, a nascadh laistigh de ghréasán tiomnaithe de spás oscailte chun timpeallacht chairdiúil do choisithe agus do rothaithe a chruthú agus na príomhghnéithe tírdhreacha a chuireann le féiniúlacht agus braistint áite Bheanntraí a chothú.



Figiúr 5.2.4: An Bonneagar Glas i mBeanntraí

- 2.7.24 Tá dhá chonair oidhreachta i mBeanntraí a chuimsíonn raon éagsúil stadanna, ó Shéipéal Naomh Breandán go Roth an Mhuilinn, ó Philéar na Preispitéireachta go Séipéal agus Reilig Gharraí Mhurchaidh. Tairgeann Conair Gormbhealaigh Bheanntraí raon de chonairí lúbacha uisce timpeall ar Chuan Bheanntraí. Cuimsíonn an líonra pointí seolta, seacht n-ionad stad, ionaid champála, agus roinnt pointí spéise ag tosú ag Sleamhnán na Mainistreach, agus ag tabhairt faoi Fhaoide roimh bogadh trasna go Rinn an Rí agus ar ais trí ché an Iarnróid.

## An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.7.25 Sa phlean seo, aithnítear an ról feabhsaithe atá le himirt ag Beanntraí i soláthar fostaíochta. Déantar é a ghrúpáil le lonnaithe eile chun Líonra Muirí Iarthar Chorcaí a chruthú a aibhsíonn deiseanna chun sócmhainní a roinnt agus fás geilleagrach tuaithe a thiomáint. Tá an gréasán seo bunaithe ar Chonair Chorcaigh Thiar an N71 go Ciarraí Theas ag gearáil sócmhainní suntasacha mara, geilleagracha, turasóireachta, bia agus dí, digiteacha agus eile le naisc iompair straitéiseacha go Ceantar Cathrach Chorcaí.
- 2.7.26 Is é an straitéis fostaíochta iomlán do Bheanntraí mar atá leagtha amach sa phlean seo ná díriú ar fhostaíocht do bharrchomharthaí áitiúil agus ar chlár bonneagair chun soláthar talún a sheirbhísiú a aithníodh le haghaidh forbairt fostaíochta amach anseo dírithe ar ghnó/tionscal meánach agus beag. Tá forbairt déanta ar Bheanntraí mar phríomhshuíomh le haghaidh úsáidí éagsúla fostaíochta. Soláthraíonn seirbhísí agus miondíol cuid mhaith den fhostaíocht atá ann cheana féin agus tá ról tábhachtach i gcónaí ag tionscail bhunaithe.
- 2.7.27 Tá sé léirithe i dtorthaí Dhaonáireamh 2016 go bhfuil laghdú 38.35% tagtha ar an líon difhostaíochta i mBeanntraí. Bhí 1,748 post taifeadta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i mBeanntraí, agus 1,005 oibreacha cónaitheacha ann. Is é 1.739 an cóimheas post agus oibríthe cónaitheacha. Is é an t-athrú is suntasaí i dtionscail ná fás na seirbhísí Gairmiúla, agus is é an tráchtáil agus an trádáil an tionscal is mó.
- 2.7.28 Faoin 'Straitéis um Bonneagar Fóillíochta Muirí do Roinn an Iarthair de Chontae Chorcaí 2007', tá Beanntraí ainmnithe



mar 'Mhol Príomhach. Tá béim leagtha ar an ngá atá ann le saoráidí a sholáthar chun freastal ar oibríochtaí fóillíochta mara ó cheann ceann na bliana. Éilíonn an straitéis go ndéanfaí forbairt ar bhonneagar leordhóthanach agus cuí, agus ar sheirbhísí coimhdeacha comhlántacha do Bhaile Bheanntraí.

- 2.7.29 Chríochnaigh Cuideachta Chalafort Chuan Bheanntraí (BBPC) infheistíocht shuntasach le déanaí i dTionscadal an Chalafoirt Istigh lena gcuimsítear muiríne fóillíochta 40 beart, Cé an Bhaile a leathnú amach, an Chuan Istigh a dhreidireacht agus limistéar taitneamhachta urthrú a chruthú. Beidh ról tábhachtach ag úsáid an ché iarnróid sa todhchaí i ndáil leis an soláthar forbairtí muirí agus ilchineálacha timpeall an chuain, rud a fheabhsóidh acmhainn turasóireachta agus fostaíochta an bhaile. Tá tús curtha leis an obair ar Thionscadal Athghiniúna an Chalafoirt Istigh, a sholáthroidh timpeallacht chuain níos fothain a mbeidh uisce níos doimhne ann, chomh maith le feabhas ar na háiseanna cé agus limistéar nua ar an gcéanna lena ndéanfar gníomhaíochtaí mara agus turasóireachta i gceantar Bheanntraí a thacú agus a chur chun cinn. Forbraíodh fánán rochtana ar an taobh thiar den bhaile a fheastalaíonn ar Fhaoide chomh maith le fánán eile ar an oileán.
- 2.7.30 I mBeanntraí, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé indéanta bealach siúil a shíneadh amach le go mbeidh rochtain ar fáil ar an Trá Dhubh agus d'fhéadfadh go bhfuil an fhéidearthacht ann an ceantar thart ar shleamhnán na Mainistreach chun freastal ar an stóráil gheimhridh agus seirbhís deisiúcháin do bháid. Tacaíonn an Plean le moltaí chun Trá an Chuais a fhorbairt chun críocha taitneamhachta freisin. Leantar le ról láidir fós a bheith ag Beanntraí mar phríomhionad seirbhíse an cheantair agus de réir na spriocanna daonra atá beartaíte, is léir gur dócha go leanfar leis an ról seo a bheith aige. Tá an turasóireacht fós ina cuid an-tábhachtach den gheilleagar áitiúil.
- 2.7.31 Tá cúig shuíomh criosaithe le haghaidh úsáide Gnó agus láithreán amháin le haghaidh úsáid thionsclaíoch, agus fágann sé sin gur ionann an soláthar talún fostaíochta iomlán ann agus breis agus 65 heicteár. Tá formhór na talún seo fós ar fáil le haghaidh na forbraíochta agus tugadh na criosuithe seo ar aghaidh sa phlean seo. Is beag ceantar atá oiriúnach don fhorbairt tionsclaíochta agus ghnó laistigh den limistéar faoi fhoirgnimh atá ann cheana féin nó gar do lár an bhaile mar gheall ar na dúshláin topagrafacha atá ann. Go deimhin, bhí sé riachtanach san am a chuaigh thart Ionad Fiontraíochta Bheanntraí agus Páirc Ghnó Bheanntraí a fhorbairt in áiteanna a bhí beagán i bhfad ó lár an bhaile. Mar sin, cé go bhfuil na limistéir príomhacha atá sainaitheanta lonnaithe i suíomhanna atá bainte den limistéar faoi fhoirgnimh atá ann cheana féin meastar iad seo a bheith ina limistéir chuí le haghaidh forbairt tionsclaíochta agus gnó nua. Iarrann limistéir atá sainaitheanta go sonrach don fhorbairt a bhaineann le gnó comhdhlúthú úsáidí timpeall ar bhraislí fostaíochta atá ann cheana féin agus tá soláthar breise tailte i gceist le haghaidh úsáidí gnó ag Gort na Mara agus ag Páirc Ghnó Bheanntraí ag Dún Bioráin faoi láthair.
- 2.7.32 Ba chóir go mbeadh an príomhshuíomh don fhorbairt oifig-bhunaithe suite i lár an bhaile i gcoitinne, nó ar shuíomhanna oiriúnacha ar imeall lár an bhaile. Féadfar breithniú a dhéanamh ar fhorbairt neamh-mhiondiola oifig-bhunaithe, cás nach n-éilíonn na seirbhísí a chuirtear ar fáil go príomha do bhaill an phobail chun cuairt a thabhairt ar thailte atá criosaithe le haghaidh Úsáidí Gnó (má shainithnítear iad). Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí cuid de na tailte gnó a sainaitheodh (BT B-02 agus BT B-03) a mheas le bheith oiriúnach le haghaidh na trádstórála miondiola.
- 2.7.33 Tá an poitínseal ag moil chian-oibre deiseanna fostaíochta a sholáthar i mbailte tuaithe in aice leis na háiteanna ina bhfuil daoine ina gcónaí. Tá dhá mhol comhoibríthe i mBeanntraí suite ag Oibreacha Bá Bheanntraí atá lonnaithe ar an mbaile agus Ionad Ríomh-Fhiontraíochta Bheanntraí atá i nGort na Mara.
- 2.7.34 Ní mór machnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh a bheith ag an aerstráice príobháideach gar don bhaile mar shócmhainn eacnamaíoch don réigiún le linn shaolré an phlean.

## Lár an Bhaile

- 2.7.35 Is é an fhís atá ann do lár an bhaile ná é a fheabhsú mar shuíomh le bheith níos tarraingtí mar lár baile chun maireachtáil, athchruthú agus gnó a dhéanamh ann. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo feabhsuithe suntasacha comhshaoil ar nós coisithe, feabhsúcháin sráid-dreacha agus meicníochtaí chun tús áite a thabhairt do ghluaiseacht coisithe/rothaithe thar thrácht. Má táthar chun é sin a sheachadadh, ní mór ar dtús an bóthar faoisimh agus an pháircéil eas-sráide sa bhaile é féin, agus timpeall imeall lár an bhaile freisin, a chur ar fáil.
- 2.7.36 D'fhéadfadh buntáistí suntasacha eacnamaíocha a bheith ann don bhaile agus do gheilleagar níos leithne an cheantair de bharr an méid spáis uirbeach atá dírithe ar choisithe sa bhaile, chomh maith leis an leas a bhainfeadh amach as do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon. I measc na moltaí eile chun lár an bhaile a fheabhsú i mBeanntraí, tá sráid nua/margadh faoi dhion a sholáthar, lánáí stairiúla an bhaile agus seanláithreán na pictiúrlainne a athfhorbairt. Beidh an athfhorbairt reatha ar cheantar an chuain, go háirithe, ina údar spreagtha tábhachtach d'athghiniúint an bhaile.

## An Miondiól

- 2.7.37 Feidhmíonn Beanntraí mar bhaile margaidh tábhachtach a ina sholáthraítear seirbhísí miondiola do cheantar fairsing cois cósta agus intíre ina mhaguaird. Sa phlean seo, aithnítear Beanntraí mar 'Bhaile Contae Mór' mar aitheantas dá fheidhm mhiondiola fo-chontae tábhachtach agus infhaighteach roinnt de na príomhshlabhraí miondiola, go háirithe san earnáil áise. Sa Phlean seo, déantar iarracht a áirithiú gur féidir leanúint ar aghaidh an raon oiriúnach d'fheidhmeanna miondiola agus neamh-mhiondiola a bheith ar fáil i mBeanntraí chun freastal ar riachtanais an phobail agus an cheantair máguaird.
- 2.7.38 Feidhmíonn Beanntraí mar bhaile margaidh tábhachtach a ina sholáthraítear seirbhísí miondiola do cheantar fairsing cois cósta agus intíre ina mhaguaird. Is iad an Supervalu nua atá suite ar an Rinn Ramhar, agus an Lidl nua atá suite ar Bhóthar Bheanntraí-an Gleann Garbh (an N71) na príomh-ollmhargáí áise sa bhaile faoi láthair. Is iad na siopaí áise eile atá i lár an bhaile ná Centra agus Mace. Anuas air sin, tugadh cead siopa lascaine bia a chur ar fáil i lár an bhaile freisin, díreach in aice le Sráid an Droichid (in aice le leabharlann an bhaile). Cuireann éagsúlacht na n-aonad miondiola beag laistigh den bhaile reatha go mór leis an leibhéal spáis urláir comparáide agus cuireann sé seo le beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile mar atá.

- 2.7.39 Tá ganntanas spáis urláir áise suntasach i mbaile Bheantraí, agus fágtar dá réir go bhfuil slua mór daoine ag dul go lárionaid mhiondíola eile.
- 2.7.40 Síos na blianta, trí chead pleanála a dheonú, léirigh an Chomhairle a tiomantas don soláthar miondíola laistigh den bhaile a mhéadú, ach tá sé léirithe i gcinntí atá déanta go bhfuil dúshlán ann pleanáil níos cuimsithí a dhéanamh chun an cineál seo forbartha a ionchorprú laistigh de chreatlach uirbeach an bhaile. Sa phlean, aithnítear an méid atá foghlamtha sna cinntí a rinneadh le déanaí maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt miondíola ar imeall an bhaile ar inmharthanacht a lárionaid amach anseo.
- 2.7.41 Agus cumas lár an bhaile á réadú, d'aithin pleananna ceantair áitiúil roimhe seo limistéar lár an bhaile leathnaithe laistigh de nó in aice leis a bhfuil deiseanna réasúnta ann d'fhorbairt miondíola áise agus comparáide. Is céad chéim úsáideach i dtreo seo é cead a thabhairt d'fhorbairt miondíola i lár an bhaile agus léiríonn sé gur féidir deacrachtaí a sháru, agus go bhfuil lár an bhaile fós mar shuíomh oiriúnach le haghaidh foirmeacha nua-aimseartha de mhiondíol áise agus comparáide.
- 2.7.42 Tá lár an bhaile agus na ceantair in aice láimhe fós mar an suíomh is oiriúnaí d'fhorbairt miondíola amach anseo, agus tá sé tábhachtach go gcoimeádtar a bheocht agus a inmharthanacht. Tacóidh limistéar leathnaithe lár an bhaile leis an ról seo agus leanfaidh sé de dheiseanna a sholáthar chun freastal ar chuid de riachtanais mhiondíola áise an bhaile sa todhchaí. Ba é an réasúnaíocht a bhain le leathnú chríosú lár an bhaile ná gur chuimsigh sé rogha de láithreáin athfhorbraíochta a raibh an poitéinseal acu freastal ar fhorbairt miondíola nua. Ba chóir go mbeadh aird ag dearadh agus scála na bhforbairtí miondíola molta ar mhéid na suíomhanna atá ann cheana féin i lár an bhaile agus ar imeall an láir.
- 2.7.43 Go stairiúil dhírigh lár an bhaile ar an gceantar thart ar chearnóg an bhaile, croílár Bheantraí, áit a bhfuil go leor den mhiondíol atá ann cheana féin le déanamh. Agus treoracha nua á lorg chun lár an bhaile a leathnú, d'éiligh srianta maidir le topagrafaíocht go raibh leathnú breise mí-oiriúnach ó thuaidh agus ó dheas den chearnóg. Mar sin féin cuireann tailte taobh thiar (ag éadan an chuain) atá criosaithe T-02 suíomh féideartha deise leis an mbuntáiste go bhfuil sé cóngarach do Chearnóg Wolfe Tone, agus mar an t-aon limistéar talún atá cothrom go ginearálta laistigh de nó in aice le lár an bhaile bheadh sé. áit loighciúil chun síneadh nádúrtha lár an bhaile a éascú. Spreagfaidh an Chomhairle forbairt na dtailte seo le meascán d'úsáidí lár an bhaile ar an láithreán iomlán lena n-áirítear miondíol áise, oifigí, agus úsáidí mara lena n-áirítear foirgneamh íocónach atá suite ag taobh na farraige den láithreán iomlán. Thacódh an Chomhairle freisin le foirgneamh cathartha ar nós obrádlann a sholáthar ar chuid de shuíomh BT T-02.
- 2.7.44 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil ról fós ag an gcarrchlós dromchla atá ag an láthair seo ag freastal ar lár an bhaile. Is é losta na Comhairle in aice láimhe suíomh an phríomhstáisiúin pumpála séarachais bhréan a fhreastalaíonn ar Bhaile Bheantraí. Bheadh sé deacair an píosa suntasach bonneagair phoiblí seo a athlonn gan costais shuntasacha a thabhu. Bhí réamhphlé ann maidir le hathlonnú an iosta ola, agus admhaíonn na geallsealbhóirí go bhféadfadh forbairt úsáidí ardluacha laistigh de shuíomh BT T-02 dlús a chur le hathlonnú na húsáide míchuí seo.
- 2.7.45 Is é an limistéar loighciúil eile chun lár an bhaile a leathnú ná feadh bhóthar an Ghleanna Ghairbh, chun tailte athfhorbraíochta timpeall ar Chlub na mBuachaillí a áireamh. Aithnítear, áfach, cé go bhfuil na tailte seo níos gaire do chroí-limistéar miondíola an bhaile, go bhfuil sé in úsáid cathartha/institiúideach faoi láthair agus go bhféadfadh saincheisteanna topagrafacha, rochtana agus úinéireachta a bheith aige a chaithfí a réiteach ar dtús.
- 2.7.46 Mura dtarlaíonn forbairt miondíola áise breise laistigh de shaolré an phlean seo is dócha go leanfar ar aghaidh le sceitheadh miondíola chuig ionaid eile. Más rud é nach féidir freastal go héasca ar fhorbairt miondíola áise laistigh de lár an bhaile leathnaithe agus gur féidir a léiriú nach bhfuil aon suíomh i lár an bhaile nó ar imeall lár an bhaile oiriúnach, inmharthana nó ar fáil, ba cheart breithniú a dhéanamh ar shuíomh eile lasmuigh den lár. Tá roinnt suíomhanna lasmuigh den lár a d'fhéadfadh éascú réadúil a dhéanamh ar fhorbairt miondíola dá leithéid. Áirítear ar na suíomhanna seo Páirc Wolfe Tone agus tailte in aice leis ar an taobh thoir de.

### Trádstóráil Miondíola

- 2.7.47 Tá soláthar dóthanach do trádstóráil miondíola ag teastáil ó dhoibharcheantar leathan Bheantraí. Cé go n-aithníonn na Treoirilínte um Pleanáil Miondíola suíomhanna lár an bhaile nó ar imeall an lár mar an suíomh is fearr le haghaidh na trádstórála miondíola, fós tá deacrachtaí ann láithreach chun láithreáin ar imeall lár an Bhaile a shainathint i mBeantraí. Tá lár an bhaile féin sách dlúth cheana féin agus tá cuid mhór de na tailte taobh amuigh de lár an bhaile dúshlánach ó thaobh topagrafacha nó tá rochtain theoranta orthu. Cuireann cúinsí amhairc agus taitneamhachta as an áireamh acmhainneacht suíomhanna eile.
- 2.7.48 Maidir leis an trádstóráil miondíola, léirigh roinnt miondíoltóirí comparáide atá lonnaithe i lár an bhaile faoi láthair go bhfuil suim athlonn go háirithe níos mó. Is minic a éilíonn trádstórais miondíola den sórt sin achair fhairsing de spás seomra taispeána atá grúpáilte thart ar charchlós coiteann. Mar gheall ar an gcineál ruda atá i gceist leis an stóras miondíola, bíonn gá le húsáid an ghluaisistéar ó stórais mhiondíola agus is minic nach mbíonn suíomhanna lár an bhaile oiriúnach. Is é an dúshlán don phlean seo ná limistéir a aithint inar féidir úsáidí dá leithéid a lonnú go cuí.
- 2.7.49 Mar gheall ar na deacrachtaí atá ann faoi láthair maidir leis an mbrú tráchta timpeall lár an bhaile tá sé tugtha le tuiscint nárbh é an straitéis is fearr le tuilleadh tráchta HGV a bhaineann leis an trádstóráil miondíola a thabhairt trí lár an bhaile sa mheántearma, san fhadtéarma ach an oiread. Chuige sin, agus an easpa suíomhanna oiriúnacha soir curtha san áireamh, moltar go bhfuil iarthar nó iardheisceart an bhaile i láthair mar na láithreacha is loighciúla le haghaidh forbairt trádstórála miondíola sa bhaile.

- 2.7.50 Ag breathnú ar iarthar an bhaile, is léir go bhfuil dhá rogha láithreacha ann atá oiriúnach mar thailte don trádstóráil miondíola. Is iad na tailte ag Gort na Mara (criosú BT B-02) na tailte is gaire ó lár an bhaile, ach, mar sin féin, tá ceisteanna inrochtaineachta ón oirthear agus is dócha go bhfanfaidh siad go dtí go bhfaighfear bóthar faoisimh don bhaile. Idir an dá linn is féidir tailte ag Dún Bioráin (Páirc Ghnó Bheanntraí, criosú BT B-03) ia úsáid le haghaidh na forbartha trádstórála miondíola. Is é an buntáiste a bhaineann le láithreán BT B-03 ná go bhfuil sé níos lú srianta ó thaobh rochtana cé go bhféadfadh gurb é BT B-02 an suíomh is oiriúnaí dá leithéid d'úsáidí sa mheántearma agus san fhadtéarma.

## **Gluaiseacht**

### **Bonneagar Bóthair agus Iompar Poiblí**

- 2.7.51 Tá brú tráchta ar Bhaile Bheanntraí de bharr gluaiseachta agus ainlithe casadh éagsúla feithiclí trí lár an bhaile, lena n-áirítear trácht HGV ar an N71 a théann tríd an mbaile.
- 2.7.52 Tá sé mar chuspóir le fada an lá i bpleananna roimhe seo tréthracht a bhaint den bhaile trí bhóthar faoisimh a sholáthar agus leanfar leis an gcuspóir seo a bhaint amach sa phlean nua. Tá pleananna do Chéim 1 de Bhóthar Faoisimh Bheanntraí curtha chun cinn ag an gComhairle. Faoi réir maoinithe meastar go bhféadfaí tús a chur le tógáil ar an bpiosa bunriachtanach bonneagair seo in 2022. Tá moltaí do Chéim 2 den scéim bóithre seo á gcur chun cinn ag an gComhairle faoi láthair.
- 2.7.53 Tá deiseanna ann freisin páirceáil a chuichóiriú ag príomhshuíomhanna lár an bhaile, an tsráid a bhaint de chomharthaí iolracha/trosacán sráide, feabhas a chur ar naisc choisithe idir príomhchinn scríbe agus tabhairt isteach tírdhreachú bog chun an sráid-dreach a fheabhsú.
- 2.7.54 Sa Phlean seo, féachfar leis an rotháiocht agus an siúl a chur chun cinn mar na príomh-mhodhanna iompair laistigh de lár an bhaile, le tuilleadh feabhais a chur ar sholáthar cosáin laistigh de lár an bhaile agus tacú le soláthar rotharbhealaí agus áiseanna páirceála rothar nuair is cuí. Beidh sé mar aidhm ag an bplean seo timpeallacht choisithe ardchaighdeán, tharraingteach agus shábháilte a sheachadadh a bheidh mar cheann scríbe turasóireachta suntasach sa réigiún.
- 2.7.55 Tá seirbhís mearbhus ag Beantraí a théann ó Chathair Chorcaí go Baile Chaisleáin Bhéarra go rialta. Freastalaíonn seirbhís farantóireachta gluaisteán rialta ar Fhaoide, atá sa chuan. Tá sé thar a bheith tábhachtach gur cheart limistéir pháirceála oíche a chur ar fáil le haghaidh busanna comaitéireachta agus turasóireachta chun freastal ar an trácht a ghabhann le loing chrúsála agus ar thrácht eile turasóireachta eile. Le linn shaolré an phlean, féachfaidh an Chomhairle le láithreáin oiriúnacha a aithint chuige sin i gcomhar leis na húdaráis cuí.

## **An Bhainistíocht Uisce**

### **Soláthar Uisce**

- 2.7.56 Tagann an t-uisce óil i mBeanntraí ó Sholáthar Uisce Bheanntraí atá ar tí barr a acmhainneacht a shroicheadh faoi láthair. Is é an crios Soláthair Uisce ná Beantraí Doire Gháin/Cathair an Aon Chrainn. Samhlaítear faoi láthair go bhfuil acmhainn ar fáil chun freastal ar na spriocanna daonra atá beartaithe. Tá an NWRP ag dul ar aghaidh le forbairt réitigh roghnaithe do gach soláthar uisce poiblí i gCo. Chorcaí, agus táthar ag súil go mbeidh cineálacha cur chuige roghnaithe ar fáil trí chéim an Mheasúnaithe Roghanna Iomlána (FOA) do go leor scéimeanna i R3 2021. Ba cheart a thabhairt faoi deara, maidir le stóráil (i.e. taiscumair a sholáthar mar atá aitheanta sa Phlean Forbartha Contae do Ionnaíochtaí éagsúla cosúil le Beantraí agus Baile Chaisleáin Bhéarra), go bhfuil IW ag measúnú an ghá le stóráil i ngach crios acmhainní uisce tríd an bpróiseas NWRP agus an FOA. cuirfidh sé moltaí ar fáil maidir le cibé an mbeidh gá le stóráil bhreise.

### **An Fuíolluisce**

- 2.7.57 Tugtar an fuíolluisce as Beantraí trí chóras séarachais comhcheangailte den chuid is mó chuig Ionad Cóireála Fuíolluisce Bheanntraí (toilleadh 6000 p.e.). Tá ceisteanna ann maidir leis an ngréasán séarachais agus na lintéir atá ann cheana féin agus tá gá le huasghrádú ar an ngréasán séarachais. Seans go mbeidh gá le roinnt sintí a bheith curtha leis an líonra freisin. Samhlaítear faoi láthair go bhfuil acmhainn ar fáil chun freastal ar na spriocanna daonra atá beartaithe. Tá "Scéim Séarachais Bheanntraí" a bhíonn ag plé le saincheisteanna séarachais/lintéir á athbhreithniú faoi láthair ag Uisce Éireann. Níl aon scéim ann faoi láthair a bhaineann leis an uasghrádúde WWTP Bheanntraí.

### **Uisce Dromchla**

- 2.7.58 Tá ceisteanna ann maidir le hacmhainneacht uisce dromchla in Abhainn an Mhuilinn faoi láthair agus ní mór na lintéir uisce dromchla atá i lár an bhaile a uasghrádú. Tá an Chomhairle ag obair i gcomhair le hUisce Éireann, le hOifig na nOibreacha Poiblí, agus le Bonneagar Iompair Éireann chun dlús a chur leis an uasghrádú atá beartaithe ag an gComhairle don lintéir ar an Sráid Nua. Faoi láthair, tá suirbhéanna críochnaithe agus táthar i mbun roghanna éagsúla a ullmhú. Leis an tionscadal atá á chur ar aghaidh faoi láthair, déanfar soláthar d'athsholáthar an lintéir ó lár an Chearnóg suas chomh fada le Vickerys ar an tSráid Nua.

## Cosaintí ar Thuilte

- 2.7.59 Tá áiteanna i mBeantraí sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir atá i mbaol suite go háirithe ar fad chúrsa Abhainn na Míolaí sa bhaile agus áirítear leo sruthchúrsaí agus craobh-aibhneacha eile atá níos lú. Tá fadhb tuilte taoide i mBeantraí freisin agus sainithníodh ceantair chósta ann atá i mbaol. Tá fadhbanna ann freisin maidir le drochbhaíl struchtúrach agus cumas sreafa na lintéar sa bhaile.
- 2.7.60 Tá Comhairle Contae Chorcaí, i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí, ag cur pleananna chun cinn do Scéim Faoisimh Tuilte do Bheanntraí. Samhlaítear go rachaidh an Scéim ar aghaidh go Céim 1 - Forbairt agus Dearadh na Scéime tar éis ceapadh Comhairleoirí. Go dtí go mbeidh an scéim faoisimh um thuilte críochnaithe, meastar é a bheith ró-lua don fhorbairt shuntasach nua i gCriosanna Tuile A agus B. Ba cheart forbairt i gceantair thógtha a theorannú don mhionfhorbairt amháin, mar atá sainmhínithe in Alt 5.28 de na Treoirínte d'Údarás Phleanála 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte'.
- 2.7.61 Tá faisnéis níos mionsonraithe ar an gcur chuige i leith tuilte agus ar an gcaoi a ndéanfar measúnú ar thograí forbraíochta i gceantair atá i mbaol tuilte i **gCaibidil 11 An Bhainistíocht Uisce in Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2009 agus sna Treoirínte d'Údarás Phleanála 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte,' a d'eisigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil in 2009. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaithe, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Fírinne a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

## Láithreáin Seveso

- 2.7.62 Tá Láithreán Seveso (Zenith Energy Bantry Terminals Ltd) ar Oileán Fhaoide, arb é an suíomh don chúlchiste ola straitéiseach náisiúnta. Tá an críochfort ag oibriú ar bharr a acmhainneacht agus cuirtear suas le daichead long ar ancaire gach bliain.

## An Oidhreacht Thógtha

- 2.7.63 Tá trí Limistéar Caomhantais Ailtireachta sainithe (Ceantar Caomhnaithe an tSéipéil, Ceantar Caomhnaithe Shráid na Bearice, Ceantar Caomhnaithe an Ionaid Phoiblí agus Tráchtála) sa bhaile a chlúdaíonn go leor de lár an bhaile, lena n-áirítear Cearnóg Wolfe Tone. Tá sonraí faoi seo le fáil in **Imleabhar 2 An Oidhreacht agus An tÁineas** sa phlean seo. Ar fud an bhaile ar fad, tá breis is 40 foirgneamh nó struchtúr eile atá curtha isteach i dTaifead na Struchtúr Cosanta. Is iad Teach agus gairdíní Bheanntraí na cinn is suntasaí díobh seo agus is díol spéise do chuartheoirí iad go háirithe an baile.
- 2.7.64 Is gné thábhachtach oidhreachtach iad na Céanna Gainimh i mBeantraí agus is cuid de charachtar mara an bhaile iad. Beidh ar aon oibreacha molta measúnú a sholáthar ar conas is féidir na gnéithe seo a chosaint, a chobhsú (nuair is cuí) agus a ionchorprú go híogair in aon oibreacha faoisimh tuilte, nuair is féidir. Tabharfar tuarascáil ó shaineolaí caomhantais a bheidh mar threoir do na tairiscintí agus ullmhófar é i gcomhairle le agus chun sástachta Aonad Oidhreachtach na Comhairle

## Teach Bheanntraí

- 2.7.65 Tá ceangal Theach Bheanntraí leis an mbaile thar a bheith tábhachtach. Tá tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leis an teach agus leis na gairdíní agus tá sé oscailte don phobal ó 1946 i leith. Meallann an teach líon suntasach cuairteoirí in aghaidh na bliana agus do go leor de na cuairteoirí seo is é Teach Bheanntraí an príomhchúis lena gcuairt go Bheanntraí agus Iarthar Chorcaí. Is áis áineasa tábhachtach é an teach freisin do mhuintir na háite agus do chuartheoirí araon. Seans go mbeadh gá ann ról sineirgísteacha an bhaile agus an tigh a neartú chun deimhin a dhéanamh de go gcoinneofar a inmhárthanacht amach anseo ach mar sin féin ní mór é sin a dhéanamh ar an mbealach is íogaire agus is cuí agus is féidir.
- 2.7.66 Tá an teach agus na gairdíní oscailte don phobal le taitneamh a bhaint as le turais féintreoraithe timpeall an tí, tá lóistín ar fáil ar bhonn Leaba & Bricfeasta laistigh den teach nó féinfhrestail sa lóiste geata, déantar freastal ar phóstaí sibhialta agus ar ócáidí, tá a Reachtáiltear seomra tae, imeachtaí ceoil/féilte i rith na bliana, reachtáiltear cúrsaí tuaithe ar chiseáiníocht, beachaireacht, fás glasraí, éanlaith chlóis, capaill oibre, sábháil síolta agus úllóird, agus reachtáiltear imeachtaí speisialta eile freisin.
- 2.7.67 Tá sliocht Richard White (1ú Iarla Bheanntraí) fós ina gcónaí sa teach sa lá atá inniu ann, agus is faoina n-úinéireacht siúd é i gcónaí. Cuireann an teach agus na gairdíní deiseanna ar fáil d'athúsáid/athchóiriú na bhfoirgneamh atá ann cheana féin, miondíol turasóireachta, siúlóidí gairdíní le comharthaí, rian dealbhóireachta, ionad imeachtaí, imeachtaí téamaí, clós súgartha/ionad gníomhaíochta do leanaí agus gairdíní glasraí. Tabharfar tús áite d'athúsáid agus d'athchóiriú na struchtúr agus na bhfoirgneamh atá ann cheana féin seachas foirgnimh nua.
- 2.7.69 Sainíonn cuspóir críosaithe an Bhonneagair Ghlais BT-GC-07 limistéar spáis oscailte siar ó dheas ón mbaile a chlúdaíonn Teach Bheanntraí agus tailte coimhdeacha/tadhlaigh. Tá tábhacht mhór tírdhreacha ag baint le gnéithe tírdhreacha an cheantair, lena n-áirítear ceannas na gcrann agus a cháilíocht talamh páirce. Tá na tailte seo lárnach do shuíomh Theach Bheanntraí agus an bhaile agus tá luach suntasach taitneamhachta agus bithéagsúlachta áitiúil ag baint leo.
- 2.7.70 Aithníonn an t-údarás pleanála go bhféadfadh cúinsí teoranta a bheith ann ina bhféadfaidh ball teaghlaigh a bhfuil teach an teaghlaigh aige laistigh de theorainn an BT-GC-07, teaghais nua a éileamh, chun freastal ar a riachtanas tithíochta féin, agus gur féidir leo suíomh oiriúnach a sholáthar do. mar an gcéanna in aice le áras an teaghlaigh/laistigh de ghabháltas an teaghlaigh, áit nach gcuirfeadh an fhorbairt isteach ar príomhchuspóir an chuspóra BT-GC-07. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar theaghais bhreise den sórt sin a sholáthar sa chás go bhfuil an gá ann faoi réir ag gnáthchúinsí cuí pleanála agus forbartha inbhuanaithe agus faoi réir a leithéid d'fhorbairt gan baint ó rún iomlán an chuspóra BT-GC-07.



## An Bhithéagsúlacht

### An Oidhreacht Nádúrtha agus an Tírdhreach

- 2.7.71 In 2018, choimisiúnaigh an Chomhairle ullmhúchán ar mhapaíl ghnáthóga do bhailte an chontae nach ndearnadh a leithéid d'obair iontu go dtí seo d'fhonn na gnáthóga atá sna ceantair a shainaitheint chomh maith leis na cinn sin a bhfuil tábhacht ag baint leo chun bithéagsúlacht an cheantair a chosaint. Sa saothar suirbhéireachta, sainaithe níodh roinnt gnáthóg laistigh den bhaile a bhfuil luach bithéagsúlachta ag gabháil leo agus a d'fhéadfadh a áireamh mar chuid de chonair éiceolaíoch.
- 2.7.72 I mBeantraí, áirítear ar na gnáthóga a bhfuil luach caomhantais acu; gnáthóga a bhaineann leis an gcrios muirí agus cósta lena n-áirítear réileáin láibe idirthaoideacha; conairí abhann agus srutha; gnáthóga bogaigh; agus gnáthóga coillearnáí agus scrobarnaí.
- 2.7.73 Maidir le Conair Abhainn na Míolaí, moltar imeall bruachánach a chosaint chun iad a chobhsú agus chun creimeadh a sheachaint, agus ba cheart forbairt a chur siar ó aibhneacha agus gan soláthar a dhéanamh d'eis-sreabhadh nó rith chun srutha isteach sa sruthchúrsa.

**Tábla 5.2.10 Limistéir a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil ag baint leo i mBeantraí**

1.	Teach Bheantraí (suite laistigh den limistéar criosaithe BT-GC-06 agus BT-GC-07)
2.	Riasc Ghort na Mara (Ionraithe laistigh de BT-B-02)
3.	Tailte Coille an Bhaile Nua (suite i bpáirt laistigh de BT-GC-01)
4.	Conair Abhainn Bheantraí agus a gCraobh-Aibhneacha
5.	Conair Abhainn na Míolaí (teorainn le ceantar forbartha atá lastuaidh den bhaile)

- 2.7.74 Níl aon láithreán Natura laistigh de theorainn forbartha reatha an bhaile, nó díreach in aice leis. Tá an suíomh tarraingteach ina bhfuil an bhaile suite i gCuan Bheantraí ina príomh-ghné tharraingthe chun cuairteoirí a mhealladh chuig an gceantar agus tá sé seo rithbhachtach chun an tionscail turasóireachta áitiúil a chosaint amach anseo. Tá Beantraí suite i gceantar den chontae atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha sa phlean seo. Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórsála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach. Tá roinnt bealaí sainithe sárscéimhe i mBeantraí nó gar dó. Ina measc siúd, áirítear an S30, S92, S93, S108, S110 agus S111, gan ach cúpla ceann a lua. Is ábhar imní ar leith é an sraoileáil fánach atá tagtha ar an mbaile aníos siar ó dheas i láithreacha atá ard ar bhonn ar leith. Ullmhaíodh an plean chun tuilleadh forbartha fairsinge ardtalún a sheachaint go ginearálta nuair a tharlaíonn sé thar teorainn na comhrianta 80 méadar.

### Cuspóirí Ginearálta

- 2.7.75 Bainfidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas le gach aon fhorbairt a dhéanfaidh laistigh de theorainn forbartha Bheantraí.

**Cuspóirí Ginearálta i ndáil le Beantraí**

Uimh. na Cuspóra	
BT-GO-01	Plean forbartha lena n-éascófar an spriocdhaoir de 3,662 a bhaint amach i mBeantraí.
BT-GO-02	Bonneagar Uisce agus Fuíolluisce imleor a sholáthar chun freastal ar thailte seirbhísithe agus a chinntiú go mbaineann an baile amach a spriocanna fáis thar shaolré an Phlean seo.
BT-GO-03	Tús áite a thabhairt d'fhorbairt bóthair faoisimh don bhaile mar thosaíocht chun feabhsuithe i lár an bhaile a chur chun cinn (lena n-áirítear béim níos mó ar thosaíocht coisithe).
BT-GO-04	Tacú le cur i bhfeidhm Thionscadal Athghiniúna an Chalafoirt Istigh.
BT-GO-05	Tacú le hullmhú agus le cur i bhfeidhm Plean Bainistíochta Cuain do cheantar an chuain. Tacú le forbairt inbhuanaithe na dtograí fóillíochta muirí go ginearálta i mBeantraí atá ag teacht le cuspóirí na Straitéise Fóillíochta Mara a shainíonn Beantraí mar príomh-mhol a bhaint amach.
BT-GO-06	Tabhair aitheantas don tábhacht straitéiseach atá ag baint le Teach Bheantraí mar shuíomh tarraingthe príomhach don turasóireacht d'iarthar Chorcaí agus don Réigiún ar fad. Obair i gcomhar leis na húinéirí chun tarraingteacht an tí agus a shuíomh a mhéadú, chun an teach a chosaint agus a chaomhnú agus obair i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach. Is struchtúr cosanta é Teach Bheantraí atá suite laistigh de limistéar de luach bithéagsúlachta sa bhaile.
BT-GO-07	Spreagadh a thabhairt chun saoráidí pobail breise laistigh den bhaile a sholáthar.
BT-GO-08	Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'athúsáid agus d'athfhorbairt na láithreáin a raibh scoileanna iontu roimhe seo, ag féachaint do thábhacht na bhfoirgneamh agus a suíomh amhairc.

### Cuspóirí Ginearálta i ndáil le Beantraí

Uimh. na Cuspóra	
BT-GO-09	<p>Le tacú agus le cur chun cinn:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Feabhsuithe ginearálta ar an ríocht phoiblí lena n-áirítear sráideanna do choisithe,</li> <li>• Athchóiriú/uasghrádú ar lánai stairiúla,</li> <li>• Soláthar margadh faoi dhion,</li> <li>• Athfhorbairt ar láithreáin athfhorbraíochta lena n-áirítear láithreán an chuain agus na sean-phictiúrlainne,</li> <li>• Ionad Cultúrtha/Ceoil chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.</li> </ul>
BT-GO-10	<p>Leis an mbonneagar glas, an bhithéagsúlacht agus na sócmhainní tírdhreacha atá i mBeantraí, áirítear na conairí cois abhann ann chomh maith leis na crainn aibí, na bogaigh, coillearnacha agus gnáthóga cósta. Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go hiógair chun soláthar a dhéanamh do chosaint na gnéithe seo agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b>. Tá sé thar a bheith tábhachtach an suíomh tarraingteach cois cósta agus carachtar tírdhreacha Bheanntaí a chothabháil agus a fheabhsú agus ní thabharfar spreagadh d'fhorbairt mhór ardtalún. D'fhéadfadh go mbeadh measúnú tionchair amhairc ag teastáil le haghaidh forbartha i gceantair a bhfuil carachtar tírdhreacha suntasach agus íógair ag gabháil leo.</p>

### Sainchuspóirí

2.7.76 Tá na sainchuspóirí creasa do Bheanntaí leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Beantraí		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce	^ TIA agus RSA araon ag teastáil.	
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
Soláthar Cónaithe/Cónaithe Bhreise		
BT R-01	<p>Forbairt Chónaithe Mheándlús C lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe lena n-áirítear soláthar bóthair rochtana áitiúil. Ba chóir go gcuirfí siar ón mbóthar an fhorbairt, agus níor cheart go mbrisfeadh airde na n-íomairí an spéirlíne ar an taobh thiar, go ginearálta, chun suíomh amhairc an bhaile a chosaint. Déanfar na fála sceaigh a choinneáil nuair is féidir agus beidh an tírdhreachú fairsing ina réamhriachtanas d'aon tograí forbartha. Ba cheart foráil a dhéanamh do naisc le cosán ghleann abhann na Míolaí atá in aice láimhe. Ba chóir crainn aibí agus an choillearnach a choinneáil agus a chosaint nuair is féidir. Ba cheart don bhforbraíocht nua a bheith curtha siar píosa ó shruthanna uisce ar theorainn an limistéir seo.</p>	10
BT-R-02	<p>Forbairt Chónaithe Mheándlús B lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe. Naisc do choisithe/rothaithe a sholáthar chuig láithreáin chónaithe in aice láimhe. Ba cheart don bhforbraíocht nua a bheith curtha siar píosa ó shruthanna uisce ar theorainn an limistéir seo.*</p>	1.68
- 2.8.44 Is coincheap uathúil é Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí do bhaile an Sciobairín agus ní mór é a chur chun cinn tuilleadh. Bunaíodh an t-ionad i 1985 agus is saoráid ealaíon é atá maoinithe go poiblí a chruthaíonn deiseanna do mhuintir Iarthar Chorcaí agus dá cuairteoirí rochtain a bheith acu ar an sármhaitheas i gcleachtadh na n-ealaíon, idir ealaíona áitiúla agus domhanda, agus chun tabhairt faoi freisin. Is gníomhaireacht acmhainní agus forbartha í, a sholáthraíonn saíneolas agus acmhainní fisiceacha agus daonna chun cabhrú le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon eile, le grúpaí agus le daoine aonair chun tionscail ealaíon a chur i gcrích agus is é an teagasc croilár an ionaid. Cuireadh go mór le raon feidhme cultúrtha an réigiúin nuair a d'osclaíodh an áis nua in 2014 agus acmhainneacht mhéadaithe ann chun taispeántais amharcealaine a réachtáil.
- 2.8.45 Tá roinnt foirgneamh stairiúil agus cosanta timpeall an bhaile a bhfuil tábhacht ag baint leo, Ardeaglais Naomh Pádraig, agus Teach na Cúirte, mar shampla, gan ach cúpla ceann a lua. Tá roinnt féilte a bhíonn ar siúl sa Sciobairín, agus an Fhéile Ealaíon a réachtálar i mí Iúil, an féile bhia, 'A Taste of West Cork Food Festival' ina measc, chomh maith le féilte éagsúla agus féilte do leanaí agus féilte ceoil san áireamh. Tá tairbhe bainte amach ag an Sciobairín as straitéis rothaíochta Fáilte Éireann freisin, a d'ainmnigh roinnt bailte moil rothaíochta agus a d'fhorbair bealaí lúbtha don rothaíocht a raibh comharthaíocht ag gabháil leo, idir bhealaí lae agus leathlae, i roinnt ionad ar fud na tíre, agus an Sciobairín ina measc. Tá deiseanna breise ann chun an Cheathrú Cathartha/Chultúrtha a fhorbairt agus chun í a chur chun cinn mar ní is díol spéise do thurasóirí. Tá deiseanna chun tuilleadh feabhais a chur ar an táirge turasóireachta atá ar fáil i lár an bhaile freisin, maidir leis an soláthar bialanna agus caiféanna atá ann. Déanann an Chomhairle a aithint an méid a chuireann an ealaín phoiblí leis an tírdhreach uirbeach agus déanfaid soláthar agus suiteáil na healaíne poiblí i bhfoirmeacha agus meáin éagsúla ar fud an bhaile a ghríosú.
- 2.8.46 Le déanaí, tá Comhairle Contae Chorcaí 'Slí Ghorm Abhainn na hAighlinne' a fhorbairt, ar chonair gníomhaíochta uisce é ón Sciobairín go Dún na Séad. Is ionann an cosán seo agus an chéad Slí Ghorm forbartha ag Comhairle Contae Chorcaí ar coincheap sách nua in Éirinn é a mheasann Fáilte Éireann a bheith ina ábhar suntasach breise do thurasóirí chun fáil amharc ar an gceantar a fháil ón uisce agus chun a gcuairt ann a leathnú freisin. Is éard is Slí Ghorm ná gníomhaíocht áineasa uisce arna forbairt do dhaoine a bhfuil dúil acu i ngníomhaíochtaí uisce neamh-mhótar agus tugtar le fios iad le comharthaí cinn cosáin, limistéir pháirceála tiomnaithe, limistéir lódála agus díluchtaithe árthaí, pointí rochtana agus bealach amach agus faisnéis ar chonairí atá éasca a aimsiú. Tá 'Slí Ghorm Abhainn na hAighlinne' roinnte ina trí chuid; an rian do thosaitheoirí a théann 2.7 km ón Sciobairín go Cé na Daoile, an chonair leibhéil idir-mheánaigh a théann 6 km ó Ché na Daoile go Reilig na Gléibe agus an chonair ardleibhéil a théann 8.6 km go Reilig na Gléibe.
- 2.8.47 Tá riachtanas le hóstán breise a bheith ann sa Sciobairín aitheanta, ceann a chuirfeadh raon iomlán áiseanna ar fáil lena n-áirítear ionad fóillíochta, áiseanna comhdhála agus lóistín turasóireachta ar ardchaighdeán. Bheadh an suíomh roghnaithe gar do lár an bhaile mar a bhfaighfí na tairbhí tráchtála, eacnamaíocha agus sóisialta is leithne. D'fhéadfadh nach mbeadh sé oiriúnach, áfach, roghanna forbróra ionchasaigh a shrianadh chuig aon láthair amháin. Agus mar sin, chun ligean don solúbthacht d'infheisteoirí ionchasaigh, níl criosú sainsuíomh déanta d'óstán nua sa Phlean seo. Mar sin féin, chun cur leis an raon roghanna, léiríonn na léarscáileanna criosaithe láthair fhéideartha ar Bhóthar Dhún na Séad (Criosaithe d'Úsáid Ghnó) ag imeall na teorann forbartha, atá díreach ar shiúl ó lár an bhaile. Féadfar foirgníocht den chineál sin a dhéanamh san eastát seanbhunaithe, Eastát an Leasa Aird freisin (lena n-áirítear Teach an Leasa Aird agus Lóiste an Locha), atá suite ar Bhóthar Ghleann Bearcháin ar shuíomh atá dochreidte tarraingteach.

## Eastát an Leasa Aird

- 2.8.48 Tá an tEastát "An Lios Ard" suite 1.5 km soir ó dheas ón Sciobairín, laistigh de Chríos Glas an Bhaile. Téann an t-eastát agus an mainéar tuaithe ann siar go dtí an 19ú haois, agus an aimsir a shealbhaigh muintir Uí Dhonnabháin an t-eastát den chéad uair. Tá an t-eastát suite laistigh de 200 acra coillearnaigh agus gairdíní fíorálainn, agus loch 70 acra lonnaithe ann a chuireann le huathúlacht an eastáit. Is iad na foirgnimh phríomhacha ann ná Teach an Leasa Aird, Teach an Ghairdín Múrtha in aice láimhe leis agus Lóiste Loch an Leasa Aird. Faoi láthair, úsáidtear na tithe agus na gairdíní chun lóistín a

chur ar fáil d'aíonna ar cíos, ar bhonn grúpa, mar ionad bainis agus comhdhála. Bíonn na gairdíní agus na siúlóidí oscailte don phobal ag brath ar an séasúr.

- 2.8.49 Tá próifíl turasóireachta seanbhunaithe ag gabháil leis an eastát, agus mar gheall ar an suíomh uathúil ina bhfuil sé suite, agus a chóngaracht do bhaile an Sciobairín, tá an-acmhainneacht ann chun riachtanais turasóireachta an cheantair a chur chun cinn, agus an geilleagair áitiúil a neartú trí tháirge turasóireachta nuálaíoch ardchaighdeán a sholáthar agus trí tháirge a chur ar fáil mar cheann scribe áineasa a mheallfaidh turasóirí chuig an gceantar, idir turasóirí intíre agus idirnáisiúnta. Tá sé ar cheann do na príomhghnéithe chun cuidiú leis an soláthar turasóireachta a fhorbairt agus a neartú i gceantar an Sciobairín soláthar táirge forbartha turasóireachta ardchaighdeán, nuálaíoch, comhtháite agus inbhuanaithe a chur ar fáil ar an eastát seo. Ní mór ról sineirgísteacha an bhaile agus an eastáit a neartú chun deimhin a dhéanamh de go gcoinneofar a inmharthanacht amach anseo agus ní mór é sin a dhéanamh ar an mbealach is íogaire agus is cuí agus is féidir. Tá sé rithábachtach go ndéantar cad atá i ndán d'Eastát an Leasa Aird a chothabháil agus a ról a fheabhsú chun rath an bhaile a ráthú.
- 2.8.50 Ní mór forbairt an Eastáit amach anseo a dhéanamh ar bhealach íogair agus inbhuanaithe lena ligfear don bhfás turasóireachta, ach ar bhealach chomh maith nach gcuirfeadh isteach ar shaintréithe sárscéimhe agus taitneamhachta na tailte ag an am céanna, an suíomh cois locha agus suíomh agus carachtar ailtireachta na foirgnimh atá ann cheana féin ach oiread. Chuige sin, ba cheart go mbeadh athúsáid, athchóiriú agus síneadh na n-áitreabh atá ann mar chuid lárnach d'fhorbairt nuálaíoch chomhtháite agus inbhuanaithe ar ardchaighdeán ag an Lios Ard, a d'fhéadfadh roinnt aonad saoire bainistithe a áireamh le ligean ar cíos gearrthéarmach i socruithe braislithe ag láithreacha ar an láithreán atá feiliúnach ó thaobh amharc na súl de. Ba chóir go mbreathnófaí freisin ar leathnú na n-áiseanna ar an eastát amach anseo a chuideodh leis an bhforbairt iomlán a neartú agus a thacú agus ba chóir go mbeadh sé ar scála réasúnta agus oiriúnach agus suite go híogair laistigh de thailte an eastáit. Déanfar measúnú ar aon fhorbairt shuntasach nua faoi réir "Nótaí Treorach do Mheasúnú Gairdíní Stairiúla, Diméinte, Eastát agus a suíomhanna" de chuid Chomhairle Contae Chorcaí.
- 2.8.51 Sa phlean seo, tugtar aitheantas don tábhacht straitéiseach atá ag baint le hEastát an Leasa Aird mar shuíomh tarraingthe príomhach don turasóireacht d'iarthar Chorcaí agus don Réigiún ar fad. Tá fonn ar Chomhairle Contae Chorcaí oibriú leis na húinéirí chun tarraingteacht an eastáit agus a shuíomh a mhéadú, chun na foirgnimh atá ann a chosaint agus a chaomhnú agus oibriú chun táirge turasóireachta ardchaighdeán, nuálaíoch, comhtháite agus inbhuanaithe a sheachadadh ar an eastát seo.

### **Lár an Bhaile agus an Miondíol**

- 2.8.52 Baile Contae Mór is é an Sciobairín, ina gcuirtear feidhmeanna tábhachtacha miondíola fo-chontae go ginearálta ar fáil, agus cuid de na príomhshlabhraí miondíola san áireamh, go háirithe san earnáil áisiúlachta. De réir beartais an Phlean Forbartha moltar cur chuige cúramach maidir le trádstóráil miondíola lasmuigh den lárionad. Tacaíonn an Plean le beogacht agus inmharthanacht bailte móra dá leithéid chun a chinntiú go soláthraíonn ionaid dá leithéid an raon oiriúnach d'fheidhmeanna miondíola agus neamh-mhiondíola chun freastal ar riachtanais an phobail agus an cheantair máguaird.
- 2.8.53 Baineadh de tháil as staidéar um Lár an Bhaile a rinneadh in 2012 go bhfuil céatadán ard d'aonaid neamhspleácha lonnaithe ane, go bhfuil foirgnimh thréigthe i roinnt ceantar lárnach agus gur mó an ráta foirgneamh folamh sa chroílár miondíola ná an gnáth-ráta. Tá stoc foirgneamh atá ag dul in aois i lár an bhaile agus ní mór díriú ar láithreacha athfhorbraíochta agus deiseanna eile agus tosaíocht a thabhairt dóibh chun athnuachan agus forbairt a chomhdhlúthú a chur chun cinn. Tugann an staidéar faoi deara freisin go bhfuil an poitéinseal ag miondíol lasmuigh den lárionad inmharthanacht an bhaile a chur i mbaol níos mó agus ní mór nascacht ó chroílár miondíola lár an bhaile agus miondíol imeall an ionaid (ó dheas den bhaile) a fheabhsú. Ní mór feabhsuithe ar an bhfearann poiblí lena n-áirítear méadú ar spás coisithe, leathnú, agus uasghrádú cosán, nascacht agus tréscaoilteacht coisithe a chur chun cinn freisin. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú fócas an bhaile i dtreo Abhainn na hAighlinne.
- 2.8.54 Is é an fhís atá ann do lár an bhaile ná é a fheabhsú mar shuíomh le bheith níos tarraingte mar lár baile chun maireachtáil, athchruthú agus gnó a dhéanamh ann. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo feabhsuithe suntasacha comhshaoil ar nós coisithe, feabhsúcháin sráid-dreacha agus meicníochtaí chun tús áite a thabhairt do ghluaiseacht coisithe/rothaithe thar thrácht. Má táthar chun é sin a sheachadadh, ní mór ar dtús Bóthar Faoisimh Ghort na Cloiche agus an pháircéil eas-sráide sa bhaile é féin, agus timpeall imeall lár an bhaile freisin, a chur ar fáil.
- 2.8.55 Bhí an limistéar criosaithe le haghaidh úsáidí lár an bhaile i bPlean Baile an Sciobairín 2009-2015 fairsing. Tá réasúnú déanta ag an bPlean seo ar chriosú lár an bhaile, chun an príomh-lárionad miondíola agus criosú breise lár an bhaile a aithint a chabhróidh le fás miondíola amach anseo a dhíriú ar láithreacha cuí. Is é an croilimistéar siopadóireachta miondíola an chuid sin de lár an bhaile ina bhfuil an sruth coisithe is mó, ina bhfuil an iomaíocht chun ionad a fháil is mó agus na cíosanna i bhfad níos airde ná in áiteanna eile. Is é an croilimistéar siopadóireachta an príomhshuíomh le haghaidh na forbartha miondíola agus oifige nua ina gcuirtear seirbhísí ar fáil do dhaoine atá ann ar cuairt. I gcás an Sciobairín, síneann an croilimistéar seo feadh Shráid an Droichid, an Phríomhshráid, an chuid theas den tSráid Thuaidh agus an chuid thuaidh de Shráid Townsend.
- 2.8.56 Aithníonn an Plean seo mórlimistéar fairsingithe lár an bhaile atá suite ó dheas de Shráid an Droichid agus Iarthuaisceart Shráid an Mhargaidh. Táthar ag úsáid cuid den limistéar seo mar charrchlós poiblí faoi láthair. Is deis shuntasach forbartha é an chuid eile den láithreán i gcroílár an bhaile a mbeadh sé mar thairbhe aige líon na ndaoine a tharraingt siar go dtí na príomhshráideanna agus lár an bhaile. Faoi láthair tá rochtain ag an láithreán seo ar Shráid an Droichid agus Sráid Mardyke agus tá an cumas ann freastal ar úsáidí suntasacha lár an bhaile lena n-áirítear forbairt miondíola fairsing. Tá deiseanna ann chun roinnt láithreán tréigthe agus tearc-úsáidte a athfhorbairt laistigh de lár an bhaile. Tá soláthar dóthanach do trádstóráil miondíola ag teastáil ó dhobharcheantar leathan an Sciobairín. Aithníonn na Treoirilínite um Pleanáil Miondíola suíomhanna lár an bhaile nó ar imeall an lár mar an suíomh is fearr le haghaidh na trádstórála miondíola.



### An Bonneagar Bóithre, an tIompar Poiblí agus an Nascacht

- 2.8.57 Tá sé mar aidhm ag an bplean seo brú tráchta a laghdú i lár an bhaile agus córas iompair atá slán ó thaobh an chomhshaoil de a chruthú a sholáthraíonn:
- An rochtain éasca ar an mbaile;
  - Rogha maidir leis an rochtain iompair do chách;
  - Comhtháthú láidir idir pleanáil iompair agus pleanáil talamhúsáide;
  - Laghdú ginearálta ar an ngá le taisteal (go háirithe i gcarr) trí phleanáil úsáide talún a chuireann meascán inbhuanaithe úsáidí chun cinn;
  - An úsáid is fearr is féidir a bhaint as an mbonneagar iompair atá ann cheana trí bhainistíocht tráchta agus laghdaítear amanna taistil agus brú tráchta; agus
  - Aistriú ó úsáid carranna go modhanna iompair atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil lena n-áirítear siúl agus rothaíocht.
- 2.8.58 Soláthraíonn an N71 nasc straitéiseach idir an baile, Cloich na Coillte agus Cathair Chorcaí agus le cúlchríoch tuaithe eile níos faide siar cois cósta. Ceanglaíonn bealaí réigiúnacha agus áitiúla eile an Sciobairín leis na bailte áitiúla Dún na Séad, An Scoil agus Bréantrá agus iompraíonn siad trácht suntasach turasoíreachta le linn míonna an tsamhraidh. Feidhmíonn An Sciobairín mar phríomhionad dáileacháin bus do réigiún Iarthar Chorcaí le seirbhísí bus laethúla a nascann an Sciobairín agus Cathair Chorcaí. Cé nach bhfuil aon nasc iarnróid sa bhaile, soláthraíonn an gréasán bóithre agus na seirbhísí bus bonn bonneagair iompair láidir. Meastar an bonneagar iompair feabhsaithe, go háirithe feabhsúcháin ar chonair iompair an N71, mar chomhpháirt rithábachtach d'fhás agus do chobhsaíocht an bhaile amach anseo toisc go soláthraíonn sé naisc agus go n-éascaíonn sé sineirgíocht tráchtála le lárionaid fáis eile, Cloich na Coillte san áireamh.
- 2.8.59 Tá an Sciobairín aitheanta ag Fáilte Éireann mar cheann scríbe rothaíochta i gCatagóir a hAon ina straitéis chun turasoíreachta Rothaíochta na hÉireann a fhorbairt. De réir Fáilte Éireann, ba cheart go mbeadh na molbailte rothaíochta seo inrochtana ar iompar poiblí, go mbeadh soláthar dóthanach de chóiríocht do chuariteoirí iontu agus go mbeidís fáilteach roimh rothaithe a bhfuil bóithre agus gnó a thacaíonn le rothaíocht acu. D'fhonn an Sciobairín a fhorbairt mar mhól rothaíochta, tá sé mar aidhm ag an bPlean seo níos mó gníomhaíochta do rothaithe agus do choisithe a chur chun cinn, ní hamháin ar fud lár an bhaile ach ar fud an ghréasáin bóithre níos leithne freisin. D'fheabhsódh feabhsú na timpeallachta rothaíochta taitneamh a bhaint as an Sciobairín do chónaitheoirí agus do chuariteoirí araon agus tá sé rithábachtach d'aon tionscnamh rathúil athnuachana lár an bhaile. Tá soláthar maith cosáin sa Sciobairín ar fud lár an bhaile ach athraíonn a ríocht, agus laghdaítear a soláthar de réir mar a théann siad ó lár an bhaile. Cé go soláthraítear cosáin laistigh de lár an bhaile, tá coinbheacht fós ann idir coisithe/rothaithe agus feithiclí ag eascairt as bacainní páirceála, leithead teoranta cosáin agus gluaiseachtaí corracha coisithe lasmuigh de phointí trasnaithe neamhríaltithe.
- 2.8.60 Tá an Chomhairle ag fiosrú nasc nua do choisithe thar Abhainn na hAighlinne chun nascacht a fheabhsú idir áiseanna reatha agus áiseanna baile lena n-áirítear Siúlóid na hAbhann ag an Riasc.
- 2.8.61 Tugadh Staidéar Tráchta agus Iompair an Sciobairín chun críche in 2011 agus é mar aidhm aige gréasán iompair a fhorbairt a bheidh in ann tacú le fás geilleagrach an bhaile amach anseo agus ag an am céanna crios lár an bhaile atá bríomhar agus cairdiúil do choisithe/rothaíocht a chruthú. Leis an bPlean seo, tacófar le cur i bhfeidhm an staidéir tráchta seo chun freastal ar shruthanna tráchta, idir sruthanna reatha agus sruthanna amach anseo, laistigh den limistéar staidéir, chun feabhas a chur ar thimpeallacht lár an bhaile agus teimpléad a sholáthar chun úsáid réitigh iompair inbhuanaithe a spreagadh.
- 2.8.62 Áiríodh i Staidéar Tráchta agus Iompair an Sciobairín moladh nascbhóthar a sholáthar ó thimpeallán na gCeithre Cros go Bóthar Rossa chun sreabhadh tráchta ar an bPríomhshráid agus Sráid Townshend a laghdú. Tar éis breithniú breise a dhéanamh ar indéantacht na gné seo den staidéar, níl sé ar intinn ag an gComhairle dul ar aghaidh leis an mbeart seo faoi láthair. Ina áit sin déanfaidh an Chomhairle iarracht a chinntiú go dtacóidh tograí forbartha sa cheantar amach anseo le nascacht oiriúnach do choisithe agus do rothair a sholáthar idir Céide an Chorráin agus Sráid Townshend.
- 2.8.63 In ainneoin feabhsú suntasach a bheith déanta ar an ngréasán bóithre áitiúla, lena n-áirítear bóthar faoisimh an N71 a tógadh trasna an Riasc atá mar bhac a chuireann an trácht siar ó lár an bhaile, tá sruthanna tráchta trom agus tá brú tráchta fós ann, ag dul tríd an mbaile ag buaicthréimhsí. I bPlean Forbartha Baile an Sciobairín, 2009 - 2015, tá bealach táscach sainaitheanta do Bóthar Faoisimh Ghort na Cloiche (ar an taobh thoir den bhaile), a dhéanfaidh athdháileadh ar thrácht, amach ó lár an bhaile agus a nascfadh an N71 go díreach leis an R595 Bóthar Dhún na nGall Thoir thuaidh seo. Tá cuid de na bóithre dáileacháin críochnaithe go dtí an Pobalscoil nua agus meastar go bhfuil sé rithábachtach don Sciobairín go gcríochnófaí an bóthar faoisimh seo chuig an N71. Tá dhá bhealach táschacha féideartha aitheanta sa phlean don chuid thoir thuaidh seo den bóthar faoisimh, ceann amháin ar imeall thoir na tailte gnó SK- B-05 agus bealach eile féideartha atá níos giorra agus a théann níos faide siar, rud a chuirfeadh le rochtain ar na tailte SK-R-01 agus ar na scoileanna atá lonnaithe sa limistéar seo chomh maith leis an gcuid thoir de thailte SK-X-01 freisin, b'fhéidir. Tá líne an dá bhealach táscach go dtí go mbeidh dearadh iomlán ar fáil don bhealach. Is é an bunriachtanas don bhealach seo ná go nascann sé leis an N71 ag láthair oiriúnach nach gcuirfeadh isteach ar shábháilteacht, feidhm ná cumas an N71, agus go gcloíonn sé le caighdeáin deartha bóithre agus sábháilteachta ar bhealach eile. Breithneoidh an Chomhairle roghanna bealaigh a shásaíonn na riachtanais seo.

- 2.8.64 Comhcheanglaíonn an Straitéis atá molta i Staidéar Tráchta agus Iompair an Sciobairín an dá athnuachan uirbeach ar shráideanna aonair le soláthar páirceála eas-sráide agus feabhsú áiseanna coisithe ar fud an bhaile mhóir, an Sciobairín. In Staidéar Tráchta agus Iompair an Sciobairín, moladh na hidirghabhálacha seo a leanas a ghlacadh.
- Saoráidí sábháilte páirceála rothar a sholáthar in aice le lár an bhaile,
  - Comharthaí agus marcanna bóthair feabhsaithe,
  - An rotháiocht a chur chun cinn i scoileanna trí bhonneagar rotháiochta cuí a sholáthar a nascann limistéir ina bhfuil fás daonra le scoileanna reatha agus le scoileanna atá beartaithe,
  - San fhadtéarma, ba cheart foráil a dhéanamh d'fhorbairt líonra lánaí rotháiochta.
- 2.8.65 De réir an Staidéir Tráchta agus Iompair, tá brú tráchta sa Sciobairín ina ábhar imní don bhaile, go háirithe ag na láithreacha seo a leanas,
- An tSráid Thuaidh le linn buaic-amanna scoile,
  - An Phríomhshráid agus Sráid an Droichid mar gheall ar an bpáirceáil ar an tsráid,
  - An Phríomhshráid agus Sráid an Droichid mar gheall ar an bpáirceáil ar an tsráid,
  - Acomhal Shráid na hAighlinne agus Shráid an Droichid mar gheall ar an deacracht maidir le hamharc na súl.
- 2.8.66 Chun aghaidh a thabhairt ar cheist an phlódaithe sa bhaile, agus chun lár an bhaile atá dírithe ar choisithe a chur chun cinn agus an baile a fhorbairt mar mhol don rotháiocht, tugtar aitheantas sa Phlean seo don tábhacht a bhaineann leis na Bearta Feabhsúcháin Iompair seo a leanas a chur i bhfeidhm, atá sainaitheanta sa Staidéar Tráchta agus Iompair, féach Tábla 5.2.16.

**Tábla 5.2.16: Bearta Feabhsaithe Iompair**

1	Limistéar tuirlingthe don bhus scoile a sholáthar in aice leis an tSráid Thuaidh.
2	An chomharthaíocht a chur ar Shráid an Droichid/Sráid na hAighlinne.
3	An Ríocht Phoiblí a fheabhsú ar an bPríomhshráid lena n-áirítear bána lódála a sholáthar do lár an bhaile.
4	Feabhsuithe maidir leis an ailíniú ar Shráid an Droichid.
5	Sráid an Mhargaidh Íochtarach a thiontú go bóthar dhá bhealach.
6	An ceansú tráchta ar Shráid Townshend.
7	Bóthar Faoisimh Ghort na Cloiche a thabhairt chun críche.
8	Lána rothar in aghaidh srutha a sholáthar ar Shráid an Mhargaidh agus ar an tSráid Thuaidh.

## **An Bhainistíocht Uisce**

### **Soláthar Uisce**

- 2.8.67 Is í abhainn na hAighlinne an foinse uisce don bhaile sa Sciobairín agus tá an t-ionad cóireála suite ag Béal Átha an Chaolaigh, suas an abhainn ó Bhaile an Sciobairín. D'fhéadfadh go mbeadh gá le huasghrádú an tsoláthair uisce lena n-áirítear síntí líonra chun freastal ar dháileachtaí áirithe talún criosaithe. Tá Scéim Réigiúnach an Sciobairín um an Soláthar Uisce (Céim 4) - Cóireáil, Stóráil agus Líonra á tógáil faoi láthair agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche í in 2021.

### **An Fuíolluisce**

- 2.8.68 Faoi láthair tá roinnt acmhainn teoranta i WWTP an Sciobairín ach ní bheadh sé leordhóthanach chun freastal ar na spriocanna daonra iomlána réamh-mheasta.

### **Bainistíocht Dramhaíola**

- 2.8.69 Tá ionad beir-leat curtha ar fáil sa Sciobairín agus Láithreán Conláiste Cathartha suite i nDoire Chonaill, An Scoil a ghlacann le raon leathan earraí a athchúrsáil. Tá sé i gceist láthair conláiste cathartha a chur ar fáil i gceantar an Sciobairín ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil.

## An Bhainistíocht Riosca i gCás Tuilte

- 2.8.70 Tá an baile i mbaol ó thuilte ón taoide, ó abhainn na hAighlinne agus ón Sruthán Caol i ndálaí drochaimsire. Tá na limistéir sin atá i mbaol tuilte léirithe ar léarscáil na lonnaíochta. Tá athbhreithniú déanta sa phlean seo ar oiriúnacht an tsoláthair talún criosaithe reatha sa bhaile agus tá leasuithe déanta ar na hainmniúcháin criosaithe ag féachaint don bhaol tuilte a d'fhéadfadh a bheith ann do na tailte seo. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.
- 2.8.71 Tógadh Scéim Faoisimh Tuilte an Sciobairín seo trí chumhachtaí Oifig na nOibreacha Poiblí faoin Acht um Dhraenáil Artaireach 1945 agus leasíodh í i 1995. Tá an Conradh príomhoibreacha críochnaithe den chuid is mó ó 2019 agus tá an scéim anois sa chéim Oibríocháin agus Cothabhála. Chun riosca tuilte a mhaolú baintear leas sa scéim seo as cosaintí tuilte mar aon le pumpáil agus úsáid limistéar stórála tuilte in aice leis an Sruthán Caol ar Bhóthar Bhaile an Chaisleáin. Cuireadh feabhas suntasach ar chúrsaí trí mhinicíocht na dtuilte a laghdú mar gheall ar oibreacha athailínithe atá déanta abhann le sruth ó Dhroichead Uí Chinnéide.

## Láithreáin Seveso


- 2.8.72 Tá drioglan ag West Cork Distillers Ltd. ag suíomh ar Bhóthar an Mhéirse ar an taobh thuaidh de bhaile an Sciobairín. Is bunáíocht nua é seo faoina bhfuil feidhm ag Treoir Seveso (2012/18/AE). Dá réir sin, tá achar comhairliúcháin 300 m curtha i bhfeidhm ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis an mbunáíocht seo de réir na Rialachán um an Acht Ceimiceach (Guaiseacha um Mhórhionóiscí a Bhaineann le Substaintí Contúirteacha a Rialú) 2015-S.I Uimh. 209 de 2015.

## An Oidhreacht Thógtha

- 2.8.73 Tá bua stairiúil an Sciobairín ag brath go mór ar na gnéithe bailedhreacha bunaidh atá ann agus ar an stoc foirgneamh traidisiúnta atá fágtha. Beidh sé ina dhúshlán don bhaile amach anseo tarraingteacht amhairc a bailedhreacha a choinneáil agus a fheabhsú, agus a ligean do na húsáidí nua-aimseartha atá riachtanach chun a bheocht a chinntiú ag an am céanna. Athraíodh cuid shuntasach de na foirgnimh stairiúla le blianta beaga anuas agus ní i gcónaí ar an mbealach is báúla. D'athraigh oscailtí fuinneogige agus patrúin fuinneoga, cuireadh isteach fuinneoga PVC agus alúmanam, agus cuireadh aghaidheanna siopaí nua-aimseartha in ionad na cinn traidisiúnta. Is léir go bhfuil easpa cothabhála ginearálta ar roinnt foirgneamh i lár an bhaile, go háirithe os cionn leibhéal na talún. Is é leibhéal aonad folmha i lár an bhaile ceann de na saincheisteanna caomhantais is tábhachtaí. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo tá gá le bainistíocht chuimsitheach bailedhreacha, agus ba cheart gurbh iad seo a leanas na príomhaidhmeanna a bheidh ag baint leis:
- Úsáidí reatha a choinneáil agus cinn nua a mhealladh go lár an bhaile.
  - Meas a thaispeáint don chomhthéacs stairiúil agus traidisiúnta a chuireann le carachtar an Sciobairín.
  - An chothromaíocht cheart a chothú idir an caomhnú agus an athfhorbairt.
  - Feabhas a chur ar an mbailedhreach trí limistéir tosaíochta do choisithe a sholáthar agus feabhsuithe comhshaoil eile (cosúil le cáblaí leictreachais a chur faoin talamh, feabhsuithe ar shoilsiú sráide, pábháil agus ealain phoiblí).
  - Príomhfoirgnimh oidhreacht ailtireachta an bhaile a chosaint (le Thaifead na Struchtúr Cosanta).
  - Príomhshráid-dreacha agus gnéithe den bailedhreach a chosaint agus a fheabhsú (trí Limistéir Chaomhantais Ailtireachta go príomha).
- 2.8.74 Tá saibhreas oidhreacht ailtireachta ag an Sciobairín agus tá 163 foirgneamh nó struchtúr eile curtha isteach i dThaifead na Struchtúr Cosanta. Mar sin, tá saibhreas foirgneamh stairiúil agus iarsmaí seandálaíochta ag an mbaile. Is acmhainn fhinideach, neamh-inathnuaite iad gnéithe den sórt sin atá i mbaol an scriosta iomláin nó páirtigh agus i gcásanna áirithe tá faisnéis ann faoin am atá thart nach féidir í a thabhairt ar ais. Aithníonn an Chomhairle luach agus tábhacht a hoidhreacht a tógtha agus seandálaíochta agus mar sin féachann sí lena chinntiú go ndéantar cosaint, caomhnú agus feabhsú éifeachtach ar shuíomhanna stairiúla agus seandálaíochta, ar shéadchomharthaí agus ar a suíomhanna.
- 2.8.75 Tá lár bhaile iomlán an Sciobairín aitheanta mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Is é an príomhionad tráchtála agus léirithe carachtar an bhaile ann dá bharr. Tá go leor aghaidheanna breátha siopaí ó thréimhsí agus stíleanna éagsúla a chruthaíonn beogacht agus spéis. Cé go bhfuil aghaidheanna siopaí coinneithe, nó athchóirithe go báúil ag go leor, ní mór d'fhorbairtí sa todhchaí an luach a bhaineann le míreanna den sórt sin ar charachtar foriomlán an cheantair a aithint. Ní hé amháin na hurláir íochtair de na foirgnimh seo a shainíonn an carachtar seo, ach cuireann na leibhéil uachtaracha leis an mbraistint áite freisin. Is é leagan amach stairiúil na sráide agus foirm agus scála na bhfoirgneamh a chinn an braistint imfhálaithe agus spáis is tarraingtí agus is suimiúla.

## Na Céanna Stairiúla

2.8.76 Tá cúig ché stairiúla ann san iomlán, féach Figiúr 5.2.6, atá sainaitheanta sa Sciobairín. Agus iad comhdhéanta de sheanchéanna cloiche as úsáid feadh taobh an bhaile d'Abhainn na hAighlinne idir an dá dhroichead bóthair, agus tráth dá raibh ba iad na céanna seo an bealach príomhach chun earraí agus daoine a iompar isteach agus amach as an Sciobairín. Tá cuid de na céanna faoi úinéireacht phríobháideach, tá cuid eile do-aitheanta, agus tá cuid acu blocáilte le cloiche agus le sil-leagan. Is é an rud nach bhfuil aon amhras faoi, áfach, ná tábhacht stairiúil agus luach na céanna agus ba cheart breathnú ar a gcosaint mar chuid den phlean seo dá réir. San aimsir atá imithe thart, rinne pobail agus comhlachtaí neamhaird de dhobharlaigh ach anois tá an taoideag casadh ina leith seo. Mar sin, tá deis ann cosaint a thabhairt do na céanna trí aitheantas a thabhairt dóibh sa phlean seo agus trí chinntiú go ndéanfar na céanna a athfhorbairt mar chuid d'aon mholadh chun forbairt a dhéanamh ar thalamh atá in aice láimhe leo.



Figiúr 5.2.6 Céanna Stairiúla

## An Oidhreacht Seandálaíochta

2.8.77 Tá lár an Sciobairín suite laistigh de Chríos den Acmhainneacht Seandálaíochta (ZAP) freisin. Tá an Sciobairín ainmnithe mar bhaile stairiúil i dTaifead Séadchomharthaí agus Láithreáin Chontae Chorcaí. Mar gheall ar thábhacht stairiúil Abhainn na hAighlinne agus an trácht abhann ann sa 17ú agus san 18ú haois, d'fhéadfadh go mbeadh seandálaíocht ceilte faoi uisce ina gné thábhachtach eile d'oidhreacht seandálaíochta an Sciobairín mar go bhfuil ardacmhainneacht seandálaíochta laistigh de thimpeallachtaí muiri go ginearálta. Dá bhrí sin, ní mór breathnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag forbairtí in aice le hAbhainn na hAighlinne ar thimpeallachtaí abhann.

## An Bithéagsúlacht

### An Oidhreacht Nádúrtha agus an Tirdhreach

2.8.78 In 2018, choimisiúnaigh an Chomhairle ullmhúchán ar mhapaíl ghnáthóga do bhailte an chontae nach ndearnadh a leithéid d'obair iontu go dtí seo d'fhonn na gnáthóga atá sna ceantair a shainaitheint chomh maith leis na cinn sin a bhfuil tábhacht ag baint leo chun bithéagsúlacht an cheantair a chosaint. Sa saothar suirbhéireachta, sainaitníodh roinnt gnáthóg laistigh den bhaile a bhfuil luach bithéagsúlachta ag gabháil leo agus a d'fhéadfadh a áireamh mar chuid de chonair éiceolaíoch.

2.8.79 Baineann limistéir de luach bithéagsúlachta go príomha leis na conairí abhann agus áirítear leo gnáthóga fionnuisce chomh maith le bogaigh agus gnáthóga féaraigh. Tá paistí beaga coillearnaí agus scrobarnaigh coillearnaí sa bhaile freisin.

2.8.80 I measc na gceantar a sainaitníodh tá Coill Lorga a thugann nasc tábhachtach éiceolaíochta leis an Aighlinn agus an ceantar níos leithne, Bogaigh na Craige Fada agus riasc Lána an tSéipéil, chomh maith le Bogaigh Ghleann Chorrach agus abhainn na hAighlinne agus na sruthchúrsaí gaolmhara leis. Seo a leanas na ceantair sin;



**Tábla 5.2.17 Limistéir a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil ag baint leo sa Sciobairín**

1.	Coillte Lorga (lonnaithe laistigh SK-GA-12)
2.	Riasc Lána an tSéipéil (lonnaithe laistigh de SK-GC-13)
3.	Bogaigh na Carraige Fada (lonnaithe laistigh de SK-GC-14)
4.	Conair Abhainn na hAighlinne
5.	Bogach an Ghleann Chorraigh (lonnaithe laistigh de SK-GR-05)

- 2.8.81 Is í an Aighlinn an phríomhghné taitneamhachta nádúrtha agus bhí tionchar láidir aici ar fhorbairt stairiúil an bhaile. Téann an abhainn, atá suas le 40 m ar leithead, ar corrán mór tríd an mbaile agus fágfar dá bharr go bhfuil tuilemhá ann ar a dtugtar an Riasc, feadh an bhruach thiar. Is fo-abhainn den Aighlinn é an Sruth Caol a théann ó dheas. Níl aon ainmniúchán comhshaoil ag an abhainn agus an sruthán cé go n-aithnítear iad mar ghnáthóg abhann suntasach agus mar acmhainn taitneamhachta. Téann an Aighlinn amach san fharraige ag Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan agus Oileán Loch Trasna.
- 2.8.82 Tá trí bhealach sainithe mar sárscéimhe – bóthar náisiúnta an N71 idir an Sciobairín agus Léim (bealach sárscéimhe - S82), an bealach réigiúnach R595 idir an Sciobairín agus Dún na Séad (bealach sárscéimhe - S88) agus bóthar náisiúnta an N71 siar idir an Sciobairín agus Béal an Dá Chab (bealach scéimhe - S90) atá sainitheanta in **Imleabhar a Dó** den Phlean seo.
- 2.8.83 Tá an ceantar siar ón mbaile sainithe mar Thírdhreach Ardluacha (HVL). Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórsála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach.

### Cuspóirí Ginearálta

- 2.8.84 Bainfidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas le gach aon fhorbairt a dhéanfaidh laistigh de theorainn forbartha an Sciobairín.

#### Cuspóirí Ginearálta i ndáil leis an Sciobairín

Uimh. na Cuspóra	
SK-GO-01	Plean forbartha lena n-éascófar an spriocdhaonra de 3,563 a bhaint amach sa Sciobairín.
SK-GO-02	Chun an fás daonra inbhuanaithe a áirithiú agus chun tacú leis an bhforbairt atá beartaithe in SK-GO-01, ní mór bonneagar cuí agus inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce a chuideoidh le cuspóirí an Phlean Bainistíochta Abhantraí ábhartha a bhaint amach agus a chinntíonn cosaint SAC Chuan agus Oileán Loch Trasna, in éineacht leis an bhforbairt. Caithfidh don bhonneagar fuíolluisce a bheith in ann déileáil leis an doirteadh chun cinntiú nach dtiteann cáilíocht an uisce san abhainn faoi na leibhéil atá inghlactha de réir mar a cheanglaítear leis an dlí.
SK-GO-03	Ar an mbonneagar glas, an bhithéagsúlacht agus na sócmhainní tírdhreacha atá sa Sciobairín, áirítear na conairí cois abhann ann chomh maith leis na bogaigh, crainn, limistéir choillearnaí, crainn aibí agus spásanna oscailte eile atá ann. Tá an Sciobairín suas an abhainn ó SAC Chuan agus Oileán Loch Trasna. Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go hiogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint na gnéithe seo agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreachta agus An tÁineas</b> .
SK-GO-04	Tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Tráchtá agus Iompair don Sciobairín agus aon mholtaí nuashonraithe maidir leis an treoir chéanna nó nuashonraithe maidir le bearta bóithre atá leagtha amach sa phlean seo.
SK-GO-05	Spreadadh a thabhairt d'fhorbairt suíomhanna oiriúnacha le haghaidh soláthar spóirt, áineasa agus spáis oscailte breise, lena chinntiú go ndéantar an soláthar a chomhordú i gceart le foirmeacha eile forbartha agus le Polasaithe eile um úsáid talún, agus chun spás oscailte agus talamh eile a bhfuil luach ó thaobh caitheamh aimsire nó taitneamhachta ag gabháil leis a chosaint.
SK-GO-06	Carachtar an bhaile a chaomhnú agus a fheabhsú trí fhoirgnimh stairiúla/aitireachta, grúpaí foirgneamh, an patrún sráide reatha, méid na gceapach agus a scála a chosaint agus ag an am céanna an fhorbairt chuí sa bhaile a spreagadh.
SK-GO-07	Feabhsú ballaí na cé agus na fánáin ar an Abhainn na hAighlinne a éascú agus forbairt mar tháirge turasóireachta chomh fada agus is féidir.
SK-GO-08	Poitínseal turasóireachta na hoidhreachta tógtha agus seandálaíochta sa bhaile a chosaint agus a fhorbairt tuilleadh agus rian oidhreachta sa bhaile a chur chun cinn.
SK-GO-09	Staidéar Feabhsúcháin Lár an Bhaile agus na Ríochta Poiblí a ullmhú thar shaolré an phlean seo.

### Cuspóirí Ginearálta i ndáil leis an Sciobairín

Uimh. na Cuspóra	
SK-GO-10	Cinntiú go ndéantar dearadh ardchaighdeán agus cóireáil ailtreachta ar Shuíomhanna Sainchomhartha agus ar shuíomh athnuachana mar a shainithnítear sa phlean seo. Beidh gá le ráiteas dearaidh a chur isteach le haghaidh na forbartha do gach togra mór forbartha ar na láithreáin seo.
SK-GO-11	Éascú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na Straitéise um Spáis Oscailte atá leagtha amach sa Phlean seo.
SK-GO-12	Tacú le soláthar bealach taistil gníomhach a nascann An tSráid Mhór/Gort na Cloiche leis na campais scoile atá suite amach ón tSráid Thuaidh.

### Sainchuspóirí

2.8.85 Tá na sainchuspóirí creasa don Sciobairín leagtha amach sa táblaí seo a leanas:

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil leis an Sciobairín		
Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
Soláthar Cónaithe/Cónaithe Bhreise		
SK R-01	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B Ba cheart an cur chuige iomlán maidir le forbairt an tsuímh seo (lena n-áirítear tograí rochtana bóithre agus soláthar naisc bhealaigh choisithe agus rothair) a chomhordú ar bhealach lena ndeimhneofar go ndéantar soláthar cuí don rochtain ar Bhóthar Faoisimh Ghort na Cloiche (U-02).	4.5
SK R-02	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B Naisc do choisithe agus do rothair a sholáthar chuig láithreán Limistéar Beartais Speisialta X-01.	1.74
SK R-03	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B.	1.8
SK R-04	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B Beidh anailís amhairc agus plean tírdhreachaithe don láithreán ag gabháil le haon tograí forbartha chun an tionchar amhairc a laghdú. Tá an limistéar criosaithe laistigh de Chrios Acmhainneacht Seandálaíochta an tSéadchomhartha Taifeadta CO141-091 – Lios. Ba cheart go gcinnteodh tograí forbartha go gcosnaítear séadchomhartha náisiúnta ar an láithreán agus go mbeadh sé suite siar go cuí.	1
SK-RAP-05	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B Naisc do choisithe agus do rothaithe a sholáthar a théann chuig láithreáin in aice lámhe.	2.2
SK R-06	Forbairt Chónaithe Mheándlús C. Teastaíonn plean tírdhreacha mionsonraithe don láithreán, agus ba cheart go n-áireodh sé fáilta scean agus crann aibí atá ann cheana féin a choinneáil. Ba chóir na gnáthoga atá ar an láithreán cheana féin lena n-áirítear coillearnacha leathanduilleacha measctha a chosaint/feabhsú agus a ionchorprú i bhforbairt nua.*	4.6
Limistéir Thionsclaíoch		
SK I-01	Forbairt Eastát Tionscail d'aonaid thionsclaíochta éadroma bheaga agus mheánmhéide le bealach isteach amháin ón R637. Ba cheart don bhforbraíocht a bheith suite píosa siar ón sruthán atá timpeall theorainn an chreasa.*	5.4
SK I-02	Forbairt de Chineál Eastát Thionsclaíoch, atá oiriúnach d'aonaid thionsclaíochta bheaga agus mheánmhéide, don trádastóráil agus do dháileachán agus láithreán áiseanna cathartha/aistrithe dramhaíola, agus an dearadh foirgneamh ardchaighdeán ionchorpraithe leis, faoi réir moltaí cuimsitheacha tírdhreachaithe lena n-áirítear teorainneacha ar theorannacha deisceartacha, tuaisceartacha agus oirthearacha an láithreán a bheith socraithe, agus diúscairt shásúil agus oiriúnach ar uisce dromchla agus eisilteach. ^*	3.9

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil leis an Sciobairín

Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Gnó agus an Fhostaíocht Ghinearálta</b>		
SK-B-01	An Fhorbairt Ghnó lena n-áirítear, nuair is cuí, tionscadail fuinnimh in-athnuaite a bhreithniú. Dearadh foirgneamh ardchaighdeán a ionchorprú, faoi réir ag soláthar moltaí cuimsitheacha tírdhrechtaithe lena n-áirítear carnadh ar theorainneacha an láithreáin, rochtain shingil chuí ón R637 agus diúscairt shásúil ar uisce dromchla agus eisilteach. Déanfar an forbairt ar aon dul le fis le haghaidh an leagan amach iomlán mionsonraithe agus soláthar a dhéanamh leis do rochtain shábháilte do choisithe chun teacht ar lár an bhaile. Ba cheart na sruthchúrsaí atá ar an láithreán oscailte a fhágáil mar atá. Ba cheart na sruthchúrsaí atá ar an láithreán oscailte a fhágáil mar atá agus iad a chosaint. Ba cheart don bhforbraíocht a bheith suite píosa siar ón sruthán atá timpeall theorainn an chreasa.	15.9
SK-B-02	An Fhorbairt Ghnó.	9.3
SK-B-03	An Fhorbairt Ghnó ag ionchorprú an dearadh foirgneamh ardchaighdeán, le rogha d'óstán lena n-áirítear ionad fóillíochta agus áiseanna comhdhála chun freastal ar an mbaile agus ar an gceantar máguaird. Bheadh aon forbairt ag teacht faoi réir scéim deartha chuimsitheach tírdhreach-bhunaithe lena gcuimseofar an rochtain coisithe sábháilte easbhóthair isteach go lár an bhaile agus diúscairt shásúil maidir leis an uisce dromchla agus eisilteach araon.	3.5
SK-B-04	An Fhorbairt Ghnó, agus an dearadh foirgneamh ardchaighdeán ionchorpraithe leis, faoi réir moltaí cuimsitheacha tírdhrechtaithe agus diúscairt shásúil ar uisce dromchla agus eisilteach. Ba cheart don bhforbairt a bheith déanta ar aon dul le fis le haghaidh an leagan amach iomlán mionsonraithe agus soláthar a dhéanamh leis do rochtain shábháilte do choisithe chun teacht ar lár an bhaile. Ba cheart go mbeadh aon mholadh maidir le forbraíocht ar an láithreán seo faoi réir straitéis rochtana i gcomhréir le forálacha na dTreoirínte um Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta d'Údarás Phleanála comhaontaithe a chuireadh soláthar do Bhóthar Faoisimh Gort na Cloiche (U-02). <sup>^</sup>	6.3
SK-B-05	An forbairt ghnó, agus an dearadh foirgneamh ardchaighdeán ionchorpraithe leis, faoi réir moltaí cuimsitheacha tírdhrechtaithe agus diúscairt shásúil ar uisce dromchla agus eisilteach. Ba cheart don bhforbairt a bheith déanta ar aon dul le fis le haghaidh an leagan amach iomlán mionsonraithe agus soláthar a dhéanamh leis do rochtain shábháilte do choisithe chun teacht ar lár an bhaile. Ba cheart go mbeadh aon mholadh maidir le forbraíocht ar an láithreán seo faoi réir straitéis rochtana i gcomhréir le forálacha na dTreoirínte um Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta d'Údarás Phleanáil comhaontaithe a chuireadh soláthar do Bhóthar Faoisimh Gort na Cloiche (U-02). <sup>^</sup>	10.22
<b>Lár an Bhaile</b>		
SK-T-01	Lár an Bhaile. Lár an bhaile a chur chun cinn mar phríomhlimistéar don bhforbairt miondiála agus ilúsáide, spreagadh a thabhairt don athchóiriú/athfhorbairt íogair ar láithreáin atá ann cheana féin agus feabhsuithe ar an bhfearann poiblí a chur chun cinn, chomh maith le deiseanna chun an bhithéagsúlacht sa limistéar seo a fheabhsú.*	18.85
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
SK-U-01	Ionad cóireála séarachais atá beartaithe.	-
SK-U-02	Líne tásach roghanna do Bhóthar Faoisimh Ghort na Cloiche molta.	-
SK-U-03	Tacú le Siúlbhealach do choisithe a sholáthar	-
<b>An Bonneagar Glas</b>		
SK-GR-01	Spás oscailte. Tá an chuid theas den láithreán seo atá in aice le clós an taispeántais oiriúnach do saoráidí spóirt, áineasa agus taitneamhachta. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú sa limistéar seo. Táthar chun iad siúd a spreagadh.*	7.28
SK-GA-02	Spás Oscailte le haghaidh an spóirt agus caitheamh aimsire. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú sa limistéar seo. Táthar chun iad siúd a spreagadh.*	3.38

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil leis an Sciobairín

Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
SK-GR-03	Spás oscailte. Láithreán a fhorbairt chun críocha pobail/áineasa lena n-áirítear naisc do choisithe agus rothair a sholáthar go lár an bhaile agus chuig láithreacha cónaithe molta in aice láimhe.	2
SK-GR-04	Spás oscailte. D'fhéadfadh cuid den láithreán seo a bheith oiriúnach do shaoráidí áineasa agus taitneamhachta. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú sa limistéar seo. Táthar chun iad siúd a spreagadh.*	9.7
SK-GR-05	Spás Oscailte le haghaidh an spóirt agus caitheamh aimsire. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú sa limistéar seo. Táthar chun iad siúd a spreagadh.*	4.4
SK-GR-06	Spás Oscailte le haghaidh an spóirt agus caitheamh aimsire.*	4.8
SK-GR-07	Spás Oscailte mar chuid de Ghleann na hAbhann.*	5.8
SK-GR-08	Spás Oscailte mar chuid de Ghleann na hAbhann. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú sa limistéar seo. Táthar chun iad siúd a spreagadh.*	1.6
SK-GA-09	Spás oscailte. Úsáid na bpáirceanna imeartha atá sa bhaile cheana féin a chosaint agus a leithéid de thailte a chothabháil chun críocha áineasa. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú sa limistéar seo. Táthar chun iad siúd a spreagadh.*	3.2
SK-GR-10	Spás Oscailte mar chuid de Ghleann na hAbhann. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú sa limistéar seo. Táthar chun iad siúd a spreagadh.*	7.34
SK-GA-11	Spás Oscailte le haghaidh an spóirt agus caitheamh aimsire.	4.29
SK-GC-12	Coillearnacha atá ann cheana a chosaint agus a fheabhsú ag soláthar nasc tábhachtach éiceolaíochta le hAbhainn na hAighlinne agus an ceantar níos leithne.*	1.13
SK-GC-13	Spás oscailte. Ba cheart foráil a dhéanamh chun gnáthóga bogaigh agus gnáthóga eile a bhfuil ardluach éiceolaíochta ag gabháil leo a choinneáil agus a chosaint.*	2.29
SK-GC-14	Spás oscailte. Ba cheart foráil a dhéanamh chun gnáthóga bogaigh agus gnáthóga eile a bhfuil ardluach éiceolaíochta ag gabháil leo a choinneáil agus a chosaint.*	2.12
SK-GR-15	Spás oscailte. Forbairt an spáis oscailte sa limistéar theas a éascú mar aon le clós súgartha a fhorbairt.	-
SK-GR-16	Spás oscailte. An limistéar spáis oscailte dá ngairtear 'The Rock' a chothabháil agus a fheabhsú lena n-áirítear comharthaíocht treorach a sholáthar agus ilphointí rochtana a fheabhsú agus a fhorbairt, (agus dhá phointe rochtana atá ann cheana ón tSráid Thuaidh, pointe rochtana amháin atá ann cheana agus pointe rochtana molta amháin ón tSráid Ard san áireamh). Oireann an limistéar do ghnáthóga scrobarnaigh agus féarach tirim a bhfuil luach éiceolaíoch ag baint leo agus ba chóir iad a choinneáil nuair is féidir. Beidh deiseanna chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú sa cheantar á ngríosú.	-
SK-GC-17	Spás Oscailte le cosaint ón bhforbairt a athraíonn taitneamhachtaí amhairc an cheantair. Tá an láithreán mar chuid de chrios riosca tuilte.*	3.4
SK-GC-18	Spás Oscailte le cosaint ón bhforbairt a athraíonn taitneamhachtaí amhairc an cheantair. Tá an láithreán mar chuid de chrios riosca tuilte.*	1.5
SK-GC-19	Spás Oscailte le cosaint ón bhforbairt a athraíonn taitneamhachtaí amhairc an cheantair. Tá an láithreán mar chuid de chrios riosca tuilte.*	0.9




Sainchuspóirí Forbartha i ndáil leis an Sciobairín

Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.	
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)	
<b>An Talmhaíocht</b>			
SK-AG-01	Úsáid Talmhaíochta.*	21.74	
SK-AG-02	Úsáid Talmhaíochta.	5.12	
SK-AG-03	Úsáid Talmhaíochta.	6.29	
<b>An Pobal</b>			
SK-C-01	Síneadh ar an reilig.	1.5	
SK-C-02	Úsáid an Phobail – Tailte atá curtha ar leataobh le haghaidh Úsáid Oideachais.	1.3	
SK-C-03	Úsáid an Phobail.	1	
<b>Limistéar Beartais Speisialta</b>			
SK-X-01	<p>Tacaigh le hathfhorbairt an láithreáin seo le haghaidh úsáidí measctha éagsúla (lena n-áirítear úsáidí pobail, cónaithe, fostaíochta ar scála cuí, nó úsáidí a bhaineann le turasóireacht) lena mbaineann athúsáid na bhfoirgneamh atá ann cheana féin agus caomhnú suíomh feiceálach an láithreáin seo. Ba chóir go gcuirfeadh foirm agus leagan amach aon fhorbairt le bailleadhreach agus le taitneamhachtaí amhairc an bhaile ar bhealach dearfach. Forbairt chomhordaithe ar an láithreán seo agus ar thailte tadhlach a lorg le haghaidh úsáidí éagsúla mar chuid de phlean foriomlán lena cheart aird ar leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ba cheart forbairt an láithreáin seo a chomhordú le forbairt na dtailte in aice láimhe leis.</li> <li>• Tá an láithreán oiriúnach d'úsáidí éagsúla lena n-áirítear úsáidí measctha a bhaineann le hathúsáid na bhfoirgneamh atá ann cheana féin, ag féachaint do charachtar na hailtíreachta ann, chomh maith le suíomh na struchtúr cosanta agus foirgneamh eile.</li> <li>• Ba cheart go dtabharfar aird, in aon fhorbairt a ndéanfar ar an láithreán seo, ar thopagrafaíocht agus ar iogaireacht an láithreáin fheiceálach seo atá ar thalamh ard droimleach a chuireann le suíomh an bhaile ó thaobh amharc na súl de. Maidir leis an bhforbraíocht, ba cheart go seachnófar na codanna den suíomh atá níos airde agus a théann le fána níos géire, chomh maith leis na codanna níos feiceálaí.</li> <li>• Scéim mhionsonraithe tírdhrechtaithe agus spáis oscailte a sholáthar don láithreán ar fad;</li> <li>• Moltaí chun bóthar faoisimh molta Gort na Cloiche a thógáil (cuspóir SK U-02) lastuaidh den suíomh le haghaidh socrúithe rochtana leordhóthanacha ar an mbóthar seo.</li> <li>• Staidéar cuimsitheach ar an draenáil uisce dromchla atá laistigh den láithreán agus tailte in aice leis.</li> <li>• Moltaí mionsonraithe a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar dhraenáil uisce dromchla an láithreáin agus do na tailte in aice leis.</li> <li>• Moltaí céimnithe a chur i bhfeidhm ar fud an láithreáin ar fad chun forbairt chomhordaithe an láithreáin a chinntiú.</li> <li>• Plean Bainistíochta Tráchtá a ullmhú i gplean é a chuimsíonn roghanna iompair inbhuanaithe a sholáthar.</li> <li>• Ba cheart go mbeadh aon mholadh maidir le forbraíocht ar an láithreán seo faoi réir straitéis rochtana comhaontaithe a chuimseodh soláthar do Bhóthar Faoisimh Gort na Cloiche (U-02).<sup>^</sup></li> </ul>	11.34	



# An Sciobairín



Coipeheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cosaint. San áireamh tá sonraí Surbhíreachta Ordánais Éireann a atáirgeadh faoi uimhir cheadúnais OSI Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sártaíonn atáirgeadh neamhdarálithe Surbhíche ordánais Éireann agus cóipeheart Rialtas na hÉireann © Surbhíche Ordánais Éireann 2022



## 2.9 Dún Mánmhaí

### Fís agus Comhthéacs Straitéiseach

- 2.9.1 Is é Dún Mánmhaí an príomhionad seirbhíse intíre i gCeantar Bardasach Iarthar Chorcaí. Feidhmíonn an baile, atá aitheanta mar príomhbhaile, mar ionad margaidh mar gheall ar a shuíomh lárnach geografach laistigh d'Iarthar Chorcaí agus tá leas bainte aige as feabhsuithe bonneagair le déanaí agus acmhainneacht ag an áit a fheidhm turasóireachta a neartú tuilleadh freisin.
- 2.9.2 Tá sé mar aidhm ag an bplean seo ról Dhún Mánmhaí a neartú mar lárionad tábhachtach daonra, fostaíochta, áineasa, taitneamhachta agus seirbhísí ionas gur féidir leis freastal níos fearr ar an gceantar tuaithe máguaird níos leithne. D'fhéadfaí tionscal turasóireachta an bhaile a neartú mar gheall ar a shuíomh gar do na príomhionaid turasóireachta in Iarthar Chorcaí freisin.
- 2.9.3 Críochnaíodh Straitéis Chomhtháite d'Fhorbairt Fhisiciúil, Shóisialta agus Eacnamaíoch Bhaile Dhún Mánmhaí in 2007 a raibh sé mar aidhm aici aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna a bhaineann leis an mbaile agus an chúlchríoch agus cuspóirí agus gníomhartha a sholáthar chun athrú dearfach a threorú i nDún Mánmhaí. Leis an bPlean seo, leanfar ar aghaidh ag tacú le cur i bhfeidhm chuspóirí na Straitéise Comhtháite do Dhún Mánmhaí, nuair is cuí.

### An Comhthéacs Áitiúil

- 2.9.4 Tá Dún Mánmhaí suite in ionad lárnach in Iarthar Chorcaí timpeall 25 km soir ó Bheantraí, timpeall 30 km soir ó thuaidh ón Sciobairín agus timpeall 20 km lastuaidh de Chloich na Coillte. Tá Dún Mánmhaí suite ag an ball sin a bhfuil an Ghrúdlainn suite, ina dtagann an Abhainn Salach agus Abhainn na Bandan le chéile agus tá an áit faoi scáth talamh ardaithe ar thrí thaobh de. Ar an taobh thuaidh agus thiar de tá bunchnóic Cnoc na Seithe agus ó dheas tá cnoic eile nach bhfuil chomh hard sin. Tá feidhm sheirbhíse thábhachtach mar ionad margaidh á chomhlíonadh ag an mbaile don chúlchríoch níos leithne chomh maith le bheith mar thairseach ar Iarthar Chorcaí.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.9.5 Taifeadadh méadú daonra iomlán de 70, suas go 1,655 (méadú 4%) i nDaonáireamh 2016). Tá sprioc socraithe sa phlean seo 1,985 duine a bheith i nDún Mánmhaí mar an daonra iomlán thar thréimhse an phlean go dtí 2028, arb ionann é agus méadú daonra réamh-mheasta de 330 duine. Chun freastal ar an leibhéal seo d'fhás sa daonra, beidh 126 aonad tithíochta breise nua ag teastáil.

Tábla 5.2.18: An Daonra agus an Soláthar Tithíochta i nDún Mánmhaí

	An Daonra agus an Riachtanas Tithíochta			Aonaid Sholáthair Tithíochta	
	Daonra Dhaonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra (go dtí 2028)	Aonaid Nua atá ag Teastáil (go dtí 2028)	An Soláthar Tithíochta ón gCriosú Úsáide Cónaithe agus Measctha araon lena n-áirítear Láithreáin Dlúth-Fháis	An Soláthar Tithíochta ó Láithreáin Chónaithe Chúltaisce
Dún Mánmhaí	1,655	1,985	126	126	100

Tábla 5.2.19: Daonra Dhún Manmhaí, 2006-2028

	Daonáireamh 2006	Daonáireamh 2011	Daonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra go dtí 2028
An Daonra	1,522	1,585	1,655	1,985

- 2.9.6 As an líon 126 aonad tithíochta nua atá le soláthar thar thréimhse feidhme an phlean, bheadh sé indéanta 114 aonad díobh a sheachadadh ar thalamh criosaithe mar chrios cónaithe agus an chuid eile, nó 12 aonad, a sheachadadh laistigh de limistéar tógtha an bhaile. Tá foráil déanta sa Phlean seo don ghlansholáthar talún cónaithe de thart ar 7 ha. Maidir le haonaid a sheachadadh laistigh de lorg reatha an bhaile, tá deiseanna athghiniúna ann mar gheall ar aonaid folmha agus an inlíonadh i lár an bhaile chomh maith le athfhorbairt a dhéanamh ar iarshuíomh Chlochar Iníonacha na Carthanachta, DY-X-01.

- 2.9.7 Tá athbheithníú déanta ar na riachtanais maidir leis an soláthar talún cónaithe do Dhún Mánmhaí chun fás atá dlúth agus inbhuanaithe araon a bhaint amach sa lonnaíocht de réir an treoir bheartais náisiúnta agus réigiúnach mar atá leagtha amach sa phlean seo. Mar atá leagtha amach i **gCaibidil 3, Lonnaíochtaí agus an Chomhfhorbairt Áite**, tá béim nua curtha sa phlean seo ar uasmhéadú a dhéanamh ar an gcumas forbartha a bhaineann le láithreacha tearcúsáidte atá suite i mbaill lárna. Is féidir le roinnt láithreáin chriosaithe laistigh de limistéar tógtha an bhaile in aice le lár an bhaile cur go mór leis an dlúthfhas ann, lena n-áirítear DY-R-01 agus DY-X-01.
- 2.9.8 Tá roinnt láithreáin chriosaithe chónaithe atá ann cheana féin ar fáil ó phleananna roimhe seo, agus táthar tar éis iad sin a thabhairt ar aghaidh sa phlean seo. Tá siad lonnaithe i gceantair chónaithe atá ann cheana féin agus is féidir leo forbairt sheicheamhach agus comhdhlúthú an bhaile a chinntiú. Maidir le dlús, freastalaíonn gach criosú cónaithe d'fhorbairt cónaithe ar Meán B agus Meán-C agus tá rochtain acu ar bhonneagar agus ar sheirbhísí.
- 2.9.9 Agus na srianta atá ar an soláthar uisce i nDún Mánmhaí curtha san áireamh, níltear den tuairim go bhféadfar freastal ar fhorbairt shuntasach sa ghearrthéarma, agus sprioc níos réadúla a bheith i bhfráma ama meántéarmach. Tá ceisteanna ann freisin maidir leis an sruth éalaithe ón aonad cóireála fuíolluisce nach mór a réiteach sular féidir aon forbairt shuntasach a dhéanamh.

## **An Chomhfhorbairt Áite**

### **An Dearadh Uirbeach**

- 2.9.10 Tá roinnt gnéithe tábhachtacha tírdhreacha agus gnéithe sráid-dreacha laistigh de Dhún Mánmhaí, rud a fhágann go bhfuil an baile sainiúil. Maidir leis seo, d'fhéadfadh go mbeadh fiúntas ag baint le straitéis a fhorbairt ar fud an bhaile a chuirfeadh le tarraingteacht na ngnéithe seo, a leagfadh béim ar fheabhsuithe ar inrochtaineacht phoiblí agus a mhéadódh feasacht chun acmhainn turasóireachta an bhaile a bhaint amach.
- 2.9.11 Tá deiseanna ann feabhas a chur ar an bhfearann poiblí laistigh den bhaile a d'fhulaing de bharr an méid tráchta trí lár an bhaile agus easpa bóthair faoisimh suntasach. Cuirfidh cruthú spásanna amuigh faoin aer le beogacht an bhaile. Tá roinnt láithreán folamh agus tearc-úsáidte i lár an bhaile a thugann deis d'fhorbairt miondíola laistigh den chroícheantar. D'aithin an Plean seo an tábhacht a bhaineann le hathfhorbairt na láithreán seo a spreagadh, rud a fheabhsóidh beogacht lár an bhaile agus a thabharfaidh aghaidh ar fhadhb na tréigthe agus ar chailliúint úsáidí gníomhacha urlár na talún sa cheantar seo.
- 2.9.12 Tá lár baile Dhún Mánmhaí srianta leis an abhainn ar an taobh thoir de, ag talamh a théann suas in airde go géar ar an taobh thuaidh de, ag na bogaigh agus ag na páirceanna ar an taobh deas de, agus ag limistéar sárscéimhe ar an taobh thiar de lár an bhaile. Tá acmhainneacht áirithe ann le leathnú siar. Bhí an baile faoi réir tuilte san am a chuaigh thart agus tá tailte laistigh den bhaile san áireamh sa phlean seo a aithníodh mar áiteanna a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuilte.
- 2.9.13 Tá deiseanna sa bhaile le hathnuachan a dhéanamh ar shuímh thréigthe, ceantair chúlchríocha, inlíonta sráide agus úsáidí gníomhacha urlár na talún a thabhairt isteach arís i lár an bhaile. Chuir scéimeanna inlíonta le déanaí feabhas ar cháilíocht an fhearainn phoiblí sa bhaile; mar sin féin, tá deiseanna breise ann chun an fearann poiblí a fheabhsú sa bhaile.
- 2.9.14 Ciallaíonn leagan amach an bhaile go n-iompaíonn Dún Mánmhaí a dhroim ar an abhainn. Mar sin, tá sé tábhachtach go n-aithneodh an baile acmhainneacht na habhann mar limistéar taitneamhachta le deiseanna do bhealaí coisithe agus rothar. Tá deis ann freisin droichead coise a sholáthar a nascfaidh an carrchlós molta le cearnóg an bhaile a chinnteodh go mbeadh an baile tréscailteach agus go bhforbródh sé go dtí a lánacmhainneacht.

### **Láithreáin Deise**

- 2.9.15 Tá deiseanna ann soláthar cóiríochta turasóireachta a mhéadú laistigh den bhaile a neartóidh ról Dhún Mánmhaí mar láthair turasóireachta intíre in Iarthar Chorcaí. Sainaitníodh an DY-X-01 (limistéar athghiniúna freisin DY-RA-01) mar shuíomh deiseanna straitéiseacha suntasacha d'fhorbairt an bhaile amach anseo lastuaidh de lár an bhaile.



Tábla 5.2.20: Limistéar Athghiniúna Dhún Mánmhaí

Léarscáil den Limistéar Athghiniúna	Uimhir agus Cur Síos
	<p>DY-RA-01: Láithreán Chlochar Iníonacha na Carthanachta, mar a bhí ann roimhe seo</p> <p>Tá na foirgnimh agus na tailte tírdhreachaithe a bhain leis shuntasacha a bhí mar chuid den chlochar tráth dá raibh lonnaithe in áit fheiceálach sa bhaile agus tá an láithreán ina raibh an clochar suite roimhe seo sainaitheanta mar limistéar athghiniúna sa phlean seo. Tá an clochar ag titim as a chéile faoi láthair agus spreagfaidh an Chomhairle moltaí d'fhorbairt chomhtháite ilchineálach a bhainfidh leas as acmhainn na bhfoirgneamh atá ann cheana féin agus as an suíomh tarraingteach ina bhfuil siad suite. Ba chóir grúpaí crann atá ann cheana a choinneáil nuair is féidir. Agus an láithreán á forbairt, ba cheart foráil a bheith déanta do sheachadadh an bhóthair faoisimh thuaidh.</p>

### Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.9.16 Tá 3 bhunscoil ann; Scoil Náisiúnta Mhuire (Sóisearach agus Sinsearach) atá suite ar an tSráid Ard, Scoil Náisiúnta Buachaillí Phádraig suite ar Shráid Sackville agus an Modhscoil, atá suite ar Bhóthar Bheanntraí, agus meánscoil nua-aimseartha; Coláiste Pobail Maria Immaculata. Tá soláthar maith ar fáil sa bhaile ó thaobh an oideachais de agus níl tuilleadh láithreán scoile ag teastáil ón áit faoi láthair.

### An Pobal, an Spórt agus an tÁineas

- 2.9.17 Tá soláthar maith sa bhaile ó thaobh áiseanna pobail, áineasa agus spóirt de. Tá leabharlann ann, chomh maith le stáisiún gardaí agus áiteanna adhartha iomadúla. I measc na n-áiseanna cúram sláinte atá le fáil sa bhaile, tá ionad cónaithe Ospidéal Pobail Dhún Mánmhaí (suite 2.3 km soir ó thuaidh ón mbaile) agus an tIonad Cúraim Phríomhúil ar Shráid Sackville. Tá Ionad Seirbhíse Leanaí suite ó thuaidh ó lár an bhaile, atá riartha mar chomhpháirtíocht idir FSS agus Co-Action (Iarthar Chorcaí) chun seirbhís chomhtháite a sholáthar do leanaí le riachtanais speisialta i gceantar Iarthar Chorcaí.
- 2.9.18 Tá roinnt áiseanna agus clubanna spóirt i nDún Mánmhaí, agus club GAA, Club Rugbaí, Club Sacair agus áiseanna Galf Dhá Mhaide ina measc. Is acmhainn shuntasach taitneamhachta poiblí iad Ceantair Pháirc an Bhaile agus Locha do Dhún Mánmhaí.
- 2.9.19 Táthar tar éis linn snámha an bhaile a athfhorbairt le déanaí agus i measc na n-áiseanna eile atá ann tá Clós Súgartha na bPáistí dea-fheistithe agus é suite anois i láithreán nua, Cúirteanna Leadóige, cúrsa Galf Dhá Mhaide 18-poll agus Páirc Sacair Astro Turf cúigear-an-taobh.
- 2.9.20 Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo comhshaol iomlán bhaile Dhún Mánmhaí a fheabhsú trí charachtar áitiúil an bhaile, a fhoirgnimh agus a shráid-dhreacha a chosaint agus a fheabhsú, a phríomh-foirgnimh agus a phríomhghnéithe oidhreachta a chosaint, a shuíomh tírdhreacha, spásanna oscailte, crainn agus fála sceaigh a chosaint, agus ag cinntiú nach mbíonn aon drochthionchar ag forbairt an bhaile ar Abhainn na Bandan. Aithníonn an Plean seo freisin go bhfuil roinnt tréithe uathúla ag gabháil le Dún Mánmhaí a thugann a charachtar don bhaile agus gur féidir le feabhsuithe ar ríocht phoiblí an bhaile feabhas mór a chur ar tharraingteacht iomlán lár an bhaile, ag cur le muinín ghnó sa bhaile agus le dearcadh an phobail Dhún Mánmhaí mar bhaile le cuairt a thabhairt air agus féachaint timpeall air.

### An Bonneagar Glas

- 2.9.21 Cuireann an suíomh tarraingteach ina bhfuil an baile suite, agus é mar ghleann abhann atá saibhir in oidhreacht stairiúil agus chultúrtha, go leor deiseanna ar fáil chun taitneamhachtaí nua áineasa agus cultúrtha a fhorbairt don bhaile a chuirfeadh le caighdeán beatha na gcónaitheoirí. Sa Phlean, beifear ag iarraidh níos mó béime a chur ar fhorbairt taitneamhachtaí, go háirithe forbairt siúlóidí nua do choisithe, bealaí rothaíochta agus naisc le limistéir spáis oscailte agus lár an bhaile chun tairbhí taitneamhachtaí nádúrtha an bhaile a bharrfheabhsú do mhuintir Dhún Mánmhaí. Ba cheart leanúint de chosaint a dhéanamh ar na limistéir spáis oscailte atá comhdhéanta de pháirc GAA Doheny's agus an cúrsa páirce agus maidhne, clóis súgartha, agus cúirteanna leadóige siar ó dheas ón mbaile.

- 2.9.22 Tá limistéir shubstaintiúla spáis oscailte sainithe sa phlean is deireanaí don cheantar áitiúil le haghaidh caitheamh aimsire poiblí gníomhach agus neamhfhoirmiúil. Tá na príomhlimistéir atá sainithe mar spás oscailte molta sa phlean seo mar chuid den diméin talún thart ar Theach Pháirc an tSrutháin agus Teachín Dhún Mánmhaí. Léiríonn anailís ar an ngréasán spáis oscailte laistigh den bhaile nach bhfuil rochtain ag an bpobal ar fhormhór na limistéar críosaithe spáis oscailte. Tá na limistéir spáis oscailte lastuaidh agus ó dheas de bhruach na habhann tábhachtach ó thaobh suíomh an bhaile mhóir agus a luach taitneamhachta. Níl na ceantair laistiar de lár an bhaile atá comhdhéanta de thuilemhá na habhann oiriúnach le haghaidh forbartha iontu féin agus is féidir leo áiseanna tábhachtacha a sholáthar le haghaidh caitheamh aimsire neamhfhoirmiúil go minic comhthreomhar lena n-úsáid talmhaíochta reatha. Tá cosáin do choisithe molta ó lár an bhaile feadh na habhann agus i gceantar pháirc an bhaile thiar theas den bhaile. Tá feidhm thábhachtach ag an limistéar spáis oscailte ar an taobh thoir de sheanfhoirgneamh an chlochair chun suíomh Shéipéal Phádraig a chosaint.
- 2.9.23 Tá léiriú amhairc den ghréasán láidir sócmhainní bonneagair ghlais sa bhaile le fáil i bhFigiúr 5.2.7 thíos. Tá roinnt limistéar coillearnaí scaipthe ar fud an bhaile, ag soláthar nascacht éiceolaíoch thábhachtach laistigh den cheantar máguaird ar an mbaile.



Figiúr 5.2.7: An Bonneagar Glas i nDún Mánmhaí

### An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.9.24 Is é an straitéis fostaíochta iomlán do Dhún Mánmhaí mar atá leagtha amach sa phlean seo ná díriú ar fhostaíocht do bharcheantair áitiúil agus ar chlár bonneagair chun soláthar talún a sheirbhísiú a aithníodh le haghaidh forbairt fostaíochta amach anseo dírithe ar ghnó/tionscal meánach agus beag. Is lárionad tábhachtach fostaíochta é Dún Mánmhaí in Iarthar Chorcaí. Tá sé léirithe i dtorthaí Dhaonáireamh 2016 go bhfuil an fhostaíocht i nDún Mánmhaí tar éis méadú 11.7% ó 2011 i leith. Tá laghdú 26% ar an líon dífhostaíochta i nDún Mánmhaí léirithe sna torthaí freisin. Thairfead an Phríomh-Oifig Staidrimh 758 post agus 622 oibreacha cónaitheacha. Is é 1.219 an cóimheas post le hoibríthe cónaitheacha. Cosúil le torthaí 2011, is ionann Gairmeacha Trádála Oilte agus an príomhearnáil eacnamaíoch le 16% den lucht saothair.
- 2.9.25 Tá príomhréimse fostaíochta an bhaile dírithe go príomha ar Pháirc Tráchtála Underhill. Tá deiseanna fostaíochta breise sa cheantar níos leithne lena n-áirítear Muilte Sábhadóireachta Grainger in Inis Céin agus Carbery's Milk Products idir Dún Mánmhaí agus Béal Átha Fhíniúin.
- 2.9.26 Tá an poitéinseal ag moil chian-oibre deiseanna fostaíochta a sholáthar i mbailte tuaithe in aice leis na háiteanna ina bhfuil daoine ina gcónaí. Tá mol comhoibríthe suite in Ionad Gnó Pháirc an tSrutháin a neartaíonn bonn fostaíochta an bhaile.
- 2.9.27 Tá trí shuíomh críosaithe le haghaidh úsáide Gnó agus láithreán amháin le haghaidh úsáid thionsclaíoch, agus fágann sé sin gur ionann an soláthar talún fostaíochta iomlán ann agus breis agus 16.5 heicteár. Forbraíodh cuid den talamh críosaithe gnó atá ann cheana féin agus tá cuid den talamh gnó atá ar fáil a sainaitníodh a bheith i mbaol tuille eisiata anois ón soláthar iomlán talún fostaíochta. Tá talamh úrnua breise sainaitheanta ag an bplean seo le haghaidh forbartha gnó amach anseo soir ó dheas ón mbaile, a sholáthróidh raon deiseanna d'úsáidí gnó oiriúnacha sa bhaile.
- 2.9.28 I measc na saincheisteanna tábhachtacha atá os comhair an bhaile tá an gá atá le feabhsuithe infrastruchtúir uisce agus fuíolluisce, feabhas a chur ar thaitneamhachtaí dúchasacha nádúrtha agus de dhéantús an duine, an tionscal turasóireachta sa bhaile a neartú, an earnáil fostaíochta agus fontraíochta a spreagadh, agus an lonnaíocht a chomhdhlúthú thart ar na húsáidí talún atá ann faoi láthair.

## Lár an Bhaile agus an Miondíol

- 2.9.29 Is ionad seirbhíse tábhachtach é Dún Mánmhaí don cheantar níos leithne ina mháguaird. Mar Bhaile Contae níos lú is é an cuspóir miondíola ná a thacú le beogacht agus inmharthanacht an bhaile agus a chinntiú go soláthrófar an raon ceart feidhmeanna miondíola agus neamh-mhiondíola ann chun freastal ar riachtanais an phobail agus riachtanais an cheantair mháguaird freisin. Luaitear i gCaibidil 9 Láir Bhailte agus an Miondíol gur minic a sholáthraítear sna bailte contae beaga seo an tsiopadóireacht áise bhunúsach agus an tsiopadóireacht ar an scála go comparáideach níos lú. Is é polasaí an Phlean ná cur chuige cúramach a ghlacadh maidir leis an trádastóráil miondíola lasmuigh den lárionad. Léiríonn taighde a rinneadh mar ullmhúchán don Phlean Forbartha Contae roimhe seo go bhfuil daonra de thart ar 50,000 laistigh de dhobharcantair 30 nóiméad den bhaile. Tá líon suntasach miondíoltóirí neamhspleácha áise agus comparáide ar scála níos lú ag Dún Mánmhaí a chuireann le carachtar uathúil lár an bhaile.
- 2.9.30 Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo lár baile Dhún Mánmhaí a chomhdhlúthú, a thacú agus a neartú. Is ionann an suíomh DY T-01 agus lorg seanbhunaithe lár an bhaile ar cheart dó leanúint de bheith mar príomhfhócas an tsoláthair miondíola áise sa bhaile. Is ionann an suíomh DY T-02 agus an limistéar leathnaithe ar an taobh thiar de lár an bhaile chun leathnú ar ról turasóireachta/miondíola an bhaile a éascú. Is é an croílímistéar siopadóireachta (an croílár miondíola) an príomhshuíomh le haghaidh na forbartha miondíola agus oifige nua ina gcuirtear seirbhísí ar fáil do dhaoine atá ann ar cuairt. Tá na príomh-siopaí ancaire áise (Supervalu, Eurospar agus Aldi) suite laistigh den lár agus ar imeall lárcheantar lár an bhaile, faoi seach. Chun cur le beogacht lár an bhaile ní mór níos mó miondíoltóirí ardchaighdeán/scríbe a thairgeann níos mó daoine chuig an áit a mhealladh isteach i gcroílár lár an bhaile. Go ginearálta bíonn úsáidí den sórt sin ag iarraidh áitribh níos nua-aimseartha le lorg urláir níos mó agus fearann poiblí ardchaighdeán.
- 2.9.31 Tá deis ann feabhas a chur ar sholáthar miondíola áise agus comparáide sa bhaile.

## Gluaiseacht

### An Bonneagar Bóithre, an tIompar Poiblí agus an Nascacht

- 2.9.32 Tá trí bhóthar réigiúnacha a fheastalaíonn ar bhaile Dhún Mánmhaí, an R586 go Droichead na Bandan, Drom Dhrom Dhá Liag agus Beantraí, an R599 go Cloich na Coillte agus an R587 go Maigh Chromtha. Bíonn brú tráchta ar an mbaile ag buaic-amanna agus d'fhéadfadh feabhas a chur ar an gcúrsaíocht tráchta dá bhfeabhsófaí ailíniú na mbóithre agus na n-acomhal in aice le lár an bhaile. Tá fadhbanna ag an mbaile freisin maidir le páirceáil iomarcach timpeall lár an bhaile rud a chruthaíonn brú tráchta agus nach bhfuil fabhrach do thimpeallacht atá oiriúnach do choisithe. Tá cuid de thalamh folamh ar Shráid an Droichid, a bhféadfadh scóip a bheith ann do charchlós foirmiúil, a thabharfadh aghaidh go suntasach ar fhadhbanna páirceála i lár an bhaile. Ba cheart go gcuimseofar le haon fhorbairt ar an láithreán seo nasc do choisithe ag an taobh thoir trasna na hAbhann Salaí go Cearnóg an Bhaile. Bhainfeadh an baile leas as staidéar tráchta a ullmhú chun feabhsuithe infreastruchtúir iompair agus bearta beartais a theastaíonn chun freastal ar an leathnú amach anseo a éascú agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna bainistíochta tráchta agus cúrsaíochta i lár an bhaile.
- 2.9.33 Ar aon dul le RPO 168 den RSES, aithnítear sa phlean seo an gá atá le hinfheistíocht i mbóithre réigiúnacha agus áitiúla sa chontae. Tá sé mar chuspóir feabhsú na mbóithre straitéiseacha neamhnáisiúnta a chur chun cinn ar fud an chontae. Aithníonn RPO 168 den RSES uasghrádú ar Bhóthar Réigiúnach an R586 ó Droichead na Bandan go Beantraí trí Dhún Mánmhaí agus tacaíonn sé lena ainmniú go Stádas Bóthair Náisiúnta.
- 2.9.34 Chun rochtain ar thailte forbartha ó thuaidh den bhaile a fheabhsú agus chun trácht a thógáil amach ó lár an bhaile, tá gá le scrúdú a dhéanamh ar mholtaí do bhóthar faoisimh ó thuaidh den bhaile. Spreagfaidh an plean seo forbairt tionsclaíochta agus gnó i dtreo láithreacha a íoslághdóidh an drochthionchar a bheadh ag trácht breise ar lár an bhaile. Sa Phlean seo, féachfar leis an rothaíocht agus an siúl a chur chun cinn mar na príomh-mhodhanna iompair laistigh de lár an bhaile, le tuilleadh feabhais a chur ar sholáthar cosáin i nDún Mánmhaí. Baineann an baile leas as iompar poiblí laethúil (seirbhís bus) go Cathair Chorcaí, Beantraí, An Gleann Garbh agus Baile Chaisleáin Bhéarra.

### An Bhainistíocht Uisce

#### Soláthar Uisce

- 2.9.35 Tagann an t-uisce óil i nDún Mánmhaí ó Sholáthar Uisce Dhún Mánmhaí a thagann ó Loch Chúil Cheiliúir. Tá Soláthar Uisce Dhún Mánmhaí ag a theorannú, le ceisteanna ina measc droch-chaighdeán uisce agus drochghréasán uisce. Tá an scéim "Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Dhún Mánmhaí Céim 1 – Uasghrádú ar Ionad Cóireála Uisce agus Príomhphíobán Ardaithe Uisce Amh" á measúnú faoi láthair ag Uisce Éireann. Samhlaíonn Uisce Éireann faoi láthair go bhfuil acmhainn ar fáil chun freastal ar na spriocanna daonra atá beartaithe.

### An Bonneagar Fuíolluisce

- 2.9.36 Tugtar an fuíolluisce as Dún Mánmhaí trí chóras séarachais comhcheangailte den chuid is mó chuig Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhún Mánmhaí (toilleadh 3.500 p.e.). Tá saincheisteanna líonra séarachais ann lena n-áirítear saincheisteanna insíothlaithe chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le ró-shreabhadh ón stáisiún pumpála agus suíomh an phíobáin éalaithe laistigh de Limistéar Caomhantais Speisialta na Bandan. Tá gá le bonneagar fuíolluisce a uasghrádú chun freastal ar fhás i nDún Mánmhaí.
- 2.9.37 Faoi láthair tá roinnt toilleadh ar fáil i WWTP Dhún Mánmhaí ach tá roinnt imní comhshaoil á athbhreithniú agus tá tionscadal chun feabhsúcháin ar an ngréasán a chur chun cinn beartaithe. Tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta do bheith ag obair le hUisce Éireann agus le páirtithe leasmhara eile chun na réitigh is oiriúnaí do Dhún Mánmhaí a aithint agus a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an fhadhb maidir leis an éalú. I measc na roghanna atá le hiniúchadh tá athlonnú éalaithe an phíobáin scaoilte eisiltigh go suíomh le sruth ó líon na nDiúilicíní Péarla Fionnuisce agus/nó bogach

snasaithe a fhorbairt. Beidh feabhsuithe infreastruchtúir atá beartaithe faoi réir Measúnacht Chúí ag cur san áireamh an méadú daonra atá beartaithe don bhaile sula gcuirfear i bhfeidhm é. Ní cheadófar forbairtí nua óna dteastaíonn nasc le WWTP Dhún Mánmhaí go dtí go mbeidh uasghráduithe bonneagair i bhfeidhm. Tionscadal um Líonra Fuíolluisce Dhún Mánmhaí – dearadh le tosú in 2021. I measc na n-oibreacha a bhfuil sé dóchúil go ndéanfar iad, áirítear:

- Stóráil bhreise ag WWPS Bhóthar an Chairéil a sholáthar.
- SWO na Príomhshráide a dhúnadh agus an líonra a mhéadú chun gach sreabhadh a chur ar aghaidh chuig WWPS an Droichid Fhada.
- Stóráil bhreise a sholáthar ag WWPS an Droichid Fhada agus ardú méide éalaithe píopa éalaithe SWO.

## Cosaintí ar Thuilte

- 2.9.38 Tá áiteanna i nDún Mánmhaí sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois Abhainn na Bandan agus cúrsaí uisce eile, agus tá siad léirithe ar léarscáil na lonnaíochta. Tá móroibreacha coiscithe tuilte déanta ag an OOP feadh na Bandan. Tá gá le mórtionscadal faoisimh tuilte breise le haghaidh draenála uisce stoirme feabhsaithe ar fud an bhaile, chun forbairt sa bhaile a chinntiú sa todhchaí. Tá athbhreithniú déanta sa phlean seo ar oiriúnacht an tsoláthair talún criosaithe reatha sa bhaile agus tá leasuithe déanta ar na hainmniúcháin criosaithe ag féachaint don bhaol tuilte a d'fhéadfadh a bheith ann do na tailte seo. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

## An Oidhreacht Thógtha

- 2.9.39 Tá 28 foirgneamh nó struchtúr eile atá curtha isteach i dTaifead na Struchtúr Cosanta laistigh den bhaile, rud a léiríonn tábhacht an bhaile ó thaobh na haitireachta agus na staire de araon. Tá roinnt séadchomhartha taifeadta freisin i gceantar Dhún Mánmhaí. Is baile pleanáilte ón 17ú haois é Dún Mánmhaí agus tá an dá chearnóg thriantánach bunaidh, An Fhaiche Thiar agus Plás an Mhargaidh fós ann. Feidhmíonn Plás an Mhargaidh, ina bhfuil scairdeán agus séadchomhartha do Sam Maguire, mar lár an bhaile agus is ann atá formhór na siopaí agus na seirbhísí suite, agus ar an bPríomhshráid soir ó thuaidh de chomh maith. Tá formhór na bhfoirgneamh i lár an bhaile trí stór le húsáidí gníomhacha ar urlár na talún. Tá aghaidheanna na siopaí traidisiúnta le painéil adhmaid péinteáilte agus ní mór aon deisiú, athchóiriú nó athsholáthar aghaidheanna siopaí a dhéanamh go báuil, ag féachaint do charachtar ailtireachta lár an bhaile.

## An Bithéagsúlacht

- 2.9.40 In 2018, choimisiúnaigh an Chomhairle ullmhúchán ar Mhapáil Ghnáthóga do bhailte an chontae nach ndearnadh a leithéid d'obair iontu go dtí seo d'fhonn na gnáthóga atá ann a shainaithint chomh maith leis na cinn sin a bhfuil tábhacht ag baint leo chun bithéagsúlacht an cheantair a chosaint. D'aithin an suirbhéireacht gnáthóga éagsúla ar fud an chontae lena n-áirítear roinnt atá faoi chosaint faoin Treoir um Ghnáthóga/a bhfuil Spéis Chaomhnaithe Speisialta acu do Chontae Chorcaí/a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil acu nó atá mar chuid de chonair éiceolaíoch.
- 2.9.41 Tá roinnt ceantar áitiúil bithéagsúlachta sainaitheanta i nDún Mánmhaí. Is iad sin:

**Tábla 5.2.21 Limistéir a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil ag baint leo i nDún Mánmhaí**

1.	Loch Dhún Mánmhaí (lonnaithe laistigh de DY-GR-01)
2.	Clochár Naomh Muire (lonnaithe laistigh den limistéar Beartais Speisialta DY-X-01 agus DY-GR-02)
3.	Conair na hAbhann Saláí (suite laistigh de DY-GC-03)
4.	Conair Abhann na Grúdlainne (trí lár an bhaile)
5.	Coillearnach Pháirc an tSrutháin (lonnaithe laistigh de DY-GR-06)

- 2.9.42 Tá limistéir lena mbaineann luach bithéagsúlachta áitiúil criosaithe go príomha mar spás oscailte agus coinneofar agus cosnófar iad mar sin. Sa phlean, spreagtar gnáthóga a bhfuil ardluach éiceolaíochta ag gabháil leo a choinneáil agus a chosaint. I gcás ina bhforluíonn limistéir de luach bithéagsúlachta áitiúil nó gnáthóga de luach éiceolaíoch le tailte atá criosaithe le haghaidh forbartha (m.sh. DY-X-01), ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun príomhghnéithe de luach éiceolaíoch a choinneáil agus a chosaint agus na gnéithe sin a chomhtháthú go híogair in aon fhorbairt nua atá beartaithe.
- 2.9.43 Téann na trí abhainn seo a leanas tríd an mbaile: Ritheann an Abhainn Salach trí lár an bhaile; ritheann Abhainn na Grúdlainne feadh imeall theas an bhaile agus ritheann Abhainn na Bandan feadh imeall thoir an bhaile. Tá Abhainn na Bandan a ritheann ó dheas, ar theorainn thoir an bhaile, ina cuid de Limistéar Caomhantais Speisialta na Bandan (Cód Láithreáin 2171). Tá sé beartaithe an abhainn a ainmniú mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha freisin (Gleann na Bandan laistear de Dhún Mánmhaí Cód Láithreáin 1035). Aithníonn an Chomhairle an tábhacht go ndéantar an acmhainn luachmhar bithéagsúlachta seo a chosaint.



## Tírdhreach

2.9.44 Tá an bóthar idir Dún Mánmhaí agus Cúil Cheiliúir, Caisleán Uí Dhonnabháin agus Beanntraí ainmnithe mar bhealach sárscéimhe (S30). Bealach sárscéimhe freisin (S31) is ea an bealach réigiúnach R586 idir Béal Átha Fhínnín, Baile na Carraige agus Dún Mánmhaí – féach Imleabhar a Dó den phlean seo.

## Cuspóirí Ginearálta

2.9.45 Bainfidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas le gach aon fhorbairt a dhéanfaidh laistigh de theorainn forbartha Dhún Mánmhaí.

Cuspóirí Ginearálta i ndáil le Dún Mánmhaí	
Uimh. na Cuspóra	
DY-GO-01	Pleanáil don fhorbairt lena n-éascófar an spriocdhaonra de 1,985 a bhaint amach sa Dún Mánmhaí.
DY-GO-02	Beidh gá le feabhsuithe a dhéanamh ar bhonneagar fuíolluisce ag Dún Mánmhaí chun ceisteanna a réiteach a bhaineann le hacmhainn an ghréasáin séarachais, sceiteadh thar maoil ón stáisiún caidéal ag an Droichead Fada agus suíomh doirteadh eisilteach cóireáilte isteach i SAC Dhroichead na Bandan. fás breise daonra spriocdhírthe do bhaile Dhún Mánmhaí, mar atá leagtha amach in DY-GO-01, le tarlú. Déantar é seo chun comhoiriúnacht le riachtanais na Creat-Treorach Uisce agus na Treorach maidir le Gnáthóga a chinntiú. Tá Comhairle Contae Chorcaí, le tacaíocht ó Uisce Éireann agus páirtithe leasmhara eile, tiomanta do na réitigh is oiriúnaí don cheist seo a aithint agus a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir. I measc na roghanna atá le hiniúchadh tá athlonnú éalaithe an phíobáin scaoilte eisiltigh go suíomh le sruth ó líon na nDiúilicíní Péarla Fionnuisce agus/nó bogach snasaithe a fhorbairt. Beidh feabhsuithe infrastruchtúir atá molta faoi réir Measúnaithe Cuí ag cur san áireamh an méadú 25% atá molta ar dhaonra an bhaile roimh a chur i bhfeidhm. Ní cheadófar forbairtí nua óna dteastaíonn nasc le WWTP Dhún Mánmhaí go dtí go mbeidh na huasghráduithe bonneagair riachtanacha i bhfeidhm.
DY-GO-03	Ar an bonneagar glas, an bithéagsúlacht agus sócmhainní tírdhreacha Dhún Mánmhaí, áirítear na cúrsaí abhann ann, chomh maith leis na crainn aibí, na bogaigh, na coillearnacha agus na spásanna oscailte eile san áit, chomh maith le hAbhainn na Bandan atá ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Speisialta. Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go hígair chun soláthar a dhéanamh do chosaint na gnéithe seo agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .
DY-GO-04	Carachtar lár an bhaile a chaomhnú agus a fheabhsú trí fhoirgnimh stairiúla/ailtireachta, grúpaí foirgneamh, an patrún sráide reatha, méid na gceapach agus a scála a chosaint agus ag an am céanna an fhorbairt chuí sa bhaile a spreagadh. Sócmhainní oidhreachta, turasóireachta agus áineasa Dhún Mánmhaí a chur chun cinn.
DY-GO-05	Sócmhainní oidhreachta, turasóireachta agus áineasa Dhún Mánmhaí a chur chun cinn.
DY-GO-06	Tacú le soláthar áiseanna breise pobail agus áiseanna eile i nDún Mánmhaí nuair is gá lena n-áirítear forbairt bealaí coisithe agus rothaíochta sa bhaile.

## Sainchuspóirí

2.9.46 Tá na sainchuspóirí creasa do Dhún Mánmhaí leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Dún Mánmhaí		
Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Limistéir Chónaithe</b>		
DY R-01	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B agus soláthar do mhéadú ar áiseanna sóisialta agus pobail in aice láimhe le bheith áirithe leis. Áireofar leis an bhforbairt an Bóthar Faoisimh Thuaidh (U-01) a sholáthar, chomh maith le rochtain sábháilte easbhóthair do choisithe/rothaithe isteach go lár an bhaile. Beidh gá le moltaí cuimsitheacha tírdhreachaithe, agus ba chóir go bhféachfadh siad seo le nascadh le sócmhainní bonneagair ghlais eile sa cheantar agus le moltaí SuDs don láithreán, agus ba chóir go bhféachfadh siad le fáлта sceaigh aibí a choinneáil mar go ndéanann siad nasc ón tuath oscailte go coillearnach aibí laistigh den láthair chlochair in aice láimhe.	2
DY R-02	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B Áireofar leis an bhforbairt an Bóthar Faoisimh Thuaidh (U-01) a sholáthar, chomh maith le rochtain sábháilte do choisithe/rothaithe isteach go lár an bhaile. Beidh gá le moltaí cuimsitheacha tírdhreachaithe, agus ba chóir go bhféachfadh siad seo le nascadh le sócmhainní bonneagair ghlais eile sa cheantar agus le moltaí SuDs don láithreán, agus ba chóir go bhféachfadh siad le fáлта sceaigh aibí a choinneáil mar go ndéanann siad nasc ón tuath oscailte go coillearnach aibí laistigh den láthair chlochair in aice láimhe.	4.5
DY R-03	Forbairt Chónaithe Mheándlús C lena n-áirítear tograí cuimsitheacha tírdhreachaithe ar theorainneacha an láithreáin.	4.0
<b>Cúlchiste Aonad Cónaithe</b>		
DY-RR-01	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B Forbairt ar na tailte seo le comhtháthú leis na tailte ó dheas chun nasc leis an mBóthar Faoisimh Thuaidh (U-01) agus naisc choisithe/rothair le lár an bhaile a éascú. Beidh gá le moltaí cuimsitheacha tírdhreachaithe, agus ba chóir go bhféachfadh siad seo le nascadh le sócmhainní bonneagair ghlais eile sa cheantar agus le moltaí SuDs don láithreán, agus ba chóir go bhféachfadh siad le fáлта sceaigh aibí a choinneáil mar go ndéanann siad nasc ón tuath oscailte.	5
<b>Limistéir Thionsclaíoch</b>		
DY I-01	An Fhorbairt Tionsclaíoch, oiriúnach do mheascán d'aonaid lena n-áirítear aonaid beag-mhéid agus meán-mhéid, araon, faoi réir moltaí cuimsitheacha tírdhreachaithe lena n-áirítear teorainneacha ar an láithreán a bheith socraithe, agus diúscairt shásúil agus oiriúnach ar uisce dromchla agus eisilteach. Déanfar an fhorbairt ar bhealach céimnithe go cúramach ar aon dul le fis le haghaidh na scéime iomlán mionsonraithe agus soláthar a dhéanamh leis do rochtain easbhóthar shábháilte do choisithe chun teacht ar lár an bhaile.*	7.6
<b>An Gnó agus an Fhostaíocht Ghinearálta</b>		
DY B-01	An Fhorbairt Ghnó. Is féidir an trádstóráil miondiola/forbairt oifige ar ardchaighdeán a bhreith, faoi réir fhorálacha na dTreoirínte Pleanála Miondiola lena n-áirítear tástáil sheicheamhach. Ba cheart aird a thabhairt do ghairacht na láithreán le Coillearnach Pháirc an tSruháin freisin, agus aird ar leith a thabhairt ar a thábhacht áitiúil agus a luach aithneamhachta.*	3.2
DY B-02	An Fhorbairt Ghnó, agus an dearadh foirgneamh ardchaighdeán ionchorpraithe leis, faoi réir moltaí cuimsitheacha tírdhreachaithe lena n-áirítear teorainneacha ar an láithreán a bheith socraithe, agus diúscairt shásúil agus oiriúnach ar uisce dromchla agus eisilteach. Déanfar an fhorbairt ar bhealach céimnithe go cúramach ar aon dul le fis le haghaidh na scéime iomlán mionsonraithe agus soláthar a dhéanamh leis do rochtain easbhóthar shábháilte do choisithe/rothaithe chun teacht ar lár an bhaile.	1.5
DY B-03	An Fhorbairt Ghnó, agus an dearadh foirgneamh ardchaighdeán ionchorpraithe leis, faoi réir moltaí cuimsitheacha tírdhreachaithe lena n-áirítear teorainneacha ar an láithreán a bheith socraithe, agus diúscairt shásúil agus oiriúnach ar uisce dromchla agus eisilteach.	4.2

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Dún Mánmhaí


Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Lár an Bhaile</b>		
DY T-01	Lár an Bhaile. Is ionann an ceantar seo agus lorg tógtha reatha lár an bhaile agus ba cheart go gcloifeadh aon mholtaí forbartha laistigh den chroílímistéar seo leis na húsáidí iomlána atá inghlactha i limistéir lár baile, agus aird ar leith tugtha do ríocht phoiblí tarraingteach a chruthú. Ba cheart aird a thabhairt do ghairneacht na láithreán le ceantar bithéagsúlachta áitiúil Conair na hAbhann Salaigh agus a tábhacht agus a luach ó thaobh na bithéagsúlachta áitiúla de.*	4.72
DY T-02	Lár an Bhaile. Chun leathnú lár an bhaile a éascú agus aird ar leith a thabhairt ar ríocht phoiblí tharraingteach a chruthú. Ba cheart aird a thabhairt do ghairneacht na láithreán le ceantar bithéagsúlachta áitiúil Conair na hAbhann Salaigh agus a tábhacht agus a luach ó thaobh na bithéagsúlachta áitiúla de.*	2.41
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
DY U-01	Líne táscach le haghaidh an Bhóthair Faoisimh Tuaisceartigh atá molta.	-
DY U-02	Bóthar áitiúil rochtana.	-
DY U-03	Siúlbealaí do choisithe a sholáthar a nascann Loch Dhún Mánmhaí le lár an bhaile.*	-
DY U-04	Siúlóid do choisithe ag nascadh imeall an bhaile le páirc an bhaile.*	-
DY U-05	Tacú le Siúlbealach do Choisithe a sholáthar Ní mór an bealach a dhearadh go híogair ar mhaithe leis an tionchar atá aige ar ghnáthóga a bhfuil luach ard nádúrtha ag gabháil leo, agus ar na speicis chosanta a bhaineann leo, a íoslaghdú.*	-
<b>An Bonneagar Glas</b>		
DY-GC-01	Spás Oscailte agus Limistéar Taitneamhachta lena n-áirítear Loch Dhún Mánmhaí.*	2.65
DY-GC-02	Spás oscailte. Cuireann an fána, an t-iomaire agus na gnéithe tírdhreacha feiceálacha seo lena n-áirítear coilearnach ar an teorainn thuaidh go mór le carachtar tuaithe an bhaile agus leis an suíomh ina bhfuil Séipéal Phádraig suite.*	5.1
DY-GR -03	Spás Oscailte a bhfuil soláthar ann do shiúlóidí taitneamhachta. Is Ceantar Bithéagsúlachta Áitiúil é Conair na hAbhann Saláí freisin. Ba cheart an tábhacht agus an luach atá aige ó thaobh na bithéagsúlachta áitiúla a chur san áireamh. Agus an tsiúlóid seo á dearadh, ba cheart aird a thabhairt ar threoirilínte an dea-chleachtais, ag soláthar le haghaidh bacanna cuí siar ó bhruacha abhann chun tionchair ar ghnáthóga agus speicis fionnuisce a sheachaint.*	9.1
DY-GC-04	Spás oscailte. Ba cheart an talamh Diméine thart ar Theach Pháirc an tSrutháin agus Teachín Dhún Mánmhaí a chaomhnú go príomha le haghaidh úsáid talmhaíochta, gairdíní tírdhrechtaithe agus mar chuid den tuilemhá agus chun dorchla bruachánach na hAbhann Salach a chosaint.*	4.0
DY-GC-05	Spás oscailte. Ba cheart an talamh Diméine thart ar Theach Pháirc an tSrutháin agus Teachín Dhún Mánmhaí a chaomhnú go príomha le haghaidh úsáid talmhaíochta agus gairdíní tírdhrechtaithe agus mar chuid den tuilemhá agus chun dorchla bruachánach na hAbhann Salach a chosaint.*	12.2
DY-GC-06	Spás oscailte agus Coillte Pháirc an tSrutháin. Ba cheart an talamh Diméine thart ar Theach Pháirc an tSrutháin agus Teachín Dhún Mánmhaí a chaomhnú go príomha le haghaidh úsáid talmhaíochta agus gairdíní tírdhrechtaithe agus mar chuid den tuilemhá agus chun dorchla bruachánach na hAbhann Salach a chosaint.*	7.33
DY-GA-07	Spás Oscailte le haghaidh an spóirt agus caitheamh aimsire.	5.54
DY-GR -08	Spás Oscailte le haghaidh an spóirt agus caitheamh aimsire, chomh maith le luach bithéagsúlachta.*	0.56

### Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Dún Mánmháí

Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
DY-GR -09	Spás Oscailte le haghaidh cuspóirí spóirt, caitheamh aimsire agus áineasa.*	5.27
DY-GR -10	Spás Oscailte le haghaidh cuspóirí spóirt, caitheamh aimsire agus áineasa. Is limistéar bithéagsúlachta áitiúil é conair na hAbhann Salaí freisin. Ba cheart an tábhacht agus an luach atá aige ó thaobh na bithéagsúlachta áitiúla agus áineasa a chur san áireamh.*	6.16
An Talmhaíocht		
DY-AG-01	Úsáid Talmhaíochta.	3.89
DY-AG-02	Úsáid Talmhaíochta.	3.46
Limistéar Beartais Speisialta		
DY X-01	<p>Limistéar Beartais Speisialta. Forbairt chomhordaithe ar an láithreán seo a dhaingniú le haghaidh úsáidí éagsúla mar chuid de phlean foriomlán lenar cheart aird ar leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Ba cheart forbairt an láithreáin seo a chomhordú le forbairt na dtailte in aice láimhe leis.</li> <li>Tá an láithreán oiriúnach d'éagsúlacht úsáidí lena n-áirítear úsáidí measctha a bhaineann le hathúsáid na bhfoirgneamh atá ann cheana féin agus caomhnú a dhéanamh ar shuíomh páirce an láithreáin.</li> <li>Comhairliúchán le cónaitheoirí áitiúla/úinéirí talún.</li> <li>Measúnacht chuimsitheach éiceolaíochta, ailtireachta, oidhreachta agus tírdhreacha lena n-áireofar suirbhé sonracha ar chrainn le déanamh ar an láithreán ar fad. Is ceantar bithéagsúlachta áitiúil é an láithreán seo freisin, le breithniú a dhéanamh ar a thábhacht áitiúil agus luach taitneamhachta an láithreáin.</li> <li>Scéim mhionsonraithe tírdhreachaithe a sholáthar don láithreán ar fad lena gcuimseofar an clúdach crann a choinneáil agus a mhéadú.</li> <li>Áiseanna sóisialta agus pobail cuí a sholáthar, nuair is gá.</li> <li>Seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar don fhorbairt, lena n-áirítear nuair is gá, uasghrádú ar bhonneagar lasmuigh den láthair.</li> <li>Moltaí chun an bóthar faoisimh molta a thógáil (cuspóir DY U-01) lastuaidh den suíomh.</li> <li>Staidéar cuimsitheach ar an draenáil uisce dromchla atá laistigh den láithreán agus tailte in aice leis.</li> <li>Moltaí mionsonraithe a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar dhraenáil uisce dromchla an láithreáin agus do na tailte in aice leis.</li> <li>Moltaí céimnithe a chur i bhfeidhm ar fud an láithreáin ar fad chun forbairt chomhordaithe an láithreáin a chinntiú.</li> <li>Plean Bainistíochta Tráchta a ullmhú i pleán é a chuimsíonn roghanna iompair inbhuanaithe a sholáthar.</li> </ul>	5.68



# Dúnmámháir





## 2.10 Baile Chaisleáin Bhéarra

### Fís agus Comhthéacs Straitéiseach

- 2.10.1 Is é Baile Chaisleáin Bhéarra an príomhionad daonra, fostaíochta agus seirbhíse do Leithinis Bhéarra a sholáthraíonn príomhsheirbhísí do chúlchríoch leathan tuaithe atá i bhfad ó lárionaid uirbeacha eile. Tá sé aitheanta mar Phríomhbhaile laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí. Tá ról straitéiseach tábhachtach ag an mbaile don tionscal iascaireachta tráchtála mar phríomhchalafort na n-iasc geal sa stát. Tá tionscal na hiascaireachta mar bhonn agus mar thaca ag saol eacnamaíoch an bhaile agus tá sé tábhachtach mar sin go bhféadfaidh sé saoirse réasúnta a bhaint amach chun fás agus leathnú.
- 2.10.2 Tá sé mar aidhm ag an ollstraitéis leathnú daonra agus comhdhlúthú Bhaile Chaisleáin Bhéarra a chur chun cinn mar phríomhchuan iascaigh agus mar ionad tábhachtach seirbhísí áitiúla agus a ról do thurasóireacht mhuirí agus mar láthair fostaíochta a chur chun cinn. Tá soláthar áiseanna cóireála fuíolluisce ar cheann de na príomhbhreithnithe maidir le forbairt an bhaile sa toadhchá, a bhfuiltear i mbun na tairiscintí ina leith á bpróiseáil faoi láthair.
- 2.10.3 Tá sé mar chuspóir ag an bplean seo freisin, "an ról a imríonn Baile Chaisleáin Bhéarra agus a shaoráidí calafoirt domhainmhara i bhfás an tionscail iascaireachta agus turasóireachta sa toadhchá a aithint agus a fhorbairt sa toadhchá agus a chumas do ghníomhaíochtaí eile a bhaineann le calafoirt a chur chun cinn. Ag teacht leis an RSES, tacaíonn an plean seo le Straitéisí Forbartha an Ghrúpa Limistéir Áitiúil Iascaireachta (FLAG), a sholáthraíonn creat d'fhorbairt pobail agus eacnamaíoch a thacaíonn le pobail chósta agus oileán. Aithníonn Straitéisí GÁGI Lárionaid Chuanta Iascaigh Náisiúnta (NFHC) lena n-áirítear Baile Chaisleáin Bhéarra.
- 2.10.4 Tagraítear do Ghréasán Muirine Iarthar Chorcaí san RSES, bunaithe ar Chonair Chorcaigh Thiar an N71 go Ciarraí Theas a bheith mar údar tiomána don bhfás geilleagrach. Lonnaíochtaí Chloich na Coillte mar Phríomhbhaile leis an Sciobairín, Beantraí, An Scoil agus Baile Chaisleáin Bhéarra, ag baint leasa as geilleagar mara suntasach, turasóireacht, bia agus dí, sócmhainní digiteacha agus eile. Tacóidh an plean seo le ról Bhaile Chaisleáin Bhéarra i bhforbairt an ghréasáin seo agus mar príomhionad seirbhíse sa cheantar tuaithe máguaird.

### An Comhthéacs Áitiúil

- 2.10.5 D'fhás an baile nuair a bunaíodh bunáit chabhlaigh na Breataine ar an Oileán Mór tar éis Chogaí Napoléon agus forbairt na mianadóireacht chopair sna Allihies ó 1812 ar aghaidh. Le linn na tréimhse seo tógadh tithe ar an taobh thuaidh den bhóthar a cheangail an dá chnuasach de theachíní iascairí ar an taobh thuaidh agus a d'fhorbair Cuan Bhaile Chaisleáin Bhéarra anois. D'éirigh go maith leis an iascaireacht sa cheantar le linn na tréimhse sin. Sna 1960idí forbraíodh Cuan Bhaile Chaisleáin Bhéarra mar phríomhchalafort iascaireachta lardheisceart Éireann. Coinníonn lár stairiúil Bhaile Chaisleáin Bhéarra a charachtar bunaidh agus le blianta beaga anuas tá infheistíocht shuntasach bonneagair agus thionsclaíoch ag tacú go príomha le gníomhaíochtaí iascaireachta agus calafoirt. Go stairiúil bhí forbairt an bhaile dírithe ar an bpríomhshráid agus in aice leis an gcalafort. Is féidir le lár an bhaile a bheith ina láthair bhríomhar le raon gníomhaíochtaí iomaíocha bainteach lena shuíomh ar thaobh an chalafoirt. Déanann an cineál seo gníomhaíochta an baile ina áit tharraingteach le cuairt a thabhairt air ann féin.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.10.6 Taifeadh daonra de 860 duine i nDaonáireamh 2016 i mBaile Chaisleáin Bhéarra. Tá sprioc socráithe sa phlean seo 1,114 duine a bheith i mBaile Chaisleáin Bhéarra mar an daonra iomlán thar thréimhse an phlean go dtí 2028, arb ionann é agus méadú daonra réamh-mheasta de 254 duine. Chun freastal ar an leibhéal seo d'fhás sa daonra, beidh 70 aonad tithíochta breise nua ag teastáil le linn thréimhse an phlean.

Tábla 5.2.22: An Daonra agus an Soláthar Tithíochta i mBaile Chaisleáin Bhéarra

	An Daonra agus an Riachtanas Tithíochta			Aonaid Sholáthair Tithíochta
	Daonra Dhaonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra (go dtí 2028)	Aonaid Nua atá ag Teastáil (go dtí 2028)	An Soláthar Tithíochta ón gCriosú Úsáide Cónaithe agus Measctha araon lena n-áirítear Láithreáin Dlúth-Fháis
Baile Chaisleáin Bhéarra	860	1,043	70	70

Tábla 5.2.23: Daonra Bhaile Chaisleáin Bhéarra, 2006-2028

	Daonáireamh 2006	Daonáireamh 2011	Daonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra go dtí 2028
An Daonra	868	912	860	1,043

- 2.10.7 As an líon 70 aonad tithíochta nua atá le soláthar thar thréimhse feidhme an phlean, bheadh sé indéanta 63 aonad díobh a sheachadadh ar thalamh criosaithe mar chríos cónaithe agus an chuid eile, nó 7 aonad, a sheachadadh laistigh de limistéar tógtha an bhaile. Tá foráil déanta sa Phlean seo don ghlansholáthar talún cónaithe de thart ar 4.65 ha. Maidir le haonaid a sheachadadh laistigh de lorg reatha an bhaile, tá deiseanna athghiniúna ann mar gheall ar aonaid folmha agus an inlíonadh i lár an bhaile chomh maith le forbairt inlíonta.
- 2.10.8 Cosúil le go leor lonnaíochtaí eile tá forbairtí níos deireanaí tar éis dul i bhfeidhm ar na bóithre isteach go háirithe iad siúd ón iarthar. Tá sé seo le feiceáil i bhforbairt líneach beagnach leanúnach feadh thaobh na láimhe deise den bhóthar agus duine ag druidim chuig an lonnaíocht ó threo Bheanntaí. I gcomparáid le príomhbhaile eile is beag eastát tithíochta atá laistigh de Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Lasmuigh de phríomh-lár an bhaile tá forbairt go príomha comhdhéanta de thithíocht aon-láithreáin lena n-áirítear forbairt inlíonta agus roinnt scéimeanna beaga údaráis áitiúil. Níl an ráta d'fhoirgnimh fholmha thar a bheith ard laistigh de na scéimeanna nua. 30 aonad nó níos lú a bhí i gceist leis an gcuid is mó de na scéimeanna a forbraíodh i mBaile Chaisleáin Bhéarra, agus is beag an líon díobh ar scéimeanna príobháideacha faoi stiúir an fhorbróra iad. I gcodarsnacht leis sin, tacaíonn an phlean seo le foirm forbartha níos dlúithe a fhorbairt do Bhaile Chaisleáin Bhéarra lena n-áirítear forbairt ceantair chónaithe gar do lár an bhaile.
- 2.10.9 Tá athbhreithniú déanta ar na riachtanais maidir leis an soláthar talún cónaithe do Bhaile Chaisleáin Bhéarra chun fás atá dlúth agus inbhuanaithe araon a bhaint amach sa lonnaíocht de réir an treoir bheartais náisiúnta agus réigiúnach mar atá leagtha amach sa phlean seo. Mar atá leagtha amach i **gCaibidil 3, Lonnaíochtaí agus an Chomhforbairt Áite**, tá béim nua curtha sa phlean seo ar uasmhéadú a dhéanamh ar an gcumas forbartha a bhaineann le láithreacha tearcúsáidte atá suite i mbaill lárnaigh. Is féidir leis na láithreáin chónaithe chriosaithe go léir cur go mór le seachadadh dlúthfhás agus tá siad laistigh den chlúdach tógtha in aice le lár an bhaile.
- 2.10.10 Is féidir láithreáin a mheas mar Shraith 2 go dtí go mbeidh bonneagar seirbhísí uisce i bhfeidhm, nó mura n-aontaíonn Uisce Éireann nasc leis na seirbhísí uisce atá ann cheana féin.
- 2.10.11 Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil an leibhéal forbartha atá beartaithe do Bhaile Chaisleáin Bhéarra bunaithe ar an mbonn tuisceana go ndéanfar na feabhsuithe riachtanacha infrastructúr fuíolluisce agus soláthar uisce arna sainaitheint ag an gComhairle curtha i gcrích. Agus na srianta atá ar an mbonneagar seirbhísí i gCaisleán Bhéarra curtha san áireamh, níltear den tuairim go bhféadfar freastal ar fhorbairt shuntasach sa ghearrthéarma. Tá gá le soláthar uisce Bhaile Chaisleáin Bhéarra a uasghrádú (lena n-áirítear foinse nua, taiscumar agus uasghrádú príomhphiopaí uisce) agus soláthar líonra bailithe séarachais agus ionad cóireála fuíolluisce chun freastal ar fhorbairt bheartaithe i mBaile Chaisleáin Bhéarra.
- 2.10.12 Cé go bhfuil lár tógtha an bhaile láraithe timpeall ar shráid fhada líneach a shineann comhthreomhar leis an gcósta, tá an bailedhreach tipiciúil de thús an 19ú haois. Foirgnimh 2/3-stór le díonta sclátaí agus rindreáil eitleáin le go leor aghaidheanna maisiúla traidisiúnta siopaí adhmaid agus roinnt foirgneamh le bealaí áirse a sholáthraíonn rochtain ar limistéir na gclós cúil. Coinníonn lár stairiúil Bhaile Chaisleáin Bhéarra a charachtar bunaidh agus le blianta beaga anuas tá infheistíocht shuntasach bonneagair agus thionsclaíoch ag tacú go príomha le gníomhaíochtaí iascaireachta agus calafoirt i limistéar an chuain. Tá deiseanna sa bhaile le hathnuachan a dhéanamh ar shuímh tearcúsáidte, limistéir talún cúil, inlíonadh sráide agus úsáidí gníomhacha urlár na talún a thabhairt isteach arís i lár an bhaile. Tá deiseanna breise ann chun an fearann poiblí a fheabhsú agus chun lár an bhaile a athbheochan in éineacht le bóithre agus uasghrádú bonneagair eile.


### Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.10.13 Tá roinnt áiseanna pobail i mBaile Chaisleáin Bhéarra a oireann do bhaile dá mhéid lena n-áirítear ospidéal áitiúil, áis cúram leanaí pobail agus ionad cúram lae do dhaoine scothaosta, leabharlann poiblí, gailearaí ealaíne, óstán, stáisiún Gardaí, stáisiún dóiteáin agus bád tarrthála, oifig turasoireachta agus eaglais. Tá bunscóil amháin (Scoil an Chroí Ró-Naofa) agus meánscóil amháin (Coláiste Pobail Bhéarra) i mBaile Chaisleáin Bhéarra. Bhí 328 dalta ar an rolla ag Coláiste Pobail Bhéarra agus 194 dalta ar an rolla i Scoil an Chroí Ró-Naofa. Tá clós súgartha nua-aimseartha suite siar ó lár an bhaile. Tá an tlonad Réigiúnach Iascaigh i mBaile Chaisleáin Bhéarra ina príomhfhócas d'oiliúint tríú leibhéal agus gníomhaíochtaí forbartha in iascach agus dobharshaothrú san Iardheisceart. Fáiltítear go ginearálta roimh leathnú ar áiseanna pobail, cúram sláinte agus caitheamh aimsire i mBaile Chaisleáin Bhéarra agus ba cheart go dtarlódh sé sin ar aon dul leis an bhforbairt phleanáilte. Go ginearálta, tacófar le lár an bhaile agus lár an bhaile leathnaithe mar an suíomh is fearr le haghaidh áiseanna pobail agus cúram sláinte dá leithéid.

- 2.10.14 Tá tailte aitheanta sa phlean seo le haghaidh cúram sláinte agus áiseanna pobail laistiar den bhaile críosaithe CR B-03. Sainaitníodh sa phlean roimhe seo freisin suíomh breise soir ón mbaile ar a bhféadfaí breathnú ar áiseanna sláinte agus pobail. Tá an láithreán seo críosaithe anois mar thalmhaíocht, ach d'fhéadfaí an úsáid bheartaithe do chúram sláinte agus pobail a mheas ar an suíomh seo freisin. Leis an láithreán seo atá in aice leis an ospidéal pobail déantar foráil don fhéidearthacht saoráidí cúram sláinte comhlántacha a sholáthar in aice le saoráid cúram sláinte seanbhunaithe.
- 2.10.15 Cé gur lasmuigh de theorainn an bhaile aithnítear an tábhacht a bhaineann le trá an Chonaire mar limistéar taitneamhachta áitiúil agus tá feabhsúcháin riachtanacha ag baint le huasghrádú bóithre, páirceáil agus infreastruchtúr ar chóir breathnú orthu thar thréimhse an phlean.

### **An Bonneagar Glas**

- 2.10.16 Déantar freastal measartha maith ar Bhaile Chaisleáin Bhéarra ó thaobh áineasa éighníomhacha de le bealaí siúil cósta, b'fhéidir go bhfuil easpa páirce baile ar fáil, cé go n-éilíonn an topagrafaíocht go bhfuil roghanna maidir leis seo teoranta. Tá go leor den spás oscailte a chuirtear ar fáil sa bhaile neamhghníomhach agus cuireann sé le suíomh an bhaile. Sa Phlean, beifear ag iarraidh níos mó béime a chur ar fhorbairt taitneamhachtaí áineasa, go háirithe forbairt siúlóidí nua do choisithe, bealaí rothaíochta agus naisc le limistéir spáis oscailte agus lár an bhaile chun tairbhí taitneamhachtaí nádúrtha an bhaile a bharrfheabhsú do mhuintir Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Tá roinnt áiseanna spóirt sa bhaile lena n-áirítear an club GAA atá suite siar ó theorainn an bhaile.
- 2.10.17 Tá léiriú amhairc den ghréasán láidir sócmhainní bonneagair ghlais sa bhaile le fáil i bhFigiúr 5.2.8 thíos. Tá roinnt limistéar coillearnaí scaipthe ar fud an bhaile, ag soláthar nascacht éiceolaíoch thábhachtach lasmuigh den cheantar máguaird ar an mbaile.



Figiúr 5.2.8: Baile Chaisleáin Bhéarra - An Bonneagar Glas

### **An Geilleagar agus an Fhostaíocht**

- 2.10.18 Tá Baile Chaisleáin Bhéarra rangaithe mar cheann de na calafoirt iascaireachta is fearr sa tír ó thaobh luach gabhála de, le luach bliantúil na n-iasc a thugtar i dtír os cionn €106 milliún in 2019. Tá sa bhreis ar €90 milliún ag gabháil leis an mBradán agus thart ar €2 mhilliún ag gabháil le diúilicíní, agus fágann sé sinn go bhfuil breis agus €198 milliún euro ag gabháil leis san iomlán. Tá feidhm thábhachtach fostaíochta ag an mbaile mar gheall ar a ról straitéiseach i dtionscal na hiascaireachta tráchtála. Tacaíonn próiseáil éisc agus gníomhaíochtaí coimhdeacha ar an gcladach le tionscail iascaireachta áitiúla agus idirnáisiúnta agus tá siad thar a bheith tábhachtach don bhaile.
- 2.10.19 Is é an straitéis fostaíochta iomlán do Bhaile Chaisleáin Bhéarra mar atá leagtha amach sa phlean seo ná diriú ar fhostaíocht do bharrcheantair áitiúil agus ar chlár bonneagair chun soláthar talún a sheirbhísiú a aithníodh le haghaidh forbairt fostaíochta amach anseo dirithe ar ghnó/tionscal meánach agus beag. Tá an ról a bheidh ag Baile Chaisleáin Bhéarra agus a shaoráidí calafoirt domhainmhara i bhfás an tionscail iascaireachta agus turasóireachta amach anseo aitheanta sa phlean freisin.
- 2.10.20 De réir an Phríomh-Oifig Staidrimh 2016, tháinig laghdú 33% ar líon na ndaoine atá difhostaithe i mBaile Chaisleáin Bhéarra ó 2011 i leith. Thairfead an Phríomh-Oifig Staidrimh 508 post i mBaile Chaisleáin Bhéarra. Is é 1.4 an cóimheas post agus oibríthe cónaitheacha, arb é ceann de na cinn is airde sa Chontae. Maidir le dáileadh post, is ionann Gairmeacha Trádála Oilte agus beagnach 23% d'iomlán na bpost. Ina dhiaidh sin tá Oibrí Próiseála, Gléasra agus Meaisín, arb ionann é agus thart ar 16% de na gairmeacha atá ag an lucht saothair.



- 2.10.21 Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis an ngníomhaíocht shocheacnamaíoch atá gaolmhar leis agus atá dírithe ar Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Tá cothabháil agus fás leanúnach ar an mais chriticiúil i ngnóthaí a bhaineann le calafoirt riachtanach d'fhorbairt sa toadhchá. Mar thoradh air sin, tá an Chomhairle tiomanta do ról Bhaile Chaisleáin Bhéarra a chosaint mar ionad gníomhaíochta cabhlaigh, próiseála agus seirbhísí coimhdeacha. Tá an acmhainneacht ag an baile in ann a bheith mar phríomhchalafoirt iascaireachta agus mar bhunáit tráchtála chun freastal ar an tionscal in-athnuaithe agus taiscéalaíochta amach ón gcósta mar gheall ar a shuíomh straitéiseach, calafort domhainuisce, agus bonneagar ar an gcladach gan sárú.
- 2.10.22 Tá na suíomhanna atá ar fáil le haghaidh forbartha gnó suite lastuaidh de Bhaile Chaisleáin Bhéarra agus soir agus siar ó lár an bhaile. Tá talamh tionsclaíoch atá criosaithe le haghaidh sainghníomhaíochtaí muirí suite ar Oileán Dinis. Tá 18.7 heicteár talún criosaithe ar fáil faoi láthair i mBaile Chaisleáin Bhéarra le haghaidh úsáidí gnó agus 21.3 heicteár le haghaidh sainúsáid tionsclaíoch mhuirí chun leathnú breise a cheadú ar a ról mar shainionad fostaíochta do thionscal na hiascaireachta agus chun deiseanna a sholáthar le haghaidh úsáidí gnó éagsúla amach anseo.
- 2.10.23 Tá tábhacht straitéiseach ag Oileán Dhuínis don tionscal iascaigh agus mara. Tá sé tábhachtach go gcomhlánaíonn aon fhorbairt ar an oileán an príomhúsáid straitéiseach seo. Mar sin, tá sé beartaithe na tailte go léir ar an oileán a chur in áirithe le haghaidh gníomhaíochtaí iascaigh agus mara a bhaineann le cúrsaí mara agus tá cuspóir chuige seo san áireamh sa phlean. Forbraíodh an talamh atá ar fáil ar Oileán Dhuínis den chuid is mó le haghaidh úsáidí a bhaineann leis an tionscal iascaireachta agus le gníomhaíochtaí muirí eile, ach tá poitéinseal suntasach ann fós le forbairt ar láithreáin athfhorbraíochta ar an oileán sna blianta atá le teacht.

## **Turasóireacht/Muirí**

- 2.10.24 Tá dhá phríomhréimse deiseanna ann ó thaobh fás fostaíochta de, is iad sin tionscail mhuirí agus turasóireachta. Leanfaidh an chomhairle ag tacú le forbairt muiríne, áiseanna fóillíochta agus tráchtála laistigh den chuan ar an gcoinníoll nach gcuirfidh siad seo isteach ar oibríochtaí an tionscail iascaireachta tráchtála atá ann faoi láthair. Mar gheall ar nádúr an-speisialaithe na fostaíochta muirí atá sa bhaile mar aon le tábhacht an bhaile go straitéiseach i gcomhthéacs réigiúnach do thairgeadh éisc, is gá a ról a chosaint agus a fheabhsú mar chroílár gníomhaíochta cabhlaigh, próiseála agus seirbhísí coimhdeacha, ag tacú leis. forbairt próiseála bia breisluacha (go háirithe san earnáil iascaigh).
- 2.10.25 Tacaíonn sé freisin le cruthú timpeallachta deimhneach ginte fostaíochta, ar féidir leis infheistíocht isteach a mhealladh, tacaíthe ag bonn láidir taighde agus forbartha, éagsúlú cruthú post agus cur chun cinn frontar mionscála agus aonaid ghorlainne. Tá an Chomhairle tiomanta do ról Bhaile Chaisleáin Bhéarra a chosaint agus a fheabhsú mar ionad gníomhaíochta cabhlaigh, próiseála agus seirbhísí coimhdeacha. Tá baint ag ceantar an chuain in aice le lár an bhaile leis an tionscal mara tábhachtach agus leis an iascach agus mar aitheantas air seo tugadh sainchuspóir creasa chun forbairt an cheantair amach anseo a threorú.
- 2.10.26 Ba cheart spreagadh breise a thabhairt d'acmhainneacht an bhaile mar ionad turasóireachta do chuairteoirí ar Leithinis Bhéarra, lena n-áirítear soláthar gníomhaíochtaí fóillíochta, seirbhísí miondíola, cóiríocht agus rochtain ar an Oileán Mór. Faoin 'Straitéis um Bonneagar Fóillíochta Muirí do Roinn an Iarthair de Chontae Chorcaí 2007', tá Baile Chaisleáin Bhéarra ainmnithe mar 'MholPríomhach'. Chuige sin, ní mór saoráidí a sholáthar chun freastal ar oibríochtaí fóillíochta mara ó cheann ceann na bliana. Éilíonn an Straitéis um Bonneagar Fóillíochta Mara go ndéanfaí forbairt ar bhonneagar leordhóthanach agus cuí, agus ar sheirbhísí coimhdeacha comhlántacha agus Pleananna Bainistíochta Cuain do Bhaile Chaisleáin Bhéarra.
- 2.10.27 Mar gheall ar an suíomh straitéiseach ina bhfuil sé suite, tá an poitéinseal ag calafort Bhaile Chaisleáin Bhéarra feidhmiú mar phríomhionad le haghaidh taiscéalaíochta fuinnimh amach ón gcósta, tionscadail fuinnimh in-athnuaithe agus lasta tráchtála. Ina theannta sin, d'fhéadfadh deiseanna a bheith ann freisin chun an táirge turasóireachta loinge crúsála a fhorbairt sa cheantar agus tacóidh an Chomhairle le forbairt Bhaile Chaisleáin Bhéarra mar mhol don chineál turasóireachta sin.
- 2.10.28 Cé gur forbraíodh óstán ceithre réalta ar an mbaile le déanaí, tá lóistín breise d'ardchaighdeán de dhíth ar Bhaile Chaisleáin Bhéarra mar gheall ar a ról tábhachtach mar mhol turasóireachta do leithinis Bhéarra ar 'Slí an Atlantaigh Fhíáin'. Áireofar leis sin lóistín óstáin (le háiseanna gaolmhara m.sh. ionad fóillíochta) chomh maith le raon frontar féinfhrestail, brúnna srl. Ba cheart freastal ar a leithéid d'úsáidí laistigh den bhaile ag láithreacha cuí ar bhealach a thacódh le beogacht ghinearálta eacnamaíoch an bhaile agus d'fhéadfadh sé a bheith feiliúnach in áiteanna éagsúla. D'fhéadfaí tograí maidir leis an gcóiríocht turasóireachta (ar an scála cuí) a lonnú ar thailte cónaithe freisin.
- 2.10.29 Is foirgneamh stairiúil thar a bheith tábhachtach é Caisleán agus tailte Dhún Baoi atá suite siar ón mbaile agus bhí sé faoi réir togra forbartha le haghaidh óstán, spá agus ionad folláine a d'fhéadfadh a bheith ina shócmhainn mhór eacnamaíoch sa cheantar cé nach bhfuil sé críochnaithe go fóill. agus tacaítear lena athfhorbairt.
- 2.10.30 Is seirbhís rithábhachtach í an tseirbhís farantóireachta go dtí an tOileán Mór do mhuintir an oileáin agus do chuairteoirí ar mian leo rochtain a fháil ar na hoileáin chomh maith. Tá sé tábhachtach go ndéanfar an áis seo a choinneáil laistigh den chuan agus a chosaint toisc go bhfuil rochtain dhíreach aige ar na seirbhísí agus na háiseanna áitiúla a chuirtear ar fáil sa bhaile. Ba chóir Plean Bainistíochta Cuain a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo.

## **Lár an Bhaile agus an Miondíol**

- 2.10.31 Tá feidhm thábhachtach ag Baile Chaisleáin Bhéarra mar phríomhionad miondíola laistigh de chúlchríoch Leithinis Bhéarra. Mar Bhaile Contae níos lú is é an cuspóir miondíola do Lár Bhaile Chaisleáin Bhéarra mar atá leagtha amach sa phlean seo ná tacú le beogacht agus inmharthanacht an bhaile agus a chinntiú go soláthrófar an raon ceart feidhmeanna miondíola agus neamh-mhiondíola ann chun freastal ar riachtanais an phobail agus riachtanais an cheantair mháguaird freisin. Luaítear sa Phlean gur minic a sholáthraítear sna bailte contae beaga seo an tsiopadóireacht áise bhunúsach agus an tsiopadóireacht ar an scála go comparáideach níos lú. Is é polasaí an phlean ná cur chuige cúramach a ghlacadh maidir leis an trádastóráil miondíola lasmuigh den lárionad.

- 2.10.32 Tá áiteanna i lár an bhaile sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Is ionann an suíomh CR T-01 agus lorg seanbhunaithe lár an bhaile ar cheart dó leanúint de bheith mar phríomhfhócas an tsoláthair miondíola áise sa bhaile. Is ionann an suíomh CR T-02 agus an limistéar leathnaithe ar an taobh thuaidh de lár an bhaile chun leathnú ar ról turasóireachta/miondíola an bhaile a éascú, i gcás go mbíonn gá leis an miondíol breise sa toadhchá. Is é an croilimistéar siopadóireachta (an croilár miondíola) an príomhshuíomh le haghaidh na forbartha miondíola agus oifige nua ina gcuirtear seirbhísí ar fáil do dhaoine atá ann ar cuairt. Ba cheart go mbeadh forbairt cónaithe nua a chuirfidh le beogacht, tarraingteacht agus sábháilteacht lár an bhaile mar chuid thábhachtach d'aon tograí forbartha atá le déanamh.
- 2.10.33 Meastar gurb é lár seanbhunaithe an bhaile an príomhshuíomh i mBaile Chaisleáin Bhéarra le haghaidh gníomhaíochtaí miondíola agus tráchtála agus déantar foráil dá leathnú ó thuaidh chun nascadh le haon bhóthar faoisimh a bheidh ann don bhaile amach anseo a mbeidh ról tábhachtach aige chun an fhadhb maidir leis an mbrú tráchta reatha a mhaolú ó lár an bhaile, chomh maith leis an mbainistiú tráchta cuí.
- 2.10.34 Le linn an tséasúir turasóireachta tá fadhb leanúnach ann maidir leis an mbrú tráchta ar phríomhshráid an bhaile. Is saincheist bainistíochta tráchta nó forfheidhmithe atá i gceist leis sin, den chuid is mó. D'fhéadfadh feabhsuithe ar riocht phoiblí an bhaile feabhas mór a chur ar tharraingteacht iomlán lár an bhaile, ag cur le muinín ghnó sa bhaile agus le dearcadh an phobail ar Bhaile Chaisleáin Bhéarra mar áit le cuairt a thabhairt air. Tá féidearthacht ann do naisc choisithe chun tréscailteacht a mhéadú idir criosú lár an bhaile CR T-01 agus CR T-02 le linn shaolré an phlean freisin. Maidir le naisc do choisithe idir lár an bhaile atá ann cheana féin agus lár an bhaile leathnaithe, soláthraíonn an lána atá in aice leis an séipéal agus an lána a úsáidtear faoi láthair le haghaidh rochtain carranna ar iarthar an bhaile roghanna reatha. Tá sé i gceist go soláthrófar tuilleadh treorach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna seo leis an Straitéis Tráchta agus Iompair agus go dtacóidh an plean seo le cur i bhfeidhm na straitéise.
- 2.10.35 Trí ceantar lár an bhaile a leathnú, cuirfear deiseanna breise ar fáil don bhforbairt a bhaineann leis an miondíol, áiseanna pobail agus soláthar rochtana agus páirceáil leordhóthanach agus cuimseofar leis an fhorbairt ar chuid den bhóthar faoisimh thuaisceartach atá beartaithe. Tá roinnt láithreán tréigthe agus foirgnimh a bhfuil drochbhail orthu sa bhaile. Spreagfaidh an chomhairle athchóiriú nó athfhorbairt ina leithéid de cheantair, faoi réir na línte tógála atá ann cheana a chothabháil.
- 2.10.36 Beidh sé mar aidhm ag an bplean seo timpeallacht choisithe ardchaighdeáin, tharraingteach agus shábháilte a sheachadadh a léireoidh feidhm turasóireachta an bhaile laistigh den réigiún. Beidh sé mar aidhm ag an bplean bealaí siúlóide agus limistéir ghníomhacha agus éighníomhacha feadh an chladaigh a fheabhsú agus nascacht choisithe a fheabhsú i lár an bhaile.

## **Gluaiseacht**

### **Bonneagar Bóthair agus an tIompar**

- 2.10.37 Níl ach aon príomhbhóthar réigiúnach amháin a théann soir-siar trí Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Tá brú tráchta agus easpa páirceála fós ag déanamh donas do lár an bhaile. D'fhéadfaí go leor de seo a réiteach leis an mbainistíocht chuí tráchta agus cuichóiriú a dhéanamh ar shocruithe páirceála i lár an bhaile agus i gceantar an chuain. D'fhéadfadh ról suntasach a bheith ag soláthar bóthair faoisimh chun an plódú tráchta seo a mhaolú agus spás a chur ar fáil le haghaidh feabhsúcháin ar an sráid-dreach agus ar an riocht phoiblí. Tá bealach tascach shainaitheanta do bhóthar faoisimh don toadhchá, ar an taobh thuaidh de lár an bhaile atá tugtha ar aghaidh ón bplean deireanach. Sa phlean seo, sainithníodh limistéar leathnaithe lár an bhaile ar an taobh thuaidh a chuimseoidh cuid den bhóthar faoisimh thuaidh molta a d'fhéadfadh úsáidí ar luach níos airde a spreagadh agus a d'fhéadfadh a bheith mar chúis spreagtha chun cuid den bhóthar faoisimh ar a laghad a thógáil. Tacaíonn an plean seo freisin le bealach oiriúnach do bhóthar faoisimh theas a shainithint chun an CR X-01 a nascadh leis an R 572 Thiar. Tá gá ann freisin le suíomh carrchlóis nua a aithint agus le soilsiú poiblí agus cosáin a sholáthar i roinnt áiteanna.
- 2.10.38 Tá staidéar tráchta coimisiúnaithe ag Comhairle Contae Chorcaí mar bhonn eolais le cinneadh chun na feabhsuithe infreastructúir iompair agus na bearta polasaí a theastaíonn chun freastal ar an forleathnú atá beartaithe don bhaile as a dtiocfaidh méadú ar an méid tráchta feithicilí, coisithe agus rothaithe ann. Tacóidh an plean seo le cur i bhfeidhm an staidéir tráchta seo ar mhaithe le straitéis a fhorbairt chun forbairt chomhleanúnach lár an bhaile a threorú ó taobh úsáid talún agus an dearaidh uirbigh de, ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna ar nós an raon úsáidí a mbeidh freastal á dhéanamh orthu, réimsí tosaíochta don bhforbairt, áiseanna feabhsaithe do choisithe, cúrsaíocht tráchta agus saincheisteanna nascachta agus feabhsuithe ar an réimse poiblí. Tacóidh an plean seo le deiseanna chun an rothaíocht agus an siúl a chur chun cinn laistigh de chreat straitéise iomlán do lár an bhaile. Tá deiseanna ann freisin chun feabhas a chur ar sholáthar cosáin agus ar dhromchla an bhóthair laistigh den bhaile.
- 2.10.39 Tá iompar poiblí (bus) ar fáil i mBaile Chaisleáin Bhéarra a théann go Beantraí agus go Cathair Chorcaí an chuid is mó de na laethanta sa tseachtain.
- 2.10.40 Is modh iompair rithábhachtach é an bád farantóireachta a fhreastalaíonn ar an daonra áitiúil agus turasóirí araon, go háirithe dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu ar an Oileán Mór. Tá seirbhísí farantóireachta rialta a fhreastalaíonn ar an oileán.
- 2.10.41 Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfí limistéir pháirceála oíche ar fáil le haghaidh busanna comaitéireachta agus turasóireachta chun freastal ar an trácht a ghabhann le Loing Chrúsála agus ar thrácht eile turasóireachta eile. Le linn shaolré an phlean, féachfaidh an chomhairle le láithreáin oiriúnacha a aithint chuige sin i gcomhar leis na húdaráis chuí.

## An Bhainistíocht Uisce

### An tUisce agus An Fuíolluisce

- 2.10.42 Tá an soláthar bonneagar uisce agus fuíolluisce bunriachtanach chun an fás laistigh den bhaile a chinntiú. Is as Loch an Ghleanna Bhig a fhaightear an t-uisce óil le haghaidh Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Ansin, aistrítear an t-amhuisce chuig Ionad Cóireála Uisce Bhaile Chaisleáin Bhéarra atá in aice láimhe lena chóireáil agus lena dháileadh. Tá taiscumair stórála ag an bhFaill Dearg agus i nDoire Mhichín a sholáthraíonn uisce óil don bhaile. Tá teorainn leis an toilleadh atá ar fáil ag Loch an Ghleanna Bhig (atá mar chuid de Limistéar Caomhantais Speisialta Phortach an Ghleann Mhóir) mar gheall ar stádas ainmnithe na locha; mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh foinse eile ag teastáil. Tá acmhainneacht Oibreacha Cóireála Uisce Bhaile Chaisleáin Bhéarra teoranta freisin. Tá fadhbanna ann lena n-áirítear an sceitheadh i dtaca leis an bpríomhlíonra agus na príomhphíobáin uisce dáileacháin mar go bhfuil siad i ndroch-chaoi. Tá gá le soláthar uisce Bhaile Chaisleáin Bhéarra a uasghrádú lena n-áirítear foinse nua; taiscumar agus uasghrádú príomhphíopaí uisce, chun freastal ar an bhforbairt atá beartaithe don bhaile. Tá Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce Bhaile Chaisleáin Bhéarra faoi athbhreithniú faoi láthair ag Uisce Éireann.
- 2.10.43 Tá teorainn leis an ngréasán séarachais atá sa bhaile faoi láthair. Córas comhcheangailte atá ann a théann díreach amach san fharráige ag roinnt suíomhanna. Níl aon ionad cóireála fuíolluisce i mBaile Chaisleáin Bhéarra. Tá gá le gréasán bailithe séarachais agus Ionad Cóireála Fuíolluisce a sholáthar chun freastal ar an bhfás atá beartaithe don bhaile. Tá tús curtha le tógáil Ghréasán Uasghrádaithe Scéim Séarachais Bhaile Chaisleáin Bhéarra agus Ionad Cóireála Fuíolluisce, agus táthar ag súil le dáta críochnaithe in 2022.

### Uisce dromchla

- 2.10.44 Go ginearálta, is chuig líonra comhcheangailte a dhéantar an t-uisce dromchla a dhiúscairt. Cruthaítear fadhbanna ag amanna buaicbháistí dá bharr. Téann roinnt uisce dromchla isteach i ndraenacha cloiche a fhreastalaíonn ar chodanna den bhaile agus téann cuid eile de díreach chuig an bhfarraige nó sruthanna. Beidh gá le séaraigh bréan agus stoirme a scaradh don scéim séarachais nua.

### Cosaintí ar Thuilte

- 2.10.45 Tá áiteanna i mBaile Chaisleáin Bhéarra sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Leanann na limistéir atá i mbaol cúrsa Abhainn Áth an Chiste, Sruthán an Chraobhaigh, agus craobh-aibhneacha díobh seo. Tá roinnt ceantar cois cósta lena n-áirítear codanna de Dhuinis i mbaol freisin. Tá fianaise ann freisin, uaireanta, de thuilte a bhaineann leis an gcóras draenála uisce stoirme atá ann faoi láthair. Tá gá le hoibreacha feabhsúcháin ar an ngréasán a fhreastalaíonn ar na tailte cúl siar ó thuaidh ó lár an bhaile. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Fírinneacha a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

### An Oidhreacht Thógtha

- 2.10.46 Tá thart ar 19 struchtúr cosanta laistigh den bhaile agus léiríonn sé sin tábhacht choibhneasta ailtireacht agus oidhreacht an bhaile. Aghaidheanna siopaí agus foirgnimh stairiúla áitiúla eile is ea go leor díobh. Is sampla maith é Ionad lascaigh Réigiúnach BIM den ailtireacht nua-aimseartha agus tá sé san áireamh freisin i dTaifead na Struchtúr Cosanta.

### An Bhithéagsúlacht agus an Tírdhreach

- 2.10.47 In 2018, choimisiúnaigh an Chomhairle ullmhúchán ar mhapaíl ghnáthóga do bhailte an chontae nach ndearnadh a leithéid d'obair iontu go dtí seo d'fhonn na gnáthóga atá sna ceantair a shainiú chomh maith leis na cinn sin a bhfuil tábhacht ag baint leo chun bithéagsúlacht an cheantair a chosaint. Sa saothar suirbhéireachta, sainiú níodh roinnt gnáthóg laistigh den bhaile a bhfuil luach bithéagsúlachta ag gabháil leo agus a d'fhéadfadh a áireamh mar chuid de chonair éiceolaíoch.
- 2.10.48 Áirítear ar ghnáthóga Bhaile Chaisleáin Bhéarra a bhfuil luach éiceolaíoch leo laistigh de theorainn an bhaile iad siúd a bhaineann leis na limistéir mhuirí agus idirthaoideacha, féarach ardtalún, fraochmhá, agus scrobarnach a bhaineann leis na hardtailte agus le gnáthóga fionnuisce agus bogaigh agus coillearnaí a bhaineann le sruthghleannta agus aibhneacha. Aithníodh Gleann Abhann Coill Abhainn Áth an Chiste mar limistéar bithéagsúlachta áitiúil a bhfuil ardluach éiceolaíochta ag gabháil leis. Is éard atá ann ná abhainn taoide a bhfuil coillearnach leathanduilleach, féarach fliuch agus scrobarnach ina thimpeall air. Tá an láithreán suite laistigh den limistéar criosaithe le haghaidh bonneagar glas (CR-GR-01 agus CR-GR-02) agus úsáidí cónaithe reatha.
- 2.10.49 Níl aon ainmiúchán caomhantais Natura laistigh de theorainn forbartha Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Tá SPA Leithinis Bhéarra (004155) suite timpeall 1 km lastuaidh den bhaile. Tá Baile Chaisleáin Bhéarra suite i gceantar den chontae atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha (HVL) sa phlean seo. Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórsála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach.
- 2.10.50 Tagann na bealaí sárscéimhe S113, S117 agus S118 le chéile ar Bhaile Chaisleáin Bhéarra agus ní mór do thograí forbartha i gcomharsanacht na mbealaí sárscéimhe seo agus/nó ceantar a bhfuil radharcanna tábhachtacha acu a léiriú nach mbeidh aon bhac nó díghrádú díobhálach ar na radhairc i dtreo agus uathu. gnéithe tírdhreacha leochaileacha.

## Cuspóirí Ginearálta

2.10.51 Bainfidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas le gach aon fhorbairt a dhéanfaidh laistigh de theorainn forbartha Bhaile Chaisleáin Bhéarra.

Cuspóirí Ginearálta i ndáil le Baile Chaisleáin Bhéarra	
Uimh. na Cuspóra	
CR-GO-01	Pleanáil don fhorbairt lena n-éascófar an spriocdhaonra de 1,043 a bhaint amach i mBaile Chaisleáin Bhéarra.
CR-GO-02	Chun an fás daonra inbhuanaithe a chinntiú agus chun tacú le forbairt atá molta in CR-GO-01, tá gá le bonneagar uisce óil agus fuíolluisce oiriúnach. Tá gá le foinse uisce óil nua a fhorbairt do Bhaile Chaisleáin Bhéarra. Gan é sin a bheith in áit, ní cheadófar An Fhorbairt nua nuair a éilíonn sé ceangal leis an soláthar uisce poiblí agus go mbeadh méadú ar an méid uisce a theastaíonn le hasbhaint ó Loch an Ghleanna Bhig mar thoradh air. Tá gá freisin le huasghrádú ar an ionad cóireála fuíolluisce poiblí. Caithfidh don bhonneagar fuíolluisce a bheith in ann déileáil leis an doirteadh chun cinntiú nach dtiteann cáilíocht an uisce sa chrios cósta faoi na leibhéil atá inghlactha de réir mar a cheanglaítear leis an dlí.
CR-GO-03	Maidir leis an mbonneagar glas, an bithéagsúlacht agus na sócmhainní tírdhreacha atá ann i mBaile Chaisleáin Bhéarra, áirítear an crios cósta agus na gnáthóga gaolmhara leis, na conairí beaga abhann agus scrobarnach, an fraochmhá, agus féarach ó thuaidh agus siar ón mbaile. Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint na gnéithe seo agus ní cheadófar i ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b><u>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</u></b> .
CR-GO-04	Lár an bhaile a chur chun cinn mar an suíomh príomhach agus an suíomh is feiliúnaí chun cur leis an bhforbairt miondíola sa bhaile.
CR-GO-05	Moltaí na Straitéise Tráchtá agus Iompair do Bhaile Chaisleáin Bhéarra agus aon mholtaí nuashonraithe maidir leis an treoir chéanna nó nuashonraithe maidir le bearta bóthair atá leagtha amach sa phlean seo a chur i bhfeidhm.
CR-GO-06	Tacú le hullmhú agus le cur i bhfeidhm Plean Bainistíochta Cuain do cheantar an chuain.

## Sainchuspóirí

2.10.52 Tá na sainchuspóirí creasa do Bhaile Chaisleáin Bhéarra leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Baile Chaisleáin Bhéarra		
Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Limistéir Chónaithe</b>		
CR R-01	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B	0.45
CR R-02	Forbairt Chónaithe Mheándlús C lena n-áirítear láithreáin seirbhísithe agus soláthar do bhóthar rochtana.	2.0
CR R-03	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B lena n-áirítear bóthar rochtana a sholáthar.*	2.2
<b>Limistéir Thionsclaíoch</b>		
CR I-01	Earnáil na Tionsclaíochta. Aonaid thionsclaíocha bheaga agus mheánmhéide le haghaidh sainghníomhaíochtaí muirí agus gníomhaíochtaí eile amach ón gcósta.*	21.3




Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Baile Chaisleáin Bhéarra

Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Gnó agus an Fhostaíocht Ghinearálta</b>		
CR B-01	An Fhorbairt Ghnó. Aonaid ghnó bheaga agus mheánmhéide laistigh de páirce gnó iomlán pleanáilte ó thaobh leagan amach faoi réir soláthar seirbhíse uisce dóthanacha agus infrastructúr bóithre agus mionphlean tírdhreacha a dhéanann soláthar do chosaint agus comhtháthú gnáthóga lena mbaineann luach ard éiceolaíochta laistigh d'fhorbairt nua nuair is féidir.	13
CR B-02	An Fhorbairt Ghnó.	0.8
CR B-03	An cúram sláinte agus áiseanna pobail le bheith áirithe leis an bhforbairt ghnó.	0.2
CR-B-04	An Fhorbairt Ghnó. Tá forbairt an láithreáin faoi réir Straitéis rochtana comhaontaithe a thacaíonn le seachadadh an bhóthair faoisimh thuaidh CR-U-03. Ba chóir go mbeadh moltaí SUDs maidir leis an draenáil uisce stoirme ag gabháil leis na moltaí freisin, chomh maith le measúnú tionchair amhairc agus plean mionsonraithe tírdhreachaithe chun tionchar amhairc na forbartha a íoslaghdú. Tacaíonn an láithreán seo le gnáthóga a bhfuil luach bithéagsúlachta ag gabháil leo lena n-áirítear fraochmhá agus coillearnach b'fhéidir. Ba cheart go soláthródh tograí a gcosaint agus a gcomhtháthú laistigh d'fhorbairtí nua nuair is féidir.	3.16
<b>Lár an Bhaile</b>		
CR T-01	Lár an Bhaile. Lár an bhaile a chur chun cinn mar phríomhlimistéar don bhforbairt miondíola agus ilúsáide, spreagadh a thabhairt don athchóiriú/athfhorbairt iogair ar láithreáin atá ann cheana féin agus feabhsuithe ar an bhfearann poiblí a chur chun cinn.*	5.7
CR T-02	Lár an Bhaile. Soláthar a dhéanamh do leathnú lár an bhaile chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt bhreise miondíola/úsáide measctha, soláthar áiseanna pobail agus tógáil cuid de bhóthar faoisimh thuaidh CR U-03. Maidir le gach thogra, ba cheart go ndéanfaí foráil do charrchlós poiblí nua (suíomh agus méid beacht le haontú leis an gComhairle) ann, agus soláthar a dhéanamh do shráideanna nua lár an bhaile le bheith nasctha le lár an bhaile mar atá agus moltaí a áireamh le haghaidh feabhsúcháin ar an bhfearann poiblí.	10.3
<b>An Pobal</b>		
CR C-01	An Pobal. Tailte atá curtha in áirithe chun críocha pobail agus chun saoráidí oideachais allamuigh a sholáthar.*	1.4
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
CR U-01	Bóthar rochtana áitiúil a fheabhsú.	-
CR U-02	Athailíniú bóthair molta chun an bealach isteach sa bhaile a fheabhsú.	-
CR U-03	Bóthar faoisimh thuaidh molta amach anseo ar an taobh thuaidh de lár an bhaile.	-
CR U-04	Bóthar áitiúil rochtana.	-
CR U-05	Bóthar áitiúil rochtana.	-
CR U-06	Bóthar áitiúil rochtana.	-
CR U-07	Bealach oiriúnach do bhóthar faoisimh theas ó na duganna siar ón X-01 a shainaitheint a nascann le bóthar an R572 (siar).	-
CR U-08	Bealach siúil a sholáthar do choisithe.	-
CR U-09	Bealach siúil cois cósta agus intíre a sholáthar. Agus an tsiúlóid seo á dearadh, ba cheart aird a tabhairt ar threoirínte an dea-chleachtais, ag soláthar le haghaidh bacanna cuí siar ó bhruacha abhann agus an crios cósta chun tionchair ar ghnáthóga agus speicis fionnuisce agus mara a sheachaint.	-

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Baile Chaisleáin Bhéarra

Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
CR U-10	Suíomh cúltaca d'ionad cóireála fuíolluisce.*	1.3
CR U-11	Uasghrádú molta agus cosán a sholáthar ón bPobalscoil go páirc GAA.	-
An Bonneagar Glas		
CR- GR-01	Spás oscailte. Nasc coisithe agus rothaíochta a sholáthar idir an dá bhóthar agus feadh bruach na habhann. Agus an tsiúlóid seo á dearadh, ba cheart aird á tabhairt ar threoirínite an dea-chleachtas, ag soláthar le haghaidh bacanna cú siar ó bhruacha abhann chun tionchair ar ghnáthóga agus speicis fionnuisce a sheachaint.*	3.8
CR- GR-02	Spás oscailte: Oscailteacht, crainn agus cáilíocht talamh páirce a choinneáil.*	2.8
CR- GR-03	Spás oscailte. Cur le carachtar agus le taitneamhacht an bhaile. Cosain crainn agus radharc trasna an tsuímh agus an chuain.*	0.6
An Talmhaíocht		
CR-AG-01	Úsáid Talmhaíochta.*	4.98
CR-AG-02	Úsáid Talmhaíochta.	2.18
CR-AG-03	Úsáid Talmhaíochta. Is féidir moltaí a bhreithniú freisin don chúram sláinte agus áiseanna pobail lena n-áirítear plean tírdhreachaithe mionsonraithe agus naisc bhealaí coisithe agus rothar. CTá limistéar áitiúil a bhfuil luach bithéagsúlachta ag baint leis sa láithreán, Coill Ghleann Abhann Átha an Chiste, ar chóir é a choinneáil agus a chosaint. Tacófar le deiseanna chun luach bithéagsúlachta an cheantair a fheabhsú.	8.44
Limistéar Beartais Speisialta		
CR X-01	Limistéar Beartais Speisialta. An limistéar seo a chosaint le haghaidh sainúsáidí muirí agus gníomhaíochtaí cuain eile a chuireann leis sin.*	1.7





## 2.11 An Scoil

### Fís agus Comhthéacs Straitéiseach

- 2.11.1 Is baile cósta tarraingteach é An Scoil, a bhfuil radharc amach uaidh ag breathnú amach ar chuan fothain i gCeantar Bardasach Iarthar Chorcaí. Tá an baile sainaitheanta mar Phríomhbhaile sa phlean seo.
- 2.11.2 Tá sé mar aidhm ag an ollstraitéis an Scoil a fhorbairt mar príomhionad seirbhíse do dhaonra buan agus turasóireachta Leithinis Mhicín. Is éard atá ann mar aidhm straitéiseach ná forbairt an bhaile laistigh dá shuíomh sárscéimhe cois cósta a chur chun cinn agus leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn a fheidhmeanna turasóireachta cósta agus a ról bunaithe mar chalafort iascaireachta agus mar ionad fostaíochta bia mara a chosaint.
- 2.11.3 Mar gheall ar a shuíomh straitéiseach ar Leithinis Uí Mhín agus a tharraingteacht mar ionad saoire feidhmíonn sé mar príomhionad seirbhíse do dhaonra buan agus turasóireachta an cheantair seo. Feidhmíonn an baile mar ionad ilchuspóireach don turasóireacht ar bhonn séasúrach. Freastalaíonn an Scoil ar raon leathan gníomhaíochtaí agus go háirithe iad siúd a bhaineann le caitheamh aimsire cósta.

### An Comhthéacs Áitiúil

- 2.11.4 Tá an Scoil suite ag ceann chuan na Scoile ar chósta theas Leithinis Uí Mhín, thart ar 24 km siar ón Sciobairín agus timpeall 25 km ó Bheanntaí. Tá suíomh tírdhreacha an bhaile ar ardchaighdeán agus tá sé lonnaithe i dtírdhreach ardluacha. Is ionad tábhachtach fostaíochta, seirbhíse, sóisialta agus cultúrtha é an baile sa cheantar seo in Iarthar Chorcaí. D'fhorbair an baile go stairiúil ó shráidbhaile beag iascaireachta agus tá príomhshráid tharraingteach ann a osclaíonn isteach ar limistéar taitneamhachta soir agus amach go dtí caladh na Scoile atá ina thearmann do ghníomhaíochtaí spóirt uisce.
- 2.11.5 Tá an príomhshráid ina bhfuil cuid mhór de thráchtáil an bhaile nasctha go dlúth leis an gcuán. Is iondúil go mbíonn forbairt lasmuigh den cheantar seo níos scaipthe agus meascán de scéimeanna níos lú agus tithíocht aon-láithreáin is mó atá i gceist. Tá feidhm saoire ag cuid shuntasach de na tithe tógtha, agus tá ról tábhachtach na turasóireachta le feiceáil go soiléir sa raon áiseanna atá ar fáil. Is pointe fócasach tábhachtach tarraingteach é an cuán inniu le haghaidh rochtana cois uisce agus naisc le limistéir thaitneamhachta, áiteanna súgartha agus bealaí siúlóide cósta. Is gnéithe an-tarraingteach den bhaile iad na gnéithe seo agus cuireann siad leis an suíomh tarraingteach.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.11.6 I nDaonáireamh 2016, taispeánadh go bhfuil méadú 42 duine (6%) tagtha ar dhaonra na Scoile ó bhí 2011 ann. Tá sprioc socraithe sa phlean seo 909 duine mar an daonra iomlán don bhliain 2028, arb ionann é agus méadú daonra réamh-mheasta de 209 duine. Mar sin, chun an sprioc daonra seo a bhaint amach tá gá le soláthar a dhéanamh do thart ar 80 aonad cónaithe breise thar thréimhse an phlean go dtí 2028.

Tábla 5.2.24 An Daonra agus an Soláthar Tithíochta sa Scoil

	An Daonra agus an Riachtanas Tithíochta			Aonaid Sholáthair Tithíochta
	Daonra Dhaonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra (go dtí 2028)	Aonaid Nua atá ag Teastáil (go dtí 2028)	An Soláthar Tithíochta ón gCriosú Úsáide Cónaithe agus Measctha araon lena n-áirítear Láithreáin Dlúth-Fháis
An Scoil	700	909	80	80

Tábla 5.2.25: Daonra na Scoile, 2006-2028

	Daonáireamh 2006	Daonáireamh 2011	Daonáireamh 2016	An Sprioc-Dhaonra go dtí 2028
An Daonra	576	658	700	909

- 2.11.7 As an líon 80 aonad tithíochta nua atá le soláthar thar thréimhse feidhme an phlean, bheadh sé indéanta 60 aonad díobh a sheachadadh ar thalamh criosaithe mar chrios cónaithe agus an chuid eile, nó 20 aonad, a sheachadadh laistigh de limistéar tógtha an bhaile. Tá foráil déanta sa Phlean seo don ghlansholáthar talún cónaithe de thart ar 3.1 ha. Maidir le haonaid a sheachadadh laistigh de lorg reatha an bhaile, tá deiseanna ann go príomha tríd an inlíonadh chomh maith le roinnt acmhainneacht i lár an bhaile.




- 2.11.8 Tá athbheithniú déanta ar na riachtanais maidir leis an soláthar talún cónaithe don Sciobairín chun fás atá dlúth agus inbhuanaithe araon a bhaint amach sa lonnaíocht de réir an treoir bheartais náisiúnta agus réigiúnach mar atá leagtha amach sa phlean seo. Mar atá leagtha amach i **gCaibidil 3, Lonnaíochtaí agus an Chomhfhorbairt Áite**, tá béim nua curtha sa phlean seo ar uasmhéadú a dhéanamh ar an gcumas forbartha a bhaineann le láithreacha tearcúsáidte atá suite i mbaill lárnaí. Is féidir le roinnt láithreacha chriosaithe laistigh de limistéar tógtha an bhaile in aice le lár an bhaile cur go mór leis an dlúthfhás ann, lena n-áirítear DY-R-01 agus DY-X-01. Is féidir le tailte criosaithe cónaithe leas a bhaint as naisc le bóithre agus le bonneagar seirbhísí uisce eile.
- 2.11.9 Le blianta beaga anuas, tháinig fás áirithe ar Scoil, go príomha d'fhorbairt chónaithe ar dhlúis réasúnta íseal a bhaineann go minic le cóiríocht turasóireachta agus le margadh an dara háit. Ceist a tháinig aníos arís is arís eile don Scoil is ea an gá atá le cinntiú nach sáraítear na héilimh ar thithíocht ó chónaitheoirí buana ná an éileamh ar chóiríocht turasóireachta nó ar dhara tithe; áfach, tá sé deacair é seo a rialú tríd an gcóras pleanála. B'fhéidir gurb é an cur chuige is fearr ná soláthar suíomhanna seirbhísithe do roghanna féin-thógála do bhuanchónaí a mhéadú seachas forbairtí il-thithíochta breise.
- 2.11.10 Is é an príomhábhar imní maidir le forbairt chónaithe sa Scoil ná cothromaíocht a chinntiú idir áitritheoirí buana agus cuairteoirí saoire ag seachaint barraíocht tithe saoire a bhíonn folamh go minic. Is féidir go gcaillfí beogacht i mbailte mar an Scoil le linn míonna an gheimhridh mar thoradh ar fhorbairtí tithe saoire, má tá siad suite go míchuí. Tá feidhm shonrach saoire ag cuid shuntasach den stoc tithíochta reatha sa Scoil.
- 2.11.11 Molann an plean go gcuirfí níos mó suíomhanna seirbhísithe ar fáil laistigh de na roghanna criosaithe dóibh siúd ar mian leo féin-thógáil dá slí bheatha féin. Breithneofar forbairt tithe saoire bainistithe ar aon chuid de na tailte criosaithe cónaithe. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil an leibhéal forbartha atá beartaithe don Scoil bunaithe ar an mbonn tuisceana go ndéanfar na feabhsuithe riachtanacha infrastructúr fuíolluisce agus soláthar uisce arna sainaitheint ag an gComhairle curtha i gcrích.

### **Áiseanna Sóisialta agus Pobail**

- 2.11.12 Tá áiseanna pobail lonnaithe ar fud an bhaile lena n-áirítear halla paróiste, ospidéal, leabharlann, stáisiún dóiteán, eaglais agus stáisiún gardaí. Tá oifig an phoist, cógaslann, comhar creidmheasa agus banc soghluaiste sa Scoil chun freastal ar an mbaile freisin. Tá soláthar maith seirbhísí ag an mbaile a léiríonn a ról mar ionad láidir turasóireachta a fhreastalaíonn ar chúlchríoch leathan tuaithe.
- 2.11.13 Tá meánscoil amháin sa bhaile (Coláiste Pobail na Scoile), scoil náisiúnta (Scoil Mhuire) agus Scoil Traenála Béarla. Bhí 386 dalta ar an rolla ag Coláiste Pobail na Scoile don scoilbhliain 2019/2020. Is ionad eolaíochta é Pláinéadlann na Scoile atá mar chuid den Phobalscoil áitiúil agus a sholáthraíonn acmhainn oideachais uathúil. Tá an mheánscoil uathúil ó thaobh cúrsaí seoltóireachta a thairiscint mar chuid den churaclam. Bunscoil chomhoideachais í Scoil Mhuire le 145 dalta ar an rolla faoi láthair don scoilbhliain 2019/2020. Tagann na daltaí seo ó chúlchríoch leathan de shráidbhaile na Scoile, ó Thuair Mór san iarthar, go Béal an Dá Chab san oirthear. Beidh gá le tuilleadh fairsingithe ar shuíomhanna bunscoile bunaithe ar na spriocanna fáis daonra. Tá limistéar talún curtha in áirithe le haghaidh cuspóirí oideachais, pobail agus mara atá suite ó dheas ón scoil atá ann faoi láthair.
- 2.11.14 Soláthraíonn Ionad Cúraim Phríomhúil Uí Mhín atá suite ar thailte criosaithe gnó a bhíodh in aice le lár an bhaile, acmhainn pobail an-tábhachtach. Is áis phobail thar a bheith tábhachtach don réigiún agus don chúram sláinte sa cheantar áitiúil é an t-ospidéal pobail áitiúil a bheith ann, áit a bhfuil cúram faoisimh ar fáil.
- 2.11.15 Go ginearálta, tá raon áiseanna éagsúla spóirt agus áineasa ar scála níos lú ar fáil don Scoil mar gheall go háirithe ar a fheidhm mar cheann scribe turasóireachta. Níl aon soláthar spóirt pobail ar scála níos mó ann mar áis GAA/halla spóirt. Tá Ionad Oideachais Mara agus Allamuigh Charraig Aonair suite i gCuan na Scoile. Tá áiseanna tiomnaithe ag an ionad a thairgeann raon de chúrsaí seoltóireachta cuimsitheacha. Ba cheart leanúint le cur i bhfeidhm chuspóirí na Straitéise Fóillíochta Mara d'iarthar Chorcaí.

### **An Bonneagar Glas**

- 2.11.16 Tá spás oscailte lárnaí sa bhaile ina bhfuil clós súgartha, cúirt leadóige agus áiseanna eile. Soláthraíonn an limistéar taitneamhachta tábhachtach seo nascacht do choisithe le siúlóidí cladaigh agus cuireann sé le suíomh an bhaile.
- 2.11.17 Tá deiseanna ann leathnú agus forbairt a dhéanamh ar an raon limistéar taitneamhachta agus áineasa atá ar fáil sa bhaile lena n-áirítear bealaí siúlóide agus limistéir ghníomhacha agus éighníomhacha feadh an chladaigh a nascadh. Is bealach isteach an-tarraingteach chuig an mbaile é Trá na hAidhleann agus is féidir leis a bheith ina limistéar tábhachtach taitneamhachta do thurasóirí agus do chónaitheoirí araon.



Figiúr 5.2.9: An Bonneagar Glas sa Scoil

### An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.11.18 Tá an Scoil ar cheann de roinnt lonnaithe in Iarthar Chorcaí lena gcuimsítear Gréasán Muirine Iarthar Chorcaí, bunaithe ar Chonair Chorcaigh Thiar an N71 go Ciarraí Theas ag gearrúil sócmhainní suntasacha mara, geilleagracha, turasóireachta, bia agus dí, digiteacha agus eile. Leis an straitéis fostaíochta iomlán don Scoil táthar chun an gréasán seo a chur chun cinn agus béim a leagadh ar an fhostaíocht sa cheantar áitiúil ina mháguaird agus ar chlár bonneagair chun soláthar talún a sheirbhísiú a aithníodh le haghaidh forbairt fostaíochta amach anseo dírithe ar ghnó/tionscal meánach agus beag.
- 2.11.19 Aithníonn an Plean seo ról tábhachtach na Scoile mar phríomhionad seirbhíse agus turasóireachta do Leithinis Uí Mhín. Baineann an chuid is mó den soláthar fostaíochta sa bhaile le seirbhísiú go háirithe sna siopaí, sna tithe tábhairne agus sna bialanna i lár an bhaile bhríomhar. Is beag déantúsaíochta/tionscail atá sa lonnaithe agus dírithe go príomha ar thionscal na turasóireachta agus ar áiseanna pobail eile.
- 2.11.20 De réir CSO 2016, tháinig laghdú beagnach 33% ar líon na ndaoine difhostaithe sa Scoil ó 2011 i leith. Thaifead an Phríomh-Oifig Staidrimh 302 post sa Scoil. Is é 1.2 an cóimheas post le hoibríthe cónaitheacha. Maidir le dáileadh post, is ionann Gairmeacha Trádála Oilte agus beagnach 25% de na poist iomlána. Ina dhiaidh sin tá gairmeacha gairmiúla, ag 14%. Tá 11% den lucht saothar in Earnáil na hArd-Bhainistíochta san Fhóillíocht agus tá 11% díobh i Postanna Fóillíochta Eile freisin.
- 2.11.21 Léiríonn torthaí Dhaonáireamh 2016 daonra oibre lae (cónaitheach agus neamhchónaitheach sa Scoil) de 800 duine. Tá 6.9 heicteár talún críosaithe ar fáil sa Scoil le haghaidh úsáidí gnó agus 1 heicteár do thionscal a bhaineann le calafoirt. Tá sé i gceist ag an bplean seo breis solúbthachta a spreagadh maidir leis na cineálacha úsáidí atá ceadaithe chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais talún gnó an bhaile agus a chúlchríoch.
- 2.11.22 Cuireann an scoil seoltóireachta seanbhunaithe fostaíocht ar fáil, meallann sí cuairteoirí agus tá sé tábhachtach chun geilleagar áitiúil an phobail cois cósta seo a chothú. Bhí an Scoil ainmnithe mar Mhol Phríomhach faoin 'Straitéis um Bonneagar Fóillíochta Muirí do Roinn an Iarthair de Chontae Chorcaí' ar ullmhaíodh í in 2007. Tá béim leagtha ar an ngá atá ann le saoráidí a sholáthar chun freastal ar oibríochtaí fóillíochta an mhuirín ó cheann ceann na bliana. Tá pleananna i bhfeidhm chun éascú agus spreagadh a thabhairt do chur i bhfeidhm na straitéise sa Scoil agus chun deiseanna fostaíochta bainteacha a fhorbairt lena n-áirítear soláthar muirine pobail.
- 2.11.23 Ní mór suíomh an óstáin atá molta (a tugadh anonn ón bplean roimhe) a choinneáil go fadtéarmach mar gheall ar a thábhacht straitéiseach eacnamaíoch chun turasóireacht ardluach eacnamaíoch a mhealladh chuig an mbaile. Ba chóir go gcuirfí chun cinn níos mó solúbthachta in úsáid an láithreáin lena n-áirítear leas an phobail ó aon tograí forbartha.
- 2.11.24 Tá sé tugtha faoi deara freisin, cé go bhfuil líon suntasach de chóiríocht seasta do thurasóirí sa bhaile, go bhfuil easpa roghanna eile ann do chuairteoirí veaineanna camchuirte agus veain champála a thagann chuig an gceantar, nó dóibh siúd ar mian leo suíomh campála a úsáid ina mbeadh rochtain acu ar áiseanna agus ar an sráidbhaile. D'fhéadfadh na tailte timpeall ar Thrá na hAidhleann a bheith oiriúnach do láthair champála thar oíche tiomnaithe. Tá sé dóchúil nach mbeidh tithe soghluaiste buanseasta oiriúnach mar gheall ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar thimpeallacht amhairc an cheantair tharraingteach seo.
- 2.11.25 Cé go bhfuil an ról turasóireachta/fóillíochta mara seanbhunaithe agus go leanann sé ag forbairt, tá sé tábhachtach freisin soláthar cuí a dhéanamh d'fhorbairt thionscal na hiascaireachta sa bhaile amach anseo.

- 2.11.26 Measann an Chomhairle go bhfuil sé rithábhachtach na tailte sainaitheanta in aice leis an gcé a choinneáil don tionscal a bhaineann leis an gcalafoirt do leas leanúnach an bhaile, mar gheall ar an tábhacht a d'fheádfadh a bheith aige sin d'fhostaíocht mhara agus do charachtar an bhaile. Tá imní ar leith ar an gComhairle nár cheart go ndéanfaí aon fhorbairt ar na tailte a dhéanfadh dochar do sholáthar dá leithéid, agus go mbeadh forbairt ar thalamh in aice láimhe ag teacht le húsáidí a bhaineann leis an gcalafoirt agus nach mbeadh coimhlint leis na húsáidí sin nó srian a chur orthu.

### **Lár an Bhaile agus an Miondíol**

- 2.11.27 Is ceann scríbe tarraingteach turasóireachta é An Scoil ar 'Slí an Atlantaigh Fhiáin' a sholáthraíonn raon seirbhísí miondíola. Mar Bhaile Contae níos lú is é an cuspóir miondíola don Scoil mar atá leagtha amach sa phlean seo ná tacú le beogacht agus inmharthanacht an bhaile agus a chinntiú go soláthrófar an raon ceart feidhmeanna miondíola agus neamh-mhiondíola ann chun freastal ar riachtanais an phobail agus riachtanais an cheantair mháguaird freisin. Luaitear sa phlean gur minic a sholáthraítear sna bailte contae beaga seo an tsiopadóireacht áise bhunúsach agus an tsiopadóireacht ar an scála go comparáideach níos lú. Is é polasaí an phlean ná cur chuige cúramach a ghlacadh maidir leis an trádstóráil miondíola lasmuigh den lárionad.
- 2.11.28 Tá an leibhéal miondíola i bhfad níos ísle ná na príomhbailte Beantraí agus Baile Chaisleáin Bhéarra ach tá sé réasúnta ag cur san áireamh gur ionad fostaíochta agus seirbhíse áitiúil é An Scoil. Is beag folúntas atá i lár an bhaile faoi láthair. Limistéir atá i mbaol tuilte is ea cuid de na láithreáin i lár an bhaile faoi mar atá beartaithe. Trí cheantar lár an bhaile a leathnú, cuirfear deiseanna breise ar fáil don bhforbairt a bhaineann leis an miondíol, áiseanna pobail agus soláthar rochtana agus páirceáil leordhóthanach agus cuimseofar leis an fhorbairt ar chuid den bhóthar faoisimh thuaisceartach atá beartaithe.
- 2.11.29 Is ionann an suíomh SC T-01 agus lorg seanbhunaithe lár an bhaile ar cheart dó leanúint de bheith mar fhócas an tsoláthair miondíola áise sa bhaile. Is ionann an suíomh SC T-02 agus an limistéar leathnaithe ar an taobh thuaidh de lár an bhaile chun leathnú ar ról turasóireachta/miondíola an bhaile a éascú, i gcás go mbíonn gá leis an miondíol breise sa toadhcháil. Is é an croilimistéar siopadóireachta (an croilár miondíola) an príomhshuíomh le haghaidh na forbartha miondíola agus oifige nua ina gcuirtear seirbhísí ar fáil do dhaoine atá ann ar cuairt. Beidh forbairt cónaithe nua a chuirfidh le beogacht, tarraingteacht agus sábháilteacht lár an bhaile mar chuid thábhachtach d'aon tograí forbartha atá le déanamh.
- 2.11.30 Meastar gurb é lár seanbhunaithe an bhaile an príomhshuíomh sa Scoil le haghaidh gníomhaíochtaí miondíola agus tráchtála agus déantar foráil dá leathnú ó thuaidh chun nascadh le haon bhóthar faoisimh a bheidh ann don bhaile amach anseo a mbeidh ról tábhachtach aige chun an fhadhb maidir leis an mbrú tráchta reatha a mhaolú ó lár an bhaile, chomh maith leis an mbainistiú tráchta cuí.
- 2.11.31 Le linn an tséasúir turasóireachta tá fadhb leanúnach ann maidir leis an mbrú tráchta ar phríomhshráid an bhaile. Is fadhb bhainistíochta tráchta nó forfheidhmithe atá i gceist leis sin, den chuid is mó. Cé go bhfuil áit pháirceála curtha ar fáil ar chúl an tsiopa miondíola áise atá sa bhaile cheana féin, is cosúil go bhfuil spás suntasach le leathnú sa cheantar seo agus tá tailte lastuaidh den phríomhshráid mar an suíomh is loighciúil don cheantar seo. leathnú fadtéarmach lár an bhaile.
- 2.11.32 D'fhéadfadh feabhsuithe ar ríocht phoiblí an bhaile feabhas mór a chur ar tharraingteacht iomlán lár an bhaile, ag cur le muinín ghnó sa bhaile agus le dearcadh an phobail sa Scoil mar áit le cuairt a thabhairt air. Beidh sé mar aidhm ag an bplean timpeallacht choisithe ardchaighdeáin, tharraingteach agus shábháilte a sheachadadh a léireoidh a stádas mar cheann scríbe suntasach turasóireachta laistigh den réigiún. Beidh sé mar aidhm ag an bplean bealaí siúlóide agus limistéir ghníomhacha agus éighníomhacha feadh an chladaigh a fheabhsú agus nascacht choisithe a fheabhsú feadh an léibhinn theas agus bóthar na céibhe.

### **Gluaiseacht**

#### **Bonneagar Bóthair agus Iompar Poiblí**

- 2.11.33 Tá an Scoil suite ar chúrsa an R591 atá nasctha leis an N71 a théann ón mbaile go dtí Cathair Chorcaí agus go Beantraí agus leithinis Uí Mhín, áit a bhfuil an Góilín agus Carn Uí Néid, agus fágfar dá bharr go mbíonn brú tráchta sa bhaile, ag brath ar an am sa bhliain atá ann, chomh maith le fadhbanna páirceála. Tacaíonn an Plean seo le cur i bhfeidhm bearta bainistíochta tráchta, páirceáil athbhreithnithe, agus socrúithe forfheidhmithe chun aghaidh a thabhairt ar bhrú tráchta leanúnach le linn an tséasúir turasóireachta. Leanfaidh an Plean seo leis an gcuspóir maidir le trácht ón mbaile a laghdú trí bhóthar faoisimh a sholáthar amach anseo ó thuaidh de lár an bhaile.

2.11.34 Tá seirbhís laethúil bus a théann ón Scoil go Cathair Chorcaí, go Cloich na Coillte agus go dtí an Sciobairín. Tá rochtain ar oileáin Chláire agus Inis Fada ar fáil trí naisc farantóireachta ó dheas den bhaile. Tá sé thar a bheith tábhachtach gur cheart limistéir pháirceála oíche a chur ar fáil le haghaidh busanna comaitéireachta agus turasóireachta chun freastal ar an trácht a ghabhann le Loing Chrúsála agus ar thrácht eile turasóireachta eile. Le linn shaolré an phlean, féachfaidh an chomhairle le láithreáin oiriúnacha a aithint chuige sin i gcomhar leis na húdaráis chuí.

## An Bhainistíocht Uisce

### Bonneagar Uisce agus Fuíolluisce

- 2.11.35 Tá an soláthar bonneagar uisce agus fuíolluisce bunriachtanach chun an fás laistigh den Scoil a chinntiú. Faigheann an baile a sholáthar uisce óil ó Ionad Cóireála Uisce Loch Sceach. Tá teorainn le Soláthar Uisce na Scoile le linn míonna an tsamhraidh agus cuireann Soláthar Uisce an Sciobairín leis. Tá gá le huasghrádú an tsoláthair uisce don Scoil (foinse, ionad cóireála uisce, agus gréasán príomhlíonra uisce) chun freastal ar an bhforbairt bheartaithe ar fad sa Scoil. Is éard atá i gceist le scéim Uisce Éireann chun an soláthar uisce don Scoil a uasghrádú ná WS an Sciobairín (Ionad Cóireála Uisce Bhéal Átha an Chaolaigh) a uasghrádú chun an Scoil a sholáthar, lena n-áirítear taiscumar nua, stáisiún pumpála, agus uasghrádú an líonra príomhlíonra uisce agus díchoimisiúnú WTP na Sceach. Tá Scéim Réigiúnach an Sciobairín um an Soláthar Uisce (Céim 4) - Cóireáil, Stóráil agus Líonra á tógáil agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche í in 2021.
- 2.11.36 Cuirtear an fuíolluisce ón Scoil go dtí Ionad Cóireála Fuíolluisce na Scoile. Tá toilleadh séarach bréan ar fáil chun freastal ar an bhforbairt a bheartaítear sa Scoil. Tá dóthain toilleadh spártha ar fáil ag an Ionad Cóireála Fuíolluisce sa Scoil.

### Cosaintí ar Thuilte

- 2.11.37 Tá áiteanna sa Scoil sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois sruthchúrsa a théann soir trasna an bhaile, agus tá siad léirithe ar léarscáil na lonnaíochta. Go háirithe cuireann an ceantar 'i mbaol' isteach ar chuid mhór de lár bhaile seanbhunaithe na Scoile. Téann roinnt sruthchúrsaí áitiúla a úsáidtear chun uisce dromchla a dhíúscairt faoi fhoirgnimh i lár an bhaile a d'fhéadfadh roinnt tuilte áitiúla a bheith mar thoradh orthu. Tá sé i gceist ag an OOP dul chun cinn a dhéanamh ar scéim faoisimh tuilte a fhorbairt sa Scoil amach anseo. Go dtí go mbeidh an scéim faoisimh um tuilte críochnaithe, meastar é a bheith ró-lua don fhorbairt shuntasach nua i gCriosanna Tuile A agus B. Ba cheart forbairt i gceantair thógtha a theorannú don mhionfhorbairt amháin, mar atá sainmhínte in Alt 5.28 de na Treoirínte d'Údarás Phleanála 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca tuilte'. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Fírinne a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

### Bainistíocht Dramhaíola

- 2.11.38 Tá Láithreán Conláiste Cathartha suite i nDoire Chonaill, An Scoil a ghlacann le raon leathan earraí a athchúrsáil.

### An Bithéagsúlacht agus an Tírdhreach

- 2.11.39 In 2018, choimisiúnaigh an Chomhairle ullmhúchán ar Mhapáil Ghnáthóga do bhailte an chontae nach ndearnadh a leithéid d'obair iontu go dtí seo d'fhonn na gnáthóga atá ann a shainaithint chomh maith leis na cinn sin a bhfuil tábhacht ag baint leo chun bithéagsúlacht an cheantair a chosaint. D'aithin an suirbhéireacht gnáthóga éagsúla ar fud an chontae lena n-áirítear roinnt atá faoi chosaint faoin Treoir um Ghnáthóga/a bhfuil Spéis Chaomhnaithe Speisialta acu do Chontae Chorcaí/a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil acu nó atá mar chuid de chonair éiceolaíoch.
- 2.11.40 Tá an Scoil suite ar an taobh thiar de Chuan Loch Trasna. Tá na gnéithe éiceolaíochta is suntasaí agus is tábhachtaí den sráidbhaile bainteach leis an gcósta mara agus idirthaoideach in aice láimhe. Tá dhá shruth beag a ritheann tríd an sráidbhaile (Sruthán na Scol agus na Míin Bhán) agus tá póca beag coillearnaí ar an gcladach ar theorainn thoir thuaidh lonnaíocht an tsráidbhaile. Is iad seo na príomhcheantair de luach bithéagsúlachta laistigh den sráidbhaile é féin. Seo a leanas na ceantair sin;

Tábla 5.2.26 Limistéir a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil ag baint leo sa Scoil

1.	Sruth na Scoile agus Sruth an Mhín Bán (SC-GC-03) agus (SC-T-01)
2.	Imeall Fásra Chósta na Gléibe
3.	Coillearnach Ghallán Chrathaigh (SC-GC-01)

- 2.11.41 Tá baill scaipthe de ghnáthóg leathnádúrtha atá tábhachtach ar an leibhéal áitiúil, mar scrobarnach, coillearnach leathanduilleach, raitheach, féarach fliuch, agus limistéir bheaga de ghnáthóga cósta, a bhfuil an dara ceann díobh ina gcuid den choimpléasc níos mó de ghnáthóga cósta laistigh den chuan (SAC).



- 2.11.42 Tá an Scoil suite díreach taobh le Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan agus Oileáin Loch Trasna (cSAC-0101) agus an Limistéar Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe do Chuan agus Oileáin Loch Trasnar (pNHA-0101). Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le luach bithéagsúlachta na láithreán uathúla seo a chosaint. Tá An Scoil suite i gceantar den chontae atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha (HVL). Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórsála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach.
- 2.11.43 Tá roinnt bealaí sárscéimhe sainithe i mBeantraí, nó gar dó. Ina measc siúd, tá an S96, S97, S100, S101 agus S102, gan ach cúpla ceann a lua. Is pointe tarraingteach an-tarraingteach é an bóthar isteach ón iarthar isteach sa Scoil. Tá foirgneamh amháin (Eaglais agus Balla na Tríonóide Naofa) ar an mbaile atá ar Thairfead na Struchtúr Cosanta.

## Cuspóirí Ginearálta

- 2.11.44 Bainfidh na cuspóirí ginearálta seo a leanas le gach aon fhorbairt a dhéanfaidh laistigh de theorainn forbartha na Scoile.

Cuspóirí Ginearálta i ndáil leis an Scoil	
Uimh. na Cuspóra	
SC-GO-01	Pleanáil don fhorbairt lena n-éascófar an spriocdhaonra de 909 a bhaint amach sa Scoil.
SC-GO-02	D'fhonn fás inbhuaine an daonra a chinntiú agus tacú le forbairt bheartaithe in SC-GO-01, ní mór bonneagar uisce agus fuíolluisce oiriúnach agus inbhuanaithe a shlánóidh cuspóirí an Phlean Bainistíochta Abhantraí ábhartha agus a chosnóidh Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan agus Oileán Loch Trasna a sholáthar agus a bheith ag feidhmiú sula gcuirtear tús le haon doirteadh ón bhforbairt. Caithfidh don bhonneagar fuíolluisce a bheith in ann déileáil leis an doirteadh chun cinntiú nach dtiteann cáilíocht an uisce sa chuan faoi na leibhéil atá inghlactha de réir mar a cheanglaítear leis an dlí.
SC-GO-03	Caithfidh aon áitribh nua le cóireáil fuíolluisce indibhidiúil foráil a dhéanamh maidir le ceangal leis an gcóras poiblí sa todhchaí agus córas uisce príobháideach inbhuanaithe a chothabháil i gceart. Déanfar tograí den sórt sin a mheasúnú de réir chod cleachtais cuí an EPA.
SC-GO-04	Áirítear le bonneagar glas, bithéagsúlacht agus sócmhainní tírdhreacha na Scoile gnáthóga cósta mara agus idirthaoideach Chuan Loch Trasna, chomh maith leis na conairí srutháin, na crainn aibí, an coillearnach agus spásanna oscailte eile ann. Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint na gnéithe seo agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhrecht agus An tÁineas</b> .
SC-GO-05	Lár an bhaile a chur chun cinn agus a thacú mar an suíomh príomhach agus an suíomh is feiliúnaí chun cur leis an bhforbairt miondíola sa Scoil.
SC-GO-06	Suímh oiriúnacha a aithint laistigh den bhaile do sholáthar áiseanna pobail (lena n-áirítear ionad ealaíon agus ceardaíochta) a bhfuil naisc mhaithe coisithe/rothaíochta acu le ceantair chónaithe agus atá suite gar do/agus in aice le lár an bhaile.
SC-GO-07	Tacú le hullmhú agus le cur i bhfeidhm Plean Bainistíochta Cuain do cheantar an chuain agus chun tacú le forbairt inbhuanaithe muiríne phobail don bhaile. Ba chóir an Plean Bainistíochta Cuain a ullmhú ag cur san áireamh na sonrúcháin caomhnaithe dúlra a bhaineann le limistéar an chuain.
SC-GO-08	Iníúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht cosán a sholáthar idir Trá na hAidhleann agus acomhal an R592 agus L4414-0.
SC-GO-09	Tacú le feabhsú an fhearainn phoiblí agus an chomhforbairt áite sa Scoil.

## Sainchuspóirí

2.11.45 Tá na sainchuspóirí creasa don Scoil leagtha amach sa tábla seo a leanas:


Sainchuspóirí Forbartha i ndáil leis an Scoil		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>Limistéir Chónaithe</b>		
SC-R-01	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B le soláthar den scáthphlandáil domhain feadh na dteorainneacha thuaidh agus thoir.	1.0
SC-R-02	Forbairt Chónaithe Meán-Dlús B.	2.1
<b>Limistéir Thionsclaíoch</b>		
SC-I-01	Earnáil na Tionsclaíochta. Calafort-bhainteach, agus soláthar ann don pháirceáil agus bóthar faoisimh áitiúil.*	1.0
<b>An Gnó agus an Fhostaíocht Ghinearálta</b>		
SC-B-01	Suíomh le poitéinseal le haghaidh Óstáin/Ionad Fóillíochta agus/nó Forbairt Bonneagair eile a bhaineann le Turasóireacht amháin. Ba chóir go mbeadh aon tograí forbartha suite siar ón gcladach agus go mbeadh meas acu ar an suíomh agus go ndéanfaí soláthar d'uasghrádú agus cosaint an chosáin cois cladaigh soir ón suíomh. Ba chóir go ndéanfaidh moltaí foráil do chosaint shuíomh na bhfothracha sean-séipéil agus na reilige agus go soláthródh siad limistéar taitneamhachta poiblí breise ó dheas den bhaile.	3.8
SC-B-02	Forbairt Ghnó leis an scáthphlandáil dhomhain feadh na dteorainneacha thiar, theas agus thoir.*	1.4
<b>Lár an Bhaile</b>		
SC-T-01	Lár an Bhaile. Forbairt úsáide measctha a éascú lena n-áirítear miondíola agus cónaithe. Ba chóir breithniú a dhéanamh freisin ar ghaireacht na láithreán don Limistéar Bithéagsúlachta Áitiúil Sruthán na Scol agus na Míne Bán, ag tabhairt aird ar leith ar a thábhacht áitiúil agus a luach.*	3.3
SC-T-02	Lár an Bhaile. Áireofar le leathnú lár an bhaile saoráidí miondíola, áiseanna pobail agus soláthar rochtana agus páirceáil leordhóthanach agus cuimseofar leis an fhorbairt ar chuid den bhóthar faoisimh thuaisceartach atá beartaithe.*	1.7
<b>An Pobal</b>		
SC-C-01	Cuspóirí oideachasúla, mara agus fóillíochta. Ba chóir foráil a dhéanamh chun spás cuí a fhágáil folamh siar ón gcladach.*	0.9
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
SC-U-01	An bóthar faoisimh tuaisceartach.	
SC-U-02	Bóthar áitiúil rochtana.*	
SC-U-03	Bóthar faoisimh áitiúil.	
SC-U-04	Siúlbhealach do choisithe a fhorbairt agus a chothabháil trí spás oscailte agus feadh líne an chladaigh agus ar aghaidh tríd an gcosán go Trá na hAidhleann. Agus an tsiúlóid seo á dearadh, ba cheart aird á tabhairt ar threoirlínte an dea-chleachtais, ag soláthar le haghaidh bacanna cuí siar ón gcladach chun an baol de thionchar ar ghnáthóga agus speicis fionnuisce agus mara a sheachaint.	

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil leis an Scoil

* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Bonneagar Glas</b>		
SC-GR-01	Spás oscailte éighníomhach agus limistéar taitneamhachta poiblí timpeall ar Thrá na hAidhleann le soláthar do pháirceáil a áireamh. Oscailteacht ghinearálta, radhairc chuan ó bhóthar agus ó chrainn a chaomhnú agus a chur chun cinn. Cuimsíonn an ceantar Coill Ghallan agus gnáthóga cladaigh ar chóir iad a choinneáil agus a chosaint. Ba cheart go dtacófar le deiseanna chun luach bithéagsúlachta an cheantair a fheabhsú.*	1.0
SC-GR-02	Spás oscailte. Caitheamh aimsire neamhfhoirmiúil a sholáthar lena n-áirítear clós súgartha agus cosán cósta a ionchorprú. Déanfar breithniú ar Saoráidí áineasa poiblí a leathnú tuilleadh sa cheantar seo. Oscailteacht ghinearálta, radhairc ar an bhfarraige ó bhóthar a chosaint, agus crainn, toir agus cáilíocht ghinearálta pháirce a choinneáil agus a sholáthar.*	3.13
SC-GR-03	Spás oscailte. Spás neamhghníomhach oscailte ar bhruach an tsrutháin agus gairdíní príobháideacha chun taitneamhacht amhairc na háite a chosaint. Cosain ó fhorbairt iomarcach agus oscailteacht a choinneáil/chur chun cinn/coinneáil clúdach crann a spreagadh. Áirítear sa chrios seo Sruthán na Scoile agus Sruth na Míne Bán ar cheart iad a choinneáil agus a chosaint. Tacófar le deiseanna chun luach bithéagsúlachta an cheantair a fheabhsú.*	0.7
SC-GR-04	Spás oscailte. Spás neamhghníomhach oscailte a sholáthraíonn taitneamhacht amhairc áitiúil agus a fhreastalaíonn ar chaitheamh aimsire neamhfhoirmiúil agus ar luach spóirt agus bithéagsúlachta.	0.5
<b>An Talmhaíocht</b>		
SC-AG-01	An Talmhaíocht. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh freisin ar an suíomh a úsáid mar pháirc veain campála/láithreán campála, ag soláthar do choinneáil agus cosaint fáilte lánfhásta ar an láithreán.	0.7
SC-AG-02	An Talmhaíocht. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh freisin ar an suíomh a úsáid mar pháirc veain campála/láithreán campála, ag soláthar do choinneáil agus cosaint fáilte lánfhásta ar an láithreán.	0.6
SC-AG-03	Úsáid Talmhaíochta.	1.93
SC-AG-04	Úsáid Talmhaíochta.	3.57



# AN SCOIL



Cóipcheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cossaint. San áireamh tá sonraí Suirbhéireacht Ordánais Éireann a aithreacht faoi umhír chaidéimais OSI Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sáralonn aithreacht neamhdáraithe Suirbhé ordánais Éireann agus cóipcheart Rialtas na hÉireann © Suirbhé Ordánais Éireann 2022



## 2.12 Na Sráidbhailte Príomhacha

- 2.12.1 Tá 9 Sráidbhaile Príomhach i gCeantar Bardasach Iarthar Chorcaí mar seo a leanas; Béal Átha Fhinín/Inis Céin, Béal an Dá Chab, Dún na Séad, Drom Dhá Liag, Dúras, an Gleann Garbh, an Léim, Ros Cairbre, agus Bréantrá.
- 2.12.2 Bhainfeadh na lonnaíochtaí leas as cruth níos dlúithe a bheith aici agus as roinnt de na haonaid réadmhaoine atá laistigh de chroílár an tsráidbhaile a athghiniúint agus a athúsáid. Agus go háirithe, bheadh sé inmhianaithe feabhas breise a chur le lár na sráidbhailte, agus sráid-dreach feabhsaithe, aghaidheanna siopaí feabhsaithe a chur leo, chomh maith le soláthar a dhéanamh don soilsiú sráide, cosáin phoiblí agus troscán sráide feabhsaithe. Tá deiseanna breise ann chun sráid-dreacha sna lonnaíochtaí a fheabhsú, go háirithe laistigh de chroílár an tsráidbhaile.
- 2.12.3 I bhfianaise na ndúshlán atá le tabhairt i roinnt príomh-sráidbhailte maidir le hinfrastruchtúr, go háirithe seirbhísí uisce agus cibé an féidir aon easnamh a shárú le linn shaolré an phlean, breithneoidh an Chomhairle ar athdháileadh leibhéal foriomlán na n-aonad i bPríomh-Shráidbhaile ar leith ó na Phríomhshráidbhailte sin a bhfuil srianta bonneagair orthu agus a bhfuil sé ag tógáil níos mó ama ná mar a bhíodas ag súil leis le réiteach a aimsiú in ionad Príomh-Shráidbhaile nó Phríomhshráidbhailte eile laistigh den Cheantar Bardasach céanna nach bhfuil aon srianta den sórt sin ag gabháil leo, faoi réir acmhainneacht imleor a bheith ar fáil agus de réir riachtanais Chaibidil 11 An Bhainistíocht Uisce agus aon chúinsí éiceolaíochta.
- 2.12.4 Ní féidir le haistriú aonad titheochta ó lonnaíocht ar leith dul thar 50% den leithdháileadh lonnaíochta sin mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Tá treoir bhreise ar fhorbairt sráidbhailte ar fáil in Imleabhar a hAon den Phlean seo, go háirithe **Caibidil 2 Lár-Straitéis**, **Caibidil 3 Lonnaíocht agus Comhforbairt Áite**, agus **Caibidil 4 An tithíocht**.

5.2.27: Na Sráidbhailte Príomhacha - Scála Foriomlán na Forbraíochta Nua

Ainm na Lonnaíochta	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2010 (An Logeolaire)	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2015 (An Logeolaire)	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2020 (An Logeolaire)	Scála Foriomlán na Forbraíochta Nua go 2028 (An líon tithe)
Béal Átha Fhinín/Inis Céin	350	344	358	74
Béal an Dá Chab	184	189	207	20
Dún na Séad	461	485	487	37
Drom Dhá Liag	249	246	242	25
Dúras	193	196	208	20
An Gleann Garbh	177	191	194	12
An Léim	146	149	150	20
Ros Cairbre	408	409	442	50
Bréantrá	204	206	205	31
Iomlán na Sráidbhailte Príomhacha	2,372	2,415	2,493	289

## 2.13 Béal Átha Fhíin/Inis Céin

### Fís agus Comhthéacs

- 2.13.1 Is é an fhís atá ann do Bhéal Átha Fhíin/Inis Céin ná spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú an tsráidbhaile laistigh dá shuíomh tuaithe, saintréithe agus deiseanna tráchtála laistigh de chroílár an tsráidbhaile agus tírdhreacha uathúil na lonnaíochta a chaomhnú agus an fhorbairt chónaithe bháil a chur chun cinn ann in aontí le seirbhísí a sholáthar i gcroílár an tsráidbhaile, chomh maith leis na deiseanna tráchtála atá ann.
- 2.13.2 Is iad na haidhmeanna straitéiseacha don tsráidbhaile seo ná go mbeadh sé mar fhócas príomhach don bhforbairt sna ceantair tuaithe timpeall air agus go dtacófar le seirbhísí áitiúla a sholáthar, trí fhás an daonra a spreagadh agus a éascú, trí thacú le coinneáil agus feabhsú na bpríomhshaoráidí, lena n-áirítear bonneagar sóisialta agus fisiceach agus naisc iompair. Tá lonnaíocht Bhéal Átha Fhíin/Inis Céin suite timpeall 12 km siar ó Dhroichead na Bandan. Tá sráidbhailte Bhéal Átha Fhíin agus Inis Céin tar éis teacht le chéile chun foirm thógtha leanúnach líneach den chuid is mó a chruthú agus mar sin meastar na sráidbhailte mar aon aonad pleanála amháin, Béal Átha Fhíin/Inis Céin. Tá Abhainn na Bandan laistean den lonnaíocht agus cuireann na tailte timpeall ar na sráidbhailte, ag ionchorprú cnoic feiceálach lastuaidh agus gleann abhann ó dheas, suíomh tarraingteach tuaithe.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.13.3 Taifeadadh daonra de 692 sa daonáireamh do Bhéal Átha Fhíin/Inis Céin in 2016 i gcoinne an daonra de 700 a taifeadadh in 2011, arb ionann é agus laghdú thart ar 1% don tréimhse.
- 2.13.4 Léirítear i Tábla 5.2.28 go raibh 8 aonad cónaithe tógtha laistigh de theorainn an tsráidbhaile idir 2010 agus 2020.

5.2.28 An Fás sa Líon Tithíochta i mBéal Átha Fhíin/Inis Céin, 2010 -2020

Bliain	2010	2015	2020	Athrú
Líon na dTeaghaisí	350	344	358	8

Foinse: An Logeolaire

- 2.13.5 Tá roinnt forbairtí cónaithe ar scála beag (idir phoiblí agus phríobháideach), scéimeanna inlíonta go príomha, ó dheas den Phríomhshráid le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, tógadh scéim sciath-thithíochta ar scála beag taobh leis an scoil náisiúnta agus tá acmhainn laistigh den teorainn forbartha le haghaidh forbairt bhreise.
- 2.13.6 Tá foráil déanta sa phlean seo d'fhorbairt 74 aonad cónaithe breise laistigh den tsráidbhaile. Tá go leor talún laistigh den teorainn forbartha chun freastal ar an scála forbartha seo. Ba chóir go mbeadh forbairtí nua comhtháite go maith leis an tsráidbhaile atá ann cheana féin agus go n-éascófar an rochtain éasca agus sábháilte ar an ionad leo, agus ar na príomh-áiseanna shiúil agus rothair freisin. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairtí a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta, agus ba chóir go mbeadh forbairtí uile ag teacht le carachtar an cheantair.

### An Chomhforbairt Áite/Réimse Poiblí/Gluaiseacht/Lár an tSráidbhaile

- 2.13.7 Tá scóip le haghaidh forbartha laistigh de Bhéal Átha Fhíin/Inis Céin; ach, mar sin féin, tá sé tábhachtach go gcoimeádtar, go bhfeabhsaítear agus nach gcuirfí isteach ar charachtar tuaithe an tsráidbhaile, ar a oidhreacht ailtireachta agus ar a oidhreacht eile agus ar thaitneamhachtaí nádúrtha. Is iad na príomhshuímh le haghaidh forbartha ná ceantair lastuaidh de chroílár an tsráidbhaile le píosa talún díreach tadhlaigh leis an teorainn forbartha soir ó thuaidh d'Inis Céin san áireamh laistigh den teorainn forbartha chun ligean d'fhorbairt tithíochta agus/nó tráchtála breise.
- 2.13.8 Tá sé thar a bheith tábhachtach nach leathnaíonn forbairt an patrún reatha d'fhorbairt líneach na lonnaíochta agus go gcuirfí srian le forbairt ribíneach sa bhreis soir agus lastuaidh d'Inis Céin agus ó dheas agus siar ó Bhéal Átha Fhíin. Ba cheart go seachnódh forbairt an fána géar lastuaidh den tsráidbhaile.
- 2.13.9 Bhainfeadh an lonnaíocht leas as cruth níos dlúithe a bheith aici agus as roinnt de na haonaid réadmhaoine atá laistigh de chroílár an tsráidbhaile a athghiniúint agus a athúsáid. Agus go háirithe, bheadh sé inmhianaithe feabhas breise a chur le lár na sráidbhailte, agus sráid-dreach feabhsaithe, aghaidheanna siopaí feabhsaithe a chur leo, chomh maith le soláthar a dhéanamh don soilsiú sráide, cosáin phoiblí agus troscán sráide feabhsaithe. Tá deiseanna breise le haghaidh feabhsúcháin sráid-dreacha sa lonnaíocht, go háirithe laistigh de chroílár sráidbhaile Bhéal Átha Fhíin.
- 2.13.10 Le linn shaolré an Phlean seo, díreoidh an fhorbairt go príomha ar na tailte ar an taobh thuaidh de lár an tsráidbhaile. Tá forbairt le seachaint ar na fánaí géara ar an taobh thuaidh den áit, atá mar chuid tábhachtach de shuíomh an tsráidbhaile agus ar an taobh dheas den tsráidbhaile, ar fad Abhainn na Bandan.
- 2.13.11 Bheadh sé inmhianaithe athnuachan leanúnach a chur i gcrích ar aonaid réadmhaoine laistigh de Lár an tSráidbhaile agus ba chóir gur ar ard-chaighdeán a mbeadh an dearadh don fhorbairt inlíonta agus d'aghaidheanna siopaí nua agus athsholáthair araon, chun teacht le carachtar foriomlán na príomhshráide.

- 2.13.12 Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, agus a oidhreacht agus a thaitneamhachtaí nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirfí isteach orthu. Beidh an chosaint d'aon struchtúir atá i dTaifead na Struchtúr Cosanta tábhachtach.

### **Gluaiseacht**

- 2.13.13 Téann an Bóthar Réigiúnach, an R586, Droichead na Bandan – Dún Mánmhaí – Bóthar Bheanntairi, tríd an lonnaíocht, rud a chruthaíonn go leor tráchta, lena n-áirítear céatadán ard feithiclí earraí troma. Tá gá le bearta ceansaithe tráchta breise laistigh den lonnaíocht.
- 2.13.14 Ar aon dul le RPO 168 den RSES, aithnítear sa phlean seo an gá atá le hinfheistíocht i mbóithre réigiúnacha agus áitiúla sa chontae. Cuirfear feabhas ar bhóithre straitéiseacha neamhnáisiúnta chun cinn ar fud an chontae. Aithníonn RPO 168 den RSES uasghrádú ar Bhóthar Réigiúnach an R586 ó Dhroichead na Bandan go Beantraí trí Dhún Mánmhaí agus tacaíonn sé lena ainmniú go Stádas Bóthair Náisiúnta. I gcás ina dtacaítear le hoibreacha ar an ngréasán bóithre straitéiseach, breithneofar an acmhainneacht le haghaidh iompar inbhuanaithe feabhsaithe.
- 2.13.15 Tá an príomhbhóthar tréan gnóthach le trácht agus bíonn brú tráchta agus fadhbanna páirceála ann ó am go chéile. Tá gá le limistéar páirceála eas-sráide a bheith suite in aice leis an bpríomhlimistéar siopadóireachta. Tá suíomh molta dó seo in aice leis an halla pobail i mBéal Átha Fhínín.

### **An Geilleagar agus an Fhostaíocht**

- 2.13.16 Síneann seirbhísí laistigh de Bhéal Átha Fhínín/Inis Céin thar na cinn bhunúsacha mar raon siopaí agus tithe tábhairne. Tá raon leathan seirbhísí laistigh den lonnaíocht lena n-áirítear miondíola, oideachas, spóirt/caitheamh aimsire, áiseanna sóisialta agus pobail, sláinte, seirbhísí airgeadais agus raon áiseanna eile do thomhaltóirí agus úsáidí fostaíochta agus gnó. Tá sráid-dreach tarraingteach i mBéal Átha Fhínín/Inis Céin sna ceantair ina bhfuil úsáidí tráchtála lonnaithe go príomha.
- 2.13.17 Tá soláthar maith fostaíochta tionsclaíochta ag Béal Átha Fhínín/Inis Céin, agus is iad na príomhfhostóirí ná Carbery Milk Products Ltd atá suite siar ó Bhéal Átha Fhínín agus Muilte Sábhadóireachta Grainger, atá suite i sráidbhaile Inis Céin. Tá feidhmiú leanúnach na dtionscal seo tábhachtach don gheilleagar agus do bheogacht na lonnaíochta agus don chúlchríoch tuaithe máguaird. Lasmuigh den sráidbhaile, tá fostaíocht áitiúil sa talmhaíocht mar gheall ar an gcúlchríoch fairsing tuaithe.
- 2.13.18 Tá gá aitheanta soláthar a dhéanamh do dheiseanna tráchtála níos fearr chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil. Laistigh de chroílár an tsráidbhaile, tá sé mar aidhm úsáid tháirgiúil a bhaint as foirgnimh fholmha nach bhfuil in úsáid sa cheantar seo. Tá deiseanna laistigh den lonnaíocht freisin chun láithreáin thréigthe atá ann cheana a athfhorbairt. Tacófar le tograí forbartha a lonnú laistigh de chroílár an tsráidbhaile agus éascófar iad nuair is cuí.

### **Áiseanna Sóisialta agus Pobail**

- 2.13.19 Tá cosáin agus soilsiú poiblí laistigh den lonnaíocht agus tá roinnt oibreacha ceansaithe tráchta déanta ag pointí tairsí. Mar sin féin, tá gá le cosáin bhreise, le soilsiú poiblí agus go háirithe le tuilleadh oibreacha ceansaithe tráchta chun sábháilteacht coisithe a fheabhsú. Tá ionad athchúrsála/fág-anseo laistigh den sráidbhaile agus tá an lonnaíocht inrochtana freisin trí sheirbhís laethúil iompair phoiblí (bus), a nascann an lonnaíocht le Droichead na Bandan agus Cathair Chorcaí soir agus chomh maith le ceantair in Iarthar Chorcaí. Tá leithris phoiblí laistigh den lonnaíocht i mBéal Átha Fhínín freisin.
- 2.13.20 Ó thaobh an oideachais de, is scoil mheasctha í Lárscoil Naomh Muire le 207 páiste ar an rolla faoi láthair atá suite leath bealaigh idir an dá shráidbhaile.
- 2.13.21 Tá roinnt áiseanna pobail agus caitheamh aimsire atá dea-fhorbartha sa sráidbhaile. Tá páirc GAA suite díreach ó dheas ó chroílár an tsráidbhaile. Tá cúrsa galf dhá mhaide, cúirteanna leadóige agus clós súgartha suite i lár na lonnaíochta, agus tá rochtain éasca ón dá thaobh den sráidbhaile dá bharr. Tá dhá fhoirgneamh pobail laistigh den sráidbhaile agus tá áiseanna cúraim leanaí ar fáil laistigh den lonnaíocht freisin. Féachfaidh an plean seo le cosaint a thabhairt do na háiseanna pobail atá ann faoi láthair agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile.
- 2.13.22 Tá méadú tagtha ar an daonra sa lonnaíocht agus sa chúlchríoch mórthimpeall le blianta beaga anuas agus chuir sé seo éilimh bhreise ar bhonneagar agus áiseanna pobail na sráidbhailte. Tá sé tábhachtach go spreagtar saoráidí nua le lonnú laistigh de chroílár an tsráidbhaile agus nuair is féidir, go gcuirfí feabhas ar áiseanna pobail atá ann cheana féin.

### **An Bhainistíocht Uisce**

- 2.13.23 Tá líonraí bailithe fuíolluisce ar leith ann do Bhéal Átha Fhínín agus d'Inis Céin. Tógadh stáisiún caidéalaithe fuíolluisce lastoir den droichead in Inis Céin a dhéanann pumpáil ar an bhfuíolluisce a bhailítear in Inis Céin go Béal Átha Fhínín. Tá an t-ionad cóireála fuíolluisce suite ar an taobh ó dheas de Bhéal Átha Fhínín agus déantar é a chóireáil trí chóras aeraithe leathnaithe le scaoileadh go dtí Abhainn na Bandan. Tá an gléasra cóireála fuíolluisce seo ag lánacmhainneacht agus ní mór é a uasghrádú. Tá an comhghréasán bailithe séarachais ag a lánacmhainneacht freisin go príomha mar gheall ar cheisteanna uisce stoirme agus tá gá le huasghrádú freisin. Tá moltaí chun an acmhainn cóireála fuíolluisce a uasghrádú á gcur chun cinn faoi láthair.
- 2.13.24 Cheadaigh Uisce Éireann uasghrádú ar Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhéal Átha Fhínín/Inis Céin ag an suíomh reatha chun acmhainn bhreise fáis a sholáthar faoi Chlár Fáis na mBailte Beaga agus na Sráidbhailte. Teastaíonn seachadadh an tionscadail uasghrádaithe seo thar shaolré an phlean chun spriocanna fáis an tsráidbhaile a bhaint amach mar atá leagtha amach i gcuspóir DB-01.

- 2.13.25 Is ó Scéim Soláthar Uisce Poiblí Dhroichead na Bandan a thagann an soláthar uisce reatha go Béal Átha Fhínín/Inis Céin. Tá acmhainn soláthair uisce spártha teoranta agus tá gá le huasghrádú ar ghréasán Bhéal Átha Fhínín/Inis Céin.
- 2.13.26 Chun ligean don sráidbhaile forbairt ar bhealach ordúil, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí feabhsúcháin ar bhonneagar an tsráidbhaile, chun an soláthar uisce a chosaint agus chun an t-ionad cóireála fuíolluisce a uasghrádú.
- 2.13.27 Tá áiteanna i mBéal Átha Fhínín/Inis Céin sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois Abhainn na Bandan agus a cuid fo-aibhneacha tríd an sráidbhaile, agus tá siad léirithe ar léarscáil na lonnaithe (i.e. tá siad ar an taobh thuaidh agus ar an taobh dheas den sráidbhaile). Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaithe, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Fírinne a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

### An Oidhreacht Thógtha

- 2.13.28 Tá an tírdhreach mhealltach i mBéal Átha Fhínín/Inis Céin agus tá roinnt foirgnimh bhreátha ann. Tá Séipéal Muire, ar séipéal caitliceach é, (RPS ID 00693) atá suite laistigh den sráidbhaile cláraithe i dTaifead na Struchtúr Cosanta. Cuireann Teach Dheargrátha agus na tailte timpeall ar an teach i mBéal Átha Fhínín le carachtar ailtireachta na lonnaithe agus ba chóir an struchtúr seo agus a shuíomh a chosaint.

### An Bhithéagsúlacht agus an Tírdhreach

- 2.13.29 Síneann bealach sárscéimhe an S31 ón taobh ó dheas de Bhéal Átha Fhínín siar go Dún Mánmhaí. Is cúlra tarraingteach don sráidbhaile é an taobh chnoic lastuaidh de Bhéal Átha Fhínín/Inis Céin, agus ba chóir é a choinneáil, agus an fhorbraíocht a sheachaint ar na tailte arda. Tá pNHA Theach Chill an Lúir suite timpeall 3 km soir ó thuaidh ón lonnaithe, ar coill é atá measartha nádúrtha suite i gceantar talmhaíochta a bhfuil tábhacht áitiúil ag baint leis.
- 2.13.30 Tá stádas 'measartha' ó thaobh cáilíochta uisce de ag gabháil le hAbhainn na Bandan a théann tríd an sráidbhaile faoi láthair, de réir phlean Cheantar Abhantraí an Iardheiscirt (SWRBD). Faoi láthair, téann an fuíolluisce ón ionad cóireála fuíolluisce amach in Abhainn na Bandan atá ina 'Limistéar faoi Chosaint Uisce Óil', 'Ceantar Íogair Cothaitheach' agus 'Ceantar Sainithe Diúilicín PEARLA Fionnuisce' agus ar limistéar faoi chosaint atá ann.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha


Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Bhéal Átha Fhínín/Inis Céin	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 74 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint sócmhainní bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dt teoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas.</b> Is iad na príomhshócmhainní bonneagair ghlais atá ag Béal Átha Fhínín/Inis Céin ná Abhainn na Bandan agus na spásanna oscailte gaolmhara feadh teorainn theas na lonnaithe seo agus dhá shruth a ritheann tríd an sráidbhaile ó thuaidh chun freastal ar Dhroichead na Bandan.



## Cuspóirí Forbartha Sonracha

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Béal Átha Fhínín/Inis Céin		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
An Bonneagar Glas		
GA-01	Spás oscailte. Coinnigh an cúrsa galf dhá mhaide, na cúirteanna leadóige agus clós súgartha na bpáistí atá ann cheana.*	15.4
GC-02	Spás oscailte caomhnaithe le húsáid mar chrios glas idir sráidbhailte Bhéal Átha Fhínín agus Inis Céin.	2.5
Fóntais agus an Bonneagar		
U-01	Carrchlós eas-sráide a sholáthar.	0.2
U-02	Bealach siúil/rothaíochta taitneamhachta a fhorbairt agus a chothabháil. Dearfar an bealach ag cur san áireamh a shuíomh iogair laistigh de limistéar coillearnai leathnádúrtha. D'fhéadfadh sé nach mbeadh leithid caighdeáin féarbhealaí oiriúnach nó indéanta feadh fhairsinge iomlán an bhealaigh ag cur san áireamh a shuíomh laistigh de limistéar coillearnai.	-

# Béal Átha Fhínín/ Inis Céin



Cóipcheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cosaint. San áireamh tá sonraí Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a atáirgeadh faoi uimhir cheadúnais OSI Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sáraíonn atáirgeadh neamhúdairithe Suirbhé ordanás Éireann agus cóipcheart Rialtas na hÉireann © Suirbhé Ordanáis Éireann 2022

## 2.14 Béal an Dá Chab

### Fís agus Comhthéacs

- 2.14.1 Is é an aidhm straitéiseach do Bhéal an Dá Chab ná spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú an tsráidbhaile ildaite seo trí shaintréithe ailtireachta agus tírdhreacha uathúil na lonnaíochta a chaomhnú agus an fhorbairt bháúil a chur chun cinn ann in aontú le seirbhísí a sholáthar ann. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo tacú le leathnú seirbhísí agus áiseanna pobail agus turasóireachta agus fís a chur chun cinn do Bhéal an Dá Chab mar shráidbhaile ceann scribe agus cáilíocht comhshaoil an cheantair a chothabháil agus a athchóiriú trí bhonneagar fuíolluisce cuí a sholáthar.
- 2.14.2 Is sráidbhaile cósta álainn agus ildaite é Béal an Dá Chab ar an taobh theas de leithinis Uí Mhín agus tadhach leis an bpríomh-N71 idir an Sciobairín agus Beantraí. Tá sé suite freisin laistigh de 6 km de phríomhbhaile na Scoile, atá suite siar ón lonnaíocht agus laistigh de 30 km ó Bheanntaí agus ón Sciobairín. Tá raon an-mhaith áiseanna sa sráidbhaile faoi láthair, lena n-áirítear siopaí éagsúla, gailearaithe ealaíon agus ceardaíochta, tithe tábhairne agus caiféanna, scoileanna, dhá shéipéal agus seirbhís rialta bus. Tá méid beag de ghníomhaíocht áitiúil ginte fostaíochta.
- 2.14.3 Tá an sráidbhaile suite i suíomh atá an-tarraingteach agus tá sráid-dreach tarraingteach ann freisin. Aithníodh é seo nuair atá cuid shuntasach den lonnaíocht ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta a shíneann ón gceantar cósta thart ar an gcuan beag agus ar an tarbhealach iarnróid suas feadh na príomhshráide. Léiríonn an ceantar seo cuid mhór de chroílár stairiúil shráidbhaile Bhéal an Dá Chab. Tá suíomh an-tarraingteach agus pictiúrtha ag an gceantar thart ar an inbhear ach go háirithe.
- 2.14.4 Tá an sráidbhaile suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.14.5 Léirítear sa tábla thíos go raibh 23 aonad cónaithe tógtha laistigh de teorainn an tsráidbhaile idir 2010 agus 2020. Tugadh le fios i nDaonáireamh 2016 go raibh daonra de 274 ag Béal an Dá Chab, arb ionann é sin agus laghdú beag de 1% nó 3 daoine ón daonáireamh roimhe sin in 2011.
- 2.14.6 Tá foráil déanta sa phlean seo d'fhorbairt 20 aonad cónaithe breise laistigh den sráidbhaile. Tá go leor talún laistigh den teorainn forbartha chun freastal ar an scála forbartha seo. Ba chóir go mbeadh forbairtí nua comhtháite go maith leis an sráidbhaile atá ann cheana féin agus go n-éascófar an rochtain éasca agus sábháilte ar an ionad leo, agus ar na príomh-áiseanna shiúil agus rothair freisin. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairtí a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta, agus ba chóir go mbeadh forbairtí uile ag teacht le carachtar an cheantair.

Tábla 5.2.29 An Fás sa Líon Tithe i mBéal an Dá Chab le linn na tréimhse 2010-2020

Bliain	2010	2015	2020	Athrú
Líon na dTeaghaisí	184	189	207	23

Foinse: An Logeolaire

### An Chomhforbairt Áite/Réimse Poiblí/Gluaiseacht/Lár an tSráidbhaile

- 2.14.7 Is i bhfoirm scéimeanna tithíochta ar scála beag atá an fhorbairt atá déanta le déanaí. Cruthaíonn an topagrafaíocht agus na lomáin charraige dromchla atá ag dul in olcas go háirithe dúshlán don fhorbairt.
- 2.14.8 Go stairiúil bhí grán na forbartha dirithe ar chroílár an tsráidbhaile áit ar tháinig leagan amach sráide an-tarraingteach chun cinn. Tá forbairt déanta ó shin i láithreacha níos imeallaí do chroílár an tsráidbhaile. Cé nár éirigh chomh maith céanna le roinnt forbartha le fiche bhliain anuas maidir le tagairt do dhearadh seanbhunaithe an tsráidbhaile a urramú, bhí an fhorbairt níos déanaí níos báúla agus ba cheart an t-ardchaighdeán dearaidh atá bunaithe sa sráidbhaile anois a choinneáil agus a chur chun cinn.
- 2.14.9 Suite in aice leis an N71 (bealach náisiúnta) tá rochtain mhaith ag an sráidbhaile ar Bheanntaí agus ar an Sciobairín. Tá seirbhís bus poiblí laethúil ar fáil sa sráidbhaile go dtí an Scoil, Corcaigh, an Sciobairín agus Beantraí. Tá teacht go héasca ar Phríomhbhaile na Scoile, ós rud é go bhfuil sé cóngarach don lonnaíocht, ó Bhéal an Dá Chab. Is leor an soláthar cosáin agus soilsiú atá ann, go bunúsach.
- 2.14.10 Is fadhb é plódú tráchta, go háirithe le linn bhuaicshéasúir na turasóireachta. Tá gá le tuilleadh páirceála eas-sráid a sholáthar. Ar chúl agus lastuaidh den Phríomhshráid, cuireann úsáidí talún, lena n-áirítear páirceáil agus garáistí, roinnt ceisteanna taitneamhachta agus tráchta chun cinn, agus níl acmhainneacht iomlán na dtailte seo bainte amach. Moltar cuspoir a éascódh athfhorbairt chuí an cheantair seo.



## An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.14.11 Baineann cuid mhór den fhostaíocht sa sráidbhaile go príomha leis an tionscal seirbhíse mar lóistín do chuirteoirí, bialanna, tábhairní agus aonaid mhiondíola. Is dócha go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh amach anseo mar gheall ar an tarraingt atá ag an láthair mar cheann scribe do chuirteoirí. Tá gá le pointe fócais ag Béal an Dá Chab agus ina leith seo, d'fhéadfadh scóip a bheith ann cearnóg nua sráidbhaile a fhorbairt a chuirfeadh le chéile feidhm spáis oscailte, pobail agus turasóireachta. Bhainfeadh an sráidbhaile leas freisin as feabhsuithe ar cheantar an chladaigh a chuirfeadh tuilleadh le cumas turasóireachta Bhéal an Dá Chab.
- 2.14.12 Is féidir an raon fostaíochta a bhaineann leis an turasóireacht a leathnú tuilleadh agus ag an am céanna a aithint go bhfuil gá freisin leis na foirmeacha traidisiúnta fostaíochta ar nós iascaireachta a chothú agus a fhorbairt. Lasmuigh den sráidbhaile féin, tá fostaíocht áitiúil sa talmhaíocht mar gheall ar an gcúlchríoch fairsing tuaithe.
- 2.14.13 Bhainfeadh an sráidbhaile leas níos mó as bearta sonracha chun tacú leis na tionscail cheardaíochta agus bia áitiúla, lena n-áirítear soláthar rian ealaíon agus ceardaíochta ainmnithe agus forbairt 'gairdín sráidbhaile' le cuibhriinn ar shuíomh oiriúnach nach n-úsáidtear go leor.
- 2.14.14 Spreagtar forbairt turasóireachta ar scála beag agus meánach, lena n-áirítear soláthar cóiríochta saoire bainistithe ar cíos, go dearfach sa sráidbhaile, ar choinníoll go bhfuil sé ag teacht le cáilíochtaí sárscéimhe an cheantair. D'fhéadfadh deiseanna a bheith ann tuilleadh lóistín turasóireachta a sholáthar laistigh den bhaile.

## Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.14.15 Tá raon áiseanna áineasa agus turasóireachta ag sráidbhaile Bhéal an Dá Chab a bhaineann lena shuíomh agus a shuíomh tarraingteach. Mheasfaí go bhfuil a leithéid de raon in éad le go leor lonnaíochtaí den mhéid céanna agus cuireann sé go mór le tarraingteacht na háite. Áirítear leis seo siúlóidí taitneamhachta, áiteanna súgartha, leithris phoiblí, srl.
- 2.14.16 Tá páirc GAA suite ar thailte lasmuigh de theorainn forbartha an tsráidbhaile soir ó thuaidh ach cóngarach dó. Tá foirgneamh pobail agus dhá shéipéal sa sráidbhaile. Tá ionad fág-anseo, oifig an phoist agus cé ann. Tá dhá bhunscoil (Scoil Bhríde agus Scoil Náisiúnta Naomh Maitiú), banc pobail agus ionad beag leighis laistigh den sráidbhaile.
- 2.14.17 Mar gheall ar an suíomh tarraingteach ina bhfuil Béal an Dá Chab suite, agus an raon áiseanna pobail agus seirbhísí ann, is láthair tharraingteach le haghaidh forbartha é. Níltear tar éis an deis seo a thapú le blianta beaga anuas, mar gheall ar bhacainní bonneagair, den chuid is mó, agus chun ligean don sráidbhaile forbairt ar bhealach ordúil, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí feabhsúcháin ar bhonneagar fuíolluisce an tsráidbhaile. Faoi láthair níl ach réamhchóireáil (umar múnlaigh) fuíolluisce laistigh den sráidbhaile. Caithfear aghaidh a thabhairt ar an gceist seo chun gníomhaíocht do bharshaothraithe sa cheantar máguaird a fheabhsú tuilleadh.

## An Bhainistíocht Uisce

- 2.14.18 Ní dhéantar ach an chóireáil phríomhúil (umar múnlaigh) ar an bhfuíolluisce faoi láthair ar 700 an acmhainneacht de réir dearaidh aige agus atá ró-ualaithe faoi láthair. Tá gá le hionad nua cóireála fuíolluisce a sholáthar agus le huasghrádú a dhéanamh ar an ngréasán séarachais sula dtarlóidh aon fhorbairt bhreise i mBéal an Dá Chab. Mar gheall ar láithreach 'limistéir shainithe sliogéisc' sa chuan is dócha go mbeidh cóireáil threasach ag teastáil.
- 2.14.19 Tá áiteanna i mBéal an Dá Chab sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois bhruacha Abhainn Ráth Dhreóin sa sráidbhaile, agus tá siad léirithe ar an léarscáil criosaithe um úsáid talún. Éilítear i dTreoirilinte an Rialtais, agus tá sé mar chuspóir ag an bplean seo, go seachnófar forbairt sa todhchaí i gceantair a léirítear go bhfuil siad i mbaol tuilte. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonracha le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonracha le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

## An Oidhreacht Thógtha

- 2.14.20 Is díol spéise do thurasóirí atá sa sráidbhaile é an tarbhealach iarnróid i mBéal an Dá Chab (RPS ID 00776) atá áirithe i dTaifead na Struchtúr Cosanta. Laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta Bhéal an Dá Chab ba chóir go gcaomhnódh agus go bhfeabhsódh forbairt carachtar ailtireachta agus sráid-dreach an cheantair, agus beidh caighdeán arda dearaidh ag teastáil ann.
- 2.14.21 Cé go bhfuil sé aitheanta go bhfuil scóip ann le haghaidh forbartha laistigh de Béal an Dá Chab; ach, mar sin féin, tá sé tábhachtach go gcoimeádtar, go bhfeabhsaítear agus nach gcuirfí isteach ar charachtar tuaithe an tsráidbhaile, ar a oidhreacht ailtireachta agus ar a oidhreacht eile agus ar thaitneamhachtaí nádúrtha. Is é an príomhshuíomh forbartha mar sin ná comhdhlúthú báúil na láithreán laistigh den teorainn forbartha.

## An Bhithéagsúlacht agus an Tírdhreach

- 2.14.22 Tá Cuan Bhéal an Dá Chab, atá in aice leis an mbaile, laistigh de Cheantar Speisialta Caomhantais Chuan agus Oileáin Loch Trasna (000101) agus an Limistéar Oidhreachta Nádúrtha atá molta (000101). Is láithreán thar a bheith tábhachtach caomhantais é Cuan agus Oileáin Loch Trasna, a thacaíonn le gnáthóga mara agus talún éagsúla.




- 2.14.23 Tá Béal an Dá Chab suite laistigh d'Aonad Bainistíochta Uisce Chloich na Coillte/an Sciobairín. Tá stádas 'ard' ó thaobh cáilíochta uisce de ag gabháil le Ráth Dhreóin Mhór agus ag Abhainn Bhaile an Chnocháin a thagann le chéile i mBéal an Dá Chab agus a théann tríd measartha le bheith ar chaighdeán 'maith' faoi láthair, de réir phlean Cheantar Abhantraí an Iardheiscirt (SWRBD). Faoi láthair, téann an fuíolluisce ó Bhéal an Dá Chab amach san fharráige i gCuan Loch Trasna atá, i gcomhréir le Plean SWRBD, mar chuid de limistéar cosanta - 'Limistéar Sliogéisc Ainmnithe' agus ar láithreán Natura 2000 (SAC) é freisin. De réir Plean an SWRBD, is ionann stádas foriomlán na 'n-Uisce Idirthréimhseacha agus Cósta' seo agus 'measartha'. Ní mór an chóireáil fuíolluisce atá ann cheana féin i mBéal an Dá Chab a chríochnú, a fheabhsú agus a uasghrádú, agus cuideoidh sé sin chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce ionas go mbeidh 'stádas maith' bainte amach faoi 2021. Tá Béal an Dá Chab suite i gceantar den chontae atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha (HVL). Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórsála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach. Tá trí Bhealach Sárscéimhe sainithe a thrasnaíonn an Ionnaíocht (S90, S95, agus S97).

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Bhéal an Dá Chab	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 20 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Moltar ar an gcéad dul síos na tailte is gaire do lár an tsráidbhaile a fhorbairt, agus meastar go bhfuil forbairt naisc mhaithe coisithe/rotháíochta agus taitneamhachta leis an bpríomhshráid mar chuid thábhachtach d'aon scéim mholta.
DB-03	Tacú le forbairt turasóireachta agus foirmeacha eile d'úsáidí dúchasacha fostaíochta laistigh den sráidbhaile nuair is féidir iad a chomhtháthú go hoiriúnach le suíomh an tsráidbhaile.
DB-04	Riachtanas do réiteach páirceála carrchlóis eas-sráide atá inrochtana agus atá faoi fhad siúil de lár an tsráidbhaile a shainiú.
DB-05	Na háiseanna pobail atá ann faoi láthair a choinneáil agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile.
DB-06	Tosaíocht a thabhairt d'uasghrádú agus leathnú bóithre, laistigh den sráidbhaile ar bhonn riachtanas le linn shaolré an phlean.
DB-07	Tacú le forbairt rotharbhealaí agus cosáin coisithe ar mhodh inbhuanaithe mar chonairí turasóireachta.
DB-08	Rochtain fheabhsaithe do choisithe agus naisc, gluaiseacht agus sábháilteacht a chur chun cinn ar fud an tsráidbhaile.
DB-09	Tacaíocht a thabhairt do bhearta chun aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht tráchtá agus ceisteanna cúrsaíochta i lár an tsráidbhaile.
DB-10	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint ghnéithe bonnagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b><u>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</u></b> . Áirítear le sócmhainní bonnagair ghlais Bhéal an Dá Chab ceantar an chuain agus gnáthóga gaolmhara, bogaigh, crainn aibí, coillearnach agus spásanna oscailte eile.

## Cuspóirí Forbartha Sonracha

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Béal an Dá Chab		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GC-01	Spás Oscailte le cosaint do thaitneamhacht amhairc agus cáilíochtaí sárscéimhe mar chuid den suíomh tarraingteach cósta ina bhfuil an sráidbhaile suite.*	4.6
<b>Limistéar Beartais Speisialta</b>		
X-01	Limistéar athfhorbartha féideartha le raon úsáidí féideartha lena n-áirítear carrchlós an bhaile. Maidir le húsáid agus dearadh cás aon fhorbairt nua, ba chóir aird a thabhairt don rochtain teoranta feithiclí ar an gceantar, ar thaitneamhacht na daoine atá ina gcónaí ar thaobh an bhóthair, agus ar a inmhianaithe atá sé fabraic fhísiciúil an cheantair a fheabhsú.	0.6



## 2.15 Dún na Séad

### Fís agus Comhthéacs

- 2.15.1 Is iad na haidhmeanna straitéiseacha do Dhún na Séad ná spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú an tsráidbhaile laistigh dá shuíomh tuaithe, saintréithe ailtireachta agus tírdhreacha uathúil na lonnaíochta a chaomhnú agus an fhorbairt bháúil a chur chun cinn ann in aontí le seirbhísí a sholáthar ann. Tá soláthar áiseanna pobail ar cheann de na príomhbhreithnithe maidir le forbairt an tsráidbhaile sa toadhcháil.
- 2.15.2 Tá sráidbhaile Dhún na Séad suite timpeall 10 km siar ó dheas ón Sciobairín. Tá an sráidbhaile suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí. Tá an sráidbhaile suite ar chladach thoir an leithinis atá os comhair oileáin Inis Arcáin agus Rinn an Gharraí. Tá cuan foscúil sa sráidbhaile agus tá clú agus cáil air mar ionad seoltóireachta agus tá cé ann le héagsúlacht gníomhaíochtaí farraige; is iad sin seoltóireacht, seirbhís farantóireachta chuig na hoileáin, turais báid le haghaidh faire deilfeanna agus míolta móra, iascaireacht, ionad tumadóireachta, clóis bháid agus árthaí pléisiúir. Is é an sráidbhaile an t-ionad seirbhíse do chúlchríoch mhór a shíneann ón Sciobairín go Baile an Chaisleáin Sheáin agus foláionn sé an dá phríomhoileán a bhfuil cónaí orthu, Cléire agus Searccain. Mar sin féin, is ionad turasóireachta príomhghníomhaíocht an tsráidbhaile.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.15.3 Thairfeadh 323 duine mar an daonra i nDún na Séad i nDaonáireamh 2016, is é sin le rá laghdú 24 duine nó 7% i gcomparáid leis an líon daoine i ndaonáireamh 2011. Léirítear sa tábla thíos go raibh 26 aonad cónaithe tógtha laistigh de theorainn an tsráidbhaile idir 2010 agus 2020.

Tábla 5.2.30: An Fás sa Líon Tithe i nDún na Séad le linn na tréimhse 2010-2020

Bliain	2010	2015	2020	Athrú
Líon na dteaghaisí	461	485	487	26

Foinse: An Logeolaire

- 2.15.4 Mar gheall ar shuíomh tarraingteach cois cósta agus feidhm turasóireachta an tsráidbhaile tá an-tóir air maidir le forbairt nua. Is éard a bhí i bhformhór an fháis seo ná forbairtí tithe saoire soir ó chroílár an tsráidbhaile. Rinneadh roinnt forbartha cónaithe freisin i bhfoirm roinnt teaghaisí móra scoite díreach amach ón bpríomhshráid.
- 2.15.5 Tá comhréir ard de thithe saoire, suite i lár an tsráidbhaile agus sna cnoic imeallacha. Sa gheimhreadh tá go leor de na tithe saoire seo folamh agus tá laghdú suntasach ar an daonra áitiúil. Is féidir an figiúr seo a dul i méad faoi suas le 5 huairde le linn míonna an tsamhraidh.
- 2.15.6 Mar gheall ar an suíomh tarraingteach cois cósta ina bhfuil Dún na Séad suite, tá feidhm na turasóireachta agus factóirí áineasa/cáilíochta beatha ina láthair tharraingteach le haghaidh forbartha. San am a chuaigh thart, rinneadh tógáil shuntasach tithíochta lena n-áirítear tithe saoire mar thoradh ar scéimeanna dreasachta cánach. Ba cheart go mbeadh aon tithíocht nua dírithe níos mó ar thithíocht bhuan áitiúil.
- 2.15.7 Tá foráil déanta sa phlean seo d'fhorbairt 37 aonad cónaithe breise laistigh den sráidbhaile. Tá go leor talún laistigh den teorainn forbartha chun freastal ar an scála forbartha seo. Ba chóir go mbeadh forbairtí nua comhtháite go maith leis an sráidbhaile atá ann cheana féin agus go n-éascófar an rochtain éasca agus sábháilte ar an ionad leo, agus ar na príomh-áiseanna shiúil agus rothair freisin. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairtí a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta, agus ba chóir go mbeadh forbairtí uile ag teacht le carachtar an cheantair.

### An Bonneagar

- 2.15.8 Tá toilleadh breise sa soláthar uisce agus san ionad cóireála fuíolluisce chun freastal ar fhás sa sráidbhaile amach anseo. Tá Scéim Réigiúnach an Sciobairín um an Soláthar Uisce (Céim 4) - Cóireáil, Stóráil agus Líonra ag teacht chun críche.
- 2.15.9 Tá áiteanna i nDún na Séad sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois cósta go dtí an taobh tuaisceart den sráidbhaile, agus tá siad léirithe ar léarscáil na criosaithe um úsáid talún. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.
- 2.15.10 Dúnadh an bóthar faoisimh a thrasnaíonn ceantar cónaithe siar le déanaí, rud a chuir isteach ar chúrsaí tráchta laistigh den sráidbhaile. Táthar tar éis an carrchlós laistigh den sráidbhaile in aice leis an gcé a leathnú amach le déanaí. Tá sé inmianaithe freisin páirceáil bhreise eis-sráid a sholáthar, go háirithe le haghaidh an tsamhraidh.
- 2.15.11 Tá cosáin phoiblí agus soilsiú poiblí laistigh den sráidbhaile. Tá ionad athchúrsála/fág-anseo laistigh den sráidbhaile agus tá an lonnaíocht inrochtana freisin trí sheirbhís iompair poiblí (bus) sheachtainiúil.



## An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.15.12 Tá an sráidbhaile ag brath go mór ar thurasóireacht, go háirithe ar fhóillíocht mhara, agus sainaitnítear go bhfuil gá lena neartú. Soláthraítear na príomhchineálacha fostaíochta sa sráidbhaile sna tionscail seirbhísí, turasóireachta agus iascaireachta. Tá roinnt tionscal muirí sa sráidbhaile chomh maith leis an tseirbhís farantóireachta a bhí ag feidhmiú chuig an dá oileán áirithe (Cléire agus Inis Arcáin). Áirítear san Fhoirgneamh Áiseanna Cuain nua in aice leis an gCé i nDún na Séad oifig an Mháistir Cuain, spás oifige príobháideach, leithris chomh maith leis an limistéar feithimh poiblí d'úsáideoirí bus agus farantóireachta.
- 2.15.13 Soláthraíonn forbairtí tithe saoire atá suite laistigh de chroílár an tsráidbhaile nó gar dó, pointe fócasach don fheidhm mhéadaithe turasóireachta sa sráidbhaile. Tagann méadú suntasach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch le linn míonna an tsamhraidh nuair a thagann líon na gcuariteoirí séasúracha chuig an gceantar. I measc na seirbhísí/áiseanna eile sa sráidbhaile tá séipéal, stáisiún garda, linn snámha faoi úinéireacht an phobail, halla pobail, cúirteanna leadóige, roinnt tithe tábhairne agus tithe aíochta, bialanna/caiféanna, siopaí, leithris poiblí, agus seirbhísí eile do thomhaltóirí. Sa chúlchríoch tuaithe tá an chuid is mó den fhostaíocht áitiúil dírithe ar thalmhaíocht.
- 2.15.14 Bheadh sé inmhianaithe athnuachan leanúnach a chur i gcrích ar aonaid réadmhaoine laistigh de Lár an tsráidbhaile agus ba chóir gur ar ard-chaighdeán a mbeadh an dearadh don fhorbairt inlíonta agus d'aghaidheanna siopaí nua agus athsholáthair araon, chun teacht le carachtar foriomlán na príomhshráide.
- 2.15.15 Tá go leor suíomhanna deiseanna le haghaidh athfhorbartha feadh an chósta agus ag an gcé. Tá easpa suntasach seirbhísí sóisialta sa bhaile.
- 2.15.16 Tá cuid áirithe talún laisteas den sráidbhaile agus siar ó Rolf Cottages san áireamh leis an teorainn forbartha. Caithfidh aon fhorbairt nua sa cheantar seo aird a thabhairt ar nádúr an-íogair agus feiceálach an tírdhreacha, le rochtain srianta ar bhóithre agus seirbhísí bonneagair neamhleor.
- 2.15.17 Tá go leor brú ar an gcalafort atá ann faoi láthair chun na gníomhaíochtaí éagsúla a oibríonn uaidh a bhainistiú, go háirithe le linn míonna an tsamhraidh. Mar phointe fócais den bhaile agus na háiseanna calafoirt amháin, tá na gníomhaíochtaí éagsúla atá ag feidhmiú ón gcalafort ag teacht salach ar a chéile, ní hamháin ó thaobh spáis de ach ó thaobh feidhme de (áthas/turasóireacht véarsaí tráchtála/fiontar). Tá sé tábhachtach an calafort a choinneáil mar chalafoirt oibre agus a ghníomhaíochtaí tráchtála mar lárphointe fócasach an bhaile. Tá gá le feidhmeanna tráchtála agus uiscebhunaithe turasóireachta a scaradh óna chéile. Is gá na moltaí d'fhorbairt an chuain a thabhairt chun críche ionas go mbeidh na húsáidí deighilte go leor chun fás éifeachtach ar gach ceann díobh a cheadú laistigh d'fhorbairt chothromaithe an bhaile agus a chéibheanna.
- 2.15.18 Áirítear ar na fiontair thráchtála na seirbhísí farantóireachta do phaisinéirí laethúla idir an móirthír agus na hoileáin (Cléire, Inis Arcáin agus eile) agus na bulcearraí agus na farantóireachta gluaisteán chuig na hoileáin. I measc na bpríomhfhiontair a fheidhmíonn as an gcalafort de ghnáth tá na báid iascaireachta tráchtála agus a gcothabháil agus a deisiú. I measc na ngníomhaíochtaí atá bunaithe sa samhradh tá an scoil seoltóireachta agus an muiríne ar snámh do bháid seoltóireachta agus árthaí fóillíochta. Feidhmíonn an scoil tumadóireachta ó cheann ceann na bliana ó áitribh laistigh den limistéar tráchtála. Tá roinnt siopaí eile, clós súgartha agus áit pháirceála nua sa chuan freisin.
- 2.15.19 Soláthraíonn fánán lastoir den ché thuaidh áiseanna do bháid níos lú agus do bháid farantóireachta Rolladh ann – Rolladh as a laghdóidh brú tráchtála ag an bhfánán atá sa chuan ar deireadh.
- 2.15.20 Tá an talamh ó Rinn an Bhulla feadh chósta chuan Shráid an Teampaill mar chuid d'ainmniúchán tírdhreacha ardluacha mar gheall ar a shuíomh, a shuíomh agus a tírdhreach briste. Moladh i bpleananna forbartha roimhe seo go ndéanfaí an talamh a chríosú do thalmhaíocht, do thurasóireacht le rogha óstáin agus muiríne. Measadh go raibh sé tábhachtach go n-úsáidfe an talamh le haghaidh gníomhaíocht turasóireachta dian. Tá foscadh maith ar an talamh ón bpríomhbhá agus tá sé suite go maith ó thaobh seirbhísí agus an bóthar rochtana nua go dtí an R595. Tá an topagrafaíocht míchothrom go leor agus tá fána ginearálta ann ón oirthear go dtí an iarthar.
- 2.15.21 Tugadh ceadanna pleanála san am a chuaigh thart chun muiríne agus foirgnimh sheirbhíse ar an gcladach lena mbaineann (bialann agus áiseanna gléasta) a fhorbairt. Tá an plean seo tar éis an deis a thapú le criosú níos praiticiúla (forbairt turasóireachta measctha) a sholáthar don cheantar seo chun ligean do mholtaí forbartha measctha a chur i bhfeidhm sa suíomh tírdhreacha fíor-íogair seo. Tá sé tábhachtach go mbeadh an fhorbairt íogair do cháilíochtaí sárscéimhe an tsuímh agus go bhfuil sí ag teacht le riachtanas an mhargaidh do Dhún na Séad.
- 2.15.22 Tá cuid de na limistéir forbartha laistigh den lonnaíocht ainmnithe mar Limistéir Beartais Speisialta chun suntas agus tábhacht straitéiseach na láithreán seo a thabhairt chun suntais agus chun an gá agus an riachtanas d'úsáidí measctha talún agus pleananna limistéir ghníomhaíochta níos doimhne d'fhorbairt na láithreán seo a léiriú. Go háirithe, 'láithreáin deise' is iad na céanna cuain agus na tailte mórtimpeall orthu chun na céanna éagsúla a fhorbairt chomh maith leis na limistéir seirbhíse ar an gcladach chomh maith le forbairt ghaolmhar eile. Tá soláthar déanta do thionscal mara i nDún na Séad chun tacú leis an tionscal iascaireachta, bádóireachta agus turasóireachta ar shuíomh X-01. Ba cheart na clóis bháid atá ann faoi láthair a choinneáil agus a athchóiriú.

## Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.15.23 Baineann na háiseanna caitheamh aimsire sa sráidbhaile go príomha le háineas mara lena n-áirítear clubanna seoltóireachta agus ionaid tumadóireachta. Tá clós súgartha agus linn snámha faoi úinéireacht an phobail laistigh den lonnaíocht agus tá an pháirc GAA is cóngaraí suite lasmuigh den sráidbhaile sa Ráth Mhór. Tá stáisiún bád tarrthála lonnaithe sa sráidbhaile. Ní mheastar go bhfuil an raon áiseanna pobail a chuirtear ar fáil sa lonnaíocht leordhóthanach d'fhorbairt an tsráidbhaile sa toadhchá, go háirithe ós rud é go bhfuil an bhunscoil suite timpeall 2-3 km taobh amuigh den sráidbhaile sa Ráth Mhór agus nach bhfuil aon mheánscoil sa lonnaíocht.

- 2.15.24 Ba chóir go mbeadh soláthar áiseanna cuí pobail agus sóisialta ag teacht le forbairt nua cónaithe. Ina theannta sin, tá go leor talún criosaithe le haghaidh spás oscailte agus taitneamhachta chun cur i bhfeidhm áiseanna pobail breise a cheadú. Féachfaidh an plean seo leis na háiseanna pobail atá ann faoi láthair a choinneáil agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile.
- 2.15.25 Faoin 'Straitéis um Bonneagar Fóillíochta Muirí do Roinn an Iarthair de Chontae Chorcaí 2008', tá Dún na Séad ainmnithe mar 'Mhol Priomhach. Le déanaí, tá Comhairle Contae Chorcaí 'Slí Ghorm Abhainn na hAighlinne' a fhorbairt, ar chonair gníomhaíochta uisce é ón Sciobairín go Dún na Séad.

### **An Bhainistíocht Uisce**

- 2.15.26 Téann an fuíolluisce amach ón ionad cóireála fuíolluisce ag Cuan Dhún na Séad/Inbhear na hAighlinne faoi láthair ar láithreán Natura 2000 mar "Limistéar Sliogéisc Sannaithe" (SAC agus SPA) de réir Cheantar Abhantraí an Iardheiscirt (SWRBD). De réir Plean an SWRBD, is ionann stádas foriomlán an uisce 'Idirthréimhseach agus Cois Cósta' in Inbhear na hAighlinne agus 'Go Maith'. Cuideoidh an chóireáil fuíolluisce anua i nDún na Séad chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce ionas go mbeidh 'stádas maith' bainte amach faoi 2021.

### **An Oidhreacht Thógtha**

- 2.15.27 Tá sráid-dreach tarraingteach sa sráidbhaile, agus roinnt foirgneamh breá leithleach ann. Tá ceithre fhoirgneamh nó struchtúr eile laistigh den sráidbhaile ar an Taifead ar Dhéanamhais Chosanta, lena n-áirítear Caisleán Dhún na Séad (Uimh. RPS 00809), Eaglais na hÉireann Dhún na Séad (Uimh. RPS 01250), Iar-Scoil Iascaigh Dhún na Séad (Uimh. RPS 01468). (b) agus an Sean-Stáisiún agus Comhartha Traenach ann (Uimh. RPS 02995). Tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, agus a oidhreacht agus a thaitneamhachtaí nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirfí isteach orthu. Mar gheall ar shuíomh cósta an tsráidbhaile os cionn Chuan Dhún na Séad, tá sé tábhachtach go gcoimeádfadh aon fhorbairt sa todhchaí sláine an tírdhreacha máguaird. Tá scóip le haghaidh forbartha laistigh de Dhún na Séad; ach, mar sin féin, tá sé tábhachtach go gcoimeádtar, go bhfeabhsaítear agus nach gcuirfí isteach ar charachtar tuaithe an tsráidbhaile, ar a oidhreacht ailtireachta agus ar a oidhreacht eile agus ar thaitneamhachtaí nádúrtha agus cósta.

### **An Bhithéagsúlacht agus an Tírdhreach**

- 2.15.28 Tá Baile Dhún na Séad suite i gceantar den chontae atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha (HVL) sa phlean seo. Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórsála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach. Tá ceithre bhealach sárscéimhe sainithe ann freisin, an S88, an S87, an S86 agus an S85, a théann tríd an sráidbhaile nó gar dó.
- 2.15.29 Tá Cuan Dhún na Séad, lena n-áirítear Loch Trasna agus na hOileáin Ann atá siar ón sráidbhaile sainithe mar Limistéar Caomhantais Speisialta (cód láithreáin SAC – 0101) agus mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (cód láithreáin pNHA – 0101). Tá Rinn Mhuintir Bháire go Ceann Tuaithe, ó dheas de Dhún na Séad ainmnithe mar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (cód láithreáin SPA 4156) freisin.
- 2.15.30 Tá an talamh idir an pháirc pháirce agus mhaide, an reilig agus Trá na hEaglaise sách réidh agus ba chóir é a chaomhnú mar spás oscailte chun taitneamhacht amhairc an tsráidbhaile a chosaint. Ba chóir an talamh timpeall ar leithinis Rinn an Tarbha a chaomhnú mar spás oscailte chun taitneamhacht amhairc an cheantair a choinneáil agus chun lígean d'fhorbairt siúlóide agus áiteanna suí sárscéimhe. Ba cheart an talamh suite sa chuid is faide ar an taobh thiar den bhaile, ar Rinn an Iascaigh, a chaomhnú mar spás oscailte chun taitneamhacht amhairc an cheantair a chosaint.
- 2.15.31 Ba chóir an tsiúlóid phromanáid ó Rubha an Bhulla go Trá an Teampaill a fhorbairt i gcomhar le forbairt an cheantair atá criosaithe le haghaidh forbairt turasoíreachta measctha.

## Cuspóirí um Theorannacha Forbartha


Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Dhún na Séad	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 37 aonad cónaithe breise le haghaidh áitiúcht lán-aimseartha a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	An suíomh tarraingteach cois cósta agus carachtar an tírdhreacha a chothabháil agus a fheabhsú.
DB-03	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint ghnéithe bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bitheagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> . Áirítear le sócmhainní bonneagair ghlais Dhún na Séad gnáthóga cósta agus muirí limistéar an chuain agus gnáthóga a bhaineann leis na cinn tíre cósta chomh maith le spásanna oscailte eile.
DB-04	Is féidir soláthar teoranta a dhéanamh do chóiríocht thithe saoire bainistithe laistigh den sráidbhaile áit a bhfuil gá léirithe, faoi réir ag gnáthbheithnithe pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe.
DB-05	Tacú le soláthar inbhuanaithe agus leathnú áiseanna cuain, ar bhealach atá ag luí le cosaint SAC Chuan agus na nOileán Loch Trasna agus na ngnáthóg agus na speicis dá bhfuil sé ainmnithe.
DB-06	Ba cheart go gcuirfeadh gach aon fhorbairt leis an nascacht fheabhsaithe, leis an sábháilte do choisithe agus do rothaithe agus ba chóir go n-áireofaí leis moltaí maidir le bealaí rochtana feabhsaithe do choisithe/rothair, soláthar cosáin nua nó feabhsú cosáin atá ann cheana féin agus soláthar áiseanna do rothaithe, mar is cuí.
DB-07	Tacú le soláthar páirceála breise sa sráidbhaile agus machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le feabhas a chur ar bhainistíocht tráchta go háirithe le linn buaic-amanna cuairteoirí i míonna an tsamhraidh.
DB-08	Tacú le soláthar áiseanna pobail nua sa sráidbhaile nuair is féidir.
DB-09	Tacaíocht a thabhairt do bhearta chun aghaidh a thabhairt ar thréigean sa sráidbhaile, agus chun tacú le hathchóiriú inbhuanaithe agus íogair ar fhoirgnimh stairiúla tearcúsáidte sa sráidbhaile a chuireann le carachtar na lonnaithe mar an Iar-Stáisiún Traenach, an Sean-Scoil agus na clóis bád atá fágtha tréigthe.

## Cuspóirí Forbartha Sonracha

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Dún na Séad		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GR-01	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc, an galf dhá mhaide agus siúlóid bhealaigh scéimhe. Agus tairisceana chun siúlóidí a uasghrádú nó a shíneadh á ndearadh, ba cheart aird á tabhairt ar threoiríní an dea-chleachtais, ag soláthar le haghaidh bacanna cuí siar ón gcladach chun an baol de thionchar ar ghnáthóga agus speicis fionnuisce agus mara a sheachaint.	49.1
GR-02	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus siúlóid sárscéimhe cois uisce agus áit suí thart ar Rinn an Tarbh ann. Agus tairisceana chun siúlóidí a uasghrádú nó a shíneadh á ndearadh, ba cheart aird á tabhairt ar threoiríní an dea-chleachtais, ag soláthar le haghaidh bacanna cuí siar ón gcladach chun an baol de thionchar ar ghnáthóga agus speicis fionnuisce agus mara a sheachaint.	1.7
GC-03	Spás oscailte caomhnaithe do thaitneamhacht amhairc lena n-áirítear siúlóid phromanáid cois uisce.*	6.2
GR-04	Spás Oscailte le haghaidh úsáid áineasa agus pobail.*	2.0
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
U-01	Bóthar Rochtana Cónaithe le bonneagar coisithe agus rothaíochta san áireamh.	-
U-02	Siúlóid phromanáid ó Rinn an Tarbh go dtí an sráidbhaile saoire.	-
U-03	Siúlóid scéimhe trí thailte uachtaracha Dhún na Séad.	-
U-04	Bóthar Faoisimh.	-
<b>Limistéar Beartais Speisialta</b>		
X-01	Gníomhaíocht Muirí lena n-áirítear céanna roghnaithe nua, gníomhaíochtaí measctha tráchtála, muirí, pobail, turasóireachta agus fóillíochta, gan áireamh aon áit chónaithe nua. Tá an crios seo díreach in aice láimhe le Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan agus Oileán Loch Trasna.*	1.7
X-02	Forbairt chomhordaithe ar an láithreán seo a dhaingniú le haghaidh úsáidí éagsúla mar chuid de phlean foriomlán, agus soláthar a dhéanamh d'úsáidí measctha a bhaineann leis an turasóireacht, fostaíocht mhuirí, tráchtála agus fóillíochta agus úsáidí cónaithe go príomha, chomh maithe le háiseanna pobail, limistéir pháirceála agus siúlóid phromanáid cois uisce. Tá an crios seo díreach in aice láimhe le Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan agus Oileán Loch Trasna.*	2.7
X-03	Tailte íogaire ar cheann tíre a bhfuil cuma ar leith air agus a chuireann go mór le suíomh amhairc Dhún na Séad. Tá an poitéinseal aige chun bonn fostaíochta, eacnamaíochta agus Comhphobal an tsráidbhaile a fheabhsú leis na míreanna seo a leanas: - a. Muiríne agus na háiseanna talamhbhunaithe a ghabhann leis. b. Forbairt chuimsitheach ardcháilíochta a bhaineann leis an turasóireacht agus aird tugtha leo ar íogaireachtaí radhairc agus amhairc an tsuímh. c. Soláthar áiseanna áineasa cuí. Tagann sé seo faoi réir measúnú iomlán a dhéanamh ar mholtaí forbartha de réir DB-03.*	3.0



# Dún na Séad



## 2.16 Drom Dhá Liag

### Fís agus Comhthéacs

- 2.16.1 Is iad na haidhmeanna straitéiseacha do Dhrom Dhá Liag ná spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú an tsráidbhaile laistigh dá shuíomh tuaithe, saintréithe agus deiseanna tráchtála laistigh de chroílár an tsráidbhaile agus tírdhreacha uathúil na lonnaíochta a chaomhnú agus an fhorbairt bháil a chur chun cinn ann in aontí le seirbhísí a sholáthar i gcroílár an tsráidbhaile, chomh maith leis na deiseanna tráchtála atá ann.
- 2.16.2 Tá sráidbhaile Dhrom Dhá Liag suite ar an bpríomhbhótar idir Dhún Mánmhaí, an Sciobairín agus Beantraí (R 586), laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí. Tá struchtúr líneach ag an sráidbhaile, dírithe ar na príomhbhóithre soir go Dún Mánmhaí, siar go Beantraí agus ó dheas go dtí an Sciobairín. Leanann struchtúr an tsráidbhaile ailíniú seanlíne iarnróid Iarthar Chorcaí freisin. Ar an taobh ó thuaidh den príomhbhóthar agus den sruthán, téann an talamh suas go géar le fána, agus deántar teorainn dá réir ar imeall thuaidh an tsráidbhaile. Tá roinnt tithe aonuaire ar scála mór suite ar an iomaire thuaidh, ar iomaire sárscéimhe é.
- 2.16.3 Is ionad seirbhíse é an lonnaíocht don chúlchríoch tuaithe agus tá, go háirithe, comhchruinniú measartha ard de thionscail cheardaíochta. Measann cónaitheoirí Dhrom Dhá Liag go bhfuil siad i gcroílár Iarthar Chorcaí. Is foirgneamh suntasach laistigh den sráidbhaile é an Eaglais Chaitliceach a ndearnadh athchóiriú air. Tá an imeall thart ar phríomh-shráidbhaile Dhrom Dhá Liag sainithe ó thuaidh ag na ceantair ardtalún a bhaineann le bealach sárscéimhe (S30) Bhóthar Dhún Mánmhaí-Beantraí agus réamhuiscí Abhainn na hAighline. Tá patrún na tithíochta tuaithe sách scaipthe le fíorbheagán pointí comhchruinnithe (cnuasach).
- 2.16.4 Sa deisceart, scoilteann Bóthar an Sciobairín (R593) an ceantar ina rannán thoir agus thiar. Tá cumar Abhainn na hAighline agus Abhainn Ruagach agus Bóthar Bheantraí-an Sciobairín (R594) a theánn trí shráidbhaile beag na Cathrach sa dúiche thiar theas. Tá an patrún lonnaíochta cosúil leis an tuaisceart le comhchruinniú tithe tuaithe feadh na bpríomhbhóithre agus timpeall sráidbhaile na Cathrach. Tá patrún lonnaíochta scaipthe líneach ag earnáil an oirdheiscirt freisin gan aon lárionad sráidbhaile dáiríre.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.16.5 Taifeadh 451 duine mar an daonra i Dhrom Dhá Liag i nDaonáireamh 2016, is é sin le rá laghdú 3% i gcomparáid leis an líon daoine i ndaonáireamh 2011, tráth ar taifeadh 468 duine ann. Tá anailís gheo-eolaire don lonnaíocht sa tréimhse 2010-2020 léirithe i dTábla 5.2.31. Tugtar le fios ann go bhfuil laghdú tagtha ar an líon seoltaí poist atá ann le linn na tréimhse seo.

Tábla 5.2.31 An Fás sa Líon Tithe i nDrom Dhá Liag le linn na tréimhse 2010-2020

Bliain	2010	2015	2020	Athrú
Líon na dTeaghaisí	249	246	242	-5

Foinse: An Logeolaire

- 2.16.6 Tá foráil déanta sa phlean seo d'fhorbairt 25 aonad cónaithe breise laistigh den sráidbhaile. Tá go leor talún laistigh den teorainn forbartha chun freastal ar an scála forbartha seo. Ba chóir go mbeadh forbairtí nua comhtháite go maith leis an sráidbhaile atá ann cheana féin agus go n-éascófar an rochtain éasca agus sábháilte ar an ionad leo, agus ar na príomh-áiseanna shíúil agus rothair freisin. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairtí a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta, agus ba chóir go mbeadh forbairtí uile ag teacht le carachtar an cheantair.

### An Chomhforbairt Áite/Réimse Poiblí/Gluaiseacht/Lár an tSráidbhaile

- 2.16.7 Tá srian topagrafach ar fhás an bhaile lastuaidh de chroílár an tsráidbhaile agus meastar go bhfuil sé míchuí go gceadófaí aon fhorbairt ar bhun an droim. Tá scóip le haghaidh forbartha laistigh de Dhrom Dhá Liag; ach, mar sin féin, tá sé tábhachtach go gcoimeádtar, go bhfeabhsaítear agus nach gcuirfí isteach ar charachtar tuaithe an tsráidbhaile, ar a oidhreacht ailtireachta agus ar a oidhreacht eile agus ar thaitneamhachtaí nádúrtha. Is é an príomhshuíomh forbartha ná an ceantar ar an taobh thoir de chroílár an tsráidbhaile, áit ar tharla an fhorbairt chónaithe is déanaí, agus an fhorbraíocht ar an taobh thuaidh den sráidbhaile atá críochnaithe go páirteach.
- 2.16.8 Tá gá le hathnuachan/feabhsuithe ar lár an tsráidbhaile atá ag fulaingt de bharr tréigthe agus folúntas méadaithe. Chuige seo beidh sé tábhachtach tograí forbartha oiriúnacha a spreagadh, faoi réir ag gnáthbheithnithe cuí pleanála agus forbartha inbhuanaithe chun foirgnimh fholmha agus nach bhfuil in úsáid sa limistéar seo a thabhairt chun úsáid táirgiúil. Bheadh sé inmhianaithe athnuachan leanúnach a chur i gcrích ar aonaid réadmhaoine laistigh de Lár an tSráidbhaile agus ba chóir gur ar ard-chaighdeán a mbeadh an dearadh don fhorbairt inlíonta agus d'aghaidheanna siopaí nua agus athsholáthair araon, chun teacht le carachtar foriomlán na príomhshráide.

- 2.16.9 Tá fadhbanna brú tráchtá ar an bpríomhshráid toisc go dtéann an príomhbhóthar réigiúnach ó Dhún Máinmhaí go Beantraí tríd an sráidbhaile. Mar thoradh air sin, tá fadhbanna ann maidir le heaspa páirceála dóthanach i lár an tsráidbhaile, cé go bhfuil feabhas tagtha ar an scéal ó aistriúdh siopa Centra go suíomh nua ar imeall lár an tsráidbhaile. Tá gá le feabhas a chur ar an acomhal idir Bóthar Bheanntaí agus Bóthar an Sciobairín ar an taobh thiar den sráidbhaile agus feabhas a chur ar shábháilteacht tráchtá sa sráidbhaile i gcoitinne. Ba cheart bearta maolaithe tráchtá a dhéanamh ar an mbealach isteach chuig an sráidbhaile agus trasrianta agus cosáin do choisithe a thabhairt isteach, go háirithe in aice leis an scoil náisiúnta. Má thagann deis chun cinn le linn shaolré an phlean seo do pháirceáil inrochtana eas-sráide a bheith curtha ar fáil laistigh d'achar siúlóide ón sráidbhaile, ba chóir é sin a spreagadh freisin.

### **An Geilleagar agus an Fhostaíocht**

- 2.16.10 Tá raon leathan seirbhísí agus úsáidí fostaíochta laistigh den sráidbhaile. Tá roinnt seirbhísí riachtanacha ag an sráidbhaile lena n-áirítear oifig an phoist, clinic sláinte poiblí, cógaslann, stáisiún na nGardaí, roinnt siopaí áise agus comparáide, seirbhísí miondíola, siopa turasóireachta, caifé, tithe tábhairne, teach aíochta agus stáisiún peitрил agus tionscail cheardaíochta ar scála beag. I measc úsáidí fostaíochta eile sa sráidbhaile tá garáiste agus asraon díolachán carranna. Tá formhór na seirbhísí suite feadh an phríomhbhóthair.
- 2.16.11 Tá feabhas tagtha ar cháilíocht na seirbhísí miondíola laistigh den sráidbhaile le hathfhorbairt an láithreáin 'Muileann Arbhair' laistiar de chroílár an tsráidbhaile, lena n-áirítear ollmhargadh nua-aimseartha Centra, caifé, agus páirceáil ghluaisteán lena mbaineann. Lasmuigh den sráidbhaile, tá fostaíocht áitiúil sa talmhaíocht sa chúlchrioch fairsing tuaithe.
- 2.16.12 D'fhéadfaí an sean-stáisiún traenach a fhorbairt le haghaidh úsáid a bhaineann le turasóireacht, a chomhlánóidh na húsáidí áineasa in aice láimhe agus a chruthóidh naisc le croílár an tsráidbhaile. Is díol spéise i Abhainn na hAighlinne agus d'fhéadfadh deiseanna siúlóidí sárscéimhe a bheith ann chomh maith le siúlóidí poiblí tríd an sráidbhaile féin.
- 2.16.13 Tá gá aitheanta soláthar a dhéanamh do dheiseanna tráchtála níos fearr chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil. Laistigh de chroílár an tsráidbhaile tá roinnt foirgneamh atá folamh agus nach bhfuil in úsáid agus ar cheart iad a úsáid go torthúil. Tacófar le tograí forbartha a lonnú laistigh de chroílár an tsráidbhaile agus éascófar iad nuair is cuí.
- 2.16.14 Tá dáileacht talún criosaithe le haghaidh Gnó i nDrom Dhá Liag i bhfianaise leitheadúlacht na dtionscal ceardaíochta beaga sa sráidbhaile.

### **Áiseanna Sóisialta agus Pobail**

- 2.16.15 Tá roinnt áiseanna pobail agus caitheamh aimsire atá dea-fhorbartha sa sráidbhaile. Tá páirc GAA (agus an tuilsoilsiú san áireamh), páirc traenála agus clubtheach suite díreach ó dheas ó chroílár an tsráidbhaile. Tá cúrsa galf dhá mhaide suite díreach taobh amuigh den teorainn forbartha ar an taobh thiar den sráidbhaile. Tá cúirt leadóige, cúirt cispheile agus clós súgartha do leanaí suite in aice leis an sean-stáisiún traenach lastuaidh den phríomhbhóthar.
- 2.16.16 Is cosúil go bhfuil easpa áiseanna caitheamh aimsire sa sráidbhaile é féin. Tá an sean-halla paróiste a tógadh i 1906 suite ó dheas ón sráidbhaile. Tá teach altranais suite taobh amuigh de theorainn forbartha an tsráidbhaile, ar an taobh thuaidh de. Ba cheart úsáidí pobail eile ar nós halla pobail agus áiseanna cúraim leanaí a chur ar fáil sa sráidbhaile de réir mar is éileamh ann.
- 2.16.17 Ó thaobh oideachais de, tá dhá bhunscoil áitiúla sa sráidbhaile atá suite in aice a chéile, ó thuaidh ón sráidbhaile. Is scoil mheasctha í Scoil Náisiúnta Shinsearach Dhrom Dhá Liag a bhfuil 59 leanbh cláraithe ann don bhliain acadúil 2019-2020. Faoi láthair, níl aon ghá le tuilleadh cóiríochta chun freastal ar dhaltá a bheidh ag teacht isteach. Níl aon mheánscoil lonnaithe sa lonnaíocht.
- 2.16.18 Tá poitéinseal ag Teach Altranais Pháirc an Aonaigh ó thuaidh den sráidbhaile d'fhorbairt bhreise ar thithe fothaineacha do dhaoine scothaosta. Thacófai go ginearálta le haon leathnú ar an teach altranais chun na críche sin, faoi réir ag gnáthchúinsi cuí pleanála agus forbartha inbhuanaithe.
- 2.16.19 Féachfaidh an plean seo leis na háiseanna pobail atá ann faoi láthair a choinneáil agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile.
- 2.16.20 Tá ionad athchúrsála/fág-anseo agus áiseanna banc éadaí suite laistigh den sráidbhaile agus tá rochtain ag an lonnaíocht freisin ar bhus poiblí a fhreastalaíonn ar Bheanntaí agus Corcaigh.

### **An Bhainistíocht Uisce**

- 2.16.21 Níl aon acmhainneacht ann faoi láthair go dtí go ndéanfar uasghrádú ar an Ionad Cóireála Fuíolluisce agus ar an Líonra Séarachais chun freastal ar PE de 990. Tá acmhainn uisce teoranta ar feitheamh síneadh ar Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce an Sciobairín. Tá Scéim Réigiúnach an Sciobairín um an Soláthar Uisce (Céim 4) - Cóireáil, Stóráil agus Líonra le bheith tugtha chun críche in 2021. Chun ligean don sráidbhaile forbairt ar bhealach ordúil, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí feabhsúcháin ar bhonneagar an tsráidbhaile, chun an soláthar uisce a chosaint agus chun an t-ionad cóireála fuíolluisce a uasghrádú.



- 2.16.22 Tá baill éagsúla i nDrom Dhá Liag atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol léirithe ar léarscáil na lonnaíochta. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

### An Oidhreacht Thógtha

- 2.16.23 Tá an tírdhreach mhealltach i nDrom Dhá Liag agus tá roinnt foirgnimh bhreátha ann. Tá Eaglais Chaitliceach Dhrom Dhá Liag (RPS ID 00964) agus Eaglais na hÉireann Naomh Matha (RPS ID 00963) araon taifeadta i gClár na Struchtúr Cosanta. Tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, agus a oidhreacht agus a thaitneamhachtaí nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirfí isteach orthu.

### An Bhithéagsúlacht agus an Tírdhreach

- 2.16.24 Maidir le cáilíocht an uisce, téann an fuíolluisce amach in Abhainn Ruaga faoi láthair. De réir an Phlean SWRBD, tá stádas foriomlán Abhainn Ruagagh 'go maith'. Ní mór an chóireáil fuíolluisce ar Dhrom Dhá Liag a chríochnú, a fheabhsú agus a uasghrádú, agus cuideoidh sé sin chun feabhas a chur ar chosaint an uisce ionas go mbeidh 'stádas maith' bainte amach.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha


Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Dhrom Dhá Liag	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 25 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint ghnéithe bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> . Áirítear ar shócmhainní bonneagair ghlais Dhrom Dhá Liag gleann abhann an Ruagaigh agus na gnáthóga gaolmhara. Tá roinnt pócaí beaga coillearnaí laistigh den lonnaíocht sráidbhaile.

### Cuspóirí Forbartha Sonracha

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Drom Dhá Liag		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
An Gnó agus an Fhostaíocht Ghinearálta		
B-01	Gnólacht/forbraíocht ar scála beag/meánsála.	0.9
Limistéar Beartais Speisialta		
X-01	Athúsáid an iar-foirgnimh stáisiúin traenach chun críocha na turasóireachta. Ba cheart go mbeadh plean cuimsitheach caomhantais áirithe in aon tairiscint forbartha a áiríonn measúnú ar gach gné stairiúil agus ailtireachta den fhoirgneamh.*	0.03



# Drom Dhá Liag



## 2.17 Dúras

### Fís agus Comhthéacs

- 2.17.1 Is í an aidhm straitéiseach do Dhúras ná leathnú leanúnach ar a ról tríd an lonnaíocht a fhorbairt ar bhealach comhdhlúite agus ag an am céanna meas a léiriú ar phatrún agus ar charachtar na forbartha sa sráidbhaile. Féachann an plean le cosaint bhreise a thabhairt do na sócmhainní oidhreachta agus tírdhreacha is luachmhaire sa cheantar, méadú ar sheirbhísí agus áiseanna pobail agus turasóireachta a chur chun cinn agus cáilíocht comhshaoil an cheantair a chothabháil agus a athchóiriú trí bhonneagar cuí a uasghrádú go leanúnach agus de réir mar is cuí.
- 2.17.2 Tá príomh-shráidbhaile Dhúrais suite 10 km amach ó bhaile Bheantraí agus is ionann é agus geata agus ionad seirbhíse go dtí Leithinis Mhuintir Bháire agus Leithinis Uí Mhín ar bhealach an R591. Tá an sráidbhaile suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí.
- 2.17.3 Tá raon suntasach seirbhísí ag lonnaíocht Dhúrais dá mhéid, le héagsúlacht siopaí, tithe tábhairne agus séipéil, bunscoileanna, ionad sláinte agus naíonra agus roinnt tionscail. Ós rud é go bhfuil sé lasmuigh den príomhbhealach náisiúnta (N71) níl ach seirbhís teoranta iompair phoiblí ag an lonnaíocht.
- 2.17.4 Tá fás láidir tagtha ar an lonnaíocht le blianta beaga anuas agus d'éirigh leis an lonnaíocht go leor gnéithe dá bhuncharachtar a choinneáil fós. Tá lorg an bhaile sách dlúth in ainneoin na teorann forbartha móra agus tá cuid mhór den fhorbairt is déanaí cnuasaithe laistigh de 300-400 méadar ó chroílár an tsráidbhaile.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.17.5 Thug Daonáireamh 2016 le fios go raibh daonra 305 ag Dúras, laghdú 8% ón daonáireamh roimhe sin, in 2011. Léirítear i Tábla 5.2.32 go raibh 15 aonad cónaithe tógtha laistigh de theorainn an tsráidbhaile idir 2010 agus 2020.

Tábla 5.2.32 An Fás sa Líon Tithe i nDúras le linn na tréimhse 2010-2020

Bliain	2010	2015	2020	Athrú
Líon na dTeaghaisí	193	196	208	15

Foinse: An Logeolaire

- 2.17.6 Tá foráil déanta sa phlean seo d'fhorbairt 20 aonad cónaithe breise laistigh den sráidbhaile. Tá go leor talún laistigh den teorainn forbartha chun freastal ar an scála forbartha seo. Ba chóir go mbeadh forbairtí nua comhtháite go maith leis an sráidbhaile atá ann cheana féin agus go n-éascófar an rochtain éasca agus sábháilte ar an ionad leo, agus ar na príomh-áiseanna shiúil agus rothair freisin. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairtí a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta, agus ba chóir go mbeadh forbairtí uile ag teacht le carachtar an cheantair.

### An Chomhfhorbairt Áite/Réimse Poiblí/Gluaiseacht/Lár an tSráidbhaile

- 2.17.7 Is i bhfoirm scéimeanna tithíochta beaga agus meánmhéide go príomha a rinneadh forbairt le déanaí, agus is scéimeanna tithe saoire atá ann in go leor díobh. Tá lorg stairiúil na lonnaíochta bunaithe go príomha ar fhaiche beag, ar chrosbhóthar agus ar shráid-dreach traidisiúnta. Táthar tar éis an tsráid a fheabhsú agus a chomhdhlúthú le blianta beaga anuas agus tá cuid de na scéimeanna is déanaí ag cur leis an rath measartha maith atá bainte amach ar an sráid-dreach atá ann faoi láthair. Tá níos mó forbartha ar dhlús íseal de chineál láithreáin aonair sa cheantar i dtreo an tSéipéil Chaitlicigh agus níos faide ná mar atá ar an mbóthar ard sa sráidbhaile.
- 2.17.8 Cé go bhfuil suíomhanna ar fáil laistigh den teorainn forbartha reatha tá sé deacair treo fáis an tsráidbhaile sa toadhcháir thar thréimhse an phlean reatha a thuar. Níl topagrafaíocht an cheantair oiriúnach go héasca d'fhorbairt sa toadhcháir. Tá sé tábhachtach mar sin go ndéanfaí forbairt a chomhdhlúthú ar thailte atá ar fáil laistigh den teorainn reatha.
- 2.17.9 Tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, agus a oidhreachta agus a thaitneamhachtaí nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirfí isteach orthu.
- 2.17.10 Níl aon seirbhís bus rialta a théann go dtí an sráidbhaile. Tá gá le huasghrádú/athdhromchlú ar an ngréasán bóithre sa cheantar lena n-áirítear soláthar cosáin agus bearta maolaithe tráchta ar fud an tsráidbhaile. Tá gá le hathdhromchlú agus soláthar cosáin agus soilsiú poiblí ar an mbóthar cúl soir-siar. Ba chóir cosáin a shíneadh go leanúnach ó chroílár an tsráidbhaile síos go dtí an Eaglais Chaitliceach, páirc an phobail agus níos faide i gcéin. Ní mór soilsiú poiblí chuig Séipéal San Séamas a leathnú feadh an bhealaigh siúlóide seo a bhfuil an-tóir air sa sráidbhaile.
- 2.17.11 Chun ligean don sráidbhaile forbairt ar bhealach ordúil, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí feabhsúcháin ar bhonneagar an tsráidbhaile. Maidir le hacmhainn an bhonneagair amach anseo, tá an acmhainneacht ag baint leis teorainn a chur le cumas forbartha na láithreáin laistigh de theorainn forbartha an tsráidbhaile.

## An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.17.12 Baineann cuid mhór den fhostaíocht sa sráidbhaile go príomha leis an tionscal seirbhíse. Is dócha go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh amach anseo i bhfianaise na nithe is tarraingtí don láthair mar cheann scríbe do chuireoirí agus mar ionad seirbhíse áitiúil. Ní mór an raon fostaíochta a bhaineann le turasóireacht a leathnú.

## Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.17.13 Tá raon áiseanna caithimh aimsire agus turasóireachta ag sráidbhaile Dhúrais a d'fhéadfaí a leathnú. Is sócmhainn tábhachtach don phobal é an ceantar thart ar pháirc an phobail. Tá réamhscoil, cúirteanna leadóige, páirc bheag/chlós súgartha agus páirc sacair ann freisin. Tá an rochtain do choisithe agus d'fheithiclí araon thar a bheith contúirteach ag an láthair seo thart ar an droichead atá ann cheana féin agus tá uasghrádú acomhail agus soláthar cosáin thar a bheith tábhachtach chun na háiseanna tábhachtacha pobail seo a nascadh go sábháilte leis an gcuid eile den sráidbhaile. Ba chóir go leanfaí leis an tacaíocht d'áiseanna pobail a leathnú sa cheantar seo.
- 2.17.14 D'fhéadfadh go mbeadh acmhainneacht fhadtéarmach ann le tuilleadh forbartha ar an gceantar inbhir maidir leis an mbádóireacht agus cineálacha áineasa pobail eile, ach ní mór go ndéanfaí é sin a fhorbairt ar bhealach a bheadh báúil don suíomh.
- 2.17.15 Tá dhá shéipéal sa sráidbhaile, roinnt tithe tábhairne, siopa agus seirbhísí eile. Tá dhá bhunscoil agus áis cúram leanaí sa sráidbhaile. Léiríonn taifid scoile 2019/2020 go raibh 70 dalta ag SN Charraig Bhuí agus 20 dalta ag SN Naomh Shéamus.

## An Bhainistíocht Uisce

- 2.17.16 Caithfear an fearas cóireála fuíolluisce atá ann cheana a uasghrádú chun freastal ar an bhfás réamh-mheasta i nDúras. Tá acmhainneacht teoranta ag an soláthar uisce faoi láthair. Is é an fhoinsé uisce do WRZ Dhúras ná screamhuisce (trí thollpholl). Tá roghanna chun acmhainn a fheabhsú á n-athbhreithniú faoi láthair tríd an bpróiseas iomlán measúnaithe roghanna (FOA) mar chuid den NWRP. Tá sé beartaithe go mbeidh toradh an FOA, i.e. rogha tosaíochta ar fáil i R3 2021.
- 2.17.17 Tá Dúras suite laistigh d'Aonad Bainistíochta Uisce Theas Bhá Bheanntraí/Dhún Mhánaís. I láthair na huaire scaoileann fuíolluisce i nDúras isteach in Abhainn na gCeithre Mhíle a sreabhann isteach i gCuan Laistigh Chuan Dhún Mhánaís agus cuid de ina limistéar cosanta – 'Limistéar Sliogéisc'. Tá stádas 'ard' ó thaobh cáilíochta uisce de ag gabháil le hAbhainn na gCeithre Mhíle agus le hAbhainn Ahanegavanagh agus a théann tríd an sráidbhaile faoi láthair, de réir phlean Cheantar Abhantraí an Iardheiscirt (SWRBD). Is Limistéar Faoi Chosaint Um Uisce Óil í an abhainn.
- 2.17.18 Faoi láthair, scaoileann an t-ionad cóireála fuíolluisce go Bá Dhún Mhánaís. De réir Phlean an SWRBD, is ionann stádas foriomlán na 'n-Uisce Idirthréimhseacha agus Cósta' seo agus 'gan sannadh faoi láthair'. Ní mór an chóireáil fuíolluisce atá ann cheana féin i nDúras a chríochnú, a fheabhsú agus a uasghrádú de réir mar a théann an daonra ann i méid chun deimhniú go maith stádas maith ag gabháil le cáilíocht an uisce faoi 2021.
- 2.17.19 Tá áiteanna i nDúras sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois bhruacha Abhainn na gCeithre Mhíle agus an sruthán Abhainn na Gabhanagh sa sráidbhaile, agus tá siad léirithe ar léarscáil na lonnaithe. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaithe, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

## An Oidhreacht Thógtha

- 2.17.20 Tá cúig chaidéal uisce traidisiúnta i nDúras atá san áireamh ar Thairfead na Struchtúr Cosanta – RPS (02982), RPS (02983), RPS (02984), RPS (02984) agus RPS (02994). Tá Caisleán Chúil na Long in aice láimhe san áireamh freisin i dTairfead na Struchtúr Cosanta (Uimh. RPS 00767).

## An Bhithéagsúlacht agus an Tírdhreach

- 2.17.21 Tá Dúras suite i gceantar den chontae atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha (HVL) sa phlean seo. Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórsála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach. Ní mór iogaireacht a chleachtadh maidir le haon mholtaí sa cheantar seo mar gur sócmhainn gan dabht é ó thaobh thimpeallacht an tsráidbhaile agus cuireann sé lena tharraingteacht mar áit chónaithe. Tá dhá Bhealach Sárscéimhe sainithe S107 agus S108 a thrasnaíonn an sráidbhaile. Tá sé tábhachtach go gcoimeádfadh aon fhorbairt a dhéantar amach anseo sláine an tírdhreacha mórtimpeall go háirithe mar go bhfuil Dúras mar thairseach amach ar Leithinis Mhuintir Bháire. Tá Dúras suite freisin cóngarach do Scainneog Dhún Béacáin (Limistéar Caomhantais Speisialta 002280).
- 2.17.22 Mar a léiríodh roimhe seo tá gá le feabhsuithe ar an timpeallacht uirbeach go háirithe ag soláthar cosáin shábháilte le haghaidh caitheamh aimsire agus taitneamhachta feadh an ghréasáin bóithre atá ann cheana féin. Tá carachtar an-tarraingteach agus iogair ag an gceantar thart ar an inbhear agus tá sé fós gan mhilleadh. Tá crainn aibí agus coillearnach aibí mar shaintréith an limistéir taoide seo timpeall ar an séipéal Eaglais na hÉireann atá tarraingteach ar féidir é a mheas le bheith iogair don bhforbairt.



## Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Dhúras	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 20 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Moltar ar an gcéad dul síos na tailte is gaire do lár an tsráidbhaile a fhorbairt, agus meastar go bhfuil forbairt naisc mhaithe coisithe/rotháíochta agus taitneamhachta leis an bpríomhshráid mar chuid thábhachtach d'aon scéim mholta.
DB-03	Ba chóir go ndéanfaí freastal ar fhorbairt mhiondíola agus oifige laistigh de chroílár an tsráidbhaile agus go ndéanfaí soláthar dóthanach do pháirceáil.
DB-04	Tosaíocht a thabhairt d'uasghrádú agus leathnú bóithre, laistigh den sráidbhaile ar bhonn riachtanas le linn shaolré an phlean.
DB-05	Riachtanas do réiteach páirceála carrchlóis eas-sráide atá inrochtana agus atá faoi fhad siúil den shráidbhaile a shainaithint.
DB-06	Na háiseanna pobail atá ann faoi láthair a choinneáil agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile go háirithe sa limistéar timpeall na Faiche Pobail.
DB-07	Is féidir freastal ar fhorbairtí gnó/tionsclaíochta eile ar shuíomh oiriúnacha laistigh den teorainn forbartha faoi réir ag gnáthchritéir um phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe.
DB-08	Tacú le forbairt turasóireachta agus foirmeacha eile d'úsáidí dúchasacha fostaíochta laistigh den sráidbhaile nuair is féidir iad a chomhtháthú go hoiriúnach le suíomh an tsráidbhaile.
DB-09	Ba cheart go gcuirfeadh gach aon fhorbairt leis an nascacht fheabhsaithe, leis an sábháilte do choisithe agus do rothaithe agus ba chóir go n-áireofaí leis moltaí maidir le bealaí rochtana feabhsaithe do choisithe/rothair, soláthar cosáin nua nó feabhsú cosáin atá ann cheana féin agus soláthar áiseanna do rothaithe, mar is cuí.
DB - 10	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint ghnéithe bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> . Áirítear le sócmhainní bonneagair ghlais Dhúrais gnáthóga an chrios cósta, coillearnach, crainn aibí, agus spásanna oscailte sa sráidbhaile.


## Cuspóirí Forbartha Sonracha

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Dúras		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
Fóntais agus an Bonneagar		
U-01	Bóthar nua (bealach tásach) chun rochtain a chur ar fáil ar an fhorbairt tithíochta. Ba cheart an limistéar a chosaint ó fhorbairt a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leagan amach ordúil agus do sheachadadh an bhóthair.	-
U-02	Cosán (do choisithe agus rothaithe araon) chun rochtain dhíreach a sholáthar idir an fhorbairt tithíochta atá beartaithe agus lár an tsráidbhaile agus áiseanna.	-
U-03	Siúlóid lúbtha a fhorbairt feadh na mbóithre reatha sa sráidbhaile (bóthar an tséipéil trí shéipéal San Séamas agus an t-inbhear feadh an bhóthair uachtair agus thart ar lár an tsráidbhaile). Tá sé beartaithe go bhféadfadh an bóthar seo nascadh leis an gcé freisin. Is cuspóir níos fadtéarmaí é freisin soilsiú poiblí a fhorbairt feadh an bhealaigh shainaitheanta.	-
U-04	Tosaíocht a thabhairt d'uasghrádú agus leathnú bóithre, laistigh den sráidbhaile le linn shaolré an phlean. Tá sé mar chuspóir go háirithe an t-acomhal rochtana agus an droichead ag an bpáirc pobail/chlós súgartha a uasghrádú agus a dhéanamh sábháilte.	-



### Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Dúras

* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
U-05	Siúlóid taitneamhachta a fhorbairt agus a chothabháil.*	-
Limistéar Beartais Speisialta		
X-01	Forbairt chónaithe, ag brath ar infhaighteacht agus nasc leis an bpríomhlíonra séarachais. Tá gá le soláthar trí nascadh bóithre le tailte forbartha féideartha amach anseo (U-01) agus ba chóir gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun nasc díreach agus áisiúil do choisithe a sholáthar do chroílár an tsráidbhaile.	11.4
An Bonneagar Glas		
GR-01	Spás Oscailte le cosaint ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus cáilíochtaí sárscéimhe mar chuid de shuíomh tarraingteach cósta an tsráidbhaile. Ceadófar an fhorbairt theoranta i gcásanna inar féidir é a chomhtháthú go híogair sa suíomh. Sa chuspóir seo, áirítear an chosaint don saoráid pháirce phobail, clós súgartha agus áiseanna pobail atá ann faoi láthair.*	5.1
GC-02	Spás Oscailte le cosaint ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus cáilíochtaí sárscéimhe mar chuid de shuíomh tarraingteach cósta an tsráidbhaile. Ceadófar an fhorbairt theoranta i gcásanna inar féidir é a chomhtháthú go híogair sa suíomh.*	17



## 2.18 An Gleann Garbh

### Fís agus Comhthéacs

- 2.18.1 Is í an fhís atá ann don Ghleann Garbh mar shráidbhaile príomhach ná forbairt báuil a spreagadh agus a chomhdhlúthú laistigh den suíomh tírdhreacha uathúil íogair seo. Méadú ar sheirbhísí agus áiseanna pobail agus turasóireachta a chur chun cinn agus cáilíocht comhshaoil an cheantair a chothabháil agus a athchóiriú trí bhonneagar cuí a sholáthar.
- 2.18.2 Tá an sráidbhaile suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí. Tá an Gleann Garbh suite go radhairc ar chladach thuaidh Chuan Bheanntraí timpeall 15 km siar ó thuaidh ó bhaile Bheanntraí. Is bealach tríd é ar bhealach náisiúnta an N71 agus tugann sé trácht ón Neidín agus ó leithinis Bhéarra go Beanntraí agus níos faide i gcéin. Léiríonn an sráidbhaile é féin mar phointe stad thar a bheith tarraingteach mar gheall ar a choillte ársa, lochanna agus gairdíní fothrópaiceacha.
- 2.18.3 Is suíomh forbartha turasóireachta é lonnaíocht an Ghleanna Ghairbh go príomha, le meascán d'óstáin, siopaí turasóireachta, tithe tábhairne, bialanna, gairdíní, srl agus cé a fhreastalaíonn ar bháid farantóireachta turasóireachta agus báid iascaireachta. Is é an príomhphointe é chun dul ar bháid farantóireachta beaga a sholáthraíonn rochtain ar Oileán an Chuilinn, rud atá ina ábhar mór spéise do thurasóirí sa cheantar. Feidhmíonn sé freisin mar ionad beag a sholáthraíonn siopadóireacht áise, fostaíocht agus seirbhísí eile do chónaitheoirí na cúlchríocha tuaithe. Cuireann an inrochtaineacht choibhneasta (i gcomparáid leis na leithinis), tírdhreach álainn ach mín agus suíomh ar an mbealach náisiúnta go léir leis an éileamh atá air mar shuíomh do thithe saoire, dara agus scoir. Ciallaíonn a shuíomh tarraingteach an sráidbhaile ar fad agus tá go leor dá thimpeallacht san áireamh laistigh den Cheantar Tírdhreacha Ardluacha agus tá trí Bhealach Sárscéimhe sainithe sa chomharsanacht.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.18.4 Tugadh le fios i nDaonáireamh 2016 gur 138 duine a bhí ann mar dhaonra i nGleann Garbh. Léirítear i meastacháin atá déanta le Sonraí Logeolaire An Post ina ndéantar seoltaí poist agus tithe áitithe a thomhas go raibh 17 n-aonad cónaithe tógtha laistigh de theorainn an tsráidbhaile idir 2010 agus 2020, mar atá le brath sa tábla ag seo thíos.

Tábla 5.2.33: An Fás Sa Líon Tithe i nGleann Garbh le linn na tréimhse 2010-2020

Bliain	2010	2015	2020	Athrú
Líon Aonad	177	191	194	17

Foinse: An Logeolaire

- 2.18.5 Gan aon amhras, tá easnaimh bonneagair, srianta topagrafacha, agus gné íogair shuíomh an tsráidbhaile ar chinn de na tosca atá ag cur srian leis an bhforbairt le déanaí. Is ábhar imní ar leith é an méid forbartha atá déanta le déanaí (le 10 mbliana anuas) lasmuigh den teorainn forbartha agus go leor de a tharla ar bhealach fánach go leor.
- 2.18.6 Tá foráil déanta sa phlean seo d'fhorbairt 12 aonad cónaithe breise laistigh den sráidbhaile. Tá go leor talún laistigh den teorainn forbartha chun freastal ar an scála forbartha seo. Ba chóir go mbeadh forbairtí nua comhtháite go maith leis an sráidbhaile atá ann cheana féin agus go n-éascófar an rochtain éasca agus sábháilte ar an ionad leo, agus ar na príomh-áiseanna shiúil agus rothair freisin. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairtí a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta, agus ba chóir go mbeadh forbairtí uile ag teacht le carachtar an cheantair.

### An Chomhforbairt Áite/Réimse Poiblí/Gluaiseacht/Lár an tSráidbhaile

- 2.18.7 Tá éagsúlacht áirithe ag gabháil le carachtar chroílár an tsráidbhaile agus leis an gcuma atá air. Tá na foirgnimh thraidisiúnta tógtha suas go haghaidh na sráide, agus is amhlaidh atá déanta i gcás roinnt forbairtí tráchtála agus eile le déanaí. Is gnách, áfach, go gcuirtear tithe atá tógtha le déanaí (agus roinnt forbairtí tráchtála atá tógtha le déanaí) siar ina gcuid láithreán, rud a fhágann go bhfuil carachtar sách fo-uirbeach ag an áit, agus lagaítear croílár an tsráidbhaile dá réir, i ndáil leis an tslí a gcomhlíonann sé an sainmhíniú atá sannta dó. Tá sé beartaithe gur chóir forbairt nua a thógáil suas go dtí an líne tógála traidisiúnta seachas amháin sa chás go bhfuil cúiseanna sárraitheacha ann gur cheart a mhalairt a dhéanamh.
- 2.18.8 Tá laige radhairc chroílár an tsráidbhaile níos measa fiú mar gheall ar leithead fada chuid den bhóthar. Ligeann sé seo go leor spásanna páirceála, cé nach n-úsáidtear é seo go hiomlán ach ar feadh cuid den bhliain, ach tá tionchar ceannasach agus diúltach aige ar cháilíocht amhairc an tsráidbhaile, cuireann sé le luas iomarcach go leor feithiclí atá ag dul thart, agus déanann tá sé níos deacra do choisithe an bóthar a thrasnú. D'fhéadfaí dul i ngleic leis na saincheisteanna seo trí 'thógálacha' ó am go chéile. D'fhéadfaí crainn agus toir a chur orthu nó trasrianta coisithe a chur leo.
- 2.18.9 Agus iad níos míne fós, tá cuid de na foirgnimh á gcothabháil nó á gcur i láthair go dona, agus tá cuid den chomharthaíocht sách neamhbháil ó thaobh méid agus carachtar de. Is beag cumhacht atá ag an gComhairle ar an gcéad cheann, ach teastaíonn cead ó roinnt comharthaí agus mar sin is féidir rialuithe a úsáid. Tá forbairt ag sraoilleáil i bhfad ó chroílár na lonnaíochta, go háirithe i dtreo Bheanntraí, agus tá roinnt forbartha thar na blianta sách fo-uirbeach ó thaobh carachtar de. Nuair a chuirtear le chéile iad, tá baol ann go laghdófar achomharc fadtéarmach na lonnaíochta agus na háite dá bharr.



- 2.18.10 Tá roinnt suíomhanna inlíonta ar an bpríomhshráid, agus tá sé tábhachtach go ndéanfaí an fhorbairt ar na láithreáin seo mar thosaíocht chun cothromaíocht an tsráidbhaile a shlánú a leanann ar aghaidh ag sraoilleáil amach. Tá sé tábhachtach, áfach, go mbeadh aon mholtaí sa láthair seo ar ardchaighdeán dearaidh agus go mbeadh meas acu ar charachtar agus ar phatrún an tsuímh tharraingteach seo i lár an tsráidbhaile. Ba cheart na haghaidheanna siopaí nua agus athsholáthair araon a bheith ag teacht le carachtar foriomlán an tsráidbhaile.
- 2.18.11 Féadfar gurb é an cineál forbartha is oiriúnaí don sráidbhaile ná grúpaí beaga tithíochta, tithíocht scoite agus láithreáin seirbhísithe/roghanna féin-thógála, maidir le daoine a mhealladh agus chun rogha eile a thairiscint dóibh siúd a bheadh ag smaoineamh ar thithíocht faoin tuath oscailte murach sin freisin.
- 2.18.12 Tá rochtain mhaith ag an sráidbhaile atá suite ar an N71 (bealach náisiúnta) a théann go Beantraí agus go dtí Neidín. Tá iompar poiblí bus laethúil go Corcaigh agus Cill Árne ar fáil sa sráidbhaile agus níos faide amach ar an leithinis ar fad an R572 (Bóthar Réigiúnach). Le blianta beaga anuas, tá bóithre áitiúla a théann isteach chuig an sráidbhaile faoi bhrú méadaitheach mar gheall ar leathnú na forbartha sa chúlchríoch agus beidh leathnú nó uasghrádú na mbóithre seo ina shaincheisteanna fós sa todhchaí. Ba cheart tús áite a thabhairt do na bóithre sin atá suite laistigh den teorainn forbartha agus in aice leis maidir leis seo.
- 2.18.13 Tá pábháil nua do chosáin sa sráidbhaile tar éis an leithead a mhéadú chun freastal ar shuíocháin sheachtracha. D'fhéadfadh pointí pinn agus forleathnú ag eatraimh aghaidh a thabhairt ar mhaolú tráchta agus tuilleadh tosaíochta do choisithe a bhunú sa lonnaíocht.

### **An Geilleagar agus an Fhostaíocht**

- 2.18.14 Baineann cuid mhór den fhostaíocht sa sráidbhaile go príomha leis an tionscal seirbhíse mar lóistín do chuariteoirí, bialanna agus aonaid mhiondíola. Is dócha go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh amach anseo mar gheall ar an tarraingt atá ag an láthair mar cheann scríbe do chuariteoirí. Ní mór an raon fostaíochta a bhaineann le turasóireacht a leathnú agus ag an am céanna a aithint go bhfuil gá freisin leis na foirmeacha traidisiúnta fostaíochta ar nós iascaireachta a chothú agus a fhorbairt.
- 2.18.15 Faoin 'Straitéis um Bonneagar Fóillíochta Mara do Roinn an Iarthair de Chontae Chorcaí 2008' tá Gleann Garbh sainithe mar Mhol Tánaisteach a éilíonn pleanáil chuí do bhonneagar muirí agus soláthar Plean Bainistíochta Cuain don séasúr gnóthach turasóireachta.
- 2.18.16 Is é an dúshlán ná ról an Ghleanna Ghairbh mar ionad turasóireachta a fhorbairt a thuilleadh gan cur isteach ar na cáilíochtaí sárscéimhe a thugann a charachtar dó agus a mheallann cuairteoirí agus infheistíocht. Moltar freisin cuspóir a spreagann forbairt sráid-dreacha láidir. Tá an Gleann Garbh ag brath go mór ar an turasóireacht agus meastar go bhfeabhsódh spreagadh na forbartha mara sa sráidbhaile a acmhainneacht turasóireachta agus ag an am céanna go soláthrófáir dá bharr bonn fostaíochta agus eacnamaíochta níos leithne don lonnaíocht agus don cheantar máguaird. Spreagtar leathnú na n-áiseanna pobail/turasóireachta laistigh den príomhshráidbhaile seo.
- 2.18.17 Tá sé tábhachtach go mbeadh sé mar aidhm ag an bpolasáil lonnaíochta forbairt a chomhdhlúthú laistigh den teorainn reatha. Is é an réasúnaíocht atá leis seo ná an fhadhb a bhaineann le sraoilleáil mhéadaithe an tsráidbhaile amach a shrianadh. Aithnítear gur beag acmhainn atá ann an sráidbhaile a fhorbairt ó dheas (cósta) nó ó thuaidh sna hardtailte atá iógair ó thaobh amhairc agus éiceolaíochta a chuireann go mór le suíomh tarraingteach an cheantair ach tá deiseanna inlíonta fós ann lena n-áirítear láithreáin úrnua laistigh den teorainn reatha. Mar gheall ar cé chomh suntasach is atá an fhorbairt chónaithe bhuan agus saoire, cruthaítear trácht agus éileamh neamhriachtanach ar pháirceáil i gcroílár an tsráidbhaile, agus mar gheall ar cé chomh fada is atá an fhorbairt tráchtála ó chroílár an bhaile, laghdaítear, go pointe áirithe, acmhainn tráchtála an Ghleanna Ghairbh. Ba cheart tuilleadh forbartha tógtha feadh an N71 idir Droichead na Barún, An Gleann Garbh agus Droichead na Snámha, Béal Átha Leice a sheachaint.
- 2.18.18 Tá poitéinseal i gcroílár an tsráidbhaile do dhianú ar úsáidí tráchtála agus cónaithe araon chun acmhainneacht turasóireachta an cheantair a uasmhéadú agus tuilleadh leas a bhaint as.

### **Áiseanna Sóisialta agus Pobail**

- 2.18.19 Tá foirgneamh pobail, 3 óstán, séipéal agus reilig sa sráidbhaile. D'fhéadfadh go mbeadh gá le soláthar a dhéanamh do leathnú na reilige agus oibreoidh an t-údarás áitiúil leis na húdaráis eaglaise chun tailte a aithint agus leathnú a éascú dá mbeadh gá leis seo le linn shaolré an phlean reatha. Tá raon áiseanna caitheamh aimsire agus turasóireachta ag an sráidbhaile a bhaineann lena shuíomh tarraingteach. Cuireann sé seo go mór leis an sráidbhaile agus cuimsíonn sé siúlóidí, clós súgartha, leithris poiblí, srl. Tá bunscóil amháin agus ionad leighis beag sa sráidbhaile. Léiríonn taifid scoile 2019/2020 go bhfuil 55 dalta ag SN Fhiachna.

### **An Bhainistíocht Uisce**

- 2.18.20 Maidir le cóireáil fuíolluisce sa Ghleann Garbh ní sholáthraíonn an córas faoi láthair ach cóireáil phríomhúil. Mar gheall ar láithreach limistéir shainithe sliogéisc sa chuan is dócha go mbeidh cóireáil threasach ag teastáil. Tá uasghrádú na n-áiseanna cóireála fuíolluisce reatha rithábhachtach d'acmhainneacht forbartha an Ghleanna Ghairbh amach anseo. Maidir le huisce, níl ach scóip teoranta ann faoi láthair le haghaidh fairsingithe mar gheall ar shrianta ar an soláthar uisce. Tá gá le soláthar uisce an Ghleanna Ghairbh a uasghrádú sula ndéanfar aon fhorbairt eile. Tá tograí Uasghrádaithe Ionad Cóireála Uisce an Ghleanna Ghairbh ag céim na tógála faoi láthair.



- 2.18.21 Tá an Gleann Garbh suite laistigh d'Aonad Bainistíochta Uisce an tSiáin/an Ghleanna Ghairbh. Faoi láthair, scaoileann an umar seipteach bardasach isteach sa Chuan, limistéar cosanta, atá ina 'Limistéar Sliogéisc Ainmnithe' agus i gCuan agus Coillearnach an Ghleanna Ghairbh (SAC). De réir Plean Abhantrach an Iardheiscirt (SWRBD), is ionann stádas foriomlán na 'n-Uiscí Idirthréimhseacha agus Cósta' seo agus 'ard'. Sníonn trí abhainn laistigh agus in aice leis an teorainn forbartha agus scaoileann siad go Cuan an Ghleanna Ghairbh. Déantar cur síos ar stádas reatha aibhneacha an Ghleanna Ghairbh agus an Rinn Mhín araon mar 'ard' agus cuirtear síos ar stádas foriomlán Abhainn na Drom Garbh mar 'mhaith'. Is í an straitéis iomlán atá leagtha amach sa Phlean SWRBD ná a stádas a chosaint. Ní mór an chóireáil fuíolluisce atá ann cheana féin sa Ghleann Garbh a chríochnú, a fheabhsú agus a uasghrádú, agus cuideoidh sé sin chun cáilíocht an uisce a chosaint ionas go mbeidh 'stádas maith' bainte amach faoi 2021.
- 2.18.22 Chun ligean don sráidbhaile forbairt ar bhealach ordúil, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí feabhsúcháin ar bhonneagar an tsráidbhaile. Tá srianta maidir le hinfhaighteacht infrastruchtúir ag cur srian le hacmhainn forbartha na láithreán laistigh de theorainn forbartha an tsráidbhaile.
- 2.18.23 Tá áiteanna sa Ghleann Garbh sainitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe cois Abhainn an Ghleann Garbh agus na craobh-aibhneacha eile a théann amach i gCuan an Ghleann Garbh agus tá siad léirithe ar léarscáil na lonnaíochta. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfai i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

### An Oidhreacht Thógtha

- 2.18.24 Tá an tirdhreach mhealltach sa Ghleann Garbh agus tá roinnt foirgnimh bhreátha ann chomh maith le aghaidheanna siopa breátha a chuireann go mór le sainiúlacht na lonnaíochta. Tá na Black Cat Grocers (RPS ID 00886), atá suite laistigh den sráidbhaile ar Thaifead na Struchtúr Cosanta. Tá roinnt aghaidheanna siopaí cosanta sa sráidbhaile lena n-áirítear Éadanas Siopa Patrick O'Shea (RPS ID 00994), Bernard Harrington's Bar Uimh. (00995), – Aghaidh Siopa agus Aghaidh Shiopa Uí Chonaill (00997). Tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, agus a oidhreacht agus a thaitneamhachtaí nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirfi isteach orthu.

### An Bhithéagsúlacht agus an Tirdhreach

- 2.18.25 Cruthaíonn cuid mhór den cheantar thart ar an sráidbhaile Ceantar Speisialta Caomhnaithe Chuan an Ghleanna Ghairbh agus Fhearann na Coille. Tá sé seo tábhachtach mar is é an t-aon limistéar mór de sheanchoillearnach Darach atá fágtha in Iarthar Chorcaí agus meastar go bhfuil sé sa dara háit amháin i gCill Airne mar shampla de choillearnacha Aigéanacha Darach Neamhdhíobhálach/Cuileann. Ina theannta sin, tacaíonn an láithreán le daonraí de cheithre speiceas ainmhí atá liostaithe in Iarscibhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga - an Rón Beag (an choilíneacht is mó in iardheisceart na hÉireann díobh), an Chrú-Ialtóg Bheag, Diúilicín Péarla Fionnuisce agus an Drúchtín Ballach. Tá éagsúlacht shaibhir flóra agus fána ann, lena n-áirítear plandaí neamhchoitianta agus fungais.
- 2.18.26 Tá an sráidbhaile suite i gceantar den Chontae atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha (HVL) sa phlean seo. Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórsála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach. Tá trí bhealach sainithe sárscéimhe ann freisin, an S111 ó Bheantraí go dtí an Gleann Garbh, an S112 ón nGleann Garbh go dtí an Neidín agus an S113 ón nGleann Garbh go Baile Chaisleáin Bhéarra.
- 2.18.27 Is ceantar iad na coillearnacha timpeall an Phoill Ghorm agus an pointe rochtana ar Oileán an Chuilinn inar cheart srian docht a chur le forbairt agus cuireann an talamh díreach lastuaidh de theorainn forbartha an tsráidbhaile go mór le taitneamhacht radhairc agus radhairc an tsráidbhaile. Caithfidh aon fhorbairt a dhéantar sa cheantar seo a bheith thar a bheith íogair don suíomh.
- 2.18.28 Tá an bealach isteach go Tearmann Dúlra Choill an Ghleanna Ghairbh suite timpeall 1 km ó shráidbhaile an Ghleanna Ghairbh, Co. Chorcaí, ar Bhóthar Neidín (N17) agus lasmuigh de theorainn an tsráidbhaile. Tá roinnt siúlóidí/turasuithe áitiúla an-tarraingteach agus ionad picnice laistigh den tearmann. Ag cur san áireamh suntas náisiúnta an SAC agus tarraingt na gcoillearnacha dúchasacha ba cheart bealach siúil a fhorbairt a nascfadh é seo leis an sráidbhaile.

## Cuspóirí um Theorannacha Forbartha


Cuspóirí um Theorannacha Forbartha don Ghleann Garbh	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 12 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Moltar ar an gcéad dul síos na tailte is gaire do lár an tsráidbhaile a fhorbairt, agus meastar go bhfuil forbairt naisc mhaithe coisithe/rothaíochta agus taitneamhachta leis an bpríomhshráid mar chuid thábhachtach d'aon scéim mholta.
DB-03	Tacú le forbairt turasóireachta agus foirmeacha eile d'úsáidí dúchasacha fostaíochta laistigh den sráidbhaile nuair is féidir iad a chomhtháthú go hoiriúnach le suíomh an tsráidbhaile.
DB-04	Cur i gcoinne tuilleadh forbartha ar an N71 idir Droichead an Bharúntais, an Gleann Garbh agus Droichead na Snámha, Béal Átha Leice d'fhonn comhdhlúthú na lonnaíochta a spreagadh agus suíomh an cheantair a chosaint.
DB-05	Na háiseanna pobail atá ann faoi láthair a choinneáil agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile. Sainithin láthair oiriúnach le haghaidh leathnú na reilige le linn shaolré an phlean.
DB-06	Cosain suíomh íogair an tsráidbhaile agus na príomhthréithe agus gnéithe tírdhreacha a fhágann gur áit tharraingteach an Gleann Garbh. Áirítear leis na ceantair seo go háirithe na coillearnacha cósta agus an gheata chuig Oileán an Chuilinn agus ardtailte íogaire lena n-áirítear coillearnacha darach ársa an Ghleanna Ghairbh.
DB-07	Tosaíocht a thabhairt d'uasghrádú agus leathnú bóithre, laistigh den sráidbhaile ar bhonn riachtanas le linn shaolré an phlean.
DB-08	Feabhsaigh agus leathnaigh cosáin go ginearálta laistigh den sráidbhaile, go háirithe chuig tailte GAA. Bealach coisithe/rothaíochta a fhorbairt chun nascadh le Anaclann Dúlra Choill an Ghleanna Ghairbh agus áiseanna eile sa cheantar seo (suite 1 km soir ó lonnaíocht an tsráidbhaile). (Faoi réir fhorálacha DB-11).
DB-09	Ba cheart go gcuirfeadh gach aon fhorbairt leis an nascacht fheabhsaithe, leis an sábháilte do choisithe agus do rothaithe agus ba chóir go n-áireofaí leis moltaí maidir le bealaí rochtana feabhsaithe do choisithe/rothair, soláthar cosáin nua nó feabhsú cosáin atá ann cheana féin agus soláthar áiseanna do rothaithe, mar is cuí.
DB-10	Uasghrádú a dhéanamh, nuair is féidir, ar an mbonneagar turasóireachta atá ann cheana féin lena n-áirítear leithris phoiblí a sholáthar ag príomhphointí rochtana do thurasóirí.
DB-11	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint ghnéithe bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> . Áirítear ar shócmhainní bonneagair ghlais an Ghleanna Ghairbh limistéar taitneamhachta an Poll Gorm, gnáthóga an chríos cósta, gnáthóga oscailte na gceantar ardtailte máguaird, coillearnacha agus córais aibhneacha chomh maith le spásanna oscailte eile sa sráidbhaile agus Anaclann Dúlra Choill an Ghleanna Ghairbh díreach in aice leis.
DB-12	Tacú le soláthar úsáidí inbhuanaithe turasóireachta a bhaineann leis an mhuir agus fóillíocht inbhuanaithe.
DB-13	Tacú le soláthar inbhuanaithe de pháirceáil charranna, áiseanna conláiste/pobail agus úsáidí inbhuanaithe turasóireachta agus fóillíochta a bhaineann le hiompar gar do cheantar na cé. (Faoi réir fhorálacha DB-11).

## Cuspóirí Forbartha Sonracha

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil leis an nGleann Garbh		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GC-01	Spás Oscailte le cosaint ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus cáilíochtaí sárscéimhe an tsuímh ina bhfuil an sráidbhaile lonnaithe. Tá an ceantar seo laistigh de SAC Chuan an Ghleanna Ghairbh agus Fhearann na Coille agus níl sé oiriúnach le haghaidh forbartha. Spreagfar deiseanna chun luach bithéagsúlachta an limistéir seo a fheabhsú.*	18.6
GC-02	Spás Oscailte le cosaint ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus cáilíochtaí sárscéimhe an tsuímh ina bhfuil an sráidbhaile lonnaithe.*	1.2
GC-03	Spás Oscailte le cosaint ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus cáilíochtaí sárscéimhe an tsuímh ina bhfuil an sráidbhaile lonnaithe. Ní mór an choillearnach a choinneáil. Spreagfar deiseanna chun luach An Bhitheagsúlachta an limistéir seo a fheabhsú.	1.1
GC-04	Spás Oscailte le cosaint ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus cáilíochtaí sárscéimhe an tsuímh ina bhfuil an sráidbhaile lonnaithe. Áirítear leis an gcriosú soláthar d'uasmhéid de 3 theach deartha go híogair faoi réir ag scéim mhionsonraithe tírdhreachta a fhéachann le clúdach crann agus fásra atá ann cheana a choinneáil agus a mhéadú agus soláthar do dhóthain rochtana don láithreán.	3.9
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
U-01	Soláthar nasc coisithe agus rothar agus siúlóid taitneamhachta. Agus an bealach á dhearadh, tabharfar aird ar an suíomh íogair atá suite i dtírdhreach a bhfuil luach ard áilleachta agus nádúrtha ag baint leis. D'fhéadfadh sé nach mbeadh leithid caighdeáin féarbhealaí oiriúnach nó indéanta feadh fhairsinge iomlán an bhealaigh ag cur san áireamh a shuíomh laistigh de tírdhreach sárscéimhe agus na gnáthóga a dtéann sé tríothu.	-
U-02	Ionad Cóireála Uisce. Tacófar le huasghrádú an Ionaid Chóireála Fuíolluisce, lena chinntiú go gcomhlíonfaidh eisiltigh cuspóirí cáilíochta uisce Chuan an Ghleanna Ghairbh.	-
<b>Limistéar Beartais Speisialta</b>		
X-01	De ghnáth, ba chóir don bhforbraíocht tógtha i gcroílár an tsráidbhaile teacht an tslí ar fad chun aghaidh a chur díreach le taobh an bhóthair de ghnáth. Sa chás go gceadaítear an fhorbairt, mar eisceacht, suite siar ó éadanas an bhóthair, ba chóir í a bheith curtha siar go leor ón mbóthar gur féidir líne éadanais an bhóthair a neartú trí dhlúthphlandú crann nó trí chrainn a chur nó crainn atá ann cheana féin a choimeád, agus/nó ballaí suntasacha de dhearadh agus ábhar ardchaighdeáin ar aghaidh an bhóthair an oiread is gur féidir. Ba cheart páirceáil eas-sráide, nuair a chuirtear ar fáil é, a chur ar fáil ar chúl nó ar thaobh foirgneamh, agus páirceáil éadanais a sheachaint. Ba cheart go n-ionchorpróidh aon fhorbairt bhreise ar shuíomhanna a bhfuil a gcuid foirgneamh suite siar ón mbóthar cheana féin cóireálacha éadanais feadh na línte atá léirithe thuas.*	6.6
X-02	Tailte le cur in áirithe le haghaidh úsáide sainiúla pobail/taitneamhachta/turasóireachta/oidhreachta. Ba chóir go mbeadh meas ag tograí ar shuíomh íogair an tsráidbhaile, go gcuirfeadh siad go dearfach leis an sráid-dreach, agus go bhféachfadh siad leis an suíomh nádúrtha ar chúl an láithreáin a choinneáil chomh fada agus is féidir.	0.9



# Gleann Garbh



Cóipcheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cosaint. San áireamh tá sonraí Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a atáirgeadh faoi uimhir cheadúnais OSi Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sáraíonn atáirgeadh neamhúdaráithe Suirbhé ordanás Éireann agus cóipcheart Rialtas na hÉireann © Suirbhé Ordanás Éireann 2022.



## 2.19 An Léim

### Fís agus Comhthéacs

2.19.1 Is iad na haidhmeanna straitéiseacha don Léim ná spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú an tsráidbhaile laistigh dá shuíomh tuaithe, saintréithe ailtireachta agus tírdhreacha uathúil na lonnaíochta a chaomhnú agus an fhorbairt bháúil a chur chun cinn ann in aontú le seirbhísí a sholáthar ann. Lonnaíocht fhada líneach is ea Leap, suite go straitéiseach ar an N71 idir Cloich na Coillte agus an Sciobairín ag an aomhal bóthair go dtí baile turasóireachta Ghleann Doire agus an sráidbhaile iascaireachta Bréantrá, an dá cheann níos lú ná 2 km ar shiúl ó Bhá Chuan Dor. Tá radharcanna an-mhaith ar Chuan Dor i gcuid den chuid thiar den Léim. Tá an sráidbhaile suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí.

### An Daonra agus an Tithíocht

2.19.2 Taifeadh 257 duine mar an daonra sa Léim i nDaonáireamh 2016, is é sin le rá méadú timpeall 7% i gcomparáid leis an líon daoine i ndaonáireamh 2011, tráth ar taifeadh 240 duine ann. Léirítear i Tábla 5.2.34 go raibh 4 aonad cónaithe tógtha laistigh de theorainn an tsráidbhaile idir 2010 agus 2020.

Tábla 5.2.34: An Fás sa Líon Tithe sa Léim le linn na tréimhse 2010-2020

Bliain	2010	2015	2020	Athrú
Líon na dTeaghaisí	146	149	150	4

Foinse: An Logeolaire

2.19.3 Tá foráil déanta sa phlean seo d'fhorbairt 20 aonad cónaithe breise laistigh den sráidbhaile. Tá go leor talún laistigh den teorainn forbartha chun freastal ar an scála forbartha seo. Ba chóir go mbeadh forbairtí nua comhtháite go maith leis an sráidbhaile atá ann cheana féin agus go n-éascófar an rochtain éasca agus sábháilte ar an ionad leo, agus ar na príomh-áiseanna shiúil agus rothair freisin. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairtí a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta, agus ba chóir go mbeadh forbairtí uile ag teacht le carachtar an cheantair.

### An Chomhforbairt Áite/Réimse Poiblí/Gluaiseacht/Lár an tSráidbhaile

2.19.4 Rinneadh roinnt forbartha cónaithe inlíonta ar an scála beag le déanaí, chomh maith le huasghrádú réadmhaoine laistigh de chroílár an tsráidbhaile. Tá an topagrafaíocht ar an dá thaobh den phríomhbhóthar tríd an sráidbhaile ard agus go háirithe géar i gcodanna. Tá sé tábhachtach go gcoimeádfadh aon fhorbairt sa todhchaí sláine an tírdhreacha mórthimpeall, go háirithe lastuaidh agus laisteas den sráidbhaile, lena n-áirítear na limistéir fhairsinge coillearnaí a sholáthraíonn suíomh tírdhreacha don sráidbhaile.

2.19.5 Tá an príomhshuíomh forbartha laisteas den phríomhshráid, áit a bhfuil deiseanna breise ann d'fhorbairtí inlíonta ar scála beag. Tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, a oidhreacht ailtireachta agus a oidhreacht agus a thaitneamhachtaí nádúrtha eile a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirfí isteach orthu.

2.19.6 Imí Eanáir 2021, bhí Leap ar cheann de roinnt sráidbhailte sa Chontae, ar éirigh leo maoiniú a fháil faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2020. Cabhróidh an maoiniú seo le páirc thaitneamhachta a sholáthar don sráidbhaile, ag aithint an ról tábhachtach atá ag spás áineasa ardchaighdeáin lasmuigh i mbailte agus i sráidbhailte.

2.19.7 Sainmhíniú teorainn forbartha na Léime fairsinge reatha an cheantair inar féidir forbairt nua a bhreithniú, agus ceadaíonn sé freisin roinnt fairsingithe d'fhorbairt chónaithe, go príomha ó dheas den phríomhshráid. Le linn shaolré an Phlean seo, díreoidh forbairt go príomha ar fhorbairt inlíonta laistigh de na ceantair seo.

2.19.8 Bheadh sé inmhianaithe athnuachan leanúnach a chur i gcrích ar aonaid réadmhaoine laistigh den Sráidbhaile agus ba chóir gur ar ard-chaighdeán a mbeadh an dearadh don fhorbairt inlíonta agus d'aghaidheanna siopaí nua agus athsholáthair araon, chun teacht le carachtar foriomlán an tSráidbhaile.

2.19.9 Téann príomhbhealach náisiúnta an N71 trí lár an tsráidbhaile ag tabhairt cuid mhór den trácht 'trí' isteach sa sráidbhaile. Tá cosáin phoiblí agus soilsiú poiblí laistigh den sráidbhaile; ach tá feabhsuithe cosáin agus bearta ceansaithe tráchta ag teastáil freisin, mar sin féin. Tá seirbhís bus poiblí ag freastal ar an sráidbhaile, a théann go dtí an Sciobairín, Cloich na Coillte agus Cathair Chorcaí. Tá ionad athchúrsála/fág-anseo agus banc éadaí ar fáil asa sráidbhaile.

### An Geilleagar agus an Fhostaíocht

2.19.10 Tá na príomhchineálacha fostaíochta a chuirtear ar fáil in laistigh den sráidbhaile seirbhís-bhunaithe, go bunúsach. Tá raon seirbhísí ar fáil sa sráidbhaile lena n-áirítear siopaí, oifig an phoist, stáisiún peitрил, siopa potaireachta, clinic sláinte poiblí, ionad troscáin agus cairpéad, gailearaí ealaine, roinnt tithe tábhairne agus caifé. Sa chúlchríoch tuaithe tá an chuid is mó den fhostaíocht áitiúil dírithe ar thalmhaíocht agus ar thionscal an iascaigh atá lonnaithe i mBréantrá.

- 2.19.11 Níl aon talamh gnó criosaithe sa phlean seo, ach d'fhéadfadh scóip a bheith ann do shuíomh crios fostaíochta laistigh den teorainn forbartha ag an taobh thoir den sráidbhaile ar an taobh theas den phríomhbhóthar.

### Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.19.12 Tá páirc spóirt agus clubtheach GAA ag an sráidbhaile taobh amuigh de theorainn an tsráidbhaile ar an mbóthar ar an taobh thuaidh isteach go Draighneach. Tá clós súgartha do leanaí agus halla paróiste sa sráidbhaile freisin. Ina theannta sin, tá go leor siúlbhealaí a úsáidtear chun críocha áineasa lena n-áirítear an siúlóid radhairc feadh bhruacha Chuan Dor.
- 2.19.13 Maidir le cúrsaí oideachais, bhí 41 leanbh ar an rolla sa bhunscoil mheasctha áitiúil sa Léim sa bhliain acadúil 2019/2020. Faoi láthair, níl aon ghá le tuilleadh cóiríochta chun freastal ar dhaltá a bheidh ag teacht isteach.
- 2.19.14 Tá ionad Mhírois do chúrsaí spioradálta atá á oibriú ag Misinéirí an Chroí Ró-Naofa suite siar ón sráidbhaile amach ón N71.
- 2.19.15 Féachfaidh an plean seo leis na háiseanna pobail atá ann faoi láthair a choinneáil agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile. Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, agus a oidhreacht agus a thaitneamhachtaí nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirfi isteach orthu.

### An Bhainistíocht Uisce


- 2.19.16 Níl aon acmhainneacht ann faoi láthair go dtí go ndéanfar uasghrádú ar an ionad cóireála fuíolluisce atá ann cheana féin chun freastal ar PE de 490. Tá acmhainn uisce teoranta go dtí go n-uasghrádaíear an ghléasra cóireála uisce. Tá ceist ann freisin maidir le cáilíocht an uisce laistigh den lonnaíocht. Chun ligean don sráidbhaile forbairt ar bhealach ordúil, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí feabhsúcháin ar bhonneagar an tsráidbhaile, chun an soláthar uisce a chosaint agus chun an t-ionad cóireála fuíolluisce a uasghrádú atá ann cheana féin. Tá Scéim Réigiúnach an Sciobairín um an Soláthar Uisce (Céim 4) - Cóireáil, Stóráil agus Líonra le bheith tugtha chun críche in 2021.
- 2.19.17 Tá méid suntasach den Léim atá sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol léirithe ar léarscáil na lonnaíochta. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

### An Bhithéagsúlacht agus an Tírdhreach

- 2.19.18 Maidir le cáilíocht an uisce, de réir Cheantar Abhantraí an Iardheiscirt (SWRBD), téann an fuíolluisce amach ag Cuan Dor faoi láthair. Is ionann stádas foriomlán 'Uisce Idirthréimhseacha agus Cósta' Chuan Dor agus 'measartha'. Ní mór an chóireáil fuíolluisce sa Léim a chríochnú, a fheabhsú agus a uasghrádú, agus cuideoidh sé sin chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce ionas go mbeidh 'stádas maith' bainte amach faoi 2021.
- 2.19.19 Tá an Léim suite i gceantar den chontae atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha (HVL). Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórsála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach. Tá dhá bhealach sainithe sárscéimhe ann freisin, an S81 ó Léim go Ros Cairbre agus an S82 ón Léim go dtí an Sciobairín. Tá Coill Mhírois atá siar ó dheas ón sráidbhaile sainithe mar Limistéar Caomhantais Speisialta (cód láithreáin SAC – 1070) agus mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (cód láithreáin pNHA – 1070).

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí um Theorannacha Forbartha don Léim	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 20 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint ghnéithe bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dt teoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais</b> agus <b>Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> . Áirítear le sócmhainní bonneagair ghlais sa Léim gnáthóga an chrios cósta, crainn aibí, agus spásanna oscailte eile sa sráidbhaile.





## 2.20 Ros Cairbre

### Fís agus Comhthéacs

- 2.20.1 Is iad na haidhmeanna straitéiseacha do Ros Cairbre ná saintréithe ailtireachta agus tírdhreacha uathúil na lonnaíochta a chaomhnú agus an fhorbairt bháúil a chur chun cinn ann in aontí le seirbhísí a sholáthar ann. Tá soláthar áiseanna cóireála fuíolluisce ar cheann de na príomhbhreithnithe maidir le forbairt an tsráidbhaile sa todhchaí. Tá sráidbhaile Ros Cairbre suite ar an N71, idir Cloich na Coillte agus An Sciobairín. Tá an sráidbhaile suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí.
- 2.20.2 Tá príomhshráidbhaile Ros Cairbre suite ar Chuan Ros Cairbre, an-ghar do thrá na Brait Ghoirm ar Abha na hInse agus ar thrá an Bhairnigh. Tá croílár an tsráidbhaile suite i suíomh ard ag féachaint amach ar an gcuan agus tá a shráid-dreach traidisiúnta mar chomhartha sóirt ag an sráidbhaile. Forbraíodh an sráidbhaile thart ar an taobh thiar thuaidh den chuan, ach le déanaí tá forbairt chónaithe tar éis fás isteach sa talamh timpeall ar an gcuan, ar an taobh thoir de, agus sa sráidbhaile beag an Baile Nua, atá suite siar ón N71. Maidir le cúrsaí topagrafacha, tá an sráidbhaile go léir lonnaithe i dtalamh íochtair agus cnoic os cionn an chuain ina dtimpeall air. Tá droichead curtha ar an mbóthar náisiúnta trasna an chuain agus fágтар dá réir go bhfuil cuan uisce farraige buan ann atá thar a bheith tarraingteach agus na cnoic ó thuaidh de mar chúlra sa radharc.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.20.3 Taifeadh 490 duine mar an daonra i Ros Cairbre i nDaonáireamh 2016, is é sin le rá laghdú 8% i gcomparáid leis an líon daoine i ndaonáireamh 2011, tráth ar taifeadh 534 duine ann. Léirítear sa tábla thíos go raibh 34 aonad cónaithe tógtha laistigh de teorainn an tsráidbhaile idir 2010 agus 2020. Tá ról tábhachtach turasóireachta ag an sráidbhaile agus tá roinnt tithe saoire i lár an tsráidbhaile.

Tábla 5.2.35: Fás sa Líon Tithíochta i Ros Cairbre, 2010-2020

Bliain	2010	2015	2020	Athrú
Líon na dTeaghaisí	408	409	442	34

Foinse: An Logeolaire

- 2.20.4 Tá foráil déanta saphlean seo d'fhorbairt 50 aonad cónaithe breise laistigh den sráidbhaile. Tá go leor talún laistigh den teorainn forbartha chun freastal ar an scála forbartha seo. Ba chóir go mbeadh forbairtí nua comhtháite go maith leis an sráidbhaile atá ann cheana féin agus go n-éascófar an rochtain éasca agus sábháilte ar an ionad leo, agus ar na príomh-áiseanna shiúil agus rothair freisin. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairtí a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta, agus ba chóir go mbeadh forbairtí uile ag teacht le carachtar an cheantair.

### An Chomhforbairt Áite/Réimse Poiblí/Gluaiseacht/Lár an tSráidbhaile

- 2.20.5 Mar gheall ar an suíomh tarraingteach ina bhfuil Ros Cairbre suite, agus an raon áiseanna, seirbhísí agus saoráidí pobail atá ann, is áit í a bhfuil a lán daoine ag iarraidh forbairt a dhéanamh ann. Mar gheall ar shuíomh an tsráidbhaile ag béal Chuan Ros Cairbre, tá sé tábhachtach go gcoimeádfadh aon fhorbairt sa todhchaí sláine an tírdhreacha máguaird, go háirithe na limistéir sin atá ainmnithe mar thírdhreacha ardluacha. Le blianta beaga anuas, rinneadh cuid d'éadanais na siopaí, lena n-áirítear roinnt foirgneamh nua atá ag teacht le carachtar príomhédanas an tsráidbhaile.
- 2.20.6 Chun ligean don sráidbhaile forbairt ar bhealach ordúil, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí feabhsúcháin ar bhonneagar fuíolluisce an tsráidbhaile, chun an soláthar uisce a chosaint agus a uasghrádú. Tá scóip le haghaidh forbartha laistigh de Ros Cairbre; ach, mar sin féin, tá sé tábhachtach go gcoimeádtar, go bhfeabhsaítear agus nach gcuirfí isteach ar charachtar an tsráidbhaile, ar a oidhreacht ailtireachta agus ar a oidhreacht eile agus ar thaitneamhachtaí nádúrtha agus cósta.
- 2.20.7 Tá an chuid thoir den sráidbhaile feadh chladach an damba lánfhorbartha le teaghaisí ísealdlúis le rochtain aonair ar an mbóthar friothálach. Tá imeall thiar thuaidh an tsráidbhaile srianta ag an gcnoc géar agus ba chóir go gcosnódh an talamh seo an sráidbhaile ina shuíomh sárscéimhe tuaithe. Tá teorainn thiar an tsráidbhaile an-srianta ag tír-raon géar feadh an bhóthair náisiúnta go dtí an Sciobairín. Mar an gcéanna, ba cheart fíorbheagán forbartha nua a spreagadh sa réimse seo mar gheall ar shrianta topagrafacha. Tá teorainn thiar theas an tsráidbhaile ina bhfuil meascán de thír-raon cnocach agus gleannta clúdaithe freisin ag sonrúcháin ardluacha tírdhreacha agus spáis oscailte. Ba cheart na tailte arda soir ó thuaidh ag Curraichín in aice leis an teorainn forbartha a choinneáil mar spás oscailte.
- 2.20.8 Meastar go bhfuil an gréasán bóithre tríd an mbaile go maith cé go bhféadfadh fadhb tráchta a bheith ann ag an bpointe trasnaithe idir an baile agus an Baile Nua trasna an phríomhbhóthair (N71). Tá cosáin phoiblí agus soilsíú poiblí laistigh den sráidbhaile. Tá ionad athchúrsála/fág-anseo suite laistigh den sráidbhaile agus tá an lonnaíocht inrochtana freisin ar iompar poiblí (bus).



## An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.20.9 Feidhmíonn an sráidbhaile mar ionad seirbhíse le raon leathan de shiopaí áitiúla lena n-áirítear ollmhargadh, sciamhlann, oifig an phoist, stáisiún na ngardaí, lialanna dochtúirí, cógaslann, séipéil, tithe tábhairne, bialanna, caiféanna, garáiste agus scoileanna. Tá sráid-dreach an tsráidbhaile suntasach go háirithe sa Chearnóg, atá ainmnithe mar "Sráidbhaile Stairiúil". Tá lár an tsráidbhaile sainithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta freisin.
- 2.20.10 Tá Óstán agus Ionad Fóillíochta an Celtic Ross lonnaithe ag ceann an chuain ag trasbhealach an droichid ar an N71 agus tá feidhm thábhachtach turasóireachta acu don sráidbhaile agus don cheantar níos leithne. Lasmuigh den sráidbhaile, tá fostaíocht áitiúil sa talmhaíocht sa chúlchríoch fairsing tuaithe. Níl aon talamh criosaithe le haghaidh gnó sa lonnaíocht toisc gur sráidbhaile turasóireachta go príomha é Ros Cairbre le ionad cois cósta.

## Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.20.11 Maidir leis an oideachas, tá dhá bhunscoil áitiúla sa sráidbhaile. Bhí 51 páiste ar an rolla i Scoil Náisiúnta Buachaillí Ardach agus bhí 114 páiste ar an rolla i mBunscoil Mhuire sa bhliain acadúil 2019-2020. Bhí 310 dalta ar an rolla ag Mount Saint Michael (an clochar) ar meánscoil chomhoideachais dheonach í (a mbunaigh Ord na Trócaire í in 1894) atá suite ag pointe ard soir ó thuaidh den sráidbhaile os cionn Chuan Ros Cairbre in 2019-2020. Tá dhá Eaglais, (Ardeaglais Naomh Fachtna de chuid Eaglais na hÉireann agus Eaglais Chaitliceach Naomh Fachtna) sa sráidbhaile. Tá áiseanna cúram leanaí lonnaithe sa sráidbhaile freisin.
- 2.20.12 Tá cúirteanna leadóige pobail, cúirt cispheile agus clós súgartha suite ar an taobh thiar den chuan in aice le teach báid, a úsáidtear le haghaidh bádóireacht fóillíochta i míonna an tsamhraidh. Is coimpléasc tábhachtach de ghníomhaíochtaí pobail é an coimpléasc oideachais agus spóirt i dtuaisceart na lonnaíochta, ina bhfuil an Eaglais Chaitliceach, bunscoileanna, halla pobail, meánscoil agus páirc imeartha GAA, agus tá sé tábhachtach rochtain orthu a fheabhsú. Tá an dara páirc GAA suite siar ón mBaile Nua agus tá limistéar taitneamhachta suite díreach in aice le trasbhealach bóthair an N71 in aice leis an mBaile Nua. Tá cúrsa imeartha agus maidhne agus raon tiomána suite laistigh den sráidbhaile freisin. Tá dhá pháirc spóirt GAA; ceann amháin sa tuaisceart timpeall ar choimpléasc na scoile agus an ceann eile in aice le forbairt chónaithe an Bhaile Nua ba chóir an dá cheann a chaomhnú mar spás oscailte.
- 2.20.13 Is limistéar áineasa é limistéar na trá freisin le cúirteanna leadóige, cúrsa agus clubtheach gailf dhá mhaide ar thaobh amháin den chuan agus cé le haghaidh bádóireachta/iascaireachta ar an taobh eile den chuan. Tá forbairt déanta freisin ar shiúlóid thábhachtach idir an trá ag Ros Cairbre agus Uaithne na hInse. Is ionad turasóireachta é Abha na hInse atá gar do Ros Cairbre agus tá an dá lonnaíocht seo nasctha ó thaobh bonneagair agus turasóireachta de. Baintear úsáid mhór as an dá limistéar le haghaidh snámha agus spóirt uisce ag baint úsáide as an dá thrá Brat Gorm, Abha na hInse agus An Coinicéar. Tá gníomhaíochtaí áineasa dea-fhorbartha (siúlbealaí, limistéir phicníc) feadh imeall trá an damba. Meastar go bhfuil na háiseanna pobail atá ann faoi láthair leordhóthanach d'fhorbairt an tsráidbhaile sa todhchaí.

## An Bhainistíocht Uisce

- 2.20.14 Tá acmhainn teoranta chun fuíolluisce a chóireáil ar feitheamh soláthar Ionad Cóireála Fuíolluisce nua chun freastal ar an bhfás réamh-mheasta. Cuirtear an soláthar uisce ar fáil ó Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Chloich na Coillte, Níl aon acmhainn ar fáil faoi láthair i WRZ Chloich na Coillte. Tá roghanna chun acmhainn a fheabhsú á n-athbhreithniú faoi láthair tríd an bpróiseas iomlán measúnaithe roghanna (FOA) mar chuid den NWRP. Tá sé beartaithe go mbeidh toradh an FOA, i.e. rogha tosaíochta ar fáil i R3 2021.
- 2.20.15 Tá áiteanna i Ros Cairbre sainaitheanta mar limistéir atá i mbaol tuilte. Tá na limistéir sin atá i mbaol lonnaithe tríd an Inbhear agus na cúrsaí uisce sa tsráidbhaile, agus tá siad léirithe ar léarscáil na lonnaíochta. Tá an cur chuige maidir leis an mBainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtha amach i **gCaibidil 11 d'Imleabhar a hAon** den Phlean seo agus sa Mheasúnú Straitéiseach ar an mBaol Tuilte (SFRA) nuashonraithe, Deireadh Fómhair 2021. Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leis an SFRA nuashonraithe maidir le haon tuairimí agus moltaí a bhaineann go sonrach le lonnaíocht, lena n-áirítear aon mholtaí a bhaineann go sonrach le láithreán a rinneadh mar chuid d'aon Tástálacha Firinnithe a rinneadh, roimh aon iarratas ar fhorbairt.

## An Oidhreacht Thógtha

- 2.20.16 Tá sráid-dreach tarraingteach sa sráidbhaile, agus roinnt foirgneamh breá leithleach ann, atá áirithe mar chuid de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACA). Tá Ros Cairbre sainithe mar bhaile stairiúil i RMP Chontae Chorcaí agus is baile múrtha é freisin a bhfuil codanna de chosaintí an bhaile fós ina seasamh. Tá roinnt foirgneamh nó struchtúr eile laistigh den sráidbhaile ar Thairfead na Struchtúr Cosanta lena n-áirítear Ardeaglais Eaglais na hÉireann, Ros Cairbre (RPS ID 00790), Halla Paróiste Ros Cairbre (RPS ID 01373), Teach na Cúirte (RPS 00789), Scoil Ardach (RPS ID 00791), Séipéal Caitliceach Naomh Fachtna (RPS ID 00792), Foirgnimh Chlochair Ros Cairbre (RPS ID 00793) agus Teach Ghort an Mhuilinn (RPS ID 001265) atá suite lastoir den sráidbhaile. Chuirfeadh forbairt ionad eolais nó músaem oidhreachta i Ros Cairbre i gcomhairle leis an bpobal áitiúil ar chumas an tsráidbhaile tógáil ar a phríomhshócmhainní oidhreachta agus cultúrtha.

## An Bhithéagsúlacht agus an Tírdhreach

- 2.20.17 Tá Ros Cairbre suite i gceantar den chontae atá sainithe mar Thírdhreach Ardluacha (HVL) sa phlean seo. Laistigh de na Tírdhreacha Ardluacha seo beidh cúram nach beag é ag teastáil chun forbairtí mórsála a aimsiú nach mbeidh ró-fheiceálach. Tá trí bhealach sárscéimhe sainithe ann freisin, an S81, a théann siar ó Ros Cairbre, agus an S78, a théann tríd an sráidbhaile, nó gar dó. Tá an talamh ar an taobh theas den sráidbhaile ard, agus ní mór an limistéar seo a chaomhnú mar spás oscailte chun taitneamhacht amhairc an cheantair a choinneáil.
- 2.20.18 Tá Inbhear Ros Cairbre atá díreach taobh leis an sráidbhaile sainithe mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (cód láithreáin pNHA – 001075). Chomh maith leis sin tá Uiscí Snámha Ainmnithe laistean den lonnaíocht cóngarach d'Abha na hInse.
- 2.20.19 Maidir le cáilíocht an uisce, de réir Phlean Cheantar Abhantraí an Iardheiscirt (SWRBD), scaoiltear an fuíolluisce i gCuan Ros Cairbre faoi láthair, a bhfuil ina limistéar snámha ainmnithe ann ag an 'Warren' agus ar limistéar cosanta é freisin. Ní mór an chóireáil fuíolluisce i Ros Cairbre/Abha na hInse a chríochnú, a fheabhsú agus a uasghrádú.
- 2.20.20 Tá roinnt limistéar picnice beaga agus páirceanna fóillíochta ar an talamh timpeall an damba lastuaidh den chabhsa ar gá iad a chaomhnú. Tá gá le feabhas a chur ar an siúlóid radhairc timpeall an damba, lastuaidh den chabhsa, ag nascadh an spáis oscailte agus na limistéir phicnice.

## Cuspóirí um Theorannacha Forbartha


Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Ros Cairbre	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 50 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint ghnéithe bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar an dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreachta agus An tÁineas</b> . Áirítear le sócmhainní bonneagair ghlais Ros Cairbre an t-inbhear agus na bogaigh ghaolmhara, gnáthóga fionnuisce a bhaineann le srutháin Tinneal agus Ghallán, coillearnach, agus spásanna oscailte eile sa sráidbhaile.
DB-03	Tosaíocht a thabhairt do bhearta ceansaithe tráchta a sholáthar agus d'uasghrádú agus leathnú bóithre, d'áiseanna do choisithe agus do rothaithe laistigh den sráidbhaile ar bhonn riachtanas le linn shaolré an phlean.
DB-04	Feabhsaigh agus leathnaigh cosáin agus soilsiú poiblí chun freastal ar an sráidbhaile.

## Cuspóirí Forbartha Sonracha

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Ros Cairbre		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GC-01	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc.*	7.2
GA-02	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe le háiseanna spóirt.	1.4
GA-03	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe le háiseanna spóirt.*	1.7
GR-04	Spás Oscailte arna chaomhnú ar mhaithe leis an thaitneamhacht amhairc agus an áineas poiblí.*	2.7
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
U-01	Uasghrádaigh an cosán sárscéimhe timpeall an chuain, lastuaidh den chabhsa. Agus uasghrádaithe á ndearadh, ba cheart aird a tabhairt ar threoiríní an dea-chleachtas, ag soláthar le haghaidh bacanna cuí siar ón inbhear chun an baol de thionchar ar ghnáthóga agus speicis fionnuisce agus mara a sheachaint.	-
<b>An Pobal</b>		
C-01	Teach banaltrais a sholáthar. Teastaíonn dearadh ailtireachta an-ard agus foirgnimh aon stóir amháin. Ní mór íogaireachtaí amhairc an cheantair a bhreithniú go cúramach agus go dtaugann sé aird ar thimpeallacht an tsráidbhaile agus ar shuíomh an láithreáin óna bhfuil radharc díreach amach ar an sráidbhaile. Ba cheart go dtabharfar aird, in aon fhorbairt a ndéanfar ar an láithreán seo, ar thopagrafaíocht an láithreáin seo a chuireann le suíomh an bhaile ó thaobh amharc na súl de. Ba chóir go gcuirfeadh foirm, leagan amach, suíomh agus dearadh aon fhorbairt ar an láithreán seo le tírdhreach agus le taitneamhachtaí amhairc an cheantair ar bhealach dearfach. Beidh scéim chuimsitheach tírdhrechtaithe ag gabháil le haon fhorbairt ar an láithreán.	3.5



# Ros Ó gCairbre





## 2.21 Bréantrá

### Fís agus Comhthéacs

- 2.21.1 Is iad na haidhmeanna straitéiseacha do Bhréantrá ná spreagadh a thabhairt do chomhdhlúthú an tsráidbhaile laistigh dá shuíomh cósta, saintréithe ailtireachta agus tírdhreacha uathúil na lonnaíochta a chaomhnú agus an fhorbairt bháil a chur chun cinn ann in aontú le seirbhísí a sholáthar ann. Tá soláthar áiseanna cóireála fuíolluisce ar cheann de na príomhbhreithnithe maidir le forbairt an tsráidbhaile sa todhcháí.
- 2.21.2 Sráidbhaile cósta is é Bréantrá atá suite ar chladach thiar Bhá Chuan Dor atá cóngarach do na sráidbhailte an Léim agus Cuan Dor. Tá an tsráidbhaile suite laistigh de Cheantar Pleanála Straitéisí Iarthar Chorcaí. Tá Union Hall mar chuid de bhraisle de thrí shráidbhaile beaga atá laistigh de gha 5 km dá chéile timpeall an chuain; is iad sin Cuan Dor, Léim agus Bréantrá, agus cé go bhfuil feidhmeanna sainiúla acu tugann siad tacaíocht agus cothú dá chéile.
- 2.21.3 Forbraíodh an tsráidbhaile thart ar aomhal bóthair idir an bóthar go Bóthar an Sciobairín (N71) san iarthar, an bóthar go Cuan Dor agus an Léim ó thuaidh agus an bóthar go Baile an Chaisleáin ó dheas. Tagann na bóithre go léir le chéile i lár an bhaile atá gar don chabhsa le huisc cuanta Chuan Dor, agus fágann sé sin gur bailleadhreach tarraingteach atá ann. Tá roinnt úsáidí tráchtála (an mhiondíol, tithe tábhairne agus oifig an phoist) agus cónaithe ag baint leis an suíomh sráidbhaile tarraingteach seo.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.21.4 Taifeadh daonra de 270 duine ar an mBréantrá sa Daonáireamh. Tá anailís gheo-eolaire sa tréimhse 2010-2020 léirithe i dTábla 5.2.36. Léirítear ann go raibh 1 aonad cónaithe tógtha laistigh de theorainn an tsráidbhaile idir 2010 agus 2020.

Tábla 5.2.36: An Fás sa Líon Tithe i mBréantrá le linn na tréimhse 2010-2020

Bliain	2010	2015	2020	Athrú
An Líon Tithe:	204	206	205	1

Foinse: An Logeolaire

- 2.21.5 Tá foráil déanta sa phlean seo d'fhorbairt 31 aonad cónaithe breise laistigh den tsráidbhaile. Tá go leor talún laistigh den teorainn forbartha chun freastal ar an scála forbartha seo. Ba chóir go mbeadh forbairtí nua comhtháite go maith leis an tsráidbhaile atá ann cheana féin agus go n-éascófar an rochtain éasca agus sábháilte ar an ionad leo, agus ar na príomh-áiseanna shiúil agus rothair freisin. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairtí a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta, agus ba chóir go mbeadh forbairtí uile ag teacht le carachtar an cheantair.

### An Chomhfhorbairt Áite/Réimse Poiblí/Gluaiseacht/Lár an tSráidbhaile

- 2.21.6 Mar gheall ar an suíomh tarraingteach cois cósta ina bhfuil Bréantrá suite, agus an raon áiseanna pobail agus seirbhísí ann, is láthair tharraingteach le haghaidh forbartha é. Chun ligean don tsráidbhaile forbairt ar bhealach ordúil, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí feabhsúcháin ar bhonneagar an tsráidbhaile, chun uasghrádú ar an ionad cóireála fuíolluisce a éascú. Tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, agus a oidhreach agus a thaitneamhachtaí nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirfí isteach orthu. Tá roinnt deiseanna inlíonta agus athchóirithe laistigh de chroílár an tsráidbhaile.
- 2.21.7 Cinnfidh na srianta topagrafacha ar fhás an bhaile patrún fáis an bhaile sa todhcháí. Beidh sé tábhachtach an chothromaíocht riachtanach a sholáthar idir an gá atá le méadú tithíochta agus an gá atá le háilleacht nádúrtha an chósta agus an ceantar máguaird a chaomhnú. Tá an talamh lastuaidh agus díreach siar ón tsráidbhaile faoi bhrú le haghaidh forbartha, go háirithe an talamh feadh an phríomhbhóthair rochtana go Léim agus Cuan Dor. Tá sé tábhachtach an limistéar íogair seo ag ceann Chuan Dor a chosaint.
- 2.21.8 Tá roinnt braislí forbartha ar an talamh laisteas den tsráidbhaile ag Cluain Taibh agus Cuan Charraig Oilche agus ag Cúil Dhurrach os cionn Loch Leacht ar an dá thaobh. Tá go leor forbartha saoire thart ar an rogha theas den chalafort Squince Harbour. Níl Rinnín agus cuan Bhaile an Chaisleáin ach 3 km ó Bhréantrá agus tá siad faoi bhrú maidir leis an tithíocht saoire.
- 2.21.9 Tá cosáin phoiblí agus soilsíú poiblí laistigh den tsráidbhaile chomh maith le leithris phoiblí taobh leis an bpáirc spóirt. Níl aon iompar poiblí go dtí an lonnaíocht seo.

## An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.24.18 Chun cur le sócmhainní cultúrtha uathúla an oileáin, beidh sé tábhachtach forbairt agus cur chun cinn na bpacáistí turasóireachta cultúrtha sin inar féidir turais agus gníomhaíochtaí a chomhcheangal le teagasc teanga a spreagadh. Ní mór breathnú ar phacáistí cosúla atá bunaithe ar fhorbairt acmhainn faire éan an oileáin bunaithe ar an bhFaireachlann Éan nó ar an tsliatiascaireacht mhara agus ar ghníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an bhfarráige. Aithníonn an plean seo cé chomh tábhachtach is atá sé go ndéantar tuilleadh forbartha ar ghníomhaíochtaí fóillíochta ar thalamh agus ar uisce araon; d'fhorbairt eacnamaíochta an oileáin amach anseo.
- 2.24.19 Tá tús curtha le soláthar drioglan fuisce comhtháite agus ionad cuairteoirí/siopa a chuirfidh le cumas turasóireachta an oileáin a thuilleadh.
- 2.24.20 Chun cur le sócmhainní cultúrtha uathúla an oileáin, beidh sé tábhachtach forbairt agus cur chun cinn na bpacáistí turasóireachta cultúrtha sin inar féidir turais agus gníomhaíochtaí a chomhcheangal le teagasc teanga a spreagadh. Ní mór breathnú ar phacáistí cosúla atá bunaithe ar fhorbairt acmhainn faire éan an oileáin bunaithe ar an bhFaireachlann Éan nó ar an tsliatiascaireacht mhara agus ar ghníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an bhfarráige. Aithníonn an plean seo cé chomh tábhachtach is atá sé go ndéantar tuilleadh forbartha ar ghníomhaíochtaí fóillíochta ar thalamh agus ar uisce araon; d'fhorbairt eacnamaíochta an oileáin amach anseo.

## Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.24.21 Tá bunscoil amháin ar an oileán suite sa Chuan Theas ina bhfuil 6 dhaltá agus 2 mhúinteoir. Tá seirbhís leabharlainne ar an oileán freisin le rochtain idirlín saor in aisce do bhaill. Freastalaíonn daltaí ón oileán ar mheánscoil ar an mórthír i Ros Cairbre, sa Scoil agus sa Sciobairín. Tá dhá choláiste Gaeilge i gCléire, a mheallann scoláirí Gaeilge chuig an bpobal Gaeltachta seo. Is sócmhainn láidir don oileán é na coláistí, a mheallann cuairteoirí fadchónaithe chun an oileán le haghaidh cúrsaí, a bheith ann, maidir leis na háiseanna atá ar fáil ar an oileán san áireamh, go háirithe spásanna le haghaidh imeachtaí spóirt agus imeachtaí eile.
- 2.24.22 Tá deiseanna suntasacha ag eascairt as táirge na Gaeilge ar an oileán do thurasóireacht agus d'fhiontar oideachais. Tá clú seanbhunaithe ar an oileán mar gheall ar a chuid scoileanna Gaeilge, agus is féidir tógáil air seo trí dhírú ar imeachtaí teanga a spreagadh ar an oileán lasmuigh de shéasúr gnóthach an tsamhraidh. Tá deiseanna sa réimse seo taobh amuigh den réimse 'scoil teanga samhraidh' – mar shampla, cuireann tionscnóir turas ar an tSairdín, an Iodáil turais siúlóide ar fáil ar cheann de na bailte agus é ag teagasc lodáilis bhunúsach do chuirteoirí agus d'fhéadfadh coincheap den chineál céanna a bheith i bhfeidhm ar thurais siúlóide agus gníomhaíochtaí eile amuigh faoin aer ar Chléire.
- 2.24.23 I measc na ndeiseanna eile chun tacú leis an oileán tá an poitéinseal do chúrsaí deireadh seachtaine dianoideachais aosaigh, rud a chuirfeadh feabhas ar inmharthanacht an tsoláthair oidí ón mórthír. Tá páirc peile ag an gColáiste Gaeilge nua os a chomhair agus baintear úsáidí éagsúla as an halla sa choláiste. Tá clós súgartha sa chlós taobh thiar den náiscoil. Níl clós súgartha poiblí ar bith ar an oileán. Tugann an dochtúir cuairt uair sa mhí agus tá buanchlinic altra ar an oileán á réachtáil ag FSS.

- 2.24.24 Tá ionad oidhreachta ann ina bhfuil músaem, limistéar taispeántais agus cartlann a phléann le saol an oileáin agus ceisteanna a bhaineann leis an bhfarraige.
- 2.24.25 Féachfaidh an plean seo leis na háiseanna pobail atá ann faoi láthair a choinneáil agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt atá ar fáil ar an oileán. Ní mór aird a dhíriú ar choinneáil agus ar fheabhsú áiseanna sóisialta agus pobail ar an oileán. Tá sé tábhachtach go spreagtar saoráidí nua le lonnú gar do nó in aice le háiseanna pobail atá ann cheana féin. Fiosróidh an Chomhairle an bhféadfaí saoráidí buana a sholáthar d'ionad seirbhísí sóisialta, leabharlann agus clós súgartha poiblí. Ba cheart go mbeadh a leithéid d'áis suite thart ar an gCuan Theas nó Thuaidh, más féidir.

### An Bonneagar

- 2.24.26 Is féidir teacht ar an oileán ar thuras farantóireachta 45 nóiméad ó Dún na Séad; feidhmíonn báid farantóireachta amháin ar feadh na bliana, agus feidhmíonn báid farantóireachta breise samhraidh ó Dhún na Séad agus ón Scoil. Tá craein bhuan ar an mbád farantóireachta chun earraí a thabhairt ar agus amach ón mbád farantóireachta ag na céanna. Tá a sheirbhís bus iompair tuaithe féin ag an oileán a bhuaileann le daoine ón mbád farantóireachta chomh maith le héileapad a úsáidtear do na seirbhísí éigeandála.
- 2.24.27 Tá ceithre phríomhchéanna ar an oileán. Tugtar an Cuan Thuaidh (Trá Chiaráin) ar an bpríomhphointe rochtana, atá faoi úinéireacht agus faoi chothabháil na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Feidhmíonn an cuan mar bhunáit do bháid farantóireachta paisinéirí idir an tOileánach agus Dún na Séad agus an Scoil agus freastalaíonn sé ar roinnt bád farantóireachta freisin. Úsáideann soithí iascaireachta agus árthaí fóillíochta an cuan freisin. Laistigh den Cuan Thuaidh, tá trí ché; an ché láir (a úsáidtear go ginearálta ag báid farantóireachta agus luaimh), an duga (a úsáideann báid iascaireachta agus seirbhís farantóireachta go príomha i rith an gheimhridh) agus an ché seachtrach (Srón an Tairbh). Mar sin féin tá infheistíocht shuntasach de €4.3M déanta anois ar chéanna an Chalafoirt Thuaidh, lena n-áirítear fánán 70 m, geataí stoirme hidrálacha uathobrithe (12x8 m) agus athchumrú ar bhealach isteach an chuain atá ann cheana féin. Tá moltaí ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara freisin chun pontún 65 m ar fad a thógáil ag an gCuan Thuaidh.
- 2.24.28 Tá sé tábhachtach a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeabhsaítear áiseanna rochtana calafoirt ar an oileán agus ar an mórthír. Bhainfeadh rochtain ar an oileán tairbhe freisin as feabhsúcháin ar an gcé ag Dún na Séad. Is féidir le trácht báirsí agus róró teacht ar an oileán trí Chuas an Dúglais, atá á chothabháil ag Comhairle Contae Chorcaí. Tá dhá ché eile ar an oileán – Fail Chua agus an Cuan Theas. Tá gá le sciarradh domhainuisce ag an gCuan Thuaidh chun freastal ar thrácht RóRó agus ba cheart féidearthacht a leithéid de thionscadal a fhiosrú.
- 2.24.29 Tá 10 km de bhóithre ar Chléire, ar bhóithre tarráilte iad den chuid is mó, agus roinnt díobh in áiteanna a théann go géar le fána soir ó na cuanta. Chuirfeadh sé go mór le héifeachtúlacht an ghréasáin bóithre cuanta pasála cearta a bheith ann ag eatraimh rialta. Rinneadh oibreacha suntasacha leathnaithe bóithre le blianta beaga anuas chun feabhas a chur ar rochtain ar bhóithre idir na cuanta thuaidh agus theas.
- 2.24.30 Tá Seirbhís Bus Tuaithe ann ar a bhfuil mionbhus atá nasctha leis an mbád farantóireachta, a thugann daoine timpeall an oileáin agus a sholáthraíonn seirbhís scoile freisin. Caithfear an mionbhus a thabhairt go dtí an mórthír chun é a seirbhísiú agus a dheisiú. Níl aon chosáin ar an oileán agus tá an soilsiú poiblí ann teoranta. Teastaíonn cosáin bhreise agus an soilsiú poiblí ann, go háirithe timpeall ar na cuanta ar an taobh thuaidh agus theas de, chun an tsábháilteacht do choisithe a fheabhsú.
- 2.24.31 Tá seirbhís leathanbhanda ardluais ar fáil ar an oileán, agus tá clúdach fón póca ann freisin. Déantar nasc leictreachais ón mórthír trí chábla a théann faoin bhfarraige.
- 2.24.32 Níl aon ionad cóireála fuíolluisce ar an oileán. Déantar an fuíolluisce a chóireáil ar bhonn an duine aonair in umair mhúnlaigh agus in ionaid chóireála fuíolluisce araon. Tá leithris phoiblí suite in aice leis an gcé.
- 2.24.33 Tá oibreacha suntasacha uasghrádaithe curtha i gcrích ag Uisce Éireann le déanaí, lena n-áirítear athsholáthar príomhlonra uisce agus athshlánú na bpríomhphíobán uisce atá ann cheana féin ag feabhsú an tsoláthair uisce ar an oileán.
- 2.24.34 Bailítear dramhaíl tí go lárnach sa chuan agus cuireann muintir an oileáin amach í chun bualadh le seirbhís bailithe dramhaíola Chomhairle Contae Chorcaí i nDún na Séad agus tá áiseanna athchúrsála ar an oileán. Ní mór breathnú ar an ngá atá le háiseanna athchúrsála dramhaíola ar an oileán a fheabhsú. Ba cheart an laghdú dramhaíola a spreagadh agus b'fhiú brúiteoir gloine agus burlaire páipéir a chur ar fáil de réir na gcóras a oibrítear ar an Oileán Mór mar gheall ar an achar agus an chostais a bhaineann le dramhaíl a iompar go dtí an mórthír.

### An Bhithéagsúlacht agus an Oidhreacht Chultúrtha


- 2.24.35 Is díol spéise do chuirteoirí ar an oileán é cultúr na Gaeltachta, rud a chuireann go mór le saol eacnamaíochta an oileáin agus tá sé tábhachtach ar leibhéal sóisialta freisin. Maidir leis an ról atá ag an oileán mar chuid den Gaeltacht, tá gá le tacaíocht leanúnach de réir mar a thagann sláine na gceantar Gaeltachta faoi bhrú in ainneoin an t-ardú atá tagtha ar an spéis sa Ghaeilge le blianta beaga anuas ar an mbonn náisiúnta.
- 2.24.36 Chun an ghné den oileán mar chuid den Ghaeltacht a chosaint tuilleadh, tá roinnt beart beartaithe. Ba cheart tacaíocht a thabhairt don fhéile bhliantúil scéalaíochta mar gur ócáid chultúrtha uathúil é a bhfuil an-tóir air sa cheantar. Is as a sócmhainní cultúrtha a fhaigheann Cléire tairbhí níos mó ná aon fhoinsé eile, agus dá bharr sin ba chóir plean gníomhaíochta cultúrtha a leagan amach don oileán chun a chinntiú go ndéantar an acmhainn seo a chosaint agus a fhorbairt ar bhealach cuí.
- 2.24.37 Tá an t-oileán suite laistigh de Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan agus Oileán Loch Trasna (cód láithreáin SAC–0101) agus Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (cód láithreáin pNHA – 0101). Tá an t-oileán ar fad sainithe mar Thridhreach Ardluacha sa plean. Níl bealach ar an oileán sannaithe mar bhealach na radharc. Tá struchtúr amháin ar an oileán ag an gcuan thuaidh (An Baile Iarthach) atá ar Thaifead na Struchtúr Cosanta (RPS ID 00851 Teampall Uí Chiaráin - ina fhothrach). Tá Limistéir de Thábhacht Gheolaíochta amháin ar an oileán, ag Cuas Fhail Chua (iontaisí muirí ón Tréimhse Dheavónach, in ord ilchríochach).

- 2.24.38 Maidir le Cáilíocht an Uisce, de réir Cheantar Abhantraí an Iardheiscirt (SWRBD), téann an fuíolluisce amach ag Loch Trasna faoi láthair ar láithreán Natura 2000 (SAC) agus limistéar faoi chosaint, leis. De réir Plean an SWRBD, is ionann stádas foriomlán 'Uisce Idirthréimhseacha agus Cósta' Loch Trasna agus 'measartha'. Ba cheart go gcloifeadh an chóireáil fuíolluisce ar Chléire leis na ceanglais atá leagtha amach in GO-01 (b), agus cuideoidh sé sin chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce ionas go mbeidh 'stádas maith' bainte amach faoi 2021.
- 2.24.39 Ní mór tógáil ar phríomhshócmhainní oidhreachta agus cultúrtha an oileáin agus ag an am céanna a chinntiú go gcloíonn moltaí forbartha leis an gá atá le tréithe iogaire comhshaoil an oileáin a chosaint.
- 2.24.40 Tá tacaíochtaí curtha ar fáil chun an t-oileán a choinneáil mar Ghaeltacht fheidhmiúil, mar atá curtha ar fáil ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chomh maith le cur i bhfeidhm Acht na Gaeltachta 2012, Acht ina gceanglaítear ar gach Réigiún Gaeltachta agus Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Plean Teanga 7 mbliana a ullmhú le dearbhú go gcuirfear bearta i bhfeidhm chun stádas Gaeltachta gach LPT a chinntiú amach anseo trí líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a mhéadú. Tá Plean Teanga Chléire curtha faoi bhráid Roinn na Gaeltachta lena cheadú.

### Cuspóirí Ginearálta Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí Ginearálta Forbartha i ndáil le Cléire	
Uimh. na Cuspóra	Cur Síos
GDO-01	Ba cheart go hiondúil go mbeadh forbairt ar úsáidí tithíochta nó fostaíochta cnuasaithe suite sa Chuan Thuaidh nó sa Chuan Theas, nó ar a laghad laistigh d'achar siúlóide gearr uathu.
GDO-02	Spreagadh a thabhairt do sholáthar scéim dhídeanach ar scála beag do dhaoine scothaosta atá ina gcónaí in aice le háiseanna pobail atá ann cheana féin.
GDO-03	An Fhorbairt gheilleagrach inbhuanaithe ar Chléire a thacú agus a chur chun cinn.
GDO-04	Tá cuid mhór de Chléire suite laistigh de SAC Loch Trasna agus na nOileán agus laistigh den Limistéar Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe do Limistéar Loch Trasna agus na nOileán. Beidh an fhorbraíocht ar an oileán ag teacht slán le cosaint na láithreán seo [Féach freisin GO-01(c)].
GDO-05	Aonaid ghnó gorlainne ar scála beag a sholáthar ar shuímh oiriúnacha faoi réir infrastruchtúir imleor, dearadh ardchaighdeán agus tirdhrechtú an láithreáin. [Féach freisin GO-01(c) agus GDO-04].
GDO-06	Spreagadh a thabhairt chun áiseanna breise a sholáthar atá ag teastáil chun sócmhainní cultúrtha agus éaneolaíochta an oileáin a fhorbairt ar bhealach cuí. [Féach freisin GO-01(c) agus GDO-04].
GDO-07	Forbairt gníomhaíochtaí fóillíochta ar thalamh agus ar uisce a chur chun cinn. [Féach freisin GO-01(c) agus GDO-04].
GDO-08	Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an staidéir ar ché Bull's Nose maidir le roghanna deisiúcháin agus téigh i dteagmháil le gníomhaireachtaí eile chun an cé a dheisiú agus a fheabhsú.
GDO-09	Iniúchadh a dhéanamh ar an fhéidearthacht atá ann cuasanna pasála a sholáthar ag láithreacha cuí ar líonra bóithre an oileáin.
GDO-10	Spreagadh a thabhairt do chur i bhfeidhm Phlean Bainistíochta Dramhaíola don oileán.
GDO-11	Tionscnaimh bheaga um fheabhsúcháin na ríochta poiblí a chur i bhfeidhm ag na príomhchnuasaigh forbartha.
GDO-12	Iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun sciorradh domhainuisce a fhorbairt ag an gCuan Thuaidh. [Féach freisin GO-01(c) agus GDO-04].
GDO-13	Breathnaigh ar an bhféidearthacht maidir le saoráid athchúrsála ar shuíomh oiriúnach.
GDO-14	Leanúint ar aghaidh ag infheistiú i mbonneagar cuain ar an oileán agus ag pointí rochtana ar an mórthír, ag Dún na Séad agus sa Scoil araon. [Féach freisin GO-01(c) agus GDO-04].
GDO-15	Tacaíocht a thabhairt d'fhoirgneamh/spás oiriúnach chun saoráidí buana a lonnú d'ionad seirbhíse sóisialta inrochtana, seirbhíse leabharlainne agus clós súgartha i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile agus eagraíochtaí ionadaíochta a thugann ionadaíocht do mhuintir an oileáin.





Criosuithe Úsáide Talún  
Oileán

Cóipcheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cosaint. San áireamh tá sonraí Suirbhéireacht Ordánais Éireann a stiáirgeadh faoi umhíir chraoúnais OSi Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sáraíonn atáirgeadh neamhdraíthe Suirbhé ordánais Éireann agus cóipcheart Rialtas na hÉireann © Suirbhé Ordánais Éireann 2022

## 2.25 Oileán Baoi

### Fís agus Comhthéacs

- 2.25.1 Is í an aidhm straitéiseach d'Oileán Baoi ná a dheimhniú gur féidir le muintir an oileáin leanúint lena bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha, a n-oidhreacht chultúrtha uathúil a chaomhnú agus a fheabhsú agus dul i mbun forbairt shocheacnamaíoch inmharthana chun an daonra buan a chothú agus a mhéadú ann tuilleadh.
- 2.25.2 In ollstraitéis an Phlean seo, tá Oileán Baoi sainithe mar Phobal Oileán Iarthar Chorcaí i gCeantar Bardasach Iarthar Chorcaí. Is iad na haidhmeanna straitéiseacha do Phobail Oileán Iarthar Chorcaí ná tacú lena bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha, a n-oidhreacht uathúil chultúrtha agus teanga a chaomhnú agus a fheabhsú agus tacú le seirbhísí áitiúla a sholáthar, trí fhás an daonra a spreagadh agus a éascú, trí thacú le coinneáil agus feabhsú na bpríomhshaoaráidí, lena n-áirítear bonneagar sóisialta agus fisiceach agus naisc iompair. Tá sé tábhachtach soláthar a dhéanamh chun freastal ar fhorbairt nua ar an scála, an leagan amach agus an dearadh cuí, i gcomhréir le carachtar gach oileán ar leith.
- 2.25.3 Tá Oileán Baoi, a dtugann muintir na háite 'the Dursey' air sa Bhéarla, suite amach ó thaobh thiar de Leithinis Bhéarra. Tá an t-oileán scartha go cúng amach ó dheireadhphointe Leithinis Bhéarra ag Sunda Baoi. Is oileán gan mhilleadh é Oileán Baoi ar a bhfuil radharcanna iontacha uaidh agus in ainneoin é a bheith chomh cóngarach sin don mhórthír, tá sé measartha iargúlta mar gheall ar a shuíomh sa chuid is faide amach ar iardheisceart na hÉireann. Tá oidhreacht shaibhir ag Oileán Baoi agus bhí pobal láidir oileáin ann go traidisiúnta agus sócmhainní cultúrtha suimiúla acu. Tá Sunda Baoi cheann de na "pointí fionnachtana is inaitheanta" lonnaithe ar fad Shlí an Atlantaigh Fhiáin freisin.
- 2.25.4 Is príomhbhaile Bhaile Chaisleáin Bhéarra atá ina príomhionad seirbhíse do leithinis Bhéarra an baile is gaire don lonnaíocht ar an oileán.
- 2.25.5 Tá an t-oileán, a bhfuil carachtar fiáin agus oscailte aige, scartha amach ón mórthír le sunda atá cúng ach a mbíonn sruthanna láidre taoide ann agus an t-uisce garbh. Tá carr cábla ann chun rochtain ar an oileán a sholáthar.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.25.6 Is í an príomhcheist atá le réiteach ná an gá atá leis an daonra buan ar an oileán a chobhsú agus a mhéadú. 3 duine a bhí taifeadta i nDaonáireamh 2011 mar dhaonra an oileáin. Taifeadadh 4 duine ann sa daonra i nDaonáireamh 2016. Is féidir an figiúr seo a dul i méad go mór le linn míonna an tsamhraidh. Tá an t-oileán faoi bhagairt leanúnach ag an mbuan-dídhaonrú le blianta fada anuas. Chun cónaitheoirí buana a choinneáil ar an oileán, ní mór leibhéal na seirbhísí bunúsacha atá ar fáil ann a fheabhsú. Is iad na bealaí príomhacha chun é sin a dhéanamh ná cur leis an saoráidí agus deiseanna fostaíochta a chur chun cinn, áiseanna turasóireachta ar an scála cuí agus an éagsúlacht eacnamaíoch a spreagadh, agus na cáilíochtaí comhshaoil a mheallann turasóirí ann a chosaint, gan trácht a dhéanamh ar an fiúntas a ghabhann leo astu féin.
- 2.25.7 Tá trí láthair forbartha ar leith ar an Oileán (Baile an Chalaigh, Cill Mhichil agus Tigh Leic na Finne), gan aon lonnaíocht taobh amuigh díobh seo. Tá an patrún lonnaíochta seo, sa shuíomh topagrafach ar leith ina bhfuil sé lonnaithe, éagsúil go leor leis na hOileáin eile in Iarthar Chorcaí. Tá líon suntasach fothracha agus tithe tréigthe sna trí láthair seo agus ba chóir go ndíreofaí aon fhorbairt a ndéanfaí amach anseo ar an athchóiriú nó an athsholáthar iógair nuair is gá, ar na struchtúir sin, seachas imthosca eisceachtúla ina bhféadfadh tógáil nua a bheith riachtanach chun saoráid ar leith a sholáthar. Is i bhfoirm tithíochta aonair go príomha an fhorbairt atá déanta le déanaí.
- 2.25.8 Mar gheall ar an suíomh a bheith chomh hiargúlta sin agus an líon íseal cónaitheoirí buana atá ann, tá dúshlán roimh an oileán maidir le daonra nó seirbhísí substaintiúla a choinneáil sa toadhcháin intuairtha. Tá an baol ann go mbeidh an daonra ar fad ann idithe go huile is go hiomlán le himeacht ama.

Tábla 5.2.39 Torthaí Dhaonáireamh i ndáil le hOileán Baoi

1986	1991	1996	2002	2006	2011	2016
20	20	9	6	4	3	4

### An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.25.9 Tá Oileán Baoi sainaitheanta sa phlean seo mar cheann de na nithe is mó díol spéise do thurasóirí a théann go Corcaigh. Ó thaobh fostaíochta de, is í an fheirmeoireacht an príomhghníomhaíocht dóibh siúd a chónaíonn go buan ar Oileán Baoi faoi láthair. Tá na goirt ar an taobh theas den oileán den chuid is mó, ar an talamh íochtair ann. Maidir leis an iascaireacht, tá leibhéal beag gníomhaíochta ar siúl ach níl an ché ar an oileán oiriúnach chun foscadh a sholáthar do shoithí, an ceann ar an mórthír ach oiread. Tá amhras ann faoi inmharthanacht na n-iascach anseo agus ní dócha go dtiocfaidh iontrálaithe amach anseo faoi láthair mar gheall ar phróifíl aoise mhuintir an oileáin.
- 2.25.10 Tá tírdhreach uathúil agus gnéithe chultúrtha uathúla ag gabháil leis an oileán atá éagsúil le roinnt de na hoileáin eile in Iarthar Chorcaí. Ní mór a bheith iógair agus foirmeacha cuí agus inbhuanaithe forbartha á mbreithniú agus ní mór cothromaíocht a lorg idir riachtanais áititheoirí agus cuairteoirí araon a aithint agus meas a bheith acu ar charachtar agus ar bhraistint áite an oileáin.

- 2.25.11 Meastar go mbeidh sé níos oiriúnaí, go luath amach anseo, acmhainn turasóireachta an oileáin a bhainistiú mar mhodh chun cónaitheoirí, cuairteoirí agus gníomhaíochtaí a mhealladh chuig an oileán. Tá sé tábhachtach agus deiseanna turasóireachta a fhorbairt a chinntiú nach mbíonn líon na gcuairteoirí ar an oileán iomarcach agus nach dtógann siad ón iargúlacht atá ina ábhar spéise don oileán féin, ná ón tionchar ar a oidhreacht nádúrtha. Ba chóir plean bainistíochta cuairteoirí a fhorbairt chun líon na gcuairteoirí a bhainistiú go leibhéal inghlactha de bharr iogaireacht an oileáin.

### **Áiseanna Sóisialta agus Pobail**

- 2.25.12 Tá leibhéal an-teoranta áiseanna sóisialta agus pobail ar Bhaoi. Ní mór áiseanna mar seo a leathnú agus freastal ar riachtanais na n-oileánach má tá an t-oileán le daonra buan a choinneáil agus é seo a leathnú go leibhéal a chruthaíonn timpeallacht chun tacú le tuilleadh feabhsuithe le himeacht ama. Is gá áiseanna poiblí a chur ar fáil ar an oileán chun freastal ar chuairoteoirí, go háirithe nuair a bhíonn drochaimsir agus iad siúd nach bhfuil ag tabhairt cuairte ar mhaithe le siúlóid shubstantiúil a dhéanamh. D'aithin an plean seo an gá atá le soláthar foirgneamh pobail ar an oileán a d'fhéadfadh spás a chur ar fáil d'áiseanna cuairteoirí mar léirmhíniú oidhreacht agus eolas eile, foscadh, sólaisti chomh maith le freastal ar fheidhmeanna eile do phobal an oileáin.
- 2.25.13 Tá na háiseanna atá ann do chuairoteoirí ar an oileán teoranta do chóiríocht fhéinfhrestail. Rinneadh athchóiriú le déanaí ar sheanfhoirgneamh na scoile chun cóiríocht turasóireachta a sholáthar. Tá Baoi mar chuid de bhealach siúlóide Bhéarra, atá sínithe freisin mar chuid den scéim Siúlóide Lúb Náisiúnta. Is furasta an bealach siúil a leanúint agus tá radharcanna iontacha ann, lena n-áirítear radharcanna maithe ar na hoileáin Tarbh, Bó agus Laonna ó thaobh thiar an oileáin, an túr comhartha ag an bpointe is airde ar an oileán agus trí bhraisle an oileáin. Ba cheart leanúint go gníomhach le hOileán Bhaoi a chur chun cinn mar cheann scríbe siúil mar is dócha go mbeidh inmharthanacht aon áiseanna sa toadhach ag brath go mór ar líon réasúnta cuairteoirí dá leithéid a mhealladh chuig an oileán. Ba cheart líon na gcuairteoirí a bhainistiú de réir plean bainistíochta cuairteoirí chun cosaint na ngnéithe oidhreacht nádúrtha a chinntiú agus chun luach eispéiris an chuairoteora a chosaint.
- 2.25.14 Tá soláthar leithreas poiblí ar an oileán chun freastal ar riachtanais na gcuairteoirí ina príomhphiosa infrastruchtúir a theastaíonn. Tá moltaí á gcur chun cinn ag an gComhairle faoi láthair chun leithreas poiblí agus áiseanna eile a sholáthar.

### **An Bonneagar**

- 2.25.15 Is é an t-oileán an t-aon cheann d'Oileáin Iarthar Chorcaí nach bhfuil bealach farantóireachta aige; Is stráice uisce thar a bheith contúirteach atá ann ag Sunda Bhaoi agus ina ionad sin tá rochtain ag an oileán i gcarr cábla. Soláthraíonn stáisiún na gcarr cábla ar an móirthír áiseanna mar oifig ticéid, áit pháirceála neamhfhoirmiúil, leithris agus dífhibríleoir. Tá gá le leithris poiblí a chur ar fáil ar an Oileán ar shuíomh oiriúnach.
- 2.25.16 Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an gComhairle i gcarr cábla nua agus ba cheart go gcuirfí síneadh leis na huaireanta oscailte agus go bhféadfaí tuilleadh fairsingithe a dhéanamh ar tháirge turasóireachta an oileáin. Tá an Chomhairle i mbun tairisceana a chur ar aghaidh faoi láthair chun carr cábla a athsholáthar le dhá cheann nua agus chun ionad léirmhínte agus caifé a chruthú ar an móirthír le pointí imeachta don tseirbhís ardaítheoir, cuirfear feabhas freisin ar áiseanna eile lena n-áirítear páirceáil ar an móirthír.
- 2.25.17 Maidir le seirbhísí, tá scéim cóireála uisce (cóireáil clóirínithe) agus príomhlíonra poiblí teoranta ag Oileán Bhaoi. Ní shroicheann an tseirbhís uisce seo an lonnaitheacht ag taobh thiar an oileáin, áfach, agus ba cheart fiosrú a dhéanamh ar fhoirmeacha cuí soláthair uisce don cheantar sin. Tá gá le feabhsuithe freisin i réimse na bainistíochta dramhaíola agus ba chóir clár oiriúnach bailithe dramhaíola a chur i bhfeidhm. Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfí leis seo le linn míonna an tsamhraidh, nuair a mhéadaíonn líon na gcuairteoirí go dtí an oileán go suntasach agus nuair a mhéadaíonn leibhéal dramhaíola dá réir.

### **An Bhithéagsúlacht agus an Oidhreacht**

- 2.25.18 Tá éiceolaíocht shaibhir ag gabháil leis an oileán. Tá an t-oileán sainithe mar chuid de Limistéar Caomhantais Speisialta Bhéarra (SPA) agus Limistéar Oidhreacht Nádúrtha beartaithe. Gné tábhachtach den oileán is ea líon na speiceas pórúcháin de speicis éan mara, lena n-áirítear an Cág Gobdhearg agus an Cánóg Bhán. Ní mór machnamh cúramach a dhéanamh ar a chinntiú go seachnófar cur isteach ar na speicis seo nuair a bheartaítear siúlóidí nua nó breis gníomhaíochta ar shiúlóidí atá ann cheana féin. Tá teorainn aige freisin le SAC (cósta) Abhainn Neidín. Tá seo t-oileán ar fad sainithe mar Thírdhreach Ardluacha sa phlean seo. Tá iarsmaí suntasacha seandálaíochta ar an oileán freisin.
- 2.25.19 De réir Plean Abhantrach an Iardheiscirt (SWRBD), is ionann stádas foriomlán na 'n-Uisce Idirthréimhseacha agus Cósta' seo ar Chósta Iardheisceartach an Atlantaigh agus 'neamh-shannaithe'. Tá an t-oileán féin agus a uisce cósta araon faoi réir ag sonrúcháin láithreáin Natura 2000 (SAC agus SPA). Déantar cur síos ar Stádas Foriomlán Screamhuisce sa cheantar mar 'go maith' agus le cuspóir 'cosanta' foriomlán. Ba cheart go gcloífeadh an chóireáil fuíolluisce ar an Oileán Baoi leis na ceanglais atá leagtha amach sna cuspóirí in GO-01(b) agus cuideoidh sé sin chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce ionas go mbeidh 'stádas maith' bainte amach faoi 2021.
- 2.25.20 Is ceann scríbe oiriúnach é an t-oileán freisin le haghaidh faire éan, agus ba chóir go gcuirfí faire ar mhiolta móra agus deilfeanna agus eolas ar na speicis agus na séasúir ar fáil go háitiúil.


## Cuspóirí Ginearálta Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí Ginearálta Forbartha i ndáil le Baoi	
Uimh. na Cuspóra	
GDO-01	Bunáit daonra inbhuanaithe a choinneáil ar an Oileán agus tógáil ar na háiseanna agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ar an oileán cheana féin. Breathnófar ar thograí cónaithe ar leith sna cnuasaigh thart ar Bhaile na gCallach, Chill Mhichíl agus Tigh Loch gCagall áit ar féidir iad a chomhtháthú go cuí maidir leis an suíomh agus leis an gcomhthéacs.
GDO-02	Cáilíocht tírdhreacha agus chultúrtha an Oileán Baoi a chaomhnú agus riachtanais a áititheoirí a aithint agus an soláthar seirbhíse don oileán a fheabhsú ag an am céanna.
GDO-03	Tacú le turasóireacht inbhuanaithe a fhorbairt, ag baint leasa as uasghrádú an ghluasteáin chábla, lena n-áirítear forbairt siúlóidí cósta agus lúbtha, agus cineálacha eile úsáidí dúchasacha An Fhostaíocht ar an oileán nuair is féidir iad a chomhtháthú go hoiriúnach le suíomh an oileáin ar bhealach atá ag teacht leis na sonrúcháin chaomhnaithe ar an oileán agus timpeall air.
GDO-04	Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht lóistín feabhsaithe do chuirteoirí lena n-áirítear mol eachtraíochta trí athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana féin.
GDO-05	Tá an t-oileán timpeallaithe ag Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta an Neidín agus tá codanna den oileán laistigh de Limistéar faoi Chosaint Speisialta Leithinis Bhéarra. Beidh an fhorbraíocht ar an oileán ag teacht slán le cosaint na láithreán seo [Féach freisin GO-01(c)].
GDO-06	Tacú le soláthar áiseanna leithris poiblí ar an oileán ar shuíomh oiriúnach.





# Oileán Baoi



**Criosulthe Úsáide Talún**

 Oileán

Cóipcheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cosaint. San áireamh tá sonraí Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a atáirgeadh faoi uimhir cheadúnais OSi Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sáralonn atáirgeadh neamhúdairithe Suirbhé ordanás Éireann agus cóipcheart Rialtas na hÉireann © Suirbhé Ordanás Éireann 2022

## 2.26 Inis Uí Drisceoil

### Fís agus Comhthéacs

- 2.26.1 Is í an aidhm straitéiseach d'Inis Uí Drisceoil ná a dheimhniú gur féidir le muintir an oileáin leanúint lena bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha, a n-oidhreacht chultúrtha uathúil a chaomhnú agus a fheabhsú agus dul i mbun forbairt shocheacnamaíoch inmharthana chun an daonra buan a chothú agus a mhéadú ann tuilleadh.
- 2.26.2 Tá Inis Uí Drisceoil suite i gCuan Loch Trasna, gar d'Inis Arcáin. Tá sé ar cheann de na Céad Oileán ar Chairbre atá scaipthe ar fud an chuain. Is iad príomhbhailte an Sciobairín agus An Scoil na bailte is gaire d'Inis Uí Drisceoil. Tá Cé Choinne Mhór ar an mórtír suite díreach os comhair an oileáin le bealach isteach go dtí an Sciobairín agus tá rochtain ag an Scoil ar bhád.
- 2.26.3 Tá an t-oileán suite go hálainn, timpeallaithe ag lánléargas ar Oileán Inis Arcáin, Cléire, na hOileáin Laonna, na Sceimhleacha Thoir agus Thiar, agus Sliabh Gabriel ó thuaidh. Is furasta siúl agus rothaíocht ar an oileán agus tá go leor tránna gainimh sábháilte atá oiriúnach le haghaidh seoltóireachta, clársheoltóireachta, snámh agus tumadóireachta. Tá go leor ealaíontóirí mór-le-rá lonnaithe ar Inis Uí Drisceoil freisin, ar mealladh chuig an oileán iad mar gheall ar an tírdhreach iontach agus an chuma shíochánta atá ann.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.26.4 Is í an phríomhcheist atá le réiteach ná an gá atá leis an daonra buan ar an oileán a chobhsú agus a mhéadú. Tá an t-oileán faoi bhagairt leanúnach ag an dídhaonrú le blianta fada anuas mar gheall ar an mbonn íseal daonra atá ann. Chun cónaitheoirí buana a choinneáil ar an oileán, ní mór leibhéal na seirbhísí bunúsacha atá ar fáil ann a fheabhsú. Is iad na bealaí príomhacha chun é sin a dhéanamh ná cur leis an saoráidí, agus iad a choinneáil, agus deiseanna fostaíochta a chur chun cinn, áiseanna turasóireachta ar an scála cuí agus an éagsúlacht eacnamaíoch a spreagadh, agus na cáilíochtaí comhshaoil a mheallann turasóirí ann a chosaint, gan trácht a dhéanamh ar an fiúntas a ghabhann leo astu féin.

Tábla 5.2.40: Torthaí Dhaonáireamh i ndáil le hInis Uí Drisceoil

1986	1991	1996	2002	2006	2011	2016
19	22	16	27	24	29	28

- 2.26.5 29 duine a bhí taifeadta i nDaonáireamh 2011 mar dhaonra an oileáin. Taifeadadh 28 duine ann sa daonra i nDaonáireamh 2016. Is féidir an figiúr seo a dul i méad go suntasach le linn míonna an tsamhraidh.
- 2.26.6 Le linn thréimhse feidhme an phlean deiridh is i bhfoirm teaghaisí aonair a bhí an chuid is mó den soláthar tithíochta. Is é an gá atá le fás a spreagadh sa daonra buan ar feadh na bliana ar an oileán, seachas líon na dtithe a thógtar ar an oileán an phríomhcheist atá ann.
- 2.26.7 Is féidir le méadú sa líon tithe saoire agus dara tithe atá ann drochthionchar tromchúiseach a bheith aige ar bheogacht agus inbhuanaitheacht phobail na n-oileán agus ní mór é a rialú go cúramach. Is i bhfoirm tithíochta aonair go príomha an fhorbairt atá déanta le déanaí.
- 2.26.8 Tacóidh an Chomhairle le forbairt a chuidíonn leis an daonra a choinneáil ó cheann ceann na bliana ar an oileán, áit a bhfuil tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta atá soiléir agus inaitheanta (a mhairfidh tar éis na céime tógála), agus a thagann le hacmhainneacht mhuintir na háite chun freastal air. Is díol spéise í iargúlacht na n-oileán do dhaoine áirithe a d'fhéadfadh a bheith ag teacht ar saoire agus d'fhéadfadh méadú a bheith ann amach anseo ar an infheistíocht i dtithe saoire. Mar sin féin, is féidir leo drochthionchar a imirt ar oileáin ar a bhfuil an bonn daonra nádúrtha leochaileach cheana féin.

### An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.26.9 Ó thaobh na forbartha eacnamaíche de, tá deiseanna ann i réimsí an dobarshaothraithe, na fiontraíochta baile-bhunaithe, na healaíona agus ceardaíocht, bia, spóirt uisce, siúl agus faire éan. Chuirfeadh gach ceantar dá leithéid leis na láidreachtaí atá ag an oileán cheana féin, a bhfuil cáil air atá ag dul i méid de réir a chéile, le blianta beaga anuas. Ba cheart dobarshaothrú a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, ag tabhairt faoi deara an gá atá le SAC Chuan agus Oileán Loch Trasna a chosaint. Tá an talmhaíocht agus an iascaireacht fós á gcleachtadh ar an oileán. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur féidir le fostaíocht ar na hoileáin a bheith measctha de ghnáth, le cónaitheoirí ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí éagsúla le linn séasúir ábhartha d'iascaireacht, feirmeoireacht agus turasóireacht mar shampla.
- 2.26.10 Tá roinnt micrifhiontair agus frontar baile ag forbairt ar an oileán. Is bialann agus scoil chócaireachta chomhcheangailte a bhfuil clú agus cáil air is ea 'Island Cottage' ar Inis Uí Drisceoil a bhfuil clú agus cáil uirthi agus is díol spéise í ar an oileán.
- 2.26.11 Tá Teachín amháin arbh é Bord na gCeantar Cúng a thógáil é ar an Oileán. D'fhéadfaí tithíocht Bhord na gCeantar Cúng Neamháitithe ar na hoileáin a thiontú go spás stiúideo d'ealaíontóirí cuairte, rud a mhealladh daonra breise, cé gur neamhbhuan chuig an oileán é agus a chuirfeadh le geilleagar an oileáin. Tá deiseanna fós ann le léirmhíniú a dhéanamh ar thionchar stairiúil Bhord na gCeantar Cúng agus an ról a bhí aige maidir le saol na tuaithe a chothú ag an am.

- 2.26.12 Ó thaobh na turasoíreachta de, tá an poitéinseal ann go fóill do leathnú ach é a phleanáil agus a bhainistiú ag tabhairt aird ar iogaireachtaí comhshaoil an oileáin. Ní mór breathnú ar fhorbairt bhreise ar roghanna fostaíochta agus ar éagsúlú mar roghanna eile inbhuanaithe. Ba cheart go mbeadh bealach siúl ar an oileán agus comharthaí leis chun siúlóirí a threorú chuig príomhphointí spéise. Is é príomhbhuntaíste an oileáin ó thaobh siúlóirí a mhealladh ná a radharcra tarraingteach, lena n-áirítear radhairc ar chósta na mórhíre in aice láimhe agus ar oileáin eile i Loch Trasna. Tá baint ar leith ag Inis Céime Thiar agus ag Inis Céime Thoir le hInis Uí Drisceoil agus d'fhéadfadh go bhféadfai naisc a fhorbairt bunaithe ar naisc fhisiciúla, amhairc agus stairiúla leis na hoileáin neamháirithe seo agus sonrúcháin oidhreachta nádúrtha á gcur san áireamh. Sonraítear an giolcarnach 'na Rinne' mar shuíomh maith le haghaidh an éanbhreathnaithe agus bheadh sé ina bhuntaíste do chuariteoirí faisnéis a sholáthar ar na speicis atá le feiceáil sa cheantar seo.

### **Áiseanna Sóisialta agus Pobail**

- 2.26.13 Tá easpa áiseanna pobail ar an oileán agus tá seirbhísí teoranta aige, a bhfuil an-tábhacht lena bhforbairt chun seasmhacht daonra a chinntiú. Rachaidh an t-ionad pobail atá molta chun tairbhe an oileáin agus ba chóir go gceadódh sé bunáit do sheirbhísí poiblí agus eile nuair a bhíonn cuairt á tabhairt ar an oileán agus ba chóir go n-úsáidfí go ginearálta é do raon leathan imeachtaí agus seirbhísí. Sa Gearrthéarmach, áfach, tá gá go sonrath le soláthar feabhsaithe seirbhísí sláinte agus le forbairt pleananna éigeandála. Níl eaglais, scoil ná reilig ar an oileán. Tá bácús agus bialann suite ar an oileán. D'fhéadfadh úsáid ilghnéitheach a bheith ag soláthar áiseanna pobail breise lena n-áirítear ionad pobail lena n-áirítear áiseanna dóibh siúd a thugann cuairt ar an oileán agus forbairt na n-ealaíon. Aithníodh freisin le linn an phróisis chomhairliúcháin do Straitéis na nOileán Comhtháite nach bhfuil aon reilig coisricthe ar an Oileán faoi láthair.
- 2.26.14 Tá na háiseanna reatha do chuariteoirí agus do mhuintir na háite ar an oileán beagán teoranta. Tá roinnt tránna ar an oileán lena n-áirítear tránna gainimh, atá sábháilte le haghaidh snámha. D'fhéadfadh soláthar áiseanna poiblí ar scála cuí ag na tránna seo turasoírí lae breise a mhealladh, rud a thabharfadh tacaíocht mhéadaithe do ghnóthaí oileánda. Is suíomh tarraingteach siúil é an t-oileán, cé go bhfuil rochtain teoranta.
- 2.26.15 Ba cheart an t-oileán, mar aon leis an gceantar níos leithne, a chur chun cinn mar cheann scríbe seoltóireachta, ag tógáil ar na háiseanna atá ann cheana féin. Tá deiseanna ann freisin don oileán dul i mbun spóirt uisce eile, mar cadhcáil. Bhainfeadh an t-oileán leas as síneadh ar chonair ghníomhaíochta uisce an 'Bealach Gorm' ón Sciobairín go Dún na Séad. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí breise ar an oileán daoine a spreagadh chun fanacht ann ar feadh níos mó ama. Maidir le lóistín do chuariteoirí, tá tithe saoire/áiseanna féinfhrestail agus L&B ar fud an oileáin agus tá eanáil ealaíon agus ceardaíochta ar an oileán ag fás.

### **An Bonneagar**

- 2.26.16 Is ó Rinn Chonamair an rochtain laethúil bháid farantóireachta go hInis Uí Drisceoil agus tá deiseanna ann feabhas a chur ar sholáthar comharthaíochta don cheantar seo. Tá carrchlós beag agus fothain phlaisteach ag pointe imeachta Ché Chonamair. Tá rochtain bóthair go Conamar go thar a bheith dona sa chuid deiridh roimh an gcé. Tá an cuid seo den bhóthar thar a bheith cúng agus droch-ailínithe. Tá deiseanna feabhsaithe bóithre teoranta agus d'fhéadfadh uasghrádú suntasach ar an mbóthar anseo cur isteach ar charachtar an cheantair. Ba cheart mar sin tosaíocht a thabhairt do chothabháil an bhóthair sa cheantar seo. Tá soláthar uisce ar an móirthír ag freastal ar an oileán ach níl aon bhonneagar fuíolluisce ann.


### **An Bhithéagsúlacht agus an Oidhreacht**

- 2.26.17 Tá an t-oileán sainithe mar chuid de SAC Chuan agus Oileáin Loch Trasna (Limistéar Caomhantais Speisialta) agus Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe. Tá an t-oileán ar fad sainithe mar Thírdhreach Ardluacha.
- 2.26.18 Maidir le Cáilíocht Uisce, tá Inis Uí Drisceoil suite laistigh d'Aonad Bainistíochta Uisce Cloich na Coillte sa Sciobairín agus é suite i gCuan Loch Trasna atá de réir phlean Cheantar Abhantraí an Iardheiscirt (SWRBD) ina 'Limistéar Sliogéisc Ainmnithe' agus ina limistéar faoi chosaint láithreáin Natura 2000. De réir Plean an SWRBD, is ionann stádas foriomlán 'Uisce Idirthréimhseacha agus Cósta' Loch Trasna agus 'measarta'. Déantar cur síos ar Stádas Foriomlán Screamhuisce sa cheantar mar 'go maith' agus le cuspóir 'cosanta' foriomlán. Ba cheart go gcloifeadh an chóireáil fuíolluisce ar an Inis Uí Drisceoil leis na ceanglais atá leagtha amach sna cuspóirí in GO-01(b) agus cuideoidh sé sin chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce ionas go mbeidh 'stádas maith' bainte amach faoi 2021.
- 2.26.19 Tá oidhreacht ailtireachta shainiúil marthanach ag an oileán agus b'fhéidir gur cheart a ainmniú mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Tá sé tábhachtach go mbeadh meas ar an gcarachtar agus ar an bpatrún seo, go háirithe i dtírdhreach oscailte agus nochtaithe, áit a bhféadfadh sé a bheith dúshlánach forbairt nua a chomhshamhú.

## Cuspóirí Ginearálta Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí Ginearálta Forbartha i ndáil le hInis Uí Drisceoil	
Uimh. na Cuspóra	
GDO-01	Tá cuid mhór d'Inis Uí Drisceoil suite laistigh de SAC Loch Trasna agus na nOileán agus tá an t-oileán ar fad suite laistigh den Limistéar Oidhreacht Nádúrtha atá beartaithe do Limistéar Loch Trasna agus na nOileán. Beidh an fhorbraíocht ar an oileán ag teacht slán le cosaint na láithreán seo [Féach freisin GO-01(c)].
GDO-02	Cáilíocht tírdhreacha agus chultúrtha an Inis Uí Drisceoil a chaomhnú agus riachtanais a áititheoirí a aithint ag an am céanna. Ba chóir go ndéanfaí gach forbairt a dhearadh, a shuíomhú agus a thírdhreachú go cúramach chun carachtar fiáin agus oscailte an oileáin a choinneáil, agus chun dochar do cháilíochtaí comhshaoil an cheantair a sheachaint.
GDO-03	Bunáit daonra inbhuanaithe a choinneáil ar an oileán agus tógáil ar na háiseanna pobail agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ar an oileán. Tá sé mar chuspóir ar leith iniúchadh a dhéanamh ar shuímh do sholáthar reilig ar an oileán le linn shaolré an phlean.
GDO-04	Tacú le forbairt infrastruchtúir bhreise ar an oileán lena n-áirítear fothain nua a sholáthar ar an gcé agus treo-chomharthaíocht feabhsaithe don mbád farantóireachta ón mórthír agus leathnú na n-áiseanna poiblí ag príomhthránna an oileáin.
GDO-05	Suirbhé ailtireachta a dhéanamh ar an oileán agus machnamh a dhéanamh ar fhoirgnimh nó grúpaí éagsúla foirgneamh a chosaint trí chumhachtaí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.
GDO-06	Tacú le hullmhú agus le cur i bhfeidhm plean bainistíochta cé agus chuain do na pointí rochtana ar an oileán agus ar an mórthír in aice láimhe.





## 2.27 An tOileán Fada

### Fís agus Comhthéacs

- 2.27.1 Is í an aidhm straitéiseach don Oileán Fada ná a dheimhniú gur féidir le muintir an oileáin leanúint lena bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha, a n-oidhreacht chultúrtha uathúil a chaomhnú agus a fheabhsú agus dul i mbun forbairt shocheacnamaíoch inmharthana chun an daonra buan a chothú agus a mhéadú ann tuilleadh.
- 2.27.2 Is oileán beag é an tOileán Fada atá suite i gCuan Loch Trasna, siar ó dheas ón Scoil agus é scartha amach ón mórthír ag caol an Oileáin Fhada. Tá an t-ainm cuí ar an oileán toisc é 4.8 km ar fad agus gan ach 0.8 km ar leithead ag an bpointe is leithne. Tá sé iséal go ginearálta agus níl sé ach tríocha méadar os cionn leibhéal na farraige ag an bpointe is airde. Tá bóthar le dromchla ag dul trí chuid den oileán, agus tá bóthar garbh, atá tar éis fás in áiteanna, ag síneadh go dtí an Rabhcán agus an sean-mhianach copair san oirthear, agus go dtí na hailte ag an taobh thiar.
- 2.27.3 Sna 1840idí bhí breis is 300 duine ina gcónaí ar an oileán agus tá iarsmaí an chaite ghníomhaigh seo le feiceáil go soiléir sna tithe beaga, fothracha cloiche tréigthe, stórais agus botháin. Tá siad le feiscint freisin i bpatrúin chasta na bpáirceanna beaga agus na lánaí taoibh iomadúla atá tar éis fás go flúirseach, agus a bhfuil an dúlra ag éileamh ar ais go mall. Sa lá atá inniu ann is áit chiúin shíochánta é an t-oileán, foirfe don siúlóir níos eachtrúla, agus flúirseach le fiadhúlra.
- 2.27.4 Tá dhá bhaicle tithe príomhacha ar an oileán. Tá ceann amháin suite timpeall ar Ché Lár na Tíre agus ceann ag Westerland. Is é Bord na gCeantar Cúng a thóg go leor den tithíocht atá ar an oileán agus tá cáil ar an tOileán Fada as an méid sin den stíl áirithe tithíochta seo atá ann.
- 2.27.5 Tá líon suntasach tithe tréigthe ar an oileán, agus d'fhéadfadh go mbeadh acmhainn athfhorbartha acu seo. D'fhéadfadh scóip a bheith ann le haghaidh tuilleadh forbartha turasóireachta ar nós siúlóidí lae aitheanta agus lóistín gearrthéarmach i bhfoirm brú nó leaba agus bricfeasta faoi réir ag comhlíonadh sonrúcháin chaomhnaithe dúlra.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.27.6 Is í an phríomhcheist atá le réiteach ná an gá atá leis an daonra buan ar an oileán a chobhsú agus a mhéadú. Tá impleachtaí ag laghdú ar an daonra d'inhuanaitheacht shaol na n-oileán amach anseo agus do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na tréithe sóisialta agus cultúrtha atá mar saintréithe acu.

Tábla 5.2.41: Torthaí Dhaonáireamh i ndáil le hInis Fada

1986	1991	1996	2002	2006	2011	2016
18	11	9	12	5	10	20

- 2.27.7 10 duine a bhí taifeadta i nDaonáireamh 2011 mar dhaonra an oileáin. Thaifeadadh méadú ar an daonra, suas go 20 duine, i nDaonáireamh 2016. Is féidir an figiúr seo a dul i méad go suntasach le linn míonna an tsamhraidh. Tá an t-oileán faoi bhagairt leanúnach ag an mbuan-dídhaonrú le blianta fada anuas. Chun cónaitheoirí buana a choinneáil ar an oileán, ní mór leibhéal na seirbhísí bunúsacha atá ar fáil ann a fheabhsú. Is iad na bealaí príomhacha chun é sin a dhéanamh ná cur leis an saoráidí, agus iad a choinneáil, agus deiseanna fostaíochta a chur chun cinn, áiseanna turasóireachta ar an scála cuí agus an éagsúlacht eacnamaíoch a spreagadh, agus na cáilíochtaí comhshaoil a mheallann turasóirí ann a chosaint, gan trácht a dhéanamh ar an fiúntas a ghabhann leo astu féin.
- 2.27.8 Is i bhfoirm tithíochta aonair go príomha an fhorbairt atá déanta le déanaí. Tá príomhlíonra leictreachais, príomhlíonra uisce agus seirbhís gutháin de shaghas éigin ag formhór na dtithe ar an oileán. Tá líon suntasach tithe as úsáid ar an oileán áfach.
- 2.27.9 Le linn thréimhse feidhme an phlean deiridh is i bhfoirm teaghaisí aonair a bhí an chuid is mó den soláthar tithíochta. Is é an gá atá le fás a spreagadh sa daonra buan ar feadh na bliana ar an oileán, seachas líon na dtithe a thógtar ar an oileán an phríomhcheist atá ann.
- 2.27.10 Is féidir le méadú sa líon tithe saoire agus dara tithe atá ann drochthionchar tromchúiseach a bheith aige ar bheogacht agus inhuanaitheacht phobail na n-oileán agus ní mór é a rialú go cúramach.
- 2.27.11 Is í an phríomhcheist atá le réiteach don oileán ná an gá atá le laghdú daonra fadtéarmach a aisiompú, agus an daonra buan a chobhsú agus a mhéadú. Is iad na príomhghnéithe chun é seo a bhaint amach ná rochtain ar an tithíocht inacmhainne a sholáthar chun críche na buanchónaitheachta, an geilleagar táirgiúil a leathnú, feabhas a chur ar an mbonneagar, agus an rochtain ar áiseanna sóisialta, cultúrtha agus áineasa a fheabhsú.
- 2.27.12 Tacóidh an Chomhairle le forbairt a chuidíonn leis an daonra a choinneáil ó cheann ceann na bliana ar an oileán, áit a bhfuil tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta atá soiléir agus inaitheanta (a mhairfidh tar éis na céime tógála), agus a thagann le hacmhainneacht mhuintir na háite chun freastal air.
- 2.27.13 Is díol spéise é iargúlacht na n-oileán do dhaoine áirithe a d'fhéadfadh a bheith ag teacht ar saoire agus d'fhéadfadh méadú a bheith ann amach anseo ar an infheistíocht i dtithe saoire. Mar sin féin, is féidir leo drochthionchar a imirt ar oileáin ar a bhfuil an bonn daonra nádúrtha leochaileach cheana féin.

## An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.27.14 Is í an fheirmeoireacht mhairteola neamh-dian an phríomhghníomhaíocht fostaíochta ar an oileán agus is le neamhchónaitheoirí formhór na n-ainmhithe ar an oileán. Tugtar faoi deara gur féidir le fostaíocht ar na hoileáin a bheith measctha de ghnáth, le cónaitheoirí ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí éagsúla le linn séasúir ábhartha d'iascaireacht, feirmeoireacht agus turasóireacht mar shampla.
- 2.27.15 Tá scóip shuntasach ann chun coincheap Inis Fada a fhorbairt mar shócmhainn do bhaile na Scoile agus don cheantar níos leithne. Ba cheart go leagfadh an t-idirchaidreamh le grúpaí turasóireachta, forbartha agus gnó ar an mórthír clár oibre amach chun próifíl an oileáin a fheabhsú agus cuairteoirí a mhealladh.
- 2.27.16 Níl aon áiseanna ann faoi láthair chun ligean do chónaitheoirí slí bheatha a bhaint as turasóireacht ar an oileán. Ós rud é go bhfuil an t-oileán cóngarach don Scoil, atá ina bhaile turasóireachta an-ghnóthach i míonna an tsamhraidh agus uaireanta eile den bhliain, go háirithe mar gheall ar a thairiscint láidir spóirt uisce, meastar go bhféadfadh sé a bheith inmharthana caifé a bheith ar an oileán.
- 2.27.17 Is gá áiseanna a chur ar fáil ar an oileán chun freastal ar chuairteoirí, go háirithe nuair a bhíonn drochaimsir agus daoine nach bhfuil ag tabhairt cuairte ar mhaithe le siúlóid shubstaintiúil a dhéanamh. Trí an seanscoil ar an oileán a cheannach agus a athchóiriú chun foirgneamh poiblí a chur ar fáil ar an oileán, d'fhéadfaí spás a chur ar fáil d'áiseanna cuairteoirí ar nós léirmhíniú oidhreachta agus eolas eile, foscadh ón aimsir, leithris phoiblí, sólaistí chomh maith le freastal ar imeachtaí eile do phobal an oileáin mar atá pléite thíos.
- 2.27.18 Ba cheart go mbeadh meas ar an stíl shainiúil tithíochta in aon fhorbairt ar an oileán, is fearr a bheadh suite sna cnúasaigh atá ann cheana féin nó in aice leo. D'fhéadfaí cuid de thithíocht neamháitithe Bhord na gCeantar Cúng ar na hoileáin a thiontú go spás stiúideo d'ealaíontóirí cuairte, rud a mheallfadh daonra breise, cé gur neamhbhuan go dtí an oileán agus a chuirfeadh le geilleagar an oileáin. Tá deiseanna fós ann le léirmhíniú a dhéanamh ar thionchar stairiúil Bhord na gCeantar Cúng agus an ról a bhí aige maidir le saol na tuaithe a chothú ag an am.

## Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.27.19 Níl aon áiseanna spóirt, oideachais, sláinte, sóisialta nó pobail ar an oileán. Níl seirbhís poist cheart ar an oileán chomh maith agus ba cheart é a leathnú go dtí seirbhís iomlán poist le pointe bailithe. Ba cheart tacú le coinneáil agus le leathnú na seirbhísí atá ar fáil sa Scoil mar is féidir leis an mbaile seirbhísí a thairiscint don oileán laistigh d'achar réasúnta gar. Níl foirgneamh poiblí ar an oileán faoi láthair agus foirgneamh poiblí ilfheidhmeach do chruinnithe agus d'imeachtaí agus ba cheart soláthar seirbhísí agus áiseanna do chuairteoirí a sholáthar. D'fhéadfadh seans a bheith ann seanscoil ar an oileán a cheannach agus a athchóiriú le haghaidh úsáid phoiblí nó d'fhéadfadh ceann de na tithe tréigthe atá ann cheana féin a bheith oiriúnach.

## An Bonneagar

- 2.27.20 Is féidir rochtain a fháil ar an Oileán Fada ar thuras bád farantóireachta a mhaireann deich nóiméad agus a théann ón gCaladh, atá suite níos lú ná cúig nóiméad ag tiomáint ó dheas ó lár bhaile na Scoile. Níl seirbhís iomlán seacht lá ar fáil agus ba chóir breathnú ar bhearta chun an tseirbhís seo a fheabhsú. Níl aon iompar poiblí ar an oileán ná ó Ché Cholla go Scoil. Tá carrchlós suntasach ag Cé Cholla ar cuireadh dromchla nua air le déanaí.
- 2.27.21 Léiríonn comhartha beag ag Cé Cholla agus Cé Lár na Tíre ar an oileán amhláir farantóireachta samhraidh agus gheimhridh. Ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal don iompar tuaithe freastal ar ché an Challaigh ón Scoil chun rochtain ar an oileán a fheabhsú dóibh siúd nach bhfuil iompar príobháideach acu.
- 2.27.22 Níl aon bhonneagar fuíolluisce ar an oileán le cumas teoranta uisce a phiobtar ón Scoil.
- 2.27.23 Tá dhá ché ar an Oileán Fada; Baineann báid bheaga úsáid as Lár na Tíre ag gach taoide agus ag an mbád farantóireachta. Tá an dara cé oileáin suite ag Westerland agus cuireann sé rochtain ar fáil ar bháid bheaga ach amháin ag an lán mara nuair atá an fharraige ciúin. Rachadh pleananna bainistithe céibheanna chun sochair do na céanna a fhreastalaíonn ar Inis Fada. Ba cheart go ndéileálfadh pleananna dá leithéid le soláthar faisnéise agus áiseanna poiblí mar scáthláin. Thacódh suiteáil pontún ag Cé Lár na Tíre le soláthar gníomhaíochtaí fóillíochta uiscebhunaithe. Bhainfeadh an t-oileán leas freisin as plean bainistíochta dramhaíola a chur i bhfeidhm agus as forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar na cosáin siúlóide atá ann cheana féin.

## An Bhithéagsúlacht agus an Oidhreacht

- 2.27.24 Tá an t-oileán sainithe mar chuid de SAC Chuan agus Oileáin Loch Trasna (Limistéar Caomhantais Speisialta). Tá an t-oileán ar fad sainithe mar Thírdhreach Ardluacha.
- 2.27.25 Cé nach bhfuil séadchomharthaí cosanta nó náisiúnta ar an oileán, rud atá ann go flúirsiúil ar Oileáin Iarthar Chorcaí i gcoitinne, tá údair spéise ar leith faoin oileán ar chóir iad a léiriú mar chuid d'eolas agus de thaispeántas i bhfoirgneamh poiblí, mar shampla mianaigh chopair an oileáin, an rabhcán agus an scéal faoi na stampaí poist a bhí ag muintir an oileáin dóibh féin.
- 2.27.26 Maidir le Cailíocht Uisce, tá an tOileán Fada suite laistigh d'Aonad Bainistíochta Uisce Cloich na Coillte sa Sciobairín agus é suite i gCuan Loch Trasna atá de réir phlean Cheantar Abhantraí an Iardheiscirt (SWRBD) mar limistéar faoi chosaint agus mar láithreán Natura 2000. De réir Plean an SWRBD, is ionann stádas foriomlán 'Uisce Idirthréimhseacha agus Cósta' Loch Trasna agus 'measartha'.


- 2.27.27 Déantar cur síos ar Stádas Foriomlán Screamhuisce sa cheantar mar 'go maith' agus le cuspóir 'cosanta' foriomlán'. Ba cheart go gcloifeadh an chóireáil fuíolluisce ar an Oileán Fada leis na ceanglais atá leagtha amach sna cuspóirí in GO-01(b) agus cuideoidh sé sin chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce ionas go mbeidh 'stádas maith' bainte amach faoi 2021.
- 2.27.28 Tá oidhreacht ailtireachta shainiúil marthanach ag an oileán agus b'fhéidir gur cheart a ainmniú mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Tá sé tábhachtach go mbeadh meas ar an gcarachtar agus ar an bpatrún seo, go háirithe i dtírdhreach oscailte agus nochtaithe, áit a bhféadfadh sé a bheith dúshlánach forbairt nua a chomhshamlú.

### Cuspóirí Ginearálta Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí Ginearálta Forbartha i ndáil le hInis Fada	
Uimh. na Cuspóra	
GDO-01	Tá Inis Fada suite laistigh de Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Loch Trasna agus na nOileán agus laistigh den Limistéar Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe do Limistéar Loch Trasna agus na nOileán. Ba cheart don bhforbraíocht ar an oileán a bheith ag teacht slán le cosaint na láithreán seo [Féach freisin GO-01(c)].
GDO-02	Cáilíocht tírdhreacha agus chultúrtha an Oileáin Fhada a chaomhnú agus riachtanais a áititheoirí a aithint agus an soláthar seirbhíse don oileán a fheabhsú ag an am céanna. Ba chóir go ndéanfaí gach forbairt a dhearadh, a shuíomhú agus a thírdhreachú go cúramach chun carachtar an oileáin a choinneáil, agus chun dochar do cháilíochtaí comhshaoil an cheantair a sheachaint.
GDO-03	Tacú le forbairt infrastructúir bhreise ar an oileán lena n-áirítear fothain nua a sholáthar ar an gcé agus treo-chomharthaíocht feabhsaithe don mbád farantóireachta ón mórthír agus leathnú na n-áiseanna poiblí ag príomhthrána an oileáin.
GDO-04	Suirbhé ailtireachta a dhéanamh ar an oileán agus machnamh a dhéanamh ar fhoirgnimh nó grúpaí éagsúla foirgneamh a chosaint trí chumhachtaí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.
GDO-05	Tacú le ról sineirgisteacha na Scoile agus an Oileáin Fhada agus a aithint go bhfuil sé rithábachtach seirbhísí a chothabháil sa Scoil d'inmharthanacht fhadtéarmach an oileáin. Tá sé tábhachtach ina leith seo go gcuirfí le próifíl an oileáin sa Scoil agus sa cheantar níos leithne.
GDO-06	Tacú le hullmhú agus le cur i bhfeidhm plean bainistíochta cé agus chuain do na pointí rochtana ar an oileán agus ar an mórthír in aice láimhe.
GDO-07	Tacú le soláthar inbhuanaithe Ionad Pobail ilchuspóireach don Oileán.



# Inis Fada



Cóipcheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cosaint. San áireamh tá sonraí Suirbhéireacht Ordánais Éireann a atáirgeadh faoi lúmhír cheadúnais OSI Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sáraitonn atáirgeadh neamhúdaraithe Suirbhé ordánais Éireann agus cóipcheart Fialtas na hÉireann © Suirbhé Ordánais Éireann 2022

## 2.28 Inis Arcáin

### Fís agus Comhthéacs

- 2.28.1 Is í an aidhm straitéiseach d'Inis Arcáin ná a dheimhniú gur féidir le muintir an oileáin leanúint lena bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha, a n-oidhreacht chultúrtha uathúil a chaomhnú agus a fheabhsú agus dul i mbun forbairt shocheacnamaíoch inmharthana chun an daonra buan a chothú agus a mhéadú ann tuilleadh.
- 2.28.2 Tá Inis Arcáin, baile sinsear chlann Uí Drisceoil, ar cheann de na hoileáin is inrochtana sa tír mar níl sé suite ach 10 nóiméad ar thuras farantóireachta ó Dhún na Séad. Tá sé ar cheann de oileánra chomh maith a chuimsíonn na hoileáin áirithe, Cléire, Inis Uí Drisceoil agus Inis Fada agus go leor oileán gan daoine ina gcónaí ag Rinn Chuan Loch Trasna.
- 2.28.3 Tá éagsúlacht tírdhreacha ar an oileán, radhairc lánléargais den Atlantach agus cuid de na tránna gainimh is breátha sa Chontae. Tá flóra agus fána uathúil ar an oileán, agus is sampla breá é Mainistir na bProinsiasach den chúigiú haois déag d'ailtireacht mhainistreach na meánaoise. Is minic a thugann turasóirí lae cuairt ar an oileán ag baint úsáide as an mbád farantóireachta ó Dhún na Séad agus ó Chonamar, a mbíonn turais rialta acu le linn míonna an tsamhraidh go dtí an ché ar an gcladach thoir. Mar sin féin, ní mór an méadú ar fhorbairt agus ar ghníomhaíocht a bhaineann le turasóireacht a chothromú le hógairacht chomhshaoil an oileáin.
- 2.28.4 Bíonn cairtfhostaí luamh agus bád ar fáil le linn míonna an tsamhraidh. I measc na ngníomhaíochtaí atá bunaithe ar an oileán tá seoltóireacht, turais báid easnacha, turasóireacht, hopáil oileáin, turais éiceolaíochta agus cairtfhostú báid.
- 2.28.5 I measc na seirbhísí agus na háiseanna ar an oileán tá séipéal, teach tábhairne, siopa beir leat samhraidh/caife, agus an t-ionad pobail ina bhfuil an leabharlann agus leithris phoiblí. Is sócmhainn do Inis Arcáin é óstán agus brú a bheith ar an oileán ó thaobh rogha lóistín a sholáthar agus áiseanna eile a sholáthar. Níl tithe lóistín ar bith ar an oileán faoi láthair agus tá líon beag tithe ar fáil ar cíos do laethanta saoire féinfhrestail, agus tá B&B amháin ag na hOileáin.

### Breithnithe agus Moltaí Pleanála

#### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.28.6 Is í an phríomhcheist atá le réiteach ná an gá atá leis an daonra buan ar an oileán a chobhsú agus a mhéadú. Maidir le treochtaí sa líon daoine, tá méadú tagtha ar an líon iomlán daoine atá ina gcónaí ar Inis Arcáin ó bhí 2006 ann, rud atá tábhachtach ós rud é go bhfuil impleachtaí ag laghdú ar an daonra d'inhuanaitheacht shaol na n-oileán amach anseo agus do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na tréithe sóisialta agus cultúrtha atá mar saintréithe acu.

Tábla 5.2.42: Torthaí Dhaonáireamh i ndáil le hInis Arcáin

1996	2002	2006	2011	2016
98	129	106	114	111

- 2.28.7 Tá fianaise ann go bhfuil an daonra ag dul in aois ar na hoileáin, agus tá impleachtaí aige sin don daonra inhuanaithe amach anseo agus do sholáthraithe seirbhíse, go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu leis an tacaíocht do dhaoine scothaosta. Léirítear sna treochtaí seo freisin go bhfuil gá leis na hoileáin a fhorbairt le bheith ina gceantair tharraingteacha le bheith mar áit chónaithe do dhaoine fásta óga agus do theaghlaigh araon. Tá an líon tithe atá ar na hoileáin íseal i gcoitinne agus tá sé ag dul i laghad. Is ceist an-tábhachtach í ceist an daonra atá ag dul in olcas agus ag dul in aois ar Oileáin Iarthar Chorcaí.
- 2.28.8 Tá patrún na forbartha ar Inis Arcáin scaipthe go ginearálta; ach tá braisle amháin tithíochta ar an oileán ar a dtugtar 'An Lána', atá suite os comhair fhorbairt tithíochta sóisialta an údaráis áitiúil i lár an Oileáin.
- 2.28.9 Le linn thréimhse feidhme an phlean deiridh is i bhfoirm teaghaisí aonair a bhí an chuid is mó den soláthar tithíochta. Is é an gá atá le fás a spreagadh sa daonra buan ar feadh na bliana ar an oileán, seachas líon na dtithe a thógtar ar an oileán an phríomhcheist atá ann. Is féidir le méadú sa líon tithe saoire agus dara tithe atá ann drochthionchar tromchúiseach a bheith aige ar bheogacht agus inhuanaitheacht phobail na n-oileán agus ní mór é a rialú go cúramach.
- 2.28.10 Is í an phríomhcheist atá le réiteach don oileán ná an gá atá le laghdú daonra fadtéarmach a aisiompú, agus an daonra buan a chobhsú agus a mhéadú. Is iad na príomhghnéithe chun é seo a bhaint amach ná rochtain ar an tithíocht inacmhainne a sholáthar chun críche na buanchónaitheachta, an geilleagar táirgiúil a leathnú, feabhas a chur ar an mbonneagar agus ar an rochtain ar an Oileán, agus an rochtain ar áiseanna sóisialta, cultúrtha agus áineasa a fheabhsú.
- 2.28.11 Tacóidh an Chomhairle le forbairt a chuidíonn leis an daonra a choinneáil ó cheann ceann na bliana ar an oileán, áit a bhfuil tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta atá soiléir agus inaitheanta (a mhairfidh tar éis na céime tógála), agus a thagann le hacmhainneacht mhuintir na háite chun freastal air.
- 2.28.12 Is díol spéise é iargúlacht na n-oileán do dhaoine áirithe a d'fhéadfadh a bheith ag teacht ar saoire agus d'fhéadfadh méadú a bheith ann amach anseo ar an infheistíocht i dtithe saoire. Mar sin féin, is féidir leo drochthionchar a imirt ar oileáin ar a bhfuil an bonn daonra nádúrtha leochaileach cheana féin.

## An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.28.13 Ó thaobh na gníomhaíochta eacnamaíche de, tá roinnt feirmeoireachta mairteola ann agus tá gabháil ribí róibéis, gliomaigh agus oisrí chun tosaigh ar gníomhaíochtaí iascaireachta. Cruthaíonn an easpa bonneagair mhara oiriúnach costais bhreise. Meastar gurb é an príomhbhagairt ná diansaothrú neamhrialaithe na hiarrachta iascaireachta, go háirithe maidir le ribí róibéis.
- 2.28.14 Tá Stáisiún Taighde Mara Inis Arcáin ar an oileán freisin, nach bhfuil oscailte don phobal. Áirítear le gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile ar an oileán táirgeadh ealaíon agus ceardaíochta le díol ar an mórthír agus ar an oileán.
- 2.28.15 Tugtar faoi deara gur féidir le fostaíocht ar na hoileáin a bheith measctha de ghnáth, le cónaitheoirí ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí éagsúla le linn séasúir ábhartha d'iascaireacht, feirmeoireacht agus turasóireacht mar shampla.
- 2.28.16 Tá gá leis an acmhainneacht a mhéadú agus tacú le forbairt an bhonneagair ghnó ar an oileán. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí soláthar d'aonaid ghnó de chineál gorlainne. D'fhéadfadh na haonaid seo freastal ar mhicrifhiontair agus obair bhaile i réimsí na dtionscnamh fuinnimh ghlais, thionscal an bhia, na talmhaíochta agus na dtionscal a bhaineann le muir/iascaireacht.
- 2.28.17 Beidh forbairt bhreise ar gníomhaíochtaí fóillíochta ar thalamh agus ar uisce ina ghné thábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch an oileáin amach anseo. Tacóidh an plean seo freisin le feabhsúcháin ar bhonneagar mara ar an oileán. Bhainfeadh an t-oileán leas as síneadh ar chonair gníomhaíochta uisce an 'Bealach Gorm' ón Sciobairín go Dún na Séad.

## Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.28.18 Dúnadh an bhunscoil ar an Oileán le déanaí a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le teaghlach óga a mhealladh chun cónaí ar Inis Arcáin. Freastalaíonn na páistí meánscoile ar na hoileáin ar scoileanna sna bailte mórthíre in aice láimhe, an Sciobairín san áireamh. Tá séipéal ar an oileán agus tá áiseanna leabharlainne ar fáil ar Inis Arcáin freisin. Tá moltaí faoi láthair chun foirgneamh nua a chur in áit an halla pobail atá ann faoi láthair. Cuidíonn iompar pobail ar Inis Arcáin le feabhas a chur ar inrochtaineacht na n-áiseanna pobail ar na hoileáin seo, trí iompar a sholáthar chuig Aifreann an Domhnaigh mar shampla. Tugann altra sláinte poiblí cuairt ar na hoileáin uair sa mhí.
- 2.28.19 Is sampla uathúil é Clár Céime Onóracha Leibhéal 8 sna hAmharcealaíona ar Inis Arcáin d'oidreachas tríú leibhéal for-rochtana rathúil. Tá an cúrsa creidiúnaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) ach tá sé bunaithe ar Inis Arcáin Island. Múnla rathúil é an cúrsa don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus rochtain ar oideachas i gceantair thuaithe. Meallann an cúrsa mic léinn d'ardchaighdeán agus cuireann sé borradh faoi gheilleagar Inis Arcáin agus a gcuirtear fáilte roimhe. Chomh maith le cúrsa céime sna hamharcealaíona a chur ar fáil, tá earnáil láidir ealaíon agus ceardaíochta forbartha ag an oileán agus le chéile tairgeann na sócmhainní seo réimse eacnamaíoch agus oideachais difriúil do Inis Arcáin. Tá earnáil láidir cheardaíochta ar Inis Uí Drisceoil freisin, atá in aice láimhe, agus d'fhéadfadh go n-éireodh le féile ealaíon comhcheangailte.
- 2.28.20 Féachfaidh an plean seo leis na háiseanna pobail atá ann faoi láthair a choinneáil agus nuair is féidir leathnú a dhéanamh ar an raon áiseanna spóirt atá ar fáil ar an oileán.
- 2.28.21 Ba cheart feabhsuithe ar an bhfearann poiblí ar scála beag lena n-áirítear soláthar áiteanna picnice agus pointí amhairc sainithe a spreagadh ag láithreacha cuí.
- 2.28.22 Is gá a chinntiú go gcoimeádtar na háiseanna pobail atá ann cheana féin agus go gcuirtear áiseanna nua ar fáil nuair is féidir. Tacóidh an Chomhairle le soláthar saoráide pobail ilchuspóireach ag láthair oiriúnach faoi réir oiriúnacht an láithreáin.

## An Bonneagar

- 2.28.23 Tá dhá chéibh ar an oileán. Tá spás teoranta ag an gcé oibre go háirithe. Ba cheart go bhfeabhsódh pleananna bainistíochta céibhe úsáid na gcéanna seo. Is as Dún na Séad an príomhphointe imeachta farantóireachta do Inis Arcáin; thart ar turas deich nóiméad. Tá gá le feabhsuithe infrastruchtúir ag Cé Dhún na Séad chun feabhas a chur ar sheirbhísí don Oileán.
- 2.28.24 Cuimsíonn an córas bóithre atá thart ar 9 km ar fad seanbhóithre cúnga a dteastaíonn cothabháil leanúnach uathu. Baineann Inis Arcáin leas as seirbhís bus iompair tuaithe ar an oileán, a bhuaileann le gach bád farantóireachta.
- 2.28.25 Tá soláthar teoranta cosáin agus soilsiú poiblí ar an oileán. Teastaíonn cosáin bhreise agus an soilsiú poiblí ann chun an tsábháilteacht do choisithe a fheabhsú.
- 2.28.26 Soláthraítear leictreachas ón mórthír agus tá teileachumarsáid ar fáil freisin. Tá leathanbhanda ar fáil ar an oileán.
- 2.28.27 Níl aon ionad cóireála fuíolluisce nó acmhainn ashamlaithe ar an oileán. Déantar an fuíolluisce a chóireáil ar bhonn an duine aonair in umair mhúnlaigh agus in ionaid chóireála fuíolluisce araon. Tá leithris phoiblí suite ag Fosadh na nOileánach.
- 2.28.28 Tagann soláthar uisce an oileáin ón mórthír trí phíblíne fomhuirí ó Lios Síne agus tá go leor píopaí príomhlíonra ar na bóithre. Tá an soláthar uisce ag brath ar uasghrádú a bheith déanta ar chóras Dhún na Séad, agus an taiscumar atá ann faoi láthair san áireamh. Tá gá le feabhsuithe gréasáin agus áitiúla freisin.

- 2.28.29 Tá áiseanna athchúrsála ar an oileán in aice leis an ionad pobail ar Inis Arcáin, a bhfuil sé beartaithe é a uasghrádú. Bailítear ábhair thirim in-athchúrsáilte ó am go chéile, agus seoltar bruscar eile chuig an mórtíir le haghaidh líonadh talún de réir mar a líonadh ualach. Tá foirgneamh stórála dramhaíola beartaithe, rud a laghdódh na costais atá i gceist chun an dramhaíl a thabhairt amach ón oileán.
- 2.28.30 Tá sé rithábhachtach do na hoileáin go ndéanfar áiseanna rochtana calafoirt a chothabháil agus a fheabhsú i gceart ionas go mairfidh siad amach anseo. Tá gá freisin le feabhas a chur ar infrastruchtúr soláthar uisce ar an oileán. Ní mór breathnú ar an ngá atá le háiseanna athchúrsála dramhaíola ar an oileán a fheabhsú.

### An Bhithéagsúlacht agus an Oidhreacht

- 2.28.31 Tá an t-oileán suite laistigh de Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan agus Oileán Loch Trasna (cód láithreáin SAC – 0101) agus Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (cód láithreáin pNHA – 0101). Tá an t-oileán ar fad sainithe mar Thírdhreach Ardluacha. Níl bealach ar an oileán sannaithe mar bhealach na radharc.
- 2.28.32 Tá roinnt tránna tarraingteacha gainimh ar an oileán, a bhfuil comharthaí maithe orthu agus a chuireann folcadh maithe ar fáil, lena n-áirítear an Trá Gheal, Trá na mBó agus an Trá Bán. Tá deiseanna ann do thaitneamhachtaí poiblí deartha go híogair agus rochtain níos fearr ar na tránna seo.
- 2.28.33 I measc na bpríomhshuíomhanna is díol spéise ó thaobh staire agus cultúrtha de ar Inis Arcáin, tá an Sean-Mhainistir díreach ar chúl an ché i dtuaisceart an Oileáin agus Mainistir Inis Arcáin agus an reilig atá suite ar an taobh thoir den oileán agus atá athchóirithe agus athchóirithe go substaintiúil ag an OOP le 20 bliain anuas. Tá acmhainneacht turasóireachta ag baint leis an mainistir mar ní is díol spéise do chuairteoirí. Tá dhá struchtúr ar an oileán ar Tháifead na Struchtúr Cosanta, (RPS ID 00806 - Mainistir Inis Arcáin agus RPS ID 00808 Caisleán Dhún Loinge).
- 2.28.34 Tá neart deiseanna ar an oileán dóibh siúd ar spéis leo bitheolaíocht mhara, éanlaith agus flóra agus fána eile. Tá radharcanna maithe ar oileáin eile agus ar an mórtíir ó Inis Arcáin, rud a fhágann go bhfuil an t-oileán tarraingteach do chuairteoirí lena n-áirítear siúlóirí. Tá cuid de na tírdhreacha is tarraingtí sna hoileáin ar mhionscála ag Inis Arcáin le radharcanna sárscémhe ag oscailt suas ó phointí teoranta ar an oileán agus na bóithre ag dul thart ar chuain agus góilíní an oileáin. Tá moltaí i bhfeidhm le haghaidh dhá shiúlóid lúbacha timpeall an oileáin. Tá turais siúil agus éanbhreathnaithe ar fáil.
- 2.28.35 Maidir le cáilíocht an uisce, de réir Cheantar Abhantraí an Iardheiscirt (SWRBD), téann an fuíolluisce amach ag Loch Trasna agus ag Cuan Dhún na Séad/Inbhear na hAighlinne faoi láthair ar láithreán Natura 2000 mar "Limistéar Sliogéisc Sannaithe" (SAC agus SPA) agus limistéar faoi chosaint, leis. De réir Plean an SWRBD, is ionann stádas foriomlán an uisce 'Idirthréimhseach agus Cois Cósta' in Inbhear na hAighlinne agus 'Go Maith'. De réir Plean an SWRBD, is ionann stádas foriomlán 'Uisce Idirthréimhseacha agus Cósta' Loch Trasna agus 'Measartha'. Ba cheart go gcloifeadh an chóireáil fuíolluisce ar Inis Arcáin leis na ceanglais atá leagtha amach in GO-01(b) Cuspóir Ginearálta do Phobail Oileán Iarthar Chorcaí, agus cuideoidh sé sin chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce ionas go mbeidh 'Stádas Maith' bainte amach faoi 2021.
- 2.28.36 Ní mór tógáil ar phríomhshócmhainní oidhreachta agus cultúrtha an oileáin chun tairbhe a bhaint as an acmhainneacht turasóireachta atá ann, gan amhras ar bith, agus ag an am céanna a chinntiú go gcloíonn moltaí forbartha leis an ngá atá le tréithe íogaire comhshaoil an oileáin a chosaint.


### Cuspóirí Ginearálta Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí Ginearálta Forbartha i ndáil le hInis Arcáin	
Uimh. na Cuspóra	
GDO-01	Ba cheart go mbeadh an fhorbairt maidir le húsáidí tithíochta nó fostaíochta cnuasaithe suite laistigh den Chuan nó laistigh d'achar siúil gearid uaidh an chuid is mó den am.
GDO-02	Tá cuid mhór d'Inis Arcáin suite laistigh de SAC Loch Trasna agus na nOileán agus laistigh den Limistéar Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe do Limistéar Loch Trasna agus na nOileán. Beidh an fhorbraíocht ar an oileán ag teacht slán le cosaint na láithreán seo [Féach freisin GO-01(c)].
GDO-03	Tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch inbhuanaithe ar Inis Arcáin agus í a chur chun cinn.
GDO-04	Aonaid ghnó gormáine ar scála beag a sholáthar ar shuíomh oiriúnacha faoi réir infrastruchtúir imleor, dearadh ardchaighdeán agus tírdhreachú an láithreáin. [Féach freisin GO-01(c) agus GDO-02].
GDO-05	An earnáil fóillíochta mara a fhorbairt tuilleadh, go háirithe seoltóireacht, turais báid, tumadóireacht agus cadhcáil. [Féach freisin GO-01(c) agus GDO-02].
GDO-06	Forbairt gníomhaíochtaí fóillíochta ar thalamh agus ar uisce a chur chun cinn.
GDO-07	[Féach GO-01(c) agus GDO-02 freisin].



**Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae  
Cuspóirí Ginearálta Forbartha i ndáil le hInis Arcáin**

<b>Uimh. na Cuspóra</b>	
GDO-08	Feabhas a chur ar bhonneagar mara ar an oileán mar is cuí chun costais a laghdú dóibh siúd a bhfuil baint acu le hiascaireacht agus dobharshaothrú. [Féach freisin GO-01(c) agus GDO-02].
GDO-09	Na healaíona a fhorbairt tuilleadh mar gheilleagar ar an oileán.
GDO-10	An gréasán soláthair uisce a uasghrádú agus a fheabhsú.
GDO-11	Pleananna bainistithe céanna a ullmhú do chéanna na n-oileán.
GDO-12	Tionscnaimh bheaga um fheabhsúcháin na ríochta poiblí a chur i bhfeidhm ag na príomhchnuasaigh forbartha.
GDO-13	Chuir lúbanna siúil ar fáil ar an oileán. [Féach GO-01(c) agus GDO-02 freisin].
GDO-14	Iníúchadh a dhéanamh ar indéantacht mhuiríne uile-aimsire le clós bád.
GDO-15	Feabhas a chur ar Láithreán Beir Leat Inis Arcáin, cuir foirgneamh stórála dramhaíola ar fáil agus leanúint ar aghaidh ag fiosrú réitigh oiriúnacha nuálaíocha ar bhainistiú dramhaíola ar an oileán.
GDO-16	Fóntais poiblí a chur ar fáil in aice na tránna. [Féach GO-01(c) agus GDO-02 freisin].
GDO-17	Tacú le soláthar ionad ilchuspóireach pobail, ealaíne, sláinte, spóirt agus naíolann.
GDO-18	Tacaíocht agus leathnú a dhéanamh ar sholáthar áiseanna oideachais ar an oileán.



## 2.29 Faoide

### Fís agus Comhthéacs

- 2.29.1 Is í an aidhm straitéiseach d'Fhaoide ná a dheimhniú gur féidir le muintir an oileáin leanúint lena bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha, a n-oidhreacht chultúrtha uathúil a chaomhnú agus a fheabhsú agus dul i mbun forbairt shocheacnamaíoch inmharthana chun an daonra buan a chothú agus a mhéadú ann tuilleadh.
- 2.29.2 Tá Oileán Fhaoide suite i mBá Bheanntraí agus tá sé gar do phríomhbhaile Bheanntraí arb é an príomhionad seirbhíse don cheantar é agus a bhfuil rochtain éasca air ón oileán. Is oileán tuaithe den chuid is mó atá san oileán ach tá roinnt príomhghnéithe ar an oileán agus is é an píosa bonneagair is suntasaí ná an fhorbairt críochoirt ola a chónaíonn taobh le daonra beag cónaithe. Is comhpháirt thábhachtach den gheilleagar áitiúil é an críochoirt ola, atá ar an taobh thiar den oileán. Is iad an ché agus an teach tábhairne atá suite in oirdheisceart an oileáin an príomhshuíomh do ghníomhaíochtaí mara/iascaireachta.
- 2.29.3 Tá an t-oileán timpeall 5.6 km ar fad agus 2.4 km ar leithead. Cuimsíonn an topagrafaíocht till oighreach réidh rollta, agus ithir measartha torthúil. Chomh déanach le 1880 bhí daonra cónaithe de thart ar 450 ann, go príomha ag gabháil d'iascaireacht agus feirmeoireacht ar scála beag. Go stairiúil, bhí an tábhacht straitéiseach ag an oileán ag ancaireacht domhainmhara Chuan Bheanntraí ag roinnt leis an oileán. Tá cadhnra daingnithe aige a thóg údaráis na Breataine in aimsir Napoleon, tar éis armáid na Fraince i 1796. Úsáideadh na Stáit Aontaithe an t-oileán ar feadh tamall beag le linn an Chéad Chogadh Domhanda.
- 2.29.4 Pointí spéise eile ar an oileán is ea Caisleán Ré na hAbhann ón 15ú haois, iarsmaí de chríochoirt muireitleán Meiriceánach ón gCéad Chogadh Domhanda, sean-Scoil Náisiúnta Oileán Fhaoide, agus seaneaglais agus reilig.

### An Daonra agus an Tithíocht

- 2.29.5 Is í an phríomhcheist atá le réiteach ná an gá atá leis an daonra buan ar an oileán a chobhsú agus a mhéadú. Ó thaobh treochtaí daonra de, tá laghdú seasta tagtha ar an daonra iomlán atá ina gcónaí ar Fhaoide le blianta beaga anuas. Tá impleachtaí ag laghdú ar an daonra d'inhuanaitheacht shaol na n-oileán amach anseo agus do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na tréithe sóisialta agus cultúrtha atá mar saintréithe acu. Tá fianaise ann go bhfuil an daonra ag dul in aois ar na hoileáin, agus tá impleachtaí aige sin don daonra inhuanaithe amach anseo agus do sholáthraithe seirbhíse, go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu leis an tacaíocht do dhaoine scothaosta. Léirítear sna treochtaí seo freisin go bhfuil gá leis na hoileáin a fhorbairt le bheith ina gceantair tharraingteacha le bheith mar áit chónaithe do dhaoine fásta óga agus do theaghlaigh araon. Tá an líon tithe atá ar na hoileáin íseal i gcoitinne agus tá sé ag dul i laghad. Is ceist thábhachtach í ceist an daonra atá ag dul in olcas agus ag dul in aois ar Oileáin Iarthar Chorcaí.

Tábla 5.2.43: Torthaí Dhaonáireamh i ndáil le Faoide

1986	1991	1996	2002	2006	2011	2016
41	34	34	29	22	20	18

- 2.29.6 Timpeall 20 duine atá ann mar dhaonra ar an oileán. Méadaíonn sé seo i míonna an tsamhraidh le háitiú tithe saoire na n-oileán. Tá sé léirithe i sonraí an daonáirimh gur fhulaing Oileán Fhaoide mar gheall ar laghdú leanúnach sa daonra ar an oileán le tríocha bliain anuas.
- 2.29.7 Le linn thréimhse feidhme an phlean deiridh is i bhfoirm teaghaisí aonair a bhí an chuid is mó den soláthar tithíochta. Is é an gá atá le fás a spreagadh sa daonra buan ar feadh na bliana ar an oileán, seachas líon na dtithe a thógtar ar an oileán an phríomhcheist atá ann. Is féidir le méadú sa líon tithe saoire agus dara tithe atá ann drochthionchar tromchúiseach a bheith aige ar bheogacht agus inhuanaitheacht phobail na n-oileán agus ní mór é a rialú go cúramach.
- 2.29.8 Is i bhfoirm tithíochta aonair go príomha an fhorbairt atá déanta le déanaí. Go stairiúil tá patrún lonnaitheachta na n-oileán scaipthe go ginearálta seachas cnuasach tithe in aice le lochanna na Cille Móire.
- 2.29.9 Is í an phríomhcheist atá le réiteach don oileán ná an gá atá le laghdú daonra fadtéarmach a aisiompú, agus an daonra buan a chobhsú agus a mhéadú. Is iad na príomhghnéithe chun é seo a bhaint amach ná rochtain ar an tithíocht inacmhainne a sholáthar chun críche na buanchónaitheachta, an geilleagar táirgiúil a leathnú, feabhas a chur ar an mbonneagar, agus an rochtain ar áiseanna sóisialta, cultúrtha agus áineasa a fheabhsú.
- 2.29.10 Tacóidh an Chomhairle le forbairt a chuidíonn leis an daonra a choinneáil ó cheann ceann na bliana ar an oileán, áit a bhfuil tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta atá soiléir agus inaitheanta (a mhairfidh tar éis na céime tógála), agus a thagann le hacmhainneacht mhuintir na háite chun freastal air.

## An Geilleagar agus an Fhostaíocht

- 2.29.11 Tá feirmeoireacht caorach agus mairteola sách coitianta ar an oileán seo, a bhfuil roinnt talún de cháilíocht réasúnta ann. Ó thaobh na hiascaireachta agus an dobharshaothraithe de, tá an cumas ag an oileán tógáil ar cháil láidir Bhá Bheanntraí maidir le bia mara. Mar sin féin, tá gá le bainistiú cúramach ar línte breise i mBá Bheanntraí mar go bhfuil go leor gníomhaíochta sa réimse seo cheana féin. Is féidir leis an bhféile bia mara a reáchtáiltear leis an Oileán Mór cuidiú leis an táirge áitiúil a chur chun cinn. Tugtar faoi deara gur féidir le fostaíocht ar na hoileáin a bheith measctha de ghnáth, le cónaitheoirí ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí éagsúla le linn séasúir ábhartha d'iascaireacht, feirmeoireacht agus turasóireacht mar shampla.
- 2.29.12 Is gné cheannasach í saoráid stórála ola Zenith Energy Terminals Bhá Bheanntraí i ndeisceart an oileáin. Cuireann an áis SEVESO seo teorainn leis an bpoitéinseal forbartha ar an oileán. Lasmuigh dá láithreach fisiciúil, cuireann sé le sainghné Fhaoide mar go bhfuil sé ina phríomhfhostóir do cheantar Bheanntraí le roinnt mhaith blianta anuas. Ba cheart dul i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le hachair chomhairliúcháin d'fhorbairtí molta sa réimse seo. Mar gheall ar an críochfort a bheith suite ar an oileán, tá áiseanna príobháideacha ann dá réir, amhail bád farantóireachta, an trealamh comhraicthe dóiteáin srl. Tá cuid de na háiseanna seo ar fáil le húsáid ag an bpobal ach tá scóip ann chun an t-idirghníomhú idir an críochfort agus pobal an oileáin a mhéadú. Tá níos mó brú ar ghréasán bóithre na n-oileán ná mar atá ar oileáin eile mar gheall ar an gcríochfort a bheith suite air, agus tá gá le haird faoi leith a thabhairt ar chothabháil bóithre ar Fhaoide. Tá tithe saoire ar cíos ar an oileán freisin a sholáthraíonn foinsé éigin ioncaim don cheantar.
- 2.29.13 Tá gnéithe oidhreachta den oileáin a bhfuil suim ar leith i gceist leo. Tá bealach lúbach le forbairt agus meallfaidh sé seo siúlóirí breise chuig an oileán. Tá Beantraí aitheanta mar mhol rothaíochta ag Fáilte Éireann agus tá an fhéidearthacht ann go bhféadfaí bealach rothar gairid a thairiscint ar Fhaoide mar chuid d'fhorbairt an mhoil. Beidh sé de chuidiú do chuairoteoirí rothair ar cíos a bheith ar fáil ar an oileán chun féachaint thart ar an áit. Féadfaidh áiseanna fóillíochta mara ar scála beag feidhmiú mar gníomhaíocht tharraingteach ar an oileán freisin.
- 2.29.14 Tairgeann Conair Gormbhealaigh Bheanntraí raon de chonairí lúbacha uisce timpeall ar Chuan Bheanntraí. Cuimsíonn an líonra pointí seolta, seacht n-ionad stad, ionaid champála, agus roinnt pointí spéise ag tosú ag Sleamhnán na Mainistreach, agus ag tabhairt faoi Fhaoide roimh bogadh trasna go Rinn an Rí agus ar ais trí ché an Iarnróid.
- 2.29.15 Mar is amhlaidh i gcás an Oileáin Mhoir, tá stair mhíleata láidir ag Faoite, ina bhfuil cadhnraí trí ghunna. Tá deiseanna ann do théama na hoidhreachta míleata ar Fhaoide a fhorbairt i gcomhar le tionscadail mholta ar Bhéarra agus in áiteanna eile i gCorcaigh. Dá gcuirfí rochtain ar cheann de na cadhnraí ar an oileán san fhadtéarma d'fhéadfadh deiseanna fostaíochta agus seachsheirbhísí a chruthú do Fhaoide. Go ginearálta, tá gá le láithreáin stairiúla ar Fhaoide a scrúdú chun sábháilteacht agus rochtain a fheabhsú.

## Áiseanna Sóisialta agus Pobail

- 2.29.16 Níl aon áiseanna sláinte nó oideachais ar an oileán, agus deiseanna sóisialta teoranta, agus an teach tábhairne mar an t-aon áis amháin. Lasmuigh den teach tábhairne, níl foirgneamh poiblí ar an oileán chun imeachtaí pobail, cruinnithe, soláthraithe seirbhíse a thugann cuairt ar an oileán nó áiseanna nó faisnéis a sholáthar do chuairoteoirí a éascú. Tá gá aitheanta leis an easnamh seo a réiteach agus ba cheart go mbeadh soláthar a leithéid d'áis mar phríomhsprioc don oileán seo.
- 2.29.17 I measc na n-áiseanna ar an oileán tá teach tábhairne, a osclaíonn ag an deireadh seachtaine agus sa samhradh agus a chuireann bia ar fáil freisin, agus an cúirt leadóige in aice láimhe agus an cúrsa gailf nithiúil, a úsáidtear i rith an tsamhraidh. Tá Faoide tarraingteach do shiúlóirí den chuid is mó agus tá radharcanna maíthe ar Bhá Bheanntraí, ar Oileán an tSéipéil agus ar leithinis Bhéarra ón oileán, go háirithe ó na baill is airde de. Éascódh soláthar sonrath foirgnimh phoiblí spás don phobal agus soláthar seirbhísí eile. D'fhéadfadh an tseanscoil a bheith ina háitreabh oiriúnach faoi réir maoiniú a bheith ar fáil le haghaidh athchóiriú.

## An Bonneagar

- 2.29.18 Tá bád farantóireachta a théann ar thurais fillte cúpla uair sa lá chun an t-oileán a nascadh leis an mórthír. Cosúil le go leor de na hoileáin, tá feabhas ag teastáil ar chomharthaí mórthír don oileán, pointe imeachta agus faisnéis farantóireachta. Ós rud é go bhfuil dhá phointe imeachta farantóireachta don oileán, seans go bhfuil an scéal faoi láthair ag cur mearbhall ar chuairoteoirí. Tá bád farantóireachta príobháideach an teirminéil ola agus bád farantóireachta carr ag feidhmiú freisin ag an gcríochfort a ritheann ó Shlí na Mainistreach níos faide soir feadh an chósta ó ché Bheanntraí, as a n-oibríonn an bád farantóireachta poiblí do phaisinéirí chuig an oileán. D'fhéadfaí feabhas a chur ar na háiseanna beirthe in aice le cé an oileáin agus tá gá le roinnt oibreacha deisiúcháin. Chabhródh plean bainistíochta céibhe chun fadhbanna a aithint a nach mór aghaidh a thabhairt orthu agus lena gcur i bhfeidhm a chinntiú. Níl aon bhonneagar fuíolluisce ann agus tá an soláthar uisce teoranta.

## An Bhithéagsúlacht agus an Oidhreacht

- 2.29.19 Tá cuid bheag theas den oileán, Cusroe, molta mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA). Tá dhá thacar de dhaingnithe airtléire agus Caisleán Rinn na hAbhann san áireamh i dTaifead na Struchtúr Cosanta. Tá an t-oileán ar fad sainithe mar Thirdhreach Ardluacha. Níl bealach ar an oileán sannaithe mar bhealach na radharc.
- 2.29.20 Maidir leis an gCáilíocht Uisce, tá Faoide suite díreach taobh le limistéar bá atá faoi chosaint, ar 'Limistéar Sliogéic Sainainmnithe' é. De réir Plean Abhantrach an Iardheiscirt (SWRBD), is ionann stádas foriomlán na 'n-Uiscí Idirthréimhseacha agus Cósta' seo agus 'ard'. Déantar cur síos ar Stádas Foriomlán Screamhuisce sa cheantar mar 'go maith' agus le cuspóir 'cosanta' foriomlán. Ba cheart go gcloifeadh an chóireáil fuíolluisce ar Fhaoide leis na ceanglais atá leagtha amach sna cuspóirí in GO-01(b) agus cuideoidh sé sin chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce ionas go mbeidh 'stádas maith' bainte amach faoi 2021.




## Cuspóirí Ginearálta Forbartha

Cuspóirí an Phlean Forbartha Contae Cuspóirí Ginearálta Forbartha i ndáil le Faoide	
Uimh. na Cuspóra	
GDO-01	Tacú le forbairt infrastruchtúir bhreise ar an oileán lena n-áirítear comharthaíocht faisnéise feabhsaithe a sholáthar ag na pointí imeachta farantóireachta, páirceáil charranna agus leathnú áiseanna poiblí eile.
GDO-02	Tacú le hullmhú agus le cur i bhfeidhm plean bainistíochta cé agus chuain do na pointí rochtana ar an oileán agus ar an mórhír in aice láimhe.
GDO-03	Tacú le soláthar inbhuanaithe Ionad Pobail ilchuspóireach don Oileán.



# Faoide



### Criosuithe Úsáide Talún

 Oileán

Cóipcheart © Comhairle Contae Chorcaí 2022 – Gach ceart ar cosaint. San áireamh tá sonraí Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a atáirgeadh faoi uimhir cheadúnais OSi Comhairle Contae Chorcaí 2022/2006/CCMA/Comhairle Contae Chorcaí. Sáralonn atáirgeadh neamhúdairithe Suirbhé ordanás Éireann agus cóipcheart Rialtas na hÉireann © Suirbhé Ordanás Éireann 2022

## 2.30 Sráidbhailte

### Brollach

- 2.30.1 Tá 15 sráidbhaile i gCeantar Bardasach Iarthar Chorcaí, ag seo a leanas; Áth an Chiste, Na hAilichí, Achadh na hArda, Dhá Dhrom, Béal Átha na Scairte, Béal Átha Leice, Baile an Chaisleáin, An Cruachán, Draighneach, Na hAoraí, Cuan Dor, An Góilín, An Chaolchoill, Cill Chrócháin, agus Shannon Vale. Tá tuilleadh sonraí ar ról na sráidbhailte le fáil in Imleabhar a hAon den Phlean seo.
- 2.30.2 Is lonnaíochtaí iad sráidbhailte a sholáthraíonn raon seirbhísí don cheantar áitiúil, ach níl an raon seirbhísí chomh leathan leis na cinn a sholáthraítear sna Príomhshráidbhailte. Chun ligean do na sráidbhailte forbairt ar bhealach ordúil, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí feabhsúcháin ar bhonneagar an tsráidbhaile. Tá sé i gceist don bhfás amach anseo go mbeidh sé orgánach den chuid is mó, agus bunaithe ar fhorbairtí ar scála beag. Tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, a oidhreacht ailtireachta agus a oidhreacht agus a thaitneamhachtaí nádúrtha eile a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirfí isteach orthu, lena n-áirítear an tírdhreach mórthimpeall, go háirithe aon tírdhreacha ardluacha ainmnithe.
- 2.30.3 I bhfianaise na ndúshlán atá le tabhairt i rioint sráidbhailte maidir le hinfrastruchtúr, go háirithe seirbhísí uisce agus cibé an féidir aon easnaimh a shárú le linn shaolré an phlean, breithneoidh an Chomhairle ar athdháileadh leibhéal foriomlán na n-aonad sráidbhaile ar leith ó na sráidbhailte sin a bhfuil srianta bonneagair orthu agus a bhfuil sé ag tógáil níos mó ama ná mar a bhíodas ag súil leis le réiteach a aimsiú in ionad Sráidbhaile nó Sráidbhailte eile laistigh den Cheantar Bardasach céanna nach bhfuil aon srianta den sórt sin ag gabháil leo, faoi réir acmhainneacht imleora a bheith ar fáil agus de réir riachtanais **Caibidil 11 An Bhainistíocht Uisce** agus aon chúinsí éiceolaíochta.
- 2.30.4 Ní féidir le haistriú aonad tithíochta ó lonnaíocht ar leith dul thar 50% den leithdháileadh lonnaíochta sin mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Tá treoir bhreise ar fhorbairt sráidbhailte ar fáil in Imleabhar a hAon den Phlean seo, go háirithe **Caibidil 2 Lár-Straitéis, Caibidil 3 Lonnaíocht agus Comhforbairt Áite**, agus **Caibidil 4 An tithíocht**.

5.2.44: Na Sráidbhailte - Scála Foriomlán na Forbraíochta Nua

Ainm na Lonnaíochta	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2010 (An Logeolaire)	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2015 (An Logeolaire)	An Líon Tithe Atá Ann Faoi Láthair Q1 2020 (An Logeolaire)	Scála Foriomlán na Forbraíochta Nua go 2028 (An líon tithe)
Áth an Chiste	47	56	9	5
Na hAilichí	90	95	5	10
Ard Ó bhFicheallaigh	51	67	16	15
Dhá Dhrom	57	61	4	5
Béal na Scairte	24	26	2	10
Béal Átha Leice	46	49	3	10
Baile an Chaisleáin	158	166	8	15
An Cruachán	95	106	11	10
Draighneach	49	51	2	10
Na hAoraí	73	81	8	20
Cuan Dor	111	117	6	10
An Góilín	125	125	0	20
An Chaolchoill	103	107	4	15
Cill Chrócháin	84	99	15	15
Cill Teilleog	78	88	10	15
Iomlán	1,191	1,294	103	185

## 2.31 Áth an Chiste

- 2.31.1 Is í an fhís atá ag Áth an Chiste mar shráidbhaile ná forbairt báuil ar scála beag a spreagadh agus a chomhdhlúthú laistigh den suíomh tírdhreacha uathúil íogair seo feadh Leithinis Cheann Caorach. Méadú ar sheirbhísí agus áiseanna pobail agus turasóireachta a chur chun cinn agus cáilíocht comhshaoil an cheantair a chothabháil agus a athchóiriú trí bhonneagar cuí a sholáthar.


### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí um Theorannacha Forbartha d'Áth an Chiste	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 5 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Tá teorainn forbartha Áth an Chiste cóngarach do Limistéar Caomhantais Speisialta Rinn Mhuintir Bháire go Ceann Tuaithe. Ní cheadófar forbairt sa lonnaíocht seo ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ag teacht le riachtanais na Treorach um Ghnáthóga agus le cosaint an láithreáin seo.
DB-03	Srian a chur leis an bhforbairt ar thaobh na farraige de bhóthar an chósta idir Áth an Chiste agus Dúras.
DB-04	Cosain suíomh íogair an tsráidbhaile agus spreag ardchaighdeán dearaidh go ginearálta laistigh den lonnaíocht a thugann ómós do charachtar an cheantair agus ómós áite an tsráidbhaile agus féachaint le gnéithe tírdhreacha an cheantair atá ann cheana a choinneáil.
DB-05	Beidh an fhorbairt a dhéanfar ar ardchaighdeán agus treiseofar léi carachtar an cheantair ag féachaint do shuíomh an tírdhreacha. Ba cheart féachaint le Treoir Dearaidh Tuaithe Chorcaí ina dtaca sin.
DB-06	Tacú le forbairt turasóireachta/pobail agus foirmeacha eile d'úsáidí dúchasacha fostaíochta laistigh den sráidbhaile nuair is féidir iad a chomhtháthú go hoiriúnach le suíomh an tsráidbhaile.
DB-07	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint ghnéithe bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas</b> .

### Cuspóirí Forbartha Sonracha

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le hÁth an Chiste		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GC-01	An clúdach dlúth crann agus cáilíocht pháirce an cheantair a choimeád agus a threisiú. Ní ghlacfar leis an fhorbairt thógtha de ghnáth.	3.5
GC-02	An clúdach dlúth crann agus cáilíocht pháirce an cheantair a choimeád agus a threisiú. Ní ghlacfar le forbairt thógtha ach amháin nuair a choimeádann sí an cháilíocht seo.*	2.5
<b>An Gnó</b>		
B-01	An Fhorbairt Ghnó. Forbairt a bhaineann le cúrsaí muirí amháin. Tionchar amhairc le híoslghdú.*	0.4





## 2.32 Na hAilichí

- 2.32.1 Is í an fhís atá ann do na hAilichí ná forbairt báúil a spreagadh agus a chomhdhlúthú sa sráidbhaile ildaite seo atá lonnaithe sa suíomh tírdhreacha uathúil íogair seo. Méadú ar sheirbhísí agus áiseanna pobail agus turasoíreachta a chur chun cinn agus cáilíocht comhshaoil an cheantair a chothabháil agus a athchóiriú trí bhonneagar cuí a sholáthar.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha


Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do na hAilichí	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 10 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Cosain suíomh íogair an tsráidbhaile agus spreag ardchaighdeán dearaidh go ginearálta laistigh den tsráidbhaile a thugann ómós do charachtar an tsráidbhaile agus don ómós áite ann.
DB-03	Spreagadh a thabhairt d'athfhorbairt/athchóiriú ar an stoc tithíochta atá ann cheana féin go háirithe i leith foirgnimh sa stíl dhúchasach.
DB-04	Spreagadh a thabhairt d'ailíniú an R575 ó Bhearna Bhéal an Bhairnis agus d'ailíniú agus d'fheabhsú na mbóithre áitiúla L4904 agus L4905 mar bhealaí isteach tábhachtacha sráidbhaile.
DB-05	Tacú le soláthar nasc sábháilte do choisithe agus rothair idir an sráidbhaile agus Trá Bhaile Uí Dhonnagáin le linn shaolré an phlean.
DB-06	Tacú le forbairt turasoíreachta agus foirmeacha eile d'úsáidí dúchasacha fostaíochta laistigh den sráidbhaile nuair is féidir iad a chomhtháthú go hoiriúnach le suíomh an tsráidbhaile.
DB-07	Riachtanas do réiteach páirceála eas-sráide atá inrochtana agus atá faoi fhad siúil den shráidbhaile a shainaithint.
DB-08	Na háiseanna pobail atá ar fáil sa sráidbhaile faoi láthair a choinneáil agus a leathnú.
DB-09	Tá na hAllihies suite gar do SAC Abhainn Neidín agus tá an lonnaitheacht tadhlach le SPA Leithinis Bhéarra. Beidh an fhorbraíocht sa sráidbhaile ag teacht slán le cosaint na láithreán seo.
DB-10	Caithfidh don bhonneagar fuíolluisce a bheith in ann déileáil leis an doirteadh chun cinntiú nach dtiteann cáilíocht an uisce san abhainn faoi na leibhéil atá inghlactha de réir mar a cheanglaítear leis an dlí.
DB-11	A chinntiú go gcosnaítear na tréithe intreacha, na gnéithe, na radharcanna agus na radhairc de tírdhreach nádúrtha, tuaithe agus mianadóireachta Imchuach na nAiltí i mbailte fearainn Cam Inse, Cill Achaidh Thoir; Cathair Mhaoile Bó; an Chaológ; an Chluain; na hAilichí; An Cnoc Rua Thiar; Baile Uí Dhonnagáin agus an Com.
DB-12	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint ghnéithe bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b><u>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas.</u></b>

## Cuspóirí Forbartha

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil leis na hAilichí		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
<b>An Bonneagar Glas</b>		
GR-01	Nádúr oscailte an láithreáin seo a chaomhnú mar gheall ar a luach áineasa féideartha agus radharcanna iontacha ar an bhfarraige agus ar an tírdhreach mórtimpeall.	0.1
<b>Limistéar Beartais Speisialta</b>		
X-01	Limistéar le haghaidh áiseanna a bhaineann le turasóireacht (lena n-áirítear cóiríocht le haghaidh ligean ar cíos saoire) agus/nó áiteanna cónaithe (áitiú buan nó dara tithe), faoi réir soláthar bealach coisithe agus rothaíochta (U-01) tríd an láithreán.	1.9
<b>Fóntais agus an Bonneagar</b>		
U-01	Bealach táscach do choisithe agus do rothar a nascann an dá bhóthar reatha.	-



# Ailichí






## 2.33 Ard Ó bhFicheallaigh

- 2.33.1 Is í an fhís d'Ard Ó bhFicheallaigh ná forbairt báúil a chur chun cinn in éineacht le soláthar bonneagair agus seirbhísí mar aon le charachtar uathúil na lonnaíochta a chaomhnú.

### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí um Theorannacha Forbartha d'Ard Ó bhFicheallaigh	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 15 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ba cheart úsáidí eile atá tábhachtach d'inmharthanacht agus beogacht sráidbhaile, lena n-áirítear úsáidí áisiúlachta mionscála, a lonnú laistigh de chroílár an tsráidbhaile. Is féidir freastal ar fhorbairtí gnó eile ar shuímh oiriúnacha laistigh den teorainn forbartha faoi réir ag gnáthchritéir pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe.
DB-03	Tacú le forbairt turasóireachta/pobail agus foirmeacha eile d'úsáidí dúchasacha fostaíochta laistigh den sráidbhaile nuair is féidir iad a chomhtháthú go hoiriúnach le suíomh an tsráidbhaile.
DB-04	Cosain suíomh íogair an tsráidbhaile agus spreag ardchaighdeán dearaidh go ginearálta laistigh den lonnaíocht a thugann ómós do charachtar an cheantair agus ómós áite an tsráidbhaile.
DB-05	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint ghnéithe bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b><u>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas.</u></b>

# Ard Ó bhFicheallaigh



## 2.34 Dhá Dhrom

- 2.34.1 Is í an fhís atá ann do Dhá Dhrom ná forbairt báuil a spreagadh agus a chomhdhlúthú sa sráidbhaile ildaite seo atá lonnaithe sa suíomh tírdhreacha iogair seo. Méadú ar sheirbhísí agus áiseanna pobail agus turasóireachta a chur chun cinn agus ag an am céanna an tairbhe is fearr a bhaint as an mbonneagar atá ann.


### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Dhá Dhrom	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 5 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Caithfidh don bhonneagar fuíolluisce a bheith in ann déileáil leis an doirteadh chun cinntiú nach dtiteann cáilíocht an uisce san abhainn faoi na leibhéil atá inghlactha de réir mar a cheanglaítear leis an dlí. Is é Loch an Ghleanna Bhig atá laistigh de SAC Phortach an Ghleanna Mhóir foinse reatha an uisce óil d'Ard Groom. Is dócha go mbeidh drochthionchar ag astarraingt méadaithe ón loch ar an SAC. Ní cheadófar An Fhorbairt nua nuair a éilíonn sé ceangal leis an soláthar uisce poiblí agus go mbeadh méadú ar an méid uisce a theastaíonn le hasbhaint ó Loch an Ghleanna Bhig mar thoradh air.
DB-03	Tá Dhá Dhrom tadhlaigh le SAC Abhainn Neidín agus forluíonn teorainn na lonnaithe le teorainn LSC Phortach an Ghleanna Mhóir. Beidh an fhorbraíocht sa sráidbhaile ag teacht slán le cosaint na láithreán seo.
DB-04	Tacú le forbairt turasóireachta/pobail agus foirmeacha eile d'úsáidí dúchasacha fostaíochta laistigh den sráidbhaile nuair is féidir iad a chomhtháthú go hoiriúnach le suíomh an tsráidbhaile. Tá sé d'aidhm ag an gComhairle láithreáin féideartha a shainiú le haghaidh áiseanna pobail/áineasa le linn shaolré an phlean seo.
DB-05	Spreagadh a thabhairt d'athfhorbairt/athchóiriú ar an stoc tithíochta atá ann cheana féin go háirithe i leith foirgnimh sa stíl dhúchasach.
DB-06	Ba cheart forbairt nua a dhearadh agus a phleanáil go híogair chun soláthar a dhéanamh do chosaint ghnéithe bonneagair ghlais an tsráidbhaile agus ní cheadófar í ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé ar aon dul le riachtanais na dtreoracha um chaomhnú an dúlra agus leis an mbeartas um chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus tírdhreacha mar atá leagtha amach in <b><u>Imleabhar a hAon PríomhÁbhar Beartais agus Imleabhar a Dó An Oidhreacht agus An tÁineas.</u></b>

### Cuspóirí Forbartha Sonracha

Sainchuspóirí Forbartha i ndáil le Dhá Dhrom		
* Baol Tuilte a Bheith Ann: Féach Cuspóirí in Imleabhar a hAon, Caibidil 11 Bainistíocht Uisce		^ TIA agus RSA araon ag teastáil.
Uimh. na Cuspóra		Achar an Láithreáin (Ha)
An Bonneagar Glas		
GR-01	Spás Oscailte, agus taitneamhacht amhairc agus caitheamh aimsire poiblí neamhfhoirmiúil ar fáil ann. An oscailteacht, suíocháin, crainn dhúchasacha agus toir de bhunús áitiúil a choinneáil agus a chur chun cinn ar thailte in aice leis an abhainn [Féach freisin DB 03 agus DB 06.*	-








### 2.35 Béal na Scairte

2.35.1 Is í an fhís do Bhéal na Scairte ná forbairt báúil a chur chun cinn in éineacht le soláthar seirbhísí mar aon le charachtar na lonnaíochta a chaomhnú.

#### Cuspóirí um Theorannacha Forbartha

Cuspóirí um Theorannacha Forbartha do Bhéal na Scairte	
Uimh. na Cuspóra	
DB-01	Forbraíocht suas le 10 aonad cónaithe breise a spreagadh laistigh den teorainn forbartha le linn thréimhse an phlean.
DB-02	Ba cheart úsáidí eile atá tábhachtach d'innharthanacht agus beogacht sráidbhaile, lena n-áirítear úsáidí áisiúlachta mionscála, a lonnú laistigh de chroílár an tsráidbhaile. Is féidir freastal ar fhorbairtí gnó eile ar shuímh oiriúnacha laistigh den teorainn forbartha faoi réir ag gnáthchritéir pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe.
